Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 5 Meán Fómhair 2025 (OR. en)**

**12440/25**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2025/0191 (NLE)**

**COLAC 127**
**POLCOM 211**
**SERVICES 47**
**FDI 42**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 3 Meán Fómhair 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 356 annex |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN<br>a ghabhann leis an<br>Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle<br>maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an Cómhargadh Theas, Poblacht na hAirgintíne, Poblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle, Poblacht Pharagua agus Poblacht Oirthearach Uragua, den pháirt eile |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 356 annex.

---

Faoi iamh: COM(2025) 356 annex

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 3.9.2025
COM(2025) 356 final

ANNEX 1

**IARSCRÍBHINN**

***a ghabhann leis an***

**Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle**

**maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an Cómhargadh Theas, Poblacht na hAirgintíne, Poblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle, Poblacht Pharagua agus Poblacht Oirthearach Uragua, den pháirt eile**

AN COMHAONTÚ COMHPHÁIRTÍOCHTA IDIR AN tAONTAS EORPACH AGUS A BHALLSTÁIT, DE PHÁIRT, AGUS AN CÓMHARGADH THEAS, POBLACHT NA hAIRGINTÍNE, POBLACHT CHÓNAIDHMITHEACH NA BRASAÍLE, POBLACHT PHARAGUA AGUS POBLACHT OIRTHEARACH URAGUA, DEN PHÁIRT EILE

RÍOCHT NA BEILGE,

POBLACHT NA BULGÁIRE,

POBLACHT NA SEICE,

RÍOCHT NA DANMHAIRGE,

POBLACHT CHÓNAIDHME NA GEARMÁINE,

POBLACHT NA hEASTÓINE,

ÉIRE,

AN PHOBLACHT HEILLÉANACH,

RÍOCHT NA SPÁINNE,

POBLACHT NA FRAINCE,

POBLACHT NA CRÓITE,

POBLACHT NA hIODÁILE,

POBLACHT NA CIPIRE,

POBLACHT NA LAITVIA,

POBLACHT NA LIOTUÁINE,

ARD-DIÚCACHT LUCSAMBURG,

AN UNGÁIR,

POBLACHT MHÁLTA,

RÍOCHT NA hÍSILTÍRE,

POBLACHT NA hOSTAIRE,

POBLACHT NA POLAINNE,

POBLACHT NA PORTAINGÉILE,

AN RÓMÁIN,

POBLACHT NA SLÓIVÉINE,

POBLACHT NA SLÓVAICE,

POBLACHT NA FIONLAINNE,

RÍOCHT NA SUALAINNE,

Páirtithe Conarthacha sa Chonradh ar an Aontas Eorpach agus sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, dá ngairtear 'na Ballstáit' anseo feasta,

agus

TÁ AN tAONTAS EORPACH, dá ngairtear 'an tAontas' nó 'AE' anseo feasta,

de pháirt,

AGUS

POBLACHT NA hAIRGINTÍNE,

POBLACHT CHÓNAIDHMITHEACH NA BRASAÍLE,

POBLACHT PHARAGUA,

POBLACHT OIRTHEARACH URAGUA,

Stáit is Páirtithe sa Chómhargadh Theas ar sínitheoirí an Chomhaontaithe seo iad, dá ngairtear 'Stáit Sínithe MERCOSUR' anseo feasta,

agus

AN CÓMHARGADH THEAS, dá ngairtear 'MERCOSUR' anseo feasta,

den pháirt eile,

dá ngairtear 'na Páirtithe' go comhpháirteach anseo feasta,

chun críocha an Chomhaontaithe seo tagraíonn MERCOSUR do Phoblacht na hAirgintíne, do Phoblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle, do Phoblacht Pharagua agus do Phoblacht Oirthearach Uragua,

DE BHRÍ na gceangal stairiúil, cultúrtha, polaitiúil agus eacnamaíoch láidir a thugann a bpobail le chéile agus iad á spreagadh ag a luachanna coiteanna;

DE BHRÍ gur mian le MERCOSUR agus leis an Aontas Eorpach na ceangail sin a dhaingniú agus a gcaidreamh a dhoimhniú ar bhonn idirphlé agus comhair, d'fhonn comhpháirtíocht straitéiseach a bhunú;

AG TABHAIRT CHUN CUIMHNE tiomantas daingean na bPáirtithe do phrionsabail an dlí idirnáisiúnta, do Chairt na Náisiún Aontaithe ('NA'), don daonlathas, don smacht reachta agus do chearta an duine, agus do shaoirsí bunúsacha;

DE BHRÍ gur bunchloch de bheartais inmheánacha agus idirnáisiúnta na bPáirtithe agus eilimint shár-riachtanach den Chomhaontú seo iad urraim do phrionsabail an daonlathais agus do chearta an duine mar a leagtar síos i nDearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine agus in ionstraimí idirnáisiúnta eile maidir le cearta an duine, agus do phrionsabal an smachta reachta;

AG ATHDHEARBHÚ DÓIBH a dtacaíocht d'institiúidí agus do luachanna daonlathacha, rud atá fíor-riachtanach chun a bpróisis lánpháirtithe, faoi seach, agus a gcaidreamh frithpháirteach a fhorbairt;

AGUS IAD SPREAGTHA chun rannchuidiú le daingniú an iltaobhachais, le síocháin agus slándáil idirnáisiúnta, agus le hord idirnáisiúnta cothrom daonlathach a chur chun cinn;

AG AITHINT DÓIBH an rannchuidiú tábhachtach le dí-armáil agus neamhleathadh mar gheall ar fhorógairt Mheiriceá Laidinigh agus Mhuir Chairib mar limistéar síochána, atá saor ó armáin núicléacha, i gcomhréir le Conradh Tlatelolco agus na prótacail bhreise a ghabhann leis, agus ag athdhearbhú dóibh a ngealltanais maidir le dí-armáil núicléach a chur chun cinn;

AG ATHDHEARBHÚ DÓIBH luachanna, cuspóirí agus prionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe, arna síniú an 26 Meitheamh 1945, in San Francisco, tráth thabhairt i gcrích Chomhdháil na Náisiún Aontaithe ar Eagrú Idirnáisiúnta ('Cairt na Náisiún Aontaithe');

AG ATHDHEARBHÚ DÓIBH an aidhm chomhroinnte forbairt eacnamaíoch agus shóisialta a chur chun cinn, aidhm atá ina bunús leis an gComhaontú seo, agus ós rud é gur cheart léirscaoileadh an mhargaidh a chomhlánú le cur chun cinn na forbartha sóisialta agus le laghdú ar neamhionannais trí rochtain leormhaith ar fhostaíocht, oideachas agus sláinte, agus trí dheireadh a chur le fíorbhochtaineacht;

AG ATHDHEARBHÚ DÓIBH a ngealltanas chun an córas trádála iltaobhach a neartú agus a fhorbairt trí rialacha trédhearcacha cothroma neamh-idirdhealaitheacha a chur i bhfeidhm, d'fhonn trádáil idirnáisiúnta a éireoidh níos dinimiciúla agus níos oscailte de réir a chéile a chur chun cinn lena n-áiritheofar rannpháirtíocht mhéadaithe tíortha i mbéal forbartha i sreafaí idirnáisiúnta trádála, infheistíochta agus teicneolaíochta;

AG ATHDHEARBHÚ DÓIBH a ngealltanais chun trádáil idirnáisiúnta a chur chun cinn ar bhealach a chuirfidh le forbairt inbhuanaithe ó thaobh a gnéithe eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil de, trí rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara ábhartha go léir, lena n- áirítear an tsochaí shibhialta agus an earnáil phríobháideach, agus chun an comhaontú seo a chur chun feidhme ar bhealach atá i gcomhréir lena ndlíthe, faoi seach, agus lena ngealltanais chomhshaoil agus saothair idirnáisiúnta;

AG CUR LEIS na cearta agus na hoibleagáidí a ghlacann na Páirtithe orthu féin mar chomhaltaí den Eagraíocht Dhomhanda Trádála ('EDT');

ÓS MIAN LEO feabhas a chur ar iomaíochas a bhfiontar, trí chreat dlíthiúil intuartha a sholáthar dóibh i ndáil lena gcaidreamh trádála agus infheistíochta, agus aird ar leith á tabhairt ar mhicrifhiontair agus ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide;

AG ATHDHEARBHÚ DÓIBH gur gá urraim do threoirlínte agus do phrionsabail na freagrachta sóisialta corparáidí agus an iompair fhreagraigh gnó a chur chun cinn, ar treoirlínte agus prionsabail iad a aithnítear go hidirnáisiúnta, lena n-áirítear Treoirlínte na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (dá ngairtear 'ECFE' anseo feasta) d'Fhiontair Ilnáisiúnta, i measc fiontair a oibríonn ina gcríocha;

ÓS RUD É gur féidir an córas trádála iltaobhaí a neartú trí chaibidlíocht trádála iltaobhach arb é is aidhm di torthaí uaillmhianacha, cuimsitheacha agus cothroma a bhaint amach, forbairt eacnamaíoch a chur chun cinn, agus leas an duine a fheabhsú;

AG CUR SAN ÁIREAMH go measann na Páirtithe gur ionstraimí tábhachtacha iad lánpháirtiú réigiúnach agus réigiúnachas oscailte chun forbairt eacnamaíoch agus shóisialta a bhaint amach, agus go gcuireann na hionstraimí sin feabhas ar lánpháirtiú idirnáisiúnta a ngeilleagar, go gcuireann siad ceangail níos dlúithe idir a pobail chun cinn, agus go rannchuidíonn siad le cobhsaíocht idirnáisiúnta;

AG FÁILTIÚ ROIMH ghlacadh an doiciméid ó Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe, 'An Domhan a Chlaochlú: Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe' arna ghlacadh ag Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 25 Meán Fómhair 2015 (dá ngairtear 'Clár Oibre 2030' anseo feasta) agus Comhaontú Pháras, arna ghlacadh faoi Chreat- Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide, arna dhéanamh i bPáras an 12 Nollaig 2015 (dá ngairtear 'Comhaontú Pháras' anseo feasta), agus ag iarraidh go gcuirfí chun feidhme go mear iad;

Á THUISCINT ACU go bhfuil gá le fás agus forbairt na bPáirtithe a chur chun cinn agus leis na héagothromaíochtaí atá ann faoi láthair a laghdú, agus aird ar leith á tabhairt ar na riachtanais agus na deacrachtaí atá roimh Pharagua, ós tír thalamhiata é;

AG AITHINT DÓIBH stair fhada na himirce idir tíortha MERCOSUR agus tíortha an Aontais Eorpaigh agus a tionchar dearfach ar a gcaidreamh agus ar a bhforbairt shóisialta, chultúrtha agus eacnamaíoch;

AG CUIMHNEAMH DÓIBH ar na forálacha a comhaontaíodh go hidirnáisiúnta maidir le cóir speisialta, dhifreálaithe le haghaidh tíortha i mbéal forbartha;

AG AITHINT DÓIBH go gcaomhnaítear leis an gComhaontú seo an ceart atá ag na Páirtithe rialáil a dhéanamh laistigh dá gcríocha i gcomhréir lena ndlíthe agus rialacháin inmheánacha, agus go gcaomhnaítear leis freisin an tsolúbthacht atá ag na Páirtithe chun cuspóirí beartais dlisteanacha a bhaint amach, amhail cuspóirí a bhaineann leis an tsláinte phoiblí, an tsábháilteacht, an comhshaol, an t-oideachas, an mhoráltacht phoiblí agus cur chun cinn agus cosaint na héagsúlachta cultúrtha;

AG ATHDHEARBHÚ DÓIBH ceart na bPáirtithe a n-acmhainní nádúrtha a shaothrú i gcomhréir lena mbeartais chomhshaoil féin, agus lena spriocanna forbartha inbhuanaithe;

AG CUIMHNEAMH DÓIBH ar an gCreat-Chomhaontú Idir-Réigiúnach Comhair idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an Cómhargadh Theas agus a Stáit Chomhpháirteacha, den pháirt eile, arna shíniú in Maidrid an 15 Nollaig 1995, agus ar an Dearbhú Comhpháirteach maidir le hidirphlé polaitiúil a ghabhann leis, agus ar an gcuspóir a bhaineann le comhpháirtíocht a bhunú ar bhonn idirphlé polaitiúil treisithe, léirscaoileadh na trádála, an infheistíocht a chur chun cinn agus doimhniú an chomhair;

ÓS RUD É go gcuirtear an comhar idir an tAontas Eorpach agus MERCOSUR chun feidhme trí bhíthin ionstraimí éagsúla;

AG TABHAIRT CHUN CUIMHNE DÓIBH an cinneadh a rinneadh ag cruinniú na gCeann Stáit agus na gCeann Rialtais ó MERCOSUR agus ón Aontas Eorpach i mí an Mheithimh 1999 in Rio de Janeiro chun tosaíocht athnuaite a thabhairt dá gcaidreamh sa réimse polaitiúil, sa réimse eacnamaíoch, sa réimse trádála, sa réimse cultúrtha agus sa réimse comhair, agus é d'aidhm ag an méid sin comhpháirtíocht níos doimhne, níos iomláine a fhorbairt idir an dá réigiún, comhpháirtíocht ba cheart a bheith bunaithe ar dhaonlathas, forbairt inbhuanaithe agus fás eacnamaíoch, mar aon le ceartas sóisialta;

AG ATHDHEARBHÚ DÓIBH a ngealltanas chun a gcaidreamh trádála agus infheistíochta a neartú, a léirscaoileadh agus a éagsúlú a thuilleadh;

AG FÉACHAINT CHUN TOSAIGH DÓIBH, sa chomhthéacs seo, lena gcaidreamh trádála agus infheistíochta a mhéadú trí limistéar saorthrádála a bhunú i gcomhréir le Comhaontú Ginearálta 1994 um Tharaifí agus Trádáil (CGTT) agus le rialacha EDT;

AGUS IAD TOILTEANACH an comhar idir na Páirtithe a neartú, ar bhonn idirphlé oscailte buan i ngach réimse leasa fhrithpháirtigh, go háirithe sa réimse polaitiúil, sa réimse eacnamaíoch, sa réimse tráchtála, sa réimse airgeadais, sa réimse dlíthiúil agus sa réimse breithiúnach, sa réimse saoirse agus slándála, sa réimse eolaíoch agus teicneolaíochta, sa réimse sóisialta agus sa réimse cultúrtha;

AIRD Á TABHAIRT ACU ar a thábhachtaí atá rannpháirtíocht na sochaí sibhialta i gcomhthéacs comhpháirtíochta idir na Páirtithe;

AIRD Á TABHAIRT ACU ar a fhíor-riachtanaí atá sé, sa chaoi go neartófaí a gcaidreamh i ngach réimse leasa choitinn, an t-idirphlé polaitiúil atá ann cheana idir na Páirtithe a thabhairt ar aghaidh chuig céim nua;

I bhFIANAISE thaithí shonrach na bPáirtithe i ndáil le lánpháirtiú réigiúnach, eispéiris ar féidir leo tairbhiú díobh go frithpháirteach de réir a riachtanas féin;

AG ATHDHEARBHÚ DÓIBH a thábhachtaí atá a bprionsabail agus a luachanna comhroinnte i réimse na forbartha sóisialta;

I bhFIANAISE a thábhachtaí atá an t-idirphlé cultúrtha mar bhealach chun tuiscint fhrithpháirteach níos fearr a bhaint amach idir na Páirtithe, chun éagsúlacht chultúrtha a chur chun cinn agus chun naisc chultúrtha a chothú idir a saoránaigh;

AG TABHAIRT DÁ nAIRE DÓIBH, i gcás ina gcinnfidh na Páirtithe, faoi chuimsiú an Chomhaontaithe seo, comhaontuithe sonracha a dhéanamh sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais, a fhéadfaidh an tAontas Eorpach a thabhairt i gcrích de bhun Theideal V de Chuid a Trí den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, nach mbeadh forálacha comhaontuithe mar sin amach anseo ina gceangal ar Éirinn mura gcuirfidh an tAontas in iúl do MERCOSUR, i gcomhthráth le hÉirinn a mhéid a bhaineann lena caidrimh dhéthaobhacha roimhe seo, go bhfuil Éire tar éis teacht faoi cheangal ag na comhaontuithe sin mar chuid den Aontas Eorpach i gcomhréir le Prótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na hÉireann i ndáil leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh; ag tabhairt dá n-aire dóibh, aon bheart inmheánach ina dhiaidh sin de chuid an Aontais Eorpaigh a fhéadfar a ghlacadh de bhun Theideal V de Chuid a Trí den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh chun an Comhaontú seo a chur chun feidhme, ní bheadh sé ina cheangal ar Éirinn, ach amháin má tá fógra tugtha ag Éirinn gur mian léi a bheith rannpháirteach sna bearta sin nó glacadh leo i gcomhréir le Prótacal Uimh. 21; ag tabhairt dá n- aire dóibh freisin go dtiocfadh comhaontuithe den sórt sin amach anseo nó bearta inmheánacha de chuid an Aontais ina dhiaidh seo faoi réim Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh;

AG AITHINT DÓIBH na difríochtaí san fhorbairt eacnamaíoch agus shóisialta idir na Páirtithe agus laistigh díobh;

TAR ÉIS COMHAONTÚ MAR A LEANAS:

CUID I

# FORÁLACHA GINEARÁLTA AGUS CREAT INSTITIÚIDEACH

CAIBIDIL 1

## FORÁLACHA TOSAIGH

AIRTEAGAL 1.1

### Sainmhínithe ginearálta

Chun críocha an Chomhaontaithe seo:

(a) ciallaíonn 'Creat-Chomhaontú Idir-Réigiúnach Comhair 1995' an Creat-Chomhaontú Idir-Réigiúnach Comhair idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an Cómhargadh Theas agus a Stáit Chomhpháirteacha, den pháirt eile, arna shíniú in Maidrid an 15 Nollaig 1995;

(b) ciallaíonn 'Comhaontú Eatramhach maidir le Trádáil' an Comhaontú Eatramhach maidir le Trádáil atá le tabhairt i gcrích idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus an Cómhargadh Theas, Poblacht na hAirgintíne, Poblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle, Poblacht Pharagua agus Poblacht Oirthearach Uragua, den pháirt eile;

(c) ciallaíonn 'FBManna' fiontair bheaga agus mheánmhéide, lena n-áirítear micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide, agus fiontraithe;

(d) ciallaíonn ‘tríú tír’ tír nó críoch atá lasmuigh de raon feidhme críochach an Chomhaontaithe seo;

(e) Ciallaíonn ‘UNCLOS’ Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige, arna dhéanamh in Montego Bay an 10 Nollaig 1982; agus

(f) ciallaíonn ‘EDT’ an Eagraíocht Dhomhanda Trádála.

## AIRTEAGAL 1.2

### Prionsabail ghinearálta

1. Is bunchloch de bheartais inmheánacha agus idirnáisiúnta na bPáirtithe agus eilimint shár-riachtanach den Chomhaontú seo iad urraim do phrionsabail an daonlathais agus do chearta an duine agus saoirsí bunúsacha mar a leagtar síos i nDearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine agus in ionstraimí idirnáisiúnta eile maidir le cearta an duine ar páirtithe iontu iad, agus do phrionsabal an smachta reachta.

2. Athdhearbhaíonn na Páirtithe a dtiomantas láidir do na prionsabail agus cuspóirí comhroinnte mar a chuirtear in iúl iad i gCairt na Náisiún Aontaithe. Forbairt eacnamaíoch agus shóisialta inbhuanaithe a chur chun cinn, mar aon le dáileadh cothrom thairbhí an Chomhaontaithe seo, tá siad sin i measc na dtreoirphrionsabal le haghaidh chur chun feidhme an Chomhaontaithe seo.

3. Athdhearbhaíonn na Páirtithe a dtiomantas do phrionsabail an dea-rialachais, lena n-áirítear prionsabail amhail trédhearcacht rialtais agus an troid in aghaidh an éillithe, rialtas eiticiúil cuntasach, neamhspleáchas na mbreithiúna agus cearta mionlach a chosaint.

## AIRTEAGAL 1.3

### Raon feidhme

Leis an gComhaontú seo bunaítear comhpháirtíocht idir na Páirtithe atá bunaithe ar luachanna comhroinnte, lena n-áirítear cómhalartacht agus leas coiteann. Neartófar leis an gComhaontú an chomhpháirtíocht idir an Páirtí AE agus an Páirtí MERCOSUR agus is é a bheidh ann dá bharr caidreamh straitéiseach sa réimse polaitiúil, sa réimse comhair agus sa réimse trádála, agus i réimsí eile atá le comhaontú.

## AIRTEAGAL 1.4

### Cuspóirí ginearálta

Déantar foráil sa Chomhaontú seo maidir leis an méid seo a leanas:

(a) creat institiúideach atá ina bhunús leis an gcomhpháirtíocht;

(b) an t-idirphlé polaitiúil a fheabhsú trí shásraí institiúideacha nua;

(c) comhar idir na Páirtithe arb é is aidhm dó rannchuidiú le cuspóirí ginearálta an Chomhaontaithe seo a bhaint amach trí thairbhe a bhaint as ionstraimí comhair nuálacha atá ann cheana nó a bheidh ann amach anseo, ar féidir leo luach breise a sholáthar don chaidreamh; agus

(d) méadú agus éagsúlú chaidreamh trádála déréigiúnach na bPáirtithe agus na gcuspóirí sonracha agus na bhforálacha a leagtar amach i gCuid III den Chomhaontú seo, ar cheart go rannchuideoidís le fás eacnamaíoch níos airde, leis an gcáilíocht saoil sa dá réigiún a fheabhsú de réir a chéile, agus le lánpháirtiú níos fearr an dá réigiún sa gheilleagar domhanda.

## CAIBIDIL 2

## CREAT INSTITIÚIDEACH

### AIRTEAGAL 2.1

### Cruinniú Mullaigh

1. Is ar leibhéal an chruinnithe mullaigh a bheidh an leibhéal is airde idirphlé pholaitiúil agus beartais idir an Páirtí AE agus an Páirtí MERCOSUR. Tionólfar Cruinnithe Mullaigh de réir mar is gá nó mar a chomhaontófar go frithpháirteach.

2. Leis na Cruinnithe Mullaigh, cuirfear deis ar fáil meastóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe seo, leagfar amach na spriocanna dá fhorbairt amach anseo, agus déanfar topaicí leasa choitinn eile a phlé.

### AIRTEAGAL 2.2

### Comhairle Chomhpháirteach

1. Bunaítear leis seo Comhairle Chomhpháirteach chun formhaoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh chuspóirí an Chomhaontaithe seo agus ar a chur chun feidhme. Tabharfaidh an Chomhairle Chomhpháirteach aghaidh ar na hábhair a chumhdaítear leis an gComhaontú seo agus déanfaidh sí scrúdú ar aon saincheist mhór a thiocfaidh chun cinn faoi chuimsiú an Chomhaontaithe seo, agus ar cheisteanna idir-réigiúnacha, iltaobhacha nó idirnáisiúnta ar ábhar leasa choitinn iad.

2. Tiocfaidh an Chomhairle Chomhpháirteach le chéile ar an leibhéal aireachta go tráthrialta, ar bhonn débhliantúil ar a laghad nó ar bhonn *ad hoc* mar a chomhaontófar go frithpháirteach. Féadfaidh sí teacht le chéile freisin trí theileachomhdháil, trí fhíschomhdháil nó trí mhodhanna eile, mar a chomhaontóidh na Páirtithe go frithpháirteach.

3. Beidh an Chomhairle Chomhpháirteach comhdhéanta d'ionadaithe ó gach ceann de na Páirtithe ar an leibhéal aireachta, i gcomhréir le socruithe inmheánacha na bPáirtithe féin, agus na ceisteanna sonracha nach mór aghaidh a thabhairt orthu á gcur san áireamh. Tiocfaidh an Chomhairle Chomhpháirteach le chéile sna cumraíochtaí uile is gá, trí chomhaontú frithpháirteach.

4. Nuair a thugann an Chomhairle Chomhpháirteach aghaidh ar aon ábhar a bhaineann le Cuid III den Chomhaontú seo, beidh sí comhdhéanta d'ionadaithe ó gach ceann de na Páirtithe, a bheidh freagrach as ábhair a bhaineann le trádáil (dá ngairtear 'an Chomhairle Chomhpháirteach i gcumraíocht trádála' anseo feasta).

5. Bunóidh an Chomhairle Chomhpháirteach a rialacha nós imeachta féin, agus rialacha nós imeachta an Chomhchoiste.

6. Beidh ionadaí ón bPáirtí AE agus ionadaí ón bPáirtí MERCOSUR ina gcomhchathaoirligh ar an gComhairle Chomhpháirteach i gcomhréir leis na forálacha a leagtar síos ina rialacha nós imeachta, agus na ceisteanna sonracha a dtabharfar aghaidh orthu ag aon seisiún ar leith á gcur san áireamh.

7. Déanfaidh an Chomhairle Chomhpháirteach scrúdú ar thograí agus moltaí agus beidh sé de chumhacht aici cinntí a dhéanamh, lena n-áirítear cinntí maidir le forálacha a léirmhíniú, agus moltaí iomchuí a dhéanamh mar a fhoráiltear sa Chomhaontú seo. Déanfar cinntí agus moltaí a ghlacadh trí chomhaontú na bPáirtithe agus i gcomhréir le rialacha nós imeachta na Comhairle Comhpháirtí. Beidh na cinntí ina gceangal ar na Páirtithe, agus déanfaidh na Páirtithe na bearta uile is gá chun iad a chur chun feidhme, i gcomhréir lena nósanna imeachta inmheánacha. Beidh sé de chumhacht ag an gComhairle Chomhpháirteach freisin, faoi raon feidhme Chuid II den Chomhaontú seo, cinntí agus moltaí a ghlacadh a chomhaontóidh na Páirtithe go frithpháirteach.

8. Féadfaidh an Chomhairle Chomhpháirteach aon cheann dá feidhmeanna a tharmligean chuig an gComhchoiste, lena n-áirítear an chumhacht cinntí ceangailteacha a dhéanamh, i gcomhréir le rialacha nós imeachta na Comhairle Comhpháirtí.

AIRTEAGAL 2.3

Comhchoiste

1. Bunaítear Comhchoiste leis seo.

2. Tabharfaidh an Comhchoiste cúnamh don Chomhairle Chomhpháirteach le feidhmiú a feidhmeanna.

3. Ullmhóidh an Comhchoiste cruinnithe na Comhairle Comhpháirtí agus beidh sé freagrach as cur chun feidhme ceart an Chomhaontaithe seo.

4. Beidh an Comhchoiste comhdhéanta d'ionadaithe ó gach ceann de na Páirtithe ar leibhéal na n- oifigeach sinsearach nó arna n- ainmniú ar bhealach eile ag na Páirtithe i gcomhréir lena socruithe inmheánacha, agus na ceisteanna sonracha a dtabharfar aghaidh orthu ag aon seisiún ar leith á gcur san áireamh.

5. Nuair a thabharfaidh an Comhchoiste aghaidh ar aon ábhar a bhaineann le Cuid III den Chomhaontú seo, beidh sé comhdhéanta d'ionadaithe ó gach ceann de na Páirtithe a bhfuil freagracht orthu as ábhair thrádála agus infheistíochta (dá ngairtear 'an Comhchoiste i gcumraíocht trádála' anseo feasta).

6. Nuair a thugann an Comhchoiste aghaidh ar aon ábhar a bhaineann le Cuid II den Chomhaontú seo, beidh sé comhdhéanta d'ionadaithe ó gach ceann de na Páirtithe, a bheidh freagrach as na hábhair sin, i gcomhréir le socruithe inmheánacha na bPáirtithe, faoi seach.

7. Beidh sé de chumhacht ag an gComhchoiste cinntí a dhéanamh mar a fhoráiltear sa Chomhaontú seo nó i gcás ina mbeidh an chumhacht sin tarmligthe chuige ag an gComhairle Chomhpháirteach. Déanfaidh an Comhchoiste cinntí a ghlacadh trí chomhaontú na bPáirtithe. Beidh na cinntí ina gceangal ar na Páirtithe, agus déanfaidh siad na bearta is gá chun na cinntí sin a chur chun feidhme. Le linn dó cumhachtaí tarmligthe a fheidhmiú, déanfaidh an Comhchoiste a chinntí i gcomhréir le rialacha nós imeachta na Comhairle Comhpháirtí.

8. Gan dochar do na forálacha sonracha i gCaibidil 29, féadfaidh aon Pháirtí aon cheist a bhaineann le cur i bhfeidhm nó léirmhíniú an Chomhaontaithe a threorú chuig an gComhchoiste.

9. Beidh ionadaí ón bPáirtí MERCOSUR agus ionadaí ón bPáirtí AE ina gcomhchathaoirligh ar an gComhchoiste, agus na ceisteanna sonracha a dtabharfar aghaidh orthu ag aon seisiún ar leith á gcur san áireamh.

10. Go ginearálta, tiocfaidh an Comhchoiste le chéile uair sa bhliain, sa Bhruiséil agus i Stát Sínithe MERCOSUR gach re seal, chun cur chun feidhme an Chomhaontaithe seo a athbhreithniú, ar dháta agus le clár oibre a chomhaontóidh na Páirtithe roimh ré. Féadfar cruinnithe breise a thionól freisin trí chomhaontú frithpháirteach, arna iarraidh sin don Pháirtí AE nó don Pháirtí MERCOSUR. Féadfaidh sé teacht le chéile freisin trí theileachomhdháil, trí fhíschomhdháil nó trí mhodhanna eile, mar a chomhaontóidh na Páirtithe go frithpháirteach.

AIRTEAGAL 2.4

Fochoistí agus comhlachtaí eile

1. Féadfaidh an Comhchoiste a chinneadh fochoistí nó comhlachtaí eile a chur ar bun chun cúnamh a thabhairt dó a fheidhmeanna a dhéanamh agus chun aghaidh a thabhairt ar chúraimí nó ábhair shonracha. Féadfaidh sé a chinneadh na cúraimí a sannadh d’aon fhochoiste nó comhlacht eile a bunaíodh chun na gcríoch sin a athrú, nó na fochoistí nó comhlachtaí eile sin a lánscor.

2. Glacfaidh an Comhchoiste rialacha nós imeachta lena gcinnfear comhdhéanamh, dualgais agus feidhmiú na bhfochoistí agus na gcomhlachtaí eile.

3. Fochoiste a bheith cruthaithe nó a bheith ann, ní choiscfidh sé sin ar na Páirtithe aon ábhar a threorú chuig an gComhchoiste go díreach.

4. Ach amháin má fhoráiltear dá mhalairt sa Chomhaontú seo, maidir le fochoistí agus comhlachtaí eile a bhunaítear leis an gComhaontú seo nó fochoistí agus comhlachtaí eile arna mbunú ag an gComhchoiste, tabharfaidh siad tuairisc ar a ngníomhaíochtaí don Chomhchoiste go tráthrialta nó arna iarraidh sin orthu.

5. Na Fochoistí a mbíonn aghaidh á tabhairt acu ar thrádáil agus ar ábhair a bhaineann le trádáil, ar fochoistí iad a bhunaítear de bhun Airteagal 9.9(4), beidh siad á rialú le hAirteagal 9.9 agus tuairisceoidh siad don Chomhchoiste i gcumraíocht trádála.

6. Bunaítear leis seo Fochoiste um Chomhar Idirnáisiúnta agus Forbairt chun cur chun feidhme gníomhaíochtaí comhair sna réimsí dá dtagraítear i gCuid II den Chomhaontú seo a chur chun cinn, a chomhordú agus a mhaoirsiú, agus chun obair leantach, faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar na tionscnaimh chomhair sin. Tabharfaidh sé cúnamh don Chomhchoiste le feidhmiú a fheidhmeanna maidir leis na hábhair sin.

## AIRTEAGAL 2.5

## Comhchoiste Parlaiminteach

1. Bunaítear leis seo Comhchoiste Parlaiminteach chun caidreamh níos dlúithe a chothú agus chun idirphlé tráthrialta idir Parlaimint na hEorpa agus Parlaimint MERCOSUR a áirithiú.

2. Is é a bheidh ar an gComhchoiste Parlaiminteach comhaltaí de Parlaimint na hEorpa, ar thaobh amháin, agus comhaltaí de Pharlaimint MERCOSUR, ar an taobh eile. Tiocfaidh sé le chéile go tráthrialta, de réir mar a chinnfidh sé féin.

3. Bunóidh an Comhchoiste Parlaiminteach a rialacha nós imeachta féin.

4. Is iad Parlaimint na hEorpa agus Parlaimint MERCOSUR a bheidh ina gcathaoirligh, gach re seal, ar an gComhchoiste Parlaiminteach.

5. Coinneofar an Comhchoiste Parlaiminteach ar an eolas faoin dul chun cinn a dhéanfar maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe seo.

6. Féadfaidh an Comhchoiste Parlaiminteach moltaí a chur faoi bhráid na Comhairle Comhpháirtí.

## AIRTEAGAL 2.6

### Caidreamh leis an tsochaí shibhialta

1. Chun cur chun feidhme an Chomhaontaithe seo a éascú, cuirfidh na Páirtithe comhairliúcháin leis an tsochaí shibhialta chun cinn trí shásra iomchuí comhairliúcháin a bhunú agus trí idirghníomhaíocht idir ionadaithe óna sochaí shibhialta a chur chun cinn.

2. Déanfaidh na Páirtithe idirphlé a chur chun cinn idir Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus an Fóram Comhairleach Sóisialta agus Eacnamaíoch, thar ceann MERCOSUR, agus spreagfaidh siad rannchuidiú uathu leis na sásraí a leagtar amach in Airteagail 2.7 agus 2.8.

## AIRTEAGAL 2.7

### Grúpaí Comhairleacha Baile

1. Ainmneoidh an Páirtí AE agus an Páirtí MERCOSUR Grúpa Comhairleach Baile, a bhunófar i gcomhréir le socruithe inmheánacha gach Páirtí, chun comhairle a chur ar an bPáirtí lena mbaineann maidir le saincheisteanna a chumhdaítear leis an gComhaontú seo. Is é a bheidh ann ionadaíocht chothrom thar ceann eagraíochtaí neamhspleácha sochaí sibhialta, lena n-áirítear eagraíochtaí neamhrialtasacha, eagraíochtaí gnó agus eagraíochtaí fostóirí, agus ceardchumainn atá gníomhach maidir le saincheisteanna eacnamaíocha, forbartha, sóisialta, chearta an duine, comhshaoil agus eile.

2. Cuirfidh na Páirtithe idirphlé tráthrialta chun cinn lena nGrúpa Comhairleach Baile agus breithneoidh siad tuairimí nó moltaí a chuirfidh a nGrúpa Comhairleach Baile féin faoina mbráid maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe seo.

3. Chun feasacht an phobail ar na Grúpaí Comhairleacha Baile a chur chun cinn, déanfaidh an Páirtí AE agus an Páirtí MERCOSUR araon an liosta eagraíochtaí atá rannpháirteach i gcomhairliúcháin, chomh maith le pointe teagmhála don ghrúpa sin, a chur ar fáil don phobal.

## AIRTEAGAL 2.8

### Fóram Sochaí Sibhialta

1. Déanfaidh na Páirtithe éascaíocht ar eagrú Fóraim Sochaí Sibhialta, chun idirphlé poiblí a dhéanamh maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe seo, agus comhaontóidh siad, ag an gcéad chruinniú den Chomhchoiste, treoirlínte oibríochtúla maidir le riar an Fhóraim Sochaí Sibhialta.

2. Féadfaidh na Páirtithe rannpháirtíocht san Fhóram Sochaí Sibhialta a éascú trí mhodhanna fíorúla freisin.

3. Beidh an Fóram Sochaí Sibhialta oscailte do rannpháirtíocht eagraíochtaí sochaí sibhialta neamhspleácha atá bunaithe i gcríocha an Pháirtí AE nó an Pháirtí MERCOSUR, lena n-áirítear comhaltaí de na Grúpaí Comhairleacha Baile dá dtagraítear in Airteagal 2.7. Féachfaidh na Páirtithe le hionadaíocht chothrom a chur chun cinn, lena n-áirítear eagraíochtaí neamhrialtasacha, eagraíochtaí gnó agus eagraíochtaí fostóirí, agus ceardchumainn atá gníomhach maidir le hábhair eacnamaíocha, forbartha, shóisialta, chearta an duine, chomhshaoil agus eile.

4. Ionadaithe na bPáirtithe a bheidh rannpháirteach sa Chomhairle Chomhpháirteach nó sa Chomhchoiste, glacfaidh siad páirt, de réir mar is iomchuí, i seisiún de chruinniú an Fhóraim Sochaí Sibhialta chun faisnéis maidir le cur chun feidhme an Chomhaontaithe a chur i láthair agus chun idirphlé a dhéanamh leis an bhFóram Sochaí Sibhialta.

## CAIBIDIL 3

## FORÁLACHA GINEARÁLTA

### AIRTEAGAL 3.1

### Clásal slándála

Ní fhorléireofar aon ní sa Chomhaontú seo:

(a) mar ní lena gceanglófar ar Pháirtí fhaisnéis a thabhairt, nó rochtain ar fhaisnéis a cheadú, ar faisnéis í a measann sé go mbeadh a nochtadh in aghaidh a leasanna bunúsacha slándála; nó

(b) mar ní lena gcoiscfear ar Pháirtí gníomhaíocht a dhéanamh a measann sé a bhfuil gá léi chun a leasanna bunúsacha slándála a chosaint:

(i) ar gníomhaíocht í atá nasctha le hairm, armlón agus ábhair chogaidh a tháirgeadh nó a gháinneáil agus leis an ngáinneáil agus na hidirbhearta sin in earraí agus ábhair, seirbhísí agus teicneolaíocht eile, agus le gníomhaíochtaí eacnamaíocha, arna ndéanamh go díreach nó go hindíreach chun bunaíocht mhíleata a sholáthar;

(ii) ar gníomhaíocht í arna déanamh le linn cogaidh nó le linn éigeandáil eile sa chaidreamh idirnáisiúnta; nó

(iii) ar gníomhaíocht í a bhaineann le hábhair ineamhnaithe agus in-chomhleáite nó leis na hábhair óna bhfaightear iad; nó

(c) mar ní lena gcoiscfear ar Pháirtí aon ghníomhaíocht a dhéanamh chun a oibleagáidí idirnáisiúnta a shaothrú faoi Chairt na Náisiún Aontaithe chun an tsíocháin agus an tslándáil idirnáisiúnta a choinneáil ar bun.

AIRTEAGAL 3.2

Comhaontuithe eile

1. Scoirfidh Creat-Chomhaontú Idir-Réigiúnach Comhair 1995 d'éifeacht a bheith aige agus cuirfear an Comhaontú seo ina ionad, nuair a thiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm.

2. Tagann an Comhaontú seo in ionad Chreat-Chomhaontú Idir-Réigiúnach Comhair 1995. Tagairtí do Chreat-Chomhaontú Idir-Réigiúnach Comhair 1995 i ngach comhaontú eile idir na Páirtithe, tuigfear gur tagairtí don Chomhaontú seo iad.

3. Scoirfidh an Comhaontú Eatramhach maidir le Trádáil d'éifeacht a bheith aige agus cuirfear an Comhaontú seo ina ionad, nuair a thiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm. Tagairtí don Chomhaontú Eatramhach maidir le Trádáil i ngach comhaontú eile idir na Páirtithe, tuigfear gur tagairtí don Chomhaontú seo iad.

4. Ar theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, aon chinneadh a ghlacfaidh an Chomhairle Trádála a bhunaítear leis an gComhaontú Eatramhach maidir le Trádáil, measfar go mbeidh sé glactha ag an gComhairle Chomhpháirteach a bhunaítear le hAirteagal 2.2 den Chomhaontú seo. Aon chinneadh a ghlacfaidh an Coiste Trádála a bhunaítear leis an gComhaontú Eatramhach maidir le Trádáil, measfar go mbeidh sé glactha ag an gComhchoiste a bhunaítear le hAirteagal 2.3 den Chomhaontú seo.

5. D'ainneoin mhír 3 den Airteagal seo:

(a) bearta sealadacha arna nglacadh de bhun Airteagail 11.4 agus 11.5 den Chomhaontú Eatramhach maidir le Trádáil, ar bearta iad atá i bhfeidhm ar dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, leanfar d'fheidhm a bheith acu go dtí go rachaidh siad in éag go nádúrtha;

(b) bearta coimirce déthaobhacha arna nglacadh de bhun Roinn C de Chaibidil 9 den Chomhaontú Eatramhach maidir le Trádáil, ar bearta iad atá i bhfeidhm ar dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, leanfar d'fheidhm a bheith acu go dtí go rachaidh siad in éag go nádúrtha;

(c) nósanna imeachta um réiteach díospóidí arna dtionscnamh cheana féin de bhun Airteagail 21.7 agus 18.17 den Chomhaontú Eatramhach maidir le Trádáil, measfar, ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, gur díospóid iad faoin gComhaontú seo agus leanfar díobh go dtí go dtabharfar i gcrích iad; agus

(d) toradh ceangailteach aon nós imeachta um réiteach díospóidí arna thionscnamh de bhun Airteagail 21.7 agus 18.17 den Chomhaontú Eatramhach maidir le Trádáil, beidh sé fós ina cheangal ar na Páirtithe tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

6. Ní bheidh na Páirtithe in ann imeachtaí um réiteach díospóidí a thionscnamh faoin gComhaontú seo maidir le hábhair ar ar tugadh tuairisc i dtuarascáil chríochnaitheach phainéil faoi Chaibidil 18 den Chomhaontú Eatramhach maidir le Trádáil agus maidir le hábhair a ndearnadh dámhachtain eadrána ina leith faoi Chaibidil 21 den Chomhaontú Eatramhach maidir le Trádáil.

7. Déanfar idirthréimhsí atá imithe in éag go hiomlán nó go páirteach cheana féin faoin gComhaontú Eatramhach maidir le Trádáil a chur san áireamh agus idirthréimhsí dá ndéantar foráil i bhforálacha coibhéiseacha faoin gComhaontú seo á ríomh. Déanfar na hidirthréimhsí sin faoin gComhaontú seo a ríomh ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe Eatramhaigh maidir le Trádáil ar aghaidh.

Déanfar idirthréimhsí nós imeachta atá imithe in éag go hiomlán nó go páirteach cheana féin faoin gComhaontú Eatramhach maidir le Trádáil a chur san áireamh agus idirthréimhsí nós imeachta dá ndéantar foráil i bhforálacha coibhéiseacha faoin gComhaontú seo á ríomh.

8. Féadfaidh na Páirtithe an Comhaontú seo a chomhlánú trí chomhaontuithe sonracha a thabhairt i gcrích in aon réimse comhair a thagann faoina raon feidhme. Leis na comhaontuithe sonracha sin, féadfar a fhoráil go mbeidh siad ina gcuid dhílis den chaidreamh idir-réigiúnach foriomlán arna rialú leis an gComhaontú seo, agus beidh siad faoi réir creat institiúideach coiteann.

## AIRTEAGAL 3.3

### Cur i bhfeidhm críochach

1. Beidh feidhm ag an gComhaontú seo:

(a) maidir leis na críocha ina gcuirtear an Conradh ar an Aontas Eorpach agus an Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh i bhfeidhm, faoi na coinníollacha a leagtar síos sna Conarthaí sin; agus

(b) maidir le críocha Phoblacht na hAirgintíne, Phoblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle, Phoblacht Pharagua agus Phoblacht Oirthearach Uragua.

2. Áirítear sna tagairtí do 'chríoch' sa Chomhaontú seo aerspás agus farraige theorann mar a fhoráiltear i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige (UNCLOS).

3. Is sa chiall sin a thuigfear tagairtí do chríoch sa Chomhaontú seo, ach amháin i gcás ina bhforáiltear a mhalairt go sainráite.

4. A mhéid a bhaineann leis na forálacha sin a bhaineann le cóir taraife earraí, lena n-áirítear forálacha maidir le custam agus éascú trádála, cúnamh riaracháin frithpháirteach in ábhair chustaim agus rialacha tionscnaimh, chomh maith le fionraí shealadach na córa sin, beidh feidhm ag an gComhaontú seo freisin maidir leis na limistéir sin de chríoch chustaim an Aontais Eorpaigh, mar a shainmhínítear le hAirteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais[1], nach gcumhdaítear le pointe 1(a) den Airteagal seo.

---

[1] IO AE L 343, 29.12.2015, lch. 1.

CUID II

IDIRPHLÉ POLAITIÚIL AGUS COMHAR

CAIBIDIL 4

CUSPÓIRÍ AN IDIRPHLÉ PHOLAITIÚIL AGUS AN CHOMHAIR IDIRNÁISIÚNTA

AIRTEAGAL 4.1

Cuspóirí an idirphlé pholaitiúil

1. Comhaontaíonn na Páirtithe go bhfuil an ghné pholaitiúil ina gné fhíor-riachtanach den chomhpháirtíocht a bhunaítear leis an gComhaontú seo, agus go neartófar agus go ndoimhneofar léi an t-idirphlé polaitiúil tráthrialta idir na Páirtithe. Comhaontaíonn na Páirtithe clár oibre polaitiúil a bhunú, oibriú i gcomhar le chéile i réimsí leasa choitinn agus iarrachtaí a dhéanamh a seasaimh a chomhordú chun tabhairt faoi thionscnaimh chomhpháirteacha sna fóraim idirnáisiúnta iomchuí.

2. Beidh sé d’aidhm ag an idirphlé polaitiúil idir na Páirtithe an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) a naisc le chéile a neartú chun rannchuidiú le síocháin, cobhsaíocht, slándáil agus rathúnas, agus a gcomhpháirtíocht straitéiseach a chomhdhlúthú;

(b) síocháin agus slándáil idirnáisiúnta a chur chun cinn, mar aon le taidhleoireacht choisctheach, bearta forbartha muiníne, agus réiteach síochánta coinbhleachtaí, lena n-áirítear an méid sin a dhéanamh trí ghníomhaíochtaí comhpháirteacha a fhorbairt chun córas na Náisiún Aontaithe (dá ngairtear 'NA' anseo feasta) agus an t-iltaobhachas a neartú;

(c) an daonlathas agus an smacht reachta a neartú, agus cearta an duine agus saoirsí bunúsacha a chur chun cinn agus a chosaint;

(d) forbairt dhaonna agus shóisialta a chur chun cinn, agus a ngealltanas maidir le forbairt inbhuanaithe á athdhearbhú acu, mar a chuirtear in iúl trí ghlacadh Chlár Oibre 2030. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (dá ngairtear SFInna anseo feasta) a bhaint amach, agus é á aithint acu go n-éilíonn cineál leathan uaillmhianach na spriocanna sin gníomhaíocht phráinneach, obair leantach agus athbhreithniú;

(e) comhionannas inscne a chur chun cinn, chomh maith le hurraim do chearta gach mná agus cailín, agus gné na hinscne á cur i dtábhacht, agus aghaidh a thabhairt ar idirdhealú agus foréigean atá bunaithe ar ghnéaschlaonadh, i gcomhréir le dlí inmheánach gach Páirtí;

(f) rannchuidiú le dí-armáil agus le neamhleathadh armán ollscriosta agus a modhanna seachadta, go hiomlán i gcomhréir le hoibleagáidí idirnáisiúnta gach Páirtí, agus cur chun feidhme náisiúnta na n-oibleagáidí sin á áirithiú;

(g) an comhar a fheabhsú sa troid in aghaidh an chiníochais, an idirdhealaithe chiníoch, na seineafóibe agus aon éadulaingt ghaolmhar;

(h) gníomhaíochtaí comhpháirteacha a fhorbairt chun feabhas a chur ar an gcomhar sa troid in aghaidh gáinneáil ar dhaoine, smuigleáil imirceach, gáinneáil neamhdhleathach ar airm, gáinneáil ar dhrugaí agus cionta coiriúla gaolmhara, cibearchoireachta agus cineálacha eile coireachta eagraithe trasnáisiúnta;

(i) gníomhaíochtaí comhpháirteacha a chur chun cinn agus a fhorbairt chun mí-úsáid ghnéasach leanaí a dhíothú, lena n-áirítear táirgeadh agus scaipeadh ábhair mí-úsáide leanaí agus an troid in aghaidh ciontóirí gnéis a bhíonn ag taisteal;

(j) feabhas a chur ar an gcomhar maidir le troid in aghaidh an éillithe, maidir le cosc a chur ar úsáid a gcóras airgeadais chun fáltais ó ghníomhaíochtaí coiriúla a sciúradh agus chun an sceimhlitheoireacht a mhaoiniú, agus maidir le sócmhainní aindleathacha a shainaithint, a aisghabháil agus a thabhairt ar ais;

(k) gníomhú in aghaidh saoirse ó phionós i gcás na gcionta coiriúla is tromchúisí faoin dlí idirnáisiúnta ar ábhar imní iad don phobal idirnáisiúnta ina iomláine;

(l) feabhas a chur ar an gcomhar maidir le gníomhartha sceimhlitheoireachta a chosc agus a bhrú faoi chois, i gcomhréir le coinbhinsiúin idirnáisiúnta a bhfuil Ballstáit an Aontais Eorpaigh agus Stáit Sínithe MERCOSUR ina bpáirtithe iontu, le rúin ábhartha na Náisiún Aontaithe agus le dlíthe agus rialacháin na bPáirtithe, faoi seach;

(m) tuairimí a mhalartú agus an t-idirphlé a fheabhsú maidir le cúrsaí cánach idirnáisiúnta, lena n-áirítear caighdeáin dhomhanda agus trédhearcacht;

(n) gníomhú ar mhaithe lena lánpháirtiú réigiúnach, faoi seach, ós é sin ceann de na bealaí inar féidir forbairt inbhuanaithe a bhaint amach, chomh maith le bheith ina ionstraim lena mbainfear lánpháirtiú iomaíoch amach sa gheilleagar domhanda;

(o) comhthuiscint a fhorbairt agus comhdhearcadh a chur chun cinn maidir le saincheisteanna idir-réigiúnacha agus idirnáisiúnta, go háirithe trí chomhar i bhfóraim iltaobhacha agus trí thionscnaimh chomhpháirteacha a fhorbairt;

(p) gníomhaíochtaí comhpháirteacha a fhorbairt chun córas na Náisiún Aontaithe agus an t-iltaobhachas a neartú chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach, go héifeachtúil agus go mear ar na dúshláin is tábhachtaí atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo;

(q) comhordú polaitiúil fairsing a fhorbairt ar an leibhéal idirnáisiúnta chun próisis ilpháirtí leasmhair iltaobhacha, thrédhearcacha agus dhaonlathacha a neartú le haghaidh rialachas an idirlín agus tacú leo, rud a chuimseoidh rannpháirtíocht rialtas, na hearnála príobháidí, na sochaí sibhialta, eagraíochtaí idirnáisiúnta, pobail theicniúla agus acadúla, agus gach páirtí leasmhar ábhartha eile, i gcomhréir leis na róil, na freagrachtaí agus na cumais atá ag gach ceann díobh;

(r) ábhair dhlíthiúla agus bhreithiúnacha leasa fhrithpháirtigh a phlé; agus

(s) aghaidh a thabhairt ar thopaicí eile mar a chomhaontóidh na Páirtithe.

AIRTEAGAL 4.2

Cuspóirí an chomhair idirnáisiúnta agus na forbartha

1. Cuireann na Páirtithe i dtábhacht, agus iad ag athdhearbhú an ghá lena gcomhpháirtíocht a neartú, a thábhachtaí atá an comhar idirnáisiúnta agus an fhorbairt, agus comhaontaíonn siad gurb é a bheidh mar cheann de phríomhchuspóirí an chomhair idir-réigiúnaigh agus a mhódúlachtaí, cur chun feidhme an Chomhaontaithe seo a éascú.

2. Tabharfaidh na Páirtithe faoi thionscadail chomhair agus gníomhaíochtaí comhpháirteacha trí úsáid a bhaint as gach ionstraim atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo agus trí na modheolaíochtaí agus na modhanna uile atá ar fáil, lena n- áirítear comhar triantánach. Áireofar ar an gcomhar sin, *inter alia*:

(a) infheistíocht agus cruthú post a chur chun cinn trí acmhainní airgeadais a chur in úsáid, *inter alia*, trí thairbhe a bhaint as deontais agus iasachtaí chun torthaí i ndáil le forbairt inbhuanaithe a bhaint amach;

(b) tacú le fothú acmhainneachta trí chúrsaí oiliúna, ceardlanna agus seimineáir, agus trí mhalartú saineolaithe, staidéar, comhthaighde agus dea-chleachtas;

(c) fios gnó institiúideach a chur chun cinn sa dá réigiún trí bhíthin gníomhaíochtaí comhair;

(d) maoiniúchán le haghaidh forbartha a chur chun cinn trí na hionstraimí uile atá ar fáil do gach Páirtí agus trí chineálacha eile sásraí airgeadais nuálacha;

(e) rochtain ar theicneolaíochtaí nuálacha a chur chun cinn, chomh maith le feabhas a chur ar acmhainneachtaí náisiúnta;

(f) gníomhaíochtaí sonracha a fhorbairt chun an bhochtaineacht a laghdú, dul i ngleic leis an ocras agus cuimsiú agus comhtháthú sóisialta a chur chun cinn;

(g) líonraí agus ardáin um chomhar réigiúnach atá ann cheana a chomhdhlúthú, agus

(h) comhar a chur chun cinn idir córais riaracháin phoiblí agus institiúidí poiblí na bPáirtithe.

3. Comhaontaíonn na Páirtithe cur in úsáid acmhainní airgeadais a chur chun cinn le haghaidh chur chun feidhme an Chomhaontaithe seo, i ndlúthchomhar leis an mBanc Eorpach Infheistíochta, na hinstitiúidí airgeadais Eorpacha agus institiúidí de chuid Stáit Sínithe MERCOSUR, chomh maith le hinstitiúidí airgeadais idirnáisiúnta agus réigiúnacha.

AIRTEAGAL 4.3

Acmhainní

1. Mar chuid den aidhm atá ag na Páirtithe rannchuidiú le cuspóirí an chomhair a bhunaítear leis an gComhaontú seo a bhaint amach, geallann siad, laistigh de theorainneacha a n-acmhainneachtaí agus trína gcainéil féin, na hacmhainní iomchuí a sholáthar, lena n-áirítear acmhainní airgeadais, agus spreagfaidh siad institiúidí airgeadais poiblí agus príobháideacha sa dá réigiún a bhíonn ag plé le forbairt, oibriú i gcomhar le chéile chun na críche sin.

2. Spreagfaidh na Páirtithe an Banc Eorpach Infheistíochta agus institiúidí airgeadais eile leanúint dá n-oibríochtaí i Stáit Sínithe MERCOSUR, i gcomhréir lena nósanna imeachta agus a critéir maidir le maoiniú, de réir a ndlíthe agus a rialachán, faoi seach, agus gan dochar do chumhachtaí a n-údarás inniúil.

CAIBIDIL 5

COMHAR MAIDIR LE PRIONSABAIL DHAONLATHACHA,
CEARTA AN DUINE, AN SMACHT REACHTA
AGUS SÍOCHÁIN AGUS SLÁNDÁIL IDIRNÁISIÚNTA

AIRTEAGAL 5.1

Comhar maidir le prionsabail dhaonlathacha, cearta an duine agus an smacht reachta

1. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile ar chearta an duine a chur chun cinn agus a chosaint, lena n- áirítear daingniú agus cur chun feidhme ionstraimí idirnáisiúnta um chearta an duine, agus ar phrionsabail dhaonlathacha agus an smacht reachta a neartú.

2. Féadfar na nithe seo a leanas a áireamh leis an gcomhar sin:

(a) cur chun feidhme éifeachtach na n-ionstraimí dlí idirnáisiúnta um chearta an duine a bhfuil siad ina bPáirtithe iontu, chomh maith leis na moltaí a thagann ó Chomhlachtaí Conartha na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine, Nósanna Imeachta Speisialta na Comhairle um Chearta an Duine, agus an Athbhreithniú Tréimhsiúil Uilíoch;

(b) comhtháthú chearta an duine i mbeartais náisiúnta agus i bpleananna forbartha náisiúnta;

(c) an acmhainneacht a threisiú i ndáil le prionsabail agus cleachtais dhaonlathacha a chur i bhfeidhm;

(d) malartú dea-chleachtas maidir le pleananna gníomhaíochta náisiúnta a bhaineann leis an daonlathas agus le cearta an duine;

(e) ardú feasachta agus oideachas sna réimsí chearta an duine, an daonlathais agus chultúr na síochána;

(f) institiúidí daonlathacha agus institiúidí lena mbaineann cearta an duine a neartú, chomh maith leis na creataí dlíthiúla agus institiúideacha chun cearta an duine agus an smacht reachta a chur chun cinn agus a chosaint;

(g) comhthionscnaimh leasa fhrithpháirtigh a fhorbairt faoi chuimsiú institiúidí de chuid na Náisiún Aontaithe a bhaineann le cearta an duine agus faoi chuimsiú fóram iltaobhach;

(h) an daonlathas, an dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear cearta an duine, saoirsí bunúsacha agus an smacht reachta, a chur chun cinn, agus an méid sin a dhéanamh i bhfóraim iltaobhacha freisin;

(i) comhar agus comhordú, lena n-áirítear comhar agus comhordú i dtríú tíortha i gcás inarb iomchuí, maidir le prionsabail dhaonlathacha, cearta an duine agus an smacht reachta a bhrú chun tosaigh go praiticiúil, go háirithe a mhéid a bhaineann le cearta polaitiúla agus saoirsí bunúsacha, lena n-áirítear feabhas a chur ar phróisis thoghchánacha thrédhearcacha, iontaofa agus chuimsitheacha, i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta;

(j) dea-rialachas a dhaingniú ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil, lena n-áirítear cuntasacht agus trédhearcacht institiúidí, agus tacú le rannpháirteachas saoránach agus rannpháirtíocht na sochaí sibhialta, mar aon le troid in aghaidh an éillithe; agus

(k) cosc ar chinedhíothú, coireanna in aghaidh na daonnachta, coireanna cogaidh agus aon choir eile faoi dhlínse na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta a chur chun cinn.

AIRTEAGAL 5.2

Comhionannas inscne agus mná, síocháin agus slándáil

1. Déanfaidh na Páirtithe comhionannas inscne agus cumhachtú gach mná agus gach cailín a chur chun cinn. Admhaíonn siad an gá le comhionannas inscne agus an gá le mná agus cailíní a chumhachtú mar réamhchoinníoll chun forbairt chuimsitheach, daonlathas agus slándáil a bhaint amach go hiomlán. Fiosróidh na Páirtithe scéimeanna breise comhair agus sineirgí féideartha idir beartais agus tionscnaimh, faoi seach, i gcomhréir le caighdeáin agus gealltanais idirnáisiúnta amhail an Coinbhinsiún maidir le Gach Cineál Idirdhealaithe in aghaidh na mBan a Dhíothú (CEDAW), Clár Oibre 2030 agus Rún 1325 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe (UNSCR 1325) maidir le mná, an tsíocháin agus an tslándáil.

2. Féadfar na nithe seo a leanas a áireamh leis an gcomhar sin:

(a) príomhshruthú inscne éifeachtach a chothú;

(b) ceannaireacht agus rannpháirtíocht pholaitiúil na mban a chur chun cinn, chomh maith le rochtain na mban ar oideachas ar ardchaighdeán, cumhachtú eacnamaíoch na mban, agus rannpháirtíocht mhéadaithe na mban sa lucht saothair;

(c) institiúidí náisiúnta agus réigiúnacha a neartú chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a bhaineann le foréigean in aghaidh na mban agus chun plé leo, lena n- áirítear cosaint in aghaidh foréigean gnéasach agus inscnebhunaithe agus é a chosc, sásraí imscrúdaithe agus cuntasachta, tacaíocht d'íospartaigh agus dálaí slána agus sábháilte a chur chun cinn do mhná agus cailíní;

(d) cearta an duine do mhná a dhaingniú go gníomhach, lena n- áirítear saoirse ó sháruithe ar chearta an duine agus aon chineál foréigin ina aghaidh na mban, agus rochtain na mban ar an gceartas;

(e) tacú le forbairt agus cur chun feidhme pleananna gníomhaíochta náisiúnta i ndáil le UNSCR 1325; agus

(f) an comhar a fheabhsú le comhlachtaí ábhartha na Náisiún Aontaithe agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta eile.

AIRTEAGAL 5.3

Armáin ollscriosta

1. Tugann na Páirtithe aitheantas do ról lárnach an Chonartha maidir le Neamhleathadh Arm Núicléach, arna dhéanamh i Londain an 1 Iúil 1968, agus dá thrí cholún, a bhfuil an tábhacht chéanna agus an ról daingnithe céanna ag baint leo uile: dí-armáil, neamhleathadh agus úsáid shíochánta an fhuinnimh núicléach.

2. Is é breith na bPáirtithe gurb é atá i leathadh arm ollscriosta (dá ngairtear AOSanna anseo feasta) agus a modhanna seachadta, ceann de na bagairtí is tromchúisí ar an gcobhsaíocht agus ar an tslándáil idirnáisiúnta, do ghníomhaithe Stáit agus gníomhaithe neamhstáit araon. Dá bhrí sin, comhaontaíonn na Páirtithe oibriú i gcomhar le chéile agus rannchuidiú le leathadh AOSanna agus a modhanna seachadta a chomhrac trí na hoibleagáidí atá orthu cheana faoi chonarthaí agus faoi chomhaontuithe idirnáisiúnta maidir le dí- armáil agus neamhleathadh, mar aon le hoibleagáidí ábhartha idirnáisiúnta eile, a chomhlíonadh ina n- iomláine agus a chur chun feidhme ar bhonn náisiúnta. Comhaontaíonn na Páirtithe gur eilimint shár-riachtanach den Chomhaontú seo í an mhír seo.

3. Comhaontaíonn na Páirtithe oibriú i gcomhar le chéile agus rannchuidiú le leathadh AOSanna agus a modhanna seachadta a chomhrac tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) bearta a dhéanamh chun na hionstraimí idirnáisiúnta ábhartha ar fad eile a shíniú, a dhaingniú, nó aontú dóibh, de réir mar is iomchuí, agus iad a chur chun feidhme ina n-iomláine; agus

(b) córas éifeachtach um rialú náisiúnta onnmhairí a bhunú, lena rialófar onnmhairiú agus aistriú AOSanna a bhaineann le hearraí, lena n- áirítear rialú ar úsáid deiridh AOSanna i gcás teicneolaíochtaí dé- úsáide, agus ina mbeidh smachtbhannaí éifeachtacha ar sháruithe ar rialú onnmhairí.

4. Bunóidh na Páirtithe idirphlé polaitiúil tráthrialta chun dul in éineacht leis na gnéithe sin, agus a dhéanfaidh iad a chomhdhlúthú.

## AIRTEAGAL 5.4

### Na coireanna idirnáisiúnta is tromchúisí agus an Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta

1. Athdhearbhaíonn na Páirtithe nár cheart saoirse ó phionós a bheith ann i gcás na gcoireanna idirnáisiúnta is tromchúisí, amhail na coireanna a thagann faoi dhlínse na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta, agus gur cheart na coireanna sin a ionchúiseamh trí mhodhanna náisiúnta agus idirnáisiúnta, de réir mar is iomchuí, i gcomhréir le prionsabal na comhlántachta.

2. Ós rud é gur céim mhór chun cinn ar mhaithe le síocháin agus ceartas idirnáisiúnta é Cúirt Choiriúil Idirnáisiúnta éifeachtach a bheith ann, comhaontaíonn na Páirtithe oibriú i gcomhar le chéile chun aontachas uilíoch do Reacht na Róimhe den Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta a chur chun cinn, arna dhéanamh sa Róimh an 17 Iúil 1998 (dá ngairtear 'Reacht na Róimhe' anseo feasta), agus déanfaidh siad an méid seo a leanas chuige sin:

(a) leanúint de bhearta a dhéanamh chun Reacht na Róimhe agus a leasuithe a chur chun feidhme, agus chun na hionstraimí gaolmhara a dhaingniú agus a chur chun feidhme, amhail Comhaontú na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta maidir le Pribhléidí agus Díolúintí, arna ghlacadh i Nua-Eabhrac an 9 Meán Fómhair 2002;

(b) taithí a chomhroinnt, i gcás inarb iomchuí, maidir le reachtaíocht náisiúnta a ghlacadh arb é is aidhm di Reacht na Róimhe a chur chun feidhme go héifeachtach; agus

(c) bearta a dhéanamh chun sláine Reacht na Róimhe a chosaint.

AIRTEAGAL 5.5

Mionairm agus armáin éadroma agus gnáth- armáin eile

1. Comhaontaíonn na Páirtithe oibriú i gcomhar le chéile agus comhordú agus comhlántacht a áirithiú, agus plé a dhéanamh ar shineirgí féideartha ina n- iarrachtaí chun rialú na trádála idirnáisiúnta i ngnáth- airm a rialáil nó a fheabhsú agus chun an trádáil aindleathach i ngnáth- airm a chosc, a chomhrac agus a dhíothú, ar an leibhéal domhanda, réigiúnach agus foréigiúnach.

2. Ar an leibhéal domhanda, cuireann na Páirtithe i dtábhacht an creat uathúil a tháinig as an gConradh Trádála Arm, arna ghlacadh i Nua-Eabhrac an 2 Aibreán 2013 (dá ngairtear 'CTA' anseo feasta), chun an comhar agus an chomhlántacht sin a bhaint amach idir córais rialúcháin náisiúnta um aistrithe gnáth-arm, lena n-áirítear na forálacha a ghabhann leis maidir le comhar agus cúnamh. Comhaontaíonn siad freisin ar a thábhachtaí atá sé go ndéanfadh ballstáit uile na Náisiún Aontaithe CTA a uiliú agus a chur chun feidhme ina iomláine.

3. Aithníonn na Páirtithe, maidir le monarú aindleathach, aistriú agus cur i gcúrsaíocht mionarm agus armán éadrom, agus maidir lena gcarnadh iomarcach agus a leathadh gan rialú in an-chuid réigiún den domhan, go bhfuil raon leathan iarmhairtí daonnúla agus socheacnamaíocha ag baint leis an méid sin, agus gur bagairt thromchúiseach é don tsíocháin, don athmhuintearas, don tsábháilteacht, don tslándáil, don chobhsaíocht agus don fhorbairt inbhuanaithe ar an leibhéal aonair, áitiúil, náisiúnta, réigiúnach agus idirnáisiúnta.

4. Comhaontaíonn na Comhpháirtithe a n- oibleagáidí féin a chur chun feidhme go hiomlán chun déileáil leis an trádáil aindleathach i mionairm agus armáin éadroma, lena n- áirítear a n- armlón, faoi chomhaontuithe idirnáisiúnta atá ann cheana ar páirtí iontu iad, agus faoi rúin ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, chomh maith lena ngealltanais faoi chuimsiú ionstraimí idirnáisiúnta eile is infheidhme sa réimse sin, amhail Clár Gníomhaíochta na Náisiún Aontaithe chun gach gné den trádáil aindleathach i mionairm agus in armáin éadroma a chosc, a chomhrac agus a dhíothú.

5. Aithníonn na Páirtithe an tábhacht a bhaineann le córais intíre rialúcháin chun gnáth-airm a aistriú i gcomhréir leis na caighdeáin idirnáisiúnta atá ann cheana. Comhaontaíonn na Páirtithe na rialúcháin sin a chur i bhfeidhm ar bhealach freagrach, chun rannchuidiú leis an tsíoch※áin, an tslándáil agus an chobhsaíocht idirnáisiúnta agus réigiúnach, agus le fulaingt an duine a laghdú, agus chun rannchuidiú le hatreorú gnáth- armán a chosc.

AIRTEAGAL 5.6

Comhar i réimse na frithsceimhlitheoireachta

1. Athdhearbhaíonn na Páirtithe a ngealltanas maidir leis an gcomhrac in aghaidh frithsceimhlitheoireacht de gach cineál agus i ngach foirm, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta, na dlíthe i leith chearta an duine agus an dlí daonnúil idirnáisiúnta, rúin ábhartha na Náisiún Aontaithe agus a reachtaíocht, faoi seach.

2. Comhaontaíonn na Páirtithe oibriú i gcomhar le chéile agus, i gcás ina bhfuil leas comhpháirteach ann, gach gníomh sceimhlitheoireachta a chosc, a chomhrac agus a choiriúlú, i gcomhréir le hionstraimí na Náisiún Aontaithe ar páirtithe iontu iad.

3. Comhaontaíonn na Páirtithe gan cúnamh ná tearmann a sholáthar d'údair nó do thionscnóirí aon chineáil gníomhaíochta sceimhlitheoireachta, ná d'aon rannpháirtí eile inti, i gcomhréir le Rúin 1373 (2001) agus 1624 (2005) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. Oibreoidh siad i gcomhar le chéile, go háirithe maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) faoi chuimsiú chur chun feidhme iomlán Rúin 1267 (1999), 1373 (2001), 1624 (2005), 1904 (2009), 2178 (2014), 2253 (2015), 2322 (2016) agus 2331 (2016) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus rúin ábhartha eile de chuid na Náisiún Aontaithe, agus coinbhinsiúin agus ionstraimí idirnáisiúnta agus réigiúnacha;

(b) trí chomhar idir ballstáit na Náisiún Aontaithe a chur chun cinn chun Straitéis Dhomhanda Frithsceimhlitheoireachta na Náisiún Aontaithe a chur chun feidhme go héifeachtach;

(c) trí thaithí agus dea-chleachtais a mhalartú i réimse chosaint chearta an duine, an dlí dhaonnúil agus an dlí idirnáisiúnta sa chomhrac i gcoinne na sceimhlitheoireachta;

(d) trí thuairimí a mhalartú maidir leis na bealaí agus na modhanna a úsáidtear chun an sceimhlitheoireacht a chomhrac, lena n-áirítear comhar i réimsí teicniúla, agus oiliúint, agus trí thaithí agus dea-chleachtais a mhalartú i ndáil le hantoisceachas foréigneach as a n-eascraíonn sceimhlitheoireacht a chosc, go háirithe faoi chuimsiú chur chun feidhme ranna I agus IV de Straitéis Dhomhanda Frithsceimhlitheoireachta na Náisiún Aontaithe i ndáil leis an sceimhlitheoireacht a chosc; agus

(e) trí aghaidh a thabhairt ar na cúiseanna struchtúracha atá ina mbunús le feiniméan na sceimhlitheoireachta agus an antoisceachais fhoréignigh.

AIRTEAGAL 5.7

Comhar maidir le comhdhlúthú na síochána agus síochánaíocht

1. Athdhearbhaíonn na Páirtithe a ngealltanas oibriú i gcomhar le chéile chun an tsíocháin agus an tslándáil idirnáisiúnta a chur chun cinn faoi choimirce na Náisiún Aontaithe.

2. Maidir le comhdhlúthú síochána agus síochánaíochta na Náisiún Aontaithe, bunóidh na Páirtithe idirphlé i ndáil le saincheisteanna síochána agus slándála d’fhonn comhar a thionscnamh i réimse an fhothaithe acmhainneachta agus an mhalartaithe dea-chleachtas, i measc nithe eile.

AIRTEAGAL 5.8

Cúnamh daonnúil agus bainistiú riosca tubaistí

1. Athdhearbhaíonn na Páirtithe a ngealltanas maidir le Creat na Náisiún Aontaithe i réimse an laghdaithe agus na freagartha i gcás rioscaí tubaistí agus comhaontaíonn siad a aithint gur tosaíochtaí dá gcuid iad laghdú na leochaileachta agus an riosca agus cur chun cinn na hathléimneachta.

2. Chun na gcríoch a leagtar amach i mír 1, pléifidh na Páirtithe na féidearthachtaí maidir le cúnamh daonnúil agus gníomhaíochtaí freagartha i gcás tubaistí a chomhordú.

AIRTEAGAL 5.9

Comhar i bhfóraim agus in eagraíochtaí iltaobhacha, réigiúnacha agus idirnáisiúnta

1. Athdhearbhaíonn na Páirtithe a ngealltanas maidir le prionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe. Tá na Páirtithe araon tiomanta don iltaobhachas agus d'iarrachtaí chun feabhas a chur ar éifeachtacht fóram agus eagraíochtaí réigiúnacha agus idirnáisiúnta, amhail NA agus a eagraíochtaí agus a ghníomhaireachtaí speisialaithe, agus fóraim iltaobhacha eile.

2. Coinneoidh na Páirtithe sásraí comhairliúcháin éifeachtacha ar bun ar imeall fóram iltaobhach. Agus iad i láthair na Náisiún Aontaithe, bunóidh na Páirtithe sásraí iomchuí comhairliúcháin ag Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe agus ag Oifigí na Náisiún Aontaithe de réir mar is iomchuí agus de réir mar a chomhaontóidh na Páirtithe.

AIRTEAGAL 5.10

An chibearshlándáil agus teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide

Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá an comhar agus an malartú tuairimí i réimse na cibearshlándála, maidir le húsáid teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide (dá ngairtear 'TFCanna' anseo feasta), i gcomhthéacs na síochána agus na slándála idirnáisiúnta, lena n-áirítear comhar agus malartú tuairimí maidir le noirm, rialacha agus prionsabail a bhaineann le hiompar freagrach Stát, cur i bhfeidhm an dlí idirnáisiúnta maidir le húsáid TFCanna, agus forbairt beart forbartha muiníne agus fothaithe acmhainneachta.

AIRTEAGAL 5.11

Cibearchoireacht

1. Aithníonn na Páirtithe gur fadhb dhomhanda í an chibearchoireacht atá ag dul i méid de réir a chéile, agus go bhfuil gá le freagairtí iltaobhacha, réigiúnacha agus náisiúnta ina leith. Neartóidh na Páirtithe an comhar chun an chibearchoireacht a chosc agus a chomhrac trí fhaisnéis agus comhar praiticiúil a mhalartú, i gcomhréir lena reachtaíocht, faoi seach, agus leis na hionstraimí dlíthiúla idirnáisiúnta is infheidhme maidir leis an gcibearchoireacht. Féachfaidh na Páirtithe le hoibriú le chéile i gcás inarb iomchuí chun dlíthe, beartais agus cleachtais éifeachtacha a fhorbairt chun an chibearchoireacht a chosc agus a chomhrac, cibé áit a dtarlaíonn sí.

2. Malartóidh na Páirtithe faisnéis, de réir mar is iomchuí laistigh dá gcreataí dlíthiúla féin, lena n-áirítear faisnéis sna réimsí imscrúdaitheoirí cibearchoireachta a theagasc agus a oiliúint, imscrúduithe cibearchoireachta a dhéanamh, agus fóiréinsice digití.

CAIBIDIL 6

COMHAR MAIDIR LE CEARTAS, SAOIRSE AGUS SLÁNDÁIL

AIRTEAGAL 6.1

Imirce agus cosaint idirnáisiúnta dídeanaithe

1. Athdhearbhaíonn na Páirtithe a thábhachtaí atá sé dóibh déileáil go héifeachtach le sreabha imirce agus comhaontaíonn siad a gcomhar a neartú maidir le saincheisteanna imirce ar bhonn phrionsabal na ceannasachta náisiúnta, na freagrachta comhroinnte agus saincheisteanna gaolmhara amhail rannchuidiú féideartha eacnamaíoch, sóisialta agus cultúrtha na n-imirceach le tíortha tionscnaimh, tíortha idirthurais agus tíortha cinn scríbe.

2. Díreoidh na Páirtithe go háirithe ar an méid seo a leanas:

(a) na bunchúiseanna leis an imirce;

(b) gluaiseacht a náisiúnach idir a gcríocha a éascú i gcomhréir leis an dlí is infheidhme agus lena n-inniúlachtaí, faoi seach;

(c) cearta daonna na n-imirceach uile agus a dteaghlach a urramú go hiomlán, chomh maith le bearta in aghaidh an chiníochais agus na seineafóibe;

(d) gné na hinscne maidir leis an imirce a phríomhshruthú;

(e) athaontú teaghlaigh, i gcomhréir leis an dlí is infheidhme, lena n-áirítear an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine;

(f) an comhar dé-réigiúnach chun smuigleáil imirceach agus gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac, go háirithe leanaí agus daoine i staideanna leochaileacha, lena n-áirítear mná atá i mbaol, agus chun íospartaigh a chosaint, i gcomhréir leis an gCoinbhinsiún in aghaidh na Coireachta Eagraithe Trasnáisiúnta, arna ghlacadh i Nua-Eabhrac an 15 Samhain 2000, agus na Prótacail Bhreise a ghabhann leis maidir le Gáinneáil ar Dhaoine agus Imircigh a Smuigleáil;

(g) malartuithe rialta faisnéise maidir le bearta reachtacha agus riaracháin is infheidhme i ndáil le himircigh, agus malartuithe taithí maidir le saincheisteanna imirce;

(h) ábhair a eascraíonn as cur chun feidhme na n-ionstraimí idirnáisiúnta ábhartha maidir le dídeanaithe agus iarrthóirí tearmainn a chosaint;

(i) plé a dhéanamh ar dheiseanna comhair ar an leibhéal réigiúnach maidir le hathlonnú deonach agus cineálacha eile ligean isteach dídeanaithe ar fhoras daonnúil, mar chuid de theacht ar réitigh chomhchoiteanna ar fheiniméan domhanda na n-aistrithe móra dídeanaithe, feiniméan atá ag dul i méid; agus

(j) comhar dé-réigiúnach chun imirce neamhrialta a chosc.

3. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun imirce shábháilte, ordúil agus rialta a áirithiú, chun a náisiúnaigh féin atá ag fanacht go neamhrialta i gcríoch an Pháirtí eile a athligean isteach, agus chun gáinneáil ar dhaoine agus smuigleáil imirceach a chomhrac. Oibreoidh siad i gcomhar le chéile freisin maidir le malartú faisnéise, mar aon le comhroinnt sonraí agus staidrimh i ndáil leis an imirce.

4. Déanfaidh gach Ballstát den Aontas Eorpach agus gach Stát Sínithe MERCOSUR a náisiúnaigh féin atá ag fanacht go neamhrialta i gcríoch an Pháirtí eile a athligean isteach arna iarraidh sin don Pháirtí eile. Cuirfear doiciméid taistil iomchuí ar fáil chun na críche sin, lena n-áiritheofar filleadh éifeachtach. Áiritheoidh na Páirtithe cóir shábháilte dhíniteach le haghaidh imircigh atá ag fanacht go neamhrialta. Maidir le daoine nach ligtear isteach, áiritheofar freisin go gcuirfear ar ais iad faoi dhálaí daonna, díniteacha agus cothroma, i gcomhréir leis an dlí is infheidhme, lena n-áirítear na leigheasanna dá bhforáiltear ann.

5. Arna iarraidh sin do cheann de na Páirtithe, féachfaidh Stáit Sínithe MERCOSUR go haonair agus an tAontas nó aon cheann de na Ballstáit go haonair le comhaontuithe sonracha a chaibidliú agus a thabhairt i gcrích, chun an comhar idir na húdaráis inniúla a éascú a thuilleadh chun náisiúnaigh atá ag fanacht go neamhrialta i gcríoch an Pháirtí eile atá le hathligean isteach a shainaithint agus a dhoiciméadú. Leis na comhaontuithe sin, thabharfaí aghaidh freisin ar athligean isteach daoine nach náisiúnaigh dá gcuid iad ach a bhfuil údarú cónaithe bailí acu arna eisiúint ag ceann de na Páirtithe, nó a chuaigh isteach i gcríoch Páirtí amháin agus iad ag teacht díreach ó chríoch an Pháirtí eile.

6. Déanfaidh na Páirtithe forbairt agus cur chun feidhme reachtaíochta agus cleachtas náisiúnta a chur chun cinn a mhéid a bhaineann le cosaint idirnáisiúnta dídeanaithe, d'fhonn forálacha Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe i dtaobh Stádas Dídeanaithe, arna dhéanamh sa Ghinéiv an 28 Iúil 1951, agus fhorálacha Phrótacal 1967 a ghabhann leis, agus ionstraimí ábhartha réigiúnacha agus idirnáisiúnta eile a chomhlíonadh chun urraim do phrionsabal an *non-refoulement* a áirithiú. Díreoidh na Páirtithe go háirithe ar phlé a dhéanamh faoi dheiseanna comhair ar an leibhéal réigiúnach maidir le hathlonnú deonach agus cineálacha eile ligean isteach dídeanaithe ar fhoras daonnúil, mar chuid de theacht ar réitigh chomhchoiteanna ar fheiniméan domhanda na n-aistrithe móra dídeanaithe, feiniméan atá ag dul i méid.

AIRTEAGAL 6.2

Comhar dlíthiúil agus breithiúnach

1. Forbróidh na Páirtithe comhar breithiúnach in ábhair shibhialta, go háirithe a mhéid a bhaineann le caibidliú, daingniú agus cur chun feidhme coinbhinsiún iltaobhach maidir le comhar breithiúnach sibhialta, agus go háirithe Coinbhinsiúin Chomhdháil na Háige maidir leis an Dlí Idirnáisiúnta Príobháideach i réimse na dlíthíochta agus an chomhair dhlíthiúil idirnáisiúnta, chomh maith le cosaint leanaí.

2. Comhaontaíonn na Páirtithe an comhar breithiúnach in ábhair choiriúla a neartú ar bhonn chaighdeáin ábhartha na Náisiún Aontaithe, eagraíochtaí idirnáisiúnta agus réigiúnacha amhail Comhairle na hEorpa agus Eagraíocht na Stát Meiriceánach, go háirithe i réimse an chúnaimh fhrithpháirtigh dlí, an eiseachadta agus an aistrithe príosúnach.

AIRTEAGAL 6.3

Comhar maidir le fadhb dhomhanda na ndrugaí a chomhrac

1. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile, ar bhonn phrionsabal na comhfhreagrachta agus na freagrachta comhroinnte, chun cur chuige cothrom comhtháite a áirithiú i leith aghaidh a thabhairt ar gach gné d'fhadhb dhomhanda na ndrugaí, lena n-áirítear dúshláin amhail substaintí sícighníomhacha nua. I ndáil leis an méid sin, ba cheart beartais agus gníomhaíochtaí drugaí a bheith dírithe ar struchtúir a threisiú, an soláthar drugaí aindleathacha, gáinneáil orthu agus an t-éileamh orthu a laghdú, déileáil leis na hiarmhairtí sláinte agus sóisialta a bhaineann le mí-úsáid drugaí d'fhonn díobháil a laghdú, agus cosc níos éifeachtaí a chur ar atreorú réamhtheachtaithe ceimiceacha a úsáidtear chun drugaí támhshuanacha agus substaintí síceatrópacha a mhonarú go haindleathach.

2. Comhaontóidh na Páirtithe ar na modhanna comhair a bhfuil gá leo chun na cuspóirí dá dtagraítear i mír 1 a bhaint amach. Beidh na gníomhaíochtaí bunaithe ar phrionsabail a chomhaontófar go frithpháirteach, agus a bheidh ar aon dul, go háirithe, le trí Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Rialú Drugaí 1961, 1971 agus 1988 agus leis an Doiciméad Deiridh ó Sheisiún Speisialta Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe maidir le Fadhb Dhomhanda na nDrugaí, arna ghlacadh i Nua-Eabhrac an 19 Aibreán 2016.

3. Comhaontaíonn na Páirtithe tacú le forbairt beartas agus beart chun aghaidh a thabhairt ar fhadhb dhomhanda na ndrugaí, agus na beartais agus bearta sin a chur chun cinn.

AIRTEAGAL 6.4

Comhar maidir leis an éilliú agus an choireacht trasteorann a chomhrac,
maidir le frithsciúradh airgid agus maidir le maoiniú na sceimhlitheoireachta a chomhrac

1. I gcomhréir le dlíthe agus rialacháin inmheánacha na bPáirtithe, agus lena n-ionstraimí déthaobhacha agus idirnáisiúnta is infheidhme, amhail Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh na Coireachta Eagraithe Trasnáisiúnta, arna ghlacadh i Nua-Eabhrac an 15 Nollaig 2000, agus a phrótacail, agus Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh an éillithe, arna ghlacadh i Nua-Eabhrac an 31 Deireadh Fómhair 2003, neartóidh siad a gcomhar sa chomhrac in aghaidh na coireachta eagraithe trasnáisiúnta agus an éillithe, lena n-áirítear gníomhaíochtaí coisctheacha agus imscrúdúcháin, ciontóirí a ionchúiseamh, agus cúnamh frithpháirteach dlí.

2. Comhaontaíonn na Páirtithe gur gá dóibh oibriú i dtreo cosc a chur go héifeachtach ar úsáid a n-institiúidí airgeadais agus a ngnólachtaí agus gairmeacha neamhairgeadais ainmnithe chun sceimhlitheoireacht a mhaoiniú agus chun fáltais ó ghníomhaíochtaí coiriúla a sciúradh, agus gur gá dóibh an méid sin a chomhrac, lena n-áirítear gáinneáil ar dhrugaí, gáinneáil ar dhaoine, go háirithe leanaí, mná atá i mbaol agus daoine eile i gcásanna leochaileacha, gáinneáil ar airm agus éilliú, i gcomhréir le moltaí an Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais (dá ngairtear 'TFGA' anseo feasta) agus obair an Ghrúpa Mheiriceá Laidinigh um Ghníomhaíocht Airgeadais á cur san áireamh.

3. Comhaontaíonn na Páirtithe oibriú i gcomhar le chéile d'fhonn sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chomhrac agus a chosc agus d'fhonn cur chun feidhme éifeachtach iomlán mholtaí TFGA a áirithiú, agus obair an Ghrúpa Mheiriceá Laidinigh um Ghníomhaíocht Airgeadais á cur san áireamh. Cuimsítear sa chomhar sin sócmhainní nó cistí a dhíorthaítear ó fháltais ón gcoireacht a rianú, a shainaithint, a urghabháil, a choigistiú, a aisghabháil agus a thabhairt ar ais.

4. Leis an gcomhar dá dtagraítear i mír 3, beifear in ann faisnéis ábhartha a mhalartú faoi chuimsiú dhlíthe agus rialacháin gach Páirtí agus i gcomhréir leis na caighdeáin idirnáisiúnta chun sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc agus a chomhrac, i gcomhréir le moltaí TFGA, agus obair an Ghrúpa Mheiriceá Laidinigh um Ghníomhaíocht Airgeadais á cur san áireamh.

5. Comhaontaíonn na Páirtithe, faoi réir a ndlíthe agus a rialachán féin agus na n-ionstraimí déthaobhacha agus idirnáisiúnta is infheidhme, agus i gcomhréir leis an méid sin, bearta a dhéanamh chun tacú le fáltais ó ghníomhaíochtaí coiriúla a shainaithint, a rianú, a reo, a urghabháil agus a choigistiú.

## AIRTEAGAL 6.5

### Sonraí pearsanta

1. Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá sé na cearta bunúsacha chun príobháideachais agus chun cosanta sonraí a chur chun cinn agus a chosaint, lena n-áirítear slándáil sonraí pearsanta, mar ghné lárnach de mhuinín tomhaltóirí sa gheilleagar digiteach agus mar ghné fhíor-riachtanach chun malartuithe tráchtála agus comhar i bhforfheidhmiú an dlí a fhorbairt a thuilleadh.

2. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun cosaint éifeachtach na gceart dá dtagraítear i mír 1 a áirithiú, lena n-áirítear comhar i gcomhthéacs sceimhlitheoireacht agus coireanna trasnáisiúnta eile a chosc agus a chomhrac. Le comhar ar an leibhéal déthaobhach agus ar an leibhéal iltaobhach, cuirfear na gealltanais idirnáisiúnta atá ann cheana san áireamh, mar aon le dlíthe agus rialacháin na bPáirtithe féin i gcás inarb infheidhme. Féadfar fothú acmhainneachta, cúnamh teicniúil agus malartú faisnéise agus saineolais a áireamh leis sin.

## AIRTEAGAL 6.6

### Cosaint chonsalach

1. Aontaíonn gach Stát Sínithe MERCOSUR go gcuirfidh údaráis taidhleoireachta agus chonsalacha aon Bhallstáit den Aontas Eorpach a bhfuil ionadaíocht á déanamh dó, cosaint ar fáil d'aon náisiúnach de chuid Ballstáit den Aontas Eorpach nach bhfuil buanionadaíocht aige ina chríoch agus atá in ann cosaint chonsalach a chur ar fáil i gcás ar leith, faoi na coinníollacha céanna a bhaineann le náisiúnaigh an Bhallstáit sin den Aontas Eorpach.

2. Aontaíonn gach Ballstát den Aontas Eorpach go gcuirfidh údaráis taidhleoireachta agus chonsalacha aon Stáit Sínithe MERCOSUR a bhfuil ionadaíocht á déanamh dó cosaint ar fáil d'aon náisiúnach de chuid Stáit Sínithe MERCOSUR nach bhfuil buanionadaíocht aige ina chríoch agus atá in ann cosaint chonsalach a chur ar fáil i gcás ar leith.

## CAIBIDIL 7

## COMHAR MAIDIR LE FORBAIRT INBHUANAITHE

### AIRTEAGAL 7.1

### Cuspóirí agus modhanna oibre

1. Athdhearbhaíonn na Páirtithe a ngealltanas forbairt eacnamaíoch inbhuanaithe chuimsitheach a chur chun cinn, chun rannchuidiú leis na prionsabail a leagtar amach i nDearbhú Rio maidir leis an gComhshaol agus leis an bhForbairt arna ghlacadh ag Comhdháil na Náisiún Aontaithe ar Chomhshaol agus Forbairt in 1992 (dá ngairtear 'Dearbhú Rio maidir leis an gComhshaol agus leis an bhForbairt 1992' anseo feasta), le tacaíocht ó Dhoiciméad Toraidh Chomhdháil na Náisiún Aontaithe ar Fhorbairt Inbhuanaithe 2012, arna ionchorprú i Rún 66/288 arna ghlacadh ag Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 27 Iúil 2012 dar teideal 'An Todhchaí atá Uainn' (dá ngairtear 'Doiciméad Deiridh Chomhdháil na Náisiún Aontaithe ar Fhorbairt Inbhuanaithe 2012 dar teideal 'An Todhchaí atá Uainn') agus Clár Oibre 2030. Faoi chuimsiú an mhéid sin, oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun na SFInna a chur chun feidhme agus a bhaint amach, ag aithint dóibh go bhfuil gá le gníomhaíocht phráinneach mar gheall ar chineál leathan uaillmhianach na SFInna.

2. Aithníonn na Páirtithe go bhfuil an t-idirphlé agus an comhar fíor-riachtanach chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann leis na SFInna a bhaint amach, agus aithníonn siad freisin a thábhachtaí atá rannpháirtíocht ilpháirtithe leasmhara, lena n-áirítear an earnáil phríobháideach agus an tsochaí shibhialta, sa chomhar idirnáisiúnta.

3. Oibreoidh na Páirtithe i dtreo an fás eacnamaíoch a chomhdhlúthú sa chaoi go laghdófar neamhionannais agus go n-urramófar prionsabail na forbartha inbhuanaithe.

4. Ba cheart do na Páirtithe patrúin inbhuanaithe tomhaltais agus táirgthe a chur chun cinn agus feasacht a mhúscailt maidir leis na costais eacnamaíocha agus shóisialta a bhaineann leis an damáiste don chomhshaol agus an tionchar gaolmhar a bhíonn aige sin ar fholláine an duine.

5. Cuirfidh na Páirtithe forbairt inbhuanaithe chun cinn trí idirphlé, trí dhea-chleachtais a roinnt, trí dhea-rialachas agus trí bhainistíocht fhónta airgeadais.

6. Tá sprioc choiteann ag na Páirtithe deireadh a chur leis an mbochtaineacht agus tacú le forbairt eacnamaíoch chuimsitheach, agus oibreoidh siad i gcomhar le chéile aon uair is féidir chun an aidhm sin a bhaint amach.

7. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun cur chun feidhme Chlár Oibre 2030 agus modheolaíochtaí na hoibre leantaí a neartú, mar aon leis an gcuntasacht dá saoránaigh maidir le cur chun feidhme torthaí a bhaineann le faireachán ar Chlár Oibre 2030 agus meastóireacht ar ghníomhaíochtaí comhair, lena n-áirítear sonraí cáilíochtúla agus cainníochtúla, agus an tionchar ar an láthair á chur san áireamh.

8. Agus aitheantas á thabhairt ag na Páirtithe don chomhionannas inscne agus do chumhachtú na mban agus na gcailíní mar ghné fhíor-riachtanach den fhorbairt inbhuanaithe, pléifidh siad scéimeanna breise i ndáil le comhar.

9. Cuirfidh na Páirtithe struchtúir don chomhar Theas–Theas agus don chomhar triantánach chun cinn. Is éard a bheidh i gceist leis an gcomhar sin tionscnaimh chomhpháirteacha a bhunú le tríú tíortha d'fhonn oibriú le chéile chun tacú le ceapadh agus cur chun feidhme straitéisí il-leibhéil le haghaidh Chlár Oibre 2030, chomh maith le haon chomhaontuithe déréigiúnacha agus idirnáisiúnta ábhartha eile a bheidh ann amach anseo maidir leis an bhforbairt inbhuanaithe.

10. Tuigeann na Páirtithe cineál cuimsitheach na SFInna. Sa chomhthéacs sin, ba cheart do na Páirtithe comhpháirtíochtaí nuálacha a spreagadh, ina gcuimsítear cur chuige ilpháirtí leasmhair chun tionscnaimh forbartha idirnáisiúnta a chur chun cinn agus a chur chun feidhme. Féadfar an earnáil phríobháideach, an tsochaí shibhialta eagraithe, eagraíochtaí daonchairdiúla agus údaráis áitiúla agus réigiúnacha a áireamh ar na comhpháirtíochtaí sin.

11. Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá cur chuige cuimsitheach i leith na forbartha sóisialta, cur chuige nach mór é a bheith fite fuaite san fhorbairt eacnamaíoch agus san inbhuanaitheacht comhshaoil. Tabharfaidh siad tosaíocht do lánfhostaíocht, cuimsiú agus comhtháthú sóisialta a chur chun cinn, mar aon le rannpháirtíocht na sochaí sibhialta. I gcomhréir le cuspóirí SFI 8, cuirfidh siad obair chuibhiúil do chách chun cinn mar a fhoráiltear le Dearbhú na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (dá ngairtear 'EIS' anseo feasta) maidir le Ceartas Sóisialta do Dhomhandú Cothrom, arna ghlacadh ag an gComhdháil Idirnáisiúnta Saothair ag a 97ú Seisiún sa Ghinéiv an 10 Meitheamh 2008 (dá ngairtear 'Dearbhú EIS maidir le Ceartas Sóisialta don Domhandú Cothrom' anseo feasta).

AIRTEAGAL 7.2

Comhar AE–MERCOSUR agus comhar déthaobhach a chur chun feidhme

1. Ní dhéanfaidh forálacha an Chomhaontaithe seo difear do chur chun feidhme clár, tionscadal agus gníomhaíochtaí faoi Chreat-Chomhaontú Idir-Réigiúnach Comhair 1995, agus ní dhéanfaidh siad difear do chomhar déthaobhach atá ann faoi láthair nó a bheidh ann amach anseo, arna fhorbairt ar bhonn ionstraimí clársceidealaithe déthaobhacha, amhail cláir tháscacha nó aon ionstraim ábhartha eile.

2. Déanfar comhar i gcomhréir leis na prionsabail agus na beartais ábhartha arna gcomhaontú go hidirnáisiúnta a bhfuil an dá Pháirtí ag cloí leo, agus i gcomhréir le creat reachtach ábhartha an Aontais Eorpaigh ar thaobh amháin, agus MERCOSUR agus a Stáit Sínithe, ar an taobh eile.

AIRTEAGAL 7.3

Socruithe maidir le héascú

Áiritheoidh na Páirtithe, de réir mar is iomchuí, na díolúintí custaim agus cánach agus na saoráidí víosa is gá chun na tionscnaimh chomhair a comhaontaíodh faoin gCuid seo den Chomhaontú agus faoin bPrótacal maidir le Comhar a chur chun feidhme.

AIRTEAGAL 7.4

Comhar maidir le riarachán poiblí

Tabharfaidh na Páirtithe comhar agus idirphlé isteach chun gníomhaíochtaí a shainaithint arb é is aidhm dóibh acmhainneachtaí a fhorbairt chun beartais phoiblí a cheapadh agus a chur chun feidhme go héifeachtach, agus chun meastóireacht a dhéanamh orthu. I ndáil leis sin, oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile in ábhair a bhaineann le riarachán poiblí agus institiúidí poiblí d’fhonn acmhainneachtaí institiúideacha a neartú, lena n-áirítear an méid sin a dhéanamh trí aistriú feasa gnó agus oiliúint pearsanra rialtais a chur chun cinn, trí phróisis bhainistíochta córas riaracháin phoiblí a fheabhsú, agus trí nuachóiriú creataí rialála a éascú chun an Comhaontú seo a chur chun feidhme go héifeachtach.

AIRTEAGAL 7.5

An comhshaol

1. Ba cheart é a bheith d’aidhm ag an gcomhar comhshaoil rannchuidiú le cosaint, caomhnú agus úsáid inbhuanaithe acmhainní nádúrtha agus le forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn trí chomhordú, trí chomhtháthú agus trí mhachnamh a dhéanamh go comhthacúil ar na trí ghné lena mbaineann — an ghné eacnamaíoch, an ghné shóisialta agus an ghné chomhshaoil — i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar amach i nDearbhú Rio maidir leis an gComhshaol agus leis an bhForbairt 1992, le tacaíocht ó Dhoiciméad Deiridh Chomhdháil na Náisiún Aontaithe ar Fhorbairt Inbhuanaithe 2012 dar teideal ‘An Todhchaí atá Uainn’ agus Clár Oibre 2030, agus réaltachtaí, acmhainneachtaí agus leibhéil forbartha náisiúnta éagsúla á gcur san áireamh agus beartais agus tosaíochtaí náisiúnta á n-urramú.

2. Leis an gcomhar comhshaoil ba cheart díriú ar an méid seo a leanas go háirithe:

(a) faisnéis, saineolas teicniúil, cleachtais chomhshaoil agus taithí a mhalartú maidir le cláir, tionscadail agus rialacháin lena gcuirtear cosaint, caomhnú, athbhunú agus úsáid inbhuanaithe acmhainní nádúrtha agus forbairt inbhuanaithe chun cinn, go háirithe i ndáil leis an reachtaíocht is infheidhme agus le gealltanais agus spriocanna idirnáisiúnta;

(b) comhaontuithe iltaobhacha comhshaoil agus torthaí Chomhthionól Comhshaoil na Náisiún Aontaithe a chur chun feidhme agus spriocanna comhshaoil a chur chun cinn;

(c) aird ar an gcomhshaol a phríomhshruthú i ngach earnáil comhair;

(d) caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta, agus comhroinnt chothrom chothromasach na dtairbhí a eascraíonn as úsáid acmhainní géiniteacha, agus aon fhormáid á cur san áireamh, trí bhíthin rochtain iomchuí ar na hacmhainní sin, i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta, chomh maith le comhar maidir le huisce, ceimiceáin, dramhaíl agus réimsí tosaíochta eile a chomhaontófar go frithpháirteach;

(e) comhar maidir le forbairt, scaipeadh, leathadh agus aistriú éicitheicneolaíochtaí chuig tíortha i mbéal forbartha agus an comhar sin a spreagadh, ar théarmaí fabhracha, lena n-áirítear téarmaí lamháltais agus fabhracha, mar a chomhaontófar go frithpháirteach;

(f) maidir leis na modhanna cur chun feidhme i dtreo straitéisí náisiúnta forbartha inbhuanaithe a bhaint amach ina n-iomláine, infhaighteacht na modhanna sin i dtíortha i mbéal forbartha a mhéadú, agus aitheantas á thabhairt don phráinn a bhaineann le déileáil lena gcineál leathan uaillmhianach, agus rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara á héascú de réir mar is iomchuí. Faoin gComhaontú seo, leis an gcomhar comhshaoil ba cheart forbairt bonneagair atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a chur chun cinn freisin.

AIRTEAGAL 7.6

Forbairt uirbeach inbhuanaithe

1. Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá beartais chun forbairt uirbeach inbhuanaithe a chur chun cinn agus a thábhachtaí atá an gá le rannchuidiú le cur chun feidhme éifeachtach an Chláir Oibre Uirbigh Nua arna ghlacadh ag Comhdháil na Náisiún Aontaithe maidir le Tithíocht agus Forbairt Uirbeach Inbhuanaithe (HABITAT III) agus leis na gnéithe de Chlár Oibre 2030 atá ábhartha maidir leis an bhforbairt uirbeach inbhuanaithe.

2. Cuirfidh na Páirtithe comhar agus comhpháirtíocht chun cinn, lena mbeidh baint ag na príomhghníomhaithe uile atá ábhartha maidir le beartas agus cleachtas i réimse na forbartha uirbí inbhuanaithe, go háirithe comhar maidir le bealaí chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin uirbeacha ar bhealach comhtháite cuimsitheach.

3. Déanfaidh na Páirtithe comhroinnt eolais agus malartú taithí a chur chun cinn, *inter alia*, maidir le laghdú rioscaí tubaiste agus beartais bhainistíochta arb é is aidhm dóibh athléimneacht cathracha agus lonnaíochtaí daonna a neartú. Déanfaidh na Páirtithe amhlaidh, *inter alia*, trí bhonneagar ardcháilíochta agus pleanáil spásúil a fhorbairt agus trí phleananna forbartha uirbí a chur chun feidhme. Leis na pleananna sin, ba cheart breithniú a dhéanamh ar phríomhábhair amhail úsáid éifeachtach foinsí fuinnimh in-athnuaite, cuimsiú uirbeach, agus na leibhéil éagsúla uirbithe sa domhan theas á gcur san áireamh, agus sásraí maoiniúcháin le haghaidh tionscadail forbartha uirbí ar an leibhéal áitiúil, náisiúnta agus réigiúnach.

4. Chuige sin, geallfaidh na Páirtithe go leathnóidh siad, nuair is féidir, deiseanna nithiúla le haghaidh comhar díláraithe idir cathracha ar an leibhéal réigiúnach agus idirnáisiúnta, d’fhonn rialachas uirbeach agus fothú acmhainneachta a fheabhsú trí thaithí agus cleachtas a mhalartú, chomh maith le foghlaim fhrithpháirteach, maidir le réitigh inbhuanaithe ar dhúshláin uirbeacha.

AIRTEAGAL 7.7

An t-athrú aeráide

1. Aithníonn na Páirtithe go n-éilíonn bagairt dhomhanda an athraithe aeráide an comhar is leithne is féidir ó gach tír chun astaíochtaí gás ceaptha teasa domhanda a laghdú agus chun oiriúnú d'éifeachtaí díobhálacha an athraithe aeráide ar bhealach nach gcuireann táirgeadh bia i mbaol, agus gurb iad na tíortha forbartha atá ar thús cadhnaíochta maidir leis sin fós. Athdhearbhaíonn na Páirtithe a ngealltanas maidir le cur chun feidhme Chomhaontú Pháras, arna ghlacadh faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide, arna dhéanamh i Nua-Eabhrac an 9 Bealtaine 1992 (dá ngairtear 'UNFCCC' anseo feasta), rud a léiríonn cothromas agus prionsabal freagrachtaí atá coiteann ach difreáilte, mar aon le cumas gach ceann de na Páirtithe, i bhfianaise imthosca náisiúnta éagsúla.

2. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile ar shaincheisteanna athraithe aeráide a bhaineann le trádáil, de réir mar is iomchuí, go déthaobhach, go réigiúnach agus i bhfóraim idirnáisiúnta ábhartha. Sa chomhthéacs sin, agus aitheantas á thabhairt do ról na trádála maidir le rannchuidiú leis an bhfreagairt ar bhagairt phráinneach an athraithe aeráide, leanfaidh gach Páirtí de bheith ina pháirtí, de mheon macánta, in UNFCCC agus i gComhaontú Pháras[1].

3. Comhaontaíonn na Páirtithe gur eilimint shár-riachtanach den Chomhaontú seo í an dara habairt de mhír 2.

---

[1] Ní áirítear sna hionstraimí idirnáisiúnta dá dtagraítear anseo leasuithe orthu ná ar a gcomhaontuithe comharba, ná cinntí, léirmhínithe ná aon ghníomh arna ghlacadh ag na comhlachtaí a mbíonn na hionstraimí sin á rialú acu, ach amháin má chomhaontaíonn na Páirtithe a mhalairt.

4. Ní dhéanann aon ní san Airteagal seo dochar do chearta Páirtí dul ar iontaoibh nósanna imeachta um réiteach díospóidí atá ar fáil faoi aon chomhaontú idirnáisiúnta eile a bhfuil na Páirtithe ina bpáirtithe ann, lena n-áirítear Comhaontú EDT.

5. Laistigh de raon feidhme a n-inniúlachtaí féin, agus ar bhonn UNFCCC agus Chomhaontú Pháras, ba cheart do na Páirtithe feabhas a chur ar an gcomhar agus ar an idirphlé beartais chun dlús a chur leis an aistriú chuig forbairt astaíochtaí ísle gás ceaptha teasa (dá ngairtear 'GCT' anseo feasta), i gcomhréir lena bhfreagrachtaí agus lena gcumais, agus faisnéis agus taithí a mhalartú maidir leis an méid seo a leanas, *inter alia*:

(a) an t-athrú aeráide a chomhrac, faoi threoir an chothromais agus na fianaise eolaíche, go háirithe trína gcuid rannchuidithe arna gcinneadh go náisiúnta a chur chun feidhme agus trí chomhar breise maidir le gníomhaíocht mhaolúcháin agus oiriúnúcháin chun Comhaontú Pháras a chur chun feidhme go héifeachtach;

(b) feabhas a chur ar chomhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a d'fhéadfadh tacú go héifeachtach le gníomhaíocht chun an t-athrú aeráide a chomhrac agus dul in oiriúint dá éifeachtaí díobhálacha;

(c) gníomhaíocht chomhoibríoch a chur chun cinn maidir le taighde, forbairt, leathadh, cur in úsáid agus aistriú teicneolaíochta chun athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide a fheabhsú agus chun astaíochtaí GCT a laghdú, lena n-áirítear an méid sin a dhéanamh trí idirphlé atá dírithe ar ghnó;

(d) faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh ar astaíochtaí GCT agus cláir mhaolúcháin agus oiriúnúcháin a fhorbairt agus a chur chun feidhme;

(e) cur chun feidhme Chomhaontú Pháras a chur i gcrích agus dálaí a chur i bhfeidhm chun forbairt GCT íseal a chothú, cur leis an gcumas oiriúnú do dhrochthionchair an athraithe aeráide agus athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide a chothú ar bhealach nach gcuireann táirgeadh bia i mbaol, i gcomhréir le hAirteagal 2 de Chomhaontú Pháras;

(f) a áirithiú go ndéanfar forbairt ghasta ar chreat trédhearcachta Chomhaontú Pháras le haghaidh forálacha gníomhaíochta agus tacaíochta, lena n-áirítear idirphlé beartais agus comhar i réimsí tosaíochta a chomhaontófar go frithpháirteach;

(g) beartais agus cláir aeráide intíre a chur chun cinn faoi chuimsiú Chomhaontú Pháras maidir le maolú agus oiriúnú, lena n-áirítear beartais agus cláir maidir le dífhoraoisiú agus díghrádú agus athbhunú foraoisí, chomh maith le modhanna chun fuinneamh in-athnuaite, éifeachtúlacht fuinnimh, iompar inbhuanaithe agus forbairt bonneagair inbhuanaithe aeráid-díonach a chur chun cinn; agus

(h) feabhas a chur ar réimsí eile idirphlé dhéthaobhaigh maidir le beartas um maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú don athrú aeráide nó aon réimse leasa fhrithpháirtigh eile a d'fhéadfadh teacht chun cinn, lena n-áirítear idirphlé i bhfóraim iltaobhacha ghaolmhara eile amhail an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta, an Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta agus Prótacal Montréal, arna thabhairt i gcrích in Montréal an 16 Meán Fómhair 1987, agus Leasú Kigali a ghabhann leis, nuair is infheidhme.

6. Chun na gcríoch sin, comhaontaíonn na Páirtithe feabhas a chur ar an gcomhar agus faisnéis agus taithí a mhalartú sa réimse sin, agus leanúint de na hoibleagáidí atá orthu cheana faoi UNFCCC agus faoi Chomhaontú Pháras. Chuige sin, cuirfidh tíortha forbartha acmhainní airgeadais ar fáil ar mhaithe leis an maolú agus an t-oiriúnú, agus cuirfidh siad maoiniú aeráide in úsáid ó réimse leathan foinsí, ionstraimí agus cainéal, agus riachtanais agus tosaíochtaí na bpáirtithe ar tíortha i mbéal forbartha iad á gcur san áireamh, chomh maith le modhanna eile cur chun feidhme chun na cuspóirí a leagtar amach i gComhaontú Pháras a bhaint amach.

## AIRTEAGAL 7.8

### Aigéin agus farraigí

1. Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá caomhnú agus úsáid inbhuanaithe acmhainní muirí, lena n-áirítear bainistiú inbhuanaithe freagrach an iascaigh, an dobharshaothraithe agus gníomhaíochtaí muirí eile, agus an méid a rannchuidíonn siad le deiseanna comhshaoil, eacnamaíocha agus sóisialta a sholáthar do na glúnta atá ann cheana agus do na glúnta atá le teacht, i gcomhthéacs úsáid agus chaomhnú inbhuanaithe na n-aigéan, na bhfarraigí agus na n-acmhainní muirí, agus é mar chuspóir fadtéarmach staid na n-aigéan a fheabhsú, lena n-áirítear an méid sin a dhéanamh trí chreat na n-institiúidí agus na bhfóram idirnáisiúnta a neartú, i gcás inarb iomchuí.

2. Geallann na Páirtithe an méid seo a leanas a dhéanamh ar bhealach atá comhsheasmhach lena n-oibleagáidí faoin dlí idirnáisiúnta, go háirithe UNCLOS:

(a) oibriú i gcomhar le chéile chun SFI 14 — ‘Na haigéin, na farraigí agus acmhainní muirí a chaomhnú agus a úsáid ar shlí inbhuanaithe’ — de Chlár Oibre 2030 a bhaint amach;

(b) comhar agus comhairliúchán níos fearr a chur chun cinn, de réir mar is iomchuí, laistigh d’eagraíochtaí, ionstraimí agus comhlachtaí inniúla idirnáisiúnta agus eatarthu, i gcás inarb infheidhme;

(c) bearta éifeachtacha faireacháin, rialaithe agus faireachais a ghlacadh chun cur chun feidhme éifeachtach beart caomhnaithe iascaigh a áirithiú;

(d) oibriú i gcomhar leis na Náisiúin Aontaithe chun ionstraim idirnáisiúnta atá ceangailteach ó thaobh dlí a fhorbairt faoi UNCLOS maidir le caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta muirí i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta; agus

(e) oibriú i gcomhar le chéile, i gcás inarb iomchuí, i gcomhlachtaí ábhartha foréigiúnacha, réigiúnacha agus iltaobhacha ina bhfuil na Páirtithe ina gcomhaltaí, ina mbreathnóirí nó ina bpáirtithe comhoibritheacha neamhchonarthacha, chun SFI 14 agus SFInna gaolmhara eile a bhaint amach.

3. Comhaontaíonn na Páirtithe an t-idirphlé agus an comhar a neartú maidir leis an méid seo a leanas:

(a) tacú le táirgeadh inbhuanaithe iascaigh, le hearnálacha feirmeoireachta éisc agus go háirithe le hacmhainní iascaigh a chaomhnú, lena n-áirítear comhar idir-réigiúnach féideartha i roinnt limistéar, ag brath ar leas an Stáit cósta, amhail comhar eolaíoch, teicneolaíoch, tionsclaíoch, eacnamaíoch agus tráchtála, chomh maith le forbairt institiúidí agus oiliúint;

(b) tacú le tionscal dobharshaothraithe atá freagrach ó thaobh an chomhshaoil de agus iomaíoch ó thaobh an gheilleagair de a fhorbairt;

(c) tacú le taighde eolaíoch muirí agus forbairt cumais taighde agus teicneolaíochta, agus cinntí eolaíochtbhunaithe a chur chun cinn;

(d) dea- chleachtais a mhalartú maidir le forbairt inbhuanaithe gníomhaíochtaí eacnamaíocha muirí atá chun leas na bPáirtithe, amhail fuinneamh muirí, loingseoireacht, turasóireacht chósta agus mhuirí, nó bith-theicneolaíocht mhuirí;

(e) iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte (dá ngairtear NNN anseo feasta) a chomhrac, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, malartú faisnéise maidir le gníomhaíochtaí NNN agus tacú leis an acmhainneacht theicniúil agus riaracháin a fhorbairt chun déileáil le hiascaireacht NNN;

(f) bearta caomhnaithe agus uirlisí bainistíochta limistéarbhunaithe a fhorbairt, lena n-áirítear limistéir mhuirí faoi chosaint, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus idirnáisiúnta agus bunaithe ar an bhfaisnéis eolaíoch is fearr atá ar fáil chun limistéir agus acmhainní cósta agus muirí a chosaint agus a athbhunú;

(g) an brú ar na haigéin a laghdú, *inter alia*, tríd an gcomhrac in aghaidh bruscar muirí agus truailliú, lena n-áirítear bruscar muirí agus truailliú ó fhoinsí ar talamh agus ó ghníomhaíochtaí muirí daonna;

(h) pleanáil spásúil mhuirí agus bainistiú comhtháite na limistéar cósta a chur chun cinn; agus

(i) aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a bhaineann leis an aeráid, amhail astaíochtaí GCT a oiriúnú agus a mhaolú, ardú ar leibhéal na mara, aigéadú na n-aigéan agus an chósta, agus truailliú aeir.

AIRTEAGAL 7.9

Comhar maidir le fuinneamh

1. Beidh sé d'aidhm ag na Páirtithe malartú smaointe, taithí agus dea-chleachtas a éascú maidir leis an gcaoi le rochtain ar fhuinneamh slán, inbhuanaithe agus inacmhainne a fheabhsú, lena n-áirítear an méid sin a dhéanamh trí infheistíochtaí nua agus aistriú teicneolaíochta a chothú idir oibreoirí eacnamaíocha poiblí agus príobháideacha na bPáirtithe, go háirithe maidir le leictreachas, hidreacarbón, fuinneamh in-athnuaite, lena n-áirítear a tháirgeadh agus a úsáid inbhuanaithe, bithbhreoslaí agus úsáid éifeachtúil fuinnimh.

2. Maidir le comhar faoin Airteagal seo, bunaithe ar phrionsabal cheart ceannasach na Stát a n-acmhainní nádúrtha féin a bhainistiú, d'fhonn rochtain ar fhuinneamh inacmhainne, iontaofa, inbhuanaithe agus nua-aimseartha a áirithiú do chách, beidh an comhar sin sna foirmeacha seo a leanas, *inter alia*:

(a) comhar idir institiúidí a bhíonn ag déileáil le saincheisteanna beartais, pleanála agus samhaltaithe in earnáil an fhuinnimh;

(b) torthaí taighde eolaíoch agus theicniúil agus eile ar an bhfuinneamh a mhalartú, chomh maith le taithí, foilseacháin, faisnéis agus sonraí faoin bhfuinneamh, lena n-áirítear forbairt banc sonraí comhpháirteach arna gcomhroinnt ag oibreoirí na bPáirtithe, i gcomhréir le dlíthe agus rialacháin gach Páirtí;

(c) comhdhálacha comhpháirteacha agus oiliúint theicniúil a chur chun cinn, lena n-áirítear an méid sin a dhéanamh ar leibhéal iarchéime;

(d) aistrithe teicneolaíochta, go háirithe na haistrithe sin a bhaineann le foinsí in-athnuaite fuinnimh;

(e) staidéir indéantachta a chur chun cinn agus tionscadail chomhpháirteacha a chur chun feidhme san earnáil fuinnimh idir oibreoirí eacnamaíocha poiblí agus príobháideacha agus institiúidí taighde na bPáirtithe;

(f) rannpháirtíocht oibreoirí eacnamaíocha ón dá réigiún i dtionscadail chomhpháirteacha teicneolaíochta, forbartha agus bonneagair, lena n-áirítear líonraí le tíortha eile; agus

(g) cuíchóiriú agus céimniú amach fóirdheontas neamhéifeachtúil breosla iontaise lena spreagtar tomhaltas diomailteach, agus riachtanais agus dálaí sonracha na dtíortha i mbéal forbartha á gcur san áireamh go hiomlán agus íoslaghdú á dhéanamh ar na drochthionchair a d'fhéadfadh a bheith ar a bhforbairt, agus an cuíchóiriú agus céimniú amach sin a dhéanamh ar bhealach a chosnóidh na pobail bhochta agus na pobail dá ndéantar difear.

AIRTEAGAL 7.10

Comhar maidir le hamhábhair

Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile i réimse na n-  amhábhar d'fhonn an méid seo a leanas a dhéanamh, *inter alia*:

(a) margaí idirnáisiúnta atá éifeachtúil, solúbtha, iomaíoch agus trédhearcach a chur chun cinn;

(b) malartú sonraí margaidh a chothú i réimse na n-amhábhar;

(d) taighde, forbairt agus nuálaíocht a chur chun cinn i réimse na n-amhábhar;

(e) malartú faisnéise agus dea-  chleachtas a chothú maidir le forbairtí i ndáil le beartas intíre; agus

(f) caighdeáin sábháilteachta agus cosanta comhshaoil a chur chun cinn le haghaidh oibríochtaí mianadóireachta amach ón gcósta, trí thrédhearcacht a mhéadú agus faisnéis a chomhroinnt, lena n-áirítear faisnéis maidir le sábháilteacht tionscail agus feidhmíocht chomhshaoil.

CAIBIDIL 8

COMHPHÁIRTÍOCHT SHÓISIALTA, EACNAMAÍOCH AGUS CHULTÚRTHA

AIRTEAGAL 8.1

Cuspóirí

1. Faoi chuimsiú chomhar na bPáirtithe, aithníonn siad go bhfuil sé de cheart ag gach pobal a bhforbairt eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha a shaothrú. Agus é á aithint ag na Páirtithe gur cheart don fhorbairt shóisialta dul chun cinn a dhéanamh i gcomhthráth leis an bhforbairt eacnamaíoch, comhaontaíonn siad oibriú i gcomhar le chéile chun cuimsiú agus comhtháthú sóisialta a fheabhsú tríd an mbochtaineacht, an éagóir agus an neamhionannas a laghdú.

2. Is iad príomhchuspóirí an chomhair eacnamaíoch rannchuidiú le naisc eacnamaíocha agus tráchtála idir na Páirtithe a leathnú, a éagsúlú agus a dhoimhniú, an earnáil táirgthe a neartú, agus aird ar leith á tabhairt ar FBManna, deiseanna nua a chruthú agus iomaíochas agus nuálaíocht idirnáisiúnta a mhéadú, agus próiseas an lánpháirtithe eacnamaíoch réigiúnaigh a threisiú.

3. Ba cheart an comhar eacnamaíoch a neartú mar mhodh chun rannchuidiú le maolú na n-impleachtaí eacnamaíocha a d’fhéadfadh teacht as athruithe struchtúracha a eascraíonn as an gComhaontú seo.

4. Aon bheart a d’fhéadfadh rannchuidiú le forbairt bhreise an lánpháirtithe réigiúnaigh nó le treisiú an chaidrimh idir-réigiúnaigh i réimsí sóisialta, eacnamaíocha agus cultúrtha idir na Páirtithe, ba cheart é a spreagadh.

AIRTEAGAL 8.2

Freagracht shóisialta chorparáideach

1. Cuirfidh na Páirtithe freagracht shóisialta chorparáideach chun cinn i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta, amhail Treoirlínte ECFE maidir le Fiontair Ilnáisiúnta agus Treoir ECFE um Dhícheall Cuí.

2. Tacaíonn na Páirtithe le scaipeadh agus cur chun feidhme, ar bhonn deonach, Phrionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine, agus béim á leagan acu ar an tábhacht a bhaineann le plé cuimsitheach leis na páirtithe leasmhara ábhartha uile.

3. Cuirfidh na Páirtithe chun cinn ionchorprú deonach phrionsabal na freagrachta sóisialta corparáidí nó phrionsabal an iompair gnó fhreagraigh ag cuideachtaí ina mbeartais inmheánacha, lena n-áirítear trí ghlacadh cleachtas ábhartha a spreagadh, i gcomhréir leis na hionstraimí idirnáisiúnta dá dtagraítear san Airteagal seo.

AIRTEAGAL 8.3

Comhar tionsclaíoch, deiseanna gnó
agus micrifhiontair, fiontair bheaga agus mheánmhéide agus fiontraithe

1. Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá sé FBManna a chur chun cinn agus an tionsclaíocht a neartú chun fás eacnamaíoch cuimsitheach inbhuanaithe a chothú ar fud na réigiún, mar aon le leibhéil níos airde comhtháthaithe shóisialta a chur chun cinn, agus bearnaí críochacha a dhúnadh, agus ar an gcaoi sin feabhas a chur ar an gcothromas i limistéir atá tite ar gcúl. Aithníonn na Páirtithe gur rannchuidiú dearfach é cur chun cinn iomaíochas FBManna le creatlach shóisialta neartaithe, trí bhíthin cruthú post agus laghdú na bochtaineachta, chomh maith le himpleachtaí eacnamaíocha eile a laghdú a d’fhéadfadh teacht as athruithe struchtúracha a eascraíonn as an gComhaontú seo.

2. Tacóidh na Páirtithe le cumhachtú eacnamaíoch na mban trí bhíthin fiontraíochta agus cruthú gnó.

3. Cuirfidh na Páirtithe an comhar tionsclaíoch chun cinn agus neartóidh siad an comhar maidir le FBManna, d’fhonn táirgiúlacht a fheabhsú agus feabhas a chur ar an iomaíochas chun borradh a chur faoin trádáil agus infheistíocht idir na Páirtithe, agus na deiseanna a sholáthraítear leis an gComhaontú seo don dá Pháirtí á gcothromú san am céanna.

4. Cuirfidh na Páirtithe timpeallacht tharraingteach chobhsaí chun cinn ar mhaithe le deiseanna gnó níos fearr a rachaidh chun tairbhe don dá thaobh, FBManna san áireamh, agus geallfaidh siad an comhar a neartú chun rannchuidiú le leathnú, éagsúlú agus doimhniú na nasc eacnamaíoch agus tráchtála idir na Páirtithe.

5. Comhaontaíonn na Páirtithe forbairt FBManna a chur chun cinn, glacadh le gnólachtaí tuaithe agus uirbeacha araon, agus tabhairt isteach FBManna i margaí idirnáisiúnta a spreagadh.

6. Féadfar na gníomhaíochtaí seo a leanas, lena gcumhdaítear gach cineál gnólachta, lena n-áirítear FBManna, a áireamh i gcur chun feidhme an Airteagail seo:

(a) tacú le teagmhálacha tráthrialta idir earnálacha gnó na bPáirtithe trí bhíthin imeachtaí nó misin gnólacht le gnólacht agus braisle le braisle, aontaí trádála, seimineáir agus cruinnithe comhchéime d’fhonn sainaithint agus scaipeadh faisnéise maidir le deiseanna gnó le haghaidh infheistíochta, comhar tionsclaíoch agus teicneolaíoch i réimsí leasa fhrithpháirtigh a chur chun cinn chomh maith le líonraí faisnéise agus comhar idir oibreoirí eacnamaíocha, go háirithe FBManna agus braislí, a chur chun cinn;

(b) dea-chleachtais a mhalartú a thacaíonn le forbairt thionsclaíoch, próisis nuálaíochta agus beartais thionsclaíocha, lena n-áirítear na beartais thionsclaíocha réigiúnacha a neartú chun feabhas a chur ar an iomaíochas in earnálacha tionsclaíocha leasa fhrithpháirtigh;

(c) tionscadail comhair thionsclaíoch a chur chun cinn, lena n-áirítear forbairt teicneolaíochta agus nuálaíocht, in earnálacha leasa fhrithpháirtigh;

(d) infheistíochtaí cómhalartacha agus comhpháirteacha a chur chun cinn agus comhfhiontair agus braislí a spreagadh agus próisis chomhlachais a bhunú in earnálacha straitéiseacha;

(e) sásraí a fhorbairt chun tacú le forbairt na hearnála príobháidí, rochtain ar mhaoiniú nuálach a éascú i gcomhréir le dlíthe agus rialacháin gach Páirtí agus comhar tionsclaíoch chun borradh a chur faoin táirgiúlacht, faoin nuálaíocht agus faoin iomaíochas, lena n-áirítear faisnéis atá cothrom le dáta a sholáthar faoi na hionstraimí maoiniúcháin atá ar fáil do FBManna;

(f) tacú le fiontair iad féin a chur in oiriúint don treocht atá ann faoi láthair maidir le huathoibriú agus malartú sonraí i dteicneolaíochtaí monaraíochta;

(g) tionscadail chomhpháirteacha a chur chun cinn i measc ionaid taighde atá dírithe ar theicneolaíocht, ar thionsclaíocht agus ar fheidhmchláir ón Aontas agus ó MERCOSUR; agus

(h) slabhraí luacha agus soláthair dé-réigiúnacha agus domhanda a neartú, lena n-áirítear forbairt soláthróirí don tionsclaíocht.

7. I dteannta an chomhair dá dtagraítear i mír 4, comhaontaíonn na Páirtithe go bhféadfadh an méid seo a leanas, *inter alia*, a bheith i gceist leis an gcomhar maidir le FBManna:

(a) malartú dea-chleachtas maidir le beartais phoiblí agus cláir phoiblí, creataí rialála, taithí, faisnéis ábhartha agus fios gnó a éascú chun tacú le fiontraíocht agus cruthú, forbairt agus nuálaíocht FBManna agus chun an méid sin a chur chun cinn;

(b) rannpháirtíocht FBManna in aontaí, i misin tráchtála agus i sásraí eile ar an leibhéal áitiúil agus idirnáisiúnta a chur chun cinn;

(c) dea-chleachtais a mhalartú a thacaíonn le rochtain FBManna ar mhargaí soláthair rialtais;

(d) tógáil ar chomhpháirtíochtaí rathúla atá ann cheana agus comhpháirtíochtaí straitéiseacha nua agus teagmhálacha a fhorbairt idir oibreoirí eacnamaíocha agus líonraí gnó trí bhíthin cláir chothrománacha de chuid an Aontais nó de chuid MERCOSUR atá ann cheana nó cláir chothrománacha nua atá dírithe ar FBManna;

(e) tacú le hidirnáisiúnú FBManna, lena n-áirítear comhar chun suíomhanna gréasáin speisialaithe a fhorbairt;

(f) rannpháirtíocht FBManna i gcláir chomhpháirteacha agus i dtreoirthionscadail a chur chun cinn, go háirithe in earnálacha amhail an geilleagar digiteach; agus

(g) tacaíocht agus saineolas a sholáthar maidir le seirbhísí forbartha gnó, lena n-áirítear córais bainistíochta cáilíochta, agus ríomhthráchtáil a chur chun cinn chun FBManna a neartú.

AIRTEAGAL 8.4

Cúrsaí cánach

Comhaontaíonn na Páirtithe oibriú i gcomhar le chéile ar bhonn dé-réigiúnach i gcúrsaí cánach agus geallann siad na caighdeáin dhomhanda maidir le trédhearcacht agus malartú faisnéise a chur chun feidhme, chomh maith leis na híoschaighdeáin in aghaidh chreimeadh an bhoinn agus aistriú brabúis.

AIRTEAGAL 8.5

Idirphlé maicreacnamaíoch

Cuirfidh na Páirtithe malartú faisnéise chun cinn maidir lena dtreochtaí agus a mbeartais mhaicreacnamaíocha féin, chomh maith le comhroinnt a dtaithí i ndáil le comhordú beartas maicreacnamaíoch. Chuige sin, beidh sé d’aidhm ag na Páirtithe an t-idirphlé i measc a n-údarás a dhoimhniú maidir le hábhair mhaicreacnamaíocha. Féadfar seimineáir agus comhdhálacha a eagrú mar chuid den chomhar sa réimse sin.

AIRTEAGAL 8.6

Comhar maidir le cearta tomhaltóirí

Aithníonn na Páirtithe an tábhacht a bhaineann le hardleibhéal cosanta tomhaltóirí agus, chuige sin, féachfaidh siad le hoibriú i gcomhar le chéile i réimse an bheartais tomhaltóirí. Comhaontaíonn na Páirtithe go bhféadfadh an méid seo a leanas a bheith i gceist leis an gcomhar sa réimse sin, a mhéid is féidir:

(a) faisnéis a mhalartú maidir lena gcreataí cosanta tomhaltóirí faoi seach, lena n-áirítear maidir le dlíthe tomhaltóirí, sábháilteacht táirgí tomhaltóirí, sásamh tomhaltóirí agus forfheidhmiú na reachtaíochta maidir le tomhaltóirí;

(b) forbairt comhlachas tomhaltóirí neamhspleách agus teagmhálacha idir ionadaithe tomhaltóirí a spreagadh; agus

(c) faisnéis a mhalartú agus gníomhaíochtaí comhpháirteacha a chur chun cinn idir comhlachtaí tomhaltóirí an dá Pháirtí le comhaontú frithpháirteach.

AIRTEAGAL 8.7

Comhar maidir le staidreamh

Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile i réimse an staidrimh d’fhonn inchomparáideacht sonraí staidrimh a áirithiú i measc Stáit Sínithe MERCOSUR agus idir MERCOSUR agus an tAontas Eorpach. D’fhéadfaí na gníomhaíochtaí a fhorbairt sna foirmeacha seo a leanas, *inter alia*:

(a) tacaíocht chun córas staidrimh a neartú, arna bhunú ar bhonn struchtúir riaracháin agus bunúis dlí a bheadh in ann na ceanglais riachtanacha maidir le faisnéis staidrimh a chomhlíonadh;

(b) tacaíocht do chur chun feidhme dea-chleachtas staidrimh atá bunaithe ar chaighdeáin a aithnítear go hidirnáisiúnta;

(c) forbairt faisnéise staidrimh inchomparáide, atá dírithe go príomha ar réimsí na trádála in earraí agus seirbhísí agus na hinfheistíochta dírí coigríche, chomh maith le forbairt táscairí maicreacnamaíocha inchomparáide; agus

(d) malartú dea-chleachtas agus taithí trí bhíthin, *inter alia*, oiliúna, ceardlann agus cuairteanna staidéir.

AIRTEAGAL 8.8

Taighde agus nuálaíocht

1. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile i réimsí an taighde eolaíoch, na forbartha teicneolaíche agus na nuálaíochta ar bhonn leasa choitinn agus comhthairbhe agus i gcomhréir lena reachtaíocht faoi seach. Beidh sé d'aidhm ag an gcomhar sin forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn, dul i ngleic le dúshláin dhomhanda, barr feabhais eolaíoch a bhaint amach, feabhas a chur ar iomaíochas réigiúnach agus an caidreamh idir na Páirtithe a neartú, agus a n-acmhainneachtaí taighde agus nuálaíochta agus a dtosaíochtaí sonracha á gcur san áireamh. Cothóidh na Páirtithe idirphlé beartais ar an leibhéal réigiúnach agus úsáidfidh siad a n- ionstraimí éagsúla, lena n- áirítear comhaontuithe maidir le comhar san eolaíocht, sa teicneolaíocht agus sa nuálaíocht, ar bhealaí comhlántacha.

2. Chun feabhas a chur ar na coinníollacha le haghaidh comhair, féachfaidh na Páirtithe leis an méid seo a leanas a dhéanamh freisin:

(a) soghluaisteacht taighdeoirí, eolaithe, saineolaithe, mac léinn agus fiontraithe a mhéadú, chomh maith le gluaiseacht trealaimh eolaíoch thar theorainneacha;

(b) rochtain chómhalartach a éascú ar chláir eolaíochta, theicneolaíochta agus nuálaíochta, bonneagair thaighde agus saoráidí taighde, sonraí foilseachán agus sonraí eolaíochta a chéile;

(c) an comhar a mhéadú i dtaighde agus caighdeánú réamhnormatach; agus

(d) cearta maoine intleachtúla a chur chun cinn i dtionscadail taighde agus nuálaíochta.

3. Cuirfidh na Páirtithe na gníomhaíochtaí seo a leanas chun cinn, *inter alia*, ar gníomhaíochtaí iad a bheidh le déanamh ag eagraíochtaí rialtais, ionaid taighde phoiblí agus phríobháideacha, institiúidí ardoideachais, líonraí agus gníomhaireachtaí nuálaíochta, chomh maith le páirtithe leasmhara eile; lena n- áirítear FBManna:

(a) tionscnaimh chomhpháirteacha chun feasacht a ardú faoi chláir eolaíochta, theicneolaíochta agus nuálaíochta agus cláir fothaithe acmhainneachta, mar aon le deiseanna chun bheith rannpháirteach i gcláir a chéile;

(b) cruinnithe agus ceardlanna comhpháirteacha a bheidh dírithe ar fhaisnéis agus dea- chleachtais a mhalartú agus réimsí a shainaithint le haghaidh taighde comhpháirteach;

(c) gníomhaíochtaí comhpháirteacha taighde i réimsí leasa choitinn; agus

(d) measúnú agus meastóireacht a aithnítear go frithpháirteach ar chomhar eolaíochta agus scaipeadh na dtorthaí comhfhreagracha.

AIRTEAGAL 8.9

Comhar maidir le cúrsaí iomaíochta

1. Rachaidh na Páirtithe i mbun gníomhaíochtaí fothaithe acmhainneachta i réimse an bheartais iomaíochta faoi réir cistiú a bheith ar fáil le haghaidh na ngníomhaíochtaí sin faoi ionstraimí agus cláir na bPáirtithe maidir le comhar.

2. Díreofar cúnamh teicniúil ar fhothú acmhainneachta institiúidí agus ar oiliúint acmhainní daonna na n-údarás iomaíochta, chun tacú leo a gcórais iomaíochta féin a bhunú agus forfheidhmiú éifeachtach a dhéanamh. Is é an aidhm a bheidh ann dlí na hiomaíochta a neartú agus a fhorfheidhmiú go héifeachtach i réimsí na gcleachtas frithiomaíoch agus na gcomhchruinnithe idir gnóthais, lena n-áirítear abhcóideacht iomaíochta.

AIRTEAGAL 8.10

Comhar maidir leis an ngeilleagar digiteach

1. Go sonrach, beidh sé d'aidhm ag gníomhaíochtaí comhair sa réimse seo an méid seo a leanas a chur chun cinn:

(a) malartuithe smaointe, taithí agus cleachtas maidir le beartais teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (dá ngairtear 'TFC' anseo feasta) d'fhonn sochaí faisnéise chuimsitheach a thógáil, chun an bhearna dhigiteach a dhúnadh trí phrionsabail bheartais, faisnéis, taithí agus dea-chleachtais a mhalartú chun ár gcomhar a neartú maidir le beartais dhigiteacha agus creataí rialála araon a mhúnlú, mar aon le margaí a oscailt agus comhar taighde a phlé;

(b) TFCanna a úsáid mar uirlisí chun forbairt shóisialta, chultúrtha agus eacnamaíoch, cuimsiú sóisialta agus éagsúlacht chultúrtha a chur chun cinn, agus san am céanna meon na fiontraíochta agus obair chomhoibríoch rannpháirteach á gcur i dtábhacht;

(c) comhar maidir le gnéithe rialála de bheartais teileachumarsáide agus chlosamhairc, lena n-áirítear ríomhthráchtáil agus malartuithe faisnéise maidir le caighdeáin, measúnú comhréireachta agus cineálcheadú, agus an tsochaí shibhialta agus an earnáil phríobháideach a bheith páirteach sa phróiseas i gcás inarb iomchuí;

(d) ríomhthráchtáil a fhorbairt mar mhodh chun rannchuidiú leis an bhfás eacnamaíoch;

(e) bainistiú éifeachtúil speictrim, chun a infhaighteacht a uasmhéadú agus a leithdháileadh agus a úsáid a bharrfheabhsú;

(f) beartais agus gníomhaíochtaí comhpháirteacha chun TFCanna nua a scaipeadh, a úsáid agus a aistriú, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, rannpháirtíocht na sochaí sibhialta agus na hearnála príobháidí sa phróiseas;

(g) comhar taighde agus nuálaíochta maidir le TFCanna faoi chuimsiú an chreata taighde agus nuálaíochta is infheidhme;

(h) scileanna digiteacha a fhorbairt i gcás daoine de gach aois i suíomhanna foghlama foirmiúla agus neamhfhoirmiúla agus riachtanais oiliúna don gheilleagar digiteach a shainaithint, lena n-áirítear gairmithe TFC;

(i) gníomhaíochtaí a cheapadh go comhpháirteach chun poist agus infheistíocht in FBManna agus poist do dhaoine féinfhostaithe a chur chun cinn, agus chun freastal ar riachtanais ar leith grúpaí sóisialta leochaileacha, agus leas á bhaint as na deiseanna a chuirtear ar fáil le TFCanna;

(j) comhar i réimse na r- sheirbhísí rialtais agus na seirbhísí iontaoibhe amhail ríomhshíniú agus eID, lena ndíreofar ar phrionsabail bheartais, faisnéis agus dea- chleachtais a mhalartú maidir le TFC a úsáid chun riarachán poiblí a nuachóiriú, seirbhísí poiblí ardcháilíochta a chur chun cinn agus éifeachtúlacht eagraíochtúil a fheabhsú agus acmhainní poiblí a bhainistiú ar bhealach trédhearcach; agus

(k) comhordú leathan polaitiúil ar an leibhéal idirnáisiúnta chun a áirithiú go leanfaidh rialachas domhanda an idirlín de thacaíocht a thabhairt do leanúint agus d’fhorbairt córais idirlín atá an-láidir, dinimiciúil agus éagsúil ó thaobh geografaíochta de, rud lena dtógfar ar dhoiciméad toraidh WSIS+10 ‘Cur chun feidhme thorthaí an Chruinnithe Mullaigh Dhomhanda faoin tSochaí Faisnéise: athbhreithniú 10 mbliana’.

2. Measann na Páirtithe gur cheart bainistíocht dhomhanda an idirlín a bheith bunaithe ar shamhail thrédhearcach dhaonlathach il-pháirtithe leasmhara, le rannpháirtíocht iomlán, *inter alia*, na rialtas, na hearnála príobháidí, na sochaí sibhialta, an lucht acadúil, an phobail eolaíochta agus teicneolaíochta agus eagraíochtaí idirnáisiúnta, de réir a ról agus a bhfreagrachtaí faoi seach. Ba cheart a áirithiú leis an tsamhail sin bainistiú cothrom acmhainní agus saorshreabhadh faisnéise, mar aon le rochtain do chách a éascú agus feidhmiú athléimneach, cobhsaí agus slán an idirlín a áirithiú, agus ilteangachas á chur san áireamh san am céanna.

3. Athdhearbhaíonn na Páirtithe a ngealltanas oibriú le chéile i dtreo sochaí faisnéise cuimsitheach atá dírithe ar an duine agus ar an bhforbairt agus athdhearbhaíonn siad a gcomhaontú leanúint de sheasaimh a chomhordú maidir le sásraí leantacha an Chruinnithe Mullaigh Dhomhanda faoin tSochaí Faisnéise, agus sna fóraim nó sna heagraíochtaí eile a bhaineann le rialachas an idirlín.

4. Cuireann na Páirtithe i dtábhacht gur cheart gach iarracht a dhéanamh i bhfóraim rialachas an idirlín chun rannpháirtíocht fhóinteach éifeachtach na dtíortha uile a chur i bhfeidhm agus a áirithiú, go háirithe tíortha i mbéal forbartha, lena n-áirítear na páirtithe leasmhara uile, laistigh dá róil féin, amhail rialtais, an earnáil phríobháideach, an tsochaí shibhialta, an saol acadúil, an pobal eolaíochta agus teicneolaíochta agus eagraíochtaí idirnáisiúnta.

AIRTEAGAL 8.11

Gníomhaíochtaí spáis shibhialta

I bhfianaise an tionchair dhearfaigh a d'fhéadfadh a bheith ag gníomhaíochtaí spáis ar an bhforbairt eacnamaíoch agus shóisialta agus ar iomaíochas tionsclaíoch, comhaontaíonn na Páirtithe an comhar a chur chun cinn maidir le hábhair leasa choitinn i réimse na ngníomhaíochtaí spáis shibhialta de réir urramú agus chomhlíonadh na gcoinbhinsiún idirnáisiúnta agus a reachtaíochta faoi seach agus go háirithe sna réimsí seo a leanas:

(a) faire na cruinne agus domhaneolaíocht, lena n-áirítear comhar i bhfóraim iltaobhacha agus go háirithe, an Grúpa idir-rialtasach um Fhaire na Cruinne agus an Coiste um Shatailítí Domhanbhreathnóireachta; d'fhonn aghaidh a thabhairt ar dhúshláin shochaíocha agus d'fhonn comhpháirtíochtaí gnó agus nuálaíochta maidir le faire na cruinne a éascú faoi chuimsiú Copernicus trí réimsí leasa choitinn a shainaithint;

(b) cumarsáid satailíte; agus

(c) úsáidí síochánta eile a bhaintear as an gcianspás, lena n-áirítear eolaíocht an spáis, spástaiscéalaíocht agus inbhuanaitheacht an spáis.

AIRTEAGAL 8.12

Iompar

1. Comhaontaíonn na Páirtithe oibriú i gcomhar le chéile i réimsí ábhartha an bheartais iompair, lena n-áirítear beartas iompair comhtháite, d'fhonn córas iompair a fhorbairt le haghaidh paisinéirí agus earraí araon, ar córas iompair é a bheidh éifeachtach, inbhuanaithe, sábháilte, slán agus neamhdhíobhálach don chomhshaol, agus d'fhonn tacú leis an gcóras iompair sin.

2. Beidh sé d'aidhm ag an gcomhar idir na Páirtithe an méid seo a leanas, *inter alia*, a chur chun cinn:

(a) idirphlé agus malartú faisnéise maidir lena mbeartais iompair, caighdeáin iompair agus dea-chleachtais iompair féin agus ábhair leasa fhrithpháirtigh eile;

(b) idirphlé i measc saineolaithe agus comhar eatarthu a éascú laistigh d'fhóraim iompair idirnáisiúnta;

(c) idirnasc agus idir-inoibritheacht gréasán;

(d) cur chuige córais iompair ilmhódaigh;

(e) córais iompair shábháilte shlána atá neamhdhíobhálach don chomhshaol;

(f) réitigh iompair ísealcharbóin agus saor ó charbón, taighde agus nuálaíocht, agus réitigh chliste agus dhigiteacha;

(g) réitigh iompair inbhuanaithe, lena n-áirítear i ndáil le soghluaisteacht uirbeach; agus

(h) gluaiseachtaí lasta a éascú agus a dhéanamh níos éifeachtúla i ngach modh iompair trí bhíthin digitithe, trí cheanglais tuairiscithe a shimpliú agus trí oibríochtaí iompair a bharrfheabhsú.

AIRTEAGAL 8.13

Comhar maidir le turasóireacht

1. Is é is príomhaidhm don chomhar idir na Páirtithe feabhas a chur ar an malartú faisnéise agus dea-chleachtais a bhunú chun forbairt chothrom inbhuanaithe na turasóireachta a áirithiú agus chun tacú le cruthú post, forbairt eacnamaíoch agus feabhsú na cáilíochta saoil.

2. Chun críocha mhír 1, díreoidh na Páirtithe ar an méid seo a leanas, *inter alia*:

(a) tacú le cruthú agus comhdhlúthú táirgí agus seirbhísí turasóireachta, chomh maith le bealaí chun turasóireacht a chur chun cinn;

(b) acmhainneacht na hoidhreachta nádúrtha agus cultúrtha a chosaint agus a uasmhéadú;

(c) sláine agus leasanna na bpobal áitiúil a urramú;

(d) feabhas a chur ar oiliúint agus ar oideachas i seirbhísí turasóireachta, lena n-áirítear i dtionscal na n-óstán; agus

(e) malartú faisnéise agus comhar a chur chun cinn le haghaidh tionscail chruthaitheacha agus nuálaíocht in earnáil na turasóireachta.

AIRTEAGAL 8.14

Comhar maidir le forbairt shóisialta

1. Comhaontaíonn na Páirtithe, agus iad ag aithint go bhfuil an fhorbairt shóisialta fite fuaite san fhorbairt eacnamaíoch, tosaíocht a thabhairt d'fheabhas a chur ar chomhtháthú sóisialta trí dhíothú na bochtaineachta, laghdú neamhionannais agus cur chun cinn an chuimsithe shóisialta, go háirithe d'fhonn Clár Oibre 2030 agus na SFInna ann a chomhlíonadh.

2. Comhaontaíonn na Páirtithe feabhas a chur ar an gcomhar i réimse na ngnóthaí sóisialta d'fhonn rannchuidiú le fás agus forbairt eacnamaíoch atá inbhuanaithe agus cuimsitheach agus chun comhar agus malartuithe faisnéise a chur chun cinn maidir leis an méid seo a leanas, *inter alia*:

(a) cearta sóisialta a chur chun cinn;

(b) tionscadail nuálacha inbhuanaithe a fhorbairt lena mbaineann grúpaí sóisialta leochaileacha, amhail teaghlaigh ar ioncam íseal, daoine de bhunadh Afracach agus de bhunadh dúchasach agus mionlaigh eile, chomh maith le daoine faoi mhíchumas, lena n-áirítear trí imeascadh i margadh an tsaothair;

(c) an comhionannas inscne agus lánchumhachtú na mban i ngach réimse a chur chun cinn;

(d) cosaint máithreacha agus leanaí a chur chun cinn, mar aon le saoráidí cúraim leanaí atá inrochtana agus cuimsitheach;

(e) cláir shonracha do dhaoine óga a chur chun cinn, go háirithe dóibh siúd in earnálacha sóisialta leochaileacha; agus

(f) feabhas a chur ar dhálaí oibre agus maireachtála i limistéir ina bhfuil dlús ard daonra i réigiúin mhídheisiúla.

AIRTEAGAL 8.15

Comhar maidir le saothar agus fostaíocht

1. I gcomhréir leis an gcuspóir a comhaontaíodh go hidirnáisiúnta maidir leis an domhandú cothrom a chur chun cinn agus i bhfianaise aidhmeanna SFI 8, déanfaidh na Páirtithe lánfhostaíocht, obair chuibhiúil do chách, agus urraim do na prionsabail bhunúsacha agus do chearta bunúsacha san obair arna sainaithint ag Coinbhinsiúin EIS a chur chun cinn (idirdhealú a dhíothú, gach cineál oibre éigeantais a chur ar ceal, deireadh a chur go leanúnach le saothar leanaí, agus saoirse comhlachais agus cómhargála) i gcomhréir le Dearbhú EIS 2008 maidir le Ceartas Sóisialta don Domhandú Cothrom agus gealltanais idirnáisiúnta eile.

2. Comhaontaíonn na Páirtithe an comhar a fheabhsú i réimse na fostaíochta, mar aon le comhar agus malartuithe faisnéise a chur chun cinn, go háirithe maidir leis an méid seo a leanas:

(a) obair chuibhiúil do chách, leas sóisialta agus slándáil fostaíochta a chur chun cinn agus urraim a thabhairt do na prionsabail a bhaineann leis na cearta bunúsacha san obair, de réir Dhearbhú EIS 1998 maidir le Prionsabail Bhunúsacha agus Cearta Bunúsacha san Obair, agus cur chun cinn caighdeán saothair a aithnítear go hidirnáisiúnta agus caighdeáin EIS ábhartha eile chomh maith le hiarrachtaí marthanacha leanúnacha chun ionstraimí EIS eile nár daingníodh go fóill a dhaingniú;

(b) caidreamh saothair, dálaí oibre, agus sláinte agus sábháilteacht ag an obair a fhorbairt agus a nuachóiriú, agus cláir a chur chun cinn i réimse na cigireachta saothair, an oideachais ghairmiúil, na hoiliúna agus an dul chun cinn san fhostaíocht;

(c) caidrimh saothair agus próisis oibre a fhorbairt agus a nuachóiriú, agus cur chun cinn an idirphlé shóisialta á chur i dtábhacht;

(d) dul chun cinn a dhéanamh maidir le forbairt scileanna a chur in oiriúint do riachtanais an mhargaidh saothair;

(e) tosaíocht a thabhairt do chláir oideachais agus oiliúna atá dírithe ar ghrúpaí sóisialta leochaileacha, i leith fostaíochta agus athoiliúint ghairmiúil;

(f) fostaíocht a chruthú in FBManna;

(g) córais agus cláir cosanta sóisialta a fhorbairt agus a nuachóiriú;

(h) neamh-idirdhealú idir mná agus fir a chur chun cinn, agus gné na hinscne a phríomhshruthú i bhforbairt an bheartais saothair; agus

(i) an comhordú, sna fóraim idirnáisiúnta ábhartha, chun gealltanais idirnáisiúnta a bhaint amach.

AIRTEAGAL 8.16

Comhar maidir le hoideachas, oiliúint, an óige agus spórt

1. Comhaontaíonn na Páirtithe oibriú i gcomhar le chéile maidir le hoideachas foirmiúil agus seachfhoirmiúil, lena n-áirítear gairmoideachas agus gairmoiliúint i gcomhthéacs na foghlama ar feadh an tsaoil. Laistigh de na réimsí sin, tabharfar aird ar leith ar oideachas agus oiliúint atá cuimsitheach agus atá ar ardchaighdeán a chur chun cinn le haghaidh ban agus grúpaí sóisialta leochaileacha.

2. Chun acmhainneachtaí agus saineolas a fhorbairt, cuirfidh na Páirtithe soghluaisteacht agus comhar a bpáirtithe leasmhara ábhartha chun cinn san ardoideachas agus sa taighde, agus cothóidh siad naisc idir ollscoileanna, taighde agus gnólachtaí.

3. Cuirfidh na Páirtithe teagmháil idirphearsanta agus comhthuiscint chun cinn trí chomhar i réimse an oideachais, na hóige agus an spóirt, lena n-áirítear tacaíocht airgeadais do shoghluaisteacht mac léinn, iarrthóirí PhD, foirne acadúla agus riaracháin ó institiúidí ardoideachais, agus taighdeoirí, agus gníomhaíochtaí fothaithe acmhainneachta.

AIRTEAGAL 8.17

Comhar cultúrtha, closamhairc agus meán

1. Gabhfaidh na Páirtithe orthu féin an comhar a chur chun cinn i réimse an chultúir, lena n-áirítear an oidhreacht chultúrtha, agus urraim chuí á tabhairt don éagsúlacht a bhaineann leo. I gcomhréir le dlíthe agus rialacháin na bPáirtithe faoi seach, beidh sé d’aidhm ag an gcomhar sin tuiscint fhrithpháirteach agus idirphlé idirchultúrtha a fheabhsú agus malartuithe cultúrtha cothroma agus teagmháil le gníomhaithe ábhartha a chothú.

2. Comhaontaíonn na Páirtithe oibriú i gcomhar le chéile i bhfóraim idirnáisiúnta ábhartha, amhail Eagraíocht Oideachais, Eolaíochta agus Chultúir na Náisiún Aontaithe (dá ngairtear UNESCO anseo feasta), chun cuspóirí comhchoiteanna a shaothrú agus éagsúlacht chultúrtha a chothú, go háirithe trí chur chun feidhme Choinbhinsiún UNESCO ar Éagsúlacht Léirithe Cultúir a Chosaint agus a Chur Chun Cinn.

3. Spreagfaidh na Páirtithe malartuithe faisnéise agus taithí agus tacóidh siad leis an gcomhar agus an t-idirphlé idir a n-institiúidí agus a n-oibreoirí ábhartha i réimsí an chultúir, an chlosamhairc agus na meán, agus éascóidh siad an comhar agus an t-idirphlé sin.

AIRTEAGAL 8.18

Lánpháirtiú réigiúnach

1. Comhaontaíonn na Páirtithe malartú taithí idir an dá réigiún a chur chun cinn, d'fhonn a bpróisis lánpháirtithe faoi seach a threisiú.

2. Comhaontaíonn na Páirtithe go háirithe comhar níos dlúithe a chur chun cinn maidir le saincheisteanna lánpháirtíochta idir institiúidí na bPáirtithe, chomh maith le saineolas a roinnt trí chruinnithe idir foireann an Aontais Eorpaigh agus foireann institiúidí MERCOSUR, malartuithe tráthrialta faisnéise, staidéir, tionscadail chomhpháirteacha agus oiliúint.

3. Chun comhar maidir le forbairt réigiúnach agus áitiúil a spreagadh, tabharfar tosaíocht don mhéid seo a leanas:

(a) malartú faisnéise, agus comhroinnt eolais agus taithí maidir le, *inter alia*, modheolaíochtaí chun beartais forbartha réigiúnacha agus áitiúla a cheapadh, maidir le rialachas il-leibhéil agus rialachas rannpháirteach;

(b) beartais forbartha réigiúnacha agus áitiúla a chur chun feidhme, go háirithe maidir le réigiúin agus limistéir faoi mhíbhuntáiste, agus limistéir teorann go háirithe;

(c) forbairt bonneagair réigiúnaigh agus idirnascachta a spreagadh.

4. Féadfar an méid seo a leanas a áireamh sa chomhar maidir le forbairt réigiúnach agus áitiúil:

(a) seimineáir agus comhdhálacha a eagrú;

(b) oiliúint agus cúnamh teicniúil i ndearadh agus i gcur chun feidhme tionscadal forbartha réigiúnaí;

(c) staidéir a ullmhú ar ábhair leasa choitinn a bhaineann le lánpháirtiú; agus

(d) gníomhaíocht chomhpháirteach idir institiúidí agus lárionaid oideachais agus oiliúna i réimse na lánpháirtíochta.

AIRTEAGAL 8.19

Rannpháirtíocht Stáit Sínithe MERCOSUR a mhéadú
in onnmhairiú seirbhísí chuig an Aontas Eorpach

Faoi réir fhorálacha Chaibidil 4, comhaontaíonn na Páirtithe oibriú i gcomhar le chéile, lena n-áirítear trí thacaíocht a sholáthar le haghaidh cúnamh teicniúil, oiliúna agus fothú acmhainneachta, maidir leis an méid seo a leanas, *inter alia*:

(a) feabhas a chur ar chumas sholáthróirí seirbhíse Stáit Sínithe MERCOSUR faisnéis a bhailiú maidir le rialacháin agus caighdeáin an Pháirtí AE ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal fonáisiúnta agus chun na rialacháin agus caighdeáin sin a chomhlíonadh;

(b) feabhas a chur ar chumas onnmhairiúcháin sholáthróirí seirbhíse Stáit Sínithe MERCOSUR, agus aird ar leith á tabhairt ar riachtanais FBManna; agus

(c) sásraí a bhunú chun infheistíocht agus comhfhiontair a chur chun cinn idir soláthróirí seirbhíse an Pháirtí AE agus Stáit Sínithe MERCOSUR.

CUID III

TRÁDÁIL AGUS ÁBHAIR A BHAINEANN LE TRÁDÁIL

CAIBIDIL 9

FORÁLACHA TOSAIGH AGUS FORÁLACHA INSTITIÚIDEACHA A BHAINEANN GO SONRACH LE TRÁDÁIL

ROINN A

FORÁLACHA TOSAIGH A BHAINEANN GO SONRACH LE TRÁDÁIL

AIRTEAGAL 9.1

Limistéar saorthrádála agus an gaol le Comhaontú EDT a bhunú

1. Leis seo, bunaíonn na Páirtithe sa Chomhaontú seo limistéar saorthrádála, i gcomhréir le hAirteagal XXIV de CGTT 1994 agus Airteagal V de GATS.

2. Dearbhaíonn na Páirtithe na cearta atá acu agus na hoibleagáidí atá orthu i leith a chéile faoi Chomhaontú EDT.

3. Ní fhorléireofar aon ní dá bhfuil sa Chuid seo den Chomhaontú seo mar ní a cheanglaíonn ar Pháirtí gníomhú ar bhealach atá ar neamhréir lena oibleagáidí faoi Chomhaontú EDT.

AIRTEAGAL 9.2

Cuspóirí

Tá sé d'aidhm ag forálacha na Coda seo den Chomhaontú seo:

(a) comhaontú trádála nua-aimseartha comhthairbheach a dhéanamh lena gcruthaítear creat intuartha chun borradh a chur faoi thrádáil agus faoi ghníomhaíocht eacnamaíoch, agus, san am céanna, ár luachanna agus ár ndearcthaí comhroinnte maidir le ról an rialtais sa tsochaí a chur chun cinn agus a chosaint, agus ceart na bPáirtithe a choinneáil ar bun i ndáil le rialáil a dhéanamh ar gach leibhéal rialtais chun cuspóirí beartais phoiblí a bhaint amach;

(b) trádáil idirnáisiúnta agus trádáil idir na Páirtithe a fhorbairt sa chaoi go rannchuideofar leis an bhforbairt inbhuanaithe sna gnéithe eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil di, agus sa chaoi go mbeidh comhsheasmhacht ann lena n-oibleagáidí idirnáisiúnta féin sna réimsí sin agus go dtacófar leis na hoibleagáidí sin;

(c) geilleagar níos inbhuanaithe, níos cothroime agus níos cuimsithí a chur chun cinn chun caighdeáin mhaireachtála a ardú, bochtaineacht a laghdú agus deiseanna nua fostaíochta a chruthú;

(d) trádáil in earraí talmhaíochta agus neamhthalmhaíochta idir na Páirtithe a chomhdhlúthú, a mhéadú agus a éagsúlú, trí bhacainní taraife agus neamhtharaife ar thrádáil a laghdú nó a dhíothú agus trí shlabhraí luacha domhanda a chomhtháthú a thuilleadh;

(e) trádáil in earraí a éascú, go háirithe trí na forálacha comhaontaithe maidir le héascú custaim agus trádála, caighdeáin, rialacháin theicniúla agus nósanna imeachta um measúnú comhréireachta a chur i bhfeidhm, chomh maith le bearta sláintíochta agus fíteashláintíochta;

(f) trádáil i seirbhísí a léirscaoileadh agus a éascú, agus timpeallacht a fhorbairt a bheidh fabhrach do shreafaí infheistíochta méadaithe, d'iomaíochas agus d'fhás eacnamaíoch agus, go háirithe, d'fheabhas a chur ar choinníollacha bunaíochta gnólachtaí idir na Páirtithe;

(g) saorghluaiseacht caipitil a bhaineann le hinfheistíocht dhíreach agus saorghluaiseacht íocaíochtaí reatha i gcomhréir le Caibidil 18;

(h) margaí soláthair rialtais na bPáirtithe a oscailt go héifeachtach, go trédhearcach agus go hiomaíoch;

(i) nuálaíocht agus cruthaitheacht a chur chun cinn trí leibhéal leormhaith éifeachtach cosanta agus forfheidhmithe ceart maoine intleachtúla a áirithiú, i gcomhréir leis na rialacha idirnáisiúnta atá i bhfeidhm idir na Páirtithe, chun an chothromaíocht idir cearta na sealbhóirí cirt agus leas an phobail a áirithiú;

(j) gníomhaíochtaí eacnamaíocha a dhéanamh, go háirithe iad siúd a bhaineann leis an gcaidreamh idir na Páirtithe, i gcomhréir le prionsabal na saoriomaíochta gan saobhadh;

(k) creat a bhunú le haghaidh rannpháirtíocht na sochaí sibhialta, lena n-áirítear eagraíochtaí fostóirí, ceardchumann, saothair agus gnó, agus grúpaí comhshaoil chun tacú le cur chun feidhme éifeachtach an Chomhaontaithe seo;

(l) sásra gasta éifeachtach um réiteach díospóidí a bhunú; agus

(m) timpeallacht rialála thrédhearcach intuartha agus nósanna imeachta éifeachtúla a chruthú d'oibreoirí eacnamaíocha, go háirithe FBManna, gan dochar a dhéanamh do chumas na bPáirtithe a ndlíthe agus a rialacháin féin a ghlacadh agus a chur i bhfeidhm lena rialaítear gníomhaíocht eacnamaíoch ar mhaithe le leas an phobail, ná dá gcumas cuspóirí dlisteanacha beartais phoiblí a bhaint amach amhail sláinte phoiblí, seirbhísí sóisialta, oideachas poiblí, sábháilteacht, an comhshaol, moráltacht phoiblí, cosaint shóisialta nó tomhaltóirí, príobháideachas agus cosaint sonraí, agus cur chun cinn agus cosaint na héagsúlachta cultúrtha a chosaint agus a chur chun cinn.

AIRTEAGAL 9.3

Sainmhínithe ginearálta

Mura sonraítear a mhalairt, chun críocha na Coda seo den Chomhaontú seo:

(a) ciallaíonn 'earra talmhaíochta' táirge a liostaítear in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an gComhaontú maidir leis an Talmhaíocht;

(b) ciallaíonn 'dleacht chustaim' aon dleacht nó muirear d'aon chineál a fhorchuirtear ar allmhairiú earra nó i ndáil leis, lena n-áirítear aon chineál forchánach nó formhuirir a fhorchuirtear ar allmhairiú den sórt sin nó i ndáil leis[1], ach ní áirítear leis aon cheann díobh seo a leanas:

(i) cánacha inmheánacha nó muirir inmheánacha eile a fhorchuirtear go comhsheasmhach le hAirteagal III de Chomhaontú Ginearálta 1994 um Tharaifí agus Trádáil (CGTT);

1 I measc bearta comhéifeachta eile, áirítear orthu sin dleachtanna allmhairiúcháin *ad valorem*, comhpháirteanna talmhaíochta, dleachtanna breise ar chion siúcra, dleachtanna breise ar chion plúir, dleachtanna sonracha, dleachtanna measctha, dleachtanna séasúracha agus dleachtanna breise ó chórais na bpraghsanna iontrála.

(ii) dleachtanna frithdhumpála nó frithchúitimh a chuirtear i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagail VI agus XVI de CGTT 1994 agus le Comhaontú EDT maidir le cur chun feidhme Airteagal VI de CGTT 1994 agus le Comhaontú EDT maidir le Fóirdheontais agus le Bearta Frithchúitimh i gcomhréir le Caibidil 16;

(iii) bearta a chuirtear i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal XIX de CGTT 1994 agus le Comhaontú EDT maidir le Coimircí, nó bearta coimirce eile a chuirtear i bhfeidhm de bhun Chaibidil 16;

(iv) bearta arna n-údarú ag Comhlacht EDT um Réiteach Díospóidí nó faoi Chaibidil 29;

(v) táille nó muirear eile, a fhorchuirtear go comhsheasmhach le hAirteagal VIII de CGTT 1994; nó

(vi) bearta a ghlactar chun staid sheachtrach airgeadais Páirtí agus a chomhardú íocaíochtaí a chosaint, i gcomhréir le hAirteagal XII de CGTT 1994 agus leis an Tuiscint ar Fhorálacha CGTT 1994 maidir le Comhardú Íocaíochtaí.

(c) ciallaíonn 'ALT' an tAicmiú Lárnach Táirgí Sealadach (Páipéir Staidrimh, Sraith M Uimh. 77, An Roinn Gnóthaí Eacnamaíocha agus Sóisialta Idirnáisiúnta, Oifig Staidrimh na Náisiún Aontaithe, Nua-Eabhrac, 1991);

(d) ciallaíonn 'laethanta' laethanta féilire, lena n- áirítear an deireadh seachtaine agus laethanta saoire;

(e) ciallaíonn 'atá ann cheana' a mbeidh éifeacht aige ar an dáta a thiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm;

(f) ciallaíonn 'earraí de chuid Páirtí' earra intíre mar a thuigtear sin in CGTT 1994, lena n-áirítear earraí tionscnaimh de chuid an Pháirtí sin;

(g) Ciallaíonn 'Córas Comhchuibhithe' nó 'CC' an Córas Comhchuibhithe um Thuairisciú agus um Chódú Tráchtearraí, lena n-áirítear a Rialacha Léirmhínithe Ginearálta, a Nótaí Roinne, agus a Nótaí Caibidle, arna dhéanamh sa Bhruiséil an 14 Meitheamh 1983;

(h) ciallaíonn 'ceannteideal' na chéad ceithre dhigit den uimhir aicmiúcháin taraife faoin gCóras Comhchuibhithe;

(i) ciallaíonn 'duine dlítheanach' aon eintiteas dlítheanach atá comhdhéanta mar is cuí nó atá eagraithe ar bhealach eile faoin dlí is infheidhme, bíodh sin ar mhaithe le brabús nó eile, agus bíodh sé faoi úinéireacht phríobháideach nó faoi úinéireacht rialtais, lena n-áirítear aon chorparáid, iontaobhas, comhpháirtíocht, comhfhiontar, dílseánacht aonair nó comhlachas;

(j) ciallaíonn 'beart' aon bheart a dhéanann Páirtí, cibé acu i bhfoirm dlí, rialacháin, rialach, nós imeachta, cinnidh, gnímh riaracháin, ceanglais nó cleachtais[1];

(k) ciallaíonn 'duine nádúrtha de chuid Páirtí', i gcás an Aontais Eorpaigh, náisiúnach de Bhallstát den Aontas Eorpach, agus i gcás MERCOSUR, náisiúnach de Stát Sínithe MERCOSUR, i gcomhréir le reachtaíocht is infheidhme gach ceann díobh;

(l) ciallaíonn 'duine' duine nádúrtha nó duine dlítheanach; agus

(m) ciallaíonn 'beart sláintíochta nó fíteashláintíochta' aon bheart mar a shainítear in Iarscríbhinn A a ghabhann le Comhaontú SPS.

---

1 Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, cuimsíonn an téarma 'beart' neamhghníomhartha agus reachtaíocht nár cuireadh chun feidhme go hiomlán tráth thabhairt i gcrích na caibidlíochta maidir leis an gComhaontú seo, chomh maith lena ghníomhartha cur chun feidhme.

AIRTEAGAL 9.4

Comhaontuithe EDT

(a) Ciallaíonn ‘Comhaontú Frithdhumpála’ an Comhaontú maidir le hAirteagal VI de CGTT 1994 a Chur chun Feidhme;

(b) ciallaíonn ‘Comhaontú maidir leis an Talmhaíocht’ an Comhaontú maidir leis an Talmhaíocht, atá in Iarscríbhinn 1A a ghabhann le Comhaontú EDT;

(c) ciallaíonn ‘DSU’ an Comhaontú maidir le Rialacha agus Nósanna Imeachta a Rialaíonn Réiteach Díospóidí (an Comhaontú um Réiteach Díospóidí), atá in Iarscríbhinn 2 a ghabhann le Comhaontú EDT;

(d) ciallaíonn ‘GATS’ an Comhaontú Ginearálta maidir le Trádáil Seirbhísí, atá in Iarscríbhinn 1B a ghabhann le Comhaontú EDT;

(e) ciallaíonn ‘CGTT 1994’ an Comhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Thrádáil 1994, atá in Iarscríbhinn 1A a ghabhann le Comhaontú EDT;

(f) ciallaíonn ‘Comhaontú maidir le Bearta Cosanta’ an Comhaontú maidir le Bearta Cosanta atá in Iarscríbhinn 1A a ghabhann le Comhaontú EDT;

(g) ciallaíonn ‘Comhaontú SCM’ an Comhaontú maidir le Fóirdheontais agus le Bearta Frithchúitimh, atá in Iarscríbhinn 1A a ghabhann le Comhaontú EDT;

(h) ciallaíonn ‘Comhaontú SPS’ an Comhaontú maidir le Bearta Sláintíochta agus Fíteashláintíochta a Chur i bhFeidhm, atá in Iarscríbhinn 1A a ghabhann le Comhaontú EDT;

(i) ciallaíonn ‘Comhaontú BTT’ an Comhaontú maidir le Bacainní Teicniúla ar an Trádáil, atá in Iarscríbhinn 1 a ghabhann le Comhaontú EDT;

(j) ciallaíonn ‘Comhaontú TRIPS’ an Comhaontú maidir le Gnéithe de Chearta Maoine Intleachtúla a bhaineann le Trádáil, atá in Iarscríbhinn 1C a ghabhann le Comhaontú EDT; agus

(k) ciallaíonn ‘Comhaontú EDT’ Comhaontú Marrakech lena mbunaítear an Eagraíocht Dhomhanda Trádála, arna dhéanamh an 15 Aibreán 1994.

AIRTEAGAL 9.5

Páirtithe

1. Beidh an tAontas Eorpach freagrach as na gealltanais sa Chuid seo den Chomhaontú seo a chomhlíonadh.

2. Ach amháin i gcás ina bhforáiltear a mhalairt, beidh gach ceann de Stáit Sínithe MERCOSUR sa Chomhaontú seo freagrach as na gealltanais sa Chuid seo den Chomhaontú seo a chomhlíonadh.

AIRTEAGAL 9.6

Lánpháirtiú réigiúnach

1. Agus na difríochtaí ina bpróisis lánpháirtithe réigiúnaigh féin á n-aithint, agus gan dochar do na gealltanais a tugadh faoin gCuid seo den Chomhaontú seo, cothóidh na Páirtithe coinníollacha lena n-éascófar gluaiseacht earraí agus seirbhísí idir an dá réigiún agus laistigh díobh.

2. Maidir le gluaiseacht earraí, de bhun mhír 1:

(a) earraí de thionscnamh Stát Sínithe MERCOSUR a scaoiltear chun saorchúrsaíochta san Aontas Eorpach, tairbheoidh siad de shaorghluaiseacht earraí laistigh de chríoch an Aontais Eorpaigh faoi na coinníollacha a bhunaítear leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh;

(b) cuirfidh Stáit Sínithe MERCOSUR nósanna imeachta custaim i bhfeidhm maidir le hearraí de thionscnamh an Aontais Eorpaigh a allmhairítear isteach ina gcríoch ó Stát Sínithe MERCOSUR eile, ar nósanna imeachta custaim iad nach lú fabhar ná na nósanna imeachta is infheidhme maidir le hearraí de thionscnamh an Stáit Sínithe MERCOSUR sin.

    Ní áirítear leis an gcóir dá dtagraítear faoi phointí (a) agus (b) den mhír seo cóir taraife le haghaidh earraí, a rialaítear le Caibidil 10;

(c) déanfaidh Stáit Sínithe MERCOSUR athbhreithniú tréimhsiúil ar a nósanna imeachta custaim d’fhonn gluaiseacht earraí an Aontais Eorpaigh idir a gcríocha a éascú agus dúbláil nósanna imeachta agus rialuithe a sheachaint nuair is indéanta agus i gcomhréir le forbairt a bpróisis lánpháirtithe; agus

(d) na sochair a bhaineann leis an gcomhchuibhiú a dhéanann MERCOSUR maidir le rialacháin theicniúla agus nósanna imeachta um measúnú comhréireachta, maidir le ceanglais SPS agus maidir le nósanna imeachta formheasa, lena n-áirítear deimhnithe agus rialuithe allmhairiúcháin, leathnófar iad faoi choinníollacha neamh-idirdhealaitheacha chuig earraí de thionscnamh an Aontais Eorpaigh más rud é gur allmhairíodh iad i gcomhréir le dlíthe agus rialacháin an Stáit Sínithe MERCOSUR is allmhaireoir.

3. Maidir le gluaiseacht seirbhísí, de bhun mhír 1:

(a) Féachfaidh Ballstáit an Aontais Eorpaigh leis an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar laistigh de chríoch an Aontais Eorpaigh a éascú, de réir mar is iomchuí, d’fhiontair faoi úinéireacht nó faoi rialú daoine nádúrtha nó dlítheanacha de Stát Sínithe MERCOSUR atá bunaithe i mBallstát den Aontas Eorpach; agus

(b) féachfaidh Stáit Sínithe MERCOSUR leis an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar idir a gcríocha a éascú, de réir mar is iomchuí, d’fhiontair faoi úinéireacht nó faoi rialú daoine nádúrtha nó dlítheanacha de Bhallstát den Aontas Eorpach atá bunaithe i Stát Sínithe MERCOSUR.

ROINN B

FORÁLACHA INSTITIÚIDEACHA A BHAINEANN GO SONRACH LE TRÁDÁIL

AIRTEAGAL 9.7

Cúraimí sonracha na Comhairle Comhpháirtí ag gníomhú di i gcumraíocht trádála

1. Agus an Chomhairle Chomhpháirteach, arna bunú de bhun Airteagal 2.2, ag tabhairt aghaidh ar shaincheisteanna a bhaineann leis an gCuid seo den Chomhaontú, beidh sé de chumhacht aici an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) formhaoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh chuspóirí na Coda seo den Chomhaontú agus maoirseacht a dhéanamh ar a cur chun feidhme;

(b) aon ábhar a chumhdaítear leis an gCuid seo den Chomhaontú a phlé agus aghaidh a thabhairt, gan dochar do Chaibidil 29, ar aon saincheist mhór a eascraíonn as a chur chun feidhme;

(c) cinntí a dhéanamh agus moltaí iomchuí a chur faoi bhráid na bPáirtithe mar a fhoráiltear sa Chuid seo den Chomhaontú;

(d) léirmhínithe ar fhorálacha na Coda seo den Chomhaontú a ghlacadh, trí chinntí, a bheidh ina gceangal ar na Páirtithe agus ar gach fochoiste agus comhlacht eile a bhunaítear faoin gCuid seo den Chomhaontú, lena n-áirítear painéil a bhunaítear faoi Chaibidil 29;

(e) aon ghníomhaíocht eile a dhéanamh i bhfeidhmiú a fheidhmeanna de réir mar a chomhaontóidh na Páirtithe; agus

(f) cinntí a ghlacadh chun na nithe seo a leanas a leasú, chun cuspóirí na Coda seo den Chomhaontú a chomhlíonadh:

(i) Iarscríbhinn 10-A i gcomhréir le hAirteagal 10.4(9);

(ii) Foscríbhinn 10-D-1 i gcomhréir le hAirteagal 10(6) d'Iarscríbhinn 10-D;

(iii) Foscríbhinn 10-D-2 i gcomhréir le hAirteagal 4(3) d'Iarscríbhinn 10-D;

(iv) Foscríbhinn 10-D-3 i gcomhréir le hAirteagal 5(4) d'Iarscríbhinn 10-D;

(v) Caibidil 11 i gcomhréir le hAirteagal 11.34;

(vi) Roinn A d'Iarscríbhinn 13-A i gcomhréir le hAirteagal 13.8(9);

(vii) Iarscríbhinn 14-A i gcomhréir le hAirteagal 14.18;

(viii) Iarscríbhinní 20-A go 20-E i gcomhréir le hAirteagal 20.26;

(ix) Iarscríbhinní 20-F go 20-J i gcomhréir le hAirteagal 20.12;

(x) Iarscríbhinn 21-A i gcomhréir le hAirteagal 21.39;

(xi) Iarscríbhinn 21-B i gcomhréir le hAirteagal 21.39;

(xii) Iarscríbhinn 21-C i gcomhréir le hAirteagal 21.39;

(xiii) Iarscríbhinn 21-E i gcomhréir le hAirteagal 21.39;

(xiv) Iarscríbhinn 25-A i gcomhréir le hAirteagal 25.7;

(xv) Iarscríbhinní 29-A agus 29-B i gcomhréir le hAirteagal 29.22; agus

(xvi) aon fhoráil, Iarscríbhinn, Foscríbhinn nó Prótacal eile, a bhforáiltear go sainráite sa Chuid seo den Chomhaontú go bhféadfaí cinneadh den sórt sin a dhéanamh ina leith.

2. Beidh na cinntí dá dtagraítear i bpointe (f) de mhír 1 faoi réir Airteagal 30.5(2).

3. Ach amháin má chomhaontaíonn na Páirtithe a mhalairt, 3 (trí) bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, agus gach 5 (cúig) bliana ina dhiaidh sin, tionscnóidh an Chomhairle Chomhpháirteach i gcumraíocht trádála próiseas athbhreithnithe ar Chuid III den Chomhaontú seo. Bunaithe ar thoradh gach athbhreithnithe, pléifidh an Chomhairle Chomhpháirteach i gcumraíocht trádála an gá le Cuid III den Chomhaontú seo a leasú.

AIRTEAGAL 9.8

Cúraimí sonracha an Chomhchoiste ag gníomhú dó i gcumraíocht trádála

1. Agus an Comhchoiste arna bhunú de bhun Airteagal 2.3 ag tabhairt aghaidh ar shaincheisteanna a bhaineann leis an gCuid seo den Chomhaontú, beidh sé de chumhacht aige an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) maoirseacht a dhéanamh ar obair na bhfochoistí uile a bhunaítear i gcomhréir leis an gCuid seo den Chomhaontú;

(b) féachaint ar an mbealach is iomchuí chun aon deacracht a d’fhéadfadh teacht chun cinn i ndáil le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm na Coda seo den Chomhaontú a chosc nó a réiteach gan dochar do Chaibidil 29;

(c) fochoistí breise a bhunú, chun freagrachtaí laistigh dá inniúlacht a leithdháileadh ar fhochoistí, chun cinneadh a dhéanamh feidhmeanna na bhfochoistí a bhunaíonn sé a mhodhnú, lena n-áirítear feidhmeanna nua a shannadh chuige sin, nó chun na fochoistí a dhíscaoileadh;

(d) cinntí a ullmhú lena nglacadh ag an gComhairle Chomhpháirteach i gcumraíocht trádála, i gcomhréir le cuspóirí sonracha na Coda seo den Chomhaontú, lena n-áirítear na modhnuithe dá dtagraítear in Airteagal 9.7(1)(f), nó cinntí den sórt sin a ghlacadh sna heatraimh idir cruinnithe na Comhairle Comhpháirtí i gcumraíocht trádála, nó i gcás nach féidir leis an gComhairle Chomhpháirteach i gcumraíocht trádála teacht le chéile; agus

(e) cibé gníomhaíocht eile a dhéanamh i bhfeidhmiú a fheidhmeanna de réir mar a chomhaontóidh na Páirtithe nó mar a ordóidh an Chomhairle Chomhpháirteach i gcumraíocht trádála;

(f) athbhreithniú a dhéanamh ar chur chun feidhme Chuid III den Chomhaontú seo, lena n-áirítear athbhreithniú d'fhonn breithmheas a dhéanamh ar a thionchar ar fhostaíocht, ar infheistíocht agus ar thrádáil idir na Páirtithe; breithneofar san athbhreithniú tuairimí nó moltaí ó ghníomhaithe na sochaí sibhialta, lena n-áirítear eagraíochtaí neamhrialtasacha, eagraíochtaí gnó agus eagraíochtaí fostóirí, gluaiseachtaí sóisialta agus ceardchumainn, agus aird á tabhairt go háirithe ar fhorálacha Airteagail 2.6 go 2.8, i gcomhréir le dlíthe agus rialacháin gach Páirtí;

2. Beidh na cinntí dá dtagraítear in Airteagal 2.3(7) agus i bpointe (d) de mhír 1 den Airteagal seo lena dtugtar isteach leasuithe ar an gComhaontú seo faoi réir Airteagal 30.5(2).

AIRTEAGAL 9.9

Fochoistí

1. Na fochoistí a bhunaítear de bhun mhír 4, is é a bheidh orthu ionadaithe ón Aontas Eorpach, ar thaobh amháin, agus ó gach ceann de Stáit Sínithe MERCOSUR, ar an taobh eile.

2. Tiocfaidh na fochoistí le chéile ar leibhéal iomchuí arna iarraidh sin do Pháirtí, agus, in aon chás, uair amháin sa bhliain ar a laghad. Má tá na cruinnithe le bheith ar an láthair, reáchtálfar iad gach re seal sa Bhruiséil agus i gceann de Stáit Sínithe MERCOSUR. Féadfaidh na fochoistí teacht le chéile freisin trí theileachomhdháil, trí fhíschomhdháil nó trí mhodhanna eile, mar a chomhaontóidh na Páirtithe go frithpháirteach. Beidh ionadaí ón Aontas Eorpach agus ionadaí ó MERCOSUR ina gcomhchathaoirligh ar na fochoistí.

3. Comhaontóidh gach fochoiste a sceideal cruinnithe agus socróidh sé a chlár oibre de chomhthoil.

4. Bunaítear leis seo na fochoistí seo a leanas faoi choimirce an Chomhchoiste i gcumraíocht trádála:

(a) an Fochoiste um thrádáil in earraí;

(b) an Fochoiste um thrádáil i dtáirgí fíona agus biotáillí;

(c) an Fochoiste um chustam, éascú trádála agus rialacha tionscnaimh;

(d) an Fochoiste um ábhair SPS;

(e) an Fochoiste um idirphlé maidir le saincheisteanna a bhaineann leis an slabhra agraibhia;

(f) an Fochoiste um thrádáil i seirbhísí agus bunaíocht;

(g) an Fochoiste um sholáthar rialtais;

(h) an Fochoiste um chearta maoine intleachtúla; agus

(i) an Fochoiste um thrádáil agus um fhorbairt inbhuanaithe.

5. Maidir le saincheisteanna a bhaineann lena réimse inniúlachta, beidh sé de chumhacht ag na fochoistí:

(a) faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na Coda seo den Chomhaontú agus a feidhmiú cuí a áirithiú;

(b) cinntí agus moltaí a ghlacadh trí chomhaontú na bPáirtithe i leith gach ábhair, i gcás ina bhforáiltear amhlaidh sa Chuid seo den Chomhaontú;

(c) saincheisteanna a eascraíonn as cur chun feidhme na Coda seo den Chomhaontú nó as aon chomhaontú forlíontach a phlé d’fhonn iad a réiteach, gan dochar do Chaibidil 29; agus

(d) fóram a sholáthar ionas go bhféadfaidh na Páirtithe faisnéis a mhalartú, lena n-áirítear dea-chleachtais a phlé agus a dtaithí ar an gcur chun feidhme a roinnt.

6. Déantar cúraimí na bhfochoistí a shainiú a thuilleadh de réir mar is iomchuí i gCaibidlí ábhartha na Coda seo den Chomhaontú agus is féidir iad a mhodhnú, más gá, le cinneadh ón gComhchoiste i gcumraíocht trádála.

7. Déanfaidh na fochoistí an obair theicniúil ullmhúcháin is gá chun tacú le feidhmeanna na Comhairle Comhpháirtí i gcumraíocht trádála agus an Chomhchoiste i gcumraíocht trádála, lena n-áirítear cásanna inar gá do na comhlachtaí sin cinntí nó moltaí a ghlacadh.

AIRTEAGAL 9.10

Comhordaitheoirí le haghaidh na Coda seo den Chomhaontú

1. Déanfaidh an tAontas Eorpach agus gach Stát Sínithe MERCOSUR comhordaitheoir a cheapadh le haghaidh na Coda seo den Chomhaontú agus fógra faoi sin a thabhairt don Pháirtí eile laistigh de 30 (tríocha) lá tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

2. Déanfaidh na comhordaitheoirí:

(a) an clár oibre a ullmhú agus ullmhú chruinnithe na Comhairle Comhpháirtí i gcumraíocht trádála agus chruinnithe an Chomhchoiste i gcumraíocht trádála a chomhordú i gcomhréir le hAirteagail 9.7 agus 9.8;

(b) bearta leantacha a dhéanamh faoi na cinntí a ghlac an Chomhairle Chomhpháirteach i gcumraíocht trádála agus an Comhchoiste i gcumraíocht trádála, de réir mar is iomchuí;

(c) gníomhú mar phointí teagmhála chun cumarsáid idir na Páirtithe a éascú maidir le haon ábhar a chumhdaítear leis an gCuid seo den Chomhaontú, mura bhforáiltear a mhalairt sa Chuid seo den Chomhaontú;

(d) aon fhógra agus aon fhaisnéis a chuirfear isteach faoin gCuid seo den Chomhaontú a fháil, lena n-áirítear aon fhógra nó aon fhaisnéis a chuirfear faoi bhráid na Comhairle Comhpháirtí i gcumraíocht trádála nó an Chomhchoiste i gcumraíocht trádála, mura bhforáiltear a mhalairt sa Chuid seo den Chomhaontú; agus

(e) aon chúram eile a chomhlíonadh de réir mar a iarrfaidh an Chomhairle Chomhpháirteach i gcumraíocht trádála nó an Comhchoiste i gcumraíocht trádála.

## CAIBIDIL 10

## TRÁDÁIL IN EARRAÍ

### AIRTEAGAL 10.1

### Cuspóir agus raon feidhme

1 Bunóidh na Páirtithe limistéar saorthrádála le haghaidh earraí i gcaitheamh idirthréimhse a gcuirfear tús léi ar dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

2. Ach amháin i gcásanna ina bhforáiltear a mhalairt sa Chuid seo den Chomhaontú, tá feidhm ag forálacha na Caibidle seo maidir le trádáil in earraí arna déanamh ag Páirtí.

ROINN A

DLEACHTANNA CUSTAIM

AIRTEAGAL 10.2

Cóir náisiúnta

Tabharfaidh gach Páirtí cóir náisiúnta d'earraí an Pháirtí eile i gcomhréir le hAirteagal III de CGTT 1994, lena n- áirítear na Nótaí agus na Forálacha Forlíontacha a ghabhann leis. Chuige sin, déantar Airteagal III de CGTT 1994, agus na Nótaí agus na Forálacha Forlíontacha a ghabhann leis, a ionchorprú sa Chomhaontú seo, agus déantar cuid den Chomhaontú seo díobh *mutatis mutandis*.

AIRTEAGAL 10.3

Sainmhínithe

Chun críocha na Caibidle seo, ciallaíonn 'earra tionscnaimh' earra a cháilíonn mar earra de thionscnamh Páirtí faoi na rialacha tionscnaimh a leagtar amach i gCaibidil 11.

AIRTEAGAL 10.4

Laghdú agus díothú dleachtanna custaim

1. Mura bhforáiltear a mhalairt sa Chuid seo den Chomhaontú, déanfaidh gach Páirtí a dhleachtanna custaim ar earraí tionscnaimh a laghdú nó a dhíothú i gcomhréir le hIarscríbhinn 10-A.

2. Beidh aicmiú earraí i dtrádáil idir na Páirtithe i gcomhréir leis an ainmníocht taraife atá ag gach Páirtí i gcomhréir leis an gCóras Comhchuibhithe. Sonróidh gach Páirtí ina Fhoscríbhinn féin a ghabhann le hIarscríbhinn 10-A an leagan den Chóras Comhchuibhithe a úsáidtear chuige sin.

3. Féadfaidh Páirtí líne tharaife nua a chruthú. Sa chás sin agus a mhéid a bhaineann le trádáil idir na Páirtithe, beidh an dleacht chustaim is infheidhme maidir leis na hearraí comhfhreagracha faoin líne tharaife nua níos lú ná an dleacht chustaim is infheidhme maidir leis na hearraí comhfhreagracha faoin líne tharaife bhunaidh a shonraítear in Iarscríbhinn 10-A, nó cothrom léi, agus fanfaidh an lamháltas taraife comhaontaithe gan athrú.

4. I gcás gach earra de thionscnamh an Pháirtí eile, sonraítear in Iarscríbhinn 10-A an bonnráta dleachtanna custaim ar allmhairí a bhfuil feidhm ag na laghduithe comhleanúnacha faoi mhír 1 maidir leo.

5. Gan dochar do mhíreanna 1 agus 3, ar feadh tréimhse 2 (dhá) bhliain ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, ní mhéadóidh an tAontas Eorpach na dleachtanna custaim a cuireadh i bhfeidhm an 31 Nollaig 2017 ar earraí de thionscnamh Pharagua a aicmítear faoi na línte taraife seo a leanas a leagtar amach i bhFoscríbhinn 10-A-1 mar earraí 'PY': 20019030, 21012098, 21069098 agus 33021029. Chun críocha na míre seo, ciallaíonn 'earraí de thionscnamh Pharagua' earraí a chomhlíonann na ceanglais maidir le tionscnamh faoi Fhoranna 2 agus 3 de Roinn 2 de Chaibidil 1 de Theideal II de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 ón gCoimisiún an 28 Iúil 2015 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha mionsonraithe maidir le forálacha áirithe de Chód Custaim an Aontais[1] agus faoi Fhoranna 3 go 9 de Roinn 2 de Chaibidil 2 de Theideal II de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2447 ón gCoimisiún an 24 Samhain 2015 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme forálacha áirithe de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais[2].

6. Mura bhforáiltear a mhalairt sa Chuid seo den Chomhaontú, ní thabharfaidh Páirtí dleachtanna custaim nua isteach ná ní mhéadóidh sé dleachtanna custaim a cuireadh i bhfeidhm cheana féin i gcomhréir leis na bonnrátaí a leagtar amach in Iarscríbhinn 10-A maidir le trádáil in earraí tionscnaimh idir na Páirtithe ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, féadfaidh Páirtí dleacht chustaim is infheidhme maidir le trádáil idir na Páirtithe a mhéadú, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn 10-A, ar dleacht chustaim í a laghdaíodh go haontaobhach go dtí an leibhéal a leagtar amach san Iarscríbhinn sin don bhliain ábhartha tar éis an laghdaithe aontaobhaigh sin.

1 IO AE L 343, 29.12.2015, lch. 1.
2 IO AE L 343, 29.12.2015, lch. 558.

7. Má laghdaíonn Páirtí dleachtráta custaim an náisiúin barrfhabhair atá á chur i bhfeidhm aige go dtí leibhéal faoi bhun an bhonnráta i gcás líne tharaife ar leith a shonraítear in Iarscríbhinn 10-A, measfar an dleachtráta sin a bheith á chur in ionad an bhonnráta in Iarscríbhinn 10-A, más ísle é, agus fad a bheidh sé níos ísle, ná an bonnráta, chun an ráta fabhrach don líne tharaife sin a ríomh. I ndáil leis sin, chun an dleachtráta custaim is infheidhme a ríomh, cuirfidh an Páirtí an laghdú taraife i bhfeidhm maidir leis an ráta náisiúin barrfhabhair atá á chur i bhfeidhm aige, agus an corrlach fabhair coibhneasta le haghaidh aon líne tharaife á choinneáil ar bun i gcónaí. An corrlach fabhair coibhneasta sin le haghaidh líne tharaife, comhfhreagróidh sé don difríocht idir an bonnráta a leagtar amach in Iarscríbhinn 10-A agus an dleachtráta a chuirtear i bhfeidhm i leith na líne taraife sin i gcomhréir le hIarscríbhinn 10-A arna roinnt ar an mbonnráta sin, agus sloinnfear mar chéatadán é.

8. Féadfaidh gach Páirtí dlús a chur le díothú dleachtanna custaim ar earraí tionscnaimh an Pháirtí eile, nó feabhas a chur ar bhealach eile ar na coinníollacha maidir le rochtain ar an margadh le haghaidh earraí tionscnaimh de chuid an Pháirtí eile, má cheadaíonn a staid eacnamaíoch ghinearálta agus staid na hearnála eacnamaíche lena mbaineann amhlaidh.

9. Ó 3 (trí) bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo ar aghaidh, arna iarraidh sin do cheachtar Páirtí, breithneoidh an Fochoiste um thrádáil in earraí, dá dtagraítear in Airteagal 10.14, bearta lena ndéanfar foráil maidir le rochtain níos fearr ar an margadh. Beidh sé de chumhacht ag an gComhairle Chomhpháirteach i gcumraíocht trádála cinntí a ghlacadh chun Iarscríbhinn 10-A a leasú. Glacfaidh na cinntí sin ionad aon dleachtráta nó aon chatagóire céimnithe a chinntear in Iarscríbhinn 10-A le haghaidh na n-earraí tionscnaimh sin.

AIRTEAGAL 10.5

Earraí a thugtar isteach arís tar éis a ndeisithe

1. Chun críocha an Airteagail seo, ciallaíonn 'deisiú' aon oibríocht phróiseála arna déanamh i ndáil le hearra chun lochtanna oibriúcháin nó damáiste ábhartha a leigheas agus a bhfuil i gceist léi an t-earra a fhilleadh ar a fheidhm bhunaidh nó a áirithiú go gcomhlíonfaidh sé ceanglais theicniúla maidir lena úsáid, i gcás inarb amhlaidh nach bhféadfaí, gan an phróiseáil sin, an t-earra a úsáid ar an ngnáthbhealach a thuilleadh chun na gcríoch a bhí beartaithe dó. Áirítear le hearra a dheisiú athchóiriú agus cothabháil, ach ní áirítear leis sin oibríocht ná próiseas:

(a) lena scriostar saintréithe bunúsacha earra nó lena gcruthaítear earra atá nua nó atá difriúil ó thaobh tráchtála de;

(b) lena n-athraítear earra neamhchríochnaithe ina earra críochnaithe; nó

(c) a úsáidtear chun feidhmíocht theicniúil earra a fheabhsú.

2. Ní chuirfidh Páirtí dleachtanna custaim i bhfeidhm maidir le hearra, gan beann ar a thionscnamh, a thugtar isteach arís i gcríoch chustaim an Pháirtí sin tar éis onnmhairiú sealadach an earra sin óna chríoch chustaim go dtí críoch chustaim an Pháirtí eile lena dheisiú, bíodh an deisiú sin indéanta i gcríoch chustaim an Pháirtí ónar onnmhairíodh na hearraí lena ndeisiú mar a shainítear i mír 1, nó ná bíodh.

3. Níl feidhm ag mír 2 maidir le hearra a allmhairítear faoi bhanna isteach i gcriosanna saorthrádála nó i gcriosanna ag a bhfuil stádas den chineál céanna, ar earra é a onnmhairítear lena dheisiú agus nach n-athallmhairítear faoi bhanna isteach i gcriosanna saorthrádála nó i gcriosanna ag a bhfuil stádas den chineál céanna.

4. Ní chuirfidh Páirtí dleachtanna custaim i bhfeidhm i leith earra, gan beann ar a thionscnamh, arna allmhairiú go sealadach ó chríoch chustaim an Pháirtí eile lena dheisiú.

ROINN B

BEARTA NEAMHTHARAIFE

AIRTEAGAL 10.6

Táillí agus muirir eile ar allmhairí agus onnmhairí

1. Áiritheoidh gach Páirtí, i gcomhréir le hAirteagal VIII de CGTT 1994, lena n-áirítear na Nótaí agus na Forálacha Forlíontacha a ghabhann leis, maidir le gach táille agus muirir eile de chineál ar bith[1], seachas dleachtanna ar allmhairí agus ar onnmhairí a fhorchuirtear ar allmhairiú nó ar onnmhairiú nó i ndáil leo, go mbeidh siad teoranta do neaschostas na seirbhísí a tugadh, nach ríomhfar ar bhonn *ad valorem* iad agus nach cosaint indíreach a bheidh iontu ar earraí intíre ná ar chánachas ar allmhairí nó onnmhairí chun críoch fioscach.

2. Ní fhéadfaidh aon Pháirtí muirir a fhorchur ná costais a ghnóthú ach amháin i gcás ina dtugtar seirbhísí sonracha, go háirithe muirir agus costais maidir leis an méid seo a leanas:

(a) tinreamh foirne custaim, arna iarraidh sin, lasmuigh d'uaireanta oifigiúla oscailte oifige nó ag áitreabh seachas áitreabh custaim;

---

[1] Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, rialaítear 'tasa consular' Phoblacht Oirthearach Uragua agus 'tasa estadística' Phoblacht na hAirgintíne le mír 3.

(b) anailísí nó tuarascálacha saineolaithe ar earraí agus táillí poist as earraí a chur ar ais chuig iarratasóir, go háirithe i ndáil le cinntí a bhaineann le faisnéis cheangailteach nó le faisnéis a chur ar fáil a bhaineann le cur i bhfeidhm dlíthe agus rialachán custaim;

(c) iniúchadh nó sampláil earraí chun críoch fíoraithe, nó díothú earraí, i gcás ina mbeidh costais i gceist seachas an costas a bhaineann le leas a bhaint as foireann custaim; nó

(d) bearta eisceachtúla rialaithe, i gcás ina mbeidh bearta den sórt sin riachtanach de bharr chineál na n-earraí nó de bharr riosca a d'fhéadfadh a bheith ann.

3. Ní cheanglóidh Páirtí idirbhearta consalacha, lena n- áirítear táillí agus muirir ghaolmhara, i ndáil le hearraí a allmhairiú ón bPáirtí eile. Beidh idirthréimhse 3 (trí) bliana ag na Páirtithe ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo chun ceanglais na míre seo a chomhlíonadh[1].

4. Foilseoidh gach Páirtí liosta de na táillí agus na muirir a fhorchuireann sé i ndáil le hallmhairiú nó onnmhairiú earraí.

---

1 D'ainneoin na míre seo, i gcás Phoblacht Pharagua, 10 (deich) mbliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo a bheidh san idirthréimhse.

AIRTEAGAL 10.7

Nósanna imeachta um cheadúnú allmhairí agus onnmhairí

1. Maidir leis na nósanna imeachta uile um cheadúnú allmhairí agus onnmhairí is infheidhme maidir le trádáil in earraí idir na Páirtithe, áiritheoidh na Páirtithe go mbeidh na nósanna imeachta sin neodrach agus iad á gcur i bhfeidhm, agus go riarfar iad ar bhealach cóir cothrom neamh-idirdhealaitheach trédhearcach.

2. Ní dhéanfaidh ceachtar Páirtí nósanna imeachta um cheadúnú a ghlacadh ná a choinneáil ar bun mar choinníoll le hallmhairiú isteach ina chríoch ó chríoch an Pháirtí eile, nó le honnmhairiú amach óna chríoch chuig críoch an Pháirtí eile, ach amháin mura bhfuil nósanna imeachta iomchuí eile ar fáil go réasúnta chun cuspóir riaracháin a bhaint amach.

3. Ní dhéanfaidh na Páirtithe nósanna imeachta neamh-uathoibríocha um cheadúnú allmhairí nó onnmhairí a ghlacadh ná a choinneáil ar bun[1] ach amháin má tá gá leis sin chun beart atá i gcomhréir leis an gCuid seo den Chomhaontú a chur chun feidhme. Aon Pháirtí a ghlacfaidh nósanna imeachta neamh-uathoibríocha um cheadúnú allmhairí nó onnmhairí, cuirfidh sé in iúl go soiléir an beart atá á chur chun feidhme tríd an nós imeachta sin um cheadúnú.

---

[1] Chun críocha an Airteagail seo, is é an sainmhíniú atá ar 'nósanna imeachta neamh-uathoibríocha um cheadúnú allmhairí nó onnmhairí' nósanna imeachta um cheadúnú nach bhformheastar leo iarratas gach duine dhlítheanaigh agus nádúrtha a chomhlíonann ceanglais an Pháirtí lena mbaineann maidir le bheith ag gabháil d'allmhairiú nó d'onnmhairiú earraí atá faoi réir nósanna imeachta um cheadúnú.

4. Déanfaidh na Páirtithe aon nós imeachta um cheadúnú a thabhairt isteach agus a riar i gcomhréir le hAirteagail 1 go 3 de Chomhaontú EDT um Cheadúnú Allmhairí (dá ngairtear 'Comhaontú um Cheadúnú Allmhairí' anseo feasta). Chuige sin, déantar Airteagail 1 go 3 den Chomhaontú um Cheadúnú Allmhairí a ionchorprú sa Chomhaontú seo agus déantar cuid den Chomhaontú seo díobh, *mutatis mutandis*, agus beidh feidhm acu maidir le haon nós imeachta um cheadúnú onnmhairí.

5. Aon Pháirtí a thugann isteach nó a mhodhnaíonn aon nós imeachta um cheadúnú allmhairí agus onnmhairí, cuirfidh sé an fhaisnéis ábhartha ar fáil ar shuíomh gréasáin oifigiúil. Cuirfear an fhaisnéis sin ar fáil, aon uair is indéanta, 21 lá (aon lá is fiche) roimh dháta chur i bhfeidhm thabhairt isteach nó mhodhnú na nósanna imeachta um cheadúnú ach, in aon chás, tráth nach déanaí ná an dáta sin. Beidh na sonraí a cheanglaítear faoi Airteagal 5 den Chomhaontú um Cheadúnú Allmhairí ar fáil san fhaisnéis a chuirfear ar fáil ar an idirlíon. Tabharfaidh gach Páirtí fógra don Pháirtí eile faoi aon nós imeachta um cheadúnú onnmhairí arna thabhairt isteach nó arna mhodhnú agus beidh an fhaisnéis chéanna dá dtagraítear in Airteagal 5 den Chomhaontú um Cheadúnú Allmhairí san fhógra sin.

6. Arna iarraidh sin do Pháirtí, soláthróidh an Páirtí eile aon fhaisnéis ábhartha go pras maidir le haon nós imeachta um cheadúnú allmhairí agus onnmhairí a bheartaíonn an Páirtí a bhfuil an iarraidh dírithe air a ghlacadh, nó atá glactha nó atá á choinneáil ar bun aige, lena n-áirítear an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagail 1 go 3 den Chomhaontú um Cheadúnú Allmhairí, *mutatis mutandis*.

AIRTEAGAL 10.8

Iomaíocht onnmhairiúcháin

1. Dearbhaíonn na Páirtithe a ngealltanais a chuirtear in iúl i gCinneadh Aireachta EDT maidir le hIomaíochas Onnmhairiúcháin an 19 Nollaig 2015 (WT/MIN(15)/45, WT/L/980) (dá ngairtear an 'Cinneadh Aireachta maidir le hIomaíochas Onnmhairiúcháin' anseo feasta).

2. Chun críocha an Airteagail seo, ciallaíonn 'fóirdheontais onnmhairiúcháin' fóirdheontais de réir bhrí Airteagail 1 agus 3 den Chomhaontú maidir le Fóirdheontais agus le Bearta Frithchúitimh atá ag brath ar fheidhmíocht onnmhairiúcháin, lena n-áirítear na fóirdheontais a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gComhaontú maidir le Fóirdheontais agus le Bearta Frithchúitimh agus na fóirdheontais a liostaítear in Airteagal 9 den Chomhaontú Talmhaíochta.

3. Ní dhéanfaidh Páirtí fóirdheontais onnmhairiúcháin a choinneáil ar bun, a thabhairt isteach ná a thabhairt isteach an athuair maidir le hearra talmhaíochta a onnmhairítear nó a ionchorpraítear i dtáirge a onnmhairítear.

4. Ní dhéanfaidh Páirtí creidmheasanna onnmhairiúcháin, ráthaíochtaí creidmheasa onnmhairiúcháin, cláir árachais, fiontair trádála stáit ná cúnamh idirnáisiúnta bia, ná bearta eile a bhfuil a n-éifeacht coibhéiseach le fóirdheontas onnmhairiúcháin, a choinneáil ar bun, a thabhairt isteach ná a thabhairt isteach an athuair maidir le hearra talmhaíochta a onnmhairítear nó a ionchorpraítear in earra a onnmhairítear chuig críoch an Pháirtí eile, ach amháin má chomhlíonann na bearta sin oibleagáidí an Pháirtí is onnmhaireoir faoi Chomhaontuithe agus Cinntí Chomhdháil Aireachta agus Chomhairle Ghinearálta EDT, lena n-áirítear go háirithe an Cinneadh Aireachta maidir le hIomaíochas Onnmhairiúcháin.

5. Dearbhaíonn na Páirtithe a ngealltanas i nDearbhú Aireachta Bali a ghlac EDT an 7 Nollaig 2013 (WT/MIN(13)/DEC), dearbhú a neartaíodh leis an gCinneadh Aireachta maidir le hIomaíochas Onnmhairiúcháin, chun trédhearcacht a fheabhsú agus feabhas a chur ar fhaireachán i ndáil le fóirdheontais onnmhairiúcháin agus creidmheasanna onnmhairiúcháin, ráthaíochtaí creidmheasa onnmhairiúcháin, cláir árachais, fiontair trádála stáit agus cúnamh bia idirnáisiúnta de gach cineál, agus i ndáil le bearta eile a bhfuil a n-éifeacht coibhéiseach le fóirdheontas onnmhairiúcháin.

6. Dearbhaíonn na Páirtithe na gealltanais a rinneadh faoin gCinneadh Aireachta maidir le hIomaíochas Onnmhairiúcháin i ndáil le cúnamh idirnáisiúnta bia agus oibreoidh siad le chéile chun an dea-chleachtas maidir le soláthar cúnaimh bia a spreagadh sna fóraim idirnáisiúnta ábhartha trína bheith ag féachaint le teorainn a chur leis an luach airgid a chuirtear ar chúnamh bia agus le seachadadh cúnaimh comhchineáil bia a theorannú do chásanna éigeandála amháin.

## AIRTEAGAL 10.9

### Dleachtanna, cánacha agus táillí agus muirir eile ar onnmhairí

Ní dhéanfaidh Páirtí aon dleacht ná muirear d’aon chineál a thabhairt isteach ná a choinneáil ar bun ar onnmhairiú earra chuig an bPáirtí eile nó i ndáil leis sin, seachas i gcomhréir le hIarscríbhinn 10-B, 3 (trí) bliana ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

AIRTEAGAL 10.10

Fiontair trádála stáit

1. Ní choiscfidh aon ní sa Chuid seo den Chomhaontú ar Pháirtí fiontar trádála stáit a choinneáil ar bun nó a bhunú i gcomhréir le hAirteagal XVII de CGTT 1994, lena n-áirítear na Nótaí agus na Forálacha Forlíontacha a ghabhann leis agus Tuiscint EDT ar Léirmhíniú Airteagal XVII de CGTT 1994, a ionchorpraítear sa Chuid seo den Chomhaontú agus a ndéantar cuid den Chuid seo den Chomhaontú díobh *mutatis mutandis*.

2. Má iarrann Páirtí faisnéis ar an bPáirtí eile maidir le cásanna aonair fiontar trádála stáit, lena n-oibriú nó le héifeacht a n-oibríochtaí ar thrádáil dhéthaobhach, áiritheoidh an Páirtí iarrtha trédhearcacht iomlán i gcomhréir le hAirteagal XVII de CGTT 1994.

3. D'ainneoin mhír 1, ní dhéanfaidh Páirtí monaplacht allmhairiúcháin nó onnmhairiúcháin ainmnithe a ainmniú ná a choinneáil ar bun, ach amháin i gcás na monaplachtaí sin atá bunaithe cheana féin ag Páirtí nó a fhorordaítear ina Bhunreacht mar a liostaítear in Iarscríbhinn 10-C. Chun críocha na míre seo, ciallaíonn monaplacht allmhairiúcháin nó onnmhairiúcháin ceart eisiach údaráis nó deonú eisiach údaráis a thabharfadh Páirtí d'eintiteas chun earra a allmhairiú ón bPáirtí eile nó chun earra a onnmhairiú chuige.

## AIRTEAGAL 10.11

### Srianta cainníochtúla a thoirmeasc

1. Ní fhéadfaidh Páirtí glacadh le haon toirmeasc ná srian ar allmhairiú aon earra ón bPáirtí eile nó ar onnmhairiú, nó ar dhíol ar mhaithe le honnmhairiú, aon earra atá ceaptha don Pháirtí eile, cibé acu trí chuótaí, trí cheadúnais nó trí bhearta eile a dhéanfaí iad, ná ní choinneoidh sé an méid sin ar bun, ach amháin i gcomhréir le hAirteagal XI de CGTT 1994, lena n-áirítear na Nótaí agus na Forálacha Forlíontacha a ghabhann leis. Chuige sin, déantar Airteagal XI de CGTT 1994, agus na Nótaí agus na Forálacha Forlíontacha a ghabhann leis, a ionchorprú sa Chuid seo den Chomhaontú, agus déantar cuid den Chuid seo den Chomhaontú díobh *mutatis mutandis*.

2. Ní fhéadfaidh Páirtí ceanglais maidir le praghsanna onnmhairiúcháin nó allmhairiúcháin a ghlacadh ná a choinneáil ar bun, ach amháin mar a cheadaítear i bhforfheidhmiú orduithe dleachta frithdhumpála agus frithchúitimh nó gealltanas i dtaca le praghsanna.

## AIRTEAGAL 10.12

### Úsáid fabhar

1. Chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmiú na Coda seo den Chomhaontú agus chun rátaí úsáide fabhar a ríomh, malartóidh na Páirtithe staitisticí allmhairiúcháin go bliantúil ar feadh tréimhse dar tús 1 (aon) bhliain amháin tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo agus dar críoch 10 (deich) mbliana ó chuirtear an díothú taraifí i gcrích le haghaidh na n-earraí uile i gcomhréir le hIarscríbhinn 10-A. Mura gcinnfidh an Comhchoiste i gcumraíocht trádála a mhalairt, cuirfear síneadh 5 (cúig) bliana go huathoibríoch leis an tréimhse sin, agus féadfaidh an Comhchoiste i gcumraíocht trádála a chinneadh síneadh breise a chur léi.

2. Cumhdófar leis an malartú staidrimh allmhairiúcháin dá dtagraítear i mír 1 sonraí a bhaineann leis an mbliain is déanaí atá ar fáil, lena n-áirítear luach agus, i gcás inarb infheidhme, méid, ar leibhéal na líne taraife i gcás allmhairí earraí an Pháirtí eile a thairbhíonn de chóir fhabhrach dleachta faoin gCuid seo den Chomhaontú agus i gcás allmhairí na n-earraí sin a fuair cóir neamhfhabhrach.

3. Gan dochar do mhír 2 agus faoi réir ceanglais rúndachta faoi dhlíthe agus rialacháin gach Páirtí, ní bheidh sé d'oibleagáid ar Pháirtí staitisticí allmhairiúcháin a mhalartú.

AIRTEAGAL 10.13

Bearta sonracha maidir le bainistíocht na córa fabhraí

1. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun sáruithe ar a ndlíthe agus a rialacháin, neamhrialtachtaí agus calaois a bhaineann leis an gcóir fhabhrach a dheonaítear faoin gCaibidil seo a chosc, a bhrath agus a chomhrac, i gcomhréir le Caibidil 11 agus Iarscríbhinn 12-A.

2. Féadfaidh Páirtí, i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos i mír 4, a chinneadh cóir fhabhrach ábhartha na dtáirgí lena mbaineann a chur ar fionraí go sealadach, má chinneann an Páirtí sin, bunaithe ar fhaisnéis oibiachtúil, láidir agus infhíoraithe:

(a) go ndearnadh sáruithe córasacha mórscála ar na dlíthe agus na rialacháin ábhartha, nó neamhrialtachtaí nó calaois mhórscála chun go bhfaighfí cóir fhabhrach taraife a dheonaítear faoin gCaibidil seo; agus

(b) go ndiúltaíonn an Páirtí eile go córasach a oibleagáidí dá dtagraítear i mír 1 a chomhlíonadh nó go mainníonn sé ar bhealach eile iad a chomhlíonadh, i gcomhréir le Caibidil 11 agus Iarscríbhinn 12-A.

3. Chun críocha an Airteagail seo, ciallaíonn mainneachtain oibleagáidí dá dtagraítear i mír 1 a chomhlíonadh, i measc nithe eile, go léirítear na nithe seo a leanas go soiléir agus go ndearnadh go córasach iad:

(a) nár comhlíonadh an oibleagáid maidir le stádas tionscnaimh na dtáirgí lena mbaineann a fhíorú, i gcomhréir leis na nósanna imeachta a bhunaítear in Airteagail 11.24 agus 11.25 agus;

(b) gur diúltaíodh toradh an fhíoraithe tionscnaimh a chur in iúl i gcomhréir le hAirteagail 11.25 agus 11.26 nó gur cuireadh moill gan údar air; nó

(c) go raibh comhar riaracháin de bhun Iarscríbhinn 12-A in easnamh.

4. Tabharfaidh an Páirtí a mbeidh cinneadh dá dtagraítear i mír 2 déanta aige fógra, gan moill mhíchuí, don Chomhchoiste i gcumraíocht trádála faoi agus soláthróidh sé dó an fhaisnéis is bonn lena chinneadh.

5. Nuair a chomhlíonfar ceanglais mhír 4, rachaidh an Páirtí a mbeidh cinneadh déanta aige i gcomhairle leis an bPáirtí eile, laistigh den Chomhchoiste i gcumraíocht trádála, d’fhonn teacht ar réiteach a bheidh inghlactha ag an dá Pháirtí. Mura n-éiríonn leis na Páirtithe teacht ar chomhaontú maidir le réiteach a bheidh inghlactha go frithpháirteach laistigh de 3 mhí tar éis an dáta ar a dtabharfar an fógra, féadfaidh an Páirtí a tháinig ar an toradh cinneadh a dhéanamh an chóir fhabhrach ábhartha a thugtar do na táirgí lena mbaineann a chur ar fionraí go sealadach. Sna cásanna sin, tabharfaidh an Páirtí a mbeidh cinneadh déanta aige fógra faoin bhfionraíocht shealadach don Chomhchoiste i gcumraíocht trádála gan moill mhíchuí.

6. Cinneadh maidir le cóir fhabhrach ábhartha an táirge lena mbaineann a chur ar fionraí go sealadach de bhun mhír 4, ní bheidh feidhm aige ach ar feadh tréimhse a bheidh i gcomhréir leis an tionchar ar leasanna airgeadais an Pháirtí lena mbaineann agus nach faide ná 3 (trí) mhí. Más féidir a dhéanamh amach go hoibiachtúil agus go hinfhíoraithe go bhfuil na coinníollacha is cúis leis an gcinneadh cur ar fionraí sin fós ann ar dhul in éag na tréimhse fionraíochta, féadfaidh an Páirtí lena mbaineann a chinneadh an cinneadh cur ar fionraí sin a athnuachan ar feadh tréimhse chomhionann ama. Beidh aon fhionraíocht faoi réir comhairliúcháin thréimhsiúla sa Chomhchoiste i gcumraíocht trádála. I gcás athnuachana, déanfar comhairliúcháin laistigh den Chomhchoiste i gcumraíocht trádála 15 lá (cúig lá déag) ar a laghad roimh dhul in éag na tréimhse fionraíochta.

7. Foilseoidh gach Páirtí, i gcomhréir lena nósanna imeachta inmheánacha, fógraí d’allmhaireoirí i ndáil le haon fhógra faoi thoradh de bhun mhír 4 agus faoi chinneadh maidir le fionraíocht shealadach dá dtagraítear i míreanna 5 agus 6.

ROINN C

FORÁLACHA INSTITIÚIDEACHA

AIRTEAGAL 10.14

An Fochoiste um thrádáil in earraí

1. Beidh na feidhmeanna seo a leanas ag an bhFochoiste um thrádáil in earraí, a bhunaítear de bhun Airteagal 9.9(4), i dteannta na bhfeidhmeanna a liostaítear in Airteagail 2.4, 9.9 agus 13.14:

(a) trádáil in earraí idir na Páirtithe a chur chun cinn;

(b) meastóireacht bhliantúil a dhéanamh ar úsáid agus riar cuótaí agus fabhar a dheonaítear leis an gCuid seo den Chomhaontú; agus

(c) aon saincheist theicniúil a d’fhéadfadh teacht chun cinn idir na Páirtithe maidir le hábhair a bhaineann le cur i bhfeidhm ainmníocht taraife gach Páirtí mar a shainítear i míreanna 3 agus 4 d’Iarscríbhinn 10-A a phlé, a shoiléiriú agus aghaidh a thabhairt uirthi.

AIRTEAGAL 10.15

An Fochoiste um thrádáil i dtáirgí fíona agus biotáillí

1. Beidh na feidhmeanna seo a leanas ag an bhFochoiste um thrádáil i dtáirgí fíona agus biotáillí, a bhunaítear de bhun Airteagal 9.9(4), i dteannta na bhfeidhmeanna a liostaítear in Airteagail 2.4 agus 9.9:

(a) a áirithiú go dtabharfar fógra tráthúil faoi leasuithe ar dhlíthe agus ar rialacháin maidir le hábhair a chumhdaítear le hIarscríbhinn 10-D a bhfuil tionchar acu ar tháirgí fíona agus biotáillí a thrádáiltear idir na Páirtithe; agus

(b) cinntí a ghlacadh chun mionsonraí na rialacha a leagtar amach i mír 2 d'Fhoscríbhinn 10-D-3 a chinneadh, go háirithe na foirmeacha atá le húsáid agus mionsonraí na faisnéise atá le soláthar sa tuarascáil anailíse.

AIRTEAGAL 10.16

Comhar maidir le trádáil i dtáirgí fíona agus biotáillí agus pointí fócasacha

1. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar maidir le saincheisteanna a bhaineann le trádáil i bhfíonta agus biotáillí, agus tabharfaidh siad aghaidh orthu, go háirithe na saincheisteanna seo a leanas:

(a) sainithe táirge, deimhniú agus lipéadú táirgí fíona;

(b) úsáid cineálacha fíniúna san fhíonóireacht agus an lipéadú ina leith; agus

(c) sainithe táirge, deimhniú agus lipéadú biotáillí.

2. Oibreoidh na Páirtithe i ndlúthchomhar agus lorgóidh siad bealaí chun feabhas a chur ar an gcúnamh dá chéile maidir le hIarscríbhinn 10-D a chur i bhfeidhm, go háirithe chun cleachtais chalaoiseacha a chomhrac.

3. Chun cúnamh frithpháirteach idir comhlachtaí agus údaráis forfheidhmithe na bPáirtithe a éascú a mhéid a bhaineann le hábhair a chumhdaítear leis an Iarscríbhinn seo, ainmneoidh gach Páirtí na comhlachtaí agus na húdaráis a bheidh freagrach as Iarscríbhinn 10-D a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú. Má ainmníonn Páirtí níos mó ná comhlacht nó údarás inniúil amháin, áiritheoidh sé go ndéanfar obair na gcomhlachtaí agus na n-údarás sin a chomhordú. Sna cásanna sin, ainmneoidh Páirtí comhlacht nó údarás idirchaidrimh aonair a fheidhmeoidh mar phointe fócasach aonair do chomhlacht nó d’údarás an Pháirtí eile.

4 Tríd an bhFochoiste um thrádáil i dtáirgí fíona agus biotáillí, cuirfidh na Páirtithe a chéile ar an eolas faoi shonraí teagmhála na gcomhlachtaí, na n-údarás agus na bpointí fócasacha dá dtagraítear i mír 3 tráth nach déanaí ná 6 (sé) mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo. Cuirfidh na Páirtithe a chéile ar an eolas faoi aon athrú ar shonraí teagmhála na gcomhlachtaí, na n-údarás agus na bpointí fócasacha sin.

CAIBIDIL 11

RIALACHA TIONSCNAIMH AGUS NÓSANNA IMEACHTA TIONSCNAIMH

ROINN A

RIALACHA TIONSCNAIMH

AIRTEAGAL 11.1

Sainmhínithe

Chun críocha na Caibidle seo:

(a) tagraíonn 'aicmithe' d'aicmiú táirge nó ábhair faoi roinn, Caibidil, ceannteideal nó fo-cheannteideal áirithe den Chóras Comhchuibhithe;

(b) ciallaíonn 'coinsíneacht' táirgí a chuirtear go comhuaineach ó onnmhaireoir amháin chuig coinsíní amháin nó atá cumhdaithe ag doiciméad iompair amháin lena gcumhdaítear seoladh na dtáirgí sin ón onnmhaireoir chuig an gcoinsíní nó, in éagmais doiciméad den sórt sin, a sheoltar le sonrasc amháin;

(c) tagraíonn 'údarás custaim nó údarás rialtais inniúil' don mhéid seo a leanas:

(i) i gcás an Aontais Eorpaigh, seirbhísí an Choimisiúin Eorpaigh atá freagrach as ábhair chustaim, agus na comhlachtaí riaracháin custaim agus aon údarás eile de chuid Bhallstáit an Aontais Eorpaigh atá freagrach as an reachtaíocht chustaim a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú; agus

(ii) in MERCOSUR, údaráis inniúla Stáit Sínithe MERCOSUR nó a gcomharbaí, mar a liostaítear thíos:

(A) an Airgintín: Secretaría de Industria y Gestión Comercio de Ministerio de Economía;

(B) an Bhrasaíl: Secretaria de Comércio Exterior do Ministério do Desenvolvimento, Indústria, Comércio e Serviços agus Secretaria Especial da Receita Federal do Brasil de Ministério da Fazenda;

(C) Paragua: Subsecretaría de Estado de Comercio y Servicios de Ministerio de Industria y Comercio; agus

(D) Uragua: Asesoría de Política Comercial de Ministerio de Economía y Finanzas;

(d) ciallaíonn 'onnmhaireoir' duine atá lonnaithe i bPáirtí a onnmhairíonn an táirge tionscnaimh agus a tharraingíonn suas ráiteas maidir le tionscnamh;

(e) ciallaíonn 'ábhair idirmhalartacha' ábhair chomhchineáil den cháilíocht tráchtála chéanna, ag a bhfuil na tréithe teicniúla agus fisiceacha céanna, agus nach féidir a idirdhealú ó chéile nuair a chuirtear sa táirge iad;

(f) ciallaíonn 'earraí' ábhair agus táirgí araon;

(g) ciallaíonn 'allmhaireoir' duine a allmhairíonn an táirge tionscnaimh agus a éilíonn cóir fhabhrach taraife dó;

(h) ciallaíonn 'monarú' aon chineál oibrithe nó próiseála, lena n-áirítear cóimeáil nó oibríochtaí sonracha;

(i) ciallaíonn 'ábhar' aon chomhábhar, aon amhábhar, aon chomhpháirt nó aon pháirt a úsáidtear chun táirge a mhonarú; agus

(j) ciallaíonn 'táirge' an táirge atá á mhonarú, fiú amháin má tá sé ceaptha lena úsáid ina dhiaidh sin in oibríocht mhonaraíochta eile.

AIRTEAGAL 11.2

Ceanglais ghinearálta

1. Chun an chóir fhabhrach taraife a chuireann Páirtí ar earraí tionscnaimh an Pháirtí eile a chur i bhfeidhm i gcomhréir leis an gCuid seo den Chomhaontú, measfar gur de thionscnamh an Aontais Eorpaigh iad na táirgí seo a leanas, ar choinníoll go gcomhlíonfaidh siad gach ceanglas eile is infheidhme sa Chaibidil seo:

(a) táirgí arna bhfáil go hiomlán san Aontas Eorpach de bhun Airteagal 11.4;

(b) táirgí arna bhfáil san Aontas Eorpach ó ábhair thionscnaimh go heisiach; nó

(c) táirgí arna bhfáil san Aontas Eorpach ina n-ionchorpraítear ábhair neamhthionscnaimh, ar choinníoll go bhfuil na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn 11-B comhlíonta acu.

2. Chun cóir fhabhrach taraife Páirtí a chur i bhfeidhm maidir le hearraí tionscnaimh an Pháirtí eile i gcomhréir leis an gCuid seo den Chomhaontú, measfar gur de thionscnamh MERCOSUR iad na táirgí seo a leanas, ar choinníoll go gcomhlíonfaidh siad gach ceanglas eile is infheidhme sa Chaibidil seo:

(a) táirgí arna bhfáil go hiomlán in MERCOSUR de bhun Airteagal 11.4;

(b) táirgí arna bhfáil in MERCOSUR ó ábhair thionscnaimh go heisiach; nó

(c) táirgí arna bhfáil in MERCOSUR ina n-ionchorpraítear ábhair neamhthionscnaimh, ar choinníoll go bhfuil na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn 11-B comhlíonta acu.

3. Má tá stádas tionscnaimh faighte ag táirge, ní mheasfar gur ábhair neamhthionscnaimh iad na hábhair neamhthionscnaimh a úsáideadh chun an táirge sin a mhonarú má tá an táirge sin ionchorpraithe i dtáirge eile mar ábhar.

## AIRTEAGAL 11.3

### Carnadh déthaobhach tionscnaimh

1. Measfar gur ábhair de thionscnamh MERCOSUR iad táirgí de thionscnamh an Aontais Eorpaigh i gcás ina n-ionchorpraítear iad i dtáirge arna fháil ann, ar choinníoll go ndearnadh oibriú nó próiseáil orthu thar a bhfuil i gceist leis na hoibríochtaí dá dtagraítear in Airteagal 11.6.

2. Measfar gur ábhair de thionscnamh an Aontais Eorpaigh iad táirgí de thionscnamh MERCOSUR i gcás ina n-ionchorpraítear iad i dtáirge arna fháil ann, ar choinníoll go ndearnadh oibriú nó próiseáil orthu thar a bhfuil i gceist leis na hoibríochtaí dá dtagraítear in Airteagal 11.6.

## AIRTEAGAL 11.4

### Táirgí arna bhfáil go hiomlán

1. Measfar gur táirgí arna bhfáil go hiomlán san Aontas Eorpach nó in MERCOSUR iad na táirgí seo a leanas:

(a) táirgí mianracha agus substaintí nádúrtha eile a eastósctar as an ithir nó as grinneall na farraige;

(b) plandaí agus táirgí plandúla a fhástar nó a bhuaintear iontu;

(c) ainmhithe beo a rugadh agus a tógadh iontu;

(d) táirgí a fuarthas ó ainmhithe beo a tógadh iontu;

(e) táirgí a fuarthas ó ainmhithe maraithe a rugadh agus a tógadh iontu;

(f) táirgí a fuarthas trí fhiach nó iascaireacht a rinneadh iontu;

(g) táirgí dobharshaothraithe i gcás éisc, crústaigh, moilisc agus inveirteabraigh uisceacha eile a rugadh agus a tógadh iontu;

(h) táirgí iascaireachta agus táirgí eile a bhain soithí na gcríoch sin as an bhfarraige[1];

(i) táirgí a rinneadh ar bord longa próiseála na gcríoch sin as na táirgí dá dtagraítear i bpointe (h) go heisiach;

(j) táirgí mianracha agus acmhainní nádúrtha neamhbheo eile, a thógtar ó ghrinneall na farraige nó ón bhfo-ithir, nó a eastósctar astu, sna limistéir seo a leanas:

    (i) limistéar eacnamaíoch eisiach Stáit Sínithe MERCOSUR nó Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, mar a chinntear lena ndlíthe agus lena rialacháin agus i gcomhréir le Cuid V de UNCLOS;

    (ii) scairbh ilchríochach Stáit Sínithe MERCOSUR nó Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, mar a chinntear lena ndlíthe agus lena rialacháin agus i gcomhréir le Cuid VI de UNCLOS; nó

---

[1] Tá an pointe seo gan dochar do chearta agus oibleagáidí ceannasacha na bPáirtithe faoi UNCLOS, go háirithe laistigh den limistéar eacnamaíoch eisiach agus den scairbh ilchríochach.

(iii) an Limistéar, mar a shainítear in Airteagal 1(1) de UNCLOS, ina bhfuil cearta eisiacha maidir le saothrú ag Páirtí nó ag duine de Pháirtí, i gcomhréir le Cuid XI de UNCLOS agus leis an gComhaontú a bhaineann le Cuid XI de UNCLOS a chur chun feidhme;

(k) earraí úsáidte a bailíodh ansin agus nach bhfuil oiriúnach ach le haghaidh amhábhair a aisghabháil;

(l) dramhaíl agus fuíoll a tháinig as oibríochtaí monaraíochta a rinneadh ann[1]; nó

(m) earraí a táirgeadh ann arb earraí iad a táirgeadh as na táirgí a luaitear go sonrach i bpointí (a) go (l) go heisiach.

2. Níl feidhm ag na téarmaí 'soithí na gcríoch sin' agus 'longa próiseála na gcríoch sin' i bpointí (h) agus (i) de mhír 1 ach amháin maidir le soithí agus longa próiseála:

(a) atá cláraithe i mBallstát den Aontas Eorpach nó i Stát Sínithe MERCOSUR agus, i gcás inarb iomchuí, a bhfuil ceadúnais iascaireachta acu arna n-eisiúint ag Stát Sínithe MERCOSUR nó ag an Aontas Eorpach in ainm cuideachtaí iascaireachta atá cláraithe go cuí chun oibriú sa Bhallstát sin den Aontas Eorpach nó sa Stát Sínithe MERCOSUR sin;

[1] Tá pointí (k) agus (l) gan dochar do dhlíthe agus rialacháin gach Páirtí maidir le hallmhairiú na n-earraí a luaitear iontu.

(b) a bhfuil bratach an Bhallstáit clárúcháin chéanna den Aontas Eorpach nó Stát Sínithe MERCOSUR céanna ar foluain acu[1]; agus

(c) a chomhlíonann ceann de na coinníollacha seo a leanas:

(i) tá siad faoi úinéireacht 50 % (caoga faoin gcéad) ar a laghad ag duine nádúrtha amháin nó níos mó[2] de chuid na bPáirtithe;

(ii) tá siad faoi úinéireacht daoine dlítheanacha[3]:

(A) a bhfuil a bpríomhoifig agus a bpríomháit ghnó i bPáirtí; agus

(B) a bhfuil 50 % (caoga faoin gcéad) ar a laghad díobh faoi úinéireacht daoine nádúrtha nó daoine dlítheanacha de chuid na bPáirtithe; nó

(iii) ar daoine nádúrtha de chuid na bPáirtithe iad dhá thrian ar a laghad den chriú.

---

1 Táirgí iascaireachta nó táirgí eile arna dtógáil ón uisce ag soithí cairtfhostaithe i mbun seoltóireachta faoi bhratach Ballstáit den Aontas Eorpach nó Stát Sínithe MERCOSUR, meastar gur de thionscnamh an Bhallstáit den Aontas Eorpach nó an Stáit Sínithe MERCOSUR iad ina bhfuil an soitheach cairtfhostaithe agus ina n-eisítear an ceadúnas, ar choinníoll go gcomhlíonann siad na critéir uile sa mhír seo.

2 Chun críocha an Airteagail seo, tá feidhm ag an sainmhíniú i bpointe (m) d’Airteagal 18.2.

3 Chun críocha an Airteagail seo, tá feidhm ag an sainmhíniú i bpointe (h) d’Airteagal 18.2.

AIRTEAGAL 11.5

Lamháltais

1. Mura sásaíonn ábhar neamhthionscnaimh a úsáidtear chun táirge a mhonarú na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn 11-B, measfar gur de thionscnamh Páirtí an táirge sin, más fíor na nithe seo a leanas:

(a) nach mó luach iomlán na n-ábhar neamhthionscnaimh ná 10 % (deich faoin gcéad) de phraghas an táirge díreach ón monarcha; agus

(b) nach sáraítear le cur i bhfeidhm na míre seo aon cheann de na céatadáin a leagtar amach in Iarscríbhinn 3-B maidir le luach uasta nó meáchan uasta ábhar neamhthionscnaimh.

2. Níl feidhm ag mír 1 maidir le táirgí a thagann faoi réim Chaibidlí 50 go 63 den Chóras Comhchuibhithe, ar táirgí iad a bhfuil feidhm ag na lamháltais a leagtar amach i Nótaí 6 agus 7 d'Iarscríbhinn 11-A maidir leo.

AIRTEAGAL 11.6

Oibríochtaí neamhleora oibrithe nó próiseála

1. D'ainneoin phointe (c) d'Airteagal 11.2(1) agus phointe (c) d'Airteagal 11.2(2), ní mheasfar gur de thionscnamh Páirtí táirge mura bhfuil i monarú an táirge sin ach na hoibríochtaí seo a leanas arna ndéanamh ar ábhair neamhthionscnaimh sa Pháirtí sin:

(a) oibríochtaí caomhnaithe atá dírithe ar a áirithiú go mbeidh dea-bhail ar na táirgí le linn iompair agus stórála;

(b) athruithe pacáistíochta, briseadh agus cóimeáil pacáistí;

(c) ní agus glanadh, nó deannach, ocsaíd, ola, péint nó cumhdaigh eile a bhaint;

(d) teicstílí a iarnáil nó a phreasáil;

(e) oibríochtaí simplí péinteála agus snasúcháin;

(f) gránaigh agus rís a scileadh, a thuaradh i bpáirt nó ina n-iomláine, a snasadh agus a ghlónrú;

(g) oibríochtaí lena ndéantar siúcra a dhathú nó a bhlaistiú nó lena ndéantar cnapshiúcra, agus siúcra gránaithe a mhuilleáil go páirteach nó go hiomlán;

(h) torthaí, cnónna agus glasraí a scilligeadh, an craiceann a bhaint díobh agus na clocha a bhaint astu;

(i) géarú, meilt shimplí, scaradh nó gearradh simplí;

(j) criathrú, scagadh, sórtáil, aicmiú, grádú agus comhoiriúnú, lena n- áirítear tacair earraí a dhéanamh;

(k) an táirge a chur go simplí i mbuidéil, i gcannaí, i bhfleascáin, i málaí, i gcásanna, i mboscaí, a dhaingniú ar chartaí nó ar chláir, agus gach oibríocht pacáistithe shimplí eile;

(l) marcanna, lipéid, lógónna, agus comharthaí eile comhchosúla a ghreamú de na táirgí nó dá bpacáistíocht;

(m) táirgí a mheascadh go simplí, bídís ina dtáirgí de chineálacha éagsúla nó ná bídís; agus siúcra a mheascadh go simplí le haon ábhar eile;

(n) páirteanna neamhthionscnaimh a chóimeáil go simplí chun táirge iomlán a dhéanamh díobh, nó táirgí a dhíchóimeáil ina bpáirteanna;

(o) uisce a chur go simplí le táirgí nó iad a chaolú, a dhíhiodráitiú nó a dhínádúrú go simplí;

(p) meascán de dhá oibríocht nó níos mó a shonraítear i bhfomhíreanna (a) go (o); nó

(q) marú ainmhithe.

2. Chun críocha mhír 1, measfar gur oibríochtaí simplí iad oibríochtaí mura bhfuil scileanna speisialta ná meaisíní, gairis nó uirlisí arna dtáirgeadh nó arna suiteáil go speisialta le haghaidh na n-oibríochtaí sin ag teastáil chun iad a dhéanamh.

AIRTEAGAL 11.7

Aonad incháilitheachta

1. Is é a bheidh san aonad incháilitheachta le haghaidh chur i bhfeidhm na Caibidle seo an táirge sonrach arna aicmiú i gcomhréir leis an gCóras Comhchuibhithe.

2. I gcás táirge, ar táirge é atá déanta as grúpa earraí nó as comhthiomsú earraí, a aicmítear faoi aon cheannteideal amháin de chuid an Chórais Chomhchuibhithe, is é an táirge ina iomláine atá san aonad incháilitheachta.

3. Má bhíonn líon táirgí comhionanna i gcoinsíneacht, ar táirgí iad a aicmítear faoin gceannteideal céanna den Chóras Comhchuibhithe, cuirfear gach táirge aonair san áireamh agus an Chaibidil seo á cur i bhfeidhm.

AIRTEAGAL 11.8

Ábhair phacáistíochta, ábhair phacála agus coimeádáin

1. I gcás ina n-áireofar, de réir Riail Ghinearálta 5 um Léirmhíniú ar an gCóras Comhchuibhithe, an phacáistíocht in éineacht leis an táirge chun críoch aicmithe, áireofar í chun an áit tionscnaimh a chinneadh.

2. Ní chuirfear ábhair phacála agus coimeádáin le haghaidh loingsiú a úsáidtear chun táirgí a chosaint le linn iompair san áireamh agus tionscnamh na dtáirgí sin á chinneadh.

AIRTEAGAL 11.9

Gabhálais, páirteanna spártha agus uirlisí

Gabhálais, páirteanna spártha agus uirlisí a sheoltar in éineacht le píosa trealaimh, meaisín, fearas nó feithicil, ar gnách dóibh a bheith mar chuid den táirge sin agus atá ar áireamh i bpraghas an táirge sin, nó nach bhfuil sonrasc ar leith ag gabháil leo, measfar gur táirge amháin iad a ghabhann leis an bpíosa trealaimh, inneall, fearas nó feithicil sin.

AIRTEAGAL 11.10

Deighilt chuntasaíochta

1. Má úsáidtear ábhair idirmhalartacha thionscnaimh agus neamhthionscnaimh chun táirge a mhonarú, déanfar na hábhair sin a dheighilt go fisiceach ó chéile, de réir a dtionscnaimh, le linn stórála ionas go gcoinneoidh na hábhair thionscnaimh a stádas tionscnaimh.

2. D’ainneoin mhír 1, ní gá ábhair idirmhalartacha thionscnaimh agus neamhthionscnaimh a dheighilt go fisiceach ó chéile i monarú táirge má chinntear tionscnamh an táirge sin de bhun an mhodha deighilte cuntasaíochta chun stoic a bhainistiú.

3. Déanfar an deighilt chuntasaíochta a thaifeadadh agus a chur i bhfeidhm i gcomhréir leis na prionsabail chuntasaíochta a bhfuil glacadh leo go ginearálta agus is infheidhme sa Pháirtí ina monaraítear an táirge.

4. Ní fhéadfar an modh deighilte cuntasaíochta a úsáid ach amháin más féidir a áirithiú nach bhfaighidh níos mó táirgí stádas tionscnaimh, tráth ar bith, ná an líon táirgí a gheobhadh an stádas sin dá ndeighlfí na hábhair go fisiceach.

5. Féadfaidh Páirtí a cheangal go mbeidh cur i bhfeidhm an mhodha deighilte cuntasaíochta faoi réir údarú a fháil roimh ré ó na húdaráis inniúla ábhartha. Féadfaidh na húdaráis inniúla údarú a dheonú faoi réir aon choinníoll a mheasfaidh siad a bheith iomchuí agus, sna cásanna sin, déanfaidh siad faireachán ar úsáid an údaraithe. Féadfaidh na húdaráis sin an t-údarú a tharraingt siar tráth ar bith má bhaineann tairbhí an údaraithe úsáid mhíchuí as an modh deighilte cuntasaíochta ar aon bhealach nó má mhainníonn sé aon cheann de na coinníollacha eile a leagtar síos sa Chaibidil seo a chomhlíonadh.

AIRTEAGAL 11.11

Tacair

Maidir le tacair, mar a shainmhínítear i Riail Ghinearálta 3 um Léirmhíniú ar an gCóras Comhchuibhithe, measfar gur tacair thionscnaimh iad más páirteanna tionscnaimh na páirteanna uile atá iontu. Dá ainneoin sin, má tá idir tháirgí tionscnaimh agus táirgí neamhthionscnaimh i dtacar, measfar gur tacar tionscnaimh an tacar ina iomláine, ar choinníoll nach mó luach na dtáirgí neamhthionscnaimh ná 15 % (cúig déag faoin gcéad) de phraghas an tacair díreach ón monarcha.

AIRTEAGAL 11.12

Eilimintí neodracha

Chun a chinneadh cé acu is táirge tionscnaimh é táirge nó nach ea, ní gá tionscnamh na n-eilimintí seo a leanas a úsáidtear ina mhonarú a chinneadh:

(a) fuinneamh agus breosla;

(b) gléasra agus trealamh;

(c) meaisíní agus uirlisí; nó

(d) earraí nach dtéann isteach agus nach bhfuil ceaptha dul isteach i gcomhdhéanamh deiridh an táirge.

AIRTEAGAL 11.13

Prionsabal an chríochachais

1. Na coinníollacha a leagtar amach sa Chaibidil seo maidir le stádas tionscnaimh a fháil, comhlíonfar gan bhriseadh iad san Aontas Eorpach nó in MERCOSUR.

2. Má dhéantar earraí tionscnaimh a onnmhairítear ón Aontas Eorpaigh nó ó MERCOSUR chuig tríú tír a thabhairt ar ais, measfar gur earraí neamhthionscnaimh iad, ach amháin más féidir an méid seo a leanas maidir leis na hearraí a tugadh ar ais a léiriú chun sástacht na n- údarás custaim:

(a) gurb iad na hearraí céanna a onnmhairíodh; agus

(b) nach ndeachaigh siad faoi aon oibríocht seachas an oibríocht a raibh gá léi chun bail mhaith a choinneáil orthu le linn dóibh a bheith sa tríú tír sin nó le linn a n- onnmhairithe.

AIRTEAGAL 11.14

Dálaí an iompair

1. Na táirgí a dhearbhófar le haghaidh allmhairiú isteach i bPáirtí, beidh siad mar an gcéanna leis na táirgí céanna a onnmhairíodh ón bPáirtí a meastar gur dá thionscnamh iad. Ní bheidh athrú ná claochlú déanta orthu ar aon bhealach ná ní bheidh oibríochtaí déanta orthu seachas iad siúd chun dea- bhail a choinneáil orthu nó chun marcanna, lipéid, séalaí nó aon comhartha aitheantais eile a chur leo nó a ghreamú díobh chun a áirithiú go gcomhlíonfar ceanglais intíre shonracha de chuid an Pháirtí is allmhaireoir sula ndearbhaítear iad le haghaidh allmhairiú.

2. Féadfar táirgí nó coinsíneachtaí a stóráil agus coinsíneachtaí a scoilteadh más faoi fhreagracht an onnmhaireora a dhéantar é nó faoi fhreagracht shealbhóir na n-earraí dá éis sin, agus má fhanann na táirgí faoi mhaoirseacht custaim sa tír nó sna tíortha idirthurais.

3. I gcás ina mbeidh amhras ann faoi cé acu a chomhlíontar nó nach gcomhlíontar na ceanglais dá bhforáiltear i míreanna 1 agus 2, féadfaidh údaráis chustaim an Pháirtí is allmhaireoir iarraidh ar an allmhaireoir fianaise a sholáthar go bhfuil na ceanglais sin á gcomhlíonadh, fianaise a fhéadfar a thabhairt ar aon bhealach, lena n-áirítear doiciméid iompair chonarthacha amhail billí luchta, fianaise fhíorasach nó coincréiteach atá bunaithe ar mharcáil nó uimhriú pacáistí nó aon fhianaise a bhaineann leis an táirge féin.

AIRTEAGAL 11.15

Taispeántais

1. Táirgí tionscnaimh a sheoltar lena dtaispeáint i dtríú tír agus a dhíoltar tar éis an taispeántais lena n-allmhairiú isteach san Aontas Eorpach nó MERCOSUR, tairbheoidh siad d’fhorálacha na Coda seo den Chomhaontú tráth a n-allmhairithe má léirítear chun sástacht údaráis chustaim an Pháirtí is allmhaireoir:

(a) gur choinsínigh onnmhaireoir na táirgí ón Aontas Eorpach nó MERCOSUR chuig an tríú tír ina raibh an taispeántas ar siúl agus gur thaispeáin sé ann iad;

(b) go ndearna an t-onnmhaireoir sin na táirgí a dhíol nó a dhiúscairt ar bhealach eile le duine san Aontas Eorpach nó in MERCOSUR;

(c) gur coinsíníodh na táirgí le linn an taispeántais nó go díreach tar éis an taispeántais sa stát ar seoladh isteach ann iad lena dtaispeáint; agus

(d) nár úsáideadh na táirgí, ó coinsíníodh iad lena dtaispeáint, chun aon chuspóir seachas chun iad a léiriú ag an taispeántas.

2. Tarraingeofar suas ráiteas maidir le tionscnamh de bhun Roinn B agus cuirfear faoi bhráid údaráis chustaim an Pháirtí is allmhaireoir é. Beidh ainm agus seoladh an taispeántais luaite air.

3. Tá feidhm ag mír 1 maidir le haon taispeántas trádála, tionscail, talmhaíochta nó ceardaíochta, aon aonach nó léiriú nó taispeántas poiblí comhchosúil a eagraítear chun críoch eile seachas chun críche príobháidí i siopaí nó in áitribh ghnó d’fhonn táirgí eachtracha a dhíol, agus a bhfanann na táirgí faoi rialú custaim lena linn.

ROINN B

NÓSANNA IMEACHTA MAIDIR LE TIONSCNAMH

AIRTEAGAL 11.16

Ceanglais ghinearálta

Táirgí de thionscnamh an Aontais Eorpaigh tráth a n-allmhairithe isteach in MERCOSUR, agus táirgí de thionscnamh MERCOSUR tráth a n-allmhairithe isteach san Aontas Eorpach, tairbheoidh siad de chóir fhabhrach taraife faoin gCuid seo den Chomhaontú nuair a chuirfear isteach ráiteas maidir le tionscnamh i gcomhréir le hAirteagal 11.17 agus le dlíthe agus rialacháin gach Páirtí[1].

AIRTEAGAL 11.17

Coinníollacha chun ráiteas maidir le tionscnamh a tharraingt suas

1. Féadfaidh na honnmhaireoirí seo a leanas an ráiteas maidir le tionscnamh dá dtagraítear in Airteagal 11.16 a tharraingt suas:

(a) onnmhaireoir i gcomhréir le dlíthe agus rialacháin ábhartha an Pháirtí is onnmhaireoir; nó

1 Beidh deimhniú tionscnaimh bailí i gcomhréir leis na bearta idirthréimhseacha atá in Iarscríbhinn 11-D, ar feadh na tréimhse ama a shonraítear inti.

(b) aon onnmhaireoir i gcás aon choinsíneacht bheag arb é atá inti pacáiste amháin nó níos mó ina bhfuil táirgí tionscnaimh nach mó a luach iomlán ná an tairseach a shonraítear i ndlíthe agus rialacháin ábhartha an Pháirtí is onnmhaireoir.

2. Malartóidh na Páirtithe faisnéis maidir leis na dlíthe agus na rialacháin ábhartha dá dtagraítear i mír 1:

(a) ar dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo;

(b) má dhéantar aon mhodhnú ar na dlíthe agus ar na rialacháin sin, roimh theacht i bhfeidhm na modhnuithe sin; agus

(c) arna iarraidh sin do cheachtar Páirtí, tráth ar bith tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

3. Féadfar ráiteas maidir le tionscnamh a tharraingt suas más táirgí de thionscnamh an Aontais Eorpaigh nó MERCOSUR iad na táirgí lena mbaineann agus má chomhlíonann siad ceanglais eile na Caibidle seo.

4. Maidir leis an onnmhaireoir a dhéanfaidh ráiteas maidir le tionscnamh a tharraingt suas, beidh sé sásta a chur isteach tráth ar bith, arna iarraidh sin d'údaráis chustaim nó d'údarás rialtais inniúil an Pháirtí is onnmhaireoir, gach doiciméad iomchuí a chruthaíonn stádas tionscnaimh na dtáirgí lena mbaineann agus a chruthaíonn gur comhlíonadh ceanglais eile na Caibidle seo.

5. Déanfaidh an t-onnmhaireoir ráiteas maidir le tionscnamh a tharraingt suas ar an sonrasc, ar an nóta seachadta nó ar aon doiciméad tráchtála eile lena dtabharfar tuairisc ar an táirge tionscnaimh, tuairisc a bheidh mionsonraithe go leor chun go mbeifear in ann é a shainaithint agus úsáid á baint as ceann de na leaganacha teanga a leagtar amach in Iarscríbhinn 11-C agus i gcomhréir le dlíthe agus rialacháin an Pháirtí is onnmhaireoir.

6. Beidh síniú bunaidh lámhscríofa an onnmhaireora ar ráiteas maidir le tionscnamh mura bhforáiltear a mhalairt i ndlíthe agus rialacháin ábhartha an Pháirtí is onnmhaireoir.

7. Féadfaidh an t-onnmhaireoir ráiteas maidir le tionscnamh a tharraingt suas tráth a onnmhaireofar na táirgí a mbaineann sé leo, nó tar éis a n-onnmhairithe ar choinníoll go gcuirfidh sé i láthair an Pháirtí is allmhaireoir é tráth nach déanaí ná 2 (dhá) bhliain tar éis allmhairiú na dtáirgí lena mbaineann sé.

AIRTEAGAL 11.18

Bailíocht ráitis maidir le tionscnamh

1. Beidh ráiteas maidir le tionscnamh bailí ar feadh 12 mhí (dhá mhí dhéag) ón dáta a tharraing an t-onnmhaireoir suas é, agus cuirfear faoi bhráid údaráis chustaim an Pháirtí is allmhaireoir é laistigh den tréimhse sin.

2. Ráitis maidir le tionscnamh a chuirfear isteach tar éis na tréimhse ama a shonraítear i mír 1, ní fhéadfar glacadh leo chun cóir fhabhrach a chur i bhfeidhm ach amháin i gcás nár cuireadh isteach iad laistigh den tréimhse ama sin mar gheall ar imthosca eisceachtúla.

3. I gcásanna eile ina gcuirtear an ráiteas isteach go déanach, féadfaidh údaráis chustaim an Pháirtí is allmhaireoir glacadh leis an ráiteas maidir le tionscnamh má cuireadh na táirgí isteach roimh an dáta deiridh.

AIRTEAGAL 11.19

Allmhairiú i dtráthchodanna

Más rud é, arna iarraidh sin don allmhaireoir agus faoi réir na gcoinníollacha arna leagan síos ag údaráis chustaim an Pháirtí is allmhaireoir, go n-allmhairítear ina dtráthchodanna táirgí atá díchóimeáilte nó neamhchóimeáilte de réir bhrí Riail Ghinearálta 2(a) maidir leis an Léirmhíniú ar an gCóras Comhchuibhithe, ar táirgí iad a aicmítear laistigh de Ranna XV go XXI den Chóras Comhchuibhithe, cuirfear ráiteas aonair maidir le tionscnamh na dtáirgí sin faoi bhráid na n-údarás custaim tráth allmhairithe na chéad tráthchoda.

AIRTEAGAL 11.20

Díolúintí ó ráiteas maidir le tionscnamh

1. Táirgí a sheolfar ina bpacáistí beaga ó dhaoine príobháideacha chuig daoine príobháideacha nó atá ina gcuid de bhagáiste pearsanta taistealaí, ligfear isteach i gcáil táirgí tionscnaimh iad gan é a bheith ina cheangal, ráiteas maidir le tionscnamh a chur isteach, mura bhfuil na táirgí sin á n- allmhairiú lena dtrádáil agus má dearbhaíodh ina leith go gcomhlíonann siad ceanglais na Caibidle seo agus mura bhfuil aon amhras ann maidir leis an dearbhú sin a bheith fíor. I gcás táirgí a sheoltar tríd an bpost, féadfar an dearbhú a dhéanamh ar dhearbhú custaim CN22/CN23 nó ar leathanach páipéir i gceangal leis an doiciméad sin.

2. Allmhairí atá ócáideach agus nach bhfuil iontu ach táirgí le haghaidh úsáid phearsanta na bhfaighteoirí nó na dtaistealaithe nó a dteaghlach, ní mheasfar gur allmhairí i bhfoirm trádála iad más léir ó chineál agus ó chainníocht na dtáirgí nach bhfuil aon chuspóir tráchtála beartaithe dóibh.

3. Ní bheidh luach iomlán na dtáirgí dá dtagraítear i mír 1 níos mó ná na luachanna a shonraítear i ndlíthe agus i rialacháin an Pháirtí is allmhaireoir. Malartóidh na Páirtithe faisnéis maidir leis na luachanna sin.

AIRTEAGAL 11.21

Doiciméid tacaíochta

Féadfar na nithe seo a leanas a áireamh sna doiciméid dá dtagraítear in Airteagal 11.17(4):

(a) fianaise dhíreach ar na próisis a rinne an t-onnmhaireoir nó an soláthróir chun na hearraí lena mbaineann a fháil, ar fianaise í atá le fáil, mar shampla, ina chuntais nó ina gcóras leabharchoimeádta inmheánaigh;

(b) doiciméid lena gcruthaítear stádas tionscnaimh ábhar a úsáideadh, a eisíodh nó a tarraingíodh suas san Aontas Eorpach nó in MERCOSUR, más rud é gur úsáideadh, gur eisíodh nó gur tarraingíodh suas na doiciméid sin gcomhréir le dlíthe agus rialacháin an Pháirtí sin;

(c) doiciméid lena gcruthaítear oibriú nó próiseáil ábhar san Aontas Eorpach nó in MERCOSUR, arna n-eisiúint nó arna dtarraingt suas san Aontas Eorpach nó in MERCOSUR, más rud é gur úsáideadh nó gur eisíodh na doiciméid sin nó gur tarraingíodh suas iad i gcomhréir le dlíthe agus rialacháin an Pháirtí sin; agus

(d) ráiteas maidir le tionscnamh lena gcruthaítear stádas tionscnaimh ábhar a úsáideadh arna tharraingt suas san Aontas Eorpach nó in MERCOSUR i gcomhréir leis an gCaibidil seo.

AIRTEAGAL 11.22

Ceanglais maidir le taifid a choinneáil

An t-onnmhaireoir a tharraingeoidh suas ráiteas maidir le tionscnamh, coimeádfaidh sé cóip den ráiteas sin maidir le tionscnamh agus de na doiciméid dá dtagraítear in Airteagal 11.17(4) ar feadh 3 (trí) bliana ar a laghad ón dáta a tharraingeofar suas an ráiteas maidir le tionscnamh. Coimeádfaidh an t-allmhaireoir an ráiteas sin maidir le tionscnamh, nó cóip de má bhíonn an bhunchóip i seilbh an údaráis custaim nó an údaráis rialtais inniúil, ar feadh 3 (trí) bliana ar a laghad ó dháta allmhairithe na dtáirgí dá dtagraíonn an ráiteas sin maidir le tionscnamh.

AIRTEAGAL 11.23

Neamhréireachtaí agus earráidí foirmiúla

1. Neamhréireachtaí beaga idir na ráitis maidir le tionscnamh agus na doiciméid a chuirtear faoi bhráid na hoifige custaim chun na foirmiúlachtaí a bhaineann le hallmhairiú na dtáirgí a chomhlíonadh, ní chuirfidh siad an ráiteas maidir le tionscnamh ar neamhní má shuitear go hiomchuí go gcomhfhreagraíonn an ráiteas maidir le tionscnamh do na táirgí a chuirtear isteach.

2. Earráidí ar léir gur earráidí foirmiúla iad i ráiteas maidir le tionscnamh, ní fhágfaidh siad go ndiúltófar don ráiteas maidir le tionscnamh mura gcruthaíonn na hearráidí sin amhras maidir le cruinneas na faisnéise sa ráiteas maidir le tionscnamh.

## AIRTEAGAL 11.24

### Comhar idir údaráis chustaim agus údaráis rialtais inniúla

1. Soláthróidh údaráis chustaim nó údaráis rialtais inniúla Bhallstáit an Aontais Eorpaigh agus Stát Sínithe MERCOSUR dá chéile, trí bhíthin cumarsáid idir an Coimisiún Eorpach agus Rúnaíocht MERCOSUR, seoltaí na n-údarás custaim nó na n-údarás rialtais inniúil atá freagrach as ráitis maidir le tionscnamh a fhíorú.

2. Chun a áirithiú go gcuirfear an Chaibidil seo i bhfeidhm go cuí, tabharfaidh an tAontas Eorpach agus MERCOSUR cúnamh dá chéile, trína n-údaráis chustaim nó trína n-údaráis rialtais inniúla, maidir le barántúlacht ráiteas maidir le tionscnamh agus cruinneas na faisnéise sna ráitis sin a sheiceáil.

3. Chun sáruithe ar an reachtaíocht chustaim a chosc, a imscrúdú agus a chomhrac, déantar foráil le hIarscríbhinn 12-A maidir le comhar idir údaráis chustaim nó údaráis rialtais inniúla, lena n-áirítear oifigigh chuí-údaraithe de chuid Páirtí amháin a bheith i láthair i gcríoch an Pháirtí eile, faoi réir chomhaontú an Pháirtí dá bhfuil an cúnamh á thabhairt ina chríoch agus faoi réir na gcoinníollacha arna leagan síos aige.

AIRTEAGAL 11.25

Ráitis maidir le tionscnamh a fhíorú

1. Déanfar ráitis maidir le tionscnamh a fhíorú go randamach, nó in aon chás ina bhfuil amhras réasúnta ar údaráis chustaim nó ar údaráis rialtais inniúla an Pháirtí allmhairiúcháin faoi bharántúlacht na ráiteas sin, faoi stádas tionscnaimh na táirgí lena mbaineann nó faoi chomhlíonadh na gceanglas eile atá sa Chaibidil seo.

2. Chun mír 1 a chur chun feidhme, cuirfidh údaráis chustaim nó údaráis rialtais inniúla an Pháirtí is allmhaireoir an ráiteas maidir le tionscnamh, nó cóip de, ar ais chuig údaráis chustaim nó údaráis rialtais inniúla an Pháirtí is onnmhaireoir, agus soláthróidh siad na cúiseanna atá leis an iarraidh ar fhíorú. Aon doiciméad nó aon fhaisnéis a fuarthas a thugann le fios go bhfuil an fhaisnéis a soláthraíodh sa ráiteas maidir le tionscnamh mícheart, áireofar iad chun tacú leis an iarraidh ar fhíorú.

3. Déanfar an iarraidh ar fhíorú agus an freagra uirthi a chur isteach i dteanga oifigiúil de chuid údarás custaim nó údarás rialtais inniúil an Pháirtí is allmhaireoir, is é sin, an t-údarás a d'iarr an fíorú, i dteanga atá inghlactha ag an bPáirtí sin nó i gcomhréir le hAirteagal 5(3) d'Iarscríbhinn 12-A.

4. Is iad údaráis chustaim nó údaráis rialtais inniúla an Pháirtí is onnmhaireoir a dhéanfaidh an fíorú. Chun na críche sin, beidh sé de cheart acu aon fhianaise a iarraidh agus cigireacht d'aon chineál a dhéanamh ar chuntais an onnmhaireora nó aon chineál eile seiceála a dhéanamh a mheasann siad is iomchuí.

5. Má chinneann údaráis chustaim nó údaráis rialtais inniúla an Pháirtí is onnmhaireoir an chóir fhabhrach ar na táirgí lena mbaineann a chur ar fionraí go dtí go bhfaighfear torthaí an fhíoraithe, tairgfidh siad na táirgí a scaoileadh leis an allmhaireoir faoi réir aon bheart réamhchúraim a mheasfaidh na húdaráis chustaim nó na húdaráis rialtais inniúla a bheith riachtanach. Cuirfear deireadh le haon fhionraíocht ar chóir fhabhrach a luaithe is féidir tar éis don Pháirtí is allmhaireoir tionscnamh na dtáirgí a chinneadh.

6. Cuirfidh údaráis chustaim nó údaráis rialtais inniúla an Pháirtí is onnmhaireoir údaráis an Pháirtí is allmhaireoir a d'iarr fíorú na dtorthaí ar an eolas faoi sin a luaithe is féidir. Soláthróidh an Páirtí is onnmhaireoir an fhaisnéis seo a leanas d'údaráis chustaim nó d'údaráis rialtais inniúla an Pháirtí is allmhaireoir:

(a) torthaí an fhíorúcháin;

(b) tuairisc ar an táirge a bhí faoi réir fíorú agus an t- aicmiú taraife atá ábhartha maidir le cur i bhfeidhm na rialacha tionscnaimh;

(c) tuairisc agus míniú ar an monarú a bheidh leormhaith chun tacú leis an réasúnaíocht maidir le stádas tionscnaimh an táirge;

(d) faisnéis maidir leis an gcaoi a ndearnadh an fíorú; agus

(e) doiciméadacht tacaíochta, más iomchuí.

7. Mura dtugtar aon fhreagra laistigh de 10 (deich) mí ó dháta na hiarrata ar fhíorú nó mura bhfuil faisnéis leordhóthanach sa fhreagra chun barántúlacht an ráitis atá i gceist nó tionscnamh na dtáirgí a chinneadh, diúltóidh na húdaráis chustaim nó na húdaráis rialtais inniúla is iarrthóir don chóir fhabhrach taraife ar na táirgí a chumhdaítear leis an ráiteas maidir le tionscnamh, seachas in imthosca eisceachtúla. Féadfar síneadh a chur leis an tréimhse 10 (deich) mí trí chomhaontú frithpháirteach idir na Páirtithe, agus an líon iarrataí ar fhíorú agus castacht na bhfíoruithe á gcur san áireamh.

8. Déanfaidh údaráis chustaim nó údaráis rialtais inniúla an Pháirtí is allmhaireoir, is é sin, na húdaráis a d'iarr an fíorú, arna iarraidh sin d'údaráis chustaim nó d'údaráis rialtais inniúla an Pháirtí is onnmhaireoir, fógra a thabhairt do na húdaráis sin faoina gcinneadh maidir leis an bpróiseas fíorúcháin.

AIRTEAGAL 11.26

Comhairliúcháin

1. Más rud é, i ndáil leis na nósanna imeachta fíorúcháin a leagtar amach in Airteagal 11.25, go bhfuil sé beartaithe ag údaráis chustaim nó údaráis rialtais inniúla an Pháirtí is allmhaireoir cinneadh maidir le tionscnamh a dhéanamh nach bhfuil i gcomhréir leis an bhfreagra a thug údaráis chustaim nó údaráis rialtais inniúla an Pháirtí is onnmhaireoir i gcomhréir le hAirteagal 11.25(6), tabharfaidh an Páirtí is allmhaireoir fógra faoin rún sin don Pháirtí is onnmhaireoir laistigh de 60 (seasca) lá ón bhfreagra a fháil i gcomhréir le hAirteagal 11.25(6).

2. Arna iarraidh sin do cheachtar Páirtí, reáchtálfaidh na Páirtithe comhairliúcháin laistigh de 90 (nócha) lá ó dháta an fhógra dá dtagraítear i mír 1 nó laistigh de thréimhse chomhaontaithe ama, d'fhonn difríochtaí i ndáil leis na nósanna imeachta fíorúcháin a réiteach. Féadfar síneadh a chur leis an tréimhse le haghaidh comhairliúcháin, ar bhonn cás ar chás trí chomhaontú frithpháirteach i scríbhinn idir na Páirtithe.

3. Má bhíonn difríochtaí i ndáil leis na nósanna imeachta fíorúcháin idir údaráis chustaim nó údaráis rialtais inniúla an Pháirtí is allmhaireoir, is é sin, na húdaráis a d'iarr an fíorú, agus údaráis chustaim nó údaráis rialtais inniúla an Pháirtí is onnmhaireoir atá freagrach as an bhfíorú sin a dhéanamh, ar difríochtaí iad nach féidir a réiteach, nó má eascraíonn ceisteanna as na difríochtaí sin maidir le léirmhíniú na Caibidle seo, cuirfear na difríochtaí nó na ceisteanna sin faoi bhráid an Fhochoiste um chustam, éascú trádála agus rialacha tionscnaimh, dá dtagraítear in Airteagal 11.32.

4. Údaráis chustaim nó údaráis rialtais inniúla an Pháirtí is allmhaireoir a iarrann fíorú, féadfaidh siad an cinneadh maidir le tionscnamh a dhéanamh tar éis comhairliúcháin san Fhochoiste um chustam, éascú trádála agus rialacha tionscnaimh agus ar bhonn údar leormhaith agus ar an mbonn sin amháin, tar éis dóibh an ceart éisteachta a dheonú don allmhaireoir. Tabharfar fógra faoin gcinneadh don Pháirtí is onnmhaireoir.

5. Ní dhéanfaidh aon ní san Airteagal seo difear do na nósanna imeachta ná do chearta na bPáirtithe faoi Chaibidil 29.

6. I ngach cás, réiteofar díospóidí idir an t-allmhaireoir agus údaráis chustaim nó údaráis rialtais inniúla an Pháirtí is allmhaireoir faoi dhlí an Pháirtí sin.

AIRTEAGAL 11.27

Rúndacht

1. Coimeádfaidh gach Páirtí, i gcomhréir lena dhlí, rúndacht na faisnéise a bailíodh de bhun na Caibidle seo, agus cosnóidh sé an fhaisnéis sin ar nochtadh.

2. Faisnéis a gheobhaidh údaráis an Pháirtí is allmhaireoir, ní fhéadfaidh na húdaráis sin í a úsáid ach amháin chun críocha na Caibidle seo. Áiritheoidh gach Páirtí nach ndéanfar faisnéis rúnda arna bailiú de bhun na Caibidle seo a úsáid chun críoch eile seachas cinneadh tionscnaimh agus ábhair chustaim a riar agus a fhorghníomhú, ach amháin i gcás ina bhfuil cead faighte ón duine nó ón bPáirtí a sholáthair an fhaisnéis rúnda sin.

3. D'ainneoin mhír 2, féadfaidh an Páirtí is allmhaireoir cead a thabhairt faisnéis arna bailiú de bhun na Caibidle seo a úsáid nó a nochtadh in aon imeacht riaracháin, breithiúnach nó dlínse a thionscnaítear i gcás nach gcomhlíontar dlíthe a bhaineann le custam lena gcuirtear an Chaibidil seo chun feidhme. Sa chás sin, tabharfaidh an Páirtí is allmhaireoir fógra don Pháirtí is onnmhaireoir faoi úsáid nó nochtadh na faisnéise.

AIRTEAGAL 11.28

Bearta agus smachtbhannaí riaracháin

Forchuirfidh Páirtí, i gcomhréir lena dhlíthe agus lena rialacháin, bearta riaracháin agus smachtbhannaí ar aon duine a tharraingíonn suas doiciméad ina bhfuil faisnéis mhícheart chun cóir fhabhrach a fháil le haghaidh táirgí, nó ar aon duine arb é is cúis le tarraingt suas doiciméid den chineál sin.

ROINN C

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

AIRTEAGAL 11.29

Ceuta agus Melilla

1. Chun críocha na Caibidle seo, i gcás an Aontais Eorpaigh, níl Ceuta agus Melilla san áireamh leis an téarma 'Páirtí'.

2. Maidir le táirgí de thionscnamh MERCOSUR, nuair a allmhairítear isteach in Ceuta agus Melilla iad, beidh siad faoi réir na córa custaim céanna faoin gComhaontú seo, ar gach bealach, agus a chuirtear i bhfeidhm maidir le táirgí de thionscnamh chríoch chustaim an Aontais Eorpaigh de réir Phrótacal 2 d'Ionstraim Aontachais Ríocht na Spáinne agus Phoblacht na Portaingéile don Aontas Eorpach. Tabharfaidh MERCOSUR d'allmhairí táirgí a chumhdaítear leis an gComhaontú seo, agus ar de thionscnamh Ceuta agus Melilla iad, an chóir chustaim chéanna agus a thugtar do tháirgí a allmhairítear ón Aontas Eorpach agus ar dá thionscnamh iad.

3. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag na rialacha tionscnaimh agus ag na nósanna imeachta maidir le tionscnamh dá dtagraítear sa Chaibidil seo maidir le táirgí a onnmhairítear ó MERCOSUR go Ceuta agus Melilla agus maidir le táirgí a onnmhairítear ó Ceuta agus Melilla go MERCOSUR.

4. Measfar gurb aon chríoch amháin iad Ceuta agus Melilla.

5. Tabharfaidh an t- onnmhaireoir ‘MERCOSUR’ nó ‘Ceuta agus Melilla’ le fios i réimse 2 de théacs an ráitis maidir le tionscnamh, ag brath ar thionscnamh an táirge.

6. Beidh údaráis chustaim Ríocht na Spáinne freagrach as an gCaibidil seo a chur i bhfeidhm agus a chur chun feidhme in Ceuta agus Melilla.

## AIRTEAGAL 11.30

## TARAIF-CHUÓTAÍ

Táirgí a onnmhairítear faoi tharaif-chuótaí arna ndeonú ag an Aontas Eorpach, beidh doiciméad oifigiúil ag gabháil leo arna eisiúint ag Stáit Sínithe MERCOSUR, ar cheart do MERCOSUR a shamhail a chur in iúl don Aontas Eorpach tráth nach déanaí ná dáta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo[1].

## AIRTEAGAL 11.31

## Earraí faoi bhealach nó á stóráil

Féadfar an Comhaontú seo a chur i bhfeidhm maidir le hearraí a chomhlíonann an Chaibidil seo agus, ar dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, atá faoi bhealach nó á stóráil go sealadach i stórais chustaim nó i saorchriosanna san Aontas Eorpach nó in MERCOSUR, faoi réir ráiteas maidir le tionscnamh agus, más iomchuí, na doiciméid lena léirítear go gcomhlíonann na hearraí Airteagal 11.14 a chur faoi bhráid údaráis chustaim an Pháirtí is allmhaireoir, laistigh de 6 (sé) mhí ón dáta sin.

[1] Tá feidhm ag an bhforáil sin gan dochar do na forálacha eile sa Chaibidil seo.

AIRTEAGAL 11.32

An Fochoiste um chustam, éascú trádála agus rialacha tionscnaimh

1. Beidh na feidhmeanna seo a leanas ag an bhFochoiste um chustam, éascú trádála agus rialacha tionscnaimh a bhunaítear de bhun Airteagal 9.9(4), sa bhreis orthu sin a liostaítear in Airteagail 2.4, 9.9, 12.6(10) agus 12.21:

(a) an obair ullmhúcháin inmheánach is gá a dhéanamh don Chomhchoiste i gcumraíocht trádála maidir leis na nithe seo a leanas:

(i) cur chun feidhme agus oibriú na Caibidle seo; agus

(ii) aon leasú ar an gCaibidil seo arna mholadh ag Páirtí;

(b) nótaí míniúcháin a ghlacadh chun cur chun feidhme na Caibidle seo a éascú; agus

(c) i gcás inar gá, na comhairliúcháin dá bhforáiltear in Airteagal 11.26 a dhéanamh.

AIRTEAGAL 11.33

Nótaí míniúcháin

Glacfaidh an Fochoiste um chustam, éascú trádála agus rialacha tionscnaimh, de réir mar is iomchuí, nótaí míniúcháin maidir le léirmhíniú, cur i bhfeidhm agus riar na Caibidle seo.

AIRTEAGAL 11.34

Leasuithe ar an gCaibidil seo

Féadfaidh an Chomhairle Chomhpháirteach i gcumraíocht trádála an Chaibidil seo a leasú de bhun phointe (f) d'Airteagal 9.7(1).

CAIBIDIL 12

CUSTAIM AGUS ÉASCÚ TRÁDÁLA

AIRTEAGAL 12.1

Cuspóirí agus raon feidhme

1. Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá ábhair maidir le custam agus éascú trádála i dtimpeallacht athraitheach na trádála domhanda.

2. Aithníonn na Páirtithe go bhfuil ionstraimí agus caighdeáin trádála agus custaim idirnáisiúnta mar bhonn do cheanglais agus nósanna imeachta maidir le hallmhairiú, onnmhairiú agus idirthuras.

3. Aithníonn na Páirtithe gur cheart a reachtaíocht a bheith neamh-idirdhealaitheach agus gur cheart nósanna imeachta custaim agus nósanna imeachta eile a bhaineann le trádáil a bheith bunaithe ar úsáid modhanna nua-aimseartha agus rialuithe éifeachtacha chun calaois a chomhrac, sláinte agus sábháilteacht tomhaltóirí a chosaint agus trádáil dhlisteanach a chur chun cinn. Ba cheart do gach Páirtí athbhreithniú a dhéanamh go tréimhsiúil ar a reachtaíocht chustaim agus ar a nósanna imeachta custaim. Aithníonn na Páirtithe freisin nár cheart a nósanna imeachta custaim agus a nósanna imeachta eile a bhaineann le trádáil a bheith níos troime ó thaobh riaracháin de ná níos sriantaí ó thaobh trádála de ná mar is gá chun cuspóirí dlisteanacha a bhaint amach agus gur cheart iad a chur i bhfeidhm ar bhealach intuartha, comhsheasmhach agus trédhearcach.

4. Neartóidh na Páirtithe a gcomhar d'fhonn a áirithiú go gcomhlíonfaidh na dlíthe agus na rialacháin ábhartha, chomh maith le hacmhainneacht riaracháin na rialtas ábhartha, na cuspóirí maidir le héascú trádála a chur chun cinn agus rialú éifeachtach ar allmhairiú, ar onnmhairiú agus ar idirthuras earraí ag an teorainn á áirithiú.

5. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile d'fhonn tacú le forbairt an lánpháirtithe réigiúnaigh laistigh den Aontas Eorpach agus de MERCOSUR araon.

## AIRTEAGAL 12.2

### Comhar custaim

1. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile, trína n-údaráis féin, maidir le hábhair chustaim agus ábhair eile a bhaineann le trádáil chun a áirithiú go mbainfear amach na cuspóirí a leagtar amach in Airteagal 12.1.

2. Féadfar an méid seo a leanas a áireamh leis an gcomhar:

(a) faisnéis a mhalartú maidir le reachtaíocht chustaim agus reachtaíocht eile a bhaineann le trádáil, cur chun feidhme na reachtaíochta custaim agus na nósanna imeachta custaim sin, go háirithe sna réimsí seo a leanas:

(i) simpliú agus nuachóiriú nósanna imeachta custaim;

(ii) forfheidhmiú cearta maoine intleachtúla ag na húdaráis chustaim;

(iii) saorchúrsaíocht earraí agus lánpháirtíocht réigiúnach;

(iv) gluaiseachtaí idirthurais agus trasloingsiú a éascú;

(v) comhordú idirghníomhaireachta ag an teorainn;

(vi) caidrimh leis an bpobal gnó;

(vii) slándáil an tslabhra soláthair agus bainistiú riosca; agus

(viii) úsáid a bhaint as ceanglais teicneolaíochta faisnéise, sonraí agus doiciméadachta agus as córais ionaid ilfhreastail, lena n-áirítear oibriú i dtreo a n-idir-inoibritheachta amach anseo;

(b) faisnéis a mhalartú maidir le trádáil idirnáisiúnta agus ionstraimí agus caighdeáin chustaim;

(c) comhoibriú maidir leis na gnéithe sin de dhaingniú agus d'éascú an tslabhra soláthair trádála idirnáisiúnta a bhaineann le custam i gcomhréir leis an gCreat Caighdeán SAFE chun an Trádáil Dhomhanda a Áirithiú agus a Éascú (dá ngairtear 'an Creat SAFE' anseo feasta), ar creat de chuid na hEagraíochta Domhanda Custaim é (dá ngairtear 'EDC' anseo feasta);

(d) tionscnaimh chomhpháirteacha a fhorbairt a bhaineann le nósanna imeachta um allmhairiú agus onnmhairiú, lena n-áirítear cúnamh teicniúil, fothú acmhainneachta agus bearta atá dírithe ar sheirbhís éifeachtach a sholáthar don phobal gnó;

(e) comhar a neartú idir na Páirtithe i réimsí an chustaim agus an éascaithe trádála in eagraíochtaí idirnáisiúnta amhail EDT, EDC agus Comhdháil na Náisiún Aontaithe ar Thrádáil agus Forbairt (dá ngairtear 'UNCTAD' anseo feasta);

(f) aitheantas frithpháirteach a bhunú, más ábhartha agus más iomchuí, do chláir comhpháirtíochta trádála agus do rialuithe custaim, lena n-áirítear bearta coibhéiseacha éascaithe trádála;

(g) comhar a chothú idir údaráis chustaim agus údaráis nó gníomhaireachtaí rialtais eile i ndáil le cláir oibreoirí eacnamaíocha údaraithe, mar shampla, trí cheanglais a ailíniú, rochtain ar shochair a éascú agus dúbláil nach bhfuil gá léi a íoslaghdú;

(h) oibriú le chéile d'fhonn teacht ar chur chuige coiteann i leith saincheisteanna a bhaineann le luacháil chustaim; agus

(i) oibriú le chéile chun amanna scaoilte a laghdú a thuilleadh agus chun earraí a scaoileadh gan moill mhíchuí, go háirithe earraí meatacha.

3. Tabharfaidh na Páirtithe cúnamh riaracháin frithpháirteach dá chéile in ábhair chustaim i gcomhréir le forálacha Iarscríbhinn 12-A.

AIRTEAGAL 12.3

Dlíthe custaim agus dlíthe agus rialacháin eile a bhaineann le trádáil

1. Beidh dlíthe agus rialacháin chustaim gach Páirtí agus a ndlíthe agus a rialacháin a bhaineann le trádáil[1] bunaithe ar na nithe seo a leanas:

(a) ionstraimí agus caighdeáin idirnáisiúnta is infheidhme i réimse an chustaim agus na trádála, lena n-áirítear: comhaontú na hEagraíochta Domhanda Trádála um Éascú Trádála arna dhéanamh in Bali an 7 Nollaig 2013 (dá ngairtear 'Comhaontú EDT um Éascú Trádála' anseo feasta); an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta ar an gCóras Comhchuibhithe um Thuairisciú agus um Chódú Tráchtearraí, arna dhéanamh sa Bhruiséil an 14 Meitheamh 1983; an Creat SAFE agus samhail sonraí EDC, a glacadh i mí an Mheithimh 2005, agus, a mhéid is féidir, eilimintí substainteacha Choinbhinsiún Athbhreithnithe Kyoto maidir le Nósanna Imeachta Custaim a Shimpliú agus a Chomhchuibhiú, arna dhéanamh in Kyoto an 18 Bealtaine 1973;

(b) an cuspóir coiteann go n-éascófaí trádáil dhlisteanach trí cheanglais reachtacha a fhorfheidhmiú go héifeachtach agus a chomhlíonadh; agus

(c) reachtaíocht atá comhréireach agus neamh-idirdhealaitheach, lena seachnaítear ualaí nach bhfuil gá leo ar oibreoirí eacnamaíocha, lena ndéantar foráil maidir le héascú breise le haghaidh oibreoirí a bhfuil leibhéil arda comhlíontachta acu, lena n-áirítear cóir fhabhrach i ndáil le rialuithe custaim roimh scaoileadh earraí, agus lena n-áirithítear coimircí in aghaidh calaoise agus gníomhaíochtaí atá aindleathach nó ar féidir díobháil a dhéanamh leo.

---

1 Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, leis an tagairt do dhlíthe agus do rialacháin cumhdaítear nósanna imeachta a chumhdaítear iontu.

2. Chun feabhas a chur ar mhodhanna oibre, agus chun neamh-idirdhealú, trédhearcacht, éifeachtúlacht, sláine agus cuntasacht oibríochtaí a áirithiú, déanfaidh gach Páirtí an méid seo a leanas:

(a) ceanglais agus foirmiúlachtaí a shimpliú agus a athbhreithniú aon uair is féidir d'fhonn earraí a scaoileadh agus a imréiteach go tapa;

(b) oibriú i dtreo tuilleadh simplithe agus caighdeánaithe a dhéanamh ar shonraí agus ar dhoiciméadacht a cheanglaíonn údaráis chustaim agus gníomhaireachtaí eile; agus

(c) a áirithiú go gcoinneofar na caighdeáin is airde ionracais ar bun, trí bhearta a chur i bhfeidhm lena léireofar prionsabail na gcoinbhinsiún agus na n-ionstraimí idirnáisiúnta ábhartha sa réimse seo.

## AIRTEAGAL 12.4

### Scaoileadh earraí

1. Glacfaidh gach Páirtí ceanglais agus nósanna imeachta custaim, nó cloífidh sé le ceanglais agus nósanna imeachta custaim:

(a) lena ndéanfar foráil maidir le scaoileadh pras earraí laistigh de thréimhse nach mó ná an tréimhse is gá chun a áirithiú go gcomhlíontar a dhlíthe custaim agus dlíthe agus foirmiúlachtaí eile a bhaineann le trádáil;

(b) lena ndéanfar foráil maidir le réamhchur isteach agus réamhphróiseáil leictreonach doiciméadachta agus aon fhaisnéis eile is gá sula dtiocfaidh na hearraí isteach, chun gur féidir earraí a scaoileadh ar theacht isteach dóibh[1]; agus

(c) lena bhféadfar earraí a scaoileadh sula gcinnfear go críochnaitheach na dleachtanna custaim, cánacha, táillí agus muirir is infheidhme, mura ndéanfar an cinneadh sin roimh theacht, nó ar theacht, nó a luaithe is féidir tar éis teachta, agus ar choinníoll go gcomhlíonfar na ceanglais rialála eile go léir.

2. Chun críocha phointe (c) de mhír 1, mar choinníoll leis an scaoileadh sin, féadfaidh gach Páirtí ráthaíocht a cheangal i leith aon mhéid nár cinneadh go fóill i bhfoirm urra, taisce nó ionstraime iomchuí eile dá bhforáiltear ina dhlíthe agus ina rialacháin. Ní bheidh an ráthaíocht sin níos mó ná an méid a bhfuil gá ag an bPáirtí leis chun a áirithiú go n-íocfar na dleachtanna custaim, cánacha, táillí agus muirir a bheidh dlite sa deireadh as na hearraí a chumhdaítear leis an ráthaíocht. Déanfar an ráthaíocht a urscaoileadh nuair nach mbeidh sí ag teastáil a thuilleadh[2].

3. Féachfaidh gach Páirtí leis na hamanna scaoilte a laghdú a thuilleadh agus na hearraí a scaoileadh gan moill mhíchuí.

1 Comhlíonfaidh Stáit Sínithe MERCOSUR na gealltanais sa mhír seo i gcomhréir le hAirteagal 16 (Fógra faoi dhátaí cinntitheacha maidir le cur chun feidhme Chatagóir B agus Chatagóir C) de Chomhaontú EDT um Éascú Trádála.

2 Comhlíonfaidh Stáit Sínithe MERCOSUR na gealltanais sa mhír seo i gcomhréir le hAirteagal 16 (Fógra faoi dhátaí cinntitheacha maidir le cur chun feidhme Chatagóir B agus Chatagóir C) de Chomhaontú EDT um Éascú Trádála.

AIRTEAGAL 12.5

Earraí meatacha

1. Chun críocha na forála seo, is éard is earraí meatacha ann earraí a mheathann go gasta de bharr a dtréithe nádúrtha, go háirithe in éagmais coinníollacha stórála iomchuí.

2. Déanfaidh gach Páirtí tosaíocht iomchuí a thabhairt d’earraí meatacha agus aon scrúdú a d’fhéadfadh a bheith ag teastáil á sceidealú agus á dhéanamh.

3. Arna iarraidh sin d’oibreoir eacnamaíoch, déanfaidh gach Páirtí an méid seo a leanas, más indéanta agus má tá sé i gcomhréir lena dhlíthe agus lena rialacháin:

(a) foráil a dhéanamh maidir le coinsíneacht earraí meatacha a imréiteach lasmuigh de ghnáthuaireanta gnó na n-údarás custaim agus údarás ábhartha eile; agus

(b) coinsíneachtaí earraí meatacha a cheadú lena n-imréiteach ag áitreabh an oibreora eacnamaíoch.

AIRTEAGAL 12.6

Réamhrialuithe

1. Chun críocha an Airteagail seo, ciallaíonn 'réamhrialú' cinneadh i scríbhinn a sholáthraítear d'iarratasóir sula n-allmhairítear earra a chumhdaítear leis an iarratas, ina leagtar amach an chóir a sholáthróidh an Páirtí don earra tráth an allmhairithe i ndáil leis an méid seo a leanas:

(a) aicmiú taraife an earra; agus

(b) tionscnamh an earra.

2. Eiseoidh gach Páirtí, trína údaráis chustaim, réamhrialú ina leagfar amach an chóir atá le soláthar do na hearraí lena mbaineann. Má chuireann iarratasóir iarraidh i scríbhinn isteach, lena n-áirítear iarraidh i bhformáid leictreonach, ina bhfuil an fhaisnéis uile is gá i gcomhréir le dlíthe agus rialacháin an Pháirtí eisiúna, eiseofar an rialú sin ar bhealach réasúnta faoi cheangal ama.

3. Beidh an réamhrialú bailí ar feadh tréimhse 3 (trí) bliana ar a laghad tar éis a eisiúna, ach amháin má thagann athrú ar an dlí, na fíorais nó na himthosca a thacaíonn leis an réamhrialú bunaidh.

4. Féadfaidh Páirtí diúltú réamhrialú a eisiúint má tá an cheist a ardaítear faoi réir athbhreithniú riaracháin nó breithiúnach nó mura mbaineann an t-iarratas le haon úsáid atá beartaithe don réamhrialú. Má dhiúltaíonn Páirtí réamhrialú a eisiúint, tabharfaidh sé fógra i scríbhinn don iarratasóir go pras, ina leagfar amach na fíorais ábhartha agus an bunús lena chinneadh.

5. Foilseoidh gach Páirtí, ar a laghad:

(a) na ceanglais chun iarratas a dhéanamh ar réamhrialú, lena n- áirítear an fhaisnéis atá le soláthar agus an fhormáid;

(b) an teorainn ama faoina n- eiseoidh sé réamhrialú; agus

(c) an fad ama a bhfuil an réamhrialú bailí lena linn.

6. Má dhéanann Páirtí réamhrialú a chúlghairm nó a mhodhnú nó a neamhniú, soláthróidh sé fógra i scríbhinn don iarratasóir ina leagfar amach na fíorais ábhartha agus an bunús lena chinneadh. Ní fhéadfaidh Páirtí réamhrialú a bhfuil éifeacht chúlghabhálach aige a chúlghairm, a mhodhnú nó a neamhniú ach amháin má bhí an rialú bunaithe ar fhaisnéis neamhiomlán, mhícheart, bhréagach nó mhíthreorach.

7. Beidh réamhrialú arna eisiúint ag Páirtí ina cheangal ar an bPáirtí sin i leith an iarratasóra a d’iarr é. Féadfaidh an Páirtí foráil a dhéanamh go mbeidh an réamhrialú ina cheangal ar an iarratasóir.

8. Soláthróidh gach Páirtí, arna iarraidh sin i scríbhinn d’iarratasóir, athbhreithniú ar an réamhrialú nó ar an gcinneadh chun réamhrialú a chúlghairm, a mhodhnú nó a neamhniú[1].

9. Faoi réir aon cheanglas rúndachta, foilseofar eilimintí substainteacha de na rialuithe sin, ar líne nó i bhformáidí iomchuí eile.

---

[1] Faoin mír seo, féadfaidh an t-oifigeach, an oifig nó an t-údarás a d’eisigh an rialú, údarás riaracháin níos airde nó údarás neamhspleách, nó údarás breithiúnach, athbhreithniú a dhéanamh sula gcuirfear an rialú i ngníomh nó ina dhiaidh.

10. Chun trádáil a éascú, déanfaidh an Fochoiste um chustam, éascú trádála agus rialacha tionscnaimh, dá dtagraítear in Airteagal 12.21, plé tráthrialta ar nuashonruithe i ndáil le hathruithe ar dhlíthe agus rialacháin na bPáirtithe maidir leis na hábhair a liostaítear san Airteagal seo.

11. Féadfaidh na Páirtithe teacht ar chomhaontú maidir le réamhrialuithe i ndáil le haon ábhar eile.

AIRTEAGAL 12.7

Idirthuras agus trasloingsiú

1. Áiritheoidh gach Páirtí saoirse idirthurais trína chríoch tríd an mbealach is áisiúla le haghaidh idirthurais.

2. Gan dochar don rialú dlisteanach, maidir le trácht faoi bhealach chuig críoch an Pháirtí eile nó ón gcríoch sin, tabharfaidh gach Páirtí cóir nach lú fabhar don trácht sin ná an chóir a thugtar dá earraí comhchosúla féin agus dá ngluaiseacht, lena n-áirítear allmhairí agus onnmhairí, i gcás ina n-iompraítear na hearraí sin ar an mbealach céanna faoi dhálaí comhchosúla.

3. Cuirfidh gach Páirtí, a mhéid is féidir, nósanna imeachta custaim i bhfeidhm maidir le hearraí trasloingsithe ar lú an t-ualach a bhaineann leo ná na nósanna imeachta a chuirtear i bhfeidhm maidir le trácht idirthurais.

4. Oibreoidh gach Páirtí córais iompair faoi bhanna lena gceadófar idirthuras earraí gan dleachtanna custaim ná muirir eile a íoc faoi réir ráthaíocht iomchuí a sholáthar.

5. Déanfaidh gach Páirtí socruithe idirthurais réigiúnaigh a chur chun cinn agus a chur chun feidhme d'fhonn trácht idirthurais a éascú agus bacainní trádála a laghdú.

6. Bainfidh gach Páirtí leas as caighdeáin agus ionstraimí idirnáisiúnta atá ábhartha maidir le hidirthuras, agus úsáidfidh sé iad.

7. Féadfar nósanna imeachta idirthurais custaim a úsáid freisin má thosaíonn nó má chríochnaíonn idirthuras earraí i gcríoch Páirtí (idirthuras intíre).

8. Áiritheoidh na Páirtithe go n-oibreoidh na húdaráis agus na gníomhaireachtaí uile lena mbaineann ina gcríocha féin i gcomhar le chéile agus go ndéanfaidh siad comhordú maidir le hábhair chustaim d'fhonn trácht idirthurais a éascú.

AIRTEAGAL 12.8

Oibreoir eacnamaíoch údaraithe

1. Déanfaidh gach Páirtí clár comhpháirtíochta éascaithe trádála a bhunú nó a choinneáil ar bun le haghaidh oibreoirí a chomhlíonann critéir shonraithe, dá ngairtear oibreoirí eacnamaíocha údaraithe anseo feasta (dá ngairtear 'OEÚ' anseo feasta).

2. Na critéir shonraithe is gá d'oibreoirí a chomhlíonadh chun go gcáileoidh siad mar oibreoirí eacnamaíocha údaraithe, dá ngairtear 'na critéir shonraithe' anseo feasta, bainfidh siad le comhlíonadh na gceanglas a shonraítear i ndlíthe agus i rialacháin gach Páirtí, nó leis an riosca nach gcomhlíonfar na ceanglais sin. Foilseofar na critéir shonraithe sin agus áireofar na nithe seo a leanas orthu:

(a) easpa sáruithe tromchúiseacha nó sáruithe a ndearnadh an athuair ar dhlíthe agus rialacháin i ndáil le custam agus cánachas, agus áirítear leis sin gan aon taifead a bheith ann maidir le cionta coiriúla tromchúiseacha a bhaineann le gníomhaíocht eacnamaíoch an iarratasóra;

(b) ardleibhéal rialaithe ar a oibríochtaí agus ar shreabhadh na n-earraí á léiriú ag an iarratasóir, trí bhíthin córas chun bainistiú a dhéanamh ar thaifid tráchtála agus, i gcás inarb iomchuí, ar thaifid iompair, córas lena gceadaítear rialuithe iomchuí custaim;

(c) sócmhainneacht airgeadais, a measfar a bheith cruthaithe i gcás ina mbeidh seasamh maith airgeadais ag an iarratasóir, lena gcuirfear ar a chumas a ghealltanais a chomhlíonadh, agus aird chuí á tabhairt ar shaintréithe an chineáil gníomhaíochta gnó lena mbaineann;

(d) inniúlachtaí cruthaithe nó cáilíochtaí gairmiúla a bhaineann go díreach leis an ngníomhaíocht a dhéantar; agus

(e) caighdeáin iomchuí slándála agus sábháilteachta.

3. Ní dhéanfar na critéir shonraithe a cheapadh ná a chur i bhfeidhm sa tslí go gceadófar nó go gcruthófar idirdhealú treallach nó idirdhealú gan údar idir oibreoirí i gcás ina bhfuil na coinníollacha céanna i réim, agus ceadófar rannpháirtíocht FBManna leo.

4. Áireofar sa chlár comhpháirtíochta éascaithe trádála ceithre cinn ar a laghad de na sochair seo a leanas:

(a) ceanglais níos ísle dhoiciméadacha agus sonraí, de réir mar is iomchuí;

(b) ráta íseal cigireachtaí agus scrúduithe fisiceacha, de réir mar is iomchuí;

(c) aga scaoilte tapa, de réir mar is iomchuí;

(d) íocaíocht iarchurtha dleachtanna, cánacha, táillí agus muirear;

(e) úsáid ráthaíochtaí cuimsitheacha nó ráthaíochtaí laghdaithe;

(f) dearbhú custaim aonair le haghaidh allmhairí nó onnmhairí uile i dtréimhse áirithe; agus

(g) imréiteach earraí ar áitreabh an oibreora eacnamaíoch údaraithe nó in áit eile arna húdarú ag na húdaráis chustaim.

5. Ba cheart do na Páirtithe comhordú idir údaráis chustaim agus gníomhaireachtaí teorann eile a áirithiú agus a gcláir oibreoirí eacnamaíocha údaraithe, faoi seach, á bhforbairt acu trí mhodhanna amhail ceanglais a ailíniú, íoslaghdú a dhéanamh ar dhúbláil nach bhfuil gá léi agus rochtain a thabhairt ar shochair a bhaineann le rialuithe agus ceanglais arna riar ag gníomhaireachtaí seachas údaráis chustaim.

## AIRTEAGAL 12.9

### Ionad ilfhreastail

Féachfaidh gach Páirtí le córais ionaid ilfhreastail a bhunú, lena gcuirfear ar a gcumas do thrádálaithe doiciméadacht agus ceanglais sonraí maidir le hallmhairiú, onnmhairiú nó idirthuras earraí a chur faoi bhráid na n-údarás nó na ngníomhaireachtaí rannpháirteacha trí phointe iontrála aonair.

AIRTEAGAL 12.10

Trédhearcacht

1. Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá comhairliúcháin thráthúla le hionadaithe trádála maidir leis na dlíthe agus na nósanna imeachta atá beartaithe ag Páirtí a bhaineann le hábhair chustaim agus éascaithe trádála.

2. Áiritheoidh gach Páirtí go leanfaidh a cheanglais chustaim agus a nósanna imeachta eile a bhaineann le trádáil de riachtanais an phobail trádála a chomhlíonadh, de dhea-chleachtais a leanúint agus de thrádáil a shrianadh a laghad is féidir i gcónaí.

3. Déanfaidh gach Páirtí foráil, de réir mar is iomchuí, maidir le comhairliúcháin thráthrialta idir a ghníomhaireachtaí teorann agus a thrádálaithe nó páirtithe leasmhara eile atá lonnaithe laistigh dá chríoch.

4. Foilseoidh gach Páirtí go pras, ar bhealach atá neamh-idirdhealaitheach agus inrochtana go héasca, agus trí mheán leictreonach a mhéid is féidir, dlíthe, rialacháin agus nósanna imeachta ginearálta nua a bhaineann le hábhair chustaim agus éascaithe trádála sula gcuirfear aon dlí, rialachán nó nós imeachta ginearálta den sórt sin i bhfeidhm, chomh maith le hathruithe ar na dlíthe, na rialacháin agus na nósanna imeachta ginearálta sin agus léirmhínithe orthu. Áireofar leis sin:

(a) nósanna imeachta maidir le hallmhairiú, onnmhairiú agus idirthuras, lena n-áirítear nósanna imeachta calafoirt, nósanna imeachta aerfoirt agus nósanna imeachta eile a bhaineann leis an bpointe iontrála agus le huaireanta oibriúcháin, agus na foirmeacha agus doiciméid is gá;

(b) rátaí feidhmeacha dleachtanna agus cánacha de chineál ar bith a fhorchuirtear ar allmhairiú nó onnmhairiú nó i ndáil le hallmhairiú nó onnmhairiú;

(c) táillí agus muirir a fhorchuireann gníomhaireachtaí rialtais, nó a fhorchuirtear ar a son, ar allmhairiú, onnmhairiú nó idirthuras nó i ndáil le hallmhairiú, onnmhairiú nó idirthuras;

(d) rialacha chun táirgí a aicmiú nó a luacháil chun críocha custaim;

(e) dlíthe, rialacháin agus rialuithe riaracháin ag a bhfuil feidhm ghinearálta a bhaineann le rialacha tionscnaimh;

(f) srianta nó toirmisc ar allmhairiú, onnmhairiú nó idirthuras;

(g) forálacha pionóis i gcoinne sáruithe ar fhoirmiúlachtaí allmhairiúcháin, onnmhairiúcháin nó idirthurais;

(h) nósanna imeachta achomhairc;

(i) comhaontuithe nó codanna díobh le haon tír nó tíortha a bhaineann le hallmhairiú, onnmhairiú nó idirthuras;

(j) nósanna imeachta a bhaineann le riar cuótaí taraife;

(k) pointí teagmhála le haghaidh fiosruithe faisnéise; agus

(l) fógraí ábhartha eile de chineál riaracháin i ndáil leis an méid sin thuas.

5. Áiritheoidh gach Páirtí go mbeidh tréimhse réasúnta ama ann idir dlíthe, rialacháin agus nósanna imeachta ginearálta nua nó leasaithe agus táillí nó muirir a fhoilsiú agus a dteacht i bhfeidhm.

6. Déanfaidh gach Páirtí an méid seo a leanas a chur ar fáil ar líne agus a thabhairt cothrom le dáta, de réir mar is iomchuí:

(a) tuairisc ar a nósanna imeachta maidir le hallmhairiú, onnmhairiú agus idirthuras, lena n-áirítear nósanna imeachta achomhairc, lena dtugtar faisnéis faoi na céimeanna praiticiúla is gá chun allmhairiú agus onnmhairiú a dhéanamh, agus le haghaidh idirthurais;

(b) na foirmeacha agus doiciméid is gá le haghaidh allmhairiú go críoch an Pháirtí sin nó onnmhairiú uaidh nó idirthuras a dhéanamh tríd; agus

(c) faisnéis teagmhála maidir le pointí fiosrúcháin.

7. Déanfaidh gach Páirtí pointe fiosrúcháin amháin nó níos mó a bhunú nó a choinneáil ar bun chun freagra a thabhairt laistigh de thréimhse ama réasúnta ar fhiosrúcháin ó rialtais, ó thrádálaithe agus ó pháirtithe leasmhara eile maidir le custam agus le hábhair eile a bhaineann le trádáil. Ní cheanglóidh na Páirtithe go n- íocfar táille chun fiosrúcháin a fhreagairt ná chun na foirmeacha agus doiciméid is gá a sholáthar. Leis na pointí fiosrúcháin, freagrófar fiosrúcháin agus soláthrófar na foirmeacha agus na doiciméid laistigh de thréimhse réasúnta arna leagan amach ag gach Páirtí, tréimhse a fhéadfar a athrú ag brath ar chineál nó castacht an fhiosrúcháin.

## AIRTEAGAL 12.11

### Luacháil custaim

Leis an gComhaontú maidir le hAirteagal VII de CGTT 1994 a Chur chun Feidhme, rialófar rialacha luachála custaim a chuirtear i bhfeidhm maidir le trádáil chómhalartach idir na Páirtithe. Ionchorpraítear leis seo a fhorálacha sa Chomhaontú seo agus déantar cuid dhílis den Chomhaontú seo díobh.

## AIRTEAGAL 12.12

### Bainistíocht riosca

1. Glacfaidh gach Páirtí córas bainistíochta riosca nó déanfaidh sé é a choinneáil ar bun le haghaidh rialú custaim.

2. Déanfaidh gach Páirtí bainistiú riosca a dhearadh agus a chur i bhfeidhm sa chaoi go seachnófar idirdhealú treallach nó idirdhealú gan údar, nó srianta faoi cheilt ar an trádáil idirnáisiúnta.

3. Díreoidh gach Páirtí rialuithe custaim agus rialuithe ábhartha eile teorann ar choinsíneachtaí ardriosca agus déanfaidh sé scaoileadh coinsíneachtaí lena mbaineann riosca íseal a bhrostú. Féadfaidh gach Páirtí coinsíneachtaí a roghnú freisin, ar bhonn randamach, le haghaidh rialuithe custaim mar chuid dá bhainistiú riosca.

4. Déanfaidh gach Páirtí bainistiú riosca a bhunú ar mheasúnú riosca trí chritéir iomchuí roghnaíochta.

5. Tá forálacha an Airteagail seo infheidhme, aon uair is féidir, maidir le nósanna imeachta a bhíonn á riar ag gníomhaireachtaí teorann eile.

## AIRTEAGAL 12.13

### Iniúchadh iar-imréitigh

1. D'fhonn scaoileadh earraí a bhrostú, déanfaidh gach Páirtí iniúchadh iar-imréitigh a ghlacadh nó a choinneáil ar bun chun a áirithiú go gcomhlíonfar dlíthe custaim agus dlíthe gaolmhara agus rialacháin ghaolmhara eile.

2. Déanfaidh gach Páirtí iniúchtaí iar- imréitigh ar bhealach rioscabhunaithe.

3. Déanfaidh gach Páirtí iniúchtaí iar- imréitigh ar bhealach trédhearcach. Má dhéantar iniúchadh agus má bhaintear torthaí dochloíte amach, cuirfidh an Páirtí na torthaí agus a chearta agus a oibleagáidí agus na cúiseanna leis na torthaí in iúl, gan mhoill, don duine a ndearnadh iniúchadh ar a thaifead.

4. Aithníonn na Páirtithe go bhféadfar an fhaisnéis a fhaightear san iniúchadh iar- imréitigh a úsáid in imeachtaí breise riaracháin nó breithiúnacha.

5. I gcás inar praiticiúil, bainfidh na Páirtithe úsáid as toradh an iniúchta iar-imréitigh agus bainistíocht riosca á cur i bhfeidhm acu.

## AIRTEAGAL 12.14

### Bróicéirí custaim

Tabharfaidh gach Páirtí fógra maidir le húsáid bróicéirí custaim agus foilseoidh sé a bhearta maidir le húsáid bróicéirí custaim. Cuirfidh gach Páirtí rialacha trédhearcacha, neamh-idirdhealaitheacha agus comhréireacha i bhfeidhm má dhéanann siad bróicéirí custaim a cheadúnú agus nuair a dhéanfaidh siad iad a cheadúnú. Ní ghlacfaidh Páirtí bearta nua lena dtabharfaí isteach úsáid shainordaitheach bróicéirí custaim.

## AIRTEAGAL 12.15

### Cigireachtaí réamhsheolta

Ní cheanglóidh Páirtí go ndéanfar cigireachtaí réamhsheolta, faoi mar a shainmhínítear iad i gComhaontú EDT maidir le Cigireacht Réamhsheolta, ná aon ghníomhaíocht chigireachta eile a dhéanann cuideachtaí príobháideacha ag an gceann scríbe roimh imréiteach custaim.

AIRTEAGAL 12.16

Achomhairc

1. Cuirfidh gach Páirtí nósanna imeachta éifeachtacha, prasa, neamh-idirdhealaitheacha ar fáil a mbeidh rochtain éasca orthu chun an ceart achomhairc a ráthú in aghaidh gníomhaíochtaí riaracháin, rialuithe agus cinntí de chuid údarás custaim nó údarás inniúil eile a dhéanann difear d’allmhairiú nó d’onnmhairiú earraí nó d’earraí faoi bhealach.

2. Féadfar a áireamh ar na nósanna imeachta achomhairc athbhreithniú riaracháin arna dhéanamh ag an údarás maoirseachta agus athbhreithniú breithiúnach ar chinntí a dhéantar ar an leibhéal riaracháin de réir dhlíthe agus rialacháin gach Páirtí.

3. Aon duine a bhfuil iarratas ar chinneadh curtha faoi bhráid na n-údarás custaim aige agus nach bhfuil an cinneadh faoin iarratas sin faighte aige laistigh de na teorainneacha ama is infheidhme, beidh sé i dteideal ceart achomhairc a fheidhmiú freisin.

4. I gcás cinneadh riaracháin, déanfaidh gach Páirtí na cúiseanna atá leis an gcinneadh a sholáthar don duine a bhfuil an cinneadh sin á eisiúint dó, ionas go mbeidh an duine sin in ann dul ar iontaoibh nósanna imeachta achomhairc más gá.

AIRTEAGAL 12.17

Foirmiúlachtaí agus ceanglais sonraí agus doiciméadachta i ndáil le hallmhairiú, onnmhairiú agus idirthuras

1. Áiritheoidh gach Páirtí an méid seo a leanas maidir leis na foirmiúlachtaí agus na ceanglais sonraí agus doiciméadachta i ndáil le hallmhairiú, onnmhairiú agus idirthuras:

(a) go nglacfar iad nó go gcuirfear i bhfeidhm iad d'fhonn earraí a scaoileadh go tapa, earraí meatacha go háirithe, ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha don scaoileadh;

(b) go nglacfar iad nó go gcuirfear i bhfeidhm iad ar bhealach arb é is aidhm dó an t-am agus an costas a bhaineann le comhlíontacht a laghdú do thrádálaithe agus d'oibreoirí;

(c) go roghnófar an beart is lú srianadh ar thrádáil, má tá dhá bheart mhalartacha nó níos mó ar fáil go réasúnta chun an cuspóir beartais nó na cuspóirí beartais atá i gceist a chomhlíonadh; agus

(d) nach gcoinneofar ar bun iad, lena n-áirítear codanna díobh, mura bhfuil gá leo nó le codanna díobh a thuilleadh.

2. Oibreoidh MERCOSUR chun nósanna imeachta coiteanna custaim agus ceanglais aonfhoirmeacha maidir le sonraí custaim a chur i bhfeidhm chun earraí a scaoileadh.

AIRTEAGAL 12.18

Teicneolaíocht faisnéise a úsáid

1. Úsáidfidh gach Páirtí teicneolaíochtaí faisnéise lena mbrostaítear na nósanna imeachta le haghaidh earraí a scaoileadh chun trádáil a éascú idir na Páirtithe.

2. Déanfaidh gach Páirtí an méid seo a leanas:

(a) dearbhuithe custaim agus, aon uair is féidir, doiciméid eile is gá le haghaidh allmhairiú, onnmhairiú nó idirthuras earraí a chur ar fáil trí mheán leictreonach;

(b) a cheadú go gcuirfear isteach i bhformáid leictreonach dearbhú custaim agus, aon uair is féidir, aon cheanglais sonraí eile le haghaidh allmhairiú agus onnmhairiú earraí;

(c) modh a bhunú chun foráil a dhéanamh maidir le malartú leictreonach faisnéise custaim lena phobal trádála;

(d) malartú leictreonach sonraí a chur chun cinn idir a thrádálaithe, a riaracháin chustaim agus gníomhaireachtaí eile a bhaineann le trádáil; agus

(e) córais leictreonacha bainistithe riosca a úsáid chun measúnú agus spriocdhíriú a dhéanamh lena gcuirtear ar a gcumas dá údaráis chustaim agus, nuair is féidir, gníomhaireachtaí teorann eile a gcigireachtaí a dhíriú ar earraí ardriosca agus lena n-éascaítear scaoileadh agus gluaiseacht earraí a mbaineann riosca íseal leo.

3. Déanfaidh gach Páirtí nósanna imeachta a ghlacadh nó a choinneáil ar bun lena gceadófar an rogha go n-íocfaí go leictreonach dleachtanna, cánacha, táillí agus muirir a thabhaítear tráth an allmhairithe agus an onnmhairithe arna mbailiú ag údaráis chustaim agus, aon uair is féidir agus is infheidhme, ag gníomhaireachtaí teorann eile.

AIRTEAGAL 12.19

Pionóis

1. Áiritheoidh gach Páirtí go bhforáiltear lena dhlíthe custaim agus lena rialacháin chustaim gur comhréireach agus neamh- idirdhealaitheach a bheidh aon phionós arna fhorchur i leith sáruithe ar rialacháin chustaim nó ar cheanglais nós imeachta a bhaineann le custaim.

2. Ní dhéanfar pionóis i leith sárú ar dhlí custaim, rialachán custaim nó ceanglas nós imeachta custaim Páirtí a fhorchur ach ar an duine atá freagrach faoi dhlí an Pháirtí sin as an sárú sin.

3. Beidh na pionóis a fhorchuirfear ag brath ar fhíorais agus ar imthosca an cháis agus beidh siad i gcomhréir le méid agus déine an tsáraithe. Agus measúnú á dhéanamh ar phionóis agus iad á mbailiú, seachnóidh gach Páirtí dreasachtaí chun measúnú a dhéanamh ar phionós nó ar choinbhleachtaí leasa nó chun iad a bhailiú.

4. I gcás ina ndéanfar na himthosca a bhaineann le sárú ar dhlí custaim, ar rialachán custaim nó ar cheanglas nós imeachta custaim a nochtadh go deonach roimh ré d’údarás custaim, moltar do gach Páirtí a mheas go bhféadfadh sé sin a bheith ina thoisc mhaolaitheach agus pionós á bhunú.

5. Nuair a fhorchuirfear pionós as sárú ar dhlí, ar rialachán nó ar cheanglas nós imeachta custaim, soláthraítear míniú i scríbhinn don duine ar a bhforchuirtear an pionós lena sonraítear cineál an tsáraithe, agus an dlí, an rialachán nó an nós imeachta is infheidhme faoinar forordaíodh méid nó raon an phionóis don sárú.

AIRTEAGAL 12.20

Cead isteach sealadach

1. Chun críocha an Airteagail seo, ciallaíonn an téarma 'cead isteach sealadach' an nós imeachta custaim faoina ndéantar earraí áirithe, lena n-áirítear a modhanna iompair, a thugtar isteach i gcríoch chustaim le haghaidh cuspóir sonrach a scaoileadh go coinníollach ó dhleachtanna agus cánacha ar allmhairí a íoc, gan toirmisc ná srianta de chineál eacnamaíoch ar allmhairí a chur i bhfeidhm. Ní mór na hearraí sin a bheith beartaithe le haghaidh a n-athonnmhairithe laistigh de thréimhse shonraithe agus gan aon athrú a bheith déanta orthu seachas gnáth-dhímheas i ngeall ar an úsáid a bhaintear astu.

2. Níor cheart aon ní san Airteagal seo a fhorléiriú mar ní lena scaoilfear earraí allmhairithe ó cheanglais de chineál neamheacnamaíoch a bhaineann le trádáil a chomhlíonadh, go háirithe bearta sláintíochta agus fíteashláintíochta.

3. Deonóidh gach Páirtí, i gcomhréir lena dhlí, cead isteach sealadach lena mbaineann faoiseamh coinníollach iomlán ó dhleachtanna agus cánacha ar allmhairí agus gan srianta ná toirmisc de chineál eacnamaíoch ar allmhairí a chur i bhfeidhm maidir leis na hearraí seo a leanas:

(a) earraí atá le cur ar taispeáint nó le húsáid ag taispeántais, ag aontaí, ag cruinnithe, nó ag imeachtaí comhchosúla;

(b) trealamh gairmiúil don phreas nó le haghaidh craolachán fuaime nó teilifíse; trealamh cineamatagrafach; aon trealamh eile atá ag teastáil chun post, ceird nó gairm duine atá ar cuairt chuig críoch tíre eile a dhéanamh chun cúram sonraithe a chur i gcrích;

(c) earraí a allmhairítear i dtaca le hoibríocht tráchtála ach nach oibríocht tráchtála é a n-allmhairiú ann féin;

(d) earraí a allmhairítear i dtaca le hoibríocht mhonaraíochta (amhail plátaí, líníochtaí, múnlaí, pleananna agus samhlacha, lena n-úsáid le linn próiseas monaraíochta); modhanna táirgthe athsholáthair;

(e) earraí a allmhairítear chun críoch oideachais, eolaíochta nó cultúrtha amháin;

(f) earraí pearsanta paisinéirí agus earraí a allmhairítear chun críoch spóirt;

(g) ábhar poiblíochta turasóireachta;

(h) earraí arna n- allmhairiú chun críoch daonnúil; agus

(i) ainmhithe arna n- allmhairiú chun críoch sonrach.

3. Maidir le cead isteach sealadach na n-earraí dá dtagraítear i mír 2 agus gan beann ar a dtionscnamh, glacfaidh gach Páirtí le Carnets ATA arna n-eisiúint agus arna bhformhuiniú ag an bPáirtí eile i gcomhréir leis an gCoinbhinsiún Custaim maidir le Carnet ATA um chead isteach sealadach d’earraí arna dhéanamh sa Bhruiséil an 6 Nollaig 1961, agus arna ráthú ag comhlachas ar cuid den slabhra ráthaíochta idirnáisiúnta é, arna ndeimhniú ag na húdaráis inniúla agus atá bailí i gcríoch an Pháirtí is allmhaireoir[1].

1 Ní bheidh feidhm ag an bhforáil seo ach amháin maidir leis an Aontas Eorpach agus maidir leis na Stáit Sínithe MERCOSUR atá ina bpáirtithe conarthacha sa Choinbhinsiún maidir le Cead Isteach Sealadach arna dhéanamh in Iostanbúl an 26 Meitheamh 1990 agus de réir na ngealltanas a rinneadh sa Choinbhinsiún sin.

AIRTEAGAL 12.21

An Fochoiste um chustam, éascú trádála agus rialacha tionscnaimh

Beidh sé d'fheidhm ag an bhFochoiste um chustam, éascú trádála agus rialacha tionscnaimh, a bhunaítear de bhun Airteagal 9.9(4), i dteannta na bhfeidhmeanna a liostaítear in Airteagail 2.4, 9.9, 11.32 agus 12.6(10), feabhas a chur ar an gcomhar maidir le nósanna imeachta custaim agus nósanna imeachta a bhaineann le trádáil, cúnamh riaracháin frithpháirteach in ábhair chustaim, rialacha tionscnaimh agus comhar riaracháin a fhorbairt, a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú.

AIRTEAGAL 12.22

An Chomhairle Chomhpháirteach i gcumraíocht trádála

D'fhonn na forálacha ábhartha sa Chaibidil seo a chur chun feidhme, beidh an chumhacht ag an gComhairle Chomhpháirteach i gcumraíocht trádála cinntí a ghlacadh a bhaineann le cláir OEÚ agus lena n-aitheantas frithpháirteach, chomh maith le tionscnaimh chomhpháirteacha a bhaineann le nósanna imeachta custaim agus éascú trádála.

CAIBIDIL 13

BACAINNÍ TEICNIÚLA AR AN TRÁDÁIL

AIRTEAGAL 13.1

Cuspóir

Is é cuspóir na Caibidle seo trádáil in earraí idir na Páirtithe a éascú trí bhacainní teicniúla ar thrádáil nach bhfuil gá leo a shainaithint, a chosc agus a dhíchur (dá ngairtear 'BTT' anseo feasta), agus comhar a fheabhsú idir na Páirtithe maidir leis na hábhair a chumhdaítear leis an gCaibidil seo.

AIRTEAGAL 13.2

Ceangal le Comhaontú BTT

1. Athdhearbhaíonn na Páirtithe a gcearta agus a n-oibleagáidí faoi Chomhaontú BTT, a ionchorpraítear leis seo sa Chomhaontú seo agus a ndéantar cuid den Chomhaontú seo de.

2. Tá tagairtí do 'an Comhaontú seo' i gComhaontú BTT le léamh, de réir mar is iomchuí, mar thagairtí don Chomhaontú Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an Cómhargadh Theas, Poblacht na hAirgintíne, Poblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle, Poblacht Pharagua agus Poblacht Oirthearach Uragua, den pháirt eile.

3. Ciallaíonn an téarma 'Comhaltaí' i gComhaontú BTT na Páirtithe sa Chomhaontú seo.

## AIRTEAGAL 13.3

## Raon feidhme

1. Tá feidhm ag an gCaibidil seo maidir le caighdeáin, rialacháin theicniúla agus nósanna imeachta um measúnú comhréireachta a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do thrádáil in earraí idir na Páirtithe a ullmhú, a ghlacadh agus a chur i bhfeidhm.

2. Níl feidhm ag an gCaibidil seo maidir leis an méid seo a leanas:

(a) sonraíochtaí ceannaigh arna n-ullmhú ag comhlachtaí rialtais le haghaidh ceanglais táirgthe nó tomhaltais comhlachtaí rialtais; agus

(b) bearta sláintíochta agus fíteashláintíochta mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn A a ghabhann le Comhaontú SPS.

## AIRTEAGAL 13.4

## Sainmhínithe

Chun críocha na Caibidle seo, tá feidhm ag na sainmhínithe a leanas:

(a) na sainmhínithe a leagtar amach in Iarscríbhinn 1 a ghabhann le Comhaontú BTT;

(b) ciallaíonn 'dearbhú comhréireachta soláthróra' fianú céadpháirtí arna eisiúint ag an monaróir maidir lena fhreagracht aonair bunaithe ar thorthaí cineáil iomchuí gníomhaíochta um measúnú comhréireachta agus gan measúnú sainordaitheach tríú páirtí a áireamh;

(c) ciallaíonn 'ISO' an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Chaighdeánú;

(d) ciallaíonn 'IEC' an Coimisiún Idirnáisiúnta Leictriteicniúil;

(e) ciallaíonn 'ITU' an tAontas Idirnáisiúnta Teileachumarsáide;

(f) ciallaíonn 'Codex Alimentarius' an Coimisiún Codex Alimentarius (dá ngairtear 'Codex Alimentarius' anseo feasta);

(g) ciallaíonn 'ILAC' an Comhar Idirnáisiúnta um Chreidiúnú Saotharlainne;

(h) ciallaíonn 'IAF' an Fóram Idirnáisiúnta Creidiúnúcháin; agus

(i) ciallaíonn 'Scéim Chomhlachtaí Deimhniúcháin IECEE' Scéim Chóras an Choimisiúin Idirnáisiúnta Leictriteicniúil (IEC) um Scéimeanna Measúnaithe Comhréireachta maidir le Trealamh Leictriteicniúil agus Comhpháirteanna um Aitheantas Frithpháirteach Deimhnithe Tástála le haghaidh Trealamh Leictreach.

AIRTEAGAL 13.5

Comhar comhpháirteach maidir le tionscnaimh éascaithe trádála

1. Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá sé a gcomhar a threisiú d'fhonn tuiscint fhrithpháirteach ar a gcórais féin a mhéadú agus cuidiú le cruthú BTT a dhíothú nó a sheachaint. I ndáil leis sin, oibreoidh na Páirtithe i dtreo tionscnaimh éascaithe trádála a shainaithint, a chur chun cinn, a fhorbairt agus a chur chun feidhme, de réir mar is iomchuí, ar bhonn cás ar chás.

2. Féadfaidh Páirtí tionscnaimh earnáilsonracha a mholadh don Pháirtí eile maidir le hábhair a chumhdaítear leis an gCaibidil seo. Tarchuirfear na tograí sin chuig comhordaitheoir Chaibidil BTT, arna ainmniú de bhun Airteagal 13.13, agus féadfar an méid seo a leanas a áireamh iontu:

(a) malartú faisnéise faoi chuir chuige agus cleachtais rialála;

(b) anailís chomhpháirteach ar earnáil nó ar ghrúpa táirgí;

(c) tionscnaimh chun rialacháin theicniúla agus nósanna imeachta um measúnú comhréireachta a ailíniú níos mó leis na caighdeáin idirnáisiúnta ábhartha;

(d) cur chun cinn úsáid an chreidiúnaithe chun measúnú a dhéanamh ar inniúlacht comhlachtaí um measúnú comhréireachta; agus

(e) breithniú ar aitheantas frithpháirteach nó aontaobhach torthaí measúnaithe comhréireachta.

3. Aon uair a mholann ceann de na Páirtithe tionscnamh sonrach éascaithe trádála, déanfaidh an Páirtí eile breithniú cuí ar an moladh sin agus tabharfaidh sé freagra air laistigh de thréimhse réasúnta ama. Má dhiúltaíonn an Páirtí eile don tionscnamh atá beartaithe, míneoidh sé na cúiseanna lena chinneadh don Pháirtí a bhfuil an moladh á dhéanamh aige.

4. Téarmaí na hoibre atá beartaithe san Airteagal seo, is iad an tAontas Eorpach, ar thaobh amháin, agus MERCOSUR nó Stáit Sínithe MERCOSUR a ghabhann do gach gníomhaíocht éascaithe trádála, ar an taobh eile, a shaineoidh iad, más gá, agus féadfar a bheith san áireamh leis sin meithleacha *ad hoc* a bhunú. Chun tairbhiú de pheirspictíochtaí neamhrialtasacha maidir le hábhair a bhaineann leis an Airteagal seo, féadfaidh gach Páirtí, de réir mar is iomchuí agus i gcomhréir lena rialacha agus lena nósanna imeachta, dul i gcomhairle le geallsealbhóirí agus le páirtithe leasmhara eile.

5. Déanfaidh an Fochoiste um thrádáil in earraí, a bhunaítear de bhun Airteagal 9.9(4), plé ar thorthaí na hoibre a dhéantar de bhun an Airteagail seo agus féadfaidh sé gníomhaíochtaí iomchuí a bhreithniú.

6. Ní fhorléireofar aon ní san Airteagal seo mar ní lena gceanglófar ar Pháirtí:

(a) imeacht ó nósanna imeachta intíre chun bearta rialála a ullmhú agus a ghlacadh;

(b) gníomhaíochtaí a dhéanamh lena ndéanfaí dochar do bhearta rialála, nó bac a chur orthu, chun a chuspóirí beartais phoiblí a bhaint amach; nó

(c) aon toradh rialála ar leith a ghlacadh.

7. Má dhéantar tionscnaimh dá dtagraítear san Airteagal seo a chomhaontú agus más gá sin chun iad a chur chun feidhme, éascóidh gach Páirtí idirghníomhaíocht na bhfoirne teicniúla chun a scéimeanna agus a gcórais um measúnú comhréireachta a léiriú chun comhthuiscint a mhéadú.

8. Chun críocha an Airteagail seo, gníomhóidh an tAontas Eorpach tríd an gCoimisiún Eorpach.

## AIRTEAGAL 13.6

### Rialacháin theicniúla

1. Bainfidh gach Páirtí an leas is fearr as dea-chleachtais rialála maidir le rialacháin theicniúla a ullmhú, a ghlacadh agus a chur i bhfeidhm, dá bhforáiltear i gComhaontú BTT, lena n-áirítear, mar shampla, tosaíocht a thabhairt do rialacháin theicniúla feidhmíochtbhunaithe, measúnuithe tionchair a úsáid nó comhairliúchán a dhéanamh le páirtithe leasmhara.

2. Go sonrach, déanfaidh na Páirtithe an méid seo a leanas:

(a) caighdeáin idirnáisiúnta ábhartha a úsáid mar bhonn lena rialacháin theicniúla, lena n-áirítear aon eilimint um measúnú comhréireachta iontu, ach amháin más modh neamhéifeachtach nó míchuí a bheadh sna caighdeáin idirnáisiúnta sin maidir le comhlíonadh na gcuspóirí dlisteanacha atáthar a shaothrú; mura n-úsáidtear caighdeáin idirnáisiúnta mar bhonn le rialachán teicniúil a d’fhéadfadh difear mór a dhéanamh don trádáil, míneoidh Páirtí, arna iarraidh sin don Pháirtí eile, na cúiseanna a meastar go bhfuil na caighdeáin sin míchuí nó neamhéifeachtach maidir le comhlíonadh an chuspóra dhlisteanaigh atáthar a shaothrú;

(b) agus athbhreithniú á dhéanamh acu ar a rialacháin theicniúla féin, i dteannta Airteagal 2.3 de Chomhaontú BTT agus gan dochar d’Airteagail 2.4 agus 12.4 de Chomhaontú BTT, ailíniú na rialachán sin le caighdeáin idirnáisiúnta ábhartha a mhéadú; measfaidh Páirtí, i measc nithe eile, aon fhorbairt nua sna caighdeáin idirnáisiúnta ábhartha agus cibé acu atá nó nach bhfuil na himthosca ann i gcónaí as ar eascair aon dibhéirseacht ó aon chaighdeán idirnáisiúnta ábhartha;

(c) forbairt rialachán teicniúil réigiúnach a chur chun cinn agus a nglacadh ar an leibhéal náisiúnta agus a gcur in ionad rialachán atá ann cheana a spreagadh, chun trádáil idir na Páirtithe a éascú;

(d) eatramh réasúnta a fhágáil idir foilsiú rialachán teicniúil agus a dteacht i bhfeidhm chun am a thabhairt d’oibreoirí eacnamaíocha an Pháirtí eile oiriúnú dóibh[1];

1 Tuigfear go gciallaíonn ‘eatramh réasúnta’ tréimhse nach lú ná 6 (sé) mhí de ghnáth, ach amháin i gcás ina mbeadh sé sin neamhéifeachtach maidir le comhlíonadh na gcuspóirí dlisteanacha atáthar a shaothrú.

(e) an anailís tionchair ar na rialacháin theicniúla atá beartaithe a dhéanamh i gcomhréir lena rialacha agus lena nósanna imeachta féin; agus

(f) nuair a bheidh rialacháin theicniúla á n-ullmhú acu, saintréithe agus riachtanais speisialta FBManna a chur san áireamh go cuí.

AIRTEAGAL 13.7

Caighdeáin

1. Athdhearbhaíonn na Páirtithe a n-oibleagáidí faoi Airteagal 4.1 de Chomhaontú BTT, go háirithe maidir le gach beart réasúnta a dhéanamh chun a áirithiú go nglacfaidh gach comhlacht um chaighdeánú laistigh dá gcríocha leis an gCód dea-chleachtais maidir le caighdeáin a ullmhú, in Iarscríbhinn 3 a ghabhann le Comhaontú BTT agus go gcomhlíonfaidh siad an Cód sin.

2. Measfar gurb iad na caighdeáin idirnáisiúnta arna bhforbairt ag ISO, IEC, ITU nó Codex Alimentarius na caighdeáin idirnáisiúnta ábhartha de réir bhrí Airteagail 2 agus 5 agus Iarscríbhinn 3 a ghabhann le Comhaontú BTT.

3. Féadfar caighdeán arna fhorbairt ag eagraíochtaí idirnáisiúnta eile a mheas a bheith ina chaighdeán idirnáisiúnta ábhartha freisin de réir bhrí Airteagail 2 agus 5 agus Iarscríbhinn 3 a ghabhann le Comhaontú BTT, más rud é:

(a) go bhfuil sé forbartha ag comhlacht um chaighdeánú a dhéanann iarracht comhthoil a bhunú:

(i) i measc thoscaireachtaí náisiúnta na gComhaltaí rannpháirteacha EDT a dhéanann ionadaíocht do na comhlachtaí náisiúnta uile caighdeánaithe sa chríoch ina bhfuil caighdeáin glactha acu, nó ina bhfuil coinne leis go nglacfar iad, le haghaidh an ábhair lena mbaineann an ghníomhaíocht idirnáisiúnta um chaighdeánú; nó

(ii) i measc comhlachtaí rialtais de chuid Chomhaltaí rannpháirteacha EDT; agus

(b) go bhfuil sé forbartha i gcomhréir leis an gCinneadh ó Choiste EDT maidir le Bacainní Teicniúla ar an Trádáil i ndáil le Prionsabail maidir le Caighdeáin, Treoracha agus Moltaí Idirnáisiúnta a Fhorbairt i ndáil le hAirteagail 2 agus 5 agus le hIarscríbhinn 3 a ghabhann le Comhaontú BTT.

4. D'fhonn caighdeáin a chomhchuibhiú ar bhonn chomh leathan is féidir, spreagfaidh gach Páirtí, laistigh de theorainneacha a inniúlachta agus a acmhainní, na comhlachtaí um chaighdeánú laistigh dá chríoch, chomh maith leis na comhlachtaí réigiúnacha um chaighdeánú a bhfuil an Páirtí sin nó na comhlachtaí um chaighdeánú laistigh dá chríoch ina gcomhaltaí díobh, an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) páirt a ghlacadh, laistigh de theorainneacha a n-acmhainní, in ullmhú caighdeán idirnáisiúnta ag comhlachtaí ábhartha um chaighdeánú idirnáisiúnta;

(b) oibriú i gcomhar leis na comhlachtaí ábhartha náisiúnta agus réigiúnacha um chaighdeánú de chuid an Pháirtí eile i ngníomhaíochtaí idirnáisiúnta um chaighdeánú;

(c) caighdeáin ábhartha idirnáisiúnta a úsáid mar bhonn do na caighdeáin a fhorbraíonn siad, ach amháin i gcás ina mbeadh na caighdeáin idirnáisiúnta sin neamhéifeachtach nó míchuí, mar shampla, de dheasca leibhéal neamhleor cosanta nó tosca bunúsacha aeráide nó geografacha nó de dheasca fadhbanna bunúsacha teicneolaíocha;

(d) dúbláil nó forluí a sheachaint ar obair na gcomhlachtaí idirnáisiúnta um chaighdeánú;

(e) forbairt caighdeán ar an leibhéal réigiúnach agus glacadh na gcaighdeán sin ag comhlachtaí náisiúnta um chaighdeánú a chur chun cinn, agus ar an gcaoi sin, na caighdeáin sin a chur in ionad na gcaighdeán náisiúnta atá ann cheana;

(f) athbhreithniú a dhéanamh go tráthrialta ar chaighdeáin náisiúnta agus réigiúnacha nach bhfuil bunaithe ar chaighdeáin ábhartha idirnáisiúnta, d'fhonn a n-ailíniú le caighdeáin ábhartha idirnáisiúnta a mhéadú; agus

(g) comhar déthaobhach le comhlachtaí caighdeánaithe an Pháirtí eile a chothú.

5. Ba cheart do na Páirtithe faisnéis a mhalartú trí chomhordaitheoirí Chaibidil BTT, arna n-ainmniú de bhun Airteagal 13.13, maidir leis an méid seo a leanas:

(a) an úsáid a bhaineann siad as caighdeáin mar bhonn le rialacháin theicniúla nó chun tacú leo;

(b) comhaontuithe comhair arna gcur chun feidhme ag ceachtar Páirtí maidir le caighdeánú, mar shampla, maidir le saincheisteanna caighdeánaithe i gcomhaontuithe saorthrádála le tríú tíortha; agus

(c) a bpróisis chaighdeánaithe féin, agus úsáid caighdeán idirnáisiúnta, réigiúnach nó foréigiúnach mar bhonn lena gcaighdeáin náisiúnta.

AIRTEAGAL 13.8

Nósanna imeachta um measúnú comhréireachta agus creidiúnú

1. Na forálacha a leagtar amach in Airteagal 13.6 i ndáil le rialacháin theicniúla a ullmhú, a ghlacadh agus a chur i bhfeidhm, tá feidhm acu freisin maidir le nósanna imeachta um measúnú comhréireachta.

2. I gcás ina n-éilíonn Páirtí measúnú comhréireachta mar dhearbhú dearfach go bhfuil táirge i gcomhréir le rialachán teicniúil, déanfaidh sé an méid seo a leanas:

(a) nósanna imeachta um measúnú comhréireachta a roghnú atá comhréireach leis na rioscaí lena mbaineann;

(b) breithniú a dhéanamh, sa phróiseas rialála, ar úsáid dhearbhú comhréireachta an tsoláthróra mar dheimhneacht comhréireachta, i measc roghanna eile, chun comhlíonadh rialachán teicniúil a léiriú; agus

(c) arna iarraidh sin, faisnéis a sholáthar don Pháirtí eile maidir leis na cúiseanna le nós imeachta ar leith um measúnú comhréireachta a roghnú le haghaidh táirgí sonracha.

3. I gcás ina n-éilíonn Páirtí measúnú comhréireachta tríú páirtí mar dhearbhú dearfach go gcomhlíonann táirge rialachán teicniúil, agus nach bhfuil an cúram sin tugtha aige d'údarás rialtais mar a shonraítear i mír 4, déanfaidh sé an méid seo a leanas:

(a) creidiúnú a úsáid mar an chéad rogha chun comhlachtaí um measúnú comhréireachta a cháiliú;

(b) an úsáid is fearr a bhaint as caighdeáin idirnáisiúnta le haghaidh creidiúnú agus measúnú comhréireachta, chomh maith le comhaontuithe idirnáisiúnta a bhaineann le comhlachtaí creidiúnaithe na bPáirtithe, mar shampla, trí shásraí ILAC agus IAF;

(c) smaoineamh ar a bheith páirteach nó, de réir mar is infheidhme, moladh dá chomhlachtaí tástála, cigireachta agus deimhniúcháin a bheith páirteach, in aon chomhaontú nó socrú idirnáisiúnta atá i bhfeidhm chun glacadh le torthaí um measúnú comhréireachta a chomhchuibhiú nó a éascú;

(d) laistigh dá chríoch, iomaíocht a chur chun cinn idir comhlachtaí um measúnú comhréireachta arna n-ainmniú ag na húdaráis le haghaidh táirge ar leith nó sraith táirgí d'fhonn é a chur ar a gcumas d'oibreoirí eacnamaíocha rogha a dhéanamh eatarthu;

(e) a áirithiú go mbeidh comhlachtaí um measúnú comhréireachta neamhspleách ar mhonaróirí, ar allmhaireoirí agus ar dháileoirí, sa chiall go ndéanann siad a ngníomhaíochtaí le hoibiachtúlacht agus le neamhspleáchas breithiúnais;

(f) a áirithiú nach bhfuil aon choinbhleacht leasa idir comhlachtaí creidiúnaithe agus comhlachtaí um measúnú comhréireachta, nó idir gníomhaíochtaí údarás um fhaireachas margaidh agus gníomhaíochtaí comhlachtaí um measúnú comhréireachta;

(g) a cheadú, a mhéid is féidir, do chomhlachtaí um measúnú comhréireachta úsáid a bhaint as fochonraitheoirí chun tástáil nó cigireachtaí a dhéanamh i ndáil leis an measúnú comhréireachta, lena n-áirítear fochonraitheoirí atá lonnaithe i gcríoch an Pháirtí eile; agus

(h) liosta de na comhlachtaí atá ainmnithe aige chun an measúnú comhréireachta sin a dhéanamh agus faisnéis ábhartha maidir le raon feidhme ainmniúchán gach comhlachta den sórt sin a fhoilsiú ar líne.

4. Ní fhorléireofar aon ní i bpointe (g) de mhír 3 mar ní lena gcuirfear toirmeasc ar Pháirtí a cheangal ar fhochonraitheoirí na ceanglais chéanna a chomhlíonadh agus a cheanglófaí ar an gcomhlacht um measúnú comhréireachta dá bhfuil sé faoi chonradh a chomhlíonadh chun na tástálacha ar conradh nó an chigireacht féin a dhéanamh.

5. Ní chuirfidh aon ní san Airteagal seo bac ar Pháirtí a iarraidh go ndéanfadh údaráis shonraithe rialtais an Pháirtí sin measúnú comhréireachta i ndáil le táirgí sonracha. I gcásanna den sórt sin, déanfaidh an Páirtí sin na nithe seo a leanas:

(a) na táillí um measúnú comhréireachta a bhunú i gcomhréir le neaschostas na seirbhísí a dhéantar agus, arna iarraidh sin d'iarratasóir ar mheasúnú comhréireachta, na heilimintí éagsúla a áirítear sna táillí sin a sholáthar; agus

(b) i bprionsabal, na táillí um measúnú comhréireachta a chur ar fáil go poiblí nó, i gcás nach bhfuil an fhaisnéis sin ar fáil go poiblí, í a sholáthar arna iarraidh sin.

6. D'ainneoin mhíreanna 3 go 5 den Airteagal seo, sna réimsí a liostaítear in Iarscríbhinn 13-A, ina nglacann an tAontas Eorpach le dearbhú comhréireachta soláthróra mar dhearbhú go gcomhlíonann táirge rialachán teicniúil, agus ina gceanglaíonn Stát Sínithe MERCOSUR tástáil nó deimhniú sainordaitheach tríú páirtí le haghaidh na réimsí sin, glacfaidh an Stát Sínithe MERCOSUR le deimhnithe, mar dhearbhú go gcomhlíonann táirge ceanglais rialachán teicniúil Stát Sínithe MERCOSUR, nó, i gcásanna nach ndéantar foráil maidir le glacadh den sórt sin faoina dhlíthe agus faoina rialacháin ábhartha, glacfaidh sé le tuarascálacha tástála arna n-eisiúint ag comhlachtaí um measúnú comhréireachta atá lonnaithe i gcríoch an Aontais Eorpaigh agus atá creidiúnaithe i ndáil leis na raonta feidhme ábhartha ag comhalta de chomhlacht creidiúnaithe na socruithe idirnáisiúnta maidir le haitheantas frithpháirteach a thabhairt do ILAC agus do IAF; nó glacfaidh sé le deimhnithe a eisíodh faoi Scéim Chomhlachtaí Deimhniúcháin IECEE. Chun glacadh le deimhnithe nó tuarascálacha tástála den sórt sin, féadfaidh Stát Sínithe MERCOSUR a cheangal ina dhlíthe agus a rialacháin ábhartha gur ann do shocruithe déthaobhacha, lena n-áirítear meabhráin tuisceana, idir an comhlacht um measúnú comhréireachta atá lonnaithe i gcríoch an Aontais Eorpaigh agus an comhlacht um measúnú comhréireachta atá lonnaithe i gcríoch an Stáit Sínithe MERCOSUR.

7. Má mheastar gur nós imeachta bailí um measúnú comhréireachta san Aontas Eorpach iad dearbhuithe comhréireachta soláthróra, glacfar le tuarascálacha tástála arna n-eisiúint ag comhlachtaí um measúnú comhréireachta atá lonnaithe i gcríoch an Stáit Sínithe MERCOSUR, mar dhoiciméid bhailí sa phróiseas chun a léiriú go bhfuil táirge i gcomhréir le ceanglais rialála teicniúla an Aontais Eorpaigh. Leanfaidh an monaróir de bheith freagrach as comhréireacht an táirge i ngach cás.

8. Tá feidhm ag mír 6 freisin i gcás ina dtabharfaidh Stát Sínithe MERCOSUR ceanglais shainordaitheacha nua tástála nó deimhniúcháin tríú páirtí isteach le haghaidh na réimsí a shonraítear in Iarscríbhinn 13-A, i gcomhréir le mír 10 den Airteagal seo. Má thugann an tAontas Eorpach ceanglais shainordaitheacha tástála nó deimhniúcháin tríú páirtí isteach le haghaidh na réimsí a shonraítear in Iarscríbhinn 13-A, i gcomhréir le mír 10 den Airteagal seo, pléifidh na Páirtithe san Fhochoiste um thrádáil in earraí, dá dtagraítear in Airteagal 13.14, cibé acu is gá nó nach gá aon bheart a dhéanamh chun cómhalartacht a áirithiú a mhéid a bhaineann le glacadh le tuarascálacha tástála nó deimhnithe arna n-eisiúint ag comhlachtaí um measúnú comhréireachta atá lonnaithe i gcríoch an Stáit Sínithe MERCOSUR.

9. Féadfaidh an Chomhairle Chomhpháirteach i gcumraíocht trádála cinneadh a ghlacadh chun Roinn A d'Iarscríbhinn 13-A a leasú.

10. D'ainneoin mhír 6 den Airteagal seo, féadfaidh ceachtar Páirtí ceanglais a thabhairt isteach maidir le tástáil nó deimhniú sainordaitheach tríú páirtí le haghaidh na réimsí a shonraítear in Iarscríbhinn 13-A, maidir le táirgí a thagann faoi raon feidhme na hIarscríbhinne sin, faoi na coinníollacha seo a leanas:

(a) go bhfuil údar cuí le tabhairt isteach na gceanglas nó na nósanna imeachta sin faoi na cuspóirí dlisteanacha dá dtagraítear in Airteagal 2.2 de Chomhaontú BTT;

(b) go soláthraítear faisnéis theicniúil nó eolaíoch chuí-réasúnaithe maidir le feidhmíocht na dtáirgí atá i gceist, chun tacú leis na cúiseanna le haon cheanglas nó nós imeachta den sórt sin a thabhairt isteach;

(c) nach bhfuil aon cheanglas nó nós imeachta den sórt sin níos sriantaí ó thaobh trádála de ná mar is gá chun cuspóir dlisteanach an Pháirtí a chomhlíonadh, agus na rioscaí a chruthófaí mar gheall ar neamhchomhlíonadh á gcur san áireamh; agus

(d) nach bhféadfadh an Páirtí an gá le haon cheanglas nó nós imeachta den sórt sin a thabhairt isteach a thuar go réasúnta ar dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

11. Tá mír 6 gan dochar d'údaráis Páirtí inniúlachtaí faireachais margaidh a fheidhmiú, ar bhonn neamh-idirdhealaitheach, lena n-áirítear tástáil bhreise ar shamplaí ag an bpointe iontrála.

AIRTEAGAL 13.9

Trédhearcacht

1. Maidir le caighdeáin, rialacháin theicniúla agus nósanna imeachta um measúnú comhréireachta a ullmhú, a ghlacadh agus a chur i bhfeidhm, déanfaidh gach Páirtí an méid seo a leanas:

(a) tuairimí an Pháirtí eile a chur san áireamh má bhíonn an próiseas forbartha rialachán teicniúil oscailte do chomhairliúchán poiblí, go hiomlán nó go páirteach;

(b) agus mór-rialacháin theicniúla agus nósanna imeachta um measúnú comhréireachta á bhforbairt a d'fhéadfadh difear mór a dhéanamh do thrádáil, a áirithiú, i gcomhréir lena dhlíthe agus lena rialacháin, faoi seach, go bhfuil nósanna imeachta trédhearcachta i bhfeidhm lena dtugtar deis do dhaoine de chuid na bPáirtithe ionchur a sholáthar trí phróiseas foirmiúil comhairliúcháin phoiblí, ach amháin i gcás ina dtagann fadhbanna práinneacha maidir le sábháilteacht, sláinte, cosaint an chomhshaoil nó slándáil náisiúnta chun cinn nó ina bhfuil an baol ann go dtiocfaidh siad chun cinn;

(c) a cheadú do dhaoine de chuid an Pháirtí eile páirt a ghlacadh sna phróisis chomhairliúcháin dá dtagraítear i bpointe (b) faoi théarmaí nach lú fabhar ná na téarmaí a thugtar dá chuid daoine féin, agus, nuair is féidir, torthaí na bpróiseas comhairliúcháin sin a chur ar fáil go poiblí;

(d) tréimhse 60 (seasca) lá ar a laghad a cheadú, i bprionsabal, don Pháirtí eile chun barúlacha i scríbhinn a sholáthar maidir leis na rialacháin theicniúla agus na nósanna imeachta um measúnú comhréireachta atá beartaithe, agus breithniú a dhéanamh ar iarraidh réasúnta ar shíneadh a chur leis an tréimhse le haghaidh barúlacha;

(e) i gcásanna nach bhfuil an téacs ar tugadh fógra faoi i gceann de theangacha oifigiúla EDT, tuairisc shoiléir chuimsitheach a sholáthar ar ábhar an bhirt i bhformáid fógartha EDT;

(f) má fhaigheann sé barúlacha i scríbhinn ón bPáirtí eile maidir lena rialachán teicniúil nó lena nós imeachta um measúnú comhréireachta atá beartaithe:

(i) plé a dhéanamh, arna iarraidh sin don Pháirtí eile, ar na barúlacha i scríbhinn, agus a údarás rialála inniúil rannpháirteach nuair is féidir, ag tráth is féidir na barúlacha sin a chur san áireamh; agus

(ii) freagra a thabhairt i scríbhinn ar na barúlacha a luaithe is féidir ach tráth nach déanaí ná dáta foilsithe an rialacháin theicniúil nó an nós imeachta um measúnú comhréireachta;

(g) faisnéis a sholáthar, i gcás ina n-iarrann an Páirtí eile í, maidir leis na cuspóirí, an bunús dlí agus an réasúnaíocht atá le rialachán teicniúil nó nós imeachta um measúnú comhréireachta atá glactha ag an bPáirtí nó a bhfuil sé beartaithe ag an bPáirtí é a ghlacadh;

(h) faisnéis a sholáthar maidir le glacadh agus teacht i bhfeidhm an rialacháin theicniúil nó an nós imeachta um measúnú comhréireachta agus maidir leis an téacs glactha críochnaitheach trí aguisín a ghabhfaidh leis an bhfógra bunaidh chuig EDT;

(i) breithniú a dhéanamh ar iarraidh réasúnta ón bPáirtí eile, a gheofar roimh dheireadh na tréimhse ama le haghaidh barúlacha tar éis rialachán teicniúil atá beartaithe a tharchur, síneadh a chur leis an tréimhse ama idir glacadh an rialacháin theicniúil agus a theacht i bhfeidhm, ach amháin i gcás ina mbeadh an mhoill neamhéifeachtach maidir le comhlíonadh na gcuspóirí dlisteanacha atáthar a shaothrú; agus

(j) rochtain saor in aisce a sholáthar, i dteannta an fhógra, ar an leagan leictreonach den téacs ar tugadh fógra faoi.

2. Chun críocha phointe (d) de mhír 1, i gcás ina dtagann fadhbanna práinneacha maidir le sábháilteacht, sláinte, cosaint an chomhshaoil nó slándáil náisiúnta chun cinn nó ina bhfuil an baol ann go dtiocfaidh siad chun cinn, beidh feidhm ag Airteagail 2.10 agus 5.7 de Chomhaontú BTT.

3. Má shainordaítear caighdeáin trína n-ionchorprú nó trí thagairt a dhéanamh dóibh i ndréachtrialachán teicniúil nó i nós imeachta um measúnú comhréireachta, comhlíonfar na hoibleagáidí trédhearcachta a bhaineann le fógra BTT a thabhairt a leagtar amach san Airteagal seo agus in Airteagal 2 nó Airteagal 5 de Chomhaontú BTT.

4. Áiritheoidh gach Páirtí go ndéanfar gach rialachán teicniúil agus gach nós imeachta sainordaitheach um measúnú comhréireachta arna nglacadh agus arna gcur i bhfeidhm a chur ar fáil go poiblí ar shuíomh gréasáin oifigiúil saor in aisce. Soláthróidh gach Páirtí rochtain neamhshrianta i gcónaí ar an bhfaisnéis uile a bhaineann le baint amach comhréireachta le rialachán teicniúil. Má dhéantar foráil i gcaighdeáin maidir le toimhde na comhréireachta le rialacháin theicniúla agus mura dtagraítear do na caighdeáin sin sna rialacháin theicniúla sin, áiritheoidh gach Páirtí rochtain ar an bhfaisnéis maidir le caighdeáin chomhfhreagracha.

5. Déanfaidh gach Páirtí, ar iarraidh réasúnta ón bPáirtí eile nó óna oibreoirí eacnamaíocha, faisnéis a sholáthar maidir leis na rialacháin theicniúla atá i bhfeidhm agus, de réir mar is iomchuí agus is infhaighte, treoraíocht i scríbhinn maidir le comhlíonadh na rialachán teicniúil, gan moill mhíchuí.

AIRTEAGAL 13.10

Marcáil agus lipéadú

1. Rialacháin theicniúla na bPáirtithe a n-áirítear marcáil nó lipéadú sainordaitheach iontu nó a dhéileálann leo sin go heisiach, cloífidh siad le prionsabail Airteagal 2 de Chomhaontú BTT.

2. Go sonrach, má éilíonn Páirtí marcáil nó lipéadú sainordaitheach táirgí:

(a) ní cheanglóidh sé ach faisnéis atá ábhartha do thomhaltóirí nó d'úsáideoirí an táirge nó do na húdaráis chun comhréireacht an táirge leis na ceanglais theicniúla shainordaitheacha a thabhairt le fios;

(b) agus má cheanglaíonn Páirtí go ndéanfar lipéid nó marcálacha na dtáirgí a fhormheas, a chlárú nó a dheimhniú roimh ré, mar réamhchoinníoll chun táirgí a chomhlíonann a cheanglais theicniúla shainordaitheacha ar bhealach eile a chur ar an margadh, áiritheoidh sé go gcinnfear na hiarrataí arna gcur isteach ag oibreoirí eacnamaíocha an Pháirtí eile gan moill mhíchuí agus ar bhonn neamh-idirdhealaitheach;

(c) agus i gcás ina gceanglóidh Páirtí go n-úsáidfear uimhir aitheantais uathúil, eiseoidh an Páirtí an uimhir sin d'oibreoirí eacnamaíocha an Pháirtí eile gan moill mhíchuí agus ar bhonn neamh-idirdhealaitheach;

(d) agus ar choinníoll nach mbeidh sé míthreorach, contrárthach ná mearbhlach i ndáil le ceanglais rialála an Pháirtí is allmhaireoir agus nach gcuirfear na cuspóirí dlisteanacha faoi Chomhaontú BTT i mbaol dá bharr, ceadóidh an Páirtí an méid seo a leanas:

(i) faisnéis i dteangacha eile i dteannta na teanga a éilítear sa Pháirtí is allmhaireoir na n-earraí; agus

(ii) ainmníochtaí, picteagraim, siombailí nó grafaicí a ghlactar i gcaighdeáin idirnáisiúnta;

(e) glacfaidh sé, aon uair is féidir, go ndéanfar lipéadú forlíontach agus ceartuithe ar lipéadú i stórais chustaim nó i limistéir ainmnithe eile ag an bpointe allmhairithe mar mhalairt ar lipéadú sa tír thionscnaimh;

(f) má mheasann sé nach gcuirtear i mbaol dá bharr sin cosaint na sláinte poiblí agus an chomhshaoil, an chosaint ar chleachtais mheabhlacha agus aon chuspóir dlisteanach eile faoi Chomhaontú BTT, féachfaidh sé le glacadh le lipéid neamhbhuana nó inbhainte, seachas lipéid atá ceangailte go fisiceach den táirge, nó le faisnéis ábhartha a áireamh sa doiciméadacht a ghabhann leis.

3. Ní bheidh feidhm ag mír 2 maidir le marcáil ná lipéadú táirgí íocshláinte.

4. Má mheasann Páirtí go bhféadfaí feabhas a chur ar cheanglais mharcála nó lipéadaithe le haghaidh táirge nó earnála sa Pháirtí eile, féadfaidh sé tionscnamh éascaithe trádála a mholadh chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní atá aige i gcomhréir le hAirteagal 13.5.

AIRTEAGAL 13.11

Comhar agus cúnamh teicniúil

1. Chun rannchuidiú le comhlíonadh chuspóirí na Caibidle seo, déanfaidh gach Páirtí, *inter alia*, na nithe seo a leanas:

(a) comhar agus gníomhaíochtaí agus tionscadail chomhpháirteacha idir a n-eagraíochtaí, faoi seach, bídís poiblí nó príobháideach, náisiúnta nó réigiúnach, a chur chun cinn i réimsí na rialachán teicniúil, an chaighdeánaithe, an mheasúnaithe comhréireachta, na méadreolaíochta agus an chreidiúnaithe;

(b) dea-chleachtais rialála a chur chun cinn trí fhaisnéis, taithí agus dea-chleachtais a mhalartú maidir le measúnú tionchair rialála, bainistiú rialála stoic agus measúnú riosca agus comhairliúchán poiblí, *inter alia*;

(c) tuairimí a mhalartú maidir le faireachas margaidh;

(d) acmhainneacht theicniúil agus institiúideach na gcomhlachtaí náisiúnta rialála, méadreolaíochta, caighdeánaithe, measúnaithe comhréireachta agus creidiúnaithe a neartú, tacú le forbairt a mbonneagair theicniúil, lena n-áirítear saotharlanna agus trealamh tástála, agus oiliúint leanúnach ar acmhainní daonna a chothú;

(e) a rannpháirtíocht in eagraíochtaí idirnáisiúnta agus i bhfóraim eile a bhaineann le rialacháin theicniúla, measúnú comhréireachta, caighdeáin, creidiúnú agus méadreolaíocht a chur chun cinn, a éascú agus, aon uair is féidir, a chomhordú;

(f) tacú le gníomhaíochtaí cúnaimh theicniúil a dhéanann eagraíochtaí náisiúnta, réigiúnacha agus idirnáisiúnta i réimsí na rialachán teicniúil, an chaighdeánaithe, an mheasúnaithe comhréireachta, na méadreolaíochta agus an chreidiúnaithe; agus

(g) féachaint leis an bhfianaise eolaíoch agus an fhaisnéis theicniúil atá ar fáil a chomhroinnt i measc údaráis rialála na bPáirtithe, a mhéid is gá chun oibriú i gcomhar le chéile nó chun pléití teicniúla a shaothrú faoin gCaibidil seo, cé is moite d'fhaisnéis rúnda nó faisnéis íogair eile.

2. Déanfaidh Páirtí breithniú iomchuí ar thograí ón bPáirtí eile le haghaidh comhair faoin gCaibidil seo.

AIRTEAGAL 13.12

Idirphlé teicniúil

1. Féadfaidh gach Páirtí a iarraidh go bpléifear aon ábhar imní a thagann chun cinn faoin gCaibidil seo, lena n-áirítear aon dréachtrialachán teicniúil nó aon nós imeachta um measúnú comhréireachta de chuid an Pháirtí eile arb éard a mheasann an Páirtí ina leith go bhféadfadh sé dochar mór a dhéanamh don trádáil idir na Páirtithe. Cuirfidh an Páirtí is iarrthóir a iarraidh chuig comhordaitheoir Chaibidil BTT an Pháirtí eile arna ainmniú de bhun Airteagal 13.13 agus sainaithneoidh sé an méid seo a leanas:

(a) an tsaincheist;

(b) na forálacha den Chaibidil seo lena mbaineann na hábhair imní; agus

(c) na cúiseanna atá leis an iarraidh, lena n- áirítear tuairisc ar ábhair imní an Pháirtí is iarrthóir.

2. Aon fhaisnéis nó míniú a iarrtar i gcomhréir le mír 1, soláthrófar é tráth nach déanaí ná 60 (seasca) lá tar éis dháta na hiarrata ó Pháirtí i gcomhréir le mír 1. Féadfar síneadh a chur leis an sprioc-am ach údar a bheith tugtha ag an bPáirtí iarrtha leis roimh ré.

3. Má tugadh aghaidh in aon fhóram ar shaincheist roimhe sin idir na Páirtithe, féadfaidh Páirtí plé a iarraidh go díreach, go pearsanta nó trí fhíschomhdháil nó teileachomhdháil, tráth nach déanaí ná 60 (seasca) lá tar éis dháta na hiarrata sin. Sna cásanna sin, déanfaidh an Páirtí iarrtha gach iarracht a bheith ar fáil don phlé sin.

4. Mura ndearna na Páirtithe plé faoin Airteagal seo sa tréimhse 12 mhí roimhe sin, ní fhéadfaidh an Páirtí eile an iarraidh a dhiúltú. Má chreideann an Páirtí is iarrthóir go bhfuil práinn leis an gcás, féadfaidh sé a iarraidh go mbeidh cruinniú ann laistigh de thréimhse ama níos giorra. I gcásanna den sórt sin, dearcfaidh an Páirtí is freagróir le hintinn fhabhrach ar iarraidh den sórt sin. Déanfaidh na Páirtithe gach iarracht chun teacht ar réiteach ar an ábhar a bheidh chun sástacht a chéile.

5. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, féadfaidh Páirtí pléití teicniúla leis an bPáirtí eile a iarraidh de bhun mhír 2 freisin maidir le rialacháin theicniúla nó nósanna imeachta um measúnú comhréireachta rialtas náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil, de réir mar a bheidh, ar an leibhéal atá díreach faoi bhun leibhéal an rialtais láir a bhféadfadh éifeacht mhór a bheith aige ar thrádáil.

6. Tar éis an phlé theicniúil, féadfaidh na Páirtithe teacht ar an gconclúid go bhféadfaí aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist ar bhealach níos fearr trí thionscnamh éascaithe trádála, i gcomhréir le hAirteagal 13.5.

7. Tá an tAirteagal seo gan dochar do chearta agus oibleagáidí Páirtí faoi Chaibidil 29.

AIRTEAGAL 13.13

Comhordaitheoir chaibidil BTT

1. Ainmneoidh gach Páirtí comhordaitheoir Chaibidil BTT agus tabharfaidh sé fógra don Pháirtí eile i gcás athruithe. Oibreoidh na comhordaitheoirí Chaibidil BTT le chéile chun cur chun feidhme na Caibidle seo agus an comhar idir na Páirtithe i ngach ábhar a bhaineann le BTT a éascú.

2. Áirítear na nithe seo a leanas ar fheidhmeanna chomhordaitheoirí Chaibidil BTT:

(a) tacú leis an bhFochoiste um thrádáil in earraí, dá dtagraítear in Airteagal 13.14, i bhfeidhmiú na bhfeidhmeanna;

(b) tacú le tionscnaimh éascaithe trádála agus le pléití teicniúla, de réir mar is iomchuí, i gcomhréir le hAirteagail 13.5 agus 13.12 faoi seach;

(c) faisnéis a mhalartú maidir le hobair a dhéantar i bhfóraim neamhrialtasacha, réigiúnacha agus iltaobhacha a bhaineann le caighdeáin, rialacháin theicniúla agus nósanna imeachta um measúnú comhréireachta; agus

(d) aon fhorbairt ábhartha a bhaineann le cur chun feidhme na Caibidle seo a thuairisciú don Fhochoiste um thrádáil in earraí, dá dtagraítear in Airteagal 13.14, aon uair is iomchuí.

3. Déanfaidh comhordaitheoirí Chaibidil BTT cumarsáid le chéile trí aon mhodh comhaontaithe is iomchuí chun a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh, lena bhféadfaí ríomhphost, teileachomhdhálacha, físchomhdhálacha agus cruinnithe a áireamh.

AIRTEAGAL 13.14

An Fochoiste um thrádáil in earraí

Beidh na feidhmeanna seo a leanas ag an bhFochoiste um thrádáil in earraí, a bhunaítear de bhun Airteagal 9.9(4), i dteannta na bhfeidhmeanna a liostaítear in Airteagail 2.4, 9.9 agus 10.14:

(a) plé a dhéanamh ar thorthaí na hoibre a dhéantar de bhun Airteagal 13.5 agus gníomhaíochtaí iomchuí a mheas;

(b) fóram a sholáthar do na Páirtithe chun plé a dhéanamh ar an ngá atá le bearta chun cómhalartacht a áirithiú i gcomhréir le hAirteagal 13.8(8);

(c) comhar a chothú i gcomhréir le hAirteagal 13.11 agus tacú le pléití teicniúla, de réir mar is iomchuí, i gcomhréir le hAirteagal 13.12;

(d) féachaint leis na saincheisteanna a chumhdaítear faoi mhír 2 de Roinn C d’Iarscríbhinn 13-B a phlé uair sa bhliain ar a laghad; agus

(e) fóram a sholáthar chun go n-oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile agus chun faisnéis a mhalartú maidir le haon saincheist atá ábhartha maidir le cur chun feidhme Iarscríbhinn 13-B.

CAIBIDIL 14

BEARTA SLÁINTÍOCHTA AGUS FÍTEASHLÁINTÍOCHTA

AIRTEAGAL 14.1

Cuspóirí

Tá sé de chuspóir ag an gCaibidil seo:

(a) beatha nó sláinte daoine, ainmhithe nó plandaí a chosaint i gcríoch na bPáirtithe agus trádáil idir na Páirtithe a éascú a mhéid a bhaineann le bearta sláintíochta agus fíteashláintíochta (dá ngairtear 'SPS' anseo feasta);

(b) comhar a bhunú maidir le cur chun feidhme Chomhaontú SPS;

(c) a áirithiú nach gcruthóidh bearta SPS bacainní gan údar ar thrádáil idir na Páirtithe;

(d) an comhar maidir le saincheisteanna teicniúla agus eolaíocha a bhaineann le glacadh agus cur i bhfeidhm bhearta SPS a fheabhsú;

(e) feabhas a chur ar an malartú faisnéise agus ar chomhairliúcháin idir na Páirtithe maidir le hábhair SPS; agus

(f) comhar a bhunú i bhfóraim iltaobhacha a dhéileálann le hábhair SPS.

AIRTEAGAL 14.2

Raon feidhme

1. Tá feidhm ag an gCaibidil seo maidir le gach beart SPS[1] a d'fhéadfadh difear a dhéanamh, go díreach nó go hindíreach, don trádáil idir na Páirtithe.

2. Tá feidhm ag an gCaibidil seo maidir le comhar i bhfóraim iltaobhacha a dhéileálann le hábhair SPS.

AIRTEAGAL 14.3

Sainmhínithe

1. Chun críocha na Caibidle seo, tá feidhm ag na sainmhínithe a leanas:

(a) na sainmhínithe a leagtar amach in Iarscríbhinn A a ghabhann le Comhaontú SPS;

(b) na sainmhínithe arna nglacadh ag Codex Alimentarius;

(c) na sainmhínithe arna nglacadh ag an Eagraíocht Dhomhanda um Shláinte Ainmhithe (dá ngairtear 'WOAH' anseo feasta);

---

[1] I gcás coinbhleachta, tá forlámhas ag an gCaibidil seo ar Chaibidlí eile den Chuid seo den Chomhaontú i gcás ina gcuirtear i bhfeidhm iad maidir le bearta SPS, lena n-áirítear cásanna inar cuid de bheart iad na bearta sin.

(d) na sainmhínithe arna nglacadh ag an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta Cosanta Plandaí (dá ngairtear 'IPPC' anseo feasta); agus

(e) ciallaíonn 'crios faoi chosaint' cuid gheografach de chríoch an Aontais Eorpaigh a shainítear go hoifigiúil arb eol nach bhfuil lotnaid rialáilte ar leith bunaithe inti d'ainneoin dálaí fabhracha agus a láithreachta i gcodanna eile de chríoch an Aontais Eorpaigh.

Is limistéir saor ó lotnaidí i gcríoch an Aontais Eorpaigh iad criosanna faoi chosaint atá faoi rialú an Aontais Eorpaigh. Aithnítear iad faoi Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le bearta cosantacha i gcoinne lotnaidí plandaí, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 228/2013, (AE) Uimh. 652/2014 agus (AE) Uimh. 1143/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 69/464/CEE, 74/647/CEE, 93/85/CEE, 98/57/CE, 2000/29/CE, 2006/91/CE agus 2007/33/CE ón gComhairle[1]. Ní chuirtear an coincheap sin i bhfeidhm lasmuigh de chríoch an Aontais Eorpaigh. Chun críoch trádála, ní cheanglóidh an tAontas Eorpach ar an bPáirtí eile criosanna faoi chosaint a bhunú ina chríoch. Sna cásanna sin, beidh feidhm ag na coinníollacha a bhaineann le limistéir saor ó lotnaidí. Chun críocha Chaibidil 6 agus chun criosanna faoi chosaint a aithint, beidh feidhm ag na coinníollacha céanna a bhaineann le limistéir saor ó lotnaidí.

2. I gcás ina mbeidh aon neamhréireacht idir na sainmhínithe in Iarscríbhinn A a ghabhann le Comhaontú SPS agus na sainmhínithe arna gcomhaontú ag na Páirtithe nó na sainmhínithe arna nglacadh ag Codex Alimentarius, WOAH agus IPPC, beidh forlámhas ag na sainmhínithe a leagtar amach in Iarscríbhinn A a ghabhann le Comhaontú SPS.

[1] IO AE L 317, 23.11.2016, lch. 4.

AIRTEAGAL 14.4

Cearta agus oibleagáidí

Dearbhaíonn na Páirtithe na cearta atá acu agus na hoibleagáidí atá orthu faoi Chomhaontú SPS. Ní dhéanfaidh aon ní sa Chaibidil seo difear do chearta ná d'oibleagáidí gach Páirtí faoi Chomhaontú SPS.

AIRTEAGAL 14.5

Údaráis inniúla

1. Chun críocha na Caibidle seo, is é údarás inniúil oifigiúil Páirtí an t-údarás a chumhachtaítear, i gcomhréir le dlí Páirtí, chun a dhlíthe agus a rialacháin a thagann faoi raon feidhme na Caibidle seo a fhorfheidhmiú chun a áirithiú go gcomhlíonfar a cheanglais, nó aon údarás eile ar tharmlig na húdaráis sin an chumhacht sin chuige (dá ngairtear 'údaráis inniúla' anseo feasta).

2. Ar dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, soláthróidh gach Páirtí ainm na n-údarás inniúil dá dtagraítear i mír 1 i scríbhinn don Pháirtí eile, agus sonróidh sé an áit a gcuirtear an fhaisnéis sin ar fáil go poiblí, mar aon le tuairisc ar dháileadh na n-inniúlachtaí idir na húdaráis inniúla, faoi seach.

3. Cuirfidh na Páirtithe, i gcomhréir le mír 4 d'Airteagal 14.11, a chéile ar an eolas faoi aon athrú ar na húdaráis inniúla sin.

AIRTEAGAL 14.6

Oibleagáidí ginearálta

1. Comhlíonfaidh táirgí a onnmhairítear ó Pháirtí ceanglais SPS is infheidhme an Pháirtí is allmhaireoir.

2. Beidh ceanglais SPS an Pháirtí is allmhaireoir mar an gcéanna le haghaidh chríoch iomlán an Pháirtí is onnmhaireoir, fad a bheidh na dálaí sláintíochta agus fíteashláintíochta céanna i réim ar fud na críche sin, gan dochar do chinntí agus do bhearta arna nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 14.10. Áiritheoidh gach Páirtí go gcuirfear a bhearta SPS i bhfeidhm ar bhealach comhréireach agus nach ndéanfaidh sé idirdhealú go treallach ná gan údar idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh nó Stáit Sínithe MERCOSUR i gcás ina mbeidh dálaí comhionanna nó comhchosúla i réim, lena n-áirítear idirdhealú idir a chríoch féin agus críoch an Pháirtí eile. Ní chuirfear bearta SPS i bhfeidhm sa chaoi gurb é a bheadh ann srian faoi cheilt ar thrádáil idir na Páirtithe.

3. Cuirfear na nósanna imeachta dá dtagraítear sa Chaibidil seo i bhfeidhm gan moill mhíchuí agus ar bhealach trédhearcach, agus beidh an fhaisnéis a iarrtar teoranta don mhéid is gá chun críoch formheasa, rialaithe, cigireachta agus fíoraithe iomchuí.

4. Áiritheoidh gach Páirtí, maidir le haon táille a fhorchuirfear i ndáil le nósanna imeachta allmhairiúcháin chun comhlíonadh cheanglais SPS a sheiceáil agus a áirithiú, go mbeidh siad cothrom i ndáil le haon táille a ghearrtar ar tháirgí intíre comhchosúla nó ar tháirgí de thionscnamh aon Chomhalta eile de EDT agus nach mbeidh siad níos airde ná costas iarbhír na seirbhíse.

5. Ach amháin mar a fhoráiltear in Airteagal 14.14, agus ceanglais SPS maidir le hallmhairiú á modhnú, ceadóidh gach Páirtí, agus MERCOSUR i gcás inarb iomchuí, idirthréimhse, agus cineál an mhodhnaithe á chur san áireamh, chun briseadh nó cur isteach neamhriachtanach ar shreafaí trádála táirgí a sheachaint agus chun a cheadú don Pháirtí is onnmhaireoir a nósanna imeachta onnmhairiúcháin a chur in oiriúint don mhodhnú sin dá réir.

6. Ní chuirfidh cur chun feidhme na Caibidle seo na ceanglais SPS maidir le trádáil idir na Páirtithe ar ann dóibh ar dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo i mbaol.

7. Gan dochar d'fhorálacha comhchosúla i gCaibidlí eile den Chuid seo den Chomhaontú, ní dhéanfaidh aon ní sa Chaibidil seo difear do chearta ná d'oibleagáidí gach Páirtí faisnéis rúnda a chosaint, i gcomhréir le dlíthe agus rialacháin ábhartha gach Páirtí. Áiritheoidh gach Páirtí go mbeidh nósanna imeachta i bhfeidhm chun nochtadh faisnéise rúnda a fhaightear le linn nósanna imeachta dá dtagraítear sa Chaibidil seo a chosc.

8. Áiritheoidh gach Páirtí go mbeidh na hacmhainní is gá ar fáil chun an Chaibidil seo a chur chun feidhme go héifeachtach.

AIRTEAGAL 14.7

Bearta éascaithe trádála

Bunaíochtaí a fhormheas chun ainmhithe, táirgí ainmhí, táirgí de bhunadh ainmhíoch agus seachtháirgí ainmhí a allmhairiú

1. Féadfaidh an Páirtí is allmhaireoir a cheangal go ndéanfar bunaíochtaí atá lonnaithe ar chríoch an Pháirtí is onnmhaireoir a fhormheas chun ainmhithe, táirgí ainmhí, táirgí de bhunadh ainmhíoch agus seachtháirgí ainmhithe a allmhairiú ó bhunaíochtaí den sórt sin.

2. Deonóidh an Páirtí is allmhaireoir an formheas sin gan cigireacht a dhéanamh roimh ré ar bhunaíochtaí aonair más rud é:

(a) gur aithin an Páirtí is allmhaireoir córas rialaithe oifigiúil údarás inniúil an Pháirtí is onnmhaireoir;

(b) gur údaraigh an Páirtí is allmhaireoir allmhairiú na dtáirgí lena mbaineann; agus

(c) gur thug údarás inniúil an Pháirtí is onnmhaireoir ráthaíochtaí leordhóthanacha go gcomhlíonann na bunaíochtaí sin ceanglais sláintíochta an Pháirtí is allmhaireoir.

3. Ní údaróidh an Páirtí is onnmhaireoir ach onnmhairí ó bhunaíochtaí formheasta dá dtagraítear i mír 1. Déanfaidh an Páirtí is onnmhaireoir a fhormheas maidir le bunaíochtaí nach gcomhlíonann ceanglais sláintíochta an Pháirtí is allmhaireoir a chur ar fionraí nó a tharraingt siar agus tabharfaidh sé fógra don Pháirtí is allmhaireoir faoin bhfionraíocht nó faoin tarraingt siar sin.

4. Déanfaidh an Páirtí is onnmhaireoir liosta bunaíochtaí atá le formheas a mholadh don Pháirtí is allmhaireoir. Beidh ráthaíochtaí ag gabháil leis an liosta sin ó údarás inniúil an Pháirtí is onnmhaireoir go gcomhlíonann na bunaíochtaí na ráthaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (c) de mhír 2.

5. Údaróidh an Páirtí is allmhaireoir allmhairí ó bhunaíochtaí formheasta tráth nach déanaí ná 40 (daichead) lá oibre tar éis dó an liosta agus na ráthaíochtaí dá dtagraítear i mír 4 a fháil ón bPáirtí is onnmhaireoir. Má iarrtar faisnéis bhreise agus mura féidir údarú a dheonú laistigh den sprioc-am 40 (daichead) lá oibre dá dheasca sin, cuirfidh an Páirtí is allmhaireoir an Páirtí is onnmhaireoir ar an eolas agus bunóidh sé sprioc-am nua le haghaidh an údaraithe sin. Ní rachaidh an sprioc-am sin thar 40 (daichead) lá oibre ón bhfaisnéis bhreise a fháil.

6. Déanfaidh an Páirtí is allmhaireoir liostaí a tharraingt suas de bhunaíochtaí formheasta agus cuirfidh sé na liostaí sin ar fáil don phobal.

7. Féadfaidh an Páirtí is allmhaireoir diúltú d'fhormheas bunaíochtaí nach gcomhlíonann a cheanglais sláintíochta. Sna cásanna sin, cuirfidh an Páirtí is allmhaireoir an Páirtí is onnmhaireoir ar an eolas faoin diúltú sin, lena n-áirítear an t-údar atá leis.

8. Féadfaidh an Páirtí is allmhaireoir fíoruithe a dhéanamh ar an gcóras rialaithe oifigiúil i gcomhréir le hAirteagal 14.15. Bunaithe ar thorthaí na bhfíoruithe sin, féadfaidh an Páirtí is allmhaireoir na liostaí de bhunaíochtaí formheasta a leasú.

Seiceálacha allmhairiúcháin SPS

9. Déanfaidh gach Páirtí nósanna imeachta a ghlacadh nó a choinneáil ar bun a bhaineann le seiceálacha allmhairiúcháin SPS lena gceadaítear scaoileadh brostaithe táirgí lena n-allmhairiú gan moill mhíchuí.

10. Déanfaidh gach Páirtí, i gcás inarb iomchuí, rialuithe agus fíoruithe a shimpliú agus minicíocht na seiceálacha allmhairiúcháin SPS arna ndéanamh ag an bPáirtí is allmhaireoir ar tháirgí an Pháirtí is onnmhaireoir a laghdú. Bunóidh gach Páirtí a chinneadh ar an méid seo a leanas:

(a) na rioscaí atá i gceist;

(b) na rialuithe a dhéanann na táirgeoirí nó na hallmhaireoirí arb iad údaráis inniúla na bPáirtithe a bhailíochtaíonn iad;

(c) na ráthaíochtaí arna dtabhairt ag údarás inniúil an Pháirtí is onnmhaireoir go gcomhlíonann na bunaíochtaí ceanglais sláintíochta an Pháirtí is allmhaireoir; agus

(d) treoirlínte, caighdeáin agus moltaí idirnáisiúnta Codex Alimentarius, WOAH nó IPPC, de réir mar is infheidhme.

11. Féadfaidh gach Páirtí critéir eile a chur i bhfeidhm chun na rialuithe agus na fíoruithe a shimpliú de bhun mhír 10 mura mbaineann siad an bonn de na critéir a comhaontaíodh go comhchoiteann agus a liostaítear inti.

12. Má léiríonn seiceálacha allmhairiúcháin nach bhfuil na ceanglais SPS maidir le hallmhairiú á gcomhlíonadh agus má dhiúltaítear táirgí nó coinsíneachtaí, tabharfaidh an Páirtí is allmhaireoir fógra don Pháirtí is onnmhaireoir faoi sin i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 14.12, a luaithe is féidir agus tráth nach déanaí ná 5 (cúig) lá oibre tar éis dháta an diúltaithe.

13. Má léiríonn seiceálacha allmhairiúcháin nach bhfuil na ceanglais ábhartha SPS maidir le hallmhairiú á gcomhlíonadh, beidh údar leis an ngníomhaíocht a dhéanfaidh an Páirtí is allmhaireoir, bunaithe ar an neamhchomhlíonadh sainaitheanta, agus ní bheidh sé níos sriantaí ó thaobh trádála de ná mar is gá chun leibhéal iomchuí cosanta sláintíochta nó fíteashláintíochta an Pháirtí a bhaint amach.

Simpliú ar nósanna imeachta allmhairiúcháin agus formheasa MERCOSUR

14. Aithníonn na Páirtithe na leibhéil éagsúla a bhaintear amach le próisis lánpháirtithe réigiúnaigh laistigh den Aontas Eorpach, ar thaobh amháin, agus laistigh de MERCOSUR ar an taobh eile. D'fhonn an trádáil idir a gcríocha, faoi seach, a éascú, déanfaidh MERCOSUR a dhícheall nósanna imeachta allmhairiúcháin agus formheasa a ghlacadh de réir a chéile le haghaidh tháirgí agus bhunaíochtaí an Aontais Eorpaigh, más infheidhme:

(a) ceistneoir aonair amháin;

(b) deimhniú aonair amháin; agus

(c) liosta amháin de bhunaíochtaí formheasta.

15. Déanfaidh MERCOSUR a dhícheall ceanglais, deimhnithe agus seiceálacha allmhairiúcháin SPS Stáit Sínithe aonair MERCOSUR a chomhchuibhiú.

AIRTEAGAL 14.8

Bearta malartacha

1. Arna iarraidh sin don Pháirtí is onnmhaireoir, scrúdóidh an Páirtí is allmhaireoir cé acu a áirithítear nó nach n-áirithítear le beart SPS atá ina rogha mhalartach ar bheart SPS an Pháirtí is allmhaireoir, ar bhonn eisceachtúil, leibhéal iomchuí cosanta an Pháirtí is allmhaireoir. Féadfaidh an beart malartach a bheith bunaithe ar threoirlínte, caighdeáin agus moltaí idirnáisiúnta Codex Alimentarius, WOAH nó IPPC nó ar bhearta SPS an Pháirtí is onnmhaireoir.

2. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 14.9 maidir le bearta malartacha SPS.

## AIRTEAGAL 14.9

## Coibhéis

1. Féadfaidh Páirtí is onnmhaireoir cinneadh coibhéise a iarraidh ar an bPáirtí is allmhaireoir go bhfuil beart sonrach SPS nó bearta sonracha SPS a bhaineann le táirge nó grúpa táirgí nó ar bhonn uile-chórais coibhéiseach lena bhearta SPS féin.

2. Chun an tAirteagal seo a chur chun feidhme, déanfaidh an Fochoiste, dá dtagraítear in Airteagal 14.18, moltaí chun nós imeachta a bhunú chun coibhéis a aithint bunaithe ar an gCinneadh ó Choiste EDT um Bearta Sláintíochta agus Fíteashláintíochta maidir le cur chun feidhme Airteagal 4 den Chomhaontú maidir le Bearta Sláintíochta agus Fíteashláintíochta a Chur i bhFeidhm[1] agus aon nuashonrú a dhéanfar orthu ina dhiaidh sin, agus ar threoirlínte, caighdeáin agus moltaí idirnáisiúnta arna nglacadh faoi chuimsiú Codex Alimentarius, WOAH agus IPPC. Ba cheart a áireamh sa nós imeachta sin próiseas trína reáchtálfaidh na Páirtithe comhairliúcháin lena gcinnfear coibhéis bhearta SPS, an fhaisnéis a cheanglófar ar na Páirtithe, freagrachtaí na bPáirtithe agus na sprioc-amanna chun coibhéis a aithint.

3. Ar iarraidh shonrach a fháil, rachaidh na Páirtithe i mbun comhairliúcháin bunaithe ar an nós imeachta atá le bunú de bhun mhír 2, agus é d’aidhm acu comhaontú a bhaint amach maidir le haitheantas coibhéise.

[1] Doiciméad EDT G/SPS/19/Rev.2, dar dáta an 13 Iúil 2004.

4. Arna iarraidh sin don Pháirtí is onnmhaireoir, cuirfidh an Páirtí is allmhaireoir an Páirtí is onnmhaireoir ar an eolas faoi chéim an nós imeachta um measúnú coibhéise.

AIRTEAGAL 14.10

Stádas sláinte ainmhithe agus lotnaidí plandaí agus coinníollacha réigiúnacha a aithint

1. Aithníonn na Páirtithe coincheap an chriosaithe agus na roinnte i ndeighleoga, lena n-áirítear limistéir saor ó lotnaidí agus ó ghalair agus limistéir ina bhfuil leibhéil ísle lotnaidí nó galar agus cuirfidh siad i bhfeidhm é sa trádáil idir na Páirtithe, i gcomhréir le Comhaontú SPS, lena n-áirítear na Treoirlínte chun cur chun feidhme praiticiúil Airteagal 6 den Chomhaontú maidir le Bearta Sláintíochta agus Fíteashláintíochta a Chur i bhFeidhm arna nglacadh ag Coiste EDT um Bearta Sláintíochta agus Fíteashláintíochta[1] agus treoirlínte, moltaí agus caighdeáin ábhartha WOAH nó IPPC a chur chun cinn.

2. Arna iarraidh sin don Pháirtí is onnmhaireoir, cinnfidh an Páirtí is allmhaireoir cé acu a aithneoidh nó nach n-aithneoidh sé limistéir atá saor ó lotnaidí agus ó ghalair, limistéir ina bhfuil leibhéil ísle lotnaidí nó galar agus deighleoga an Pháirtí is onnmhaireoir, cibé acu den chéad uair é nó tar éis ráig galair ainmhithe nó lotnaid plandaí. Bunóidh an Páirtí is allmhaireoir an cinneadh sin ar an bhfaisnéis arna soláthar ag an bPáirtí is onnmhaireoir i gcomhréir le Comhaontú SPS agus le caighdeáin WOAH agus IPPC, agus cuirfidh sé san áireamh limistéir saor ó lotnaidí agus ó ghalair, limistéir ina bhfuil leibhéil ísle lotnaidí nó galar agus deighleoga arna mbunú ag an bPáirtí is onnmhaireoir. Leanfaidh na Páirtithe na nósanna imeachta a leagtar amach in Iarscríbhinn 14-A.

---

1 Doiciméad EDT G/SPS/48, dar dáta an 16 Bealtaine 2008.

3. Déanfar cinneadh an Pháirtí is allmhaireoir de bhun mhír 2 gan moill mhíchuí. Más rud é, gan dochar d'Airteagal 14.14, go gcinneann an Páirtí is allmhaireoir limistéir saor ó lotnaidí agus ó ghalair, limistéir ina bhfuil leibhéil íseal lotnaidí nó galar agus deighleoga an Pháirtí is onnmhaireoir a aithint, ceadóidh sé trádáil ó na limistéir nó ó na deighleoga sin gan moill mhíchuí.

4. Féadfaidh an Fochoiste, dá dtagraítear in Airteagal 14.18, tuilleadh mionsonraí a shainiú maidir leis an nós imeachta um limistéir saor ó lotnaidí agus ó ghalair, limistéir ina bhfuil leibhéil ísle lotnaidí nó galar agus deighleoga a leagtar amach i mír 2 a aithint, agus Comhaontú SPS agus treoirlínte, caighdeáin agus moltaí IPPC agus WOAH á gcur san áireamh.

Ainmhithe, táirgí ainmhí, táirgí de bhunadh ainmhíoch agus seachtháirgí ainmhí

5. Leagtar amach an nós imeachta chun criosanna nó deighleoga saor ó ghalair a aithint i gcás ainmhithe, táirgí ainmhí, táirgí de bhunadh ainmhíoch agus seachtháirgí ainmhí i mír 7 go mír 9 agus in Iarscríbhinn 14-A.

6. Agus na criosanna nó na deighleoga dá dtagraítear i mír 2 á mbunú nó á gcoinneáil ar bun le haghaidh ainmhithe, táirgí ainmhí, táirgí de bhunadh ainmhíoch agus seachtháirgí ainmhí, breithneoidh na Páirtithe tosca amhail suíomh geografach, éiceachórais, faireachas eipidéimeolaíoch agus éifeachtacht na rialuithe sláintíochta.

7. Tráth nach déanaí ná 60 (seasca) lá oibre ón bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 2 a fháil ón bPáirtí is onnmhaireoir, féadfaidh an Páirtí is allmhaireoir an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) agóid a dhéanamh go sainráite in aghaidh na hiarrata ar aitheantas criosanna nó deighleog saor ó ghalair le haghaidh ainmhithe, táirgí ainmhí, táirgí de bhunadh ainmhíoch agus seachtháirgí ainmhí;

(b) faisnéis bhreise a iarraidh ar an bPáirtí is onnmhaireoir; nó

(c) fíoruithe a iarraidh de bhun Airteagal 14.15.

Déanfaidh an Páirtí is allmhaireoir measúnú ar aon fhaisnéis bhreise tráth nach déanaí ná 30 (tríocha) lá oibre tar éis í a fháil. Má éilíonn an Páirtí is allmhaireoir fíoruithe, cuirfear isteach ar an sprioc-am chun measúnú a dhéanamh ar an bhfaisnéis bhreise.

8. Cuirfidh an Páirtí is allmhaireoir dlús leis an nós imeachta a bhunaítear i mír 7 más rud é go n-aithníonn WOAH go hoifigiúil go bhfuil stádas saor ó ghalair ag na criosanna nó na deighleoga a n-iarrann an Páirtí is onnmhaireoir aitheantas ina leith nó má tá stádas saor ó ghalair aisghafa tar éis ráige.

9. Más rud é, tar éis an nós imeachta i mír 7 a leanúint, go gcinneann an Páirtí is allmhaireoir gan aitheantas a thabhairt do na criosanna nó na deighleoga ar lorg an Páirtí is onnmhaireoir aitheantas ina leith, tabharfaidh sé fógra faoina chinneadh don Pháirtí is onnmhaireoir agus míneoidh sé na cúiseanna nár aithníodh na criosanna nó na deighleoga lena mbaineann agus, arna iarraidh sin, reáchtálfaidh sé comhairliúcháin i gcomhréir le hAirteagal 14.13.

Plandaí agus táirgí plandaí

10. Bunóidh gach Páirtí liosta de lotnaidí rialáilte agus de phlandaí agus táirgí planda rialáilte a bhfuil ceanglais fíteashláintíochta ann ina leith. Cuirfidh an Páirtí is allmhaireoir ar fáil don Pháirtí eile a liosta de lotnaidí rialáilte agus de phlandaí agus táirgí planda rialáilte agus na ceanglais fíteashláintíochta maidir le hallmhairiú is infheidhme maidir leo. Beidh na ceanglais fíteashláintíochta maidir le hallmhairiú i gcás plandaí agus táirgí planda rialáilte teoranta don mhéid is gá chun sláinte plandaí a chosaint nó chun úsáid bheartaithe na bplandaí agus na dtáirgí planda a chosaint. Cuirfidh an Páirtí is allmhaireoir an Páirtí eile ar an eolas faoi aon dearbhú breise a cheanglaítear.

11. Bunófar ceanglais fíteashláintíochta an Pháirtí is allmhaireoir agus an stádas fíteashláintíochta sa Pháirtí is onnmhaireoir á chur san áireamh agus, má cheanglaíonn an Páirtí is allmhaireoir é, toradh anailíse riosca lotnaidí (dá ngairtear ‘PRA’ anseo feasta). Déanfar PRA i gcomhréir le Caighdeáin Idirnáisiúnta ábhartha IPPC maidir le Bearta Fíteashláintíochta (dá ngairtear ‘CIBF’ anseo feasta). Cuirfear san áireamh san anailís riosca sin an fhaisnéis eolaíoch agus theicniúil atá ar fáil, chomh maith leis an úsáid atá beartaithe do na plandaí agus do na táirgí planda faoi bhreithniú.

12. Tabharfaidh an Páirtí is allmhaireoir na liostaí dá dtagraítear i mír 10 cothrom le dáta nuair a iarrfaidh an Páirtí is onnmhaireoir táirgí nua a onnmhairiú chuig an bPáirtí eile. I gcás ina mbeidh gá ag an bPáirtí is allmhaireoir le PRA chun allmhairiú táirge áirithe a údarú, chun dlús a chur leis an bpróiseas, féadfar PRA a rinneadh cheana le haghaidh na dtáirgí céanna nó táirgí comhchosúla a úsáid mar bhonn, in éineacht le haon fhaisnéis bhreise a measann an Páirtí is allmhaireoir gur gá anailís a dhéanamh uirthi.

13. Cuirfidh an Páirtí is allmhaireoir san áireamh, agus é i mbun an phróisis chun stádas lotnaide an Pháirtí is onnmhaireoir a chinneadh, míreanna 10 go 17 den Airteagal seo, Iarscríbhinn 14-A agus moltaí CIBF IPPC.

14. Aithníonn na Páirtithe coincheapa na limistéar saor ó lotnaidí, na n-áiteanna táirgthe saor ó lotnaidí agus na láithreán táirgeachta saor ó lotnaidí, chomh maith le coincheap na limistéar ina bhfuil leibhéil ísle lotnaidí mar a shonraítear in CIBF IPPC, agus coincheap na gcriosanna faoi chosaint a chuirfidh siad i bhfeidhm sa trádáil eatarthu.

15. Agus bearta fíteashláintíochta á mbunú nó á gcoinneáil ar bun, cuirfidh an Páirtí is allmhaireoir limistéir saor ó lotnaidí, áiteanna táirgthe saor ó lotnaidí, láithreáin táirgeachta saor ó lotnaidí agus limistéir ina bhfuil leibhéil ísle lotnaidí san áireamh, chomh maith le criosanna faoi chosaint má bhunaíonn an Páirtí is onnmhaireoir iad.

16. Cuirfidh an Páirtí is onnmhaireoir in iúl don Pháirtí eile limistéir saor ó lotnaidí, áiteanna táirgthe saor ó lotnaidí, láithreáin táirgeachta saor ó lotnaidí nó limistéir ina bhfuil leibhéil ísle lotnaidí agus soláthróidh sé, arna iarraidh sin, míniú agus faisnéis tacaíochta dá bhforáiltear sa CIBF ábhartha nó mar a mheastar a bheith iomchuí ar bhealach eile. Mura ndéanann an Páirtí is allmhaireoir an méid seo a leanas:

(a) agóid shainráite a dhéanamh in aghaidh na hiarrata go bhformheasfar don Pháirtí eile limistéir saor ó lotnaidí, áiteanna táirgthe saor ó lotnaidí, láithreáin táirgeachta saor ó lotnaidí nó limistéir ina bhfuil leibhéil ísle lotnaidí nó criosanna faoi chosaint má bhunaíonn an Páirtí is onnmhaireoir iad;

(b) faisnéis bhreise a iarraidh ar an bPáirtí is onnmhaireoir;

(c) fíoruithe a iarraidh de bhun Airteagal 14.15; nó

(d) comhairliúcháin a thionscnamh de bhun Airteagal 14.13 tráth nach déanaí ná 150 (céad caoga) lá oibre ón bhfaisnéis sin a fháil, aithneoidh an Páirtí is allmhaireoir stádas an Pháirtí is onnmhaireoir.

17. Déanfaidh an Páirtí is allmhaireoir measúnú ar aon fhaisnéis bhreise a iarrtar de bhun mhír 16 tráth nach déanaí ná 90 (nócha) lá tar éis í a fháil. Aon fhíorú a iarrfaidh an Páirtí is allmhaireoir de bhun mhír 16, déanfar é i gcomhréir le hAirteagal 14.15 agus bitheolaíocht na lotnaide agus an phlanda lena mbaineann á cur san áireamh. Má iarrann an Páirtí is allmhaireoir fíoruithe den sórt sin, cuirfear isteach ar an sprioc-am chun measúnú a dhéanamh ar fhaisnéis bhreise.

18. Más rud é, tar éis an nós imeachta i mír 16 a leanúint, go gcinneann an Páirtí is allmhaireoir gan limistéir saor ó lotnaidí, áiteanna táirgthe saor ó lotnaidí, láithreáin táirgeachta saor ó lotnaidí nó limistéir ina bhfuil leibhéil ísle lotnaidí nó criosanna faoi chosaint a fhormheas, má bhunaigh an Páirtí is onnmhaireoir iad agus ar iarr an Páirtí is onnmhaireoir aitheantas ina leith, cuirfidh sé a chinneadh in iúl don Pháirtí is onnmhaireoir agus míneoidh sé na cúiseanna nár formheasadh iad agus, arna iarraidh sin, reáchtálfaidh sé comhairliúcháin i gcomhréir le hAirteagal 14.13.

AIRTEAGAL 14.11

Trédhearcacht agus malartú faisnéise

1. Arna iarraidh sin do Pháirtí agus tráth nach déanaí ná 15 lá (cúig lá déag) oibre tar éis dháta na hiarrata sin, malartóidh na Páirtithe faisnéis maidir leis an méid seo a leanas:

(a) nósanna imeachta maidir leis an údarú chun táirge a allmhairiú, lena n-áirítear, más féidir, an tréimhse ama lena bhfuil coinne;

(b) ceanglais maidir le hallmhairiú táirgí sonracha, lena n-áirítear an tsamhail le haghaidh deimhniú, de réir mar is iomchuí;

(c) a stádas lotnaidí, lena n-áirítear cláir faireachais, dhíothaithe agus imshrianta agus torthaí na gclár sin chun tacú leis an stádas lotnaidí agus leis na bearta fíteashláintíochta allmhairiúcháin sin;

(d) céim dhul chun cinn an nós imeachta maidir le hallmhairiú táirgí sonracha a fhormheas; agus

(e) an gaol idir beart SPS agus na treoirlínte, caighdeáin agus moltaí idirnáisiúnta agus, mura bhfuil beart SPS bunaithe ar threoirlínte, caighdeáin agus moltaí idirnáisiúnta, an fhaisnéis eolaíoch faoin gcaoi nach bhfuil an beart SPS i gcomhréir le treoirlínte, caighdeáin agus moltaí idirnáisiúnta agus míniú ar na cúiseanna leis an mbeart sin.

2. I gcásanna nach leordhóthanach an fhianaise eolaíoch ábhartha, soláthróidh Páirtí a ghlacann beart sealadach SPS an fhaisnéis ábhartha atá ar fáil ar a bhfuil an beart bunaithe agus, má tá sí ar fáil, faisnéis bhreise chun measúnú níos oibiachtúla a dhéanamh ar an riosca, agus déanfaidh sé athbhreithniú ar an mbeart SPS laistigh de thréimhse réasúnta ama.

3. Cuirfidh na Páirtithe faisnéis nuashonraithe ar fáil go poiblí, ar aon mhodh, maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) Ceanglais allmhairiúcháin SPS agus nósanna imeachta formheasa; agus

(b) liosta de lotnaidí rialáilte.

4. Cuirfidh na Páirtithe a chéile ar an eolas faoi na nithe seo a leanas:

(a) aon athrú ar an stádas sláintíochta agus fíteashláintíochta a d’fhéadfadh difear a dhéanamh do thrádáil idir na Páirtithe;

(b) ábhair a bhaineann le bearta SPS a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm a d’fhéadfadh difear a dhéanamh do thrádáil idir na Páirtithe; agus

(c) aon fhaisnéis eile atá ábhartha maidir le cur chun feidhme éifeachtach na Caibidle seo.

5.	Gan dochar do mhír 1, más rud é gur chuir na Páirtithe an fhaisnéis dá dtagraítear san Airteagal seo ar fáil trí fhógra a thabhairt do EDT nó don chomhlacht idirnáisiúnta ábhartha um chaighdeáin a shocrú, i gcomhréir lena rialacha ábhartha, nó ar shuíomhanna gréasáin na bPáirtithe atá inrochtana go poiblí agus saor in aisce, ní cheanglófar an malartú faisnéise de bhun mhír 1.

6.	Ainmneoidh gach Páirtí pointe teagmhála chun cumarsáid a dhéanamh maidir le gach ábhar a chumhdaítear leis an gCaibidil seo agus cuirfidh sé an Páirtí eile ar an eolas faoi sin tráth nach déanaí ná 1 (aon) mhí amháin tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo. Tabharfaidh gach Páirtí fógra go pras don Pháirtí eile faoi aon athrú ar a phointe teagmhála.

AIRTEAGAL 14.12

Fógraí

1.	Aon riosca tromchúiseach nó suntasach do bheatha nó do shláinte an duine, ainmhithe nó plandaí, lena n-áirítear aon éigeandáil rialaithe bia nó beatha, tabharfar fógra faoi do phointí teagmhála an Pháirtí eile a ainmnítear in Airteagal 14.11, laistigh de 2 (dhá) lá oibre ón riosca sin a shainaithint.

2.	Déanfar rioscaí do bheatha nó do shláinte an duine, ainmhithe nó plandaí nach bhfuil tromchúiseach a chur in iúl freisin do phointí teagmhála an Pháirtí eile laistigh de thréimhse réasúnta ama, a bheidh leordhóthanach chun bagairt ar bheatha nó ar shláinte an duine, ainmhithe nó plandaí a sheachaint nó chun cur i mbaol na trádála atá ann cheana idir na Páirtithe a sheachaint.

3.	Fógraí dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2, déanfar iad trí chóras bunaithe fógraí nó trí fhógraí sonracha *ad hoc*, i gcomhréir le reachtaíocht an Pháirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige. Sa dá chás, seolfar an fógra chuig údaráis inniúla na bPáirtithe lena mbaineann.

4.	Má ghlacann nó má choinníonn an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige aon bheart SPS ar bun i ndáil leis an bhfógra (lena n-áirítear diúltú táirge nó coinsíneachta), beidh míniú ar na cúiseanna a thugann údar leis an mbeart sin ag gabháil leis an bhfógra sin.

5.	An Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige, tarraingeoidh sé siar aon fhógra bunaithe ar fhaisnéis a fhaightear amach ina dhiaidh sin nach bhfuil bunús léi nó a tarchuireadh go hearráideach. Déanfar an tarraingt siar sin a luaithe is féidir, agus tabharfar fógra don Pháirtí is onnmhaireoir fúithi, chun tionchar diúltach ar thrádáil idir na Páirtithe a sheachaint.

6.	Sainaithneoidh na Páirtithe pointí teagmhála le haghaidh na bhfógraí faoin Airteagal seo agus cuirfidh siad an Páirtí eile ar an eolas fúthu, murab ionann iad agus na pointí teagmhála a shainaithnítear de bhun mhír 6 d'Airteagal 14.11.

AIRTEAGAL 14.13

Comhairliúcháin

1.	Gan dochar do Chaibidil 29, má mheastar go bhfuil bearta nó dréachtbhearta SPS an Pháirtí is allmhaireoir, nó a gcur chun feidhme, ar neamhréir leis an gCaibidil seo, rachaidh na Páirtithe i mbun comhairliúchán tráth nach déanaí ná 60 (seasca) lá tar éis don Pháirtí is onnmhaireoir iarraidh réasúnaithe ar na comhairliúcháin sin a thabhairt isteach.

2. D’ainneoin mhír 1, má thugann Páirtí fógra de bhun Airteagal 14.12 nó má tá ábhair imní thromchúiseacha ag Páirtí maidir le riosca don tsláinte phoiblí, do shláinte ainmhithe nó do shláinte plandaí, lena ndéantar difear do tháirgí a thrádáiltear idir na Páirtithe, reáchtálfar comhairliúcháin, arna iarraidh sin do Pháirtí, a luaithe is féidir. Faoi dhálaí den sórt sin, féachfaidh gach Páirtí leis an bhfaisnéis is gá a sholáthar chun cur isteach ar thrádáil a sheachaint, lena n-áirítear teorannú na trádála.

3. Arna iarraidh sin don Pháirtí is onnmhaireoir, soláthróidh an Páirtí is allmhaireoir an fhaisnéis is gá chun cur isteach ar thrádáil a sheachaint, lena n-áirítear teorannú na trádála. Áirítear san fhaisnéis sin an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 14.11(1).

4. Féadfar comhairliúcháin a reáchtáil ar feadh tréimhse réasúnta ama a chuirfidh ar a gcumas do na Páirtithe teacht ar réiteach atá sásúil don dá thaobh.

5. Féadfar comhairliúcháin a reáchtáil trí ríomhphost, físchomhdháil, closchomhdháil nó aon mhodh cumarsáide eile atá ar fáil don dá Pháirtí. Beidh an Páirtí a d’iarr comhairliúcháin freagrach as na miontuairiscí a ullmhú. Déanfaidh na páirtithe sna comhairliúcháin na miontuairiscí a fhormheas go foirmiúil.

6. Mura dtiocfaidh na páirtithe sna comhairliúcháin ar réiteach atá sásúil don dá thaobh, féadfar an t-ábhar a chur faoi bhráid an Fhochoiste, dá dtagraítear in Airteagal 14.18.

AIRTEAGAL 14.14

Bearta éigeandála

1. Má ghlacann Páirtí aon bheart chun aon riosca tromchúiseach do bheatha nó do shláinte an duine, ainmhithe agus plandaí a rialú, beidh sé d'aidhm ag an mbeart sin freisin, gan dochar do mhír 2, cosc a chur ar thabhairt isteach aon riosca sláintíochta agus fíteashláintíochta i gcríoch an Pháirtí eile.

2. Féadfaidh an Páirtí is allmhaireoir, i gcás rioscaí tromchúiseacha do bheatha nó do shláinte an duine, ainmhithe nó plandaí, bearta éigeandála a ghlacadh in aghaidh rioscaí den sórt sin.

3. I gcás táirgí ar idirthuras idir na Páirtithe, déanfaidh an Páirtí is allmhaireoir an réiteach is oiriúnaí agus is comhréirí a bhreithniú chun cur isteach nach gá ar thrádáil a sheachaint.

4. Féadfar na bearta dá dtagraítear i mír 2 a ghlacadh gan fógra a thabhairt roimh ré de bhun Airteagal 14.12. Tabharfaidh an Páirtí a ghlacfaidh bearta éigeandála fógra don Pháirtí eile a luaithe is féidir faoi ghlacadh na mbeart sin agus, in aon chás, tráth nach déanaí ná 48 uair an chloig (ocht n-uair an chloig is daichead) ina dhiaidh sin.

5. Féadfaidh gach Páirtí aon fhaisnéis a iarraidh a bhaineann leis an staid sláintíochta agus fíteashláintíochta agus leis na bearta éigeandála a glacadh. Freagróidh gach Páirtí na hiarrataí sin a luaithe a bheidh an fhaisnéis a iarrtar ar fáil.

6. Arna iarraidh sin do cheachtar Páirtí agus i gcomhréir le hAirteagal 14.13, reáchtálfaidh na Páirtithe comhairliúcháin maidir leis na bearta éigeandála tráth nach déanaí ná 15 lá (cúig lá déag) oibre tar éis fógra a fháil faoi na bearta éigeandála. Féadfaidh na Páirtithe roghanna a bhreithniú chun cur chun feidhme, nó ionadú, na mbeart éigeandála a éascú.

AIRTEAGAL 14.15

Fíoruithe ar an gcóras rialaithe oifigiúil

1. Tá an ceart ag gach Páirtí, laistigh de raon feidhme na Caibidle seo, an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) fíoruithe a dhéanamh, lena n-áirítear iniúchtaí, ar chóras rialaithe oifigiúil an Pháirtí eile, lena n-áirítear cuairteanna fíorúcháin; agus

(b) faisnéis a fháil maidir le córas rialaithe oifigiúil an Pháirtí eile agus maidir le torthaí na rialuithe arna ndéanamh faoin gcóras sin.

2. Is é an Páirtí is allmhaireoir a chinnfidh cineál agus minicíocht na bhfíoruithe, lena n-áirítear iniúchtaí, agus na ceanglais allmhairiúcháin, saintréithe bunúsacha an táirge lena mbaineann, cuntas teiste seiceálacha allmhairiúcháin roimhe sin agus faisnéis eile atá ar fáil á gcur san áireamh, amhail iniúchtaí agus cigireachtaí arna ndéanamh ag údarás inniúil an Pháirtí is onnmhaireoir.

3. Is é is cuspóir do na fíoruithe meastóireacht a dhéanamh ar acmhainneacht údaráis inniúla an Pháirtí is onnmhaireoir a áirithiú go gcomhlíonann na táirgí a onnmhairítear nó atá le honnmhairiú ceanglais SPS an Pháirtí is allmhaireoir.

4. Tabharfar cuairteanna fíorúcháin gan moill mhíchuí agus tabharfar fógra fúthu don Pháirtí is onnmhaireoir 60 (seasca) lá oibre ar a laghad sula ndéanfar na fíoruithe sin, ach amháin i gcásanna éigeandála nó má chinneann na Páirtithe a mhalairt. Comhaontóidh na Páirtithe aon mhodhnú ar dháta na cuairte.

5. Déanfar fíoruithe i gcomhréir leis an bplean iniúchóireachta arna chomhaontú ag na Páirtithe lena mbaineann, bunaithe ar na Treoirlínte maidir le Dearadh, Oibriú, Measúnú agus Creidiúnú Córas um Iniúchadh agus Deimhniú Allmhairithe agus Onnmhairithe Bia[1]. Soláthróidh an Páirtí is allmhaireoir don Pháirtí eile na cúiseanna atá le haon mhodhnú ar phlean iniúchóireachta na cuairte.

6. Na costais a thabhóidh an Páirtí a dhéanfaidh an fíorú, is é an Páirtí sin a íocfaidh iad.

7. An Páirtí a dhéanfaidh an fíorú, seolfaidh sé dréacht-tuarascáil maidir leis an bhfíorú chuig an bPáirtí atá faoi réir an fhíoraithe tráth nach déanaí ná 60 (seasca) lá oibre tar éis dheireadh na cuairte fíorúcháin. Féadfaidh an Páirtí atá faoi réir an fhíoraithe barúil a thabhairt ar an dréacht-tuarascáil tráth nach déanaí ná 60 (seasca) lá oibre tar éis dó í a fháil. Cuirfear barúlacha agus plean gníomhaíochta, más gá, i gceangal leis an tuarascáil chríochnaitheach. An Páirtí a dhéanfaidh an fíorú, seolfaidh sé an tuarascáil chríochnaitheach chuig an bPáirtí atá faoi réir an fhíoraithe tráth nach déanaí ná 30 (tríocha) lá oibre tar éis dó na barúlacha maidir leis an dréacht-tuarascáil a fháil.

8. Aon bheart a dhéanfar mar thoradh ar fhíoruithe, beidh sé comhréireach leis na heasnaimh nó na rioscaí a sainaithníodh. Má iarrtar comhairliúcháin theicniúla i dtaca leis an ábhar, is i gcomhréir le hAirteagal 14.13 a reáchtálfar iad.

9. Má shainaithnítear riosca mór don tsláinte phoiblí, do shláinte ainmhithe nó do shláinte plandaí le linn an fhíoraithe, cuirfear an Páirtí atá faoi réir an fhíoraithe ar an eolas chomh tapa is féidir agus, in aon chás, tráth nach déanaí ná 10 (deich) lá oibre tar éis dheireadh an fhíoraithe.

---

1 FAO, CAC/GL 26-1997.

AIRTEAGAL 14.16

Comhar maidir le fóraim iltaobhacha

1. Cuirfidh na Páirtithe comhar eatarthu féin chun cinn sna fóraim iltaobhacha uile atá ábhartha maidir le saincheisteanna SPS, go háirithe i gcomhlachtaí idirnáisiúnta um chaighdeánú a aithnítear faoi chuimsiú Chomhaontú SPS, agus malartóidh siad faisnéis chuige sin.

2. Is é an Fochoiste um ábhair SPS, dá dtagraítear in Airteagal 14.18, an fóram chun an comhar dá dtagraítear i mír 1 a chur chun cinn.

AIRTEAGAL 14.17

Comhar

1. Féachfaidh na Páirtithe le hoibriú i gcomhar le chéile chun an Chaibidil seo a chur chun feidhme agus chun torthaí an chomhair sin a bharrfheabhsú d'fhonn deiseanna a leathnú agus na sochair is mó a fháil do na Páirtithe. Forbrófar an comhar sin laistigh den chreat dlíthiúil agus institiúideach lena rialaítear an caidreamh comhair idir na Páirtithe.

2. Chun na cuspóirí dá dtagraítear i mír 1 a bhaint amach, breithneoidh na Páirtithe na riachtanais chomhair arna sainaithint ag an bhFochoiste um ábhair SPS, dá dtagraítear in Airteagal 6.18.

AIRTEAGAL 4.18

An Fochoiste um ábhair SPS

1. Tiocfaidh an Fochoiste um ábhair SPS, a bhunaítear de bhun Airteagal 9.9(4), le chéile den chéad uair tráth nach déanaí ná 1 (aon) bhliain amháin tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

2. Beidh na feidhmeanna seo a leanas ag an bhFochoiste, i dteannta na bhfeidhmeanna a liostaítear in Airteagail 2.4 agus 9.9:

(a) fóram a sholáthar chun fadhbanna a eascraíonn as cur i bhfeidhm bhearta SPS a phlé d'fhonn teacht ar réitigh a bheidh inghlactha go frithpháirteach ar choinníoll go ndearna na Páirtithe iarracht ar dtús aghaidh a thabhairt orthu trí chomhairliúcháin theicniúla de bhun Airteagal 14.13 agus gur tarchuireadh an t-ábhar chuig an bhFochoiste ansin.

(b) fóram a sholáthar chun plé a dhéanamh ar an bhfaisnéis a mhalartaítear i gcomhréir le hAirteagal 14.11;

(c) malartú faisnéise agus comhar a chur chun cinn i bhfóraim iltaobhacha de bhun Airteagal 14.16;

(d) liostaí na bpointí teagmhála a mhalartú de bhun Airteagal 14.11(6) chun faisnéis a bhaineann leis an gCaibidil seo a chomhroinnt;

(e) an obair inmheánach ullmhúcháin is gá a dhéanamh chun go ndéanfaidh an Chomhairle Chomhpháirteach i gcumraíocht trádála leasú ar Iarscríbhinn 14-A;

(f) moltaí a dhéanamh chun nós imeachta um aitheantas coibhéise a bhunú i gcomhréir le hAirteagal 14.9(2);

(g) féadfaidh sé tuilleadh mionsonraí a shainiú le haghaidh an nós imeachta chun limistéir saor ó lotnaidí agus ó ghalair, limistéir ina bhfuil leibhéil ísle lotnaidí agus galar, agus deighleoga a aithint i gcomhréir le hAirteagal 14.10(4); agus

(h) riachtanais chomhair a shainaithint agus an Chaibidil seo á cur chun feidhme, de bhun Airteagal 14.17(2).

AIRTEAGAL 14.19

Cóir speisialta agus dhifreálach

I gcomhréir le hAirteagal 10 de Chomhaontú SPS, má shainaithníonn Paragua deacrachtaí le beart atá beartaithe ar thug an tAontas Eorpach fógra faoi, féadfaidh Paragua, sna barúlacha a chuirfidh sé faoi bhráid an Aontais Eorpaigh, de bhun Iarscríbhinn B a ghabhann le Comhaontú SPS, an deis a iarraidh chun an tsaincheist a phlé. Gan dochar d'Airteagal 14.13, rachaidh an tAontas Eorpach agus Paragua i mbun comhairliúchán chun teacht ar chomhaontú maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) coinníollacha malartacha allmhairiúcháin atá le cur i bhfeidhm ag an bPáirtí is allmhaireoir i gcomhréir le hAirteagal 14.8 den Chaibidil seo;

(b) soláthar cúnaimh theicniúil i gcomhréir le hAirteagal 14.17 den Chaibidil seo; nó

(c) idirthréimhse 6 (sé) mhí le haghaidh bearta atá beartaithe a mbeidh feidhm acu maidir le táirgí ó Pharagua, a bhféadfaí síneadh eisceachtúil a chur léi go ceann tréimhse eile nach faide ná 6 (sé) mhí.

CAIBIDIL 15

IDIRPHLÉ MAIDIR LE SAINCHEISTEANNA A BHAINEANN LEIS AN SLABHRA AGRAIBHIA

AIRTEAGAL 15.1

Cuspóirí

D'fhonn a n-iontaoibh fhrithpháirteach agus tuiscint gach ceann díobh a neartú, bunóidh na Páirtithe idirphlé agus malartóidh siad faisnéis maidir leis na hábhair seo a leanas:

(a) leas ainmhithe;

(b) an bhith-theicneolaíocht talmhaíochta a chur i bhfeidhm;

(c) an fhrithsheasmhacht fhrithmhiocróbach (dá ngairtear 'FSFM' anseo feasta) a chomhrac; agus

(d) ábhair eolaíocha a bhaineann le sábháilteacht bia, sláinte ainmhithe agus sláinte plandaí.

AIRTEAGAL 15. 2

An Fochoiste um idirphlé maidir le saincheisteanna a bhaineann leis an slabhra agraibhia

I dteannta na bhfeidhmeanna a liostaítear in Airteagail 2.4, 9.9 agus 15.7, tiocfaidh an Fochoiste um idirphlé maidir le saincheisteanna a bhaineann leis an slabhra agraibhia, a bhunaítear de bhun Airteagal 9.9(4), le chéile ar leibhéal saineolaithe chun an t-idirphlé dá dtagraítear in Airteagal 15.1 a dhéanamh.

AIRTEAGAL 15.3

Leas ainmhithe

Ag aithint dó gur neacha mothaitheacha iad ainmhithe, déanfaidh an Fochoiste um idirphlé maidir le saincheisteanna a bhaineann leis an slabhra agraibhia idirphlé lena gcumhdófar, *inter alia*, na hábhair seo a leanas:

(a) ábhair shonracha maidir le leas ainmhithe a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do thrádáil fhrithpháirteach;

(b) malartú faisnéise, saineolais agus taithí i réimse an leasa ainmhithe chun feabhas a chur, chun tairbhe na bPáirtithe, ar na cineálacha cur chuige atá ag gach ceann díobh i leith caighdeáin rialála a bhaineann le hainmhithe a shíolrú, a choinneáil, a láimhseáil, a iompar agus a mharú;

(c) neartú a gcomhair taighde; agus

(d) comhoibriú i bhfóraim idirnáisiúnta ionas gur féidir le WOAH tuilleadh forbartha ar chaighdeáin idirnáisiúnta maidir le leas ainmhithe a chur chun cinn, mar aon le dea-chleachtais maidir le leas ainmhithe agus cur chun feidhme na gcleachtas sin.

AIRTEAGAL 15.4

Bith-theicneolaíocht talmhaíochta

Déanfaidh an Fochoiste um idirphlé maidir le saincheisteanna a bhaineann leis an slabhra agraibhia idirphlé i ndáil leis an mbith-theicneolaíocht talmhaíochta lena gcumhdófar, i measc nithe eile, na hábhair seo a leanas:

(a) malartú faisnéise maidir le beartais, reachtaíocht, treoirlínte, dea-chleachtais agus tionscadail i ndáil le táirgí bith-theicneolaíochta;

(b) plé ar ábhair shonracha a bhaineann leis an mbith-theicneolaíocht a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do thrádáil fhrithpháirteach, lena n-áirítear comhar maidir le tástáil orgánach géinmhodhnaithe (dá ngairtear 'OGManna' anseo feasta);

(c) malartú faisnéise maidir le hábhair a bhaineann le húdaruithe aisioncronacha OGManna chun an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ar thrádáil a íoslaghdú;

(d) malartú faisnéise maidir leis an ionchas eacnamaíoch agus trádála a bhaineann le húdaruithe OGManna; agus

(e) malartú faisnéise maidir le cásanna de leibhéil ísle OGManna atá neamhúdaraithe ag an bPáirtí is allmhaireoir ach atá údaraithe ag an bPáirtí is onnmhaireoir.

AIRTEAGAL 15.5

Frithsheasmhacht fhrithmhiocróbach a chomhrac

Déanfaidh an Fochoiste um idirphlé maidir le saincheisteanna a bhaineann leis an slabhra agraibhia idirphlé maidir leis an bhfrithsheasmhacht fhrithmhiocróbach a chomhrac, lena gcumhdófar, i measc nithe eile, na hábhair seo a leanas:

(a) comhar chun obair leantach a dhéanamh ar threoirlínte, caighdeáin, moltaí agus gníomhaíochtaí atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo arna bhforbairt in eagraíochtaí idirnáisiúnta, tionscnaimh agus pleananna náisiúnta ábhartha arb é is aidhm dóibh úsáid stuama agus fhreagrach antaibheathach a chur chun cinn, agus a bhaineann le táirgeadh ainmhithe agus cleachtais tréidliachta;

(b) comhar maidir le cur chun feidhme mholtaí WOAH, na hEagraíochta Domhanda Sláinte (dá ngairtear 'EDS' anseo feasta) agus Codex Alimentarius, go háirithe an Cód Cleachtais maidir le Frithsheasmhacht in aghaidh Ábhar Frithmhiocróbach Bia-iompartha a Íoslaghdú agus a Imshrianadh (CAC/RCP 61-2005);

(c) faisnéis maidir le dea-chleachtais feirmeoireachta a mhalartú ;

(d) taighde, nuálaíocht agus forbairt a chur chun cinn; agus

(e) cineálacha cur chuige ildisciplíneacha a chur chun cinn chun FSFM a chomhrac, lena n-áirítear cur chuige 'Aon Sláinte Amháin' EDS, WOAH agus Codex Alimentarius.

AIRTEAGAL 15.6

Ábhair eolaíocha a bhaineann le sábháilteacht bia, sláinte ainmhithe agus sláinte plandaí

1. Ba cheart do na Páirtithe comhar a chothú idir a gcomhlachtaí eolaíocha oifigiúla, faoi seach, atá freagrach as sábháilteacht bia agus as eolaíocht sláinte ainmhithe agus plandaí. Beidh sé d'aidhm ag an gcomhar sin an fhaisnéis eolaíoch atá ar fáil do na Páirtithe a dhoimhniú chun tacú lena gcineálacha cur chuige féin i leith caighdeáin rialála a d'fhéadfadh difear a dhéanamh don trádáil fhrithpháirteach.

2. Déanfaidh an Fochoiste idirphlé maidir le hábhair eolaíocha a bhaineann le sábháilteacht bia, sláinte ainmhithe agus sláinte plandaí lena gcumhdófar, i measc nithe eile, na hábhair seo a leanas:

(a) malartú faisnéise eolaíche agus teicniúla maidir leis na réimsí sábháilteachta bia agus beatha, sláinte ainmhithe agus plandaí, lena n-áirítear measúnú riosca agus an fhaisnéis eolaíoch a thacaíonn le huasleibhéil iarmhar a bhunú;

(b) bailiú sonraí; agus

(c) comhar chun comhthuiscint a fhorbairt maidir le caighdeáin WOAH, IPPC agus Codex Alimentarius.

AIRTEAGAL 15.7

Forálacha breise

1. Áiritheoidh na Páirtithe nach gcuirfidh gníomhaíochtaí an Fhochoiste, dá dtagraítear in Airteagal 15.2, neamhspleáchas na ngníomhaireachtaí náisiúnta nó réigiúnacha atá acu féin i mbaol. An Fochoiste um idirphlé maidir le saincheisteanna a bhaineann leis an slabhra agraibhia, bunóidh sé na rialacha maidir le coinbhleachtaí leasa le haghaidh rannpháirtithe a chruinnithe.

2. Ní dhéanfaidh aon ní sa Chaibidil seo difear do chearta ná d'oibleagáidí gach Páirtí faisnéis rúnda a chosaint, i gcomhréir le reachtaíocht ábhartha gach Páirtí. Áiritheoidh gach Páirtí go mbeidh nósanna imeachta i bhfeidhm chun nochtadh faisnéise rúnda a fhaightear le linn an phróisis a bhunaítear sa Chaibidil seo a chosc.

3. Agus ceart gach Páirtí chun rialála á urramú go hiomlán, ní fhorléireofar aon ní sa Chaibidil seo mar ní lena gcuirfear oibleagáid ar Pháirtí:

(a) imeacht ó nósanna imeachta intíre chun bearta rialála a ullmhú agus a ghlacadh;

(b) gníomhaíocht a dhéanamh lena ndéanfaí dochar do ghlacadh tráthúil beart rialála chun a chuspóirí beartais phoiblí a bhaint amach, nó lena gcuirfí bac ar ghlacadh na mbeart sin; nó

(c) aon toradh rialála ar leith a ghlacadh.

CAIBIDIL 16

COSAINT TRÁDÁLA AGUS COIMIRCÍ DOMHANDA

ROINN A

PRIONSABAIL GHINEARÁLTA

AIRTEAGAL 16.1

Gaolmhaireacht le Comhaontuithe EDT

1. Tá feidhm ag an gCaibidil seo gan dochar do chearta agus d'oibleagáidí na bPáirtithe faoin gComhaontú Frithdhumpála, faoin gComhaontú maidir le Fóirdheontais agus le Bearta Frithchúitimh, faoin gComhaontú maidir le Coimircí agus faoin gComhaontú um Réiteach Díospóidí.

2. Díolmhóidh na Páirtithe trádáil dhéthaobhach atá faoi réir cóir fhabhrach ó chur chun feidhme Choimirce Speisialta Talmhaíochta an Chomhaontaithe maidir leis an Talmhaíocht.

3. Níl feidhm ag na rialacha tionscnaimh fabhracha faoin gCuid seo den Chomhaontú maidir le himscrúduithe cosanta trádála ná imscrúduithe coimirce domhanda a dhéantar i gcomhréir leis an gCaibidil seo.

AIRTEAGAL 16.2

Trédhearcacht

1. Ba cheart bearta cosanta trádála agus bearta coimirce a úsáid i gcomhréir go hiomlán le ceanglais ábhartha EDT agus ba cheart iad a bheith bunaithe ar chóras cothrom trédhearcach.

2. A luaithe is féidir tar éis beart sealadach a fhorchur, tabharfaidh Páirtí rochtain iomlán do na páirtithe leasmhara ar na fíorais is bonn leis na cinntí, leis an measúnú díobhála, le ríomhanna na gcorrlach dumpála agus fóirdheontas, agus le cúisíocht. Ina theannta sin, sula ndéanfar an cinneadh críochnaitheach, nochtfaidh Páirtí go hiomlán agus go fóinteach na fíorais agus na breithnithe fíor-riachtanacha uile atá mar bhonn leis an gcinneadh beart a chur i bhfeidhm. Tá an mhír seo gan dochar d’Airteagal 6.5 den Chomhaontú Frithdhumpála, d’Airteagal 12.4 de Chomhaontú SCM agus d’Airteagal 3.2 den Chomhaontú maidir le Coimircí.

3. Déanfaidh Páirtí an fhaisnéis uile dá dtagraítear i mír 2 a sheoladh i scríbhinn, i bhformáid leictreonach más féidir, agus ba cheart dóthain ama a thabhairt do na páirtithe leasmhara barúlacha a thabhairt. I gcás Páirtithe a gcoimeádann a n-údaráis imscrúdúcháin cáschomhaid leictreonacha, féadfar an fhaisnéis uile dá dtagraítear i mír 2 a chur ar fáil ar líne.

ROINN B

BEARTA FRITHDHUMPÁLA AGUS FRITHCHÚITIMH

## AIRTEAGAL 16.3

Breithnithe a bhaineann le bearta frithdhumpála agus frithchúitimh

Déanfaidh gach Páirtí an méid seo a leanas:

(a) anailís chúramach ar ghealltanais i dtaca le praghsanna arna ndéanamh ag onnmhaireoirí an Pháirtí eile;

(b) a bheith i bhfabhar dleacht a fhorchur atá níos ísle ná an corrlach dumpála nó fóirdheontais, más leormhaith an leibhéal sin chun deireadh a chur leis an díobháil don tionscal intíre;

(c) anailís chúramach ar iarrataí ar shíneadh beart atá i bhfeidhm in aghaidh onnmhaireoirí an Pháirtí eile; agus

(d) an fhaisnéis arna soláthar ag úsáideoirí tionsclaíocha an táirge faoi imscrúdú, allmhaireoirí agus, más infheidhme, eagraíochtaí ionadaíocha tomhaltóirí i gcomhthéacs Airteagal 6.12 den Chomhaontú Frithdhumpála agus Airteagal 12.10 de Chomhaontú SCM a chur san áireamh.

ROINN C

COIMIRCÍ DOMHANDA

AIRTEAGAL 16.4

Trédhearcacht maidir le coimircí domhanda

1. Arna iarraidh sin don Pháirtí is onnmhaireoir, agus ar choinníoll go bhfuil leas substaintiúil aige in onnmhairiú an táirge lena mbaineann mar a shainítear i mír 3 den Airteagal seo, déanfaidh an Páirtí a thionscnaíonn imscrúdú coimirce, nó a bhfuil sé beartaithe aige bearta coimirce sealadacha nó cinntitheacha a ghlacadh, an méid seo a leanas a sholáthar láithreach:

(a) an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 12.2 den Chomhaontú um Choimircí, san fhormáid arna forordú ag Coiste EDT um Choimircí;

(b) an leagan poiblí den ghearán arna chomhdú ag an tionscal intíre, más ábhartha; agus

(c) an tuarascáil phoiblí ina leagfar amach na cinntí agus na conclúidí réasúnaithe maidir le gach saincheist chuí fíorais agus dlí arna mbreithniú san imscrúdú coimirce.

Áireofar sa tuarascáil phoiblí dá dtagraítear i bpointe (c) den mhír seo anailís lena sannfar díobháil do na tosca is cúis léi agus leagfar amach inti an modh a úsáideadh chun na bearta coimirce a shainiú.

2. Má sholáthraítear faisnéis faoin Airteagal seo, déanfaidh an Páirtí is allmhaireoir an tairiscint comhairliúcháin neamhfhoirmiúla a reáchtáil leis an bPáirtí is onnmhaireoir chun athbhreithniú a dhéanamh ar an bhfaisnéis a sholáthraítear.

3. Chun críocha an Airteagail seo, meastar go bhfuil leas substaintiúil ag Páirtí má tá sé ar cheann de na 5 (cúig) sholáthróir is mó a sholáthair na táirgí allmhairithe lena mbaineann le linn na tréimhse 3 (trí) bliana is déanaí, arna dtomhas i dtéarmaí dearbhmhéid nó dearbhluacha.

AIRTEAGAL 16.5

Bearta cinntitheacha a chur i bhfeidhm

1. Páirtí atá ag glacadh bearta coimirce, féachfaidh sé lena gcur i bhfeidhm ar an mbealach is lú a dhéanann difear don trádáil dhéthaobhach.

2. Déanfaidh an Páirtí is allmhaireoir an tairiscint comhairliúcháin neamhfhoirmiúla a reáchtáil leis an bPáirtí is onnmhaireoir chun athbhreithniú a dhéanamh ar an ábhar dá dtagraítear i mír 1. Ní ghlacfaidh an Páirtí is allmhaireoir bearta laistigh de 30 (tríocha) lá ón dáta a dhéantar an tairiscint comhairliúcháin neamhfhoirmiúla a reáchtáil.

ROINN D

RÉITEACH DÍOSPÓIDÍ

AIRTEAGAL 16.6

Gan réiteach díospóidí a chur i bhfeidhm

Ní rachaidh aon Pháirtí ar iontaoibh réiteach díospóidí faoi Chaibidil 29 maidir le haon ábhar a thagann chun cinn faoin gCaibidil seo.

CAIBIDIL 17

BEARTA COIMIRCE DÉTHAOBHACHA

ROINN A

RAON FEIDHME

AIRTEAGAL 17.1

Raon feidhme

1. Tá feidhm ag Ranna B go I den Chaibidil seo maidir le haon earra seachas feithiclí a aicmítear faoi cheannteidil CC 8703 agus 8704.

2. Sonraítear in Iarscríbhinn 17-A na forálacha is infheidhme maidir le feithiclí a aicmítear faoi cheannteidil CC 8703 agus 8704.

ROINN B

SAINMHÍNITHE

AIRTEAGAL 17.2

Sainmhínithe

Chun críocha na Caibidle seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) ciallaíonn 'údarás inniúil imscrúdúcháin':

(i) i gcás an Aontais Eorpaigh, an Coimisiún Eorpach; agus

(ii) i gcás MERCOSUR, Ministerio de Economía nó a chomharba san Airgintín, Secretaria de Comércio Exterior de Ministério do Desenvolvimento, Indústria, Comércio e Serviços nó a chomharba sa Bhrasaíl, Ministerio de Industria y Comercio nó a chomharba i bParagua, agus Asesoría de Política Comercial del Ministerio de Economía y Finanzas nó a chomharba in Uragua;

(b) ciallaíonn 'tionscal intíre' táirgeoirí na dtáirgí comhchosúla nó díriomaíocha ina n-iomláine, a oibríonn i gcríoch Páirtí nó, ina éagmais sin, na táirgeoirí sin arb é atá ina n-aschur comhchoiteann táirgí comhchosúla nó díriomaíocha de ghnáth níos mó ná 50 % (caoga faoin gcéad) , agus in imthosca eisceachtúla, méid nach lú ná 25 % (fiche cúig faoin gcéad), de tháirgeadh iomlán na dtáirgí sin;

(c) áirítear ar 'pháirtithe leasmhara':

(i) onnmhaireoirí nó táirgeoirí eachtracha nó allmhaireoirí táirge atá faoi réir imscrúdaithe, nó comhlachas trádála nó gnó a bhfuil tromlach a chomhaltaí ina dtáirgeoirí, ina n-onnmhaireoirí nó ina n-allmhaireoirí táirge den sórt sin;

(ii) rialtas an Pháirtí is onnmhaireoir; agus

(iii) táirgeoirí a tháirgeann an táirge comhchosúil nó díriomaíoch sa Pháirtí is allmhaireoir, nó comhlachas trádála agus gnó a dtáirgeann tromlach a gcomhaltaí an táirge comhchosúil nó díriomaíoch i gcríoch an Pháirtí is allmhaireoir;

ní fhágann an liosta sin nach féidir leis na Páirtithe páirtithe intíre nó eachtracha seachas iad siúd a luaitear thuas a áireamh mar pháirtithe leasmhara;

(d) ciallaíonn 'táirge comhchosúil nó díriomaíoch':

(i) táirge atá comhionann, is é sin, comhchosúil i ngach gné, leis an táirge atá faoi bhreithniú;

(ii) táirge eile a bhfuil a shaintréithe an-chosúil le saintréithe an táirge faoi bhreithniú, cé nach bhfuil siad comhchosúil i ngach gné; nó

(iii) táirge atá in iomaíocht dhíreach laistigh de mhargadh inmheánach an Pháirtí is allmhaireoir, i bhfianaise a inionadaitheachta, a bhuntréithe fisiceacha agus a shonraíochtaí teicniúla, a úsáidí deiridh agus a bhealaí dáileacháin;

níl an liosta tosca seo uileghabhálach, agus ní gá go dtabharfaí treoraíocht chinntitheach le ceann amháin nó níos mó de na tosca sin;

(e) ciallaíonn 'mórdhíobháil' lagú mór foriomlán ar sheasamh tionscail intíre;

(f) ciallaíonn 'bagairt mórdhíobhála' mórdhíobháil ar soiléir go bhfuil sí ar tí tarlú, bunaithe ar fhíorais agus ní ar líomhaintí, ar thuairimíocht ná ar fhéidearthacht fhánach amháin; agus

(g) ciallaíonn 'idirthréimhse':

(i) Dhá bhliain déag (12 bhliain) tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo; nó

(ii) i gcás earraí seachas feithiclí a aicmítear faoi cheannteidil CC 8703 agus 8704, a ndéantar foráil maidir le díothú taraifí i 10 (deich) mbliana nó níos mó ina leith le Sceideal um Dhíothú Taraifí an Pháirtí a chuireann na bearta i bhfeidhm, 18 mbliana (ocht mbliana déag) ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

ROINN C

COINNÍOLLACHA MAIDIR LE BEARTA COIMIRCE DÉTHAOBHACHA A CHUR I bhFEIDHM

AIRTEAGAL 17.3

Bearta coimirce déthaobhacha a chur i bhfeidhm

1. Gan dochar do na cearta agus na hoibleagáidí dá dtagraítear i gCaibidil 16, féadfaidh Páirtí, in imthosca eisceachtúla, i gcás earraí seachas feithiclí a aicmítear faoi cheannteidil CC 8703 agus 8704, bearta coimirce déthaobhacha a chur i bhfeidhm faoi na coinníollacha a bhunaítear sa Roinn seo más rud é, tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, go bhfuil méadú tagtha ar chainníochtaí allmhairí táirge faoi théarmaí fabhracha ón bPáirtí eile, i ndearbhthéarmaí nó i gcoibhneas le táirgeadh nó tomhaltas intíre, agus faoi choinníollacha a fhágann go bhfuil siad ina gcúis le mórdhíobháil nó ina mbagairt mórdhíobhála dá thionscal intíre nó do na táirgí comhchosúla nó díriomaíocha.

2. I gcás earraí a liostaítear i mír 1, ní chuirfear bearta coimirce déthaobhacha i bhfeidhm ach amháin a mhéid is gá chun mórdhíobháil nó bagairt mórdhíobhála a chosc nó a leigheas.

3. Cuirfear bearta coimirce déthaobhacha i bhfeidhm tar éis d’údaráis inniúla imscrúdúcháin an Pháirtí is allmhaireoir imscrúdú a dhéanamh faoi na nósanna imeachta a bhunaítear sa Chaibidil seo.

AIRTEAGAL 17.4

Tráthchlár chun bearta coimirce déthaobhacha a chur i bhfeidhm

Ní dhéanfaidh Páirtí beart coimirce déthaobhach a chur i bhfeidhm, a shíneadh ná a choinneáil i bhfeidhm tar éis dhul in éag na hidirthréimhse.

AIRTEAGAL 17.5

Coinníollacha agus teorainneacha

1. Féadfaidh MERCOSUR bearta coimirce déthaobhacha a ghlacadh maidir le hallmhairí ón Aontas Eorpach:

(a) mar eintiteas aonair, ar choinníoll gur comhlíonadh na ceanglais uile chun a chinneadh an ann do mhórdhíobháil nó don bhagairt mórdhíobhála arb iad allmhairí táirge faoi théarmaí fabhracha is cúis léi, ar bhonn na gcoinníollacha a chuirtear i bhfeidhm maidir le MERCOSUR; nó

(b) thar ceann Stát amháin nó níos mó de Stáit Sínithe MERCOSUR, agus sa chás sin, is ar na dálaí atá i réim sa Stát Sínithe MERCOSUR ábhartha nó i Stáit Sínithe MERCOSUR ábhartha an aontais custaim a bhunófar na ceanglais chun a chinneadh an ann do mhórdhíobháil nó don bhagairt mórdhíobhála arb iad allmhairí táirge faoi théarmaí fabhracha is cúis léi; agus beidh an beart teoranta don Stát Sínithe MERCOSUR nó do na Stáit Sínithe MERCOSUR sin. Beart coimirce déthaobhach a bheith glactha ag MERCOSUR thar ceann Stát amháin nó níos mó de Stáit Sínithe MERCOSUR, ní chuirfidh sé sin cosc ar Stát Sínithe MERCOSUR eile beart a ghlacadh maidir leis an táirge céanna ina dhiaidh sin.

2. Féadfaidh an tAontas Eorpach bearta coimirce déthaobhacha a chur i bhfeidhm maidir le hallmhairí ó MERCOSUR mar eintiteas aonair nó maidir le hallmhairí ó cheann amháin nó níos mó de Stáit Sínithe MERCOSUR má tá allmhairí táirgí faoi théarmaí fabhracha ina gcúis leis an mórdhíobháil nó leis an mbagairt mórdhíobhála.

3. I gcás ina gcinnfidh an tAontas Eorpach go mbeidh feidhm ag beart maidir le MERCOSUR mar eintiteas aonair, beidh Paragua díolmhaithe ó chur i bhfeidhm an bhirt, ach amháin má léiríonn toradh imscrúdaithe go bhfuil allmhairí táirgí ó Pharagua faoi théarmaí fabhracha ina gcúis freisin le mórdhíobháil nó le bagairt mórdhíobhála.

## ROINN D

## FOIRM AGUS FAD NA mBEART COIMIRCE DÉTHAOBHACH

### AIRTEAGAL 17.6

### Foirm na mbeart coimirce déthaobhach

I gcás earraí seachas feithiclí a aicmítear faoi cheannteidil CC 8703 agus 8704, is éard a bheidh sna bearta coimirce déthaobhacha arna nglacadh de bhun na Caibidle seo:

(a) Iarscríbhinn 10-A a chur ar fionraí go sealadach maidir leis an táirge lena mbaineann mar a fhoráiltear faoin gComhaontú seo; nó

(b) laghdú sealadach ar an bhfabhar taraife don táirge lena mbaineann ionas nach sáróidh an dleachtráta custaim an ceann is lú díobh seo a leanas:

(i) dleachtráta custaim an náisiúin barrfhabhair atá á chur i bhfeidhm maidir leis an táirge tráth a dhéantar an beart; agus

(ii) an bonnráta dleachta custaim ar an táirge dá dtagraítear in Iarscríbhinn 10-A.

AIRTEAGAL 17.7

Corrlach fabhair

Ar fhoirceannadh an bhirt coimirce dhéthaobhaigh, is é a bheidh sa chorrlach fabhair an ceann a chuirfí i bhfeidhm maidir leis an táirge in éagmais an bhirt faoi Iarscríbhinn 10-A.

AIRTEAGAL 17.8

Fad na mbeart coimirce déthaobhach

Ní chuirfear bearta coimirce déthaobhacha i bhfeidhm ach ar feadh na tréimhse is gá chun an mhórdhíobháil a chosc nó a leigheas agus chun coigeartú an tionscail intíre a éascú. Ní bheidh an tréimhse sin, lena n-áirítear tréimhse chur i bhfeidhm aon bhirt shealadaigh, níos faide ná 2 (dhá) bhliain.

AIRTEAGAL 17.9

Síneadh a chur le bearta coimirce déthaobhacha

1. Féadfar síneadh a chur uair amháin le bearta coimirce déthaobhacha ar feadh uastréimhse atá cothrom leis an tréimhse cur i bhfeidhm a bhí beartaithe ar dtús, má chinntear, i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar amach sa Chaibidil seo, go bhfuil gá i gcónaí leis an mbeart chun mórdhíobháil a chosc nó a leigheas agus má sholáthraíonn an tionscal intíre fianaise go bhfuil sé ag dul in oiriúint. Ní bheidh an beart sínte níos sriantaí ná mar a bhí sé ag deireadh na tréimhse tosaigh.

2. Ní chuirfear aon bheart coimirce i bhfeidhm arís faoi Iarscríbhinn 10-A maidir le hallmhairiú táirge a cuireadh faoi réir beart den sórt sin, ach amháin má tá tréimhse ama caite atá cothrom le leath fhad iomlán an bhirt coimirce roimhe sin.

ROINN E

NÓSANNA IMEACHTA IMSCRÚDAITHE AGUS TRÉDHEARCACHTA

AIRTEAGAL 17.10

Imscrúdú

1. Agus an t-imscrúdú á dhéanamh chun a chinneadh cé acu atá nó nach bhfuil allmhairí méadaithe ina gcúis le mórdhíobháil do thionscal intíre dá dtagraítear in Airteagal 17.3, nó ina mbagairt mórdhíobhála, déanfaidh an t-údarás inniúil imscrúdúcháin meastóireacht ar na tosca ábhartha uile atá oibiachtúil agus inchainníochtaithe agus a imríonn tionchar ar staid an tionscail sin, go háirithe ráta agus méid an mhéadaithe ar allmhairí an táirge lena mbaineann i ndearbhthéarmaí agus i dtéarmaí coibhneasta; an sciar den mhargadh intíre arna ghlacadh ag allmhairí méadaithe; agus athruithe ar leibhéal na ndíolachán, lena n-áirítear praghsanna, táirgeadh, táirgiúlacht, úsáid acmhainneachta, brabúis agus caillteanais, agus fostaíocht.

2. Léireoidh an t-údarás inniúil imscrúdúcháin, ar bhonn fianaise oibiachtúil, gur ann do nasc cúisíoch idir allmhairí méadaithe an táirge lena mbaineann agus mórdhíobháil nó bagairt mórdhíobhála. Déanfaidh an t-údarás inniúil imscrúdúcháin meastóireacht freisin ar gach toisc atá ar eolas seachas allmhairí méadaithe faoi théarmaí fabhracha an Chomhaontaithe seo, ar tosca iad a d'fhéadfadh díobháil a dhéanamh don tionscal intíre an tráth céanna. Na héifeachtaí a bheadh ag méadú ar allmhairí na dtáirgí lena mbaineann ó thíortha eile, ní chuirfear i leith na n-allmhairí faoi théarmaí fabhracha iad.

3. Agus imscrúdú díobhála dá dtagraítear i mír 1 á dhéanamh ag údarás inniúil imscrúdúcháin, ba cheart dó sonraí a bhailiú i gcaitheamh thréimhse 36 (tríocha sé) mhí ar a laghad, a chríochnóidh chomh gar agus is indéanta don dáta a thíolacfar iarraidh ar imscrúdú a thionscnamh.

AIRTEAGAL 17.11

Imscrúdú a thionscnamh

1. Má tá fianaise leordhóthanach *prima facie* ann chun údar a thabhairt leis an tionscnamh sin, féadfar imscrúdú coimirce déthaobhach a thionscnamh arna iarraidh sin dóibh seo a leanas:

(a) an tionscal intíre nó comhlachas trádála agus gnó a ghníomhaíonn thar ceann táirgeoirí intíre na dtáirgí comhchosúla nó díriomaíocha sa Pháirtí is allmhaireoir; nó

(b) Ballstát allmhairiúcháin amháin nó níos mó den Aontas Eorpach nó de Stáit Sínithe MERCOSUR.

2. Beidh an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad san iarraidh ar imscrúdú a thionscnamh:

(a) ainm an táirge allmhairithe lena mbaineann agus an tuairisc air, a cheannteideal taraife agus an chóir taraife atá i bhfeidhm, chomh maith le hainm an táirge chomhchosúil nó dhíriomaíoch agus an tuairisc air;

(b) ainmneacha agus seoltaí na dtáirgeoirí nó an chomhlachais a chuireann an iarraidh isteach, más infheidhme;

(c) má tá sé ar fáil go réasúnta, liosta de tháirgeoirí uile an táirge chomhchosúil nó dhíriomaíoch atá ar eolas; agus

(d) fianaise go gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 17.3(1) maidir leis an mbeart coimirce a fhorchur.

Chun críocha phointe (d) den mhír seo, beidh an fhaisnéis seo a leanas san iarraidh ar imscrúdú a thionscnamh:

(i) méid táirgeachta na dtáirgeoirí a chuireann isteach an t-iarratas nó na dtáirgeoirí a ndéantar ionadaíocht dóibh ann agus meastachán ar tháirgeacht táirgeoirí eile arb eol go dtáirgeann siad an táirge comhchosúil nó díriomaíoch;

(ii) ráta agus méid an mhéadaithe ar allmhairí iomlána agus déthaobhacha an táirge lena mbaineann, i ndearbhthéarmaí agus i dtéarmaí coibhneasta, i gcaitheamh na 36 (tríocha sé) mhí ar a laghad roimh an dáta a cuireadh i láthair an iarraidh ar imscrúdú a thionscnamh, a bhfuil faisnéis ar fáil ina leith;

(iii) leibhéal na bpraghsanna allmhairiúcháin le linn na tréimhse céanna; agus

(iv) má tá faisnéis ar fáil, sonraí oibiachtúla inchainníochtaithe maidir leis an táirge comhchosúil nó díriomaíoch, maidir le méid na táirgeachta iomláine agus an díolacháin iomláin sa mhargadh inmheánach, fardail, praghsanna don mhargadh inmheánach, táirgiúlacht, úsáid acmhainneachta, fostaíocht, brabúis agus caillteanais, agus an sciar den mhargadh atá ag na gnólachtaí is iarrthóirí nó acu siúd a ndéantar ionadaíocht dóibh san iarraidh, i gcaitheamh na 36 (tríocha sé) mhí dheireanacha ar a laghad roimh chur i láthair na hiarrata, a bhfuil faisnéis ar fáil ina leith.

AIRTEAGAL 17.12

Faisnéis rúnda

1. Is mar fhaisnéis rúnda a dhéileálfaidh na húdaráis inniúla imscrúdúcháin, má léirítear cúis, le haon fhaisnéis de chineál rúnda nó le haon fhaisnéis arna soláthar ar bhonn rúnda. Ní nochtfar faisnéis den sórt sin gan cead sonrach ón bpáirtí leasmhar a chuireann isteach é. Iarrfar ar pháirtí leasmhar a sholáthraíonn faisnéis rúnda achoimrí neamhrúnda di a chur ar fáil nó, má thugann na páirtithe leasmhara sin le fios nach féidir an fhaisnéis sin a achoimriú, na cúiseanna nach féidir achoimre a sholáthar.

2. D'ainneoin mhír 1, má chinneann na húdaráis inniúla nach bhfuil údar le hiarraidh ar rúndacht, agus má bhíonn drogall ar an bpáirtí leasmhar an fhaisnéis a chur ar fáil go poiblí nó a údarú go nochtfaí i bhfoirm ghinearálta nó achomair í, féadfaidh na húdaráis neamhaird a thabhairt ar an bhfaisnéis sin mura féidir a léiriú chun a sástachta ó fhoinsí iomchuí go bhfuil an fhaisnéis ceart.

3. Má dhéantar faisnéis maidir le táirgeadh, acmhainneacht táirgeachta, fostaíocht, pá, méid agus luach díolachán intíre nó meánphraghas a chur i láthair ar bhonn rúnda, áiritheoidh na húdaráis inniúla imscrúdúcháin go gcuirfear isteach achoimrí fóinteacha neamhrúnda lena nochtar sonraí comhiomlána ar a laghad nó, i gcásanna ina gcuirfeadh nochtadh sonraí comhiomlána rúndacht shonraí na cuideachta i mbaol, innéacsanna le haghaidh gach tréimhse 12 mhí (dhá mhí dhéag) atá faoi imscrúdú, chun ceart iomchuí cosanta na bpáirtithe leasmhara a áirithiú. I ndáil leis sin, ba cheart iarrataí ar rúndacht a bhreithniú i gcásanna ina dtugann struchtúir mhargaidh nó tionscail intíre ar leith údar leis sin. Ní chuireann an fhoráil seo cosc ar achoimrí neamhrúnda níos mionsonraithe a chur i láthair.

4. Ní bheidh údar le hiarrataí ar rúndacht i ndáil le faisnéis maidir le bunchaighdeáin theicniúla agus cháilíochta nó úsáidí an táirge lena mbaineann. Ní bheidh údar le hiarrataí ar rúndacht i ndáil le faisnéis maidir le céannacht na n-iarratasóirí agus na gcuideachtaí monaraíochta eile atá ar eolas nach cuid den achainí iad, ach amháin in imthosca eisceachtúla, a dtabharfaidh na húdaráis inniúla imscrúdúcháin údar cuí leo. I ndáil leis sin, ní leor líomhaintí amháin chun údar a thabhairt le hiarrataí ar rúndacht. Mura féidir céannacht na n-iarratasóirí a nochtadh, nochtfaidh na húdaráis inniúla imscrúdúcháin an líon iomlán táirgeoirí a áirítear sa tionscal intíre agus an cion den táirgeacht a bhaineann leis na hiarratasóirí i ndáil le táirgeacht iomlán an tionscail intíre.

AIRTEAGAL 17.13

Tráthchlár don imscrúdú

Níor cheart an tréimhse idir dáta foilsithe an chinnidh maidir leis an imscrúdú a thionscnamh agus dáta foilsithe an chinnidh chríochnaithigh a bheith níos faide ná 1 (aon) bhliain amháin. In imthosca eisceachtúla, féadfar síneadh a chur leis an tréimhse sin ach, in aon chás, ní bheidh sí níos faide ná 18 mí (ocht mí dhéag). Ní chuirfidh Páirtí bearta coimirce i bhfeidhm mura gcloífidh na húdaráis inniúla imscrúdúcháin leis an tréimhse ama sin.

AIRTEAGAL 17.14

Trédhearcacht

Déanfaidh gach Páirtí nósanna imeachta trédhearcacha éifeachtacha cothroma a bhunú nó a choinneáil ar bun chun bearta coimirce a chur i bhfeidhm go neamhchlaonta agus go réasúnta, i gcomhréir leis an gCaibidil seo.

ROINN F

BEARTA COIMIRCE SEALADACHA

AIRTEAGAL 17.15

Bearta coimirce sealadacha

1. In imthosca criticiúla ina bhféadfadh moill a bheith ina cúis le damáiste a bheadh deacair a leigheas, féadfaidh Páirtí, tar éis fógra cuí a thabhairt, beart coimirce sealadach a dhéanamh de bhun réamhchinnidh go bhfuil fianaise shoiléir ann go bhfuil méadú tagtha ar allmhairí faoi théarmaí fabhracha agus go bhfuil na hallmhairí sin ina gcúis le mórdhíobháil nó le bagairt mórdhíobhála. Ní bheidh fad an bhirt shealadaigh níos faide ná 200 (dhá chéad) lá, agus le linn na tréimhse sin, comhlíonfar ceanglais na Caibidle seo. Má thagtar ar an gconclúid leis an gcinneadh críochnaitheach nach raibh allmhairí faoi théarmaí fabhracha ina gcúis le haon mhórdhíobháil ar an tionscal intíre ná le bagairt mórdhíobhála air, déanfar an taraif nó an ráthaíocht shealadach mhéadaithe, má bailíodh nó má forchuireadh í faoi bhearta sealadacha, a aisíoc go pras, i gcomhréir le rialachán intíre an Pháirtí ábhartha.

2. Ní dhéanfar bearta coimirce sealadacha in aghaidh Pharagua, ach amháin má léiríonn toradh an réamhchinnidh de bhun mhír 1 go bhfuil allmhairí táirgí ó Pharagua faoi théarmaí fabhracha ina gcúis freisin le mórdhíobháil nó le bagairt mórdhíobhála.

ROINN G

FÓGRA POIBLÍ

AIRTEAGAL 17.16

Fógra poiblí maidir le himscrúdú a thionscnamh

Áireofar an fhaisnéis seo a leanas san fhógra poiblí maidir le himscrúdú coimirce a thionscnamh:

(a) ainm an iarratasóra;

(b) tuairisc iomlán ar an táirge allmhairithe faoi imscrúdú agus a aicmiú faoin gCóras Comhchuibhithe;

(c) an sprioc-am don iarraidh ar éisteachtaí;

(d) na sprioc-amanna chun clárú mar pháirtí leasmhar agus chun faisnéis, ráitis agus doiciméid eile a chur isteach;

(e) an seoladh ag ar féidir scrúdú a dhéanamh ar an iarratas agus ar dhoiciméid eile a bhaineann leis an imscrúdú;

(f) ainm, seoladh agus seoladh ríomhphoist nó uimhir theileafóin nó facs na hinstitiúide ar féidir léi tuilleadh faisnéise a sholáthar; agus

(g) achoimre ar na fíorais ar a raibh tionscnamh an imscrúdaithe bunaithe, lena n-áirítear sonraí maidir le hallmhairí a líomhnaítear gur tháinig méadú orthu i ndearbhthéarmaí nó i gcoibhneas leis an táirgeacht iomlán agus anailís ar staid an tionscail intíre bunaithe ar na heilimintí uile a chuirtear in iúl san iarratas.

AIRTEAGAL 17.17

Fógra poiblí maidir le bearta coimirce déthaobhacha a chur i bhfeidhm

Áireofar an fhaisnéis seo a leanas san fhógra poiblí faoin gcinneadh beart coimirce sealadach a chur i bhfeidhm, agus beart coimirce cinntitheach a chur i bhfeidhm nó gan é a chur i bhfeidhm:

(a) tuairisc iomlán ar na táirgí atá faoi réir an bhirt coimirce agus a n-aicmiú taraife faoin gCóras Comhchuibhithe;

(b) faisnéis agus fianaise as a n-eascraíonn an cinneadh, amhail:

(i) na hallmhairí fabhracha atá méadaithe nó ag méadú, i gcás inarb infheidhme;

(ii) staid an tionscail intíre;

(iii) nasc cúisíoch a bheith ann idir an méadú ar allmhairí fabhracha na dtáirgí lena mbaineann agus an mhórdhíobháil nó an bhagairt mórdhíobhála don tionscal intíre, i gcás inarb infheidhme; agus

(iv) i gcás réamhchinneadh, imthosca criticiúla a bheith ann;

(c) torthaí agus conclúidí réasúnaithe eile maidir le gach saincheist ábhartha fíorais agus dlí;

(d) tuairisc ar an mbeart atá le glacadh, i gcás inarb infheidhme; agus

(e) dáta theacht i bhfeidhm agus fad an bhirt, i gcás inarb infheidhme.

ROINN H

FÓGRAÍ AGUS COMHAIRLIÚCHÁIN

AIRTEAGAL 17.18

Fógraí

1. Tabharfaidh an Páirtí is allmhaireoir fógra i scríbhinn don Pháirtí is onnmhaireoir faoin gcinneadh maidir leis na nithe seo a leanas a dhéanamh:

(a) an t-imscrúdú a thionscnamh faoin gCaibidil seo;

(b) beart coimirce sealadach a chur i bhfeidhm; agus

(c) beart coimirce cinntitheach a chur i bhfeidhm nó gan é a chur i bhfeidhm.

2. Tabharfaidh an Páirtí is allmhaireoir fógra faoin gcinneadh tráth nach déanaí ná 10 (deich) lá tar éis a fhoilsithe agus beidh an fógra poiblí iomchuí ag gabháil leis. I gcás cinneadh imscrúdú a thionscnamh, áireofar san fhógra cóip den iarraidh ar an imscrúdú a thionscnamh.

AIRTEAGAL 17.19

Comhairliúcháin

1. Má chinneann Páirtí go gcomhlíontar na coinníollacha maidir le beart cinntitheach a fhorchur, tabharfaidh sé fógra i scríbhinn don Pháirtí eile agus cuireadh chun comhairliúcháin an tráth céanna.

2. An fógra agus an cuireadh chun comhairliúcháin dá dtagraítear i mír 1, déanfar é 30 (tríocha) lá ar a laghad roimh an dáta a bhfuil coinne le teacht i bhfeidhm birt chinntithigh. Ní chuirfidh Páirtí beart cinntitheach i bhfeidhm in éagmais fógra den sórt sin.

3. Áireofar an méid seo a leanas san fhógra dá dtagraítear i mír 1:

(a) na sonraí agus an fhaisnéis oibiachtúil lena léirítear gur ann do mhórdhíobháil nó bagairt mórdhíobhála don tionscal intíre arb iad na hallmhairí méadaithe faoi théarmaí fabhracha is cúis léi;

(b) tuairisc iomlán ar an táirge allmhairithe atá faoi réir an bhirt agus a aicmiú faoin gCóras Comhchuibhithe;

(c) tuairisc ar an mbeart atá beartaithe;

(d) dáta theacht i bhfeidhm agus fad an bhirt; agus

(e) an cuireadh chun comhairliúchán.

4. Is é is cuspóir do na comhairliúcháin dá dtagraítear i mír 1 tuiscint fhrithpháirteach a fháil ar na fíorais atá ar eolas go poiblí agus tuairimí a mhalartú, d'fhonn teacht ar réiteach atá sásúil don dá thaobh. Mura dtiocfar ar réiteach sásúil laistigh de 30 (tríocha) lá tar éis an fhógra dá dtagraítear i mír 1, féadfaidh an Páirtí an beart a chur i bhfeidhm ag deireadh na tréimhse 30 (tríocha) lá.

5. Ag aon chéim den imscrúdú, féadfaidh an Páirtí dá dtugtar fógra comhairliúcháin leis an bPáirtí eile a iarraidh, nó aon fhaisnéis bhreise a mheasann sé is gá.

ROINN I

NA RÉIGIÚIN IS FORIMEALLAÍ DE CHUID AN AONTAIS EORPAIGH[1]

AIRTEAGAL 17.20

Na réigiúin is forimeallaí de chuid an Aontais Eorpaigh

1. D'ainneoin Airteagal 17.3, má dhéantar táirge de thionscnamh ceann amháin nó níos mó de Stáit Sínithe MERCOSUR a allmhairiú faoi théarmaí fabhracha isteach i gcríoch ceann amháin nó níos mó de na réigiúin is forimeallaí den Aontas Eorpach i gcainníochtaí méadaithe agus faoi choinníollacha a fhágann go bhfuil siad ina gcúis le meath tromchúiseach, nó le bagairt meatha thromchúisigh, ar staid eacnamaíoch an réigiúin (na réigiún) is forimeallaí den Aontas Eorpach, féadfaidh an tAontas Eorpach, ar bhonn eisceachtúil, bearta coimirce a dhéanamh a bheidh teoranta do chríoch an réigiúin (na réigiún) lena mbaineann, mura dtiocfar ar réiteach atá sásúil don dá thaobh.

[1] Ar theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, is iad seo a leanas na réigiúin is forimeallaí den Aontas Eorpach: Guadalúip, Guáin na Fraince, Martinique, Mayotte, La Réunion, Saint-Martin, na hAsóir, Maidéara agus na hOileáin Chanáracha. Beidh feidhm ag an Airteagal seo freisin maidir le tír nó le críoch thar lear a athraíonn a stádas go réigiún is forimeallaí trí chinneadh ón gComhairle Eorpach i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 355(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh tar éis theacht i bhfeidhm an chinnidh sin. I gcás ina n-athróidh réigiún forimeallach den Aontas Eorpach a stádas tríd an nós imeachta céanna, scoirfidh an tAirteagal seo de bheith infheidhme tar éis theacht i bhfeidhm an chinnidh ón gComhairle Eorpach. Tabharfaidh an tAontas Eorpach fógra i scríbhinn don Pháirtí eile faoi aon athrú maidir leis na críocha a mheastar gur na réigiúin is forimeallaí den Aontas Eorpach iad.

2. Gan dochar do mhír 1, rialacha eile a leagtar síos sa Chaibidil seo is infheidhme maidir le coimircí déthaobhacha, tá feidhm acu freisin maidir le haon choimirce a ghlactar faoin Airteagal seo.

3. Chun críocha mhír 1, ciallaíonn 'meath tromchúiseach' deacrachtaí móra in earnáil den gheilleagar ina dtáirgtear táirgí comhchosúla nó táirgí díriomaíocha. Beidh an cinneadh maidir le meath tromchúiseach bunaithe ar thosca oibiachtúla, lena n- áirítear na gnéithe seo a leanas:

(a) an dearbh-mhéadú nó an méadú coibhneasta ar mhéid na n-allmhairí i gcomparáid leis an táirgeacht intíre agus le hallmhairí ó thíortha eile; agus

(b) éifeacht na n- allmhairí sin ar staid an tionscail ábhartha nó na hearnála eacnamaíche lena mbaineann, lena n- áirítear an éifeacht ar an leibhéal díolacháin, ar tháirgeacht, ar an staid airgeadais agus ar fhostaíocht.

CAIBIDIL 18

TRÁDÁIL I SEIRBHÍSÍ AGUS BUNAÍOCHT

ROINN A

FORÁLACHA GINEARÁLTA

AIRTEAGAL 18.1

Cuspóir agus raon feidhme

1. Agus a ngealltanais, faoi seach, faoi Chomhaontú EDT á n-athdhearbhú ag na Páirtithe, leagann siad síos leis seo na socruithe is gá chun trádáil i seirbhísí agus bunaíocht a léirscaoileadh.

2. Ní fhorléireofar aon ní sa Chaibidil seo mar ní a cheanglaíonn príobháidiú seirbhísí poiblí nó a fhorchuireann aon oibleagáid maidir le soláthar rialtais.

3. Ní bheidh feidhm ag forálacha na Caibidle seo maidir le fóirdheontais arna ndeonú nó deontais arna soláthar ag Páirtí, lena n-áirítear iasachtaí, ráthaíochtaí agus árachas lena dtacaíonn an rialtas.

4. I gcomhréir le forálacha na Caibidle seo, coinníonn gach Páirtí an ceart chun rialáil a dhéanamh, rialacháin nua a thabhairt isteach nó seirbhísí a sholáthar chun a chuspóirí beartais a chomhlíonadh.

5. Ní bheidh feidhm ag forálacha na Caibidle seo maidir le córais slándála sóisialta gach Páirtí.

6. Níl feidhm ag forálacha na Caibidle seo maidir le seirbhísí a sholáthraítear nó gníomhaíochtaí a dhéantar i bhfeidhmiú údaráis rialtais, is é sin, aon seirbhís nach soláthraítear nó aon ghníomhaíocht nach ndéantar ar bhonn tráchtála, ná in iomaíocht le soláthróir seirbhíse nó infheisteoir amháin nó níos mó.

7. Tá feidhm ag an gCaibidil seo maidir le bearta gach Páirtí a dhéanann difear do thrádáil i seirbhísí agus do bhunaíocht, cé is moite de na nithe seo a leanas:

(a) cabatáiste muirí náisiúnta[1];

(b) seirbhísí aeriompair intíre agus idirnáisiúnta, bídís sceidealaithe nó ná bídís, agus seirbhísí a bhaineann go díreach le feidhmiú ceart tráchta, seachas:

(i) seirbhísí deisiúcháin agus cothabhála aerárthaigh a dtugtar aerárthach as seirbhís le linn a bhfeidhmiú;

(ii) seirbhísí aeriompair a dhíol agus a mhargú;

(iii) seirbhísí córais áirithinte ar ríomhairí ('CRS'); agus

---

[1] Gan dochar do raon feidhme na ngníomhaíochtaí a d'fhéadfaí a mheas mar chabatáiste faoin reachtaíocht náisiúnta ábhartha, cumhdaítear le cabatáiste muirí náisiúnta faoin gCaibidil seo iompar paisinéirí nó earraí idir calafort nó pointe atá suite i Stát Sínithe MERCOSUR nó i mBallstát den Aontas Eorpach agus calafort nó pointe eile atá suite sa Stát Sínithe MERCOSUR céanna nó sa Bhallstát céanna den Aontas Eorpach, lena n-áirítear ar a scairbh ilchríochach, dá bhforáiltear in UNCLOS, chomh maith le trácht a thosaíonn agus a chríochnaíonn sa chalafort nó sa phointe céanna atá suite sa Stát Sínithe MERCOSUR nó i mBallstát den Aontas Eorpach.

(iv) seirbhísí láimhseála ar an talamh;

(c) loingseoireacht intíre; agus

(d) seirbhísí closamhairc.

AIRTEAGAL 18.2

Sainmhínithe

Chun críocha na Caibidle seo:

(a) ciallaíonn 'tomhaltas ar an gcoigríoch' seirbhís a sholáthar i gcríoch Páirtí do thomhaltóir na seirbhíse i gcríoch an Pháirtí eile (mód 2);

(b) ciallaíonn 'soláthar trasteorann seirbhísí' seirbhís a sholáthar ó chríoch Páirtí isteach i gcríoch an Pháirtí eile (mód 1);

(c) áirítear le 'gníomhaíocht eacnamaíoch' aon ghníomhaíocht de chineál eacnamaíoch, bíodh baint aici leis an earnáil seirbhísí nó leis an earnáil neamhsheirbhísí, faoi réir fhorálacha Airteagal 18.1;

(d) ciallaíonn 'fiontar' duine dlítheanach de chuid Páirtí, nó brainse nó oifig ionadaíoch an duine dhlítheanaigh sin de chuid Páirtí, arna bhunú trí bhunaíocht, mar a shainmhínítear de bhun an Airteagail seo;

(e) ciallaíonn 'dul isteach agus fanacht sealadach daoine nádúrtha' dul isteach agus fanacht sealadach príomhphearsanra, oiliúnaithe iarchéime, díoltóirí gnó, soláthróirí seirbhísí conarthacha agus gairmithe neamhspleácha de chuid Páirtí i gcríoch an Pháirtí eile, i gcomhréir le Roinn B den Chaibidil seo;

(f) ciallaíonn 'bunaíocht':

(i) comhdhéanamh, éadáil nó coinneáil ar bun duine dhlítheanaigh[1]; nó

(ii) brainse nó oifig ionadaíoch duine dhlítheanaigh a chruthú nó a choinneáil ar bun, laistigh de chríoch Páirtí chun gníomhaíocht eacnamaíoch a dhéanamh;

(g) ciallaíonn 'infheisteoir' de chuid Páirtí aon duine a fhéachann le gníomhaíocht eacnamaíoch a dhéanamh nó a dhéanann gníomhaíocht eacnamaíoch trí bhunaíocht i gcríoch an Pháirtí eile[2];

---

1 Tuigfear go gcuimsíonn na téarmaí 'comhdhéanamh' agus 'éadáil' duine dhlítheanaigh rannpháirtíocht chaipitil a dhéanamh i nduine dlítheanach chun naisc eacnamaíocha bhuana a bhunú nó a choinneáil ar bun.

2 Más rud é nach duine dlítheanach a dhéanann an ghníomhaíocht eacnamaíoch go díreach agus go ndéantar trí chineálacha eile bunaíochta í amhail brainse nó oifig ionadaíoch, tabharfar mar sin féin don infheisteoir (is é sin, an duine dlítheanach), trí bhunaíocht den sórt sin, an chóir a thugtar d'infheisteoirí faoi Chuid III den Chomhaontú. Leathnófar an chóir sin chuig an mbunaíocht trína ndéantar an ghníomhaíocht eacnamaíoch agus ní gá í a leathnú chuig aon chuid eile den infheisteoir atá lonnaithe lasmuigh den chríoch ina ndéantar an ghníomhaíocht eacnamaíoch.

(h) ciallaíonn 'duine dlítheanach' aon eintiteas dlítheanach atá comhdhéanta mar is cuí nó atá eagraithe ar bhealach eile faoin dlí is infheidhme, bíodh sin ar mhaithe le brabús nó eile, agus bíodh sé faoi úinéireacht phríobháideach nó faoi úinéireacht rialtais, lena n-áirítear aon chorparáid, iontaobhas, comhpháirtíocht, comhfhiontar, dílseánacht aonair nó comhlachas;

(i) is amhlaidh an méid seo a leanas maidir le duine dlítheanach:

(i) tá sé 'faoi úinéireacht' daoine nádúrtha nó dlítheanacha de chuid Páirtí má tá níos mó ná 50 % dá leas cothromais faoi úinéireacht thairbhiúil daoine nádúrtha nó dlítheanacha de chuid an Pháirtí sin; agus

(ii) tá sé 'faoi rialú' daoine nádúrtha nó dlítheanacha de chuid Páirtí má tá sé de chumhacht ag na daoine nádúrtha nó dlítheanacha sin tromlach dá stiúrthóirí a ainmniú nó a ghníomhaíochtaí a stiúradh go dlíthiúil;

(j) ciallaíonn 'duine dlítheanach de chuid Páirtí' duine dlítheanach:

(i) atá comhdhéanta, nó eagraithe ar bhealach eile, faoi dhlí an Pháirtí sin, agus atá ag gabháil d'oibríochtaí gnó substainteacha i gcríoch an Pháirtí sin nó i gcríoch an Pháirtí eile; nó

(ii) i gcás bunaíochta, atá faoi úinéireacht nó faoi rialú:

(A) daoine nádúrtha de chuid an Pháirtí sin; nó

(B) daoine dlítheanacha de chuid an Pháirtí sin a shainaithnítear faoi phointe (j) (i);

D'ainneoin phointe (ii), cuideachtaí loingseoireachta atá bunaithe lasmuigh den Aontas Eorpach nó MERCOSUR agus atá á rialú ag daoine nádúrtha ar náisiúnaigh de Bhallstát den Aontas Eorpach nó de Stát Sínithe MERCOSUR iad, faoi seach, beidh siad ina dtairbhithe d'fhorálacha na Caibidle seo freisin, má bhíonn a soithí cláraithe i gcomhréir leis na dlíthe agus na rialacháin sa Bhallstát sin den Aontas Eorpach nó sa Stát Sínithe MERCOSUR sin agus má bhíonn bratach ceann de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh nó bratach ceann de Stáit Sínithe MERCOSUR ar foluain acu[1];

(k) ciallaíonn 'beart' aon bheart a dhéanann Páirtí, cibé acu i bhfoirm dlí, rialacháin, rialach, nós imeachta, cinnidh, gníomhaíochta riaracháin, nó aon fhoirm eile;

(l) ciallaíonn 'bearta arna nglacadh nó arna gcoinneáil ar bun ag Páirtí' bearta a dhéanann:

(i) rialtais agus údaráis lárnacha, réigiúnacha agus áitiúla; agus

(ii) comhlachtaí neamhrialtasacha i bhfeidhmiú cumhachtaí arna dtarmligean ag rialtais nó údaráis láir, réigiúnacha nó áitiúla;

(m) áirítear ar 'bhearta arna ndéanamh ag Páirtithe a dhéanann difear do bhunaíocht, do sholáthar trasteorann seirbhísí, do thomhaltas ar an gcoigríoch agus do dhul isteach agus fanacht sealadach daoine nádúrtha' bearta i leith na nithe seo a leanas:

(i) seirbhís a cheannach, a íoc nó a úsáid;

---

1 Ní dhéanfar pointe (j) den Airteagal seo a léirmhíniú, in aon chúinse, ar bhealach lena dtabharfaí cead do chuideachta loingseoireachta tairbhiú d'fhorálacha na Caibidle seo, i gcás ina bhfuil an chuideachta sin comhdhéanta nó bunaithe i gcríoch atá faoi réir díospóid cheannasachta lena mbaineann Poblacht na hAirgintíne, nó i gcás ina bhfuil sí ionchorpraithe, bunaithe nó eagraithe ar bhealach eile faoi na dlíthe is infheidhme maidir leis an gcríoch sin. Ní dhéanfar an fhoráil sin a léirmhíniú ar bhealach lena dtabharfaí dlisteanacht na ndlíthe is infheidhme maidir leis na críocha sin le fios.

(ii) rochtain ar sheirbhísí a gceanglaíonn na Páirtithe sin go gcuirfear ar fáil don phobal i gcoitinne iad agus úsáid na seirbhísí sin i dtaca le gníomhaíocht eacnamaíoch a dhéanamh; agus

(iii) rochtain a bheith ag daoine de chuid Páirtí, lena n-áirítear rochtain trí bhunaíocht, ar chríoch an Pháirtí eile chun gníomhaíocht eacnamaíoch a dhéanamh sa chríoch sin;

(n) ciallaíonn 'duine nádúrtha' duine ar náisiúnach, nó buanchónaitheoir[1], é de cheann de Stáit Sínithe MERCOSUR nó de cheann de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh de réir a reachtaíochta, faoi seach;

(o) ciallaíonn 'earnáil' gníomhaíochta eacnamaíche:

(i) maidir le gealltanas sonrach, fo-earnáil amháin nó níos mó den tseirbhís nó den neamhsheirbhís sin, nó na fo-earnálacha sin uile, mar a shonraítear sna gealltanais shonracha atá in Iarscríbhinní 18-A go 18-E; nó

(ii) seachas sin, iomlán na hearnála seirbhísí nó na hearnála neamhsheirbhísí sin, lena n-áirítear a fo-earnálacha uile;

(p) ciallaíonn 'soláthróir seirbhíse' aon duine a fhéachann le seirbhís a sholáthar nó a sholáthraíonn seirbhís[2]; agus

(q) áirítear le 'soláthar seirbhíse' seirbhís a tháirgeadh, a dháileadh, a mhargú, a dhíol agus a sholáthar.

---

1 Má thugann Páirtí an chóir chéanna go substaintiúil dá bhuanchónaitheoirí agus a thugann sé do dhaoine nádúrtha ar náisiúnaigh den Pháirtí sin iad, cumhdófar a bhuanchónaitheoirí leis an sainmhíniú ar dhaoine nádúrtha, i leith bearta a dhéanann difear don trádáil trasteorann i seirbhísí, do thomhaltas ar an gcoigríoch agus do bhunaíocht.

2 Mura soláthraíonn duine dlítheanach an tseirbhís go díreach, leathnófar an chóir a thugtar faoin gCaibidil seo chuig an mbrainse nó chuig an oifig ionadaíoch trína soláthraítear an tseirbhís agus ní gá í a leathnú chuig aon chuid den soláthróir atá lonnaithe lasmuigh den chríoch ina soláthraítear an tseirbhís.

AIRTEAGAL 18.3

Rochtain ar an margadh

1. Maidir le rochtain ar an margadh trí bhunaíocht, trí sholáthar trasteorann seirbhísí, trí thomhaltas ar an gcoigríoch agus trí dhul isteach agus fanacht sealadach daoine nádúrtha mar a fhoráiltear i Roinn B, tabharfaidh gach Páirtí cóir d'fhiontair, d'infheisteoirí, do sheirbhísí agus do sholáthróirí seirbhísí de chuid an Pháirtí eile nach lú fabhar ná an chóir dá bhforáiltear faoi na téarmaí, na teorainneacha agus na coinníollacha a chomhaontaítear agus a shonraítear sna gealltanais shonracha atá in Iarscríbhinní 18-A go 18-E.

2. In earnálacha ina ndéantar gealltanais maidir le rochtain ar an margadh, sainítear mar a leanas na bearta nach gcoinneoidh Páirtí ar bun ná nach nglacfaidh sé, ar bhonn foroinne réigiúnaí nó ar bhonn a chríche iomláine, mura sonraítear a mhalairt in Iarscríbhinní 18-A go 18-E:

(a) teorainn a chur leis an líon soláthróirí seirbhísí nó an líon fiontar i bhfoirm cuótaí uimhriúla, monaplachtaí, ceart eisiach nó i bhfoirm an cheanglais maidir le tástáil riachtanas eacnamaíoch;

(b) teorainn a chur le luach iomlán na n-idirbheart nó na sócmhainní i bhfoirm cuótaí uimhriúla nó i bhfoirm ceanglais maidir le tástáil riachtanas eacnamaíoch;

(c) teorainn a chur leis an líon iomlán oibríochtaí nó cainníocht iomlán an aschuir arna shloinneadh mar aonaid uimhriúla ainmnithe i bhfoirm cuótaí nó i bhfoirm an cheanglais maidir le tástáil riachtanas eacnamaíoch;

(d) teorainneacha ar rannpháirtíocht an chaipitil eachtraigh i dtéarmaí na huasteorann céatadáin le scairshealbhú eachtrach nó le luach iomlán na hinfheistíochta eachtraí aonair nó na hinfheistíochta eachtraí comhiomláine;

(e) bearta lena sriantar nó lena gceanglaítear cineálacha sonracha eintiteas dlítheanach nó comhfhiontar trínar féidir le hinfheisteoir nó soláthróir seirbhíse de chuid an Pháirtí eile gníomhaíocht eacnamaíoch a dhéanamh; nó

(f) teorainn a chur le líon iomlán na ndaoine nádúrtha a fhéadfar a fhostú in earnáil ar leith nó a fhéadfar a fhostú i bhfiontar agus a bhfuil gá leo le haghaidh gníomhaíocht eacnamaíoch a dhéanamh i bhfoirm cuótaí uimhriúla nó i bhfoirm an cheanglais maidir le tástáil riachtanas eacnamaíoch, agus atá bainteach go díreach leis an ngníomhaíocht sin.

3. Tabharfar tuairisc ghonta shoiléir ar thástálacha riachtanas eacnamaíoch, lena léireofar na heilimintí a fhágann go bhfuil siad ar neamhréir leis an Airteagal seo agus lena sonrófar na critéir a bhfuil an tástáil bunaithe orthu.

## AIRTEAGAL 18.4

### Cóir náisiúnta

1. Sna hearnálacha a liostaítear in Iarscríbhinní 18-A go 18-E, agus faoi réir aon choinníoll agus aon cháilíocht a leagtar amach iontu, i ndáil le gach beart a dhéanann difear do bhunaíocht[1], do sholáthar trasteorann seirbhísí, do thomhaltas ar an gcoigríoch agus do dhul isteach agus fanacht sealadach daoine nádúrtha mar a fhoráiltear i Roinn B, tabharfaidh gach Páirtí cóir d’fhiontair, d’infheisteoirí, do sheirbhísí agus do sholáthróirí seirbhíse de chuid an Pháirtí eile nach lú fabhar ná an chóir a thugann sé dá fhiontair, dá infheisteoirí, dá sheirbhísí agus dá sholáthróirí seirbhíse comhchosúla féin.

[1] Tá feidhm ag an oibleagáid sa mhír seo freisin maidir le bearta lena rialaítear comhdhéanamh bord stiúrthóirí fiontair, amhail ceanglais náisiúntachta agus chónaithe.

2. Féadfaidh Páirtí ceanglas mhír 1 a chomhlíonadh trí chóir a thabhairt d'fiontair, infheisteoirí, seirbhísí agus soláthróirí seirbhíse an Pháirtí eile atá comhionann go foirmiúil nó atá éagsúil go foirmiúil leis an gcóir a thugann sé dá fhiontair, infheisteoirí, seirbhísí agus soláthróirí seirbhíse comhchosúla féin.

3. Cóir atá comhionann go foirmiúil nó éagsúil go foirmiúil, measfar gur cóir is lú fabhar í más rud é go modhnaítear léi na coinníollacha iomaíochta i bhfabhar fiontar, infheisteoirí, seirbhísí nó soláthróirí seirbhíse an Pháirtí i gcomparáid le fiontair, infheisteoirí, seirbhísí nó soláthróirí seirbhíse comhchosúla an Pháirtí eile.

4. Ní fhorléireofar gealltanais shonracha faoin Airteagal seo mar ghealltanais a cheanglaíonn ar aon Páirtí cúiteamh a thabhairt i leith aon mhíbhuntáiste iomaíoch bunúsach a eascraíonn as gné eachtrach na bhfiontar, na n-infheisteoirí, na seirbhísí nó na soláthróirí seirbhísí ábhartha.

AIRTEAGAL 18.5

Liosta na ngealltanas sonrach

1. Leagtar amach in Iarscríbhinní 18-A go 18-E na hearnálacha arna léirscaoileadh ag gach Páirtí de bhun na Caibidle seo agus, trí bhíthin forchoimeádas, na teorainneacha maidir le rochtain ar an margadh agus cóir náisiúnta is infheidhme i ndáil le seirbhísí, soláthróirí seirbhísí, fiontair agus infheisteoirí de chuid an Pháirtí eile sna hearnálacha sin.

2. Ní chuirfidh na Páirtithe aon srian maidir le rochtain ar an margadh ná cóir náisiúnta i bhfeidhm seachas iad siúd atá in Iarscríbhinní 18-A go 18-E.

ROINN B

DUL ISTEACH AGUS FANACHT SEALADACH DAOINE NÁDÚRTHA CHUN SEIRBHÍSÍ A SHOLÁTHAR AGUS CHUN CRÍOCH GNÓ

AIRTEAGAL 18.6

Raon feidhme

1. Tá feidhm ag an Roinn seo maidir le bearta de chuid Páirtí a bhaineann le dul isteach agus fanacht sealadach príomhphearsanra, oiliúnaithe iarchéime, díoltóirí gnó, soláthróirí seirbhísí conarthacha agus gairmithe neamhspleácha de chuid an Pháirtí eile ina chríoch i gcomhréir le míreanna 2 agus 3.

2. Níl feidhm ag forálacha na Roinne seo maidir le bearta a dhéanann difear do dhaoine nádúrtha atá ag lorg rochtain ar mhargadh fostaíochta Páirtí, ná maidir le bearta de chuid Páirtí i ndáil le saoránacht, cónaí nó fostaíocht ar bhonn buan.

3. Ní chuireann forálacha na Roinne seo cosc ar cheachtar Páirtí na bearta is gá a chur i bhfeidhm chun dul isteach, fanacht sealadach agus gluaiseacht ordúil daoine nádúrtha ina chríoch a rialáil ná chun sláine a theorainneacha a chosaint, mura ndéanann na bearta sin neamhniú nó lagú ar na sochair a fhabhraíonn do cheachtar Páirtí faoi théarmaí gealltanais shonraigh[1].

[1] Víosa a bheith ina cheanglas le haghaidh duine nádúrtha de thíortha áirithe ach gan é a bheith ina cheanglas le haghaidh duine nádúrtha de thíortha eile, ní fhéachfar ar an méid sin ann féin mar chúis le sochair faoi ghealltanas sonrach a neamhniú nó a lagú.

4. Faoi réir Airteagail 18.17 agus 18.18, ní choiscfidh aon ní sa Roinn seo ar Pháirtí a cheangal go mbeidh na cáilíochtaí nó an taithí ghairmiúil is gá ag daoine nádúrtha sa chríoch ina soláthraítear an tseirbhís, le haghaidh na hearnála gníomhaíochta lena mbaineann.

AIRTEAGAL 18.7

Sainmhínithe

1. Chun críocha na Roinne seo, tá feidhm ag na sainmhínithe a leanas:

(a) ciallaíonn 'díoltóirí gnó' daoine nádúrtha ar ionadaithe duine dhlítheanaigh de chuid Páirtí iad atá ag iarraidh teacht isteach agus fanacht go sealadach i gcríoch an Pháirtí eile chun díolachán seirbhísí nó earraí a chaibidliú nó chun comhaontuithe a dhéanamh chun seirbhísí nó earraí a dhíol thar ceann an tsoláthróra sin. Ní bhíonn siad ag gabháil do dhíolachán díreach leis an bpobal i gcoitinne, ní fhaigheann siad luach saothair ó fhoinse atá lonnaithe laistigh den Pháirtí óstach ná ní gníomhaire ar coimisiún iad;

(b) ciallaíonn 'soláthróirí seirbhísí conarthacha' daoine nádúrtha atá fostaithe ag duine dlítheanach de chuid Páirtí nach bhfuil bunaithe i gcríoch an Pháirtí eile agus a bhfuil conradh tugtha i gcrích aige chun seirbhísí a sholáthar do thomhaltóir deiridh sa dara Páirtí sin lena gceanglaítear ar a fhostaithe a bheith i láthair ar bhonn sealadach sa Pháirtí sin chun an conradh chun seirbhísí a sholáthar a chomhlíonadh[1];

[1] Beidh an conradh seirbhíse dá dtagraítear i bpointe (b) ina chonradh *bona fide* agus comhlíonfaidh sé dlíthe agus rialacháin an Pháirtí ina bhforghníomhaítear an conradh.

(c) ciallaíonn 'oiliúnaithe iarchéime' daoine nádúrtha atá fostaithe ag duine dlítheanach de chuid Páirtí ar feadh 1 (aon) bhliain amháin ar a laghad, a bhfuil céim ollscoile acu agus a aistrítear go sealadach chuig fiontar i gcríoch an Pháirtí eile chun críoch forbartha gairme nó chun oiliúint a fháil i dteicnící nó modhanna gnó[1];

(d) ciallaíonn 'gairmithe neamhspleácha' daoine nádúrtha a sholáthraíonn seirbhís agus atá lonnaithe mar dhaoine féinfhostaithe i gcríoch Páirtí, ar daoine iad nach bhfuil bunaithe i gcríoch an Pháirtí eile agus a bhfuil conradh tugtha i gcrích acu chun seirbhísí a sholáthar do thomhaltóir deiridh i gcríoch an Pháirtí eile lena gceanglaítear go mbeidh siad i láthair ar bhonn sealadach sa Pháirtí sin chun an conradh chun seirbhísí a sholáthar a chomhlíonadh[2];

(e) ciallaíonn 'príomhphearsanra' daoine nádúrtha atá fostaithe laistigh de dhuine dlítheanach de chuid Páirtí, seachas eagraíocht neamhbhrabúsach, agus atá freagrach as fiontar a bhunú nó a rialú, a riar agus a oibriú go cuí, arb é atá ann:

   (i) 'cuairteoirí gnó': daoine nádúrtha a oibríonn i bpost sinsearach agus atá freagrach as fiontar a bhunú; ní bhíonn siad ag gabháil d'idirbhearta díreacha leis an bpobal i gcoitinne agus ní fhaigheann siad luach saothair ó fhoinse atá lonnaithe laistigh den Pháirtí óstach; agus

---

1 Féadfar a cheangal ar an bhfiontar is faighteoir clár oiliúna a chur isteach lena gcumhdófar fad an fhanachta le formheas roimh ré, agus a léiriú gurb í an oiliúint cuspóir an fhanachta. Féadfaidh na húdaráis inniúla a cheangal go mbeidh an oiliúint nasctha leis an gcéim ollscoile a baineadh amach.

2 Beidh an conradh seirbhíse dá dtagraítear i bpointe (d) ina chonradh *bona fide* agus comhlíonfaidh sé dlíthe agus rialacháin an Pháirtí ina bhforghníomhaítear an conradh.

(ii) 'aistrithe ionchorparáideacha': daoine nádúrtha a bhí fostaithe ag duine dlítheanach de chuid Páirtí, nó a bhí ina gcomhpháirtithe ann, ar feadh 1 (aon) bhliain amháin ar a laghad, a aistrítear go sealadach chuig fiontar nó chuig ceannoifig an duine dhlítheanaigh sin i gcríoch an Pháirtí eile agus a bhaineann le ceann amháin de na catagóirí seo a leanas:

(A) bainisteoirí:

Daoine nádúrtha a oibríonn i bpost sinsearach laistigh de dhuine dlítheanach, arb iad go príomha a stiúrann bainistíocht an fhiontair agus a fhaigheann maoirseacht nó treoir ghinearálta ó bhord stiúrthóirí nó stocshealbhóirí an ghnólachta nó a gcoibhéis, lena n-áirítear:

– an fiontar nó roinn nó foroinn de a stiúradh;

– maoirseacht agus rialú a dhéanamh ar obair fostaithe eile maoirseachta, gairmiúla nó bainistíochta; nó

– daoine a bhfuil d'údarás pearsanta acu daoine a earcú agus a bhriseadh as a bpost, sin nó moladh a dhéanamh maidir le hearcú, briseadh as post nó gníomhaíochtaí eile a bhaineann le pearsanra;

(B) speisialtóirí:

Daoine nádúrtha a oibríonn laistigh de dhuine dlítheanach a bhfuil eolas speisialaithe acu atá fíor-riachtanach do ghníomhaíocht eacnamaíoch, teicnící nó bainistíocht an fhiontair.

AIRTEAGAL 18.8

Príomhphearsanra agus oiliúnaithe iarchéime

I gcás gach earnála a bhfuil gealltanais tugtha ina leith maidir le bunaíocht mar a liostaítear in Iarscríbhinní 18-B agus 18-E, agus faoi réir aon fhorchoimeádas a liostaítear in Iarscríbhinní 18-C agus 18-E, ceadóidh gach Páirtí d'infheisteoirí an Pháirtí eile daoine nádúrtha de chuid an Pháirtí eile sin a fhostú ina bhfiontar, más príomhphearsanra nó oiliúnaithe iarchéime iad na fostaithe sin mar a shainmhínítear in Airteagal 18.7. Is mar a leanas a bheidh dul isteach agus fanacht sealadach príomhphearsanra agus oiliúnaithe iarchéime:

(a) ar feadh na tréimhse ama is gá chun an conradh a chomhlíonadh nó suas le 3 (trí) bliana i gcás aistrithe ionchorparáideacha, cibé acu is lú;

(b) suas le 60 (seasca) lá in aon tréimhse 12 (dhá mhí dhéag) i gcás cuairteoirí gnó; agus

(c) suas le 1 (aon) bhliain amháin i gcás oiliúnaithe iarchéime.

AIRTEAGAL 18.9

Díoltóirí gnó

I gcás gach earnála ar tugadh gealltanais ina leith maidir le soláthar trasteorann seirbhísí agus maidir le bunaíocht, a liostaítear in Iarscríbhinní 18-A, 18-B agus 18-E, agus faoi réir aon fhorchoimeádas a liostaítear in Iarscríbhinní 18-C agus 18-E, ceadóidh gach Páirtí dul isteach agus fanacht sealadach díoltóirí gnó ar feadh tréimhse suas le 90 (nócha) lá in aon tréimhse 12 mhí (dhá mhí dhéag)[1].

AIRTEAGAL 18.10

Soláthróirí seirbhísí conarthacha agus gairmithe neamhspleácha

1. I gcás na n-earnálacha a shonraítear in Iarscríbhinní 18-D agus 18-E agus faoi réir aon fhorchoimeádas a liostaítear iontu, ceadóidh gach Páirtí do sholáthróirí seirbhísí conarthacha de chuid an Pháirtí eile seirbhísí a sholáthar ina chríoch, trí láithreacht daoine nádúrtha, faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:

(a) ní mór don duine dlítheanach a fhostaíonn an duine nádúrtha conradh seirbhíse a bheith faighte aige ar feadh tréimhse nach faide ná 12 mhí (dhá mhí dhéag);

(b) ní mór oideachas nó taithí iomchuí atá ábhartha maidir leis an tseirbhís atá le soláthar a bheith ag na daoine nádúrtha a théann isteach sa Pháirtí eile;

1 Tá an tAirteagal seo gan dochar do na cearta agus do na hoibleagáidí a eascraíonn as comhaontuithe déthaobhacha tarscaoilte víosaí idir Stáit Sínithe MERCOSUR aonair agus Ballstáit aonair an Aontais Eorpaigh.

(c) ní bhfaighidh an duine nádúrtha luach saothair as seirbhís a sholáthar seachas an luach saothair a íocfaidh an soláthróir seirbhísí conarthach le linn fhanacht an duine nádúrtha sa Pháirtí eile;

(d) is ar feadh tréimhse charnach nach faide ná 6 (sé) mhí in aon tréimhse 12 mhí (dhá mhí dhéag) nó ar feadh thréimhse an chonartha, cibé acu is lú, a bheidh dul isteach agus fanacht sealadach daoine nádúrtha i gcríoch an Pháirtí lena mbaineann; agus

(e) ní bhaineann rochtain a thugtar de bhun fhorálacha an Airteagail seo ach leis an ngníomhaíocht seirbhíse is ábhar don chonradh agus ní thugann an rochtain sin teidlíocht do dhaoine nádúrtha chun teideal gairmiúil an Pháirtí a fheidhmiú ina gcuirtear an tseirbhís ar fáil.

2. I gcás na n-earnálacha a shonraítear in Iarscríbhinní 18-D agus 18-E, agus faoi réir aon fhorchoimeádas a liostaítear iontu, ceadóidh gach Páirtí do ghairmithe neamhspleácha de chuid an Pháirtí eile seirbhísí a sholáthar ina chríoch, trí láithreacht daoine nádúrtha, faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:

(a) ní mór conradh seirbhíse a bheith faighte ag na daoine nádúrtha ar feadh tréimhse nach faide ná 12 mhí (dhá mhí dhéag);

(b) ní mór cáilíochtaí iomchuí oideachais agus gairmiúla atá ábhartha maidir leis an tseirbhís atá le soláthar a bheith ag na daoine nádúrtha a théann isteach sa Pháirtí eile;

(c) is ar feadh tréimhse charnach nach faide ná 6 (sé) mhí in aon tréimhse 12 mhí (dhá mhí dhéag) nó ar feadh thréimhse an chonartha, cibé acu is lú, a bheidh dul isteach agus fanacht sealadach daoine nádúrtha laistigh den Pháirtí lena mbaineann; agus

(d) ní bhaineann rochtain a thugtar de bhun an Airteagail seo ach leis an ngníomhaíocht seirbhíse is ábhar don chonradh agus ní thugann an rochtain sin teidlíocht don duine nádúrtha chun teideal gairmiúil an Pháirtí a fheidhmiú ina gcuirtear an tseirbhís ar fáil.

## ROINN C

## CREAT RIALÁLA

### FOROINN 1

### FORÁLACHA A BHFUIL FEIDHM GHINEARÁLTA ACU

#### AIRTEAGAL 18.11

#### Aitheantas frithpháirteach

1. Ní choiscfidh aon ní san Chaibidil seo ar Pháirtí a cheangal go mbeidh ag daoine nádúrtha na cáilíochtaí nó an taithí ghairmiúil is gá a shonraítear sa chríoch ina ndéantar an ghníomhaíocht, don earnáil gníomhaíochta lena mbaineann.

2. Chun a chaighdeáin nó a chritéir a chomhlíonadh, go hiomlán nó go páirteach, chun infheisteoirí agus soláthróirí seirbhísí a údarú, a cheadúnú nó a dheimhniú, féadfaidh Páirtí aitheantas a thabhairt don oideachas nó don taithí a fuarthas, do na ceanglais a comhlíonadh, nó do na ceadúnais nó na deimhnithe a deonaíodh sa Pháirtí eile. Féadfar an t-aitheantas sin, a fhéadfar a bhaint amach trí chomhchuibhiú nó ar bhealach eile, a bheith bunaithe ar chomhaontú nó ar shocrú nó féadfar é a thabhairt go neamhspleách.

AIRTEAGAL 18.12

Trédhearcacht

1. Déanfaidh gach Páirtí gach beart ginearálta a bhaineann leis an gCaibidil seo nó a dhéanann difear di a fhoilsiú go pras agus, cé is moite de chásanna éigeandála, faoin tráth a thiocfaidh sé i bhfeidhm ar a dhéanaí.

2. Áireofar sna bearta dá dtagraítear i mír 1 bearta a mbeidh feidhm acu maidir le gach modh soláthair, lena n-áirítear bearta maidir le próiseas dul isteach agus fanachta shealadaigh na gcatagóirí daoine nádúrtha a shainmhínítear in Airteagal 18.7. Coimeádfar faisnéis maidir leis na bearta sin cothrom le dáta. Éascóidh gach Páirtí rochtain ar fhaisnéis ábhartha trína chur in iúl don Pháirtí eile cá dtiocfaidh sé ar fhoilseacháin agus ar shuíomhanna gréasáin ábhartha.

3. Mura bhfuil sé indéanta na bearta dá dtagraítear i mír 1 a fhoilsiú, cuirfear na bearta sin ar fáil go poiblí ar bhealach eile.

4. Freagróidh gach Páirtí go pras do gach iarraidh ón bPáirtí eile ar fhaisnéis shonrach maidir le haon cheann dá bhearta ginearálta ábhartha dá dtagraítear i mír 1, lena n-áirítear bearta maidir le dul isteach agus fanacht sealadach soláthróirí seirbhísí dá dtagraítear i mír 2.

5. Bunóidh gach Páirtí pointe fiosrúcháin amháin nó níos mó chun faisnéis shonrach a sholáthar do sholáthraithe seirbhísí an Pháirtí eile, arna iarraidh sin, maidir le haon cheann dá bhearta ginearálta dá dtagraítear i mír 1. Tabharfaidh na Páirtithe fógra dá chéile faoi na pointí fiosrúcháin sin tráth nach déanaí ná 1 bhliain tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo. Ní gá go mbeadh pointí fiosrúcháin ina dtaiscithe dlíthe agus rialachán.

6. Ní cheanglófar ar aon Pháirtí le haon ní sa Chaibidil seo faisnéis rúnda a sholáthar a gcuirfeadh a nochtadh bac ar fhorfheidhmiú an dlí nó a bheadh contrártha do leas an phobail ar bhealach eile, nó a dhéanfadh dochar do leasanna tráchtála dlisteanacha fiontar áirithe, idir phoiblí agus phríobháideach.

FOROINN 2

RIALÁIL INTÍRE

AIRTEAGAL 18.13

Raon feidhme

1. Níl feidhm ag an bhForoinn seo ach maidir le hearnálacha a bhfuil gealltanais shonracha tugtha ag Páirtí ina leith mar a liostaítear in Iarscríbhinní 18-A go 18-E agus a mhéid atá feidhm ag na gealltanais shonracha sin.

2. Níl feidhm ag an bhForoinn seo maidir le bearta a mhéid is teorainneacha iad de bhun Airteagail 18.3 agus 18.4.

3. In earnálacha a ndéantar gealltanais shonracha ina leith mar a liostaítear in Iarscríbhinní 18-A go 18-E, áiritheoidh gach Páirtí go ndéanfar na bearta ginearálta uile a dhéanann difear do thrádáil i seirbhísí agus do bhunaíocht a riar ar bhealach réasúnta, oibiachtúil agus neamhchlaonta.

4. Comhlíonfaidh gach Páirtí an Fhoroinn seo maidir le bearta a bhaineann le ceanglais agus nósanna imeachta um cheadúnú agus ceanglais agus nósanna imeachta um cháiliú.

5. Tá feidhm ag an bhForoinn seo maidir le bearta gach Páirtí a bhaineann le ceanglais agus nósanna imeachta um cheadúnú agus um cháiliú a dhéanann difear do na nithe seo a leanas:

(a) soláthar trasteorann seirbhísí;

(b) fiontair a shainmhínítear in Airteagal 18.2 a bhunú ina gcríoch; nó

(c) catagóirí daoine nádúrtha a shainmhínítear in Airteagal 18.2 a bheith ag fanacht go sealadach ina gcríoch.

AIRTEAGAL 18.14

Sainmhínithe

Chun críocha na Foroinne seo:

(a) ciallaíonn 'údarás inniúil' aon rialtas nó údarás lárnach, réigiúnach nó áitiúil, nó aon chomhlacht neamhrialtasach agus é ag feidhmiú cumhachtaí arna dtarmligean chuige ag rialtais nó údaráis lárnacha, réigiúnacha nó áitiúla, agus atá i dteideal cinneadh a dhéanamh maidir leis an údarú seirbhís a sholáthar, nó maidir leis an údarú fiontar a bhunú chun gníomhaíocht eacnamaíoch a dhéanamh;

(b) ciallaíonn 'nósanna imeachta um cheadúnú' rialacha riaracháin agus nós imeachta nach mór do sholáthróir seirbhíse nó d'infheisteoir a bhfuil údarú á lorg aige chun seirbhís a sholáthar nó chun fiontar a bhunú cloí leo chun a léiriú go gcomhlíonann sé na ceanglais cheadúnúcháin;

(c) ciallaíonn 'ceanglais cheadúnúcháin' ceanglais shubstainteacha seachas ceanglais cháilithe nach mór do sholáthróir seirbhísí nó d'infheisteoir a chomhlíonadh chun cinneadh a fháil, ó údarás inniúil, maidir leis an údarú seirbhís a sholáthar nó maidir leis an údarú fiontar a bhunú chun gníomhaíocht eacnamaíoch a dhéanamh, lena n-áirítear cinneadh maidir leis an údarú sin a leasú nó a athnuachan;

(d) ciallaíonn 'nósanna imeachta um cháiliú' na rialacha riaracháin nó nós imeachta nach mór do dhuine nádúrtha cloí leo chun a thaispeáint go gcomhlíonann sé na ceanglais maidir le cáiliú, chun údarú a fháil le seirbhís a sholáthar; agus

(e) ciallaíonn 'ceanglais maidir le cáiliú' ceanglais shubstainteacha a bhaineann le hinniúlacht duine nádúrtha seirbhís a sholáthar, agus is ceanglais iad nach mór a léiriú chun údarú a fháil le seirbhís a sholáthar.

## AIRTEAGAL 18.15

### Coinníollacha maidir le ceadúnú

1. Bearta gach Páirtí a bhaineann le ceanglais cheadúnúcháin, beidh siad bunaithe ar chritéir atá:

(a) comhréireach le cuspóir beartais phoiblí;

(b) soiléir agus gan athbhrí;

(c) oibiachtúil; agus

(d) curtha ar fáil don phobal roimh ré.

2. Ba cheart don údarás inniúil ceadúnas a dheonú a luaithe a shuífear, i bhfianaise scrúdú iomchuí, gur comhlíonadh na coinníollacha chun ceadúnas a fháil.

3. Má tá an líon ceadúnas atá ar fáil le haghaidh gníomhaíocht ar leith teoranta mar gheall ar ghanntanas na n-acmhainní nádúrtha nó na hacmhainneachta teicniúla atá ar fáil, roghnóidh gach Páirtí iarrthóirí trí nós imeachta roghnúcháin neamhchlaonta trédhearcach lena ndéanfar, go háirithe, poiblíocht leormhaith maidir le seoladh, déanamh agus cur i gcrích an nós imeachta. Faoi réir na bhforálacha a shonraítear san Airteagal seo, féadfaidh gach Páirtí cuspóirí beartais phoiblí a chur san áireamh agus na rialacha maidir leis na nósanna imeachta roghnúcháin á mbunú aige.

AIRTEAGAL 18.16

Nósanna imeachta um cheadúnú

1. Beidh na nósanna imeachta um cheadúnú soiléir agus cuirfear ar fáil don phobal iad roimh ré. Áiritheoidh gach Páirtí go mbeidh na nósanna imeachta um cheadúnú a úsáideann a n-údaráis inniúla, agus na cinntí a bhaineann leo, oibiachtúil agus neamhchlaonta i leith na n-iarratasóirí uile.

2. Ní bheidh nósanna imeachta um cheadúnú athchomhairleach agus ní dhéanfaidh siad soláthar na seirbhíse níos casta go míchuí ná ní chuirfidh siad moill mhíchuí air.

3. Aon táille cheadúnúcháin[1] a d'fhéadfadh iarratasóirí a thabhú i ndáil lena n-iarratas, beidh sí réasúnta agus ní bheidh sí ina srian inti féin ar sholáthar na seirbhíse. A mhéid is indéanta, ba cheart na táillí sin a bheith comhréireach le costas na nósanna imeachta um cheadúnú atá i gceist.

4. Soláthróidh údaráis inniúla Páirtí, a mhéid is indéanta, tráthchlár táscach maidir le próiseáil iarratais. Déanfar iarratais a phróiseáil laistigh de thréimhse réasúnta ama. Ní chuirfear tús leis an tréimhse go dtí go mbeidh an doiciméadacht uile faighte ag na húdaráis inniúla. Má fhágann castacht na saincheiste go bhfuil údar cuí leis, féadfaidh an t-údarás inniúil síneadh tréimhse réasúnta a chur leis an tréimhse ama. Beidh an síneadh agus fad an tsínidh cuí-réasúnaithe agus tabharfar fógra fúthu don iarratasóir, a mhéid is indéanta, sula rachaidh an tréimhse bhunaidh in éag.

5. I gcás iarratas neamhiomlán, cuirfear an t-iarratasóir ar an eolas chomh tapa is féidir faoin ngá atá le haon doiciméadacht bhreise a sholáthar. I gcás den sórt sin, féadfaidh na húdaráis inniúla an tréimhse dá dtagraítear i mír 4 a chur ar fionraí go dtí go mbeidh an doiciméadacht uile faighte acu.

6. Má dhiúltaítear d'iarraidh toisc nach gcomhlíonann sí na nósanna imeachta nó na foirmiúlachtaí a cheanglaítear, cuirfear an t-iarratasóir ar an eolas chomh tapa is féidir faoin diúltú agus faoi na modhanna sásaimh atá ar fáil.

---

1 Ní áirítear ar tháillí ceadúnúcháin íocaíochtaí as ceant, tairiscint ná modhanna neamh-idirdhealaitheacha eile chun lamháltais a dhámhachtain, ná ranníocaíochtaí sainordaithe le soláthar seirbhísí uilíocha.

AIRTEAGAL 18.17

Ceanglais cháilithe

1. Beidh na ceanglais cháilithe bunaithe ar chritéir atá:

(a) comhréireach le cuspóir beartais phoiblí;

(b) soiléir agus gan athbhrí;

(c) oibiachtúil; agus

(d) curtha ar fáil don phobal roimh ré.

2. Má fhorchuireann Páirtí ceanglais cháilithe chun seirbhís a sholáthar, áiritheoidh sé go mbeidh nósanna imeachta leormhaithe ann chun fíorú agus measúnú a dhéanamh ar cháilíochtaí soláthróirí seirbhíse de chuid an Pháirtí eile. Má mheasann údarás inniúil Páirtí go dtugann ballraíocht i gcomhlachas gairmiúil ábhartha i gcríoch Páirtí eile léiriú ar leibhéal inniúlachta nó ar mhéid taithí an iarratasóra, tabharfar aird chuí ar an mballraíocht sin.

3. I gcás seirbhísí gairmiúla a sholáthar, beidh baint ag raon feidhme scrúduithe agus aon cheanglas cáilithe eile atá ag údarás inniúil leis na cearta chun gairm a chleachtadh a bhfuil údarú á lorg ina leith, ionas nach gcuirfear srian míchuí le daoine de chuid an Pháirtí eile iarratas a dhéanamh.

4. Ar choinníoll go mbeidh an fhianaise thacaíochta uile is gá maidir lena cháilíochtaí curtha i láthair ag an iarratasóir, déanfaidh an t-údarás inniúil, agus na cáilíochtaí sin á bhfíorú agus á measúnú aige, aon easnamh a shainaithint agus an t-iarratasóir a chur ar an eolas faoi cheanglais chun an t-easnamh sin a chomhlíonadh. Féadfar obair chúrsa, scrúduithe agus oiliúint a áireamh ar na ceanglais sin. Má chuireann iarratasóir Páirtí fianaise i láthair ar cháilíochtaí a fuarthas i gcríoch tríú tír, ní bheidh sé sin ina chúis *a priori* d'údarás inniúil an Pháirtí eile leis an iarratas a dhiúltú agus le staonadh ó mheasúnú a dhéanamh ar na cáilíochtaí arna gcur i láthair.

5. Má cheanglaítear scrúduithe, áiritheoidh gach Páirtí go ndéanfar iad a sceidealú ag eatraimh réasúnta minic. Ceadófar tréimhse réasúnta ama d'iarratasóirí ar scrúduithe chun iarratais a chur isteach.

6. A luaithe a chomhlíonfar ceanglais cháilithe agus aon cheanglas rialála eile is infheidhme, ba cheart do gach Páirtí a áirithiú go gceadófar do sholáthróir seirbhíse an tseirbhís a sholáthar gan moill mhíchuí.

AIRTEAGAL 18.18

Nósanna imeachta um cháiliú

1. Beidh nósanna imeachta um cháiliú bunaithe ar chritéir atá:

(a) soiléir agus gan athbhrí;

(b) oibiachtúil; agus

(c) curtha ar fáil don phobal roimh ré.

2. Áiritheoidh gach Páirtí go mbeidh na nósanna imeachta um cháiliú a úsáideann a n-údaráis inniúla, agus na cinntí a bhaineann leo, neamhchlaonta i leith na n-iarratasóirí uile.

3. Ní cheanglófar ar iarratasóir, i bprionsabal, dul i dteagmháil le níos mó ná 1 (aon) údarás inniúil amháin i ndáil le nósanna imeachta um cháiliú.

4. Más ann do thréimhsí ama sonracha maidir le hiarratais, ceadófar tréimhse réasúnta d'iarratasóir chun iarratas a thíolacadh. Tionscnóidh an t-údarás inniúil próiseáil iarratais gan moill mhíchuí. A mhéid is indéanta, glacfaidh an t-údarás inniúil le hiarratais i bhformáid leictreonach faoi na coinníollacha barántúlachta céanna le hiarratas a chuirtear isteach i bhformáid pháipéir.

5. Ba cheart don údarás inniúil glacadh le cóipeanna fíordheimhnithe, más féidir, in ionad doiciméad bunaidh.

6. Má dhiúltaíonn an t-údarás inniúil d'iarratas, cuirfidh sé an t-iarratasóir ar an eolas, a mhéid is indéanta i scríbhinn, gan moill mhíchuí. Cuirfidh sé an t-iarratasóir ar an eolas, arna iarraidh sin dó, faoi na cúiseanna ar diúltaíodh don iarratas agus sainaithneoidh sé aon easnamh agus aon bhealach ar féidir aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh sin. Cuirfidh sé an t-iarratasóir ar an eolas faoin tráthchlár maidir le hachomharc a dhéanamh in aghaidh an chinnidh, má tá sé ar fáil. Ceadóidh sé d'iarratasóir iarratas a chur isteach arís laistigh de theorainn ama réasúnta.

7. Áiritheoidh gach Páirtí go gcuirfear próiseáil iarratais, lena n-áirítear fíorú agus measúnú cáilíochta, i gcrích laistigh de thréimhse réasúnta ama ón dáta a chuirfear iarratas comhlánaithe isteach. Féachfaidh gach Páirtí le gnáth-thráthchlár a bhunú maidir le próiseáil iarratais.

8. Áiritheoidh gach Páirtí go mbeidh aon táille a bhaineann le nósanna imeachta um cháiliú i gcomhréir leis na costais a thabhóidh na húdaráis inniúla agus nach mbeidh sí ina srian inti féin ar sholáthar na seirbhíse.

AIRTEAGAL 18.19

Athbhreithniú ar chinntí riaracháin

Coinneoidh gach Páirtí ar bun, nó tionscnóidh sé, binsí nó nósanna imeachta athbhreithniúcháin, eadrána nó riaracháin a dhéanann foráil, arna iarraidh sin d'infheisteoir nó do sholáthróir seirbhíse an Pháirtí eile dá ndéantar difear, maidir le hathbhreithniú pras a dhéanamh ar chinntí riaracháin a dhéanann difear do bhunú, soláthar trasteorann seirbhísí, nó fanacht sealadach daoine nádúrtha a sholáthraíonn seirbhísí, agus, má tá bonn cuí leis, maidir le leigheasanna iomchuí ar na cinntí sin. Mura mbíonn na nósanna imeachta sin neamhspleách ar an ngníomhaireacht a bhfuil sé de chúram uirthi an cinneadh riaracháin lena mbaineann a dhéanamh, áiritheoidh gach Páirtí go ndéanfar foráil, leis na nósanna imeachta sin, maidir le hathbhreithniú oibiachtúil neamhchlaonta.

FOROINN 3

SEIRBHÍSÍ POIST

AIRTEAGAL 18.20

Raon feidhme

1. Leagtar amach san Fhoroinn seo prionsabail an chreata rialála le haghaidh seirbhísí poist a bhfuil gealltanais shonracha tugtha ag gach Páirtí ina leith, mar a liostaítear in Iarscríbhinní 18-A agus 18-E, i gcomhréir leis an bhForoinn seo.

2. Ní cheanglaítear leis an bhForoinn seo ar Pháirtí seirbhísí a léirscaoileadh atá forchoimeádta d'aon (1) oibreoir ainmnithe amháin nó níos mó mar a liostaítear in Iarscríbhinní 18-A agus 18-E.

AIRTEAGAL 18.21

Sainmhínithe

Chun críocha na Foroinne seo:

(a) ciallaíonn 'ceanglais fhíor-riachtanacha' cúiseanna ginearálta neamheacnamaíocha le coinníollacha maidir le soláthar seirbhísí poist a fhorchur agus féadfar a áireamh orthu rúndacht an chomhfhreagrais, slándáil an líonra a mhéid a bhaineann le hiompar earraí contúirteacha, cosaint sonraí, cosaint an chomhshaoil agus pleanáil réigiúnach;

(b) ciallaíonn ‘ceadúnas’ aon chineál údaraithe nó ceada[1] lena leagtar amach cearta agus oibleagáidí a bhaineann go sonrach leis an earnáil poist, a dheonaíonn údarás rialála, nó aon chomhlacht inniúil eile, do sholáthróir aonair, agus atá ina cheanglas sula soláthraítear seirbhís ar leith;

(c) ciallaíonn ‘ítim phoist’ ítim ar a bhfuil seoladh agus atá san fhoirm dheiridh ina bhfuil sí le hiompar ag soláthraí seirbhíse poist, bíodh sé poiblí nó príobháideach, agus d’fhéadfadh sé gur ítim amhail litir, beartán, nuachtán, catalóg nó ní eile atá inti;

(d) ciallaíonn ‘seirbhís phoist’[2] seirbhísí a bhaineann le hítimí poist a bhailiú, a shórtáil, a iompar agus a sheachadadh, gan beann ar an gceann scríbe (intíre nó eachtrach), ar luas na seirbhíse (ar bhonn tosaíochta, neamhthosaíochta, práinne, mearphoist nó ar bhonn eile), nó ar an oibreoir (poiblí nó príobháideach);

(e) ciallaíonn ‘údarás rialála’ an comhlacht neamhspleách nó na comhlachtaí neamhspleácha a bhfuil rialáil na seirbhísí poist a luaitear san Fhoroinn seo de chúram orthu; agus

(f) ciallaíonn ‘seirbhís uilíoch’ buansoláthar seirbhíse poist de cháilíocht shonraithe ag gach pointe i gcríoch Páirtí ar phraghsanna atá inacmhainne do gach úsáideoir.

---

1 Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, áirítear leis sin lamháltas, clárú, dearbhú, fógra nó ceadúnais aonair a dheonú.

2 Cumhdaítear le ‘seirbhísí poist’ ALT, ALT 7511 agus ALT 7512.

AIRTEAGAL 18.22

Cleachtais fhrithiomaíocha in earnáil an phoist a chosc

Áiritheoidh gach Páirtí nach rachaidh soláthróir seirbhísí poist atá faoi réir oibleagáid seirbhíse uilíche nó monaplacht poist i mbun cleachtais fhrithiomaíocha amhail:

(a) ioncam, a fhaightear ó sholáthar na seirbhíse sin, a úsáid chun soláthar seirbhíse mearphoist nó aon seirbhís poist neamhuilíche a thras- fhóirdheonú, agus

(b) idirdhealú a dhéanamh idir custaiméirí amhail gnólachtaí nó postálaithe mórthoirte nó comhdhlúiteoirí i leith taraifí nó téarmaí agus coinníollacha eile chun seirbhís a sholáthar atá faoi réir oibleagáid seirbhíse uilíche nó monaplacht poist, mura bhfuil an t-idirdhealú sin bunaithe ar chritéir oibiachtúla nó neamhchlaonta.

AIRTEAGAL 18.23

Seirbhísí uilíocha

Tá an ceart ag gach Páirtí an cineál oibleagáide seirbhíse uilíche is mian leis a choinneáil ar bun a shainiú, agus a raon feidhme agus a cur chun feidhme a chinneadh. Féadfaidh gach Páirtí na bearta is gá a ghlacadh chun cur chun feidhme agus forbairt na seirbhíse poist uilechoitinne a chosaint, chomh maith lena coinneáil ar bun. Ní mheasfar gur bearta agus oibleagáidí frithiomaíocha *per se* iad na bearta agus na hoibleagáidí sin má chuirtear i bhfeidhm iad ar bhealach trédhearcach, neamh-idirdhealaitheach agus comhréireach.

AIRTEAGAL 18.24

Ceadúnais chun seirbhísí poist a sholáthar

1. Féadfaidh gach Páirtí ceadúnais a cheangal chun seirbhísí poist a sholáthar. Ba cheart ceadúnas a dheonú nuair is féidir, trí bhíthin nós imeachta simplithe um údarú i gcomhréir le dlíthe agus rialacháin náisiúnta.

2. Féadfar a cheangal le ceadúnas go gcomhlíonfar ceanglais fhíor-riachtanacha, lena n-áirítear caighdeáin cháilíochta agus urraim do chearta eisiacha agus speisialta oibreoirí ainmnithe seirbhísí forchoimeádta nó seirbhísí poist uilechoiteanna.

3. Má cheanglaíonn Páirtí ceadúnas:

(a) cuirfidh sé na nithe seo a leanas ar fáil go poiblí i bhfoirm a mbeidh rochtain éasca uirthi:

(i) na cearta agus na hoibleagáidí a eascraíonn as ceadúnas den sórt sin;

(ii) na critéir, na téarmaí agus na coinníollacha maidir le ceadúnú; agus

(iii) a mhéid is féidir, an tréimhse ama is gá de ghnáth chun teacht ar chinneadh maidir le hiarratas ar cheadúnas.

(b) beidh na nósanna imeachta um cheadúnas a dheonú trédhearcach, neamh-idirdhealaitheach, comhréireach agus bunaithe ar chritéir oibiachtúla; agus

(c) aon táille cheadúnúcháin[1] a d'fhéadfadh iarratasóirí a thabhú i ndáil lena n-iarratas, beidh sí réasúnta agus ní bheidh sí ina srian inti féin ar sholáthar na seirbhíse.

4. Déanfar stádas iarratais ar cheadúnas agus na cúiseanna ar diúltaíodh ceadúnas a dheonú a chur in iúl don iarratasóir arna iarraidh sin. Déanfaidh gach Páirtí, i gcomhréir lena dhlíthe agus lena rialacháin, nós imeachta a choinneáil ar bun nó a bhunú d'iarratasóirí chun achomharc a dhéanamh chuig comhlacht neamhspleách intíre in aghaidh an diúltaithe ceadúnas a dheonú. Beidh nós imeachta den sórt sin trédhearcach, neamh-idirdhealaitheach agus bunaithe ar chritéir oibiachtúla.

AIRTEAGAL 18.25

Neamhspleáchas an chomhlachta rialála

Féadfaidh gach Páirtí comhlacht rialála a ainmniú, bíodh sé sonrach d'earnáil na seirbhíse poist nó ná bíodh. Beidh an comhlacht rialála scartha go dlíthiúil ó aon soláthróir seirbhísí poist, agus ní bheidh sé cuntasach dó. Beidh cinntí na gcomhlachtaí rialála, agus na nósanna imeachta a úsáidfidh siad, neamhchlaonta i ndáil leis na rannpháirtithe uile sa mhargadh.

[1] Ní áirítear ar tháillí ceadúnúcháin íocaíochtaí as ceant, tairiscint ná modhanna neamh-idirdhealaitheacha eile chun lamháltais a dhámhachtain ná ranníocaíochtaí sainordaithe le soláthar seirbhísí uilíocha.

FOROINN 4

SEIRBHÍSÍ TEILEACHUMARSÁIDE

AIRTEAGAL 18.26

Raon feidhme

1. Leagtar amach san Fhoroinn seo prionsabail an chreata rialála le haghaidh seirbhísí teileachumarsáide, seachas craolachán[1], a bhfuil gealltanais shonracha tugtha ag gach Páirtí ina leith i gcomhréir leis an gCaibidil seo.

2. Ní fhorléireofar aon ní san Fhoroinn seo:

(a) mar ní lena gceanglófar ar Pháirtí soláthróir seirbhísí teileachumarsáide de chuid an Pháirtí eile a údarú le líonraí nó seirbhísí iompair teileachumarsáide a bhunú, a thógáil, a fháil, a léasú, a oibriú nó a sholáthar, seachas mar a fhoráiltear in Iarscríbhinní 18-A, 18-B, 18-C agus 18-E; nó

[1] Ciallaíonn ‘craolachán’ radachumarsáid lena bhfuil an tarchur beartaithe lena ghlacadh go díreach ag an bpobal i gcoitinne, agus féadfar tarchur fuaime agus tarchur teilifíse a áireamh léi. Measfar gur soláthróirí seirbhísí iompair teileachumarsáide poiblí iad soláthróirí seirbhísí craolacháin, agus measfar gur líonraí iompair teileachumarsáide poiblí iad a líonraí, má úsáidtear agus a mhéid a úsáidtear na líonraí sin freisin chun seirbhísí iompair teileachumarsáide poiblí a sholáthar.

(b) mar ní lena gceanglófar ar Pháirtí oibleagáid a chur ar sholáthróirí seirbhíse faoina dhlínse líonraí nó seirbhísí iompair teileachumarsáide nach gcuirtear ar fáil don phobal i gcoitinne a bhunú, a thógáil, a fháil, a léasú, a oibriú nó a sholáthar.

AIRTEAGAL 18.27

Sainmhínithe

Chun críocha na Foroinne seo:

(a) ciallaíonn 'saoráidí teileachumarsáide fíor-riachtanacha'[1] saoráidí líonra iompair teileachumarsáide poiblí agus saoráidí seirbhíse iompair teileachumarsáide poiblí:

(i) nach bhfuil á soláthar, ina n-iomláine nó den chuid is mó, ach ag soláthróir amháin nó ag líon teoranta soláthróirí; agus

(ii) nach féidir saoráidí eile a chur ina n-ionad ar bhonn eacnamaíoch nó ar bhonn teicniúil chun seirbhís a sholáthar;

(b) ciallaíonn 'idirnascadh' nascadh le soláthróirí líonraí iompair teileachumarsáide nó le soláthróirí seirbhísí iompair teileachumarsáide chun go mbeidh úsáideoirí soláthróra seirbhísí teileachumarsáide amháin in ann cumarsáid a dhéanamh le húsáideoirí soláthróra eile seirbhísí teileachumarsáide agus rochtain a fháil ar sheirbhísí teileachumarsáide arna soláthar ag soláthróir eile seirbhísí teileachumarsáide;

[1] I gcás Phoblacht Pharagua agus Phoblacht Oirthearach Uragua, ciallaíonn 'saoráidí teileachumarsáide fíor-riachtanacha' saoráidí líonra iompair teileachumarsáide poiblí agus saoráidí seirbhíse iompair teileachumarsáide poiblí i gcomhréir leis an sainmhíniú dá bhforáiltear-ina ndlí náisiúnta.

(c) ciallaíonn ‘ceadúnas’ aon chineál údaraithe, lena n-áirítear clárú, dearbhú nó nósanna imeachta um fhógra a thabhairt nó nósanna imeachta eile mar a shainmhínítear i ndlíthe agus i rialacháin Páirtí, lena leagtar amach cearta agus oibleagáidí a bhaineann go sonrach leis an earnáil teileachumarsáide, arna dheonú ag údarás rialála do sholáthróir seirbhíse aonair seirbhísí teileachumarsáide, a cheanglaítear chun seirbhís teileachumarsáide a sholáthar;

(d) is soláthróir líonraí nó seirbhísí iompair teileachumarsáide é ‘mórsholáthróir’ san earnáil teileachumarsáide atá in ann difear ábhartha a dhéanamh do théarmaí rannpháirtíochta, ag féachaint do phraghas agus do sholáthar, i margadh ábhartha le haghaidh seirbhísí teileachumarsáide mar gheall ar a rialú ar shaoráidí fíor-riachtanacha nó mar gheall ar an úsáid a bhaineann sé as a sheasamh sa mhargadh sin;

(e) ciallaíonn ‘líonra iompair teileachumarsáide poiblí’ an bonneagar teileachumarsáide poiblí lena gcumasaítear teileachumarsáid idir críochphointí líonra sainithe agus ina measc;

(f) ciallaíonn ‘seirbhís iompair teileachumarsáide poiblí’ aon seirbhís iompair teileachumarsáide a gceanglaíonn Páirtí ina leith, go sainráite nó iarbhír, go gcuirfear ar fáil don phobal i gcoitinne í;

(g) ciallaíonn ‘údarás rialála’ an comhlacht nó na comhlachtaí a bhfuil rialáil na teileachumarsáide a luaitear san Fhoroinn seo de chúram orthu;

(h) ciallaíonn ‘soláthróir seirbhíse’ duine dár deonaíodh ceadúnas chun seirbhísí teileachumarsáide a sholáthar;

(i) ciallaíonn ‘seirbhísí teileachumarsáide’ na seirbhísí uile arb é atá iontu comharthaí leictreamaighnéadacha a tharchur agus a ghlacadh agus ní áirítear orthu seirbhísí a sholáthraíonn an t-ábhar a tharchuirtear nó a bhfuil smacht eagarthóireachta acu ar an ábhar sin; agus

(j) ciallaíonn 'seirbhís uilíoch' an tacar seirbhísí de cháilíocht a shonraítear nach mór a chur ar fáil do gach úsáideoir i gcríoch Páirtí gan beann ar a shuíomh geografach, agus ar phraghas inacmhainne.

AIRTEAGAL 18.28

Údarás rialála

1. Áiritheoidh gach Páirtí go mbeidh a údarás rialála seirbhísí teileachumarsáide éagsúil le haon soláthróir seirbhísí teileachumarsáide ó thaobh dlí de, agus go mbeidh sé neamhspleách ar aon soláthróir seirbhísí teileachumarsáide ó thaobh feidhme de.

2. Cumasófar an t-údarás rialála go leormhaith ó thaobh cumhachta agus acmhainní de chun an earnáil a rialáil. Déanfar inniúlachtaí an údaráis rialála teileachumarsáide a chur in iúl go poiblí i bhfoirm inrochtana shoiléir, go háirithe má shanntar na cúraimí sin do níos mó ná comhlacht amháin.

3. Beidh cinntí an údaráis rialála, agus na nósanna imeachta a úsáidfidh sé, neamhchlaonta i ndáil leis na rannpháirtithe uile sa mhargadh.

4. Beidh sé de cheart ag soláthróir seirbhísí teileachumarsáide a ndéanann cinneadh ó údarás rialála difear dó achomharc a dhéanamh in aghaidh an chinnidh sin chuig comhlacht achomhairc intíre atá neamhspleách ar na páirtithe lena mbaineann agus ar an údarás rialála. Mura comhlacht de chineál breithiúnach é an comhlacht achomhairc, tabharfar cúiseanna i scríbhinn lena chinneadh agus beidh a chinntí faoi réir athbhreithniú ag údarás breithiúnach nó riaracháin intíre atá neamhchlaonta neamhspleách.

AIRTEAGAL 18.29

Ceadúnais chun seirbhísí teileachumarsáide a sholáthar

1. Áiritheoidh gach Páirtí go ndeonófar ceadúnas, trí bhíthin nós imeachta simplithe nuair is féidir.

2. Áiritheoidh gach Páirtí go gcuirfear ar fáil go poiblí na téarmaí agus na coinníollacha maidir le cearta úsáide uimhreacha agus minicíochtaí a dheonú.

3. Má cheanglaíonn Páirtí ceadúnas:

(a) cuirfear gach critéar ceadúnúcháin ar fáil go poiblí;

(b) tar éis chur isteach an iarratais comhlánaithe, poibleofar an tréimhse réasúnta ama a bhfuil gá léi de ghnáth chun teacht ar chinneadh faoi cé acu a dheonófar nó nach ndeonófar ceadúnas;

(c) má dhiúltaítear ceadúnas a dheonú, cuirfear na cúiseanna leis an diúltú sin in iúl i scríbhinn don iarratasóir arna iarraidh sin dó; agus

(d) beidh an t-iarratasóir ar cheadúnas in ann dul ar iontaoibh comhlachta achomhairc intíre chun a shuíomh cé acu a diúltaíodh nó nár diúltaíodh ceadúnas go míchuí.

AIRTEAGAL 18.30

Cleachtais fhrithiomaíocha

Glacfaidh gach Páirtí bearta iomchuí, nó coinneoidh sé na bearta sin ar bun, lena gcoiscfear ar sholáthróirí seirbhísí teileachumarsáide arb é atá iontu, ina n-aonar nó in éindí, mórsholáthróirí[1], cleachtais fhrithiomaíocha a dhéanamh nó leanúint díobh. D'fhéadfaí a áireamh ar na cleachtais fhrithiomaíocha sin mí-úsáid ceannasachta, agus gach cleachtas, iompar nó moladh aonair nó comhbheartaithe ag a bhfuil sé d'éifeacht an iomaíocht atá sa mhargadh ábhartha faoi láthair nó a bheidh ann amach anseo a shrianadh, a theorannú, a bhacadh, a shaobhadh nó a chosc.

AIRTEAGAL 18.31

Rochtain ar shaoráidí teileachumarsáide fíor-riachtanacha

Áiritheoidh gach Páirtí go ndeonóidh mórsholáthróir[2] ina chríoch rochtain ar a shaoráidí teileachumarsáide fíor-riachtanacha do sholáthróirí ar théarmaí agus coinníollacha réasúnta agus neamh-idirdhealaitheacha[3], lena n-áirítear téarmaí agus coinníollacha i ndáil le rátaí, caighdeáin theicniúla, sonraíochtaí, cáilíocht agus cothabháil.

---

1 I gcás Phoblacht Oirthearach Uragua, tá feidhm ag raon feidhme an Airteagail seo maidir le gach soláthróir seirbhísí teileachumarsáide.

2 I gcás Phoblacht Oirthearach Uragua, tá feidhm ag raon feidhme an Airteagail seo maidir le gach soláthróir.

3 Chun críocha na Foroinne seo, tuigtear go dtagraíonn 'neamh-idirdhealú' do chóir náisiúnta mar a shainmhínítear in Airteagal 18.4, agus go léiríonn sé úsáid earnáilsonrach an téarma mar théarmaí agus coinníollacha nach lú fabhar ná na téarmaí agus na coinníollacha a thugtar d'aon úsáideoir eile a úsáideann líonraí iompair teileachumarsáide poiblí nó seirbhísí iompair teileachumarsáide poiblí comhchosúla in imthosca comhchosúla.

AIRTEAGAL 18.32

Idirnasc

1. Áiritheoidh gach Páirtí go mbeidh sé de cheart ag aon soláthróir atá údaraithe chun seirbhísí teileachumarsáide a sholáthar ina chríoch caibidlíocht a dhéanamh maidir le hidirnasc le soláthróirí eile líonraí iompair teileachumarsáide poiblí agus seirbhísí iompair teileachumarsáide poiblí. Ba cheart, i bprionsabal, idirnasc a chomhaontú ar bhonn caibidlíocht tráchtála idir na soláthróirí lena mbaineann.

2. Áiritheoidh gach Páirtí, maidir le soláthróirí seirbhísí teileachumarsáide a fhaigheann faisnéis ó sholáthróir eile seirbhísí teileachumarsáide le linn an phróisis caibidlíochta maidir le socruithe idirnaisc, go n-úsáidfidh siad an fhaisnéis sin chun na críche ar soláthraíodh í agus chun na críche sin amháin agus go n-urramóidh siad, i gcónaí, rúndacht na faisnéise a tharchuirtear nó a stóráiltear.

3. Déanfar idirnasc le mórsholáthróir[1] a áirithiú ag aon phointe is indéanta go teicniúil sa líonra. Soláthrófar an t-idirnasc sin:

(a) faoi théarmaí agus coinníollacha neamh-idirdhealaitheacha, lena n-áirítear caighdeáin agus sonraíochtaí teicniúla, agus ar rátaí neamh-idirdhealaitheacha, agus de cháilíocht nach lú fabhar ná an cháilíocht a sholáthraítear dá sheirbhísí comhchosúla féin ar seirbhísí de chuid mórsholáthróra den sórt sin iad, nó do sheirbhísí comhchosúla soláthróirí seirbhíse neamhchleamhnaithe, nó dá fhochuideachtaí nó dá chleamhnaithe eile;

1 I gcás Phoblacht Oirthearach Uragua, tá feidhm ag raon feidhme an Airteagail seo maidir le gach soláthróir seirbhísí teileachumarsáide.

(b) go tráthúil agus ar théarmaí agus coinníollacha, lena n-áirítear caighdeáin agus sonraíochtaí teicniúla, atá trédhearcach réasúnta, ag féachaint d'indéantacht eacnamaíoch, agus sonraithe a ndóthain nach gá don soláthróir íoc as comhpháirteanna nó saoráidí líonra nach bhfuil gá aige leo i leith na seirbhísí atá le soláthar; agus

(c) arna iarraidh sin do sholáthróir eile seirbhísí teileachumarsáide, agus faoi réir measúnú arna dhéanamh ag an údarás rialála más iomchuí, ag aon phointe is indéanta go teicniúil i dteannta na gcríochphointí líonra a chuirtear ar fáil do thromlach na n-úsáideoirí, faoi réir muirir réasúnta.

4. Cuirfear na rialacha is infheidhme maidir le hidirnascadh le mórsholáthróir ar fáil go poiblí.

5. Cuirfidh mórsholáthróirí a gcomhaontuithe idirnaisc nó a dtairiscintí idirnaisc tagartha ar fáil go poiblí, de réir mar is iomchuí.

6. Áiritheoidh gach Páirtí go mbeidh ceart cúláraigh ag soláthróir seirbhísí teileachumarsáide a iarrann idirnascadh le mórsholáthróir, tráth ar bith nó tar éis tréimhse réasúnta ama a chuirfear in iúl go poiblí, chuig comhlacht neamhspleách intíre chun díospóidí maidir le téarmaí, coinníollacha agus rátaí iomchuí maidir le hidirnascadh a réiteach. Féadfaidh an t-údarás rialála dá dtagraítear in Airteagal 18.28 a bheith ina chomhlacht intíre neamhspleách den sórt sin.

AIRTEAGAL 18.33

Acmhainní tearca

Déanfaidh gach Páirtí a nósanna imeachta um dheonú ceart úsáide acmhainní tearca, lena n-áirítear minicíochtaí, uimhreacha agus cearta slí, ar bhealach oibiachtúil, tráthúil, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach. A mhéid is féidir, cuirfidh gach Páirtí ar fáil go poiblí staid reatha na mbandaí minicíochta leithdháilte, ach ní gá minicíochtaí le haghaidh úsáidí sonracha rialtais a shainaithint go mionsonraithe.

AIRTEAGAL 18.34

Seirbhís uilíoch

1. Tá an ceart ag gach Páirtí an cineál oibleagáidí seirbhíse uilíche is mian leis a choinneáil ar bun a shainiú, agus a raon feidhme agus a gcur chun feidhme a chinneadh. Déanfaidh gach Páirtí na hoibleagáidí seirbhíse uilíche a riar ar bhealach trédhearcach, oibiachtúil, neamh-idirdhealaitheach agus comhréireach.

2. Má bhíonn ainmniú soláthraí seirbhíse uilíche ar oscailt do sholáthróirí iomadúla seirbhísí nó líonraí teileachumarsáide, beidh na nósanna imeachta sin ar oscailt do gach soláthróir seirbhíse. Déanfar an ainmníocht le sásra éifeachtúil, trédhearcach agus neamh- idirdhealaitheach.

AIRTEAGAL 18.35

Rúndacht faisnéise

Áiritheoidh gach Páirtí rúndacht sonraí teileachumarsáide agus sonraí tráchta gaolmhara arna dtarchur trí bhíthin líonraí iompair teileachumarsáide poiblí agus seirbhísí iompair teileachumarsáide poiblí, faoi réir an cheanglais nach modh idirdhealaithe threallaigh nó gan údar ná srian faoi cheilt ar thrádáil i seirbhísí iad na bearta a chuirfear i bhfeidhm chuige sin.

AIRTEAGAL 18.36

Díospóidí idir soláthróirí

Áiritheoidh gach Páirtí, i gcás ina dtiocfaidh díospóid chun cinn idir soláthróirí, go n-eiseoidh an t-údarás rialála[1] lena mbaineann, arna iarraidh sin do cheachtar páirtí sa díospóid, cinneadh ceangailteach chun an díospóid a réiteach a luaithe is féidir.

---

[1] Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, i gcás MERCOSUR, tagraíonn sé sin d'údarás rialála gach Stáit Sínithe MERCOSUR.

AIRTEAGAL 18.37

Seirbhísí fánaíochta soghluaiste idirnáisiúnta

1. Féachfaidh gach Páirtí le hoibriú i gcomhar chun rátaí trédhearcacha réasúnta do sheirbhísí fánaíochta idirnáisiúnta a chur chun cinn d'fhonn fás na trádála idir na Páirtithe a chur chun cinn agus leas tomhaltóirí a fheabhsú.

2. Áiritheoidh gach Páirtí, maidir le soláthróirí seirbhísí teileachumarsáide a sholáthraíonn seirbhísí fánaíochta soghluaiste idirnáisiúnta le haghaidh guthghlaonna, teachtaireachtaí téacs agus sonraí, go soláthróidh siad na seirbhísí sin:

(a) ar cháilíocht atá comhchosúil leis an gcáilíocht a sholáthraítear dá gcustaiméirí miondíola féin ina dtír bhunaíochta; agus

(b) le faisnéis shoiléir atá ar fáil go héasca maidir le rochtain ar na seirbhísí agus praghsanna na seirbhísí sin.

3. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun faireachán a dhéanamh ar bhaint amach mhíreanna 1 agus 2, agus maidir le saincheisteanna eile a bhaineann le seirbhísí fánaíochta soghluaiste idirnáisiúnta a d'fhéadfaí a shainaithint.

4. Leis an Airteagal seo, ní chuirtear d'oibleagáid ar Pháirtí rátaí ná coinníollacha a rialáil le haghaidh seirbhísí fánaíochta soghluaiste idirnáisiúnta.

FOROINN 5

SEIRBHÍSÍ AIRGEADAIS

AIRTEAGAL 18.38

Raon feidhme

Tá feidhm ag an bhForoinn seo maidir le bearta arna ndéanamh ag Páirtí a dhéanann difear do sholáthar seirbhísí airgeadais.

AIRTEAGAL 18.39

Sainmhínithe

1. Chun críocha na Foroinne seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) ciallaíonn ‘seirbhís airgeadais’ aon seirbhís de chineál airgeadais a thairgeann soláthróir seirbhísí airgeadais de chuid Páirtí; beidh seirbhísí airgeadais comhdhéanta de na gníomhaíochtaí seo a leanas:

(i) seirbhísí árachais agus seirbhísí a bhaineann le hárachas:

(A) árachas díreach (lena n-áirítear comhárachas):

(1) árachas saoil; agus

(2) árachas neamhshaoil;

(B) athárachas agus aisghéilleadh;

(C) idirghabháil árachais, amhail bróicéireacht agus gníomhaireacht; agus

(D) seirbhísí cúnta d'árachas, amhail seirbhísí sainchomhairleoireachta, achtúireacha, measúnaithe riosca, agus seirbhísí maidir le héilimh a shocrú; agus

(ii) seirbhísí baincéireachta agus seirbhísí airgeadais eile (seachas árachas):

(A) glacadh le taiscí agus cistí inaisíoctha eile ón bpobal;

(B) iasachtú de gach cineál, lena n-áirítear creidmheas tomhaltóra, creidmheas morgáiste, fachtóireacht, agus idirbhearta tráchtála a mhaoiniú;

(C) léasú airgeadais;

(D) gach seirbhís íocaíochta agus tarchuir airgid, lena n-áirítear cártaí creidmheasa, cártaí muirir agus cártaí dochair, seiceanna taistil, agus dréachtaí baincéirí;

(E) ráthaíochtaí agus gealltanais;

(F) na nithe seo a leanas a thrádáil ar a chuntas féin nó ar chuntas custaiméirí, cibé acu ar mhalartán, i margadh thar an gcuntar nó ar shlí eile a dhéantar é:

(1) ionstraimí margaidh airgid (lena n-áirítear seiceanna, billí, deimhnithe taisce);

(2) malairt eachtrach;

(3) táirgí díorthacha, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta dóibh, todhchaíochtaí agus roghanna;

(4) ionstraimí ráta malairte agus ionstraimí ráta úis, lena n- áirítear táirgí amhail babhtálacha agus comhaontuithe ar réamhráta;

(5) urrúis inaistrithe; agus

(6) ionstraimí agus sócmhainní airgeadais soshannta eile, lena n-áirítear buillean;

(G) rannpháirtíocht in eisiúintí de gach cineál urrús, lena n-áirítear frithghealladh agus socrú mar ghníomhaire (go poiblí nó go príobháideach) agus soláthar seirbhísí a bhaineann le heisiúintí den chineál sin;

(H) bróicéireacht airgid;

(I) bainistíocht sócmhainní, amhail bainistíocht airgid nó punainne, gach cineál bainistíochta ar infheistíocht chomhchoiteann, bainistíocht ciste pinsin, seirbhísí coinneála, seirbhísí taisclainne, agus seirbhísí iontaobhais;

(J) seirbhísí socraíochta agus imréitigh le haghaidh sócmhainní airgeadais, lena n-áirítear urrúis, táirgí díorthacha, agus ionstraimí soshannta eile;

(K) soláthar agus aistriú faisnéise airgeadais, agus próiseáil sonraí airgeadais agus bogearraí a bhaineann leis sin arna ndéanamh ag soláthróirí seirbhísí airgeadais eile; agus

(L) seirbhísí comhairleacha, idirghabhála agus seirbhísí airgeadais cúnta eile maidir leis na gníomhaíochtaí a liostaítear i bpointí (A) go (K), lena n-áirítear teistiméireacht agus anailís chreidmheasa, taighde agus comhairle faoi infheistíocht agus punanna, agus comhairle maidir le héadálacha agus maidir le hathstruchtúrú corparáideach agus straitéisí corparáideacha;

(b) ciallaíonn 'soláthróir seirbhísí airgeadais' aon duine nádúrtha nó dlítheanach de chuid Páirtí, seachas eintitis phoiblí, ar mian leo seirbhísí airgeadais a sholáthar nó a sholáthraíonn na seirbhísí sin;

(c) ciallaíonn 'seirbhís airgeadais nua' seirbhís de chineál airgeadais, lena n- áirítear seirbhísí a bhaineann le táirgí atá ann cheana agus táirgí nua nó an bealach a ndéantar táirge a sheachadadh, nach soláthraíonn aon soláthróir seirbhísí airgeadais i gcríoch Pháirtí é ach a sholáthraítear i gcríoch an Pháirtí eile;

(d) ciallaíonn 'eagraíocht féinrialála' comhlacht neamhrialtasach, lena n-áirítear aon eagraíocht nó comhlachas, a fheidhmíonn údarás rialála nó maoirseachta ar sholáthróirí seirbhísí airgeadais trí tharmligean ó Pháirtí;

(e) ciallaíonn 'eintiteas poiblí':

(i) rialtas, banc ceannais nó údarás airgeadaíochta de chuid Páirtí nó eintiteas atá faoi úinéireacht nó faoi rialú ag Páirtí, a bhíonn ag gabháil go príomha d'fheidhmeanna rialtais a dhéanamh nó do ghníomhaíochtaí a dhéanamh chun críoch rialtais, ach ní áirítear leis eintiteas a bhíonn ag gabháil go príomha do sheirbhísí airgeadais a sholáthar ar théarmaí tráchtála; nó

(ii) eintiteas príobháideach a dhéanann feidhmeanna a bhíonn á ndéanamh de ghnáth ag banc ceannais nó údarás airgeadaíochta, agus na feidhmeanna sin á bhfeidhmiú aige.

2. Chun críocha na Foroinne seo agus i ndáil le seirbhísí a chumhdaítear leis an bhForoinn seo agus i ndáil leo sin amháin, ciallaíonn 'seirbhísí a sholáthraítear i bhfeidhmiú údaráis rialtais':

(a) gníomhaíochtaí a dhéanann banc ceannais nó údarás airgeadaíochta nó aon eintiteas poiblí eile d'fhonn beartais airgeadaíochta nó ráta malairte a shaothrú;

(b) gníomhaíochtaí ar cuid de chóras reachtúil slándála sóisialaí nó pleananna scoir poiblí iad; agus

(c) gníomhaíochtaí eile a dhéanann eintiteas poiblí ar chuntas an rialtais, le ráthaíocht an rialtais, nó trí úsáid a bhaint as acmhainní airgeadais an rialtais.

Má cheadaíonn Páirtí dá sholáthróirí seirbhísí airgeadais aon cheann de na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i bpointe (b) nó pointe (c) a dhéanamh in iomaíocht le heintiteas poiblí nó le soláthróir seirbhísí airgeadais, áireofar na gníomhaíochtaí sin le 'seirbhísí airgeadais', agus tiocfaidh siad ansin faoi raon feidhme na Caibidle seo.

3. An sainmhíniú ginearálta ar 'sheirbhísí a sholáthraítear i bhfeidhmiú údaráis rialtais' a áirítear in Airteagal 18.1(6) den Chaibidil seo, ní bheidh feidhm aige maidir le seirbhísí a chumhdaítear leis an bhForoinn seo.

AIRTEAGAL 18.40

Eisceacht stuamachta

1. Ní fhorléireofar aon ní sa Chuid seo den Chomhaontú mar ní a chuireann cosc ar Pháirtí bearta a dhéanamh ar chúiseanna stuamachta, lena n- áirítear bearta i ndáil leis an méid seo a leanas:

(a) cosaint infheisteoirí, taisceoirí, rannpháirtithe sa mhargadh airgeadais, sealbhóirí polasaí nó daoine a bhfuil dualgas muiníneach dlite dóibh ag soláthróir seirbhísí airgeadais; nó

(b) sláine agus cobhsaíocht córais airgeadais Páirtí a áirithiú.

2. Mura mbeidh na bearta sin i gcomhréir le forálacha na Foroinne seo, ní úsáidfear iad chun gealltanais nó oibleagáidí an Pháirtí faoin bhForoinn seo a sheachaint.

3. Ní fhorléireofar aon ní sa Chuid seo den Chomhaontú mar ní a cheanglaíonn ar Pháirtí faisnéis a nochtadh a bhaineann le gnóthaí agus cuntais custaiméirí aonair ná aon fhaisnéis rúnda ná dílseánaigh atá i seilbh eintiteas poiblí.

AIRTEAGAL 18.41

Rialáil éifeachtach thrédhearcach in earnáil na seirbhísí airgeadais

1. Déanfaidh gach Páirtí a dhícheall aon bheart ginearálta a bheartaíonn an Páirtí a ghlacadh a sholáthar roimh ré do gach duine leasmhar. Soláthrófar beart den sórt sin:

(a) trí bhíthin foilseachán oifigiúil; nó

(b) i bhfoirm eile leictreonach nó i scríbhinn.

2. Déanfaidh údarás airgeadais iomchuí gach Páirtí a cheanglais maidir le comhlánú iarratas a bhaineann le soláthar seirbhísí airgeadais a chur ar fáil do dhaoine leasmhara.

3. Arna iarraidh sin d'iarratasóir, cuirfidh an t-údarás airgeadais iomchuí an t-iarratasóir ar an eolas faoi stádas a iarratais. Má cheanglaíonn an t-údarás sin faisnéis bhreise ón iarratasóir, tabharfaidh sé fógra don iarratasóir gan moill mhíchuí.

4. Féachfaidh gach Páirtí lena áirithiú go gcuirfear chun feidhme agus go gcuirfear i bhfeidhm ina chríoch na caighdeáin a comhaontaíodh go hidirnáisiúnta maidir le rialáil agus maoirseacht in earnáil na seirbhísí airgeadais agus maidir leis an gcomhrac in aghaidh imghabháil cánach agus seachaint cánach. Áirítear ar na caighdeáin sin a comhaontaíodh go hidirnáisiúnta na caighdeáin a ghlac G20, an Bord um Chobhsaíocht Airgeadais, Coiste Basel um Maoirseacht ar Bhaincéireacht, an Comhlachas Idirnáisiúnta Maoirseoirí Árachais, an Eagraíocht Idirnáisiúnta um Choimisiúin Urrús, an Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais in aghaidh Sciúradh Airgid, Fóram Domhanda ECFE maidir le Trédhearcacht agus Malartú Faisnéise Chun Críoch Cánach agus na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais. Chuige sin, oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile agus malartóidh siad faisnéis agus taithí maidir leis na hábhair sin.

## AIRTEAGAL 18.42

### Seirbhísí nua airgeadais

1. Ceadóidh gach Páirtí do sholáthróir seirbhísí airgeadais de chuid an Pháirtí eile, atá bunaithe ina chríoch, aon seirbhís nua airgeadais a sholáthar ina chríoch laistigh de raon feidhme na bhfo-earnálacha seirbhísí airgeadais a dtugtar gealltanais ina leith in Iarscríbhinní 18-A, 18-B, 18-C agus 18-E agus faoi réir na dtéarmaí, na dteorainneacha, na gcoinníollacha agus na gcáilíochtaí a bhunaítear iontu.

2. Soláthrófar seirbhís nua airgeadais i gcomhréir le dlíthe agus rialacháin an Pháirtí ar ina chríoch atá sé beartaithe í a sholáthar agus beidh sí faoi réir formheasa, rialála agus maoirseachta arna ndéanamh ag údaráis inniúla an Pháirtí sin.

AIRTEAGAL 18.43

Bearta stuamachta a aithint

1. Féadfaidh Páirtí bearta stuamachta an Pháirtí eile a aithint agus an chaoi a gcuirfear i bhfeidhm bearta an Pháirtí a bhaineann le seirbhísí airgeadais á cinneadh aige. Féadfar an t-aitheantas sin, a fhéadfar a bhaint amach trí chomhchuibhiú nó ar bhealach eile, a bheith bunaithe ar chomhaontú nó ar shocrú nó féadfar é a thabhairt go neamhspleách.

2. Aon Pháirtí is páirtí i gcomhaontú nó i socrú le tríú tír amhail iad siúd dá dtagraítear i mír 1, cibé acu a bheidh sí ann amach anseo nó atá sí ann cheana, tabharfaidh sé deis leormhaith don Pháirtí eile a aontachas do chomhaontuithe nó socruithe den sórt sin a chaibidliú, nó cinn inchomparáide a chaibidliú leis, in imthosca ina mbeadh rialáil choibhéiseach, formhaoirseacht, cur chun feidhme na rialála sin, agus, más iomchuí, nósanna imeachta i ndáil le comhroinnt faisnéise idir na Páirtithe sa chomhaontú nó sa socrú. I gcás ina dtabharfaidh Páirtí aitheantas go huathrialach, tabharfaidh sé deis leormhaith don Pháirtí eile a léiriú gur ann do na himthosca sin.

AIRTEAGAL 18.44

Eagraíochtaí féinrialála

1. Má cheanglaíonn Páirtí ballraíocht nó rannpháirtíocht in aon eagraíocht féinrialála, nó rochtain ar aon eagraíocht féinrialála, chun go soláthróidh soláthróirí seirbhísí airgeadais de chuid an Pháirtí eile seirbhísí airgeadais ar bhonn comhionann le soláthróirí seirbhísí airgeadais an Pháirtí, nó má sholáthraíonn Páirtí pribhléidí nó buntáistí go díreach nó go hindíreach d'eagraíocht féinrialála maidir le seirbhísí airgeadais a sholáthar, áiritheoidh an Páirtí sin go n-urramóidh na heagraíochtaí féinrialála sin cur i bhfeidhm Airteagal 18.4 maidir le soláthróirí seirbhísí airgeadais atá bunaithe i gcríoch an Pháirtí sin.

2. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ní chuirtear cosc le haon ní san Airteagal seo ar eagraíocht féinrialála dá dtagraítear i mír 1 a ceanglais nó a nósanna imeachta neamh-idirdhealaitheacha féin a ghlacadh. A mhéid a dhéanann comhlachtaí neamhrialtasacha na bearta sin agus nach ndéantar iad i ndáil le feidhmiú cumhachtaí arna dtarmligean ag rialtais nó údaráis lárnacha, réigiúnacha nó áitiúla, ní mheastar gur bearta de chuid Páirtí iad agus ní thagann siad faoi raon feidhme na Caibidle seo.

AIRTEAGAL 18.45

Córais íocaíochta agus imréitigh

Ar bhonn ceanglais rialála agus i gcomhréir le hAirteagal 18.4, deonóidh gach Páirtí do sholáthróirí seirbhísí airgeadais an Pháirtí eile atá bunaithe ina chríoch rochtain ar shaoráidí íocaíochta agus imréitigh atá á n-oibriú ag eintitis phoiblí agus ar shaoráidí oifigiúla cistithe agus athmhaoinithe atá ar fáil i ngnáthchúrsa an ghnáthghnó. Níl sé beartaithe leis an Airteagal seo rochtain a thabhairt ar shaoráidí iasachtóra na dála deiridh ag Páirtí (an banc ceannais náisiúnta nó aon údarás airgeadaíochta eile).

## FOROINN 6

## RÍOMHTHRÁCHTÁIL

### AIRTEAGAL 18.46

### Cuspóir agus raon feidhme

1. Comhaontaíonn na Páirtithe, agus iad ag aithint go méadaíonn an ríomhthráchtáil deiseanna trádála i roinnt mhaith gníomhaíochtaí eacnamaíocha, forbairt na ríomhthráchtála eatarthu a chur chun cinn, lena n-áirítear an méid sin a dhéanamh trí dhul i gcomhar maidir leis na saincheisteanna a ardaíonn an ríomhthráchtáil faoi fhorálacha na Foroinne seo.

2. Tá feidhm ag an bhForoinn seo maidir le bearta a dhéanann difear do thrádáil trí mheán leictreonach.

3. Aithníonn na Páirtithe prionsabal neodracht na teicneolaíochta sa ríomhthráchtáil.

4. Ní bheidh feidhm ag forálacha na Foroinne seo maidir le seirbhísí cearrbhachais, seirbhísí craolacháin, seirbhísí closamhairc, seirbhísí nótairí nó gairmeacha coibhéiseacha ná maidir le seirbhísí ionadaíochta dlíthiúla.

AIRTEAGAL 18.47

Sainmhínithe

Chun críocha na Foroinne seo:

(a) ciallaíonn 'tomhaltóir' aon duine nádúrtha, nó aon duine dlítheanach má fhoráiltear maidir leis sin i ndlíthe agus rialacháin náisiúnta gach Páirtí, a úsáideann nó a iarrann seirbhís iompair teileachumarsáide poiblí, a shainmhínítear i bpointe (e) d'Airteagal 18.27, chun críoch lasmuigh dá thrádáil, dá ghnó nó dá ghairm;

(b) ciallaíonn 'cumarsáid margaíochta dírí' aon chineál fógraíochta trína gcuireann duine teachtaireachtaí margaíochta in iúl go díreach d'úsáideoirí deiridh trí líonra teileachumarsáide poiblí agus, chun críocha an Chomhaontaithe seo, lena gcumhdaítear ar a laghad ríomhphost, teachtaireachtaí téacs agus teachtaireachtaí ilmheán (SMS agus MMS);

(c) ciallaíonn 'seirbhís um fhíordheimhniú leictreonach' seirbhís trínar féidir an méid seo a leanas a dheimhniú:

(i) sainaithint leictreonach duine; nó

(ii) foinse agus sláine sonraí i bhfoirm leictreonach;

(d) ciallaíonn 'ríomhshíniú' sonraí i bhfoirm leictreonach atá ceangailte de shonraí leictreonacha eile, nó a bhfuil baint loighciúil acu leo, agus a chomhlíonann na ceanglais seo a leanas:

(i) úsáideann duine nádúrtha é chun teacht ar chomhaontú faoi na sonraí leictreonacha lena mbaineann sé;

(ii) tá sé nasctha leis na sonraí leictreonacha lena mbaineann sé, sa chaoi gur féidir aon athrú a dhéanfar ar na sonraí ina dhiaidh sin a bhrath; agus

(iii) úsáideann duine dlítheanach é chun tionscnamh agus sláine na sonraí leictreonacha lena mbaineann sé a áirithiú; agus

(e) ciallaíonn 'úsáideoir deiridh' aon duine a úsáideann nó a iarrann seirbhís teileachumarsáide atá ar fáil go poiblí, mar thomhaltóir nó chun críoch trádála, gnó nó gairmiúil.

AIRTEAGAL 18.48

Dleachtanna custaim ar tharchuir leictreonacha

1. Ní fhorchuirfidh Páirtí dleachtanna custaim ar tharchuir leictreonacha idir duine de Pháirtí amháin agus duine den Pháirtí eile.

2. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ní chuirfear bac le mír 1 ar Pháirtí cánacha inmheánacha, táillí nó muirir eile a fhorchur ar tharchuir leictreonacha, ar choinníoll go bhforchuirfear na cánacha, na táillí nó na muirir eile sin ar bhealach atá i gcomhréir leis an gCuid seo den Chomhaontú.

AIRTEAGAL 18.49

An prionsabal 'gan údarú roimh ré'

1. Féachfaidh na Páirtithe gan údarú roimh ré a cheangal maidir le soláthar seirbhíse trí mheán leictreonach ar an bhforas go soláthraítear an tseirbhís trí mheán leictreonach agus ar an bhforas sin amháin, nó gan aon cheanglas comhéifeachta eile a ghlacadh nó a choinneáil ar bun.

2. Níl feidhm ag mír 1 maidir le seirbhísí teileachumarsáide mar a shainmhínítear i bpointe (i) d’Airteagal 18.27 ná maidir le seirbhísí airgeadais mar a shainmhínítear i bpointe (a) d’Airteagal 18.39(1).

3. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ní choiscfidh aon ní ar Pháirtí bearta a ghlacadh nó a choinneáil ar bun atá ar neamhréir le mír 1 chun cuspóir dlisteanach beartais phoiblí a bhaint amach i gcomhréir leis an méid seo a leanas:

(a) AIRTEAGAL 18.1(4);

(b) Airteagal 18.40;

(c) Airteagal 28.1; agus

(d) Airteagal 28.2.

AIRTEAGAL 18.50

Conarthaí a thabhairt i gcrích trí mheán leictreonach

Áiritheoidh gach Páirtí go gceadaítear lena chóras dlí conarthaí a thabhairt i gcrích trí mheán leictreonach agus nach gcruthóidh a dhlíthe ná a rialacháin maidir le próisis chonarthacha bacainní ar úsáid conarthaí leictreonacha ná nach mbeidh mar thoradh orthu go mbainfear éifeacht dhlíthiúil agus bailíocht dhlíthiúil de na conarthaí sin ar an bhforas go ndearnadh trí mheán leictreonach iad, ach amháin má fhoráiltear maidir leis sin ina ndlíthe agus ina rialacháin[1].

[1] Ní bheidh feidhm ag an Airteagal seo maidir le conarthaí lena gcruthaítear nó lena n-aistrítear cearta i réadmhaoin; conarthaí lena gceanglaítear de réir dlí go mbeadh baint ag cúirteanna, údaráis phoiblí nó gairmeacha a fheidhmíonn údarás poiblí leo; conarthaí urraíochta arna ndeonú nó urrúis chomhthaobhacha arna dtabhairt ag daoine atá ag gníomhú chun críoch lasmuigh dá dtrádáil, dá ngnó nó dá ngairm; agus conarthaí a rialaítear leis an dlí teaghlaigh nó leis an dlí comharbais.

AIRTEAGAL 18.51

Seirbhísí ríomhshínithe agus fíordheimhniúcháin

1. Ní dhéanfaidh Páirtí éifeacht dhlíthiúil seirbhíse ríomhshínithe agus fíordheimhniúcháin ná a hinghlacthacht mar fhianaise in imeachtaí dlí a dhiúltú ar an mbonn gur i bhfoirm leictreonach atá sí agus ar an mbonn sin amháin.

2. Ní dhéanfaidh Páirtí bearta ná ní choinneoidh sé bearta ar bun lena rialaítear seirbhísí ríomhshínithe agus fíordheimhniúcháin, ar bearta iad lena ndéanfaí an méid seo a leanas:

(a) toirmeasc a chur ar pháirtithe in idirbheart leictreonach na modhanna leictreonacha is iomchuí dá n- idirbhearta a chinneadh go frithpháirteach; nó

(b) cosc a chur ar pháirtithe in idirbheart leictreonach an deis a bheith acu a chruthú d'údaráis bhreithiúnacha agus riaracháin go bhfuil a n- idirbheart leictreonach i gcomhréir le haon cheanglas dlí i ndáil le seirbhísí ríomhshínithe agus fíordheimhniúcháin.

AIRTEAGAL 18.52

Cumarsáid margaíochta dírí gan iarraidh

1. Féachfaidh gach Páirtí le húsáideoirí deiridh a chosaint go héifeachtach ar chumarsáid margaíochta dírí gan iarraidh.

2. Féachfaidh gach Páirtí lena áirithiú nach seolfaidh daoine cumarsáid margaíochta dírí chuig tomhaltóirí nár thoiligh[1] le cumarsáid den sórt sin a fháil.

3. D'ainneoin mhír 2, ceadóidh gach Páirtí do dhaoine a bhailigh, i gcomhréir lena dhlíthe agus lena rialacháin, sonraí teagmhála tomhaltóra i gcomhthéacs táirge nó seirbhís a dhíol, cumarsáid margaíochta dírí a sheoladh chuig an tomhaltóir sin le haghaidh a dtáirgí nó a seirbhísí comhchosúla féin.

4. Áiritheoidh gach Páirtí gur féidir cumarsáid margaíochta dírí a aithint go soiléir, go nochtfar léi cé dó a ndéantar í agus go mbeidh an fhaisnéis is gá inti chun é a chur ar a gcumas d'úsáideoirí deiridh scor a iarraidh saor in aisce agus tráth ar bith.

AIRTEAGAL 18.53

Cosaint tomhaltóirí

1. Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá sé bearta trédhearcacha éifeachtacha a ghlacadh agus a choinneáil ar bun chun tomhaltóirí a chosaint, lena n-áirítear iad a chosaint ar chleachtais tráchtála chalaoiseacha agus mhíthreoracha agus iad ag gabháil d'idirbhearta ríomhthráchtála.

[1] Saineofar toiliú i gcomhréir le dlíthe agus rialacháin gach Páirtí féin.

2. Chun críocha mhír 1, déanfaidh na Páirtithe bearta a ghlacadh nó a choinneáil ar bun a rannchuidíonn le hiontaoibh tomhaltóirí, lena n-áirítear bearta lena gcuirtear toirmeasc ar chleachtais tráchtála chalaoiseacha agus mheabhlacha. Leis na bearta sin, déanfar foráil maidir leis na nithe seo a leanas, i measc nithe eile:

(a) ceart na dtomhaltóirí faisnéis shoiléir chríochnúil a fháil maidir leis an tseirbhís agus lena soláthraí;

(b) an oibleagáid ar thrádálaithe gníomhú de mheon macánta agus cloí le cleachtais mhacánta margaidh, lena n-áirítear an méid sin a dhéanamh agus iad ag freagairt ceisteanna ó thomhaltóirí;

(c) toirmeasc ar mhuirear a ghearradh ar thomhaltóirí as seirbhísí nár iarradh nó ar feadh tréimhse ama nach bhfuil údaraithe ag an tomhaltóir; agus

(d) rochtain a bheith ag tomhaltóirí ar shásamh chun a gcearta a éileamh, lena n-áirítear rochtain ar shásamh a mhéid a bhaineann lena gceart chun leigheasanna i leith seirbhísí a n-íoctar astu agus nach soláthraítear mar a comhaontaíodh.

3. Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá comhar idir a ngníomhaireachtaí, faoi seach, atá i gceannas ar chosaint tomhaltóirí nó comhlachtaí ábhartha eile maidir le gníomhaíochtaí a bhaineann leis an ríomhthráchtáil, chun tomhaltóirí a chosaint agus muinín tomhaltóirí a fheabhsú.

AIRTEAGAL 18.54

Comhar rialála maidir le ríomhthráchtáil

1. Coinneoidh na Páirtithe comhar agus idirphlé ar bun maidir leis na saincheisteanna rialála a eascraíonn as an ríomhthráchtáil ar bhonn téarmaí agus coinníollacha arna gcomhaontú go frithpháirteach, lena dtabharfar aghaidh ar na saincheisteanna seo a leanas, i measc nithe eile:

(a) seirbhísí ríomhshínithe agus fíordheimhniúcháin idir- inoibritheacha trasteorann a aithint agus a éascú;

(b) an dliteanas atá ar sholáthraithe seirbhísí idirmheánacha maidir le faisnéis a tharchur nó a stóráil;

(c) láimhseáil cumarsáide margaíochta dírí;

(d) cosaint tomhaltóirí i réimse na ríomhthráchtála;

(e) trádáil gan pháipéar a chur chun cinn; agus

(f) aon saincheist eile atá ábhartha maidir le forbairt na ríomhthráchtála.

2. Leis an gcomhar dá dtagraítear i mír 1, díreofar ar mhalartú faisnéise faoi dhlíthe agus rialacháin na bPáirtithe, faoi seach, maidir leis na saincheisteanna sin, agus ar chur chun feidhme na ndlíthe agus na rialachán sin.

AIRTEAGAL 18.55

Tuiscint maidir le seirbhísí ríomhaireachta

1. Comhaontaíonn na Páirtithe, chun trádáil i seirbhísí a léirscaoileadh i gcomhréir le hAirteagail 18.3 agus 18.4, go measfar gur seirbhísí ríomhaireachta agus seirbhísí gaolmhara iad na nithe seo a leanas, bídís á seachadadh trí líonra nó ná bíodh, lena n-áirítear an t-idirlíon:

(a) an tsainchomhairleoireacht, an straitéis, an anailís, an phleanáil, an tsonraíocht, an dearadh, an fhorbairt, an tsuiteáil, an cur chun feidhme, an comhtháthú, an tástáil, an dífhabhtú, an nuashonrú, an tacaíocht, an cúnamh teicniúil, bainistiú ríomhairí nó córas ríomhaireachta nó bainistiú le haghaidh ríomhairí nó córais ríomhaireachta;

(b) cláir ríomhaireachta arb é an sainmhíniú atá orthu na tacair treoracha is gá chun ríomhairí a chur ag oibriú agus cumarsáid a dhéanamh (iontu féin), móide an tsainchomhairleoireacht, an straitéis, an anailís, an phleanáil, an tsonraíocht, an dearadh, an fhorbairt, an tsuiteáil, an cur chun feidhme, an comhtháthú, an tástáil, an dífhabhtú, an nuashonrú, an t-oiriúnú, an chothabháil, an tacaíocht, an cúnamh teicniúil, bainistiú nó úsáid ríomhchlár, nó bainistiú le haghaidh ríomhchlár nó a n-úsáid;

(c) seirbhísí próiseála sonraí, stóráil sonraí, óstáil sonraí nó bunachar sonraí;

(d) seirbhísí cothabhála agus deisiúcháin le haghaidh innealra agus trealamh oifige, lena n-áirítear ríomhairí; agus

(e) seirbhísí oiliúna le haghaidh baill foirne cliant, a bhaineann le ríomhchláir, ríomhairí nó ríomhchórais, seirbhísí nach bhfuil aicmithe áit ar bith eile.

2. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ní gá go measfar gur seirbhísí ríomhaireachta agus seirbhísí gaolmhara iontu féin iad seirbhísí arna gcumasú ag seirbhísí ríomhaireachta agus seirbhísí gaolmhara.

ROINN D

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA AGUS EISCEACHTAÍ

AIRTEAGAL 18.56

Pointí teagmhála

1. Tráth nach déanaí ná 1 (aon) bhliain amháin tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe, ainmneoidh gach Páirtí pointí teagmhála agus tabharfaidh sé fógra don Pháirtí eile faoina sonraí teagmhála d'fhonn an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) soláthar faisnéise don Pháirtí eile maidir le cur chun feidhme na Caibidle seo, amhail faisnéis maidir leis na nithe seo a leanas, a éascú:

  (i) gnéithe tráchtála agus teicniúla den soláthar seirbhísí; agus

  (ii) cáilíochtaí gairmiúla a chlárú, a aithint agus a fháil; agus

(b) breithniú a dhéanamh ar aon saincheist eile maidir le cur chun feidhme na Caibidle seo arna tarchur ag Páirtí.

2. Tabharfaidh gach Páirtí fógra go pras don Pháirtí eile faoi aon athrú ar na pointí teagmhála sin.

AIRTEAGAL 18.57

An Fochoiste um thrádáil i seirbhísí agus bunaíocht

1. Beidh na feidhmeanna seo a leanas ag an bhFochoiste um thrádáil i seirbhísí agus bunaíocht, a bhunaítear de bhun Airteagal 9.9(4), i dteannta na bhfeidhmeanna a liostaítear in Airteagail 2.4 agus 9.9:

(a) an obair theicniúil ullmhúcháin a dhéanamh i gcás athbhreithniú ar an gCaibidil seo i gcomhréir le hAirteagal 18.58; agus

(b) ábhair ábhartha a phlé maidir le trádáil i seirbhísí agus bunaíocht, lena n-áirítear deiseanna chun infheistíocht fhrithpháirteach san earnáil seirbhísí agus san earnáil neamhsheirbhísí a leathnú.

2. Féadfaidh an Fochoiste cuireadh a thabhairt, ar bhonn *ad hoc*, d’ionadaithe ó eintitis ábhartha, ag a bhfuil an saineolas is gá, saineolas atá ábhartha maidir leis na saincheisteanna a bhfuil aghaidh le tabhairt orthu.

AIRTEAGAL 18.58

Clásal athbhreithnithe

I bhfianaise a chuspóirí, féadfar athbhreithniú a dhéanamh ar an gCaibidil seo tráth nach luaithe ná 3 (trí) bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, nó i gcomhthéacs athbhreithniú foriomlán ar an gComhaontú seo.

AIRTEAGAL 18.59

Diúltú sochar

Féadfaidh Páirtí sochair na Caibidle seo a dhiúltú dóibh seo a leanas:

(a) soláthar seirbhíse, má shuíonn sé go soláthraítear an tseirbhís ó chríoch tríú tír nó ar chríoch tríú tír; nó

(b) duine dlítheanach, má shuíonn sé gur duine dlítheanach tríú tír é.

CAIBIDIL 19

AISTRITHE NÓ ÍOCAÍOCHTAÍ
I dTACA LE hIDIRBHEARTA CUNTAS REATHA,
GLUAISEACHTAÍ CAIPITIL AGUS BEARTA COIMIRCE SEALADACHA

AIRTEAGAL 19.1

Cuntas caipitil

Ceadóidh gach Páirtí, i dtaca le hidirbhearta ar chuntas caipitil agus airgeadais an chomhardaithe íocaíochtaí, saorghluaiseacht chaipitil chun críoch bunaíochta nó infheistíochtaí díreacha mar a fhoráiltear i gCaibidil 18. Áireofar ar ghluaiseachtaí den sórt sin leachtú nó aisdúichiú an chaipitil sin.

AIRTEAGAL 19.2

Cuntas reatha

Ceadóidh gach Páirtí, in airgeadra is inmhalartaithe go héasca agus i gcomhréir le hAirteagail Chomhaontaithe an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta a glacadh ag Comhdháil Airgeadaíochta agus Airgeadais na Náisiún Aontaithe, in Bretton Woods, New Hampshire, an 22 Iúil 1944 (dá ngairtear 'Comhaontú an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta' anseo feasta), aon íocaíocht agus aistriú i dtaca le hidirbhearta ar chuntas reatha an chomhardaithe íocaíochtaí, ar íocaíochtaí agus aistrithe iad a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe seo.

AIRTEAGAL 19.3

Dlíthe agus rialacháin a bhaineann le haistrithe
nó íocaíochtaí i dtaca le hidirbhearta cuntas reatha agus gluaiseachtaí caipitil a chur i bhfeidhm

Ní fhorléireofar aon ní in Airteagail 19.1 agus 19.2 mar ní lena gcuirfear cosc ar Pháirtí a dhlíthe agus a rialacháin a chur i bhfeidhm ar bhealach cothrom neamh-idirdhealaitheach, agus ar bhealach nach gcuirfí srian faoi cheilt ar aistrithe nó íocaíochtaí i dtaca le hidirbhearta cuntas reatha nó ar ghluaiseachtaí caipitil de réir a dhlíthe agus rialacháin a bhaineann leis na nithe seo a leanas:

(a) féimheacht, dócmhainneacht nó cosaint chearta na gcreidiúnaithe;

(b) déileáil nó trádáil in urrúis nó iad a eisiúint;

(c) cionta coiriúla nó pionósacha[1];

(d) tuairisciú airgeadais nó taifeadadh ar aistrithe más gá chun cuidiú le forfheidhmiú an dlí nó le húdaráis rialála airgeadais; nó

(e) sásamh breithiúnas in imeachtaí breithiúnais.

AIRTEAGAL 19.4

Bearta coimirce sealadacha

Más rud é, in imthosca eisceachtúla, go bhfuil aistrithe nó íocaíochtaí i dtaca le hidirbhearta cuntas reatha nó gluaiseachtaí caipitil ina gcúis nó go mbagraíonn siad a bheith ina gcúis le deacrachtaí tromchúiseacha le haghaidh oibriú Aontas Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta an Aontais Eorpaigh, féadfaidh an tAontas Eorpach bearta coimirce a ghlacadh a bhfuil fíorghá leo chun aghaidh a thabhairt ar na deacrachtaí sin nó ar an mbagairt ina leith ar feadh tréimhse nach faide ná 6 (sé) mhí.

[1] Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, áirítear orthu sin dlíthe agus rialacháin maidir leis an sciúradh airgid agus maoiniú na sceimhlitheoireachta a chomhrac.

AIRTEAGAL 19.5

Srianta chun an comhardú íocaíochtaí a chosaint

1. Más rud é, in imthosca eisceachtúla, go mbíonn deacrachtaí tromchúiseacha ag Páirtí maidir leis an gcomhardú íocaíochtaí, lena n-áirítear deacrachtaí maidir le hoibriú an bheartais airgeadaíochta nó an bheartais ráta malairte, nó deacrachtaí airgeadais seachtracha nó bagairt ina leith, féadfaidh sé bearta sriantacha a ghlacadh nó a choinneáil ar bun maidir le haistrithe nó íocaíochtaí i dtaca le hidirbhearta cuntas reatha nó gluaiseachtaí caipitil.

2. Maidir leis na bearta dá dtagraítear i mír 1:

(a) beidh siad neamh-idirdhealaitheach i gcomparáid leo siúd a chuirtear i bhfeidhm maidir le tríú tír i gcásanna comhchosúla;

(b) beidh siad comhsheasmhach le hAirteagail Chomhaontaithe an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta, de réir mar is infheidhme;

(c) seachnófar leo go ndéanfar damáiste neamhriachtanach do leasanna tráchtála, eacnamaíocha agus airgeadais an Pháirtí eile; agus

(d) beidh siad sealadach agus comhréireach agus beidh fíorghá leo chun aghaidh a thabhairt ar na deacrachtaí agus cuirfear deireadh de réir a chéile leo de réir mar a thiocfaidh feabhas ar an staid dá dtagraítear i mír 1. Má thagann imthosca fíoreisceachtúla chun cinn sa chaoi go bhféachfaidh Páirtí le síneadh is faide ná 1 (aon) bhliain amháin a chur leis na bearta sin, tabharfaidh sé fógra don Pháirtí eile go dtabharfaidh sé an síneadh sin isteach.

## AIRTEAGAL 19.6

### Forálacha críochnaitheacha

1. Ní fhorléireofar aon ní sa Chaibidil seo mar ní lena dteorannófar cearta oibreoirí eacnamaíocha na bPáirtithe tairbhiú d'aon chóir níos fabhraí dá bhforáiltear in aon chomhaontú déthaobhach nó iltaobhach atá ann cheana a bhfuil Páirtí ina pháirtí ann.

2. Rachaidh na Páirtithe i gcomhairle le chéile d'fhonn gluaiseacht caipitil a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe seo eatarthu a éascú chun cuspóirí an Chomhaontaithe seo a chur chun cinn.

# CAIBIDIL 20

# SOLÁTHAR RIALTAIS

## AIRTEAGAL 20.1

### Cuspóirí

Aithníonn na Páirtithe go rannchuidíonn nós imeachta tairisceana trédhearcach iomaíoch oscailte leis an bhforbairt eacnamaíoch agus leagann siad síos mar chuspóir oscailt éifeachtach a margaí soláthair féin.

AIRTEAGAL 20.2

Sainmhínithe

Chun críocha na Caibidle seo, tá feidhm ag na sainmhínithe a leanas:

(a) ciallaíonn 'earraí nó seirbhísí tráchtála' earraí nó seirbhísí de chineál a dhíoltar nó a bhíonn ar díol go ginearálta sa mhargadh tráchtála le ceannaitheoirí neamhrialtasacha chun críoch neamhrialtasach, agus arb iadsan a cheannaíonn de ghnáth iad;

(b) ciallaíonn 'seirbhís foirgníochta' seirbhís a bhfuil sé ina chuspóir aici oibreacha sibhialta nó oibreacha tógála a bhaint amach, ar cibé bealach, bunaithe ar Rannán 51 de ALT;

(c) ciallaíonn 'ceant leictreonach' próiseas atriallach a mbíonn úsáid modhanna leictreonacha i gceist leis ionas go gcuirfidh soláthróir i láthair praghsanna nua, nó luachanna nua d'eilimintí inchainníochtaithe neamhphraghais den tairiscint a bhaineann leis na critéir mheastóireachta, nó iad araon, a mbeidh rangú nó athrangú tairiscintí ina thoradh air;

(d) ciallaíonn 'i scríbhinn' nó 'scríofa' aon léiriú i bhfocail nó in uimhreacha is féidir a léamh, a mhacasamhlú agus a chur in iúl níos déanaí; féadfar faisnéis a tharchuirtear agus a stóráiltear go leictreonach a áireamh leis;

(e) ciallaíonn 'nós imeachta tairisceana teoranta' modh soláthair trína ndéanann an t-eintiteas soláthair teagmháil lena rogha soláthróir nó soláthróirí;

(f) ciallaíonn 'beart' aon dlí, rialachán, nós imeachta, treoraíocht riaracháin nó cleachtas, nó aon ghníomhaíocht de chuid eintiteas soláthair a bhaineann le soláthar faoi chumhdach;

(g) ciallaíonn 'liosta ilúsáide' liosta soláthróirí ar chinn eintiteas soláthair ina leith go gcomhlíonann siad na coinníollacha i dtaobh rannpháirtíocht sa liosta sin, agus a mbeartaíonn an t- eintiteas soláthair leas a bhaint astu níos mó ná uair amháin;

(h) ciallaíonn 'caibidlíocht' bealach chun an nós imeachta soláthair a dhéanamh faoi réir phrionsabail na trédhearcachta agus an neamh-idirdhealaithe, a bheidh teoranta do chásanna sonracha ina gceadaítear d'eintitis soláthair caibidlíocht a dhéanamh le soláthróirí i gcás ina gcomhlíontar coinníollacha áirithe;

(i) ciallaíonn 'fógra faoi sholáthar beartaithe' fógra arna fhoilsiú ag eintiteas soláthair ina n- iarrtar ar sholáthróirí leasmhara iarraidh a chur isteach ar rannpháirtíocht, nó tairiscint a chur isteach, nó iad araon;

(j) ciallaíonn 'fritháirimh' bearta a úsáidtear chun forbairt áitiúil a spreagadh nó chun feabhas a chur ar chuntais comhardaithe íocaíochtaí trí bhíthin úsáid a bhaint as ábhar intíre, ceadúnú teicneolaíochta, ceanglais infheistíochta, fritrádáil nó ceanglais chomhchosúla;

(k) ciallaíonn 'nós imeachta tairisceana oscailte' modh soláthair faoinar féidir le gach soláthróir leasmhar tairiscint a chur isteach;

(l) ciallaíonn 'eintiteas soláthair' eintiteas a chumhdaítear faoi na Foscríbhinní a ghabhann le hIarscríbhinní 20-A go 20-E;

(m) ciallaíonn 'soláthróir cáilithe' soláthróir a aithníonn eintiteas soláthair mar sholáthróir a bhfuil na coinníollacha rannpháirtíochta comhlíonta aige;

(n) ciallaíonn 'nós imeachta tairisceana ar cuireadh' modh soláthair faoina n-iarrann an t-eintiteas soláthair ar sholáthróirí cáilithe amháin tairiscint a chur isteach;

(o) áirítear le 'seirbhísí' seirbhísí foirgníochta, mura sonraítear a mhalairt;

(p) ciallaíonn 'caighdeán' doiciméad arna fhormheas ag comhlacht aitheanta lena soláthraítear, le haghaidh úsáid choiteann agus athúsáide, rialacha, treoirlínte nó saintréithe le haghaidh earraí nó seirbhísí, nó próisis agus modhanna táirgthe gaolmhara, nach bhfuil a gcomhlíonadh sainordaitheach; féadfar a áireamh leis freisin téarmaíocht, siombailí, ceanglais phacáistíochta, ceanglais mharcála nó ceanglais lipéadaithe de réir mar atá feidhm acu maidir le hearra, seirbhís, próiseas nó modh táirgthe, nó féadfar go ndéileálfar leis an méid sin iontu, agus an méid sin amháin;

(q) ciallaíonn 'soláthróir' duine nó daoine a sholáthraíonn earraí nó seirbhísí nó a d'fhéadfadh earraí nó seirbhísí a sholáthar; agus

(r) ciallaíonn 'sonraíocht theicniúil' ceanglas tairisceana:

(i) lena leagtar síos na tréithe a bhaineann le hearraí nó seirbhísí atá le soláthar, lena n- áirítear cáilíocht, feidhmíocht, sábháilteacht agus toisí, nó na próisis agus na modhanna chun iad a tháirgeadh nó a sholáthar; nó

(ii) lena dtugtar aghaidh ar théarmaíocht, siombailí, ceanglais phacáistíochta, ceanglais mharcála nó ceanglais lipéadaithe, de réir mar atá feidhm acu maidir le hearra nó le seirbhís.

AIRTEAGAL 20.3

Raon feidhme

1. Tá feidhm ag an gCaibidil seo maidir le soláthar faoi chumhdach. Ciallaíonn 'soláthar faoi chumhdach' soláthar chun críoch rialtais:

(a) earraí, seirbhísí, nó aon teaglama díobh:

(i) mar a shonraítear i bhFoscríbhinní gach Páirtí a ghabhann le hIarscríbhinní 20-A go 20-E; agus

(ii) nach soláthraítear d'fhonn é, í nó iad a dhíol nó a athdhíol ar bhonn tráchtála, ná a úsáid i ndáil le hearraí nó seirbhísí a tháirgeadh nó a sholáthar le haghaidh díol nó athdhíol ar bhonn tráchtála;

(b) trí aon mhodh conarthach, lena n- áirítear: ceannach; léas; fáil ar cíos nó fruilcheannach, le rogha maidir le ceannach nó gan í;

(c) a bhfuil a luach cothrom leis an tairseach ábhartha a shonraítear i bhFoscríbhinní gach Páirtí a ghabhann le hIarscríbhinn 20-A go 20-E, nó os cionn na tairsí sin, tráth foilsithe fógra i gcomhréir le hAirteagal 20.13;

(d) ag eintiteas soláthair mar a shonraítear i bhFoscríbhinní gach Páirtí a ghabhann le hIarscríbhinní 20-A go 20-E; agus

(e) nach n-eisiatar ar bhealach eile ón gcumhdach.

2. Mura bhforáiltear a mhalairt i bhFoscríbhinní gach Páirtí a ghabhann le hIarscríbhinní 20-A go 20-E, níl feidhm ag an gCaibidil seo maidir leis an méid seo a leanas:

(a) talamh, foirgnimh atá ann cheana nó maoin dhochorraithe eile nó na cearta ina leith a fháil nó a fháil ar cíos;

(b) comhaontuithe neamhchonarthacha nó aon chineál cúnaimh a sholáthraíonn Páirtí, lena n-áirítear comhaontuithe comhoibritheacha, deontais, iasachtaí, instealltaí cothromais, ráthaíochtaí agus dreasachtaí fioscacha, soláthar earraí agus seirbhísí rialtais d'eintitis rialtais stáit, réigiúnacha nó áitiúla;

(c) soláthar nó fáil seirbhísí gníomhaireachta fioscaí nó taisclainne, seirbhísí leachtaithe agus bainistíochta i gcomhair institiúidí airgeadais faoi rialáil nó seirbhísí a bhaineann le fiachas poiblí a dhíol, a fhuascailt agus a dháileadh, lena n- áirítear iasachtaí agus bannaí rialtais, nótaí agus urrúis eile;

(d) conarthaí fostaíochta poiblí; nó

(e) soláthar a dhéantar:

(i) go sonrach chun cúnamh idirnáisiúnta, lena n-áirítear cúnamh forbraíochta, a sholáthar;

(ii) faoin nós imeachta áirithe nó faoin gcoinníoll áirithe de chomhaontú idirnáisiúnta a bhaineann le trúpaí a lonnú;

(iii) faoin nós imeachta áirithe nó faoin gcoinníoll áirithe de chomhaontú idirnáisiúnta a bhaineann le cur chun feidhme comhpháirteach tionscadail arna dhéanamh ag na tíortha sínithe; nó

(iv) faoin nós imeachta áirithe nó faoin gcoinníoll áirithe de chuid eagraíocht idirnáisiúnta, nó arna chistiú ag deontais, iasachtaí nó cúnamh idirnáisiúnta eile, sa chás ina mbeadh an nós imeachta nó an coinníoll is infheidhme ar neamhréir leis an gCaibidil seo.

3. Sonróidh gach Páirtí an fhaisnéis seo a leanas i ngach ceann de na Foscríbhinní a ghabhann le hIarscríbhinní 20-A go 20-E:

(a) i bhFoscríbhinní 20-A-1, 20-B-1, 20-C-1, 20-D-1 agus 20-E-1, na heintitis rialtais láir a gcumhdaítear a soláthar leis an gCaibidil seo;

(b) i bhFoscríbhinní 20-A-2, 20-B-2, 20-C-2, 20-D-2 agus 20-E-2, na heintitis rialtais fholáir a gcumhdaítear a soláthar leis an gCaibidil seo;

(c) i bhFoscríbhinní 20-A-3, 20-B-3, 20-C-3, 20-D-3 agus 20-E-3, gach eintiteas eile a gcumhdaítear a soláthar leis an gCaibidil seo;

(d) i bhFoscríbhinní 20-A-4, 20-B-4, 20-C-4, 20-D-4 agus 20-E-4, na hearraí a chumhdaítear leis an gCaibidil seo;

(e) i bhFoscríbhinní 20-A-5, 20-B-5, 20-C-5, 20-D-5 agus 20-E-5, na seirbhísí, seachas seirbhísí foirgníochta, a chumhdaítear leis an gCaibidil seo;

(f) i bhFoscríbhinní 20-A-6, 20-B-6, 20-C-6, 20-D-6 agus 20-E-6, na seirbhísí foirgníochta a chumhdaítear leis an gCaibidil seo; agus

(g) i bhFoscríbhinní 20-A-7, 20-B-7, 20-C-7, 20-D-7 agus 20-E-7, aon Nóta Ginearálta.

4. I gcás ina gceanglóidh eintiteas soláthair, i gcomhthéacs soláthair faoi chumhdach, ar dhaoine nach gcumhdaítear faoi Fhoscríbhinní Páirtí a ghabhann le hIarscríbhinní 20-A go 20-E soláthar a dhéanamh thar a cheann, beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagal 20.6.

AIRTEAGAL 20.4

Luacháil conarthaí

1. Agus luach soláthair á mheas ag eintiteas soláthair chun a fháil amach cé acu is soláthar faoi chumhdach atá ann nó nach ea, déanfaidh sé an méid seo a leanas:

(a) ní roinnfidh sé soláthar ina sholáthairtí ar leithligh ná ní dhéanfaidh sé modh luachála áirithe a roghnú ná a úsáid chun luach soláthair a mheas agus é ar intinn aige an soláthar sin a eisiamh ina iomláine, nó cuid de a eisiamh, ó chur i bhfeidhm na Coda seo den Chomhaontú; agus

(b) cuirfidh sé san áireamh uasluach measta iomlán an tsoláthair thar a ré iomlán, cibé acu a dhéantar é a dhámhachtain ar sholáthróir amháin nó níos mó nó nach ndéantar, agus beidh gach cineál luacha saothair á chur san áireamh aige, lena n- áirítear:

(i) préimheanna, táillí, coimisiúin agus ús; agus

(ii) má dhéantar foráil leis an soláthar don fhéidearthacht roghanna a bheith ann, luach iomlán na roghanna sin.

2. Más toradh ar riachtanas aonair le soláthar é go ndéantar breis is aon chonradh amháin a dhámhachtain, nó go ndéantar conarthaí a dhámhachtain ina gcodanna ar leithligh (dá ngairtear i dteannta a chéile 'soláthairtí athfhillteacha' anseo feasta), beidh ríomh an uasluacha iomláin mheasta bunaithe ar

(a) luach soláthairtí athfhillteacha den chineál céanna earra nó seirbhíse a dámhadh le linn an 12 mhí (dhá mhí dhéag) roimhe sin nó le linn bhliain fhioscach roimhe sin an eintitis soláthair, arna choigeartú, nuair is féidir, chun athruithe réamh- mheasta ar chainníocht nó luach an earra nó na seirbhíse arna soláthar sa 12 mhí (dhá mhí dhéag) dá éis sin a chur san áireamh; nó

(b) luach measta soláthairtí athfhillteacha den chineál céanna earra nó seirbhíse atá le dámhachtain le linn an 12 mhí (dhá mhí dhéag) i ndiaidh na chéad dámhachtana conartha nó le linn bhliain fhioscach an eintitis soláthair.

3. I gcás soláthar trí léas, cíos, nó fruilcheannach earraí nó seirbhísí, nó soláthar nach bhfuil praghas iomlán sonraithe ina leith, is éard a bheidh sa bhonn luachála:

(a) i gcás conradh ar théarma seasta

(i) más téarma 12 mhí nó níos lú atá sa chonradh, an t-uasluach measta iomlán ar feadh a ré; nó

(ii) má théann téarma an chonartha thar 12 mhí, an t-uasluach measta iomlán, lena n-áirítear aon luach iarmharach measta;

(b) má tá tréimhse éiginnte ag an gconradh, an tráthchuid mhíosúil mheasta arna hiolrú faoi 48 (daichead a hocht); agus

(c) mura bhfuil sé cinnte an conradh téarma sheasta nó an conradh tréimhse éiginnte a bheidh sa chonradh, beidh feidhm ag pointe (b).

AIRTEAGAL 20.5

Eisceachtaí slándála agus eisceachtaí ginearálta

1. Ní fhorléireofar aon ní sa Chaibidil seo mar ní lena gcoiscfear ar Pháirtí aon ghníomhaíocht a dhéanamh nó gan aon fhaisnéis a nochtadh a mheasann sé is gá ar mhaithe le cosaint a leasanna slándála fíor-riachtanacha a bhaineann le soláthar arm, armlóin, táirgí a bhaineann le cosaint nó ábhar cogaidh, nó a bhaineann le soláthar atá fíor-riachtanacha ó thaobh na slándála náisiúnta de nó chun críocha na cosanta náisiúnta.

2. Faoi réir an cheanglais nach gcuirfear na bearta sin i bhfeidhm ar bhealach lena ndéanfaí idirdhealú treallach nó idirdhealú gan údar idir na Páirtithe i gcás ina mbeidh na dálaí céanna i réim, nó ar bhealach a bheadh ina shrianadh faoi cheilt ar thrádáil idir na Páirtithe, ní fhorléireofar aon ní sa Chaibidil seo mar ní lena gcoiscfear ar Pháirtí bearta a ghlacadh nó a choinneáil ar bun:

(a) ar bearta iad a bhaineann le hearraí nó seirbhísí ó dhaoine nádúrtha faoi mhíchumas, ó institiúidí daonchairdiúla nó ó shaothar príosúin;

(b) ar bearta iad is gá chun moráltacht, ord nó sábháilteacht an phobail a chosaint;

(c) ar bearta iad is gá chun beatha nó sláinte an duine, ainmhithe nó plandaí a chosaint, lena n-áirítear bearta comhshaoil; nó

(d) ar bearta iad a bhfuil gá leo chun maoin intleachtúil a chosaint.

AIRTEAGAL 20.6

Neamh-idirdhealú

1. Maidir le haon bheart a bhaineann le soláthar faoi chumhdach:

(a) déanfaidh an tAontas Eorpach, lena n-áirítear a eintitis soláthair, cóir a thabhairt láithreach agus gan choinníoll d’earraí agus seirbhísí Stáit Sínithe MERCOSUR agus do sholáthróirí Stáit Sínithe MERCOSUR a chuireann na hearraí agus na seirbhísí sin ar fáil, cóir nach lú fabhar ná an chóir a thugtar dá earraí, dá sheirbhísí agus dá sholáthróirí intíre;

(b) déanfaidh gach Stát Sínithe MERCOSUR, lena n-áirítear a eintitis soláthair, cóir a thabhairt láithreach agus gan choinníoll d’earraí agus seirbhísí an Aontais Eorpaigh agus do sholáthróirí an Aontais Eorpaigh a chuireann na hearraí agus na seirbhísí sin ar fáil, cóir nach lú fabhar ná an chóir a thugtar dá earraí, dá sheirbhísí agus dá sholáthróirí intíre.

2. Maidir le haon bheart a bhaineann le soláthar faoi chumhdach, ní dhéanfaidh an tAontas Eorpach ná aon cheann de Stáit Sínithe MERCOSUR, lena n-áirítear a n-eintitis soláthair, an méid seo a leanas:

(a) cóir is lú fabhar a thabhairt do sholáthróir atá bunaithe go háitiúil ná an chóir a thugtar do sholáthróir eile atá bunaithe go háitiúil ar bhonn mhéid na cleamhnachta eachtraí le daoine de chuid an Pháirtí eile nó ar bhonn úinéireacht a bheith ag daoine de chuid an Pháirtí eile[1] [2]; nó

(b) idirdhealú in aghaidh soláthróir atá bunaithe go háitiúil ar an mbonn gur earraí nó seirbhísí den Pháirtí eile iad na hearraí nó na seirbhísí a thairgeann an soláthróir i leith soláthar áirithe.

3. Níl feidhm ag an Airteagal seo maidir le dleachtanna custaim ná aon bheart eile de chineál coibhéiseach a bhfuil tionchar aige ar thrádáil eachtrach, ná maidir le rialacháin agus bearta allmhairiúcháin eile a dhéanann difear do thrádáil i seirbhísí, atá éagsúil leis na rialacháin agus na bearta lena rialaítear go sonrach soláthar poiblí a chumhdaítear faoin gCaibidil seo.

---

[1] D'ainneoin Airteagal 20.3(1), i gcás an Aontais Eorpaigh agus na hAirgintíne, beidh feidhm ag mír 2(a) maidir le gach soláthar san Airgintín i ndáil le soláthróirí de chuid an Aontais Eorpaigh ar daoine dlítheanacha iad atá bunaithe san Airgintín, agus san Aontas Eorpach i ndáil le soláthróirí de chuid na hAirgintíne ar daoine dlítheanacha iad atá bunaithe san Aontas Eorpach. Tá sé sin fós faoi réir eisceachtaí slándála agus ginearálta mar a shainítear in Airteagal 20.5.

[2] D'ainneoin Airteagal 20.3(1), i gcás an Aontais Eorpaigh agus na Brasaíle, beidh feidhm ag mír 2(a) maidir le gach soláthar sa Bhrasaíl i ndáil le soláthróirí de chuid an Aontais Eorpaigh ar daoine dlítheanacha iad atá bunaithe sa Bhrasaíl, agus san Aontas Eorpach i ndáil le soláthróirí de chuid na Brasaíle ar daoine dlítheanacha iad atá bunaithe san Aontas Eorpach. Tá sé sin fós faoi réir eisceachtaí slándála agus ginearálta mar a shainítear in Airteagal 20.5.

AIRTEAGAL 20.7

Meán leictreonach a úsáid

1. Déanfaidh gach Páirtí soláthar faoi chumhdach trí mheán leictreonach a mhéid is féidir agus oibreoidh sé i gcomhar chun an úsáid a bhaintear as modhanna leictreonacha i gcórais soláthair rialtais a fhorbairt agus a leathnú.

2. Má dhéanann eintiteas soláthair soláthar faoi chumhdach trí mheán leictreonach, déanfaidh sé an méid seo a leanas:

(a) áiritheoidh sé go ndéanfar an soláthar trí úsáid a bhaint as córais agus bogearraí teicneolaíochta faisnéise, lena n- áirítear iad siúd a bhaineann le fíordheimhniú agus criptiú faisnéise, atá ar fáil i gcoitinne agus atá idir- inoibritheach le córais agus bogearraí teicneolaíochta faisnéise eile atá ar fáil i gcoitinne; agus

(b) sásraí a choinneáil ar bun lena n-áirithítear sláine iarratas ar rannpháirtíocht agus sláine tairiscintí, lena n-áirítear tráth na fála a shuí agus rochtain mhíchuí a chosc.

AIRTEAGAL 20.8

Seoladh soláthair

Déanfaidh eintiteas soláthair soláthar faoi chumhdach ar bhealach trédhearcach neamhchlaonta lena seachnófar coinbhleachtaí leasa, lena gcuirfear cosc ar chleachtais éillitheacha agus ar bhealach a bheidh i gcomhréir leis an gCaibidil seo, agus úsáid á baint as na modhanna seo a leanas: nós imeachta tairisceana oscailte, nós imeachta tairisceana ar cuireadh nó nós imeachta teoranta tairisceana. Déanfaidh gach Páirtí smachtbhannaí a ghlacadh nó a choinneáil ar bun in aghaidh cleachtais éillitheacha de réir a dhlí.

AIRTEAGAL 20.9

Rialacha tionscnaimh

Chun críocha Airteagal 20.6, déanfar tionscnamh earraí a chinneadh ar bhonn neamhfhabhrach.

AIRTEAGAL 20.10

Diúltú sochar

Gan dochar do thréimhsí ama an nós imeachta soláthair, agus faoi réir fógra a thabhairt roimh ré do sholáthróir seirbhíse de chuid an Pháirtí eile agus, má iarrtar sin, comhairliúcháin a dhéanamh le soláthróir seirbhíse de chuid an Pháirtí eile, féadfaidh Páirtí sochair na Caibidle seo a dhiúltú don soláthróir sin, más duine dlítheanach den Pháirtí eile é an soláthróir sin nach bhfuil ag gabháil d'oibriú gnó substaintiúil i gcríoch an Pháirtí eile sin.

AIRTEAGAL 20.11

Fritháirimh

Maidir le soláthar faoi chumhdach, ní dhéanfaidh Páirtí fritháirimh a lorg, a chur san áireamh, a fhorchur ná a fhorfheidhmiú.

AIRTEAGAL 20.12

Faisnéis soláthair a fhoilsiú

1. Déanfaidh gach Páirtí an méid seo a leanas:

(a) aon dlí, rialachán, cinneadh breithiúnach nó rialú riarthach a bhfuil feidhm ghinearálta aige, clásail chonartha chaighdeánacha arna sainordú le dlí nó rialachán agus arna n-ionchorprú trí thagairt i bhfógraí agus i ndoiciméadacht agus nós imeachta tairisceana maidir le soláthar faoi chumhdach, agus aon mhodhnú orthu, a fhoilsiú go pras i meán leictreonach nó meán páipéir arna ainmniú go foirmiúil, a scaiptear go forleathan agus a mbíonn rochtain éasca ag an bpobal air;

(b) tuilleadh faisnéise a sholáthar, má iarrann an Páirtí eile amhlaidh, maidir le cur i bhfeidhm na bhforálacha sin;

(c) liosta a dhéanamh, i bhFoscríbhinní 20-F-1, 20-G-1, 20-H-1, 20-I-1 agus 20-J-1, de na meáin leictreonacha nó pháipéir ina bhfoilsíonn an Páirtí an fhaisnéis a shonraítear i bpointe (a);

(d) liosta a dhéanamh, i gcás ina bhfuil fáil orthu i bhFoscríbhinní 20-F-2, 20-G-2, 20-H-2, 20-I-2 agus 20-J-2, de na meáin leictreonacha ina bhfoilsíonn an Páirtí na fógraí a cheanglaítear le hAirteagail 20.13, 20.15(4) agus 20.23(2).

2. Tabharfaidh gach Páirtí fógra don Pháirtí eile go pras faoi aon mhodhnú ar an bhfaisnéis a liostaítear ina Fhoscríbhinní a ghabhann le hIarscríbhinní 20-F go 20-J. Leasóidh an Chomhairle Chomhpháirteach i gcumraíocht trádála Iarscríbhinní 20-F go 20-J dá réir sin, de bhun phointe (f) d'Airteagal 9.7(1).

AIRTEAGAL 20.13

Fógraí a fhoilsiú

Fógra faoi sholáthar beartaithe

1. I gcás gach soláthair faoi chumhdach, seachas sna himthosca a shonraítear in Airteagal 20.20, foilseoidh eintiteas soláthair fógra faoi sholáthar beartaithe, a bheidh inrochtana ag an Aontas Eorpach ar an leibhéal Eorpach agus ag Stáit Sínithe MERCOSUR ar an leibhéal náisiúnta go díreach trí mheán leictreonach, saor in aisce, trí phointe rochtana aonair, nó nuair a bhunófar an pointe rochtana aonair sin ar leibhéal MERCOSUR. Beidh rochtain éasca ag an bpobal ar an bhfógra faoi sholáthar beartaithe, go dtí go rachaidh an tréimhse ama a shonraítear san fhógra in éag ar a laghad. Liostóidh gach Páirtí an meán leictreonach ina Fhoscríbhinní a ghabhann le hIarscríbhinní 20-F go 20-J. Áireofar i ngach ceann de na fógraí sin an fhaisnéis a leagtar amach in Iarscríbhinn 20-O.

Fógra achomair

2. I leith gach cáis de sholáthar beartaithe, foilseoidh eintiteas soláthair fógra achomair a bhfuil rochtain éasca air, an tráth céanna a fhoilseofar an fógra faoi sholáthar beartaithe, i gceann de theangacha EDT ina bhfuil Comhaontú EDT barántúil. Áireofar i ngach ceann de na fógraí sin an fhaisnéis a leagtar amach in Iarscríbhinn 20-K.

Fógra faoi sholáthar pleanáilte

3. Moltar d'eintitis soláthair fógra faoina bpleananna soláthair amach anseo a fhoilsiú a luaithe is féidir gach bliain fhioscach sa mheán páipéir nó sa mheán leictreonach iomchuí a liostaítear i bhFoscríbhinní a ghabhann le hIarscríbhinní 20-F go 20-J. Ba cheart a áireamh san fhógra sin ábhar an tsoláthair agus an dáta atá beartaithe d'fhoilsiú an fhógra faoi sholáthar beartaithe.

4. Eintiteas soláthair i bhFoscríbhinní 12-A-2, 12-A-3, 12-B-2, 12-B-3, 12-C-2, 12-C-3, 12-D-2, 12-D-3, 12-E-2 agus 12-E-3 a ghabhann le hIarscríbhinní 20-A go 20-E, féadfaidh sé fógra faoi sholáthar pleanáilte a úsáid mar fhógra faoi sholáthar beartaithe, ar choinníoll go n-áireofar ann a oiread faisnéise dá dtagraítear in Iarscríbhinn 20-O agus atá ar fáil, mar aon le ráiteas gur cheart do sholáthróirí leasmhara a leas sa soláthar a chur in iúl don eintiteas soláthair.

AIRTEAGAL 20.14

Coinníollacha maidir le rannpháirtíocht

1. Déanfaidh eintiteas soláthair aon choinníoll maidir le rannpháirtíocht i soláthar a theorannú dóibh siúd atá fíor- riachtanach lena áirithiú go mbeidh na hacmhainneachtaí dlíthiúla agus airgeadais agus an cumas tráchtála agus teicniúil ag soláthróir chun an soláthar ábhartha a ghabháil ar láimh.

2. Agus measúnú á dhéanamh ag eintiteas soláthair ar cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann soláthróir na coinníollacha maidir le rannpháirtíocht, déanfaidh sé meastóireacht ar acmhainneachtaí airgeadais agus ar chumas tráchtála agus teicniúil soláthróra ar bhonn ghníomhaíochtaí gnó an tsoláthróra sin laistigh agus lasmuigh de chríoch Pháirtí an eintitis soláthair.

3. Féadfaidh an t-eintiteas soláthair a cheangal ar sholáthróir taithí ábhartha roimh ré a léiriú; mar sin féin, ní fhéadfaidh sé a fhorchur mar choinníoll, chun go mbeadh soláthróir in ann a bheith rannpháirteach i soláthar, go ndearna eintiteas soláthair de chuid Páirtí áirithe conradh amháin nó níos mó a dhámhachtain ar an soláthróir roimhe sin nó go bhfuil taithí oibre roimhe seo ag an soláthróir i gcríoch Páirtí ar leith.

4. Agus an measúnú sin á dhéanamh aige, bunóidh an t-eintiteas soláthair a mheastóireacht ar na coinníollacha a bheidh sonraithe ag an eintiteas soláthair roimh ré i bhfógraí nó i ndoiciméadacht tairisceana.

5. Féadfaidh eintiteas soláthair soláthróir a eisiamh ar an bhforas seo a leanas:

(a) féimheacht;

(b) dearbhuithe bréagacha;

(c) easnaimh nach beag i ndáil le haon cheanglas substainteach nó aon oibleagáid shubstainteach a fheidhmiú faoi chonradh nó conarthaí roimhe seo;

(d) breithiúnais chríochnaitheacha i leith coireachta nó cionta poiblí tromchúiseacha;

(e) smachtbhannaí eile lena ndícháilítear an soláthróir ó chonradh a dhéanamh le heintitis de chuid Páirtí;

(f) mí-iompar gairmiúil tromchúiseach a fhágann go bhfuil amhras ann faoi ionracas an tsoláthróra; nó

(g) mainneachtain cánacha a íoc.

6. Na coinníollacha maidir le rannpháirtíocht a bhunaíonn eintiteas soláthair mar a leagtar amach i míreanna 1, 2 agus 3, comhlíonfaidh soláthróirí na bPáirtithe iad tríd an doiciméadacht a cheanglaítear leis an tairiscint nó doiciméadacht choibhéiseach a chur i láthair.

AIRTEAGAL 20.15

Cáilíocht soláthróirí

Nós imeachta tairisceana ar cuireadh

1. Má tá sé ar intinn ag eintiteas soláthair nós imeachta tairisceana ar cuireadh a úsáid, déanfaidh an t- eintiteas an méid seo a leanas:

(a) áireoidh sé san fhógra faoi sholáthar beartaithe an fhaisnéis a shonraítear i bpointí (a), (b), (c), (i), (j) agus (k), ar a laghad: d'Iarscríbhinn 20-O agus iarrfaidh sé ar sholáthróirí iarraidh ar rannpháirtíocht a chur isteach; agus

(b) faoi thús thréimhse na tairisceana, an fhaisnéis a shonraítear i bpointí (d) go (h) d'Iarscríbhinn 20-O ar a laghad a sholáthar do na soláthróirí cáilithe.

2. Déanfaidh eintiteas soláthair aon soláthróir intíre agus aon soláthróir de chuid an Pháirtí eile a chomhlíonann na coinníollacha maidir le rannpháirtíocht i soláthar ar leith a aithint mar sholáthróirí cáilithe, ach amháin má shonraíonn an t-eintiteas soláthair aon teorainn san fhógra faoi sholáthar beartaithe maidir leis an líon soláthróirí a gceadaítear dóibh tairiscint a chur isteach agus maidir leis na critéir chun an líon teoranta soláthróirí a roghnú.

3. I gcás nach gcuirfear an doiciméadacht tairisceana ar fáil go poiblí ar dháta foilsithe an fhógra dá dtagraítear i mír 1, áiritheoidh eintiteas soláthair go gcuirfear na doiciméid sin ar fáil an tráth céanna do na soláthróirí cáilithe go léir a roghnaítear i gcomhréir le mír 2.

Liostaí ilúsáide

4. Má fhoráiltear le dlí Páirtí go bhféadfaidh eintitis soláthair liosta ilúsáide soláthróirí a choinneáil ar bun, áiritheoidh sé gur fíor an méid seo a leanas maidir le fógra lena n-iarrtar ar sholáthróirí leasmhara iarratas a dhéanamh ar bheith san áireamh ar an liosta:

(a) go bhfoilseofar go bliantúil é; agus

(b) i gcás ina bhfoilseofar trí mheán leictreonach é, go gcuirfear ar fáil go leanúnach é sa mheán iomchuí a liostaítear sna Foscríbhinní a ghabhann le hIarscríbhinní 20-F go 20-J. Áireofar san fhógra sin an fhaisnéis a leagtar amach in Iarscríbhinn 20-L.

5. D'ainneoin mhír 4, má bhíonn liosta ilúsáide bailí ar feadh 3 (trí) bliana nó níos lú, féadfaidh eintiteas soláthair gan an fógra dá dtagraítear i mír 4 a fhoilsiú ach aon uair amháin, ag tús thréimhse bhailíochta an liosta, ar choinníoll, maidir leis an bhfógra:

(a) go sonrófar ann an tréimhse bhailíochta agus nach bhfoilseofar tuilleadh fógraí; agus

(b) go bhfoilseofar trí mheán leictreonach é agus go gcuirfear ar fáil go leanúnach é le linn thréimhse a bhailíochta.

6. Ceadóidh eintiteas soláthair do sholáthróirí iarratas a dhéanamh tráth ar bith ar bheith san áireamh ar liosta ilúsáide agus áireoidh sé na soláthróirí cáilithe uile ar an liosta laistigh de thréimhse réasúnta gearr.

7. I gcás ina ndéanann soláthróir nach bhfuil san áireamh ar liosta ilúsáide iarraidh a chur isteach ar rannpháirtíocht i soláthar bunaithe ar liosta ilúsáide, chomh maith leis na doiciméid uile a cheanglaítear i ndáil leis sin, laistigh den tréimhse dá bhforáiltear in Iarscríbhinn 20-M, déanfaidh eintiteas soláthair scrúdú ar an iarraidh. Ní dhéanfaidh an t-eintiteas soláthair an soláthróir a eisiamh óna mheas i leith an tsoláthair ar na forais nach bhfuil a dhóthain ama ag an eintiteas chun scrúdú a dhéanamh ar an iarraidh, ach amháin, i gcásanna eisceachtúla, i ngeall ar chastacht an tsoláthair, nach bhfuil an t-eintiteas in ann an scrúdú ar an iarraidh a thabhairt chun críche laistigh den tréimhse ama a cheadaítear i dtaobh tairiscintí a chur isteach.

Eintitis a liostaítear i bhFoscríbhinní a ghabhann le hIarscríbhinní 20-A go 20-F

8. I gcás eintiteas soláthair a liostaítear i bhFoscríbhinní a ghabhann le hIarscríbhinní 20-A go 20-F, féadfaidh sé fógra ina n-iarrfar ar sholáthróirí iarratas a dhéanamh ar bheith san áireamh i liosta ilúsáide a úsáid mar fhógra faoi sholáthar beartaithe, ar choinníoll:

(a) go bhfoilseofar an fógra i gcomhréir le mír 4 agus go n- áireofar ann an fhaisnéis a liostaítear in Iarscríbhinn 20-L, a oiread den fhaisnéis a liostaítear in Iarscríbhinn 20-O agus a bheidh ar fáil, agus ráiteas gur fógra faoi sholáthar beartaithe é nó nach bhfaighidh ach na soláthróirí ar an liosta ilúsáide tuilleadh fógraí faoi sholáthar a chumhdaítear leis an liosta ilúsáide; agus

(b) maidir le soláthróirí ag a bhfuil sé curtha in iúl go bhfuil leas acu i soláthar ar leith, go soláthróidh an t- eintiteas soláthair faisnéis leordhóthanach go pras dóibh chun go bhféadfaidh siad measúnú a dhéanamh ar a leas sa soláthar, lena n- áirítear an fhaisnéis ar fad atá fágtha a cheanglaítear in Iarscríbhinn 20-D, a mhéid atá an fhaisnéis sin ar fáil.

9. Maidir le soláthróir a rinne iarratas ar a bheith san áireamh ar liosta ilúsáide i gcomhréir le mír 6, féadfaidh eintiteas soláthair a chumhdaítear faoi Fhoscríbhinní a ghabhann le hIarscríbhinní 20-A go 20-F a cheadú dó tairiscint a dhéanamh i soláthar ar leith, má tá am leordhóthanach ag an eintiteas soláthair chun scrúdú a dhéanamh ar cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann sé na coinníollacha maidir le rannpháirtíocht.

Faisnéis maidir le cinntí eintitis soláthair

10. Aon soláthróir a chuirfidh iarraidh isteach ar rannpháirtíocht i soláthar nó iarratas ar a bheith san áireamh ar liosta ilúsáide, cuirfidh eintiteas soláthair ar an eolas go pras é maidir lena chinneadh i ndáil leis an iarraidh nó an iarratas.

11. Cuirfidh an t-eintiteas soláthair an soláthróir ar an eolas go pras agus, arna iarraidh sin don soláthróir, soláthróidh sé go pras don soláthróir míniú i scríbhinn ar na cúiseanna lena chinneadh, má dhéanann an t-eintiteas an méid seo a leanas:

(a) diúltú d’iarraidh ó sholáthróir ar rannpháirtíocht i soláthar nó dá iarratas ar a bheith san áireamh ar liosta ilúsáide;

(b) scor den soláthróir a aithint mar sholáthróir cáilithe; nó

(c) soláthróir a bhaint de liosta ilúsáide.

AIRTEAGAL 20.16

Sonraíochtaí teicniúla

1. Ní dhéanfaidh eintiteas soláthair aon sonraíocht theicniúil a ullmhú, a ghlacadh ná a chur i bhfeidhm, ná ní fhorordóidh sé aon nós imeachta um measúnú comhréireachta a bhfuil an cuspóir nó an éifeacht aige teorainn a chur le hiomaíocht, bacainní neamhriachtanacha ar thrádáil idirnáisiúnta a chruthú, nó idirdhealú a dhéanamh idir soláthróirí.

2. Agus na sonraíochtaí teicniúla maidir leis na hearraí nó na seirbhísí arna soláthar á bhforordú, déanfaidh eintiteas soláthair, i gcás inarb iomchuí:

(a) na sonraíochtaí teicniúla a leagan amach i dtéarmaí ceanglais feidhmíochta agus ceanglais fheidhmiúla, seachas saintréithe dearaidh nó saintréithe tuairisciúla; agus

(b) na sonraíochtaí teicniúla a bhunú ar chaighdeáin idirnáisiúnta, i gcás inarb ann dóibh; sin, nó iad a bhunú ar rialacháin theicniúla náisiúnta, ar chaighdeáin aitheanta náisiúnta nó ar chóid tógála; beidh na focail ‘nó a choibhéis’ ag gabháil le gach tagairt.

3. I gcás ina leagtar amach saintréithe dearaidh nó tuairisciúla sna sonraíochtaí teicniúla, ba cheart d’eintiteas soláthair a léiriú, i gcás inarb iomchuí, go mbreithneoidh sé tairiscintí earraí nó seirbhísí coibhéiseacha ar léir go gcomhlíonann siad ceanglais an tsoláthair trí fhocail amhail ‘nó a choibhéis’ a chur san áireamh sa doiciméadacht tairisceana.

4. Ní dhéanfaidh eintiteas soláthair foráil maidir le sonraíochtaí teicniúla lena gceanglaítear trádmharc nó trádainm, paitinn, cóipcheart, dearadh, cineál, tionscnamh sonrach, táirgeoir nó soláthróir áirithe, nó ina dtagraítear do cheann áirithe díobh sin, ach amháin i gcás nach bhfuil bealach eile beacht nó intuigthe a dhóthain ann chun tuairisc a thabhairt ar na ceanglais soláthair agus ar choinníoll, i gcásanna den sórt sin, go gcuirfidh an t-eintiteas focail amhail ‘nó a choibhéis’ san áireamh sa doiciméadacht tairisceana.

5. I gcás eintiteas soláthair, ní dhéanfaidh sé comhairle a lorg nó a ghlacadh, ar bhealach a mbeadh sé d'éifeacht aige iomaíocht a chosc, ó dhuine a bhféadfadh leas tráchtála a bheith aige sa soláthar, ar comhairle í a fhéadfar a úsáid chun aon sonraíocht theicniúil i leith soláthar sonrach a ullmhú nó a ghlacadh.

6. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, féadfaidh Páirtí, lena n- áirítear a eintitis soláthair, i gcomhréir leis an Airteagal seo, sonraíochtaí teicniúla a ullmhú, a ghlacadh nó a chur i bhfeidhm chun caomhnú acmhainní nádúrtha a chur chun cinn nó chun an comhshaol a chosaint.

AIRTEAGAL 20.17

Doiciméadacht tairisceana

1. Cuirfidh eintiteas soláthair doiciméadacht tairisceana ar fáil do sholáthróirí ina n-áireofar an fhaisnéis uile is gá lena cheadú do sholáthróirí tairiscintí inghlactha a ullmhú agus a chur isteach. Murar soláthraíodh cheana í san fhógra faoi sholáthar beartaithe, áireofar sa doiciméadacht sin tuairisc iomlán ar na saincheisteanna seo a leanas:

(a) an soláthar, lena n-áirítear cineál agus cainníocht na n-earraí nó na seirbhísí atá le soláthar nó, i gcás nach bhfuil an chainníocht ar eolas, an chainníocht mheasta agus aon cheanglais atá le comhlíonadh, lena n-áirítear aon sonraíochtaí teicniúla, aon deimhniúchán um measúnú comhréireachta, aon phleananna, aon líníochtaí nó aon ábhair theagaisc;

(b) aon choinníoll maidir le rannpháirtíocht soláthróirí, lena n-áirítear liosta faisnéise agus doiciméad a gceanglaítear ar sholáthróirí iad a chur isteach i ndáil leis an rannpháirtíocht sin;

(c) na critéir mheastóireachta uile a bheidh le breithniú agus an conradh á dhámhachtain agus tábhacht choibhneasta na gcritéar sin, ach amháin i gcás inarb é an praghas an t-aon chritéar;

(d) i gcás ina ndéanann an t-eintiteas soláthair an soláthar trí mheán leictreonach, aon cheanglais fíordheimhniúcháin agus chriptiúcháin nó aon cheanglais eile a bhaineann le faisnéis a chur isteach trí mheán leictreonach;

(e) i gcás ina seolann an t- eintiteas soláthair ceant leictreonach, na rialacha, lena n- áirítear sainaithint na n- eilimintí den tairiscint a bhaineann leis na critéir mheastóireachta, ar dá réir a dhéanfar an ceant;

(f) i gcás ina bhfuil oscailt phoiblí tairiscintí, an dáta, an t-am agus an áit a n-osclófar iad agus, más iomchuí, na daoine atá údaraithe le bheith i láthair;

(g) aon téarma nó coinníoll eile, lena n-áirítear téarmaí íocaíochta agus aon teorainn leis na modhanna trína bhféadfar tairiscintí a chur isteach, cuir i gcás, ar páipéar nó trí mheán leictreonach; agus

(h) aon dátaí maidir le seachadadh earraí nó soláthar seirbhísí.

2. Agus dáta seachadta á shocrú ag an eintiteas soláthair sa doiciméadacht tairisceana le haghaidh na n-earraí nó na seirbhísí atá á soláthar, cuirfidh sé tosca san áireamh amhail castacht an tsoláthair, méid na fochonraitheoireachta a bhfuil coinne leis agus an tréimhse réalaíoch is gá chun earraí a tháirgeadh, a dhístocáil agus a iompar ón bpointe soláthair nó chun seirbhísí a sholáthar.

3. I measc na gcritéar meastóireachta a leagtar amach san fhógra faoi sholáthar beartaithe nó sa doiciméadacht tairisceana, féadfar a áireamh praghas agus tosca praghais eile, cáilíocht, fiúntas teicniúil, tréithe comhshaoil agus téarmaí seachadta.

4. Soláthróidh eintiteas soláthair an doiciméadacht tairisceana go pras d'aon soláthróir atá rannpháirteach sa soláthar, má iarrann an soláthróir sin amhlaidh, agus tabharfaidh sé freagra ar aon iarraidh réasúnta ar fhaisnéis ábhartha a dhéanann soláthróir atá rannpháirteach sa soláthar, ar choinníoll nach dtabharfaidh an fhaisnéis sin buntáiste don soláthróir sin sa bhreis ar a iomaitheoirí sa soláthar agus go ndearnadh an iarraidh laistigh de na teorainneacha ama is infheidhme.

5. Más rud é, sula ndéanfar measúnú ar thairiscintí i gcomhréir le hAirteagal 20.22, go modhnaíonn nó go leasaíonn eintiteas soláthair na critéir nó na ceanglais a leagtar amach san fhógra faoi sholáthar beartaithe nó sa doiciméadacht tairisceana a sholáthraítear do sholáthróirí rannpháirteacha, tarchuirfidh sé na modhnuithe uile sin i scríbhinn:

(a) chuig na soláthróirí uile atá rannpháirteach tráth a leasaítear an fhaisnéis, más eol na soláthróirí sin, agus i ngach cás eile, ar an mbealach céanna leis an bhfaisnéis bhunaidh; agus

(b) ag tráth a thugann deis do na soláthróirí sin tairiscintí leasaithe a mhodhnú agus a chur isteach arís, de réir mar is iomchuí.

6. Féadfaidh eintitis soláthair a cheangal ar na soláthróirí rannpháirteacha ráthaíochtaí a sholáthar chun an tairiscint a choinneáil ar bun, agus ar an soláthróir rathúil ráthaíocht a sholáthar maidir leis an bhforghníomhú.

AIRTEAGAL 20.18

Tréimhsí ama

Soláthróidh eintiteas soláthair, i gcomhréir lena riachtanais féin, dóthain ama do sholáthróirí chun iarrataí ar rannpháirtíocht agus tairiscintí freagrúla a ullmhú agus a chur isteach, agus aird á tabhairt ar thosca amhail cineál agus castacht an tsoláthair, méid na fochonraitheoireachta a bhfuil coinne léi, agus an t-am chun tairiscintí a tharchur ó phointí eachtracha agus intíre nach n-úsáidtear modhanna leictreonacha iontu. Na tréimhsí sin, lena n-áirítear aon síneadh orthu, is mar an gcéanna a bheidh siad le haghaidh na soláthróirí leasmhara nó rannpháirteacha uile. Leagtar amach na tréimhsí ama is infheidhme in Iarscríbhinn 20-M.

AIRTEAGAL 20.19

Caibidlíocht

1. Má fhoráiltear le dlí Páirtí go bhféadfaidh eintitis soláthair soláthar a dhéanamh trí chaibidlíocht, féadfaidh na heintitis soláthair déanamh amhlaidh sna cásanna seo a leanas:

(a) i gcomhthéacs soláthairtí inar chuir siad an intinn sin in iúl san fhógra faoi sholáthar beartaithe; nó

(b) i gcás inar dealraitheach ón meastóireacht nach léir go bhfuil aon tairiscint ar leith ar an gceann is buntáistí i dtéarmaí na gcritéar meastóireachta sonrach a leagtar amach sna fógraí nó sa doiciméadacht tairisceana.

2. Déanfaidh eintiteas soláthair an méid seo a leanas:

(a) áiritheoidh sé, i gcás aon díchur soláthróirí a ghlacfaidh páirt i gcaibidlíocht, go ndéanfar é i gcomhréir leis na critéir mheastóireachta a leagtar amach sna fógraí nó sa doiciméadacht tairisceana; agus

(b) nuair a thugtar an chaibidlíocht chun críche, tabharfaidh sé dáta deiridh coiteann do na soláthróirí atá fágtha i dtaobh aon tairiscint nua nó tairiscint athbhreithnithe a chur isteach.

AIRTEAGAL 20.20

Nós imeachta teoranta tairisceana

1. Ar choinníoll nach n-úsáidfear an nós imeachta tairisceana chun iomaíocht a sheachaint nó chun soláthróirí intíre a chosaint, féadfaidh eintiteas soláthair conarthaí a dhámhachtain trí nós imeachta teoranta tairisceana, sna himthosca seo a leanas:

(a) i gcás na nithe seo a leanas a bheith i gceist:

(i) nár cuireadh aon tairiscint isteach nó nár iarr aon soláthróir a bheith rannpháirteach;

(ii) nár cuireadh isteach aon tairiscint a chomhlíon ceanglais fhíor- riachtanacha na doiciméadachta tairisceana;

(iii) nár chomhlíon aon soláthróir na coinníollacha maidir le rannpháirtíocht; nó

(iv) go raibh claonpháirteachas ag baint leis na tairiscintí a cuireadh isteach,

ar choinníoll nach n- athraítear ceanglais na doiciméadachta tairisceana go substaintiúil;

(b) más rud é, i gcás saothair ealaíne, nó ar chúiseanna a bhaineann le cearta eisiacha maoine intleachtúla a chosaint, amhail paitinní nó cóipchearta, nó faisnéis dílseánaigh, nó i gcás ina bhfuil easpa iomaíochta ann ar chúiseanna teicniúla, nach féidir ach le soláthróir ar leith na hearraí nó na seirbhísí a sholáthar agus nach ann d'aon rogha mhalartach ná ionadaí réasúnta;

(c) i gcás seachadtaí breise ón soláthróir bunaidh, ina bhfuil earraí nó seirbhísí nach raibh san áireamh sa soláthar tosaigh, i gcás ina bhfuil an méid seo a leanas fíor faoi athrú soláthróra le haghaidh na n-earraí nó seirbhísí breise sin:

(i) nach féidir an t-athrú sin a dhéanamh ar chúiseanna eacnamaíocha nó teicniúla amhail ceanglais i dtaobh idirmhalartaitheacht nó idir-inoibritheacht le trealamh, bogearraí, seirbhísí nó suiteálacha atá ann cheana agus a soláthraíodh faoin soláthar tosaigh; agus

(ii) go mbeadh an t-athrú sin ina chúis le míchaoithiúlacht nach beag nó dúbláil shubstaintiúil costas i gcás an eintitis soláthair;

(d) i gcás earraí arna gceannach ar mhargadh tráchtearraí;

(e) i gcás ina bhfaigheann eintiteas soláthair fréamhshamhail nó an chéad earra nó seirbhís a fhorbraítear arna iarraidh sin dó le linn conradh áirithe le haghaidh taighde, turgnaimh, staidéir nó forbairt bhunaidh, agus le haghaidh an chonartha áirithe sin; nuair a bheidh na conarthaí sin comhlíonta, beidh soláthar earraí nó seirbhísí ina dhiaidh sin faoi réir na Caibidle seo;

(f) a mhéid a bhfuil géarghá leis, ar chúiseanna práinne mar gheall ar theagmhais nach raibh an t- eintiteas soláthair in ann a thuar, i gcás nárbh fhéidir na hearraí ná na seirbhísí a fháil in am trí bhíthin nós imeachta tairisceana oscailte ná nós imeachta tairisceana ar cuireadh;

(g) i gcás ina ndámhtar conradh do bhuaiteoir comórtais dearaidh ar choinníoll gur eagraíodh an comórtas ar bhealach atá i gcomhréir le prionsabail na Caibidle seo, agus go ndearna giúiré neamhspleách breithniú ar na rannpháirtithe d'fhonn conradh dearaidh a dhámhachtain do bhuaiteoir; nó

(h) i gcás ceannacháin a dhéantar faoi choinníollacha thar a bheith buntáisteach nach dtagann chun cinn ach sa ghearrthéarma, amhail diúscairtí neamhghnácha arna ndéanamh ag daoine dlítheanacha nach soláthróirí iad de ghnáth, nó diúscairtí sócmhainní gnólachtaí atá faoi leachtú nó faoi ghlacadóireacht.

2. Coimeádfaidh eintiteas soláthair taifid nó ullmhóidh sé tuarascálacha i scríbhinn ina dtabharfar údar sonrach le haon chonradh a dhámhtar faoi mhír 1.

AIRTEAGAL 20.21

Ceantanna leictreonacha

I gcás ina bhfuil sé beartaithe ag eintiteas soláthair soláthar faoi chumhdach a dhéanamh trí bhíthin ceant leictreonach, cuirfidh an t-eintiteas na nithe seo a leanas ar fáil do gach rannpháirtí, sula gcuirfidh sé tús leis an gceant leictreonach:

(a) an modh meastóireachta uathoibríoch, lena n-áirítear an fhoirmle mhatamaiticiúil, atá bunaithe ar na critéir mheastóireachta a leagtar amach sa doiciméadacht tairisceana agus atá le n-úsáid sa rangú nó ath-rangú uathoibríoch le linn an cheant;

(b) torthaí aon mheastóireachta tosaigh ar eilimintí a thairisceana i gcás ina bhfuil an conradh le dámhachtain ar bhonn na tairisceana is buntáistí; agus

(c) aon fhaisnéis ábhartha eile a bhaineann le déanamh an cheant.

AIRTEAGAL 20.22

Déileáil le tairiscintí agus conarthaí a dhámhachtain

1. Déanfaidh eintiteas soláthair na tairiscintí go léir a fháil agus a oscailt faoi nósanna imeachta lena rathaítear cothroime agus neamhchlaontacht an phróisis soláthair agus rúndacht tairiscintí, agus is mar sin a dhéileálfaidh sé leo.

2. Ní ghearrfaidh eintiteas soláthair pionós ar aon soláthróir a bhfaighfear a thairiscint tar éis an sprioc-ama a shonraítear chun tairiscintí a fháil má tharla an mhoill de bharr míláimhseáil ar thaobh an eintitis soláthair agus dá bharr sin amháin.

3. Ionas go ndéanfar í a chur san áireamh le haghaidh dámhachtana, is i scríbhinn a chuirfear tairiscint isteach agus, tráth a hoscailte, comhlíonfaidh sí na ceanglais fhíor-riachtanacha a leagtar amach sa doiciméadacht tairisceana agus, i gcás inarb infheidhme, sna fógraí, agus is ó sholáthróir a chomhlíonann na coinníollacha rannpháirtíochta a bheidh sí.

4. Ach amháin i gcás ina gcinneann eintiteas soláthair nach chun leas an phobail é conradh a dhámhachtain, déanfaidh an t-eintiteas an conradh a dhámhachtain don soláthróir a chinn an t-eintiteas atá in ann téarmaí an chonartha a chomhlíonadh, agus a chuir isteach, bunaithe ar na critéir mheastóireachta a shonraítear sna fógraí agus sa doiciméadacht tairisceana, agus orthu sin amháin, an tairiscint is buntáistí nó i gcás inarb é an praghas an t-aon chritéar, an praghas is ísle.

5. I gcás ina bhfaigheann eintiteas soláthair tairiscint ina bhfuil praghas atá thar a bheith íseal i gcomparáid leis na praghsanna i dtairiscintí eile a cuireadh isteach, féadfaidh sé a dheimhniú leis an soláthróir go gcomhlíonann sé na coinníollacha rannpháirtíochta agus go bhfuil sé in ann téarmaí an chonartha a chomhlíonadh.

6. Ní bhainfidh eintiteas soláthair úsáid as roghanna, ní chuirfidh sé soláthar ar ceal ná ní mhodhnóidh sé conarthaí arna ndámhachtain ar bhealach a théann timpeall ar na hoibleagáidí faoin gCaibidil seo.

7. Féadfaidh gach Páirtí foráil a dhéanamh, más rud é, ar chúiseanna atá inchurtha i leith an tsoláthróra rathúil, nach dtugtar an conradh i gcrích laistigh de thréimhse réasúnta ama, nó mura gcomhlíonann an soláthróir rathúil an ráthaíocht maidir le forghníomhú an chonartha dá dtagraítear in Airteagal 20.17 nó mura gcomhlíonann sé téarmaí an chonartha, go bhféadfar an conradh a dhámhachtain don soláthróir a chuir isteach an chéad tairiscint eile is buntáistí.

AIRTEAGAL 20.23

Trédhearcacht faisnéise soláthair

1. Cuirfidh eintiteas soláthair na soláthróirí rannpháirteacha ar an eolas go pras faoi chinntí dámhachtana conartha an eintitis agus, arna iarraidh sin do sholáthróir, déanfaidh sé amhlaidh i scríbhinn. Faoi réir mhíreanna 2 agus 3 d'Airteagal 20.24, soláthróidh eintiteas soláthair, má iarrtar air é, míniú do sholáthróir nár éirigh leis ar na cúiseanna nár roghnaigh an t-eintiteas a thairiscint agus na buntáistí coibhneasta a bhain le tairiscint an tsoláthróra ar éirigh leis.

2. Tar éis gach conradh a chumhdaítear leis an gCaibidil seo a dhámhachtain, déanfaidh eintiteas soláthair, a luaithe is féidir de réir na dteorainneacha ama a bhunaítear i ndlí gach Páirtí, fógra a fhoilsiú sna meáin pháipéir nó leictreonacha iomchuí a liostaítear sna Foscríbhinní a ghabhann le hIarscríbhinní 20-F go 20-J. I gcás nach n-úsáidtear ach meán leictreonach, beidh an fhaisnéis ar fáil go héasca ar feadh tréimhse réasúnta ama. Beidh an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad san áireamh san fhógra:

(a) tuairisc ar na hearraí nó na seirbhísí arna soláthar, lena bhféadfar a áireamh cineál agus cainníocht na n-earraí arna soláthar agus cineál agus méid na seirbhísí arna soláthar;

(b) ainm agus seoladh an eintitis soláthair;

(c) ainm an tsoláthróra ar éirigh leis;

(d) luach na tairisceana ar éirigh léi nó luach na dtairiscintí is airde agus is ísle a cuireadh san áireamh agus an conradh á dhámhachtain;

(e) dáta na dámhachtana; agus

(f) an cineál modha soláthair a úsáideadh, agus má úsáideadh nós imeachta teoranta tairisceana, tuairisc ar na himthosca a thugann údar le nós imeachta teoranta tairisceana a úsáid.

3. Cuirfidh gach Páirtí in iúl don Pháirtí eile na sonraí staidrimh inchomparáide atá ar fáil agus atá ábhartha maidir leis an soláthar a chumhdaítear leis an gCaibidil seo.

AIRTEAGAL 20.24

Nochtadh faisnéise

1. Arna iarraidh sin do Pháirtí, soláthróidh an Páirtí eile go pras an fhaisnéis ábhartha uile maidir leis an mbreithniú ar sholáthar faoi chumhdach, chun a chinneadh cé acu a rinneadh nó nach ndearnadh an soláthar i gcomhréir le rialacha na Caibidle seo. I gcásanna ina ndéanfadh scaoileadh na faisnéise sin dochar don iomaíocht i dtairiscintí amach anseo, ní dhéanfaidh an Páirtí a gheobhaidh an fhaisnéis sin í a nochtadh d'aon soláthróir, ach amháin tar éis dó dul i gcomhairle leis an bPáirtí a sholáthair an fhaisnéis agus comhaontú a fháil uaidh.

2. D'ainneoin aon fhoráil eile de chuid na Caibidle seo, ní dhéanfaidh Páirtí, lena n- áirítear a eintitis soláthair, faisnéis a sholáthar d'aon soláthróir, ar faisnéis í lena bhféadfaí dochar a dhéanamh don iomaíocht chóir idir soláthróirí.

3. Ní fhorléireofar aon ní sa Chaibidil seo mar ní lena gceanglófar ar Pháirtí, lena n- áirítear a eintitis soláthair, a údaráis agus a chomhlachtaí athbhreithnithe, faisnéis rúnda a nochtadh dá bhfágfadh an nochtadh sin:

(a) go gcuirfí bac ar fhorfheidhmiú an dlí;

(b) go bhféadfaí dochar a dhéanamh don iomaíocht chóir idir soláthróirí;

(c) go ndéanfaí dochar do leasanna dlisteanacha tráchtála daoine áirithe, lena n-áirítear cosaint maoine intleachtúla; nó

(d) go mbeifí contrártha ar shlí eile do leas an phobail.

AIRTEAGAL 20.25

Nósanna imeachta athbhreithniúcháin intíre

1. Déanfaidh gach Páirtí nósanna imeachta athbhreithniúcháin riaracháin nó breithiúnacha atá tráthúil, éifeachtach, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach a bhunú nó a choinneáil ar bun trína bhféadfaidh soláthróir agóid a dhéanamh in aghaidh na nithe seo a leanas:

(a) sárú ar an gCaibidil seo; nó

(b) mainneachtain bearta Páirtí lena gcuirtear an Chaibidil seo chun feidhme a chomhlíonadh, mura bhfuil an ceart ag an soláthróir agóid dhíreach a dhéanamh in aghaidh sárú ar an gCaibidil faoi dhlí an Pháirtí,

ar sárú é a tháinig chun cinn i gcomhthéacs soláthar faoi chumhdach, ina bhfuil leas ag an soláthróir nó ina raibh leas aige. Is i scríbhinn a bheidh na rialacha nós imeachta maidir leis na hagóidí uile agus cuirfear ar fáil go poiblí iad.

2. Féadfaidh gach Páirtí foráil a dhéanamh ina dhlí, i gcás gearán ó sholáthróir a thagann chun cinn i gcomhthéacs soláthair faoi chumhdach, go molfaidh an Páirtí lena mbaineann don eintiteas soláthair agus don soláthróir réiteach ar an ngearán a lorg trí chomhairliúcháin. Déanfaidh an t- eintiteas soláthair breithniú neamhchlaonta agus tráthúil ar aon ghearán den sórt sin ar bhealach nach ndéanann dochar do rannpháirtíocht an tsoláthróra i soláthar faoi chumhdach atá ar siúl nó a dhéanfar amach anseo ná dá cheart chun bearta ceartaitheacha a lorg faoin nós imeachta athbhreithnithe riaracháin nó breithiúnach.

3. Ceadófar tréimhse leordhóthanach do gach soláthróir chun agóid a ullmhú agus a chur isteach, ar tréimhse í nach bhféadfaidh a bheith níos lú, in aon chás, ná 10 (deich) lá ón tráth a tháinig an soláthróir ar an eolas faoi bhonn na hagóide, nó ar cheart le réasún é a bheith tagtha ar an eolas faoi bhonn na hagóide.

4. Déanfaidh gach Páirtí údarás riaracháin nó údarás breithiúnach neamhchlaonta amháin ar a laghad a bhunú nó a ainmniú atá neamhspleách ar a eintitis soláthair chun agóid a dhéanfaidh soláthróir a fháil agus a athbhreithniú i gcomhthéacs soláthar cumhdaithe.

5. Má dhéanann comhlacht seachas údarás dá dtagraítear i mír 4 athbhreithniú tosaigh ar agóid, áiritheoidh an Páirtí go bhféadfaidh an soláthróir achomharc a dhéanamh in aghaidh an chinnidh tosaigh chuig údarás riaracháin nó breithiúnach neamhchlaonta atá neamhspleách ar an eintiteas soláthair arb é a sholáthar faoi chumhdach is ábhar don agóid. Beidh comhlacht athbhreithnithe nach cúirt é faoi réir athbhreithniú breithiúnach nó beidh ráthaíochtaí nós imeachta aige lena bhforálfar:

(a) go dtabharfaidh an t-eintiteas soláthair freagra i scríbhinn ar an agóid agus go nochtfaidh sé na doiciméid ábhartha uile don chomhlacht athbhreithnithe;

(b) tá sé de cheart ag na rannpháirtithe sna himeachtaí éisteacht a fháil sula ndéanfaidh an comhlacht athbhreithnithe cinneadh maidir leis an agóid;

(c) tá sé de cheart ag na rannpháirtithe sna himeachtaí go ndéanfar ionadaíocht dóibh agus go mbeidh duine ina dteannta;

(d) beidh rochtain ag na rannpháirtithe sna himeachtaí ar na himeachtaí uile;

(e) tá sé de cheart ag na rannpháirtithe sna himeachtaí a iarraidh go dtionólfar na himeachtaí go poiblí agus go bhféadfar finnéithe a chur i láthair; agus

(f) déanfar cinntí nó moltaí a bhaineann le hagóidí arna ndéanamh ag soláthróirí a chur ar fáil i scríbhinn, laistigh de thréimhse réasúnta ama, maille le míniú ar an mbonn atá le gach cinneadh nó moladh.

6. Glacfaidh gach Páirtí nósanna imeachta, nó coinneoidh sé ar bun iad, lena ndéantar foráil maidir le:

(a) bearta eatramhacha gasta chun deis an tsoláthróra páirt a ghlacadh sa soláthar a choinneáil ar bun. Féadfaidh cur ar fionraí an phróisis soláthair a bheith ina thoradh ar na bearta eatramhacha sin. Féadfar a fhoráil leis na nósanna imeachta go bhféadfar iarmhairtí díobhálacha sáraitheacha do na leasanna lena mbaineann, lena n- áirítear leas an phobail, a chur san áireamh agus é á chinneadh ar cheart bearta den sórt sin a chur i bhfeidhm. Soláthrófar cúis chóir, i scríbhinn, le gan gníomhaíocht a dhéanamh; agus

(b) gníomhaíocht cheartaitheach nó cúiteamh i leith an chaillteanais nó na ndamáistí a thabhaítear, a fhéadfaidh a bheith teoranta do na costais a bhaineann le hullmhú na tairisceana nó do na costais a bhaineann leis an agóid, nó iad araon, má chinneann comhlacht athbhreithnithe go ndearnadh sárú nó mainneachtain dá dtagraítear i mír 1.

AIRTEAGAL 20.26

Leasuithe agus ceartúcháin ar chumhdach

1. Féadfaidh Páirtí a mholadh go ndéanfar leasú nó ceartúchán ar a Iarscríbhinní 20-A go 20-E, faoi seach.

Leasuithe

2. Má tá sé ar intinn ag Páirtí a Iarscríbhinní dá dtagraítear i mír 1 a leasú, déanfaidh an Páirtí sin an méid seo a leanas:

(a) fógra a thabhairt i scríbhinn don Pháirtí eile; agus

(b) áireoidh sé san fhógra togra maidir le coigeartuithe cúiteacha iomchuí le haghaidh an Pháirtí eile chun leibhéal cumhdaigh a choinneáil ar bun atá inchomparáide leis an leibhéal a bhí ann cheana roimh an modhnú.

3. D'ainneoin pointe (b) de mhír 2, ní gá do Pháirtí coigeartuithe cúiteacha a sholáthar má chumhdaítear leis an leasú eintiteas a bhfuil an Páirtí tar éis a rialú nó a thionchar air a dhíothú.

4. Féadfaidh an Páirtí eile agóid a dhéanamh in aghaidh an leasaithe más rud é:

(a) nach bhfuil coigeartú a moladh faoi phointe (b) de mhír 2 leormhaith chun go gcoinneofar ar bun leibhéal inchomparáide cumhdaigh a chomhaontaítear go frithpháirteach; nó

(b) go gcumhdaítear leis an leasú eintiteas nach bhfuil an Páirtí tar éis a rialú nó a thionchar air a dhíothú go héifeachtach faoi mhír 3.

Déanfaidh an Páirtí eile agóid i scríbhinn laistigh de 45 lá (cúig lá is daichead) ón uair a gheofar an fógra dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 2. Mura gcuirfear isteach aon agóid den sórt sin laistigh de 45 lá (cúig lá is daichead) ón bhfógra a fháil, measfar gur aontaigh an Páirtí leis an leasú beartaithe.

Ceartúcháin

5. Measfar gur ceartúchán de chineál foirmiúil amháin iad na hathruithe seo a leanas ar Iarscríbhinní Páirtí, ar choinníoll nach ndéanann siad difear don chumhdach arna chomhaontú go frithpháirteach dá bhforáiltear sa Chaibidil:

(a) athrú ar ainm eintitis;

(b) cumasc dhá eintiteas nó níos mó a liostaítear laistigh d'Fhoscríbhinn; agus

(c) deighilt eintitis a liostaítear i bhFoscríbhinn ina 2 (dhá) eintiteas nó níos mó, a gcuirtear iad uile leis na heintitis a liostaítear san Fhoscríbhinn chéanna.

An Páirtí a dhéanann an ceartú sin de chineál foirmiúil amháin, ní bheidh d'oibleagáid air foráil a dhéanamh maidir le coigeartuithe cúiteacha.

6. I gcás ceartúcháin atá beartaithe ar Iarscríbhinní Páirtí, tabharfaidh an Páirtí sin fógra don Pháirtí eile faoi na ceartúcháin atá beartaithe gach 2 (dhá) bhliain tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

7. Féadfaidh Páirtí fógra a thabhairt don Pháirtí eile faoi agóid in aghaidh ceartúchán atá beartaithe laistigh de 45 (cúig lá is daichead) lá ón bhfógra a fháil. Má chuireann Páirtí agóid isteach, leagfaidh sé amach na cúiseanna a gcreideann sé nach athrú dá bhforáiltear i mír 5 é an ceartúchán a bheartaítear, agus tabharfaidh sé tuairisc ar éifeacht an cheartúcháin a bheartaítear ar an gcumhdach arna chomhaontú go frithpháirteach dá bhforáiltear sa Chaibidil seo. Mura gcuirfear isteach an agóid sin i scríbhinn laistigh de 45 (cúig lá is daichead) lá ón bhfógra a fháil, measfar go dtoilíonn an Páirtí leis an gceartúchán atá beartaithe.

Comhairliúcháin agus réiteach díospóidí

8. Má dhéanann an Páirtí eile agóid in aghaidh an mhodhnaithe nó an cheartúcháin atá beartaithe, féachfaidh na Páirtithe leis an gceist a réiteach trí chomhairliúcháin. Mura dtiocfar ar aon chomhaontú laistigh de 60 (seasca) lá ón agóid a fháil, féadfaidh an Páirtí atá ag iarraidh a Iarscríbhinní a mhodhnú nó a cheartú an t-ábhar a tharchur chuig an nós imeachta um réiteach díospóidí a bhunaítear i gCaibidil 29, ach amháin má chomhaontaíonn na Páirtithe síneadh a chur leis an sprioc-am.

9. Tá an nós imeachta comhairliúcháin faoi mhír 8 gan dochar do na comhairliúcháin dá bhforáiltear i gCaibidil 29.

10. Mura ndéanfaidh Páirtí agóid in aghaidh an leasaithe atá beartaithe de bhun mhíreanna 2 agus 3 ná in aghaidh an cheartúcháin atá beartaithe de bhun mhír 5, nó má chomhaontaíonn na Páirtithe an leasú nó na ceartúcháin trí chomhairliúcháin nó má réitítear an t-ábhar go críochnaitheach faoi Chaibidil 29, leasóidh an Chomhairle Chomhpháirteach i gcumraíocht trádála an Iarscríbhinn ábhartha chun an leasú nó na ceartúcháin chomhaontaithe nó na coigeartuithe cúiteacha comhaontaithe a chur san áireamh.

## AIRTEAGAL 20.27

## An Fochoiste um sholáthar rialtais

1. Beidh na feidhmeanna seo a leanas ag an bhFochoiste um sholáthar rialtais, a bhunaítear de bhun Airteagal 9.9(4), i dteannta na bhfeidhmeanna a liostaítear in Airteagail 2.4 agus 9.9:

(a) athbhreithniú a dhéanamh ar oscailt fhrithpháirteach margaí soláthair;

(b) faisnéis a mhalartú a bhaineann le deiseanna soláthair rialtais i ngach Páirtí, lena n-áirítear malartuithe maidir le sonraí staidrimh soláthair; agus

(c) plé a dhéanamh ar mhéid agus ar mhodhanna an chomhair i soláthar rialtais idir na Páirtithe dá dtagraítear in Airteagal 20.28.

AIRTEAGAL 20.28

Comhar maidir le soláthar rialtais

1. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile chun cur chun feidhme éifeachtach na Caibidle seo a áirithiú. Úsáidfidh na Páirtithe na hionstraimí, na hacmhainní agus na sásraí atá ar fáil agus atá ann cheana.

2. Go sonrach, déanfar gníomhaíochtaí comhair sa réimse seo tríd an méid seo a leanas, i measc gníomhaíochtaí eile:

(a) malartú faisnéise, dea-chleachtas, sonraí staidrimh, saineolaithe, taithí agus beartas i réimsí leasa choitinn;

(b) malartú dea-chleachtas maidir le húsáid cleachtas soláthair inbhuanaithe agus réimsí eile leasa choitinn;

(c) líonraí, seimineáir agus ceardlanna maidir le hábhair leasa choitinn a chur chun cinn;

(d) aistriú eolais, lena n-áirítear teagmhálacha idir saineolaithe ón Aontas Eorpach agus ó Stáit Sínithe MERCOSUR; agus

(e) comhroinnt faisnéise idir an tAontas Eorpach agus Stáit Sínithe MERCOSUR, d’fhonn rochtain sholáthróirí na bPáirtithe ar mhargaí soláthair rialtais a éascú, go háirithe FBManna.

CAIBIDIL 21

MAOIN INTLEACHTÚIL

ROINN A

FORÁLACHA GINEARÁLTA AGUS PRIONSABAIL

AIRTEAGAL 21.1

Forálacha ginearálta

1. Dearbhaíonn gach Páirtí na cearta atá aige agus na hoibleagáidí atá air i leith a chéile faoi EDT, faoi Chomhaontú TRIPS agus faoi aon chomhaontú iltaobhach eile a bhaineann le maoin intleachtúil a bhfuil sé ina Pháirtí ann.

2. Beidh sé de shaoirse ag gach Páirtí an modh iomchuí a chinneadh chun forálacha na Caibidle seo a chur chun feidhme laistigh dá chóras dlí agus dá chleachtas dlíthiúil féin, ar bhealach atá i gcomhréir le cuspóirí agus prionsabail Chomhaontú TRIPS agus na Caibidle seo.

AIRTEAGAL 21.2

Cuspóirí

Tá sé de chuspóir ag an gCaibidil seo:

(a) rochtain, táirgeadh agus tráchtálú táirgí nuálacha cruthaitheacha a éascú agus trádáil agus infheistíocht idir na Páirtithe a chothú, rud a rannchuideoidh le geilleagar níos inbhuanaithe, níos cothroime agus níos cuimsithí do na Páirtithe;

(b) leibhéal leormhaith éifeachtach cosanta agus forfheidhmithe a bhaint amach maidir le cearta maoine intleachtúla, lena dtugtar dreasachtaí agus luaíochtaí don nuálaíocht agus, an tráth céanna, lena rannchuidítear le haistriú agus scaipeadh éifeachtach na teicneolaíochta agus lena dtugtar tosaíocht don leas sóisialta agus eacnamaíoch agus don chothromaíocht idir cearta sealbhóirí agus leas an phobail; agus

(c) bearta a chothú a chuideoidh leis na Páirtithe taighde agus forbairt, agus rochtain ar eolas, lena n-áirítear ar fhearann poiblí saibhir, a chur chun cinn.

AIRTEAGAL 21.3

Cineál agus raon feidhme na n-oibleagáidí

1. Chun críocha na Coda seo den Chomhaontú, tagraíonn ‘cearta maoine intleachtúla’ do gach catagóir maoine intleachtúla atá faoi réir Ranna 1 go 7 de Chuid II de Chomhaontú TRIPS agus Airteagail 21.9 go 21.43 den Chomhaontú seo.

2. Áirítear le cosaint maoine intleachtúla cosaint in aghaidh iomaíocht éagórach dá dtagraítear in Airteagal 10bis de Choinbhinsiún Pháras chun Maoin Thionsclaíoch a Chosaint an 20 Márta 1883, arna athbhreithniú go deireanach i Stócólm an 14 Iúil 1967 (dá ngairtear 'Coinbhinsiún Pháras' anseo feasta).

3. Ní choiscfidh aon ní sa Chaibidil seo ar Pháirtí bearta a ghlacadh a bhfuil gá leo chun cosc a chur ar mhí-úsáid ceart maoine intleachtúla arna déanamh ag sealbhóirí cirt nó ar dhul i muinín cleachtas a chuireann srian míréasúnta ar thrádáil nó a dhéanann dochar don aistriú idirnáisiúnta teicneolaíochta, ar choinníoll go mbeidh na bearta sin i gcomhréir leis an gCaibidil seo.

4. Ní bheidh sé d'oibleagáid ar Pháirtí cosaint níos fairsinge a thabhairt trína dhlí ná mar a cheanglaítear leis an gCaibidil seo. Ní chuirtear bac leis an gCaibidil seo ar Pháirtí caighdeáin níos airde a chur i bhfeidhm, trína dhlí, chun cearta maoine intleachtúla a chosaint agus a fhorfheidhmiú, ar choinníoll nach sáraíonn siad an Chaibidil seo.

AIRTEAGAL 21.4

Prionsabail

1. Aithníonn gach Páirtí gur féidir agus nach mór cearta maoine intleachtúla a chosaint agus a fhorfheidhmiú ar bhealach a chuideoidh le dul chun cinn eacnamaíoch, sóisialta agus eolaíoch. Áiritheoidh gach Páirtí go ndéanfar cearta maoine intleachtúla a fhorfheidhmiú laistigh dá chóras dlí agus dá chleachtas dlíthiúil féin.

2. Agus a dhlíthe agus a rialacháin á gceapadh nó á leasú ag Páirtí, féadfaidh sé eisceachtaí agus solúbthachtaí a bhunú a cheadaítear leis na hionstraimí iltaobhacha a shínigh na Páirtithe.

3. Athdhearbhaíonn na Páirtithe na forálacha i gComhaontú TRIPS maidir le hiomaíocht.

4. Tacaíonn na Páirtithe le baint amach SFInna na Náisiún Aontaithe.

5. Tacaíonn na Páirtithe le Rún WHA 60.28 ón gComhthionól Domhanda Sláinte agus leis an gCreat Ullmhachta Paindéime Fliú a glacadh ag an gceathrú Comhthionól Domhanda Sláinte is seasca.

6. Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá sé go gcuirfear chun cinn cur chun feidhme na Straitéise Domhanda agus an Phlean Gníomhaíochta maidir le Sláinte Phoiblí, Nuálaíocht agus Maoin Intleachtúil, a ghlac an Comhthionól Domhanda Sláinte an 24 Bealtaine 2008 (Rún WHA 61.21, arna leasú le Rún WHA 62.16).

7. Dearbhaíonn na Páirtithe moltaí an Chláir Oibre um Fhorbairt, a ghlac Comhthionól Ginearálta na hEagraíochta Domhanda um Maoin Intleachtúil in 2007 (dá ngairtear 'EDMI' anseo feasta).

8. I gcás ina mbeidh éadáil cirt maoine intleachtúla faoi réir an ceart a dheonú nó a chlárú, déanfaidh gach Páirtí a dhícheall a áirithiú go mbeidh na nósanna imeachta um an gceart a dheonú nó a chlárú ina gcuidiú leis an deonú nó leis an gclárú sin laistigh de thréimhse réasúnta ama chun ciorrú gan údar ar an tréimhse chosanta a sheachaint.

AIRTEAGAL 21.5

Cóir náisiúnta

Tabharfaidh gach Páirtí do náisiúnaigh[1] den Pháirtí eile cóir nach lú fabhar ná an chóir a thugann sé dá náisiúnaigh féin maidir le cosaint ceart[2] maoine intleachtúla a chumhdaítear leis an gCaibidil seo, faoi réir na n-eisceachtaí dá bhforáiltear in Airteagail 3 agus 5 de Chomhaontú TRIPS[3].

1 Chun críocha na Caibidle seo, ciallaíonn 'náisiúnta', i dtaca leis an gceart maoine intleachtúla ábhartha, duine de chuid Páirtí a chomhlíonfadh na critéir le haghaidh incháilitheachta chun cosaint a fháil dá bhforáiltear i gComhaontú TRIPS nó i gcomhaontuithe iltaobhacha a tugadh i gcrích agus a riartar faoi choimirce EDMI, de réir mar is iomchuí, a bhfuil Páirtí ina pháirtí conarthach iontu.

2 Chun críocha Airteagal 21.5, áireofar le 'cosaint' ábhair a dhéanann difear d'infhaighteacht, éadáil, raon feidhme, coinneáil ar bun agus forfheidhmiú ceart maoine intleachtúla, chomh maith leis na hábhair sin a dhéanann difear d'úsáid ceart maoine intleachtúla a dtugtar aghaidh orthu go sonrach sa Chaibidil seo.

3 I dtaca le taibheoirí, táirgeoirí fónagram agus eagraíochtaí craolacháin, níl feidhm ag an oibleagáid seo ach amháin i ndáil leis na cearta dá bhforáiltear faoin gCaibidil seo.

AIRTEAGAL 21.6

Bithéagsúlacht agus eolas traidisiúnta a chosaint

1. Aithníonn na Páirtithe tábhacht agus luach na héagsúlachta bitheolaíche agus a comhpháirteanna agus an eolais, na nuálaíochtaí agus na gcleachtas traidisiúnta gaolmhar atá ag pobail dhúchasacha agus áitiúla[1]. Thairis sin, dearbhaíonn na Páirtithe a gcearta ceannasacha i leith a n-acmhainní nádúrtha agus a gcearta agus a n-oibleagáidí mar a bhunaítear le Coinbhinsiún 1992 maidir leis an mBithéagsúlacht, arna dhéanamh in Rio de Janeiro an 5 Meitheamh 1992 (dá ngairtear 'CBD' anseo feasta) maidir le rochtain ar acmhainní géiniteacha, agus maidir le comhroinnt chóir chothrom na sochar a eascraíonn as úsáid na n-acmhainní géiniteacha sin.

2. Dearbhaíonn na Páirtithe, agus aitheantas á thabhairt acu do chineál speisialta na bithéagsúlachta talmhaíochta, dá saintréithe agus d'fhadhbanna a bhfuil gá le réitigh shainiúla orthu, go mbeidh rochtain ar acmhainní géiniteacha do bhia agus don talmhaíocht faoi réir cóir shonrach i gcomhréir leis an gConradh Idirnáisiúnta maidir le hAcmhainní Géiniteacha Plandaí do Bhia agus don Talmhaíocht, arna dhéanamh sa Róimh an 3 Samhain 2001 (dá ngairtear 'an Conradh Idirnáisiúnta maidir le hAcmhainní Géiniteacha Plandaí do Bhia agus don Talmhaíocht' anseo feasta).

3. Féadfaidh na Páirtithe, trí chomhaontú frithpháirteach, athbhreithniú a dhéanamh ar an Airteagal seo faoi réir torthaí agus conclúidí plé iltaobhaigh.

---

**1** Chun críocha Airteagal 21.6, féadfar a áireamh ar 'phobail dhúchasacha agus áitiúla' sliochtaigh de chuid mhuintir na hAfraice a cuireadh i ndaoirse agus feirmeoirí beaga.

AIRTEAGAL 21.7

Ídiú

Beidh sé de shaoirse ag gach Páirtí a chóras féin a bhunú maidir le cearta maoine intleachtúla a ídiú faoi réir Chomhaontú TRIPS.

AIRTEAGAL 21.8

An Comhaontú maidir le Gnéithe de Chearta Maoine Intleachtúla a bhaineann le Trádáil (TRIPS) agus an tsláinte phoiblí

1. Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá an Dearbhú maidir le Comhaontú TRIPS agus Sláinte Phoiblí, a ghlac Comhdháil Aireachta na hEagraíochta Domhanda Trádála an 14 Samhain 2001 (dá ngairtear 'Dearbhú Aireachta Doha' anseo feasta). Agus na cearta agus na hoibleagáidí faoin gCaibidil seo á léirmhíniú agus á gcur chun feidhme, áiritheoidh na Páirtithe comhsheasmhacht le Dearbhú Doha.

2. Cuirfidh gach Páirtí Airteagal 31bis de Chomhaontú TRIPS chun feidhme, chomh maith leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis agus an Fhoscríbhinn a ghabhann leis an Iarscríbhinn sin, a tháinig i bhfeidhm an 23 Eanáir 2017.

ROINN B

CAIGHDEÁIN MAIDIR LE CEARTA MAOINE INTLEACHTÚLA

FOROINN 1

CÓIPCHEART AGUS CEARTA GAOLMHARA[1]

AIRTEAGAL 21.9

Comhaontuithe idirnáisiúnta

Dearbhaíonn gach Páirtí a chearta agus a oibleagáidí faoi na comhaontuithe idirnáisiúnta seo a leanas, agus é á chur san áireamh nach bhfuil comhaontuithe ina gceangal orthu siúd nach páirtithe iontu iad:

(a) Coinbhinsiún Bheirn chun Saothair Litríochta agus Ealaíon a Chosaint, arna dhéanamh i mBeirn an 9 Meán Fómhair 1886 arna leasú an 28 Meán Fómhair 1979 (dá ngairtear 'Coinbhinsiún Bheirn' anseo feasta);

(b) an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta um Chosaint Taibheoirí, Léiritheoirí Fónagram agus Eagraíochtaí Craolacháin, arna dhéanamh sa Róimh an 18 Bealtaine 1964 (dá ngairtear 'Coinbhinsiún na Róimhe' anseo feasta);

---

1 Beidh sé de shaoirse ag na Páirtithe, ina ndlíthe agus ina rialacháin, ainmneacha difriúla a thabhairt ar na cearta a leagtar amach san Fhoroinn seo, ar choinníoll go n-áiritheofar an leibhéal cosanta comhaontaithe leo.

(c) Conradh Marrakech maidir le rochtain ar shaothair fhoilsithe a éascú do dhaoine dalla, do dhaoine lagamhairc nó dóibh siúd atá faoi mhíchumas léitheoireachta cló ar aon bhealach eile, arna dhéanamh in Marrakech an 27 Meitheamh 2013;

(d) Conradh EDMI um Chóipcheart, arna dhéanamh sa Ghinéiv an 20 Nollaig 1996;

(e) Conradh EDMI um Thaibhithe agus Fónagraim, arna dhéanamh sa Ghinéiv an 20 Nollaig 1996; agus

(f) Conradh Bhéising maidir le Taibhithe Closamhairc, arna dhéanamh i mBéising an 24 Meitheamh 2012.

AIRTEAGAL 21.10

Údair

Tabharfaidh gach Páirtí an ceart eisiach d'údair chun na nithe seo a leanas a údarú nó a thoirmeasc:

(a) atáirgeadh díreach nó neamhdhíreach, sealadach nó buan ar aon mhodh agus in aon fhoirm, i bpáirt nó ina iomláine, ar a gcuid saothar;

(b) aon chineál scaipeadh ar an bpobal tríd an leagan bunaidh dá gcuid saothar, nó cóipeanna de, a dhíol nó ar bhealach eile;

(c) a gcuid saothar a chur in iúl don phobal ar aon bhealach, trí shreang nó gan sreang; agus

(d) a gcuid saothar a scaipeadh ar an bpobal, lena n-áirítear a gcuid saothar a chur ar fáil don phobal ar bhealach a bhféadfaidh an pobal rochtain a fháil orthu ó áit agus ag am dá rogha féin.

AIRTEAGAL 21.11

Taibheoirí

Tabharfaidh gach Páirtí an ceart eisiach do thaibheoirí chun na nithe seo a leanas a údarú nó a thoirmeasc:

(a) fosú a dtaibhithe;

(b) atáirgeadh díreach nó neamhdhíreach, sealadach nó buan ar aon mhodh agus in aon fhoirm, go hiomlán nó go páirteach, ar fhosuithe a dtaibhithe;

(c) fosuithe a dtaibhithe a scaipeadh ar an bpobal, trína ndíol nó ar bhealach eile;

(d) a gcuid taibhithe a chraoladh gan sreang nó trí shreang má fhoráiltear maidir leis sin le dlíthe agus rialacháin Páirtí, agus iad a chur in iúl don phobal, ach amháin más taibhiú craolta cheana féin é an taibhiú nó má dhéantar é ó fhosú; agus

(e) fosuithe a dtaibhithe a chur ar fáil don phobal sa chaoi go bhféadfaidh an pobal rochtain a fháil orthu ó áit agus ag am dá rogha féin.

AIRTEAGAL 21.12

Táirgeoirí fónagram

Tabharfaidh gach Páirtí an ceart eisiach do tháirgeoirí fónagram chun na nithe a leanas a údarú nó a thoirmeasc:

(a) atáirgeadh díreach nó neamhdhíreach, sealadach nó buan ar aon mhodh agus in aon fhoirm, go hiomlán nó go páirteach, ar a gcuid fónagram;

(b) scaipeadh a gcuid fónagram ar an bpobal, trína ndíol nó ar bhealach eile, lena n- áirítear cóipeanna díobh; agus

(c) a gcuid fónagram a scaipeadh ar an bpobal sa chaoi gur féidir leis an bpobal rochtain a fháil orthu ó áit agus ag am dá rogha féin.

AIRTEAGAL 21.13

Eagraíochtaí craolacháin

Féadfaidh gach Páirtí na ceanglais dhlíthiúla a shonrú ina dhlíthe agus ina rialacháin maidir leis an gcineál eagraíochta a mheasfar a bheith ina heagraíocht chraolacháin, agus tabharfaidh sé an ceart eisiach d’eagraíochtaí craolacháin an méid seo a leanas a údarú nó a thoirmeasc:

(a) fosú a gcraoltaí;

(b) atáirgeadh díreach nó neamhdhíreach, sealadach nó buan ar aon mhodh agus in aon fhoirm, i bpáirt nó ina iomláine, ar fhosuithe a gcraoltaí;

(c) fosuithe a gcraoltaí a chur ar fáil don phobal, trí shreang nó gan sreang, cibé acu a tharchuirtear na craoltaí sin trí shreang nó thar an líonra, lena n- áirítear le cábla nó le satailít, sa chaoi go bhféadfaidh an pobal rochtain a fháil orthu ó áit agus ag am dá rogha féin;

(d) fosuithe a gcraoltaí a scaipeadh ar an bpobal, trína ndíol nó ar bhealach eile[1]; agus

(e) a gcraoltaí a athchraoladh trí mhodh gan sreang, nó má fhoráiltear amhlaidh le dlíthe agus rialacháin an Pháirtí, iad a atarchur trí mhodh le sreang, chomh maith lena gcraoltaí a chur in iúl don phobal má dhéantar an chumarsáid sin in áiteanna a bhfuil rochtain ag an bpobal orthu ar tháille iontrála a íoc[2].

---

1 Ní bheidh feidhm ag pointí (c) agus (d) d'Airteagal 21.13 maidir le Páirtí a mhéid nach ndéanann an Páirtí sin foráil ina dhlíthe agus ina rialacháin maidir leis na cearta a leagtar amach iontu. Sa chás sin, féadfaidh na Páirtithe eile eagraíochtaí craolacháin an Pháirtí sin a eisiamh ón gcosaint a thugtar i bpointí (c) agus (d) d'Airteagal 21.13, agus ní bheidh feidhm ag an oibleagáid faoi Airteagal 21.5 maidir leis na cearta dá bhforáiltear i bpointí (c) agus (d) d'Airteagal 21.13.

2 Féadfaidh gach Páirtí cearta níos fairsinge a dheonú a mhéid a bhaineann leis an gcumarsáid a dhéanann eagraíochtaí craolacháin leis an bpobal.

AIRTEAGAL 21.14

An ceart chun luach saothair a fháil as fónagraim arna bhfoilsiú chun críoch tráchtála a chraoladh agus a chur ar fáil don phobal

1. Forálfaidh gach Páirtí maidir le ceart chun a áirithiú go n-íocfaidh an t-úsáideoir luach saothair le taibheoirí agus táirgeoirí fónagram, má úsáidtear fónagram a fhoilsítear chun críoch tráchtála, nó atáirgeadh den fhónagram sin, le haghaidh craoladh trí mhodh gan sreang nó le haghaidh aon chumarsáid leis an bpobal[1].

2. Forálfaidh gach Páirtí go ndéanfaidh taibheoir nó táirgeoir fónagram nó an dá cheann an luach saothair dá dtagraítear i mír 1 a éileamh ón úsáideoir. Féadfaidh gach Páirtí reachtaíocht a achtú a dhéanfaidh, in éagmais comhaontú idir taibheoirí agus táirgeoirí fónagram, na téarmaí a shocrú ar dá réir a chomhroinnfidh taibheoirí agus táirgeoirí fónagram an luach saothair sin.

[1] Féadfaidh gach Páirtí cearta níos fairsinge a dheonú do thaibheoirí agus do tháirgeoirí fónagram, in ionad an chirt chun luach saothair a fháil nó i dteannta an chirt sin, a mhéid a bhaineann le fónagraim arna bhfoilsiú chun críoch tráchtála a chraoladh agus a chur in iúl don phobal.

AIRTEAGAL 21.15

Téarma cosanta

1. Mairfidh cearta údair saothair litríochta nó ealaíne de réir bhrí Airteagal 2 de Choinbhinsiún Bheirn ar feadh shaol an údair agus ar feadh 50 (caoga) bliain ar a laghad tar éis bhás an údair nó, má fhoráiltear amhlaidh le dlíthe agus rialacháin an Pháirtí, ar feadh 70 (seachtó) bliain tar éis bhás an údair. Maidir le saothair fhótagrafacha agus chineamatagrafacha, leagfaidh gach Páirtí síos an téarma cosanta i gcomhréir lena dhlíthe agus lena rialacháin.

2. I gcás saothar ag a bhfuil comhúdair, ríomhfar na téarmaí dá dtagraítear i mír 1 ó bhás an údair mharthanaigh deiridh.

3. I gcás saothair gan ainm nó faoi ainm cleite, mairfidh an téarma cosanta ar feadh 50 (caoga) bliain ar a laghad ó chuirtear an saothar ar fáil go dleathach don phobal nó, má fhoráiltear amhlaidh le dlíthe agus rialacháin an Pháirtí, ar feadh 70 (seachtó) bliain ó chuirtear an saothar ar fáil go dleathach don phobal. D'ainneoin na chéad abairte, mura bhfuil amhras ar bith ann, áfach, faoi chéannacht an údair a bhuí leis an ainm cleite a ghlac sé, nó má nochtann an t- údar a chéannacht le linn na tréimhse dá dtagraítear sa chéad abairt, beidh feidhm leis an téarma cosanta a leagtar síos i mír 1.

4. Cearta taibheoirí i dtaibhiú seachas taibhiú atá fosaithe i bhfónagram, rachaidh siad in éag tráth nach túisce ná 50 (caoga) bliain ó dháta an taibhithe.

5. Ní rachaidh cearta taibheoirí agus táirgeoirí fónagram in éag go ceann 50 (caoga) bliain ar a laghad ón uair a fhoilseofar an fosú go dleathach nó ón uair a chuirfear in iúl go dleathach don phobal é nó, má fhoráiltear amhlaidh le dlíthe agus rialacháin an Pháirtí, 70 (seachtó) bliain ón uair a fhoilseofar an fosú go dleathach nó ón uair a chuirfear in iúl go dleathach don phobal é[1]. Féadfaidh gach Páirtí, i gcomhréir lena dhlíthe agus lena rialacháin, bearta éifeachtacha a ghlacadh chun a áirithiú go ndéanfar na brabúis a ghintear le linn 20 (fiche) bliain na cosanta tar éis na tréimhse 50 (caoga) bliain a chomhroinnt go cothrom idir taibheoirí agus léiritheoirí.

6. 20 (fiche) bliain ar a laghad ón gcéad chraoladh a bheidh i dtéarma cosanta chearta na n-eagraíochtaí craolacháin nó, má fhoráiltear amhlaidh le dlíthe agus rialacháin Páirtí, 50 (caoga) bliain ón gcéad chraoladh.

7. Ríomhfar na téarmaí a leagtar síos san Airteagal seo ón 1 Eanáir (ón gcéad lá de mhí Eanáir) sa bhliain i ndiaidh an imeachta as a n-eascraíonn siad.

8. Féadfaidh gach Páirtí foráil a dhéanamh maidir le téarmaí cosanta is faide ná na téarmaí dá bhforáiltear san Airteagal seo.

---

[1] Maidir le fosú an taibhithe nó an fhónagraim a fhoilsiú nó a chur in iúl go dleathach don phobal, féadfaidh gach Páirtí a fhoráil nach mór é sin a dhéanamh laistigh de thréimhse shainithe ama ó dháta an taibhithe (i gcás na dtaibheoirí) nó ó dháta an fhosaithe (i gcás táirgeoirí fónagram).

AIRTEAGAL 21.16

Ceart athdhíola

1. Féadfaidh gach Páirtí foráil a dhéanamh, ar mhaithe le húdar saothar ealaíne grafaice nó plaistí, maidir le ceart athdhíola, a bheidh le sainmhíniú mar cheart doshannta nach féidir a tharscaoileadh, fiú roimh ré, chun céatadáin den phraghas a fhaightear ar aon athdhíol an tsaothair sin, tar éis an chéad aistrithe den saothar sin arna dhéanamh ag an údar.

2. Beidh feidhm ag an gceart dá dtagraítear i mír 1 maidir leis na gníomhaíochtaí athdhíola ar fad lena bhfuil baint, mar dhíoltóirí, ceannaitheoirí nó idirghabhálaithe, ag gairmithe sa mhargadh ealaíne, amhail seomraí díolachán, dánlanna agus, go ginearálta, aon déileálaí i saothair ealaíne.

3. Féadfaidh gach Páirtí foráil a dhéanamh nach bhfuil feidhm ag an gceart athdhíola dá dtagraítear i mír 1 maidir le gníomhaíochtaí athdhíola má fuair an díoltóir an saothar go díreach ón údar níos lú ná 3 (trí) bliana roimh an athdhíol sin agus i gcás nach mó ná íosmhéid áirithe an praghas athdhíola.

4. Féadfaidh gach Páirtí foráil a dhéanamh go mbeidh an ceart athdhíola ag údair ar náisiúnaigh den Pháirtí eile iad agus ag a gcomharbaí i dteideal i gcomhréir leis an Airteagal seo agus le dlíthe agus rialacháin an Pháirtí lena mbaineann ar choinníoll go gceadófar le dlíthe agus rialacháin na tíre ar náisiúnach di an t-údar nó comharba an údair i dteideal cosaint ceart athdhíola sa tír sin d'údair ón bPáirtí lena mbaineann agus dá gcomharbaí i dteideal.

## AIRTEAGAL 21.17

### Bainistiú ar chearta comhchoiteann

1. Cuirfidh na Páirtithe comhar, trédhearcacht agus neamh-idirdhealaitheacht cumann bailithe dleachtanna chun cinn, go háirithe a mhéid a bhaineann leis an ioncam a bhailíonn siad, na hasbhaintí a chuireann siad i bhfeidhm maidir leis an ioncam sin, an úsáid a bhaintear as ríchíosanna a bhailítear, an beartas dáilte agus an raon atá acu, sa timpeallacht dhigiteach freisin.

2. Má dhéanann cumann bailithe dleachtanna atá bunaithe i gcríoch Páirtí ionadaíocht do chumann bailithe dleachtanna atá bunaithe i gcríoch Páirtí eile trí bhíthin comhaontú ionadaíochta, féachfaidh an chéad Pháirtí lena áirithiú gurb amhlaidh an méid seo a leanas maidir leis an gcumann bailithe dleachtanna is ionadaí:

(a) ní dhéanfaidh sé idirdhealú in aghaidh comhaltaí na heagraíochta a bhfuil ionadaíocht á déanamh di, ar comhaltaí iad a bhfuil teidlíocht acu; agus

(b) íocfaidh sé na méideanna atá dlite don eagraíocht a bhfuil ionadaíocht á déanamh di go cruinn, go tráthrialta, go dícheallach agus ar bhealach atá go hiomlán trédhearcach, agus soláthróidh sé faisnéis don eagraíocht a bhfuil ionadaíocht á déanamh di maidir leis na méideanna ioncaim a bailíodh thar a ceann agus na hasbhaintí a rinneadh.

## AIRTEAGAL 21.18

### Eisceachtaí agus teorainneacha

1. Maidir le heisceachtaí agus teorainneacha maidir leis na cearta san Fhoroinn seo, teorannóidh gach Páirtí na teorainneacha nó na heisceachtaí sin do chásanna speisialta áirithe nach bhfuil ar neamhréir le gnáthshaothrú an tsaothair nó ábhair eile, agus nach ndéanann dochar míréasúnta do leasanna na sealbhóirí cirt.

2. Díolmhóidh gach Páirtí ón gceart atáirgthe gníomhaíochtaí sealadacha atáirgthe atá díomuan nó teagmhasach, ar cuid dhílis de phróiseas teicneolaíochta iad agus atá fíor-riachtanach lena aghaidh, nach bhfuil de chuspóir acu ach an méid seo a leanas a chumasú:

(a) tarchur i líonra idir tríú páirtithe arna dhéanamh ag idirghabhálaí; nó

(b) úsáid dhleathach a bhaint as saothar nó ábhar eile atá le déanamh, agus nach bhfuil aon tábhacht eacnamaíoch neamhspleách ag baint leis.

AIRTEAGAL 21.19

Bearta teicneolaíocha a chosaint

1. Soláthróidh gach Páirtí cosaint dlí leormhaith agus leigheasanna dlí éifeachtacha in aghaidh dul timpeall ar bhearta teicneolaíocha éifeachtacha a úsáideann sealbhóirí cirt i ndáil le feidhmiú a gceart faoin bhForoinn seo agus lena gcuirtear srian ar ghníomhaíochtaí nach bhfuil údaraithe ag na sealbhóirí cirt lena mbaineann nó nach gceadaítear leis an dlí.

2. Maidir le tairbhí eisceachta nó teorann, féadfaidh gach Páirtí, má cheadaítear é faoina dhlí, a áirithiú go gcuirfidh sealbhóirí cirt na modhanna ar fáil don tairbhí sin chun tairbhiú, a mhéid is gá, den eisceacht nó den teorann sin.

AIRTEAGAL 21.20

Oibleagáidí maidir le faisnéis faoi bhainistiú na gceart

1. Chun críoch an Airteagail seo, ciallaíonn ‘faisnéis faoi bhainistiú na gceart’ aon fhaisnéis a chuireann sealbhóirí cirt ar fáil, lena n-aithnítear an saothar nó ábhar eile dá dtagraítear san Fhoroinn seo, an t-údar nó aon sealbhóir cirt eile, nó faisnéis maidir le téarmaí agus coinníollacha úsáide an tsaothair nó an ábhair, agus aon uimhreacha nó cóid lena léirítear an fhaisnéis sin.

2. Soláthróidh gach Páirtí cosaint dlí leormhaith in aghaidh aon duine a dhéanfaidh aon cheann de na gníomhaíochtaí seo a leanas go feasach, gan údarás, agus a fhios aige, nó foras réasúnta a bheith ann go mbeadh a fhios aige, go ndéanfar sárú ar aon chóipcheart nó ar aon cheart gaolmhar a spreagadh, a chumasú, a éascú, nó a cheilt dá bharr:

(a) faisnéis leictreonach faoi bhainistiú na gceart a bhaint nó a choigeartú; agus

(b) saothair nó ábhar eile a chosnaítear faoin bhForoinn seo ar baineadh faisnéis leictreonach faoi bhainistiú na gceart de nó ar athraíodh faisnéis ann gan údarú, a dháileadh, nó a allmhairiú lena dháileadh, a chraoladh, a chur in iúl nó a chur ar fáil don phobal.

3. Beidh feidhm ag mír 1 i gcás ina mbeidh baint ag aon cheann de na hítimí faisnéise a luaitear sa mhír sin le cóip de shaothar nó d’ábhar eile dá dtagraítear san Fhoroinn seo nó má thagann sé chun cinn i ndáil leis an saothar nó an t- ábhar sin á chur in iúl don phobal.

4. Áiritheoidh na Páirtithe nach ndéanfaidh na hoibleagáidí a leagtar amach san Airteagal seo dochar d’úsáidí neamhsháraitheacha.

FOROINN 2

TRÁDMHARCANNA

AIRTEAGAL 21.21

Comhaontuithe idirnáisiúnta

Déanfaidh gach Páirtí an méid seo a leanas:

(a) Comhaontú Nice a bhaineann le hAicmiú Idirnáisiúnta Earraí agus Seirbhísí chun Críocha an Chláraithe Marcanna, arna dhéanamh in Nice an 15 Meitheamh 1957 (dá ngairtear 'Aicmiú Nice' anseo feasta), a chomhlíonadh[1]; agus

(b) a dhícheall aontú don Phrótacal a bhaineann le Comhaontú Mhaidrid maidir le Clárú Idirnáisiúnta Marcanna, arna dhéanamh i Maidrid an 27 Meitheamh 1989, arna leasú go deireanach an 12 Samhain 2007.

1 Níl feidhm ag an oibleagáid sin ach amháin maidir le trádmharcanna a cláraíodh tar éis dháta glactha chritéir Aicmiú Nice nó tar éis dháta an aontachais don ionstraim.

AIRTEAGAL 21.22

Nós imeachta clárúcháin

1. Bunóidh gach Páirtí córas chun trádmharcanna a chlárú ina ndéanfar gach cinneadh críochnaitheach diúltach, lena n- áirítear diúltú páirteach chun clárú a dhéanamh, a eiseoidh an riarachán trádmhairc ábhartha, a chur in iúl i scríbhinn agus é réasúnaithe go cuí agus ar bhealach inar féidir agóid a dhéanamh ina aghaidh.

2. Déanfaidh gach Páirtí foráil maidir leis an bhféidearthacht go gcuirfear in aghaidh iarratas ar thrádmharcanna a chlárú nó, más iomchuí, in aghaidh clárú trádmharcanna. Beidh na himeachtaí freasúracha sin ina n-imeachtaí sáraíochta.

3. Soláthróidh gach Páirtí bunachar sonraí leictreonach, a bheidh ar fáil go poiblí, ina mbeidh iarratais ar thrádmharc agus clárúcháin trádmhairc.

AIRTEAGAL 21.23

Na cearta a thugtar le trádmharc

Le trádmharc cláraithe, tabharfar cearta eisiacha ina leith don dílseánach. Beidh an dílseánach i dteideal cosc a chur ar gach tríú páirtí nach bhfuil cead an dílseánaigh aige, úsáid a bhaint as na nithe seo a leanas le linn trádála:

(a) aon chomhartha atá comhionann leis an trádmharc i ndáil le hearraí nó seirbhísí atá comhionann leis na hearraí nó seirbhísí ar ina leith a bhfuil an trádmharc cláraithe; agus

(b) aon chomhartha atá comhionann leis an trádmharc, nó comhchosúil leis, agus a úsáidtear i ndáil le hearraí nó seirbhísí atá comhionann nó comhchosúil leis na hearraí nó na seirbhísí a bhfuil an trádmharc cláraithe ina leith, má tá an dóchúlacht ann go mbeadh mearbhall ar an bpobal, lena n-áirítear an dóchúlacht go bhfeicfear ceangal idir an comhartha agus an trádmharc.

AIRTEAGAL 21.24

Trádmharcanna aitheanta

1. Beidh feidhm ag Airteagal 6bis de Choinbhinsiún Pháras, *mutatis mutandis*, maidir le seirbhísí. Agus cinneadh á dhéanamh faoi cé acu is trádmharc aitheanta an trádmharc nó nach ea, cuirfidh gach Páirtí san áireamh cur amach an phobail ar an trádmharc san earnáil ábhartha, lena n-áirítear an cur amach air sa Pháirtí lena mbaineann mar gheall ar chur chun cinn an trádmhairc.

2. Beidh feidhm ag Airteagal 6bis de Choinbhinsiún Pháras, *mutatis mutandis*, maidir le hearraí nó seirbhísí nach bhfuil comhchosúil leo siúd a bhfuil trádmharc cláraithe ina leith, ar choinníoll go léireodh úsáid an trádmhairc sin i ndáil leis na hearraí nó na seirbhísí sin nasc idir na hearraí nó na seirbhísí sin agus úinéir an trádmhairc chláraithe agus ar choinníoll gur dócha go ndéanfadh an úsáid sin damáiste do leasanna úinéir an trádmhairc chláraithe.

3. Chun éifeacht a thabhairt do chosaint trádmharcanna aitheanta, dá dtagraítear in Airteagal 6bis de Choinbhinsiún Pháras agus i míreanna 2 agus 3 d'Airteagal 16 de Chomhaontú TRIPS, tabharfaidh gach Páirtí aird chuí ar na prionsabail a bhunaítear sa Mholadh Comhpháirteach maidir le Forálacha i ndáil le Cosaint Marcanna Aitheanta, a ghlac Comhthionól Aontas Pháras chun Maoin Thionsclaíoch a Chosaint agus Comhthionól Ginearálta EDMI ag an 34ú Sraith de Chruinnithe Chomhthionóil Bhallstáit EDMI an 20 go dtí an 29 Meán Fómhair 1999.

AIRTEAGAL 21.25

Iarratais de mheon mímhacánta

Déanfaidh gach Páirtí foráil go bhféadfar a dhearbhú go bhfuil trádmharc neamhbhailí más de mheon mímhacánta a rinne an t-iarratasóir an t-iarratas ar chlárú an trádmhairc sin. Féadfaidh gach Páirtí foráil a dhéanamh freisin nach ndéanfar trádmharc den sórt sin a chlárú.

AIRTEAGAL 21.26

Eisceachtaí ar na cearta a thugtar le trádmharc

1. Déanfaidh gach Páirtí foráil maidir le heisceachtaí teoranta ar na cearta a thugtar le trádmharc amhail úsáid chóir téarmaí tuairisciúla, lena n-áirítear an úsáid sin i gcás tásca geografacha, agus féadfaidh sé foráil a dhéanamh maidir le heisceachtaí teoranta eile má chuirtear san áireamh leis na heisceachtaí sin leasanna dlisteanacha úinéir an trádmhairc agus leasanna tríú páirtithe.

2. Ní fhágfaidh an trádmharc go mbeidh an t-úinéir i dteideal toirmeasc a chur ar thríú páirtí úsáid a bhaint as na nithe seo a leanas nuair a úsáidtear iad i gcomhréir le cleachtais mhacánta in ábhair thionsclaíocha agus thráchtála:

(a) a ainm nó a sheoladh féin más duine nádúrtha é an tríú páirtí sin;

(b) tásca a bhaineann le cineál, cáilíocht, cainníocht, úsáid bheartaithe, luach, tionscnamh geografach, tráth táirgthe earraí nó soláthair seirbhíse, nó saintréithe eile earraí nó seirbhísí; nó

(c) an trádmharc, más gá cuspóir beartaithe earra nó seirbhíse a chur in iúl, go háirithe mar ghabhálais nó páirteanna spártha.

FOROINN 3

DEARAÍ

AIRTEAGAL 21.27

Comhaontuithe idirnáisiúnta

Déanfaidh gach páirtí gach iarracht chun aontú d'Ionstraim na Ginéive de Chomhaontú na Háige i dtaca le Clárú Idirnáisiúnta Dearaí Tionscail, arna dhéanamh sa Ghinéiv an 2 Iúil 1999.

AIRTEAGAL 21.28

Cosaint dearaí cláraithe

1. Déanfaidh gach Páirtí foráil maidir le cosaint dearaí nua nó nuachumtha a cruthaíodh go neamhspleách[1][2]. Is trí chlárú a sholáthrófar an chosaint sin agus bronnfar ceart eisiach ar a sealbhóirí i gcomhréir leis an bhForoinn seo.

2. Beidh sé de cheart ag sealbhóir dearaidh chláraithe cosc a chur ar thríú páirtithe nach bhfuil toiliú an tsealbhóra acu táirge den sórt sin a dhéanamh, a thairiscint lena dhíol, a dhíol, a chur ar an margadh, a allmhairiú, a onnmhairiú, a stocáil nó úsáid a bhaint as earraí ar a bhfuil an dearadh agus ina n-ionchorpraítear é, i gcás ina ndéantar na gníomhaíochtaí sin chun críoch tráchtála.

AIRTEAGAL 21.29

Téarma cosanta

Is é a bheidh san fhad cosanta a bheidh ar fáil, lena n-áirítear aon athnuachan, 15 bliana (cúig bliana déag) ar a laghad ó dháta comhdaithe an iarratais.

1 Chun críocha an Airteagail seo, féadfaidh Páirtí a mheas gur dearadh nuachumtha é dearadh a bhfuil tréith shainiúil aige.

2 Déanfaidh an Airgintín foráil maidir le cosaint dearaí nua nó nuachumtha a cruthaíodh go neamhspleách.

AIRTEAGAL 21.30

Cosaint dearaí neamhchláraithe

Féadfaidh gach Páirtí modhanna dlíthiúla a bhunú chun úsáid dearaí neamhchláraithe a chosc.

AIRTEAGAL 21.31

Eisceachtaí agus eisiaimh

1. Féadfaidh gach Páirtí eisceachtaí teoranta ó chosaint dearaí a bhunú, ar choinníoll nach bhfuil na dearaí sin ar neamhréir go míréasúnta le gnáthshaothrú dearaí cosanta agus nach ndéantar leo dochar míréasúnta do leasanna dlisteanacha shealbhóir an dearaidh chosanta, agus leasanna dlisteanacha tríú páirtithe á gcur san áireamh.

2. Ní leathnófar cosaint dearaí chuig dearaí ar de réir breithnithe teicniúla nó feidhmiúla go bunúsach a leagtar síos iad.

AIRTEAGAL 1.32

Nasc le cóipcheart

Áiritheoidh gach Páirtí, a mhéid a fhoráiltear maidir leis ina dhlíthe agus ina rialacháin, go mbeidh dearadh incháilithe do chosaint faoina dhlí cóipchirt freisin ón dáta a cruthaíodh nó a fosaíodh an dearadh in aon fhoirm. Cinnfidh gach Páirtí méid agus coinníollacha na cosanta sin, lena n-áirítear an leibhéal úrnuachta is gá.

FOROINN 4

TÁSCA GEOGRAFACHA

AIRTEAGAL 21.33

Tásca geografacha a chosaint

1. Tá feidhm ag an bhForoinn seo maidir le tásca geografacha de thionscnamh chríoch na bPáirtithe a aithint agus a chosaint.

2. Déanfaidh na Páirtithe na bearta is gá chun an chosaint tásc geografach dá dtagraítear i mír 1 a chur chun feidhme ina gcríocha, agus cinnfidh siad modh iomchuí an chur chun feidhme sin laistigh dá gcóras dlí agus dá gcleachtas dlíthiúil féin.

3. Ní bheidh tásca geografacha Páirtí faoi réir an Airteagail seo ach amháin má tá siad faoi chosaint mar thásca geografacha i gcríoch an Pháirtí tionscnaimh faoina chóras clárúcháin agus cosanta tásc geografach.

4. Tar éis do gach Páirtí scrúdú a dhéanamh ar reachtaíocht an Pháirtí eile in Iarscríbhinn 21-A agus ar na tásca geografacha in Iarscríbhinn 21-B, agus tar éis dó nós imeachta freasúra nó comhairliúchán poiblí a bhaineann leis na tásca geografacha in Iarscríbhinn 21-B a chur i gcrích, geallann sé na tásca geografacha sin a chosaint ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo i gcomhréir leis an leibhéal cosanta a leagtar síos san Fhoroinn seo, lena n-áirítear an leibhéal sonrach cosanta, go háirithe mar a leagtar amach in Airteagal 21.35(8) agus i bhFoscríbhinn 21-B-1.

5. Féadfaidh gach Páirtí tásca geografacha le haghaidh táirgí seachas earraí bia talmhaíochta, fíonta, deochanna biotáilleacha nó fíonta cumhraithe a chosaint ina dhlíthe agus ina rialacháin. Admhaíonn na Páirtithe go bhfuil tásca geografacha a liostaítear in Iarscríbhinn 21-D faoi chosaint mar thásca geografacha sa tír thionscnaimh.

AIRTEAGAL 21.34

Tásca geografacha a chur leis

Arna iarraidh sin do Pháirtí, agus nuair a bheidh na céimeanna a shonraítear in Airteagal 21.33(4) curtha i gcrích, féadfaidh an Fochoiste um chearta maoine intleachtúla dá dtagraítear faoi Airteagal 21.59 a mholadh don Chomhairle Chomhpháirteach i gcumraíocht trádála cinneadh a ghlacadh, de bhun phointe (f) d'Airteagal 9.7(1) chun tásca geografacha nua a chur le hIarscríbhinn 21-B, lena n-áirítear é sin a dhéanamh chun na tásca geografacha a liostaítear in Iarscríbhinn 21-C a aistriú chuig Iarscríbhinn 21-B.

AIRTEAGAL 21.35

Raon feidhme chosaint na dtásc geografach

1. Soláthróidh gach Páirtí, de réir a dhlíthe agus a rialachán, na modhanna dlíthiúla do pháirtithe leasmhara chun an méid seo a leanas a chosc:

(a) úsáid táisc gheografaigh de chuid an Pháirtí eile a liostaítear i gCodanna 1 agus 2 d'Iarscríbhinn 21-B le haghaidh aon táirge a thagann faoi réim na haicme táirgí ábhartha, mar a shonraítear i Roinn 3 d'Iarscríbhinn 1-B agus:

(i) nach bhfuil de thionscnamh na tíre tionscnaimh a shonraítear in Iarscríbhinn 21-B i leith an táisc gheografaigh sin; nó

(ii) atá de thionscnamh na tíre tionscnaimh a shonraítear in Iarscríbhinn 21- B i leith an táisc gheografaigh sin ach nár táirgeadh nó nár monaraíodh é i gcomhréir le dlíthe agus rialacháin an Pháirtí eile a mbeadh feidhm acu dá mbeadh an táirge le tomhailt sa Pháirtí eile;

(b) úsáid a bhaint as aon mhodh in ainmniú nó i gcur i láthair earra lena dtabharfaí le fios nó lena gcuirfí in iúl gur earra de thionscnamh ceantair nach é an fhíoráit tionscnaimh é an t-earra atá i gceist, agus é sin a dhéanamh sa chaoi go gcuirfí an pobal amú i dtaca le tionscnamh geografach an earra;

(c) aon úsáid eile arb é atá inti gníomhaíocht iomaíochta éagóraí de réir bhrí Airteagal 10bis de Choinbhinsiún Pháras;

(d) aon úsáid tráchtála dhíreach nó indíreach a bhaint as ainm faoi chosaint i dtaca le táirgí inchomparáide nach gcomhlíonann sonraíocht táirge an ainm faoi chosaint, nó a thagann i dtír ar chlú táisc gheografaigh;

(e) úsáid táisc gheografaigh nach de thionscnamh na háite a léirítear leis an tásc geografach é, fiú má léirítear fíorthionscnamh na n-earraí nó má úsáidtear an tásc geografach in aistriúchán nó má chuirtear nathanna leis amhail ‘cineál’, ‘saghas’, ‘stíl’, ‘aithris’ agus mar sin de; agus

(f) aon mhí-úsáid nó úsáid mheabhlach a bhaintear as ainm faoi chosaint táisc gheografaigh nó aon aithris a dhéantar air; nó aon tásc bréagach nó míthreorach ar ainm faoi chosaint táisc gheografaigh; nó aon chleachtas eile a d’fhéadfadh an tomhaltóir a chur amú maidir le fíorthionscnamh, bunáitíocht agus cineál an táirge.

2. Maidir leis an ngaol idir trádmharcanna agus tásca geografacha:

(a) má chosnaítear tásc geografach faoin bhForoinn seo, diúltóidh gach Páirtí trádmharc a chlárú le haghaidh an táirge chéanna nó le haghaidh táirge comhchosúil a sáródh a úsáid an Fhoroinn seo, ar choinníoll gur cuireadh isteach iarratas ar chlárú an trádmhairc tar éis dháta an iarratais ar chosaint an táisc gheografaigh sa chríoch lena mbaineann; trádmharcanna a chláraítear de shárú ar an mír seo, neamhbhailíochtófar iad i gcomhréir le dlí na bPáirtithe;

(b) maidir le tásca geografacha a liostaítear in Iarscríbhinn 21-B ar dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, is é dáta foilsithe an nós imeachta freasúra nó an chomhairliúcháin phoiblí sna críocha, faoi seach, an dáta a chuirfear isteach an t-iarratas ar chosaint dá dtagraítear i bpointe (a);

(c) maidir le tásca geografacha dá dtagraítear in Airteagal 21.34, is é an dáta a tharchuirfear iarraidh chuig Páirtí eile chun tásc geografach a chosaint an dáta a chuirfear isteach an t-iarratas ar chosaint;

(d) gan dochar do phointe (e), cosnóidh gach Páirtí na tásca geografacha dá dtagraítear in Iarscríbhinn 21-B freisin más ann do réamh-thrádmharc; ciallóidh réamh-thrádmharc trádmharc a ndearnadh iarratas air, a cláraíodh nó a bunaíodh trína úsáid, má dhéantar foráil maidir leis an bhféidearthacht sin le dlíthe agus rialacháin an Pháirtí lena mbaineann, de mheon macánta i gcríoch Páirtí amháin, roimh an dáta a chuirfidh an Páirtí eile iarratas isteach ar chosaint an táisc gheografaigh, dá dtagraítear i mír 1, faoin gComhaontú seo;

féadfar leanúint den réamh-thrádmharc sin a úsáid, a athnuachan agus a chur faoi réir athruithe lena bhféadfaí a cheangal go gcomhdófaí iarratais nua ar thrádmharc, d'ainneoin chosaint an táisc gheografaigh, ar choinníoll nach ann d'aon fhoras le neamhbhailíochtú nó cealú an trádmhairc sa dlí trádmhairc faoinar cláraíodh nó faoinar bunaíodh an trádmharc;

ní úsáidfear an réamh-thrádmharc ná an tásc geografach ar bhealach a chuirfeadh an tomhaltóir ar míthreoir maidir le cineál an chirt maoine intleachtúla lena mbaineann; agus

(e) ní bheidh sé d'oibleagáid ar Pháirtí tásc geografach a chosaint i bhfianaise trádmharc cáiliúil, clúiteach nó aitheanta, más dócha go gcuirfeadh an chosaint an tomhaltóir ar míthreoir maidir le fíorchéannacht an táirge.

3. Ní choiscfidh aon ní san Fhoroinn seo ar Pháirtí úsáid a bhaint, i ndáil le haon táirge, as gnáthainm cineáil planda nó póir ainmhí ar ann dó i gcríoch an Pháirtí sin[1].

[1] Sainíonn na Páirtithe i bhFoscríbhinn 21-B-1 na cineálacha plandaí agus na pórtha ainmhithe nach gcuirfear cosc ar a n-úsáid.

4. Ní choiscfidh aon ní san Fhoroinn seo ar Pháirtí úsáid a bhaint as comhpháirt aonair de théarma ilchomhpháirte atá faoi chosaint mar thásc geografach i gcríoch an Pháirtí sin más gnách an chomhpháirt aonair sin a úsáid sa teanga choiteann mar an t-ainm coiteann ar an earra gaolmhar[1].

5 Ní cheanglóidh aon ní san Fhoroinn seo ar Pháirtí cosaint a thabhairt do thásc geografach atá comhionann leis an téarma is gnách a úsáid sa teanga choiteann mar an t-ainm coiteann ar an earra gaolmhar i gcríoch an Pháirtí sin.

6. Má tá aistriúchán ar thásc geografach comhionann le téarma is gnách a úsáid sa teanga choiteann mar an t-ainm coiteann ar tháirge i gcríoch Páirtí, nó má tá an téarma sin laistigh de, nó mura bhfuil tásc geografach comhionann leis an téarma sin ach má tá an téarma sin laistigh de, ní dhéanfaidh an Fhoroinn seo dochar do cheart aon duine an téarma sin a úsáid i ndáil leis an táirge sin.

7. Maidir le tásca geografacha comhainmneacha:

(a) i gcás thásca geografacha comhainmneacha na bPáirtithe, ar tásca iad atá ann cheana nó a bheidh ann amach anseo, le haghaidh táirgí a thagann faoi réim na catagóire céanna táirgí[2], beidh an dá cheann ann an tráth céanna *per se*, agus cinnfidh gach Páirtí na coinníollacha praiticiúla faoina ndéanfar na tásca comhainmneacha atá i gceist a idirdhealú ó chéile, agus an gá lena áirithiú go dtabharfar cóir chothrom do na táirgeoirí lena mbaineann agus nach gcuirfear tomhaltóirí ar míthreoir á chur san áireamh; agus

---

[1] Sainíonn na Páirtithe i bhFoscríbhinn 21-B-1 na téarmaí nach bhfuil cosaint á lorg ná á deonú ina leith.

[2] I gcomhréir le hAicmiú Nice agus na leasuithe air.

(b) má bheartaíonn Páirtí, i gcomhthéacs na caibidlíochta le tríú tír, tásc geografach ón tríú tír sin a chosaint, agus go bhfuil an t-ainm comhainmneach le tásc geografach de chuid an Pháirtí eile, cuirfear an Páirtí eile ar an eolas agus tabharfar an deis dó barúil a thabhairt sula gcosnófar an t-ainm.

8. Gan dochar d'Airteagail 21.35(1) go 21.35(7), sainítear leibhéal sonrach cosanta do na cásanna seo a leanas de thásca geografacha a liostaítear in Iarscríbhinn 21-B[1]:

(a) 'Genièvre', 'Jenever' nó 'Genever': le cosaint an táisc gheografaigh 'Genièvre', 'Jenever' nó 'Genever', ní chuirfear cosc orthu siúd a d'úsáid an téarma 'Ginebra' roimhe sin i gcríoch na hAirgintíne de mheon macánta agus ar bhealach leanúnach ar feadh 5 (cúig) bliana ar a laghad sula ndearnadh an tásc geografach 'Genièvre', 'Jenever' nó 'Genever' a fhoilsiú le haghaidh freasúra san Airgintín, ná orthu siúd a d'úsáid an téarma 'Genebra' roimhe sin i gcríoch na Brasaíle de mheon macánta agus ar bhealach leanúnach sula ndearnadh an tásc geografach 'Genièvre', 'Jenever' nó 'Genever' a fhoilsiú le haghaidh freasúra sa Bhrasaíl, leanúint d'úsáid a bhaint as an téarma, ar choinníoll nach ndéantar na táirgí sin a thráchtálú trí úsáid a bhaint as grafaicí, ainmneacha, pictiúir nó bratacha mar thagairtí d'fhíorthionscnamh an táisc gheografaigh agus ar choinníoll go dtaispeántar an téarma i gclómhéid atá i bhfad níos lú, bíodh is go bhfuil sé inléite, ná ainm an bhranda agus go ndéantar é a idirdhealú uaidh ar bhealach neamh-dhébhríoch a mhéid a bhaineann le tionscnamh an táirge;

---

1 Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, níl feidhm ag an leibhéal sonrach cosanta a fheidhmíonn gach Stát Sínithe MERCOSUR mar a shainítear in Airteagal 21.35(8) ach amháin maidir leis na húsáideoirí roimhe sin atá ar liosta an Stáit Sínithe MERCOSUR áirithe sin d'úsáideoirí roimhe sin.

(b) ‘Queso Manchego’: le cosaint an táisc gheografaigh ‘Queso Manchego’ le haghaidh cáiseanna arna dtáirgeadh sa Spáinn i gcomhréir leis na sonraíochtaí teicniúla is infheidhme, agus úsáid á baint as bainne caorach, ní chuirfear cosc orthu siúd a d’úsáid an téarma ‘Queso Manchego’ roimhe sin i gcríoch Uragua de mheon macánta agus ar bhealach leanúnach ar feadh 5 (cúig) bliana ar a laghad sula ndearnadh an tásc geografach ‘Queso Manchego’ a fhoilsiú le haghaidh freasúra, má bhaineann sé le cáiseanna a dhéantar as bainne bó, leanúint d’úsáid a bhaint as an téarma sin ar choinníoll nach ndéantar na táirgí sin a thráchtálú trí úsáid a bhaint as grafaicí, ainmneacha, pictiúir nó bratacha mar thagairtí don tásc geografach Eorpach faoi chosaint agus ar choinníoll go dtaispeántar an téarma i gclómhéid atá i bhfad níos lú, bíodh is go bhfuil sé inléite, ná ainm an bhranda agus go ndéantar é a idirdhealú uaidh ar bhealach neamh-dhébhríoch a mhéid a bhaineann le tionscnamh agus comhdhéanamh an táirge;

(c) ‘Grappa’: le cosaint an táisc gheografaigh ‘Grappa’, ní chuirfear cosc orthu siúd a d’úsáid an téarma ‘Grappamiel’ nó ‘Grapamiel’ roimhe sin i gcríoch Uragua de mheon macánta agus ar bhealach leanúnach sula ndearnadh an tásc geografach ‘Grappa’ a fhoilsiú le haghaidh freasúra leanúint d’úsáid a bhaint as an téarma sin, ar choinníoll nach ndéantar na táirgí sin a thráchtálú trí úsáid a bhaint as grafaicí, ainmneacha, pictiúir nó bratacha mar thagairtí don tásc geografach Eorpach faoi chosaint agus ar choinníoll go dtaispeántar an téarma i gclómhéid atá i bhfad níos lú, bíodh is go bhfuil sé inléite, ná ainm an bhranda agus go ndéantar é a idirdhealú uaidh ar bhealach neamh-dhébhríoch a mhéid a bhaineann le tionscnamh an táirge;

(d) 'Steinhäger': le cosaint an táisc gheografaigh 'Steinhäger', ní chuirfear cosc orthu siúd a d'úsáid an téarma 'Steinhäger' roimhe sin i gcríoch na Brasaíle de mheon macánta agus ar bhealach leanúnach sula ndearnadh an tásc geografach 'Steinhäger' a fhoilsiú le haghaidh freasúra leanúint d'úsáid a bhaint as an téarma sin, ar choinníoll nach ndéantar na táirgí sin a thráchtálú trí úsáid a bhaint as grafaicí, ainmneacha, pictiúir nó bratacha mar thagairtí don tásc geografach Eorpach faoi chosaint agus ar choinníoll go dtaispeántar an téarma i gclómhéid atá i bhfad níos lú, bíodh is go bhfuil sé inléite, ná ainm an bhranda agus go ndéantar é a idirdhealú uaidh ar bhealach neamh-dhébhríoch a mhéid a bhaineann le tionscnamh an táirge;

(e) 'Parmigiano Reggiano':

(i) le cosaint an táisc gheografaigh 'Parmigiano Reggiano', ní chuirfear cosc orthu siúd a d'úsáid an téarma 'Parmesão' roimhe sin i gcríoch na Brasaíle agus an téarma 'Parmesano' roimhe sin i gcríocha na hAirgintíne, Pharagua agus Uragua de mheon macánta agus ar bhealach leanúnach sula ndearnadh an tásc geografach 'Parmigiano Reggiano' a fhoilsiú le haghaidh freasúra leanúint d'úsáid a bhaint as na téarmaí sin, ar choinníoll nach ndéantar na táirgí sin a thráchtálú trí úsáid a bhaint as grafaicí, ainmneacha, pictiúir nó bratacha mar thagairtí don tásc geografach Eorpach faoi chosaint agus ar choinníoll go dtaispeántar an téarma i gclómhéid atá i bhfad níos lú, bíodh is go bhfuil sé inléite, ná ainm an bhranda agus go ndéantar é a idirdhealú uaidh ar bhealach neamh-dhébhríoch a mhéid a bhaineann le tionscnamh an táirge;

(ii) le cosaint an táisc gheografaigh 'Parmigiano Reggiano', ní chuirfear cosc orthu siúd a d'úsáid an téarma 'Reggianito' roimhe sin i gcríoch na hAirgintíne de mheon macánta agus ar bhealach leanúnach sula ndearnadh an tásc geografach 'Parmigiano Reggiano' a fhoilsiú le haghaidh freasúra, ná orthu siúd i gcríocha Pharagua agus Uragua a d'úsáid an téarma sin de mheon macánta agus ar bhealach leanúnach ar feadh 5 (cúig) bliana ar a laghad sula ndearnadh an tásc geografach 'Parmigiano Reggiano' a fhoilsiú le haghaidh freasúra, leanúint d'úsáid a bhaint as an téarma sin, ar choinníoll nach ndéantar na táirgí sin a thráchtálú trí úsáid a bhaint as grafaicí, ainmneacha, pictiúir nó bratacha mar thagairtí don tásc geografach Eorpach faoi chosaint agus ar choinníoll go dtaispeántar an téarma i gclómhéid atá i bhfad níos lú, bíodh is go bhfuil sé inléite, ná ainm an bhranda agus go ndéantar é a idirdhealú uaidh ar bhealach neamh-dhébhríoch a mhéid a bhaineann le tionscnamh an táirge;

(f) 'Fontina': le cosaint an táisc gheografaigh 'Fontina', ní chuirfear cosc orthu siúd a d'úsáid an téarma 'Fontina' roimhe sin i gcríocha na hAirgintíne, na Brasaíle, Pharagua agus Uragua de mheon macánta agus ar bhealach leanúnach ar feadh 5 (cúig) bliana ar a laghad sula ndearnadh an tásc geografach 'Fontina' a fhoilsiú le haghaidh freasúra, leanúint d'úsáid a bhaint as an téarma sin, ar choinníoll nach ndéantar na táirgí sin a thráchtálú trí úsáid a bhaint as grafaicí, ainmneacha, pictiúir nó bratacha mar thagairtí don tásc geografach Eorpach faoi chosaint agus ar choinníoll go dtaispeántar an téarma i gclómhéid atá i bhfad níos lú, bíodh is go bhfuil sé inléite, ná ainm an bhranda agus go ndéantar é a idirdhealú uaidh ar bhealach neamh-dhébhríoch a mhéid a bhaineann le tionscnamh an táirge;

(g) ‘Gruyère’ (an Fhrainc):

(i) le cosaint an táisc gheografaigh ‘Gruyère’ (an Fhrainc), ní chuirfear cosc orthu siúd a d’úsáid an téarma ‘Gruyère’ agus ‘Gruyere’ roimhe sin i gcríocha na hAirgintíne, na Brasaíle, Pharagua agus Uragua de mheon macánta agus ar bhealach leanúnach ar feadh 5 (cúig) bliana ar a laghad sula ndearnadh an tásc geografach ‘Gruyère’ (an Fhrainc) a fhoilsiú le haghaidh freasúra, leanúint d’úsáid a bhaint as an téarma sin, ar choinníoll nach ndéantar na táirgí sin a thráchtálú trí úsáid a bhaint as grafaicí, ainmneacha, pictiúir nó bratacha mar thagairtí don tásc geografach Eorpach faoi chosaint agus ar choinníoll go dtaispeántar an téarma i gclómhéid atá i bhfad níos lú, bíodh is go bhfuil sé inléite, ná ainm an bhranda agus go ndéantar é a idirdhealú uaidh ar bhealach neamh-dhébhríoch a mhéid a bhaineann le tionscnamh an táirge;

(ii) le cosaint an táisc gheografaigh ‘Gruyère’ (an Fhrainc), ní chuirfear cosc orthu siúd a d’úsáid na téarmaí ‘Gruyerito’ agus ‘Gruyer’ roimhe sin i gcríoch Uragua de mheon macánta agus ar bhealach leanúnach ar feadh 5 (cúig) bliana ar a laghad sula ndearnadh an tásc geografach ‘Gruyère’ (an Fhrainc) a fhoilsiú le haghaidh freasúra, leanúint d’úsáid a bhaint as na téarmaí sin, ar choinníoll nach ndéantar na táirgí sin a thráchtálú trí úsáid a bhaint as grafaicí, ainmneacha, pictiúir nó bratacha mar thagairtí don tásc geografach Eorpach faoi chosaint agus ar choinníoll go dtaispeántar an téarma i gclómhéid atá i bhfad níos lú, bíodh is go bhfuil sé inléite, ná ainm an bhranda agus go ndéantar é a idirdhealú uaidh ar bhealach neamh-dhébhríoch a mhéid a bhaineann le tionscnamh an táirge;

(h) 'Grana Padano': le cosaint an táisc gheografaigh 'Grana Padano', ní chuirfear cosc orthu siúd a d'úsáid an téarma 'Grana' roimhe sin i gcríoch na Brasaíle de mheon macánta agus ar bhealach leanúnach ar feadh 5 (cúig) bliana ar a laghad sula ndearnadh an tásc geografach 'Grana Padano' a fhoilsiú le haghaidh freasúra leanúint d'úsáid a bhaint as an téarma sin, ar choinníoll nach ndéantar na táirgí sin a thráchtálú trí úsáid a bhaint as grafaicí, ainmneacha, pictiúir nó bratacha mar thagairtí don tásc geografach Eorpach faoi chosaint agus ar choinníoll go dtaispeántar an téarma i gclómhéid atá i bhfad níos lú, bíodh is go bhfuil sé inléite, ná ainm an bhranda agus go ndéantar é a idirdhealú uaidh ar bhealach neamh-dhébhríoch a mhéid a bhaineann le tionscnamh an táirge; agus

(i) 'Gorgonzola': le cosaint an táisc gheografaigh 'Gorgonzola', ní chuirfear cosc orthu siúd a d'úsáid an téarma 'Gorgonzola' roimhe sin i gcríoch na Brasaíle de mheon macánta roimh an bhfoilsiú le haghaidh freasúra, leanúint d'úsáid a bhaint as an téarma sin, ar choinníoll nach ndéantar na táirgí sin a thráchtálú trí úsáid a bhaint as grafaicí, ainmneacha, pictiúir nó bratacha mar thagairtí d'fhíorthionscnamh an táisc gheografaigh agus ar choinníoll go dtaispeántar an téarma i gclómhéid atá i bhfad níos lú, bíodh is go bhfuil sé inléite, ná ainm an bhranda agus ar bhealach neamh-dhébhríoch a mhéid a bhaineann le tionscnamh an táirge.

9. Úsáideoirí roimhe sin dá dtagraítear i bpointí (a) go (i) de mhír 8 , liostaítear iad in Iarscríbhinn 21-E. Cinnfear comharbas úsáideoirí roimhe sin agus éifeachtaí an chomharbais sin le dlíthe agus rialacháin intíre gach Stáit Sínithe MERCOSUR.

10. Tásca geografacha faoi chosaint a liostaítear in Iarscríbhinn 21-B, ní dhéanfar tásca cineálacha díobh i gcríocha na bPáirtithe.

11. Ní chruthófar le haon ní sa Chaibidil seo oibleagáid ar na Páirtithe tásca geografacha a chosaint nach bhfuil faoi chosaint nó a scoirtear dá gcosaint ina n-áit tionscnaimh.

12. Ní dhéanfaidh an Chaibidil seo dochar do cheart aon duine úsáid tráchtála a bhaint as ainm an duine sin ná as ainm réamhtheachtaí an duine sin i ngnó, ach amháin má úsáidtear an t-ainm sin ar bhealach a chuirfeadh an pobal ar míthreoir.

AIRTEAGAL 21.36

Ceart úsáide na dtásc geografach

1. Aon oibreoir a bhfuil táirgí talmhaíochta, earraí bia, fíonta, fíonta cumhraithe nó deochanna biotáilleacha atá i gcomhréir leis an tsonraíocht chomhfhreagrach á margú aige, féadfaidh sé tásc geografach a úsáid faoin gCuid seo den Chomhaontú.

2. Chomh luath agus a bheidh tásc geografach faoi chosaint faoin gCuid seo den Chomhaontú, ní bheidh úsáid an ainm chosanta sin faoi réir aon chlárúchán úsáideoirí ná aon mhuirir bhreise.

AIRTEAGAL 21.37

An chosaint a fhorfheidhmiú

Cuirfidh gach Páirtí na modhanna dlíthiúla ar fáil do pháirtithe leasmhara chun forfheidhmiú na cosanta dá bhforáiltear in Airteagal 21.35 a iarraidh trí ghníomhaíocht riaracháin agus bhreithiúnach iomchuí laistigh dá gcóras dlí agus dá gcleachtas dlíthiúil féin.

AIRTEAGAL 21.38

Allmhairiú, onnmhairiú agus margú

Comhlíonfaidh táirgí a bhfuil na hainmneacha a liostaítear in Iarscríbhinn 21-B orthu na dlíthe agus na rialacháin is infheidhme i gcríoch an Pháirtí ina gcuirtear na táirgí ar an margadh nuair a dhéantar iad a allmhairiú, a onnmhairiú agus a mhargú.

AIRTEAGAL 21.39

Comhar agus trédhearcacht maidir le tásca geografacha

1. Déanfaidh an Fochoiste um chearta maoine intleachtúla, dá dtagraítear in Airteagal 21.59, faireachán ar fheidhmiú cuí na Foroinne seo agus féadfaidh sé breithniú a dhéanamh ar aon ábhar a bhaineann lena cur chun feidhme agus lena hoibriú. Beidh sé freagrach as an méid seo a leanas:

(a) faisnéis a mhalartú maidir le forbairtí reachtacha agus beartais i ndáil le tásca geografacha agus aon ábhar leasa choitinn eile i réimse na dtásc geografach; agus

(b) dul i gcomhar maidir le forbairt ainmneacha malartacha ar tháirgí a rinne táirgeoirí Páirtí a mhargú tráth le téarmaí a chomhfhreagraíonn do thásca geografacha an Pháirtí eile, go háirithe i gcás táirgí a bhfuil deireadh á chur lena n-úsáid de réir a chéile.

2. Féadfaidh an Fochoiste um chearta maoine intleachtúla a mholadh don Chomhairle Chomhpháirteach i gcumraíocht trádála an méid seo a leanas a leasú, de bhun phointe (f) d’Airteagal 9.7(1):

(a) Iarscríbhinn 21-A a mhéid a bhaineann leis na tagairtí don dlí is infheidhme sna Páirtithe;

(b) Iarscríbhinn 21-B a mhéid a bhaineann le tásca geografacha agus faisnéis a mhalartú chun na críche sin;

(c) Iarscríbhinn 21-C a mhéid a bhaineann leis an tásc geografach; agus

(d) Iarscríbhinn 21-E a mhéid a bhaineann le húsáideoirí roimhe sin.

3. Tabharfaidh gach Páirtí fógra don Pháirtí eile má thagann deireadh le cosaint táisc gheografaigh ina chríoch a liostaítear in Iarscríbhinn 21-B. Tar éis an fhógra sin, leasóidh an Chomhairle Chomhpháirteach i gcumraíocht trádála Iarscríbhinn 21-B i gcomhréir le pointe (f) d'Airteagal 9.7(1) chun deireadh a chur leis an gcosaint faoin gCuid seo den Chomhaontú. Is é an Páirtí ina dtionscnaíonn an táirge agus an Páirtí sin amháin atá i dteideal a iarraidh go gcuirfear deireadh leis an gcosaint a thugtar faoin bhForoinn seo do thásc geografach a liostaítear in Iarscríbhinn 21-B.

4. Tabharfaidh MERCOSUR fógra don Aontas Eorpach más rud é, tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, go sainaithníonn sé úsáideoirí breise roimhe sin a chomhlíonann na ceanglais shonracha a leagtar amach i bpointí (a) go (i) d'Airteagal 21.35(8). Tar éis an fhógra sin agus ar choinníoll go gcomhaontaíonn na Páirtithe go gcomhlíonann na húsáideoirí breise roimhe sin atá beartaithe na ceanglais thuasluaite, leasóidh an Chomhairle Chomhpháirteach i gcumraíocht trádála Iarscríbhinn 21-E de bhun phointe (f) d'Airteagal 9.7(1) trí na húsáideoirí breise roimhe sin a chur leis.

5. Fanfaidh na Páirtithe i dteagmháil, go díreach nó tríd an bhFochoiste um chearta maoine intleachtúla, maidir le gach ábhar a bhaineann le cur chun feidhme agus feidhmiú na Foroinne seo. Go sonrach, féadfaidh Páirtí faisnéis a bhaineann le sonraíochtaí táirge agus leasuithe orthu, agus le pointí teagmhála i dtaca le rialú, a iarraidh ar an bPáirtí eile.

6. Is éard a bheidh i sonraíocht táirge dá dtagraítear san Fhoroinn seo, an tsonraíocht táirge a fhormheasfaidh údaráis an Pháirtí, lena n-áirítear aon leasú a fhormheasfar freisin, i gcríoch tionscnaimh an táirge.

7. Féadfaidh na Páirtithe na sonraíochtaí táirge nó achoimre orthu a chomhfhreagraíonn do thásca geografacha an Pháirtí eile atá faoi chosaint de bhun na Foroinne seo, a chur ar fáil go poiblí sa Phortaingéilis, sa Spáinnis nó i mBéarla.

FOROINN 5

PAITINNÍ

AIRTEAGAL 21.40

Conarthaí idirnáisiúnta

Déanfaidh gach Páirtí a dhícheall aontú don Chonradh Comhair Paitinní, arna dhéanamh in Washington an 19 Meitheamh 1970[1].

1 I gcás an Aontais Eorpaigh, is féidir an fhoráil sin a chomhlíonadh trína Bhallstáit a bheith ag cloí léi.

FOROINN 6

CINEÁLACHA PLANDAÍ

AIRTEAGAL 21.41

Comhaontuithe idirnáisiúnta

Cosnóidh gach Páirtí cearta maidir le cineálacha plandaí, i gcomhréir leis an gCoinbhinsiún idirnáisiúnta do chosaint cineálacha nua plandaí arna dhéanamh i bPáras an 2 Nollaig 1961, arna athbhreithniú sa Ghinéiv an 10 Samhain 1972, agus an 23 Deireadh Fómhair 1978 (1978 UPOV ACT) nó an 19 Márta 1991 (1991 UPOV ACT), agus oibreoidh sé i gcomhar chun cosaint cineálacha plandaí a chur chun cinn.

FOROINN 7

COSAINT FAISNÉISE NEAMHNOCHTA

AIRTEAGAL 21.42

Raon feidhme cosanta na rún ceirde

1. Agus a oibleagáid faoi Airteagal 21.1(1) maidir le Comhaontú TRIPS á comhlíonadh, agus go háirithe míreanna 1 agus 2 d'Airteagal 39 de Chomhaontú TRIPS á chomhlíonadh aige, déanfaidh gach Páirtí foráil maidir le nósanna imeachta breithiúnacha sibhialta agus leigheasanna iomchuí le haghaidh aon sealbhóir rúin ceirde chun cosc a chur ar rún ceirde a éadáil, a úsáid nó a nochtadh aon uair a dhéantar sin ar neamhréir le cleachtais tráchtála mhacánta, agus chun sásamh a fháil ina leith sin.

2. Chun críocha na Foroinne seo:

(a) ciallaíonn 'rún ceirde' faisnéis ar fíor an méid seo a leanas ina leith:

(i) is rún í sa chiall nach bhfuil daoine laistigh de na ciorcail a dhéileálann de ghnáth leis an gcineál faisnéise atá i gceist ar an eolas go ginearálta fúithi ná nach bhfuil rochtain acu uirthi, ina hiomláine nó i gcumraíocht agus cóimeáil bheacht a comhpháirteanna;

(ii) a bhfuil luach tráchtála uirthi toisc gur rún í; agus

(iii) bhí sí faoi réir bearta réasúnta, i bhfianaise na staide, a bhí déanta ag an duine a bhí i gceannas go dleathach ar an bhfaisnéis chun í a choinneáil faoi rún; agus

(b) ciallaíonn 'sealbhóir rúin ceirde' aon duine nádúrtha nó dlítheanach a rialaíonn rún ceirde go dleathach.

3. Chun críocha na Foroinne seo, measfaidh Páirtí go mbeidh an t- iompar seo a leanas ar a laghad ar neamhréir le cleachtais tráchtála mhacánta:

(a) rún ceirde a fháil gan toiliú an tsealbhóra rúin ceirde, aon uair a dhéantar é trí bhíthin rochtain neamhúdaraithe ar aon doiciméid, earraí, ábhair, substaintí, nó comhaid leictreonacha, nó aon cheann díobh sin a leithreasú nó a chóipeáil, atá go dleathach faoi rialú an tsealbhóra rúin ceirde, ina bhfuil an rún ceirde nó ónar féidir an rún ceirde a oibriú amach;

(b) úsáid nó nochtadh rúin ceirde gan toiliú an tsealbhóra rúin ceirde, arna dhéanamh ag duine:

 (i) a fuair an rún ceirde go neamhdhleathach;

 (ii) a sháraigh comhaontú rúndachta nó aon dualgas eile gan an rún ceirde a nochtadh; nó

 (iii) a sháraigh dualgas conarthach nó aon dualgas eile chun úsáid an rúin ceirde a theorannú; agus

(c) fáil, úsáid nó nochtadh rúin ceirde aon uair a dhéanann duine é arbh eol dó ag an am a rinneadh an rún ceirde a fháil, a úsáid nó nochtadh, nó ar cheart gurbh eol dó, sna himthosca, go raibh an rún ceirde faighte go díreach nó go hindíreach ó dhuine eile a bhí ag úsáid nó ag nochtadh an rúin ceirde go neamhdhleathach de réir bhrí phointe (b).

4. Ní cheanglófar ar Pháirtí a mheas go bhfuil aon cheann de na hiompraíochtaí seo a leanas ar neamhréir le cleachtais tráchtála mhacánta faoin bhForoinn seo:

(a) fionnachtain nó cruthú neamhspleách na faisnéise ábhartha ag duine;

(b) ais- innealtóireacht ar tháirge arna déanamh ag duine a bhfuil an táirge ina sheilbh aige go dleathach agus atá saor ó aon dualgas atá bailí go dlíthiúil chun teorainn a chur le fáil na faisnéise ábhartha;

(c) fáil, úsáid nó nochtadh faisnéise a cheanglaítear nó a cheadaítear le dlí an Pháirtí ábhartha; nó

(d) úsáid a bheith á baint ag fostaithe as an taithí agus na scileanna a fuair siad go macánta i ngnáthchúrsa a bhfostaíochta.

5. Níl aon ní san Fhoroinn seo a thuigfear mar shrian ar an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil, lena n-áirítear saoirse na meán mar a chosnaítear i ndlínse gach ceann de na Páirtithe.

AIRTEAGAL 21.43

Nósanna imeachta breithiúnacha sibhialta agus leigheasanna ar rúin trádála

1. Áiritheoidh gach Páirtí, maidir le haon duine atá rannpháirteach sna himeachtaí breithiúnacha sibhialta dá dtagraítear in Airteagal 21.42, nó a bhfuil rochtain aige ar dhoiciméid ar cuid de na himeachtaí breithiúnacha sin iad, nach gceadófar don duine sin aon rún ceirde nó rún ceirde líomhainte a úsáid ná a nochtadh, a shainaithin na húdaráis bhreithiúnacha inniúla mar fhaisnéis rúnda mar fhreagairt ar iarratas atá réasúnaithe go hiomchuí ó pháirtí leasmhar, agus ar rún ceirde é a bhfuair siad eolas air de thoradh na rannpháirtíochta nó na rochtana sin.

2. Sna himeachtaí breithiúnacha sibhialta dá dtagraítear in Airteagal 21.42, déanfaidh gach Páirtí foráil go mbeidh d'údarás ag a údaráis bhreithiúnacha an méid seo a leanas a dhéanamh ar a laghad:

(a) bearta sealadacha a ordú, mar a leagtar amach ina dhlíthe agus ina rialacháin, chun fáil, úsáid nó nochtadh an rúin ceirde ar bhealach a bheadh ar neamhréir le cleachtais tráchtála mhacánta a chosc;

(b) faoiseamh urghaire a ordú chun cosc a chur ar fháil, úsáid nó nochtadh an rúin ceirde ar bhealach a bheadh ar neamhréir le cleachtais tráchtála mhacánta;

(c) ordú a thabhairt don duine arbh eol dó nó ar cheart gurbh eol dó go raibh rún ceirde á fháil, á úsáid nó á nochtadh aige ar bhealach a bheadh ar neamhréir le cleachtais tráchtála mhacánta chun damáistí iomchuí a íoc leis an sealbhóir rúin ceirde a oireann don dochar iarbhír a raibh sé thíos leis de thoradh fháil, úsáid nó nochtadh neamhdhleathach an rúin ceirde;

(d) bearta sonracha a dhéanamh chun rúndacht aon rún ceirde nó aon rún ceirde líomhainte arna chur i láthair in imeachtaí sibhialta a chaomhnú ar rún ceirde nó rún ceirde líomhainte é a bhaineann le fáil, úsáid agus nochtadh rúin ceirde líomhainte ar bhealach a bheadh ar neamhréir le cleachtais tráchtála mhacánta; d'fhéadfaí a áireamh leis na bearta sonracha sin, i gcomhréir le dlí an Páirtí, rochtain ar dhoiciméid áirithe a shrianadh go hiomlán nó i bpáirt, rochtain a shrianadh ar éisteachtaí agus ar na taifid chomhfhreagracha agus a dtras- scríbhinn chomhfhreagrach, agus leagan neamhrúnda den chinneadh breithiúnach a chur ar fáil ina mbaintear amach nó ina bhfolaítear na sleachta ina bhfuil rúin cheirde; agus

(e) smachtbhannaí a fhorchur ar pháirtithe, nó ar dhaoine eile atá faoi réir dhlínse na cúirte, as sárú ar orduithe breithiúnacha a bhaineann le cosaint rúin ceirde nó rúin ceirde líomhainte arna dtabhairt ar aird sna himeachtaí sin.

3. Ní cheanglófar ar Pháirtí foráil a dhéanamh maidir leis na nósanna imeachta breithiúnacha agus na leigheasanna dá dtagraítear in Airteagal 21.42 má dhéantar an iompraíocht atá ar neamhréir le cleachtais tráchtála mhacánta, i gcomhréir le dlí an Pháirtí sin, chun mí-iompar, éagóiritheoireacht nó gníomhaíocht neamhdhleathach a nochtadh nó chun leas dlisteanach a aithnítear leis an dlí a chosaint.

## ROINN C

## CEARTA MAOINE INTLEACHTÚLA A FHORFHEIDHMIÚ

### FOROINN 1

### FORFHEIDHMIÚ SIBHIALTA AGUS RIARACHÁIN

#### AIRTEAGAL 21.44

#### Oibleagáidí ginearálta

1. Athdhearbhaíonn gach Páirtí a ghealltanais faoi Chomhaontú TRIPS agus go háirithe faoi Chuid III de, agus áiritheoidh sé forfheidhmiú ceart maoine intleachtúla i gcomhréir lena dhlí agus laistigh dá chóras dlí agus dá chleachtas dlíthiúil féin.

2. Chun críocha na Roinne seo, ciallaíonn 'cearta maoine intleachtúla', mura bhforáiltear a mhalairt, cearta maoine intleachtúla mar a shainmhínítear in Airteagal 21.3(1) cé is moite de na cearta dá dtagraítear in Airteagail 21.42 agus 21.43.

3. Na nósanna imeachta[1] a ghlacfar, a choinneofar ar bun nó a chuirfear i bhfeidhm chun an Roinn seo a chur chun feidhme, beidh siad éifeachtach, cóir agus cothrom agus ní bheidh castacht ná costas gan ghá ag baint leo, ná ní bheidh teorainneacha ama míréasúnta ná moilleanna gan údar i gceist leo, agus gníomhóidh siad mar bhac ar sháruithe breise. Cuirfidh gach Páirtí san áireamh an gá atá le comhréireacht idir an sárú, cearta na bpáirtithe uile lena mbaineann, leasanna tríú páirtithe, agus na bearta, na leigheasanna agus na pionóis is infheidhme.

4. Cuirfidh na Páirtithe na nósanna imeachta dá dtagraítear i mír 3 i bhfeidhm maidir le cearta maoine intleachtúla a fhorfheidhmiú ar bhealach nach gcruthófar bacainní ar thrádáil dhlisteanach agus go ndéanfar foráil maidir le coimircí in aghaidh a mí-úsáide.

5. Le hAirteagail 21.44 go 21.58, ní chruthaítear aon oibleagáid ar Pháirtí córas breithiúnach a chur i bhfeidhm chun cearta maoine intleachtúla a fhorfheidhmiú a bheadh éagsúil leis an gcóras chun an dlí i gcoitinne a fhorfheidhmiú i gcomhréir le dlí an Pháirtí sin, ná ní dhéantar difear leo do chumas na bPáirtithe a ndlí a fhorfheidhmiú i gcoitinne.

## AIRTEAGAL 21.45

### Daoine atá i dteideal nósanna imeachta a iarraidh

Aithneoidh gach Páirtí go bhfuil na daoine seo a leanas ar a laghad i dteideal a iarraidh go gcuirfear i bhfeidhm na nósanna imeachta a bhaineann le forfheidhmiú ceart maoine intleachtúla dá dtagraítear sa Roinn seo agus i gCuid III de Chomhaontú TRIPS, i gcomhréir leis an dlí ina dtarlaíonn an nós imeachta:

(a) sealbhóirí ceart maoine intleachtúla;

[1] Chun críocha na Roinne seo, áirítear bearta agus leigheasanna ar 'nósanna imeachta'.

(b) ceadúnaithe eisiacha ar choinníoll go bhfuil siad údaraithe ag na sealbhóirí cirt; agus

(c) comhlachtaí bainistithe ar chearta comhchoiteann maoine intleachtúla atá aitheanta go dlíthiúil agus go sainráite mar chomhlachtaí a bhfuil sé de cheart acu ionadaíocht a dhéanamh do shealbhóirí ceart maoine intleachtúla.

AIRTEAGAL 21.46

Fianaise

1. Áiritheoidh gach Páirtí go mbeidh sé d'údarás ag na húdaráis bhreithiúnacha inniúla, ar iarratas ó pháirtí a chuir fianaise atá ar fáil go réasúnta i láthair chun tacú le maímh an Pháirtí gur sáraíodh ceart maoine intleachtúla an pháirtí sin nó go bhfuiltear ar tí é a shárú, a ordú go ndéanfar bearta sealadacha prasa éifeachtacha chun fianaise ábhartha a chaomhnú i leith an tsáraithe líomhainte, faoi réir cosaint faisnéise rúnda[1].

2. Féadfar a áireamh ar na bearta sealadacha dá dtagraítear i mír 1 tuairisc mhionsonraithe ar na hearraí a líomhnaítear gur earraí sáraitheacha iad, agus samplaí díobh a thógáil nó gan iad a thógáil, nó urghabháil fhisiceach na n-earraí sin, agus na doiciméid a bhaineann leo i gcásanna iomchuí.

3. Déanfaidh gach Páirtí na bearta is gá, i gcásanna góchumtha trádmhairc nó píoráideachta cóipchirt ar scála tráchtála[2], chun é a chur ar a gcumas do na húdaráis bhreithiúnacha inniúla a ordú, más iomchuí, ar iarratas ó pháirtí, agus más gá chun a chinneadh cé acu is ann nó nach ann do shárú agus a mhéid atá sárú ann, doiciméid ábhartha bhaincéireachta, airgeadais nó tráchtála atá faoi rialú an pháirtí fhreasúraigh a chur in iúl, faoi réir cosaint faisnéise rúnda.

---

1 Chun críocha an Airteagail seo, féadfar sonraí pearsanta a áireamh le 'faisnéis rúnda'.

2 Féadfaidh Páirtí cur i bhfeidhm na míre seo a leathnú chuig cearta maoine intleachtúla eile.

4. Áiritheoidh gach Páirtí go mbeidh an inniúlacht ag na húdaráis bhreithiúnacha na bearta chun fianaise a chaomhnú a chur faoi réir urrús leordhóthanach nó dearbhú coibhéiseach arna thaisceadh ag an iarratasóir lena bhfuil sé beartaithe a áirithiú go gcúiteofar aon dochar a raibh an cosantóir thíos leis.

5. Má chúlghairtear na bearta chun fianaise a chaomhnú, má théann siad in éag i ngeall ar aon ghníomh nó neamhghníomh a rinne an t-iarratasóir, nó má chinntear ina dhiaidh sin nach ndearnadh aon sárú ná bagairt sáraithe ar cheart maoine intleachtúla, beidh sé d'údarás ag na húdaráis bhreithiúnacha ordú a thabhairt don iarratasóir, arna iarraidh sin don chosantóir, cúiteamh iomchuí a sholáthar don chosantóir as aon díobháil a rinne na bearta sin.

AIRTEAGAL 21.47

An ceart chun faisnéise

1. Áiritheoidh gach Páirtí, i gcás sárú ar chearta maoine intleachtúla agus mar fhreagairt ar iarraidh chuí-réasúnaithe chomhréireach ón éilitheoir, go bhféadfaidh na húdaráis bhreithiúnacha inniúla ordú a thabhairt don sáraitheoir nó d'aon duine eile faisnéis ábhartha a sholáthar maidir le tionscnamh agus líonraí dáileacháin na n-earraí nó na seirbhísí sáraitheacha.

2. Chun críocha an Airteagail seo:

(a) ciallaíonn 'aon duine eile' duine:

(i) a fuarthas go raibh na hearraí sáraitheacha ina sheilbh aige ar scála tráchtála;

(ii) a fuarthas go raibh na seirbhísí sáraitheacha á n- úsáid aige ar scála tráchtála;

(iii) a fuarthas go raibh seirbhísí arna n-úsáid i ngníomhaíochtaí sáraitheacha á soláthar aige ar scála tráchtála; nó

(iv) ar chuir an duine dá dtagraítear i bpointí (i) go (iii) in iúl go raibh sé páirteach i dtáirgeadh, monarú nó dáileadh na n- earraí sáraitheacha nó i soláthar na seirbhísí sáraitheacha.

(b) féadfar a áireamh le 'faisnéis ábhartha' faisnéis maidir le haon duine a bhfuil baint aige ar scála tráchtála leis an sárú nó leis an sárú líomhainte agus maidir le modhanna táirgthe agus líonraí dáileacháin na n-earraí nó na seirbhísí.

3. Tá feidhm ag an Airteagal seo gan dochar d'fhorálacha reachtúla eile:

(a) lena ndeonaítear don sealbhóir cirt cearta chun faisnéis níos iomláine a fháil;

(b) lena rialaítear úsáid na faisnéise a cuireadh in iúl de bhun an Airteagail seo in imeachtaí sibhialta nó coiriúla;

(c) lena rialaítear an fhreagracht as mí-úsáid an chirt chun faisnéise;

(d) lena dtugtar deis chun diúltú faisnéis a sholáthar a chuirfeadh iallach ar an duine dá dtagraítear i mír 1 a admháil go raibh sé féin nó garghaolta leis rannpháirteach; nó

(e) lena rialaítear cosaint rúndachta foinsí faisnéise nó próiseáil sonraí pearsanta.

AIRTEAGAL 21.48

Bearta sealadacha agus bearta réamhchúraim

1. Déanfaidh gach Páirtí a fhoráil go mbeidh sé d'údarás ag a údaráis bhreithiúnacha bearta sealadacha agus bearta réamhchúraim a ordú atá pras agus éifeachtach, lena n-áirítear urghaire idirbhreitheach, in aghaidh páirtí, nó más iomchuí, in aghaidh tríú páirtí a bhfeidhmíonn an t-údarás breithiúnach ábhartha dlínse air, lena chosc go dtarlóidh sárú ar cheart maoine intleachtúla, agus, go háirithe, lena chosc go rachaidh earraí sáraitheacha isteach sna bealaí tráchtála.

2. Féadfar urghaire idirbhreitheach a eisiúint freisin chun a ordú go ndéanfar earraí a bhfuil amhras fúthu go sáraíonn siad ceart maoine intleachtúla a urghabháil nó a thabhairt ar láimh, chun cosc a chur ar a n- imeacht isteach chuig na bealaí tráchtála nó a ngluaiseacht laistigh díobh.

3. Áiritheoidh gach Páirtí, i gcás sárú líomhainte arna dhéanamh ar scála tráchtála, má léiríonn an t-iarratasóir imthosca ar dócha go gcuirfear aisghabháil damáistí i mbaol dá ndeasca, go mbeidh na húdaráis bhreithiúnacha in ann a ordú go ndéanfar gairnisiú ar mhaoin shochorraithe agus dhochorraithe an tsáraitheora líomhainte, lena n-áirítear cuntais bhainc agus sócmhainní eile an tsáraitheora líomhainte a bhlocáil. Chuige sin, áiritheoidh gach Páirtí go mbeidh na húdaráis inniúla in ann a ordú go gcuirfear doiciméid bhaincéireachta, airgeadais nó tráchtála in iúl, nó go mbeidh rochtain iomchuí ar an bhfaisnéis ábhartha.

4. Beidh sé d'údarás ag na húdaráis bhreithiúnacha a cheangal ar an iarratasóir aon fhianaise atá ar fáil go réasúnta a sholáthar chun leibhéal leormhaith cinnteachta a thabhairt dóibh féin gurb é an t-iarratasóir an sealbhóir cirt agus go bhfuil sárú á dhéanamh ar cheart an iarratasóra nó go bhfuil an sárú sin ar tí tarlú, agus ordú a thabhairt don iarratasóir urrús nó dearbhú coibhéiseach a sholáthar a bheidh leormhaith chun an cosantóir a chosaint agus chun mí-úsáid a chosc.

AIRTEAGAL 21.49

Leigheasanna

1. Áiritheoidh gach Páirtí go mbeidh sé d'údarás ag na húdaráis bhreithiúnacha inniúla a ordú, ar iarraidh ón iarratasóir agus gan dochar d'aon damáiste atá dlite don sealbhóir cirt mar gheall ar an sárú, agus gan cúiteamh d'aon sórt, go ndéanfaí earraí a dhíothú nó a bhaint go cinntitheach ar a laghad as na bealaí tráchtála earraí ar chinn siad ina leith go bhfuil sárú á dhéanamh acu ar cheart maoine intleachtúla. Féadfar na hearraí sin a úsáid ar mhaithe le leas an phobail. Beidh sé d'údarás ag na húdaráis bhreithiúnacha freisin a ordú go ndéanfar ábhair agus uirlisí a úsáidtear go príomha chun na hearraí sáraitheacha a chruthú a dhiúscairt, gan cúiteamh d'aon chineál, lasmuigh de na bealaí tráchtála sa chaoi go n-íoslaghdófar na rioscaí go ndéanfaí tuilleadh sáruithe. Agus iarrataí den sórt sin á mbreithniú acu, cuirfidh na húdaráis bhreithiúnacha inniúla san áireamh an gá atá le comhréireacht idir tromchúis an tsáraithe agus na leigheasanna a ordófar, chomh maith le leasanna tríú páirtithe.

2. Beidh an t-údarás ag údaráis bhreithiúnacha inniúla gach Páirtí ordú a thabhairt gurb é an duine a rinne an sárú a sheasfaidh costais na mbeart sin, ach amháin má dhéantar cúiseanna ar leith a agairt gan é sin a dhéanamh.

AIRTEAGAL 21.50

Urghairí

Áiritheoidh gach Páirtí, má chinntear le cinneadh breithiúnach go ndearnadh sárú ar cheart maoine intleachtúla, go mbeidh na húdaráis bhreithiúnacha inniúla in ann urghaire a eisiúint in aghaidh an tsáraitheora nó, más iomchuí, in aghaidh tríú páirtí a bhfeidhmíonn an t-údarás breithiúnach ábhartha dlínse air, arb é is aidhm di toirmeasc a chur ar leanúint den sárú.

AIRTEAGAL 21.51

Bearta malartacha

Féadfaidh gach Páirtí a fhoráil, i gcásanna iomchuí agus arna iarraidh sin don duine a d'fhéadfadh a bheith faoi réir na mbeart dá bhforáiltear in Airteagal 21.49 nó 21.50, go bhféadfaidh na húdaráis bhreithiúnacha inniúla a ordú go n-íocfar cúiteamh airgid leis an bpáirtí díobhálaithe seachas na bearta dá bhforáiltear in Airteagal 21.49 nó 21.50 a chur i bhfeidhm, má fhaightear amach gur ghníomhaigh an duine go neamhbheartaithe agus gan faillí, nó dá mba rud é go ndéanfadh forfheidhmiú na mbeart atá i gceist dochar doleigheasta dó agus má dhealraíonn sé go mbeadh cúiteamh airgid don pháirtí díobhálaithe réasúnta sásúil[1].

---

1 Agus cinneadh á dhéanamh maidir lena bhfuil i gceist le 'réasúnta sásúil', féadfaidh an breitheamh leas an phobail a chur san áireamh.

AIRTEAGAL 21.52

Damáistí

1. Áiritheoidh gach Páirtí go mbeidh sé d'údarás ag na húdaráis bhreithiúnacha, arna iarraidh sin don pháirtí díobhálaithe, ordú a thabhairt do sháraitheoir a bhí ag gabháil go feasach do ghníomhaíocht lenar sáraíodh cearta maoine intleachtúla, nó a bhí ag gabháil di agus foras réasúnta aige a bheith feasach ina leith, damáistí iomchuí a íoc leis an sealbhóir cirt chun an dochar iarbhír a rabhthas thíos leis de dheasca an tsáraithe ar an gceart maoine intleachtúla a chúiteamh. Agus na damáistí á socrú, déanfaidh na húdaráis bhreithiúnacha inniúla an méid seo a leanas:

(a) gach gné iomchuí a chur san áireamh, amhail na hiarmhairtí diúltacha eacnamaíocha, lena n-áirítear brabúis chaillte a rinne difear diúltach don pháirtí díobhálaithe, aon bhrabús éagórach[1] a ghnóthaigh an duine a rinne an sárú agus, más infheidhme, gnéithe seachas tosca eacnamaíocha, amhail an dochar morálta a rinneadh don sealbhóir cirt de bharr an tsáraithe; nó

(b) de rogha ar phointe (a), féadfaidh siad, i gcásanna iomchuí, na damáistí a shocrú mar chnapshuim ar bhonn eilimintí amhail, ar a laghad, méid na ríchíosanna nó na dtáillí a bheadh dlite dá mba rud é gur iarr an duine a rinne an sárú údarú chun leas a bhaint as an gceart maoine intleachtúla a bhí i gceist.

---

1 Is éard is 'brabúis éagóracha' ann na brabúis a dhíorthaítear ón sárú, i gcomhréir le dlí Páirtí.

AIRTEAGAL 21.53

Costais dlí

Déanfaidh gach Páirtí a fhoráil go mbeidh sé d'údarás ag a údaráis bhreithiúnacha, más iomchuí, a ordú, ag deireadh imeachtaí breithiúnacha sibhialta maidir le cearta maoine intleachtúla a fhorfheidhmiú, go ndeonófar don pháirtí a bhuafaidh go n-íocfaidh an páirtí a chaillfidh costais dlí agus costais eile leis, mar a fhoráiltear faoi dhlí an Pháirtí sin.

AIRTEAGAL 21.54

Cinntí breithiúnacha a fhoilsiú

Áiritheoidh gach Páirtí go mbeidh a údaráis bhreithiúnacha in ann a ordú go bhfoilseofar an cinneadh i gcás sárú ar cheart maoine intleachtúla, mura rud é nach mbeadh sé sin comhréireach le tromchúis an tsáraithe.

AIRTEAGAL 21.55

Toimhde i dtaobh an údair nó an úinéara

Déanfaidh gach Páirtí foráil, i mbearta sealadacha ar a laghad arna n-iarraidh in imeachtaí sibhialta a bhaineann le cóipcheart agus cearta gaolmhara, maidir le toimhde, in éagmais cruthúnas ar a mhalairt, gurb é an duine nó an t-eintiteas a léirítear a ainm ar an saothar nó san ábhar ar an ngnáthbhealach mar údar nó mar shealbhóir cirt ghaolmhair an tsaothair nó an ábhair, gurb é an duine sin sealbhóir cirt ainmnithe an tsaothair nó an ábhair sin.

AIRTEAGAL 21.56

Feasacht an phobail

Déanfaidh na Páirtithe na bearta is gá chun feasacht an phobail ar chosaint maoine intleachtúla a fheabhsú, lena n-áirítear tionscadail oideachais agus scaipthe maidir le húsáid ceart maoine intleachtúla agus maidir lena bhforfheidhmiú.

FOROINN 2

FORFHEIDHMIÚ TRASTEORANN

AIRTEAGAL 21.57

Comhsheasmhacht le CGTT agus Comhaontú TRIPS

Agus bearta teorann á gcur chun feidhme acu i dtaca le forfheidhmiú ceart maoine intleachtúla ag údaráis chustaim, cé acu a chumhdaítear sin leis an gCaibidil seo nó nach gcumhdaítear, áiritheoidh gach Páirtí comhsheasmhacht lena n-  oibleagáidí faoi CGTT agus Comhaontú TRIPS agus, go háirithe, le hAirteagal V de CGTT agus Airteagal 41 agus Roinn 4 de Chuid III de Chomhaontú TRIPS.

AIRTEAGAL 21.58

Bearta teorann

1. Maidir le hearraí faoi rialú custaim, glacfaidh nó coinneoidh gach Páirtí nósanna imeachta ar bun faoina bhféadfaidh sealbhóir cirt iarratais a chur isteach lena n-iarrfar ar na húdaráis chustaim, i ndáil le hearraí atá faoi dhrochamhras, ar a laghad, maidir le góchumadh trádmhairc, nó píoráideacht cóipchirt agus ceart gaolmhar ar scála tráchtála nó maidir le sárú ar thásca geografacha (dá ngairtear 'earraí faoi dhrochamhras' anseo feasta), scaoileadh na n-earraí sin a chur ar fionraí nó iad a choinneáil.

2. Ní bheidh sé d'oibleagáid ar na Páirtithe na nósanna imeachta san Fhoroinn seo a chur i bhfeidhm maidir le hearraí faoi bhealach.

3. Spreagfaidh gach Páirtí úsáid córas leictreonach chun go ndéanfaidh na húdaráis chustaim bainistíocht ar na hiarratais a dheonófar nó a thaifeadfar.

4. Áiritheoidh gach Páirtí go gcuirfidh na húdaráis chustaim in iúl don iarratasóir laistigh de thréimhse réasúnta ama cé acu a dheonaigh nó a thaifead siad an t-iarratas.

5. Forálfaidh gach Páirtí go mbeidh feidhm ag an deonú nó an taifeadadh sin maidir le hil-lastais i gcás ina gceadaítear sin i gcomhréir le forálacha dhlí an Pháirtí.

6. Féadfaidh gach Páirtí a fhoráil go mbeidh d'údarás ag a údaráis chustaim, i ndáil le hearraí faoi rialú custaim, scaoileadh earraí faoi dhrochamhras a chur ar fionraí nó iad a choinneáil ar a dtionscnamh féin.

7. Áiritheoidh gach Páirtí go mbeidh na húdaráis chustaim in ann anailís riosca a úsáid chun earraí faoi dhrochamhras a shainaithint.

8. Féadfaidh gach Páirtí nósanna imeachta riaracháin nó breithiúnacha a chur i bhfeidhm, i gcomhréir le dlí an Pháirtí, lena gceadaítear go scriosfaí earraí faoi dhrochamhras, má ghlacann na daoine lena mbaineann leis an scriosadh nó mura gcuireann siad ina aghaidh. Mura ndéantar earraí den sórt sin a dhíothú, áiritheoidh gach Páirtí, go ndiúscrófar iad lasmuigh de na bealaí tráchtála, sa chaoi go seachnófar aon díobháil don sealbhóir cirt.

9. Ní bheidh sé d'oibleagáid ar na Páirtithe an tAirteagal seo a chur i bhfeidhm maidir le hallmhairiú earraí a chuir na sealbhóirí cirt ar an margadh i dtír eile nó a cuireadh ar an margadh i dtír eile le toiliú na sealbhóirí cirt. Féadfaidh Páirtí earraí de chineál neamhthráchtála i mbagáiste pearsanta daoine atá ag taisteal a eisiamh ó chur i bhfeidhm an Airteagail seo.

10. Áiritheoidh na Páirtithe go gcoinneoidh údaráis chustaim gach Páirtí idirphlé tráthrialta ar bun agus go gcuirfidh siad comhar chun cinn leis na páirtithe leasmhara ábhartha agus le húdaráis eile a bhfuil baint acu le forfheidhmiú na gceart maoine intleachtúla dá dtagraítear i mír 1.

11. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile maidir le trádáil idirnáisiúnta in earraí faoi dhrochamhras, agus go háirithe chun faisnéis a chomhroinnt maidir leis an trádáil sin.

12. Gan dochar do chineálacha eile comhair, tá feidhm ag Iarscríbhinn 12-A maidir le sáruithe ar reachtaíocht um chearta maoine intleachtúla a dtagann a bhforfheidhmiú faoi inniúlacht na n-údarás custaim i gcomhréir leis an Airteagal seo.

ROINN D

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

AIRTEAGAL 21.59

An Fochoiste um chearta maoine intleachtúla

1. Beidh na feidhmeanna seo a leanas ag an bhFochoiste um chearta maoine intleachtúla, a bhunaítear de bhun Airteagal 9.9(4), i dteannta na bhfeidhmeanna a liostaítear in Airteagail 2.4, 9.9 agus 21.39:

(a) faisnéis a mhalartú:

(i) faoin gcreat dlíthiúil maidir le cearta maoine intleachtúla agus faoi rialacha ábhartha cosanta agus forfheidhmiúcháin; agus

(ii) a bhaineann leis an bhfearann poiblí i gcríocha na bPáirtithe; agus

(b) taithí a mhalartú maidir leis an méid seo a leanas:

(i) dul chun cinn reachtach;

(ii) forfheidhmiú ceart maoine intleachtúla; agus

(iii) forfheidhmiú ar an leibhéal lárnach agus ar an leibhéal folárnach arna dhéanamh ag lucht custaim, póilíní agus comhlachtaí riaracháin agus breithiúnacha.

AIRTEAGAL 21.60

Comhar

1. D'fhonn cur chun feidhme na Caibidle seo a éascú, oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile:

(a) laistigh den Fhochoiste um chearta maoine intleachtúla;

(b) i bhfóraim idirnáisiúnta;

(c) trí ghníomhaireachtaí éagsúla; nó

(d) mar a mheastar a bheith iomchuí ar bhealach eile.

2. Áirítear ar na réimsí comhair na gníomhaíochtaí seo a leanas:

(a) comhordú, le tíortha eile freisin, chun onnmhairiú earraí góchumtha a chosc;

(b) cúnamh teicniúil, forbairt inniúlachta agus malartú agus oiliúint pearsanra;

(c) cearta maoine intleachtúla a fhorfheidhmiú agus faisnéis i leith an mhéid sin a scaipeadh, *inter alia*, ar chiorcail ghnó agus ar an tsochaí shibhialta;

(d) feasacht an phobail ar thomhaltóirí agus ar shealbhóirí cirt agus feabhas a chur ar an gcomhar institiúideach, idir na hoifigí maoine intleachtúla go háirithe;

(e) feasacht a chur chun cinn go gníomhach agus an pobal i gcoitinne a chur ar an eolas faoi bheartais maidir le cearta maoine intleachtúla;

(f) dul i dteagmháil le FBManna, lena n-áirítear ag imeachtaí nó cruinnithe atá dírithe ar FBManna, maidir le cearta maoine intleachtúla a úsáid, a chosaint agus a fhorfheidhmiú;

(g) an Coinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht agus na hionstraimí gaolmhara a chur i bhfeidhm, chomh maith leis na creataí intíre maidir le rochtain ar acmhainní géiniteacha agus ar an eolas traidisiúnta, na nuálaíochtaí agus na cleachtais ghaolmhara; agus

(h) tionscnaimh dheonacha páirtithe leasmhara a éascú chun sáruithe ar chearta maoine intleachtúla a laghdú, lena n-áirítear ar an idirlíon agus i margaí eile.

# CAIBIDIL 22

# FIONTAIR BHEAGA AGUS MHEÁNMHÉIDE

## AIRTEAGAL 22.1

### Prionsabail ghinearálta

1. Aithníonn na Páirtithe go rannchuidíonn FBManna go mór leis an trádáil, leis an bhfás eacnamaíoch, leis an bhfostaíocht agus leis an nuálaíocht. Dearbhaíonn na Páirtithe go bhfuil sé beartaithe acu tacú le fás agus forbairt FBManna trína gcumas a bheith rannpháirteach sna deiseanna a chruthaítear leis an gComhaontú seo, agus tairbhiú díobh, a fheabhsú.

2. Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá sé bacainní neamhtharaife a chuireann ualach díréireach ar FBManna a laghdú. Aithníonn siad freisin, i dteannta na bhforálacha sa Chaibidil seo, go bhfuil forálacha eile sa Chomhaontú seo lena bhféachtar leis an gcomhar idir na Páirtithe a fheabhsú a mhéid a bhaineann le saincheisteanna atá ábhartha do FBManna nó a d'fhéadfadh dul chun tairbhe go sonrach do FBManna ar bhealach eile.

AIRTEAGAL 22.2

Comhroinnt faisnéise

1. Déanfaidh gach Páirtí a shuíomh gréasáin féin a bhunú nó a choinneáil ar bun, suíomh gréasáin a mbeidh rochtain ag an bpobal air agus ar a mbeidh faisnéis maidir leis an gCuid seo den Chomhaontú, lena n- áirítear:

(a) téacs na Coda seo den Chomhaontú, lena n-áirítear na hIarscríbhinní, na sceidil taraife agus na rialacha tionscnaimh táirgeshonracha uile a ghabhann leis;

(b) achoimre ar an gCuid seo den Chomhaontú; agus

(c) faisnéis atá ceaptha le haghaidh FBManna, ina bhfuil an méid seo a leanas:

(i) tuairisc ar na forálacha sa chuid seo den Chomhaontú a mheasann an Páirtí sin a bheith ábhartha do FBManna; agus

(ii) aon fhaisnéis bhreise a mheasfaidh gach Páirtí a bheadh úsáideach do FBManna ar spéis leo tairbhe a bhaint as na deiseanna a sholáthraítear leis an gCuid seo den Chomhaontú.

2. Cuirfidh gach Páirtí naisc ar an suíomh gréasáin dá dtagraítear i mír 1 chuig na suíomhanna gréasáin seo a leanas:

(a) suíomh gréasáin coibhéiseach an Pháirtí eile;

(b) suíomhanna gréasáin a údarás rialtais féin agus eintiteas iomchuí eile a mheasann an Páirtí a chuirfeadh faisnéis úsáideach ar fáil do dhaoine ar spéis leo trádáil nó infheistíocht a dhéanamh nó gnó a dhéanamh ar bhealach eile i gcríoch an Pháirtí sin, lena n-áirítear faisnéis atá ar fáil maidir leis na nithe seo a leanas:

(i) rátaí dhleachtanna custaim agus chuótaí an náisiúin barrfhabhair agus rátaí dleachtanna agus cuótaí custaim fabhracha, rialacha tionscnaimh agus táillí custaim nó táillí eile a fhorchuirtear ag an teorainn;

(ii) rialacháin agus nósanna imeachta custaim maidir le hallmhairiú, onnmhairiú agus idirthuras, chomh maith le foirmeacha agus doiciméid eile a cheanglaítear ina leith;

(iii) rialacháin agus nósanna imeachta maidir le cearta maoine intleachtúla;

(iv) rialacháin theicniúla lena n-áirítear, i gcás inar gá, nósanna imeachta éigeantacha um measúnú comhréireachta;

(v) naisc chuig liostaí de chomhlachtaí um measúnú comhréireachta, dá bhforáiltear i gCaibidil 13;

(vi) bearta sláintíochta agus fíteashláintíochta a bhaineann le hallmhairiú agus onnmhairiú dá bhforáiltear i gCaibidil 14;

(vii) soláthar rialtais, rialacha trédhearcachta agus foilsiú fógraí soláthair, chomh maith le forálacha ábhartha eile atá i gCaibidil 20;

(viii) nósanna imeachta chun gnólacht a chlárú; agus

(ix) faisnéis eile a gcomhaontaíonn comhordaitheoirí FBManna go dtabharfadh sí cúnamh do FBManna.

(c) bunachar sonraí atá inchuardaithe go leictreonach de réir cód ainmníochta taraife agus ina bhfuil an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (b)(i), chomh maith leis an bhfaisnéis seo a leanas:

(i) dleachtanna máil;

(ii) cánacha (cáin bhreisluacha nó díolacháin);

(iii) bearta taraife eile;

(iv) iarchur nó cineálacha eile faoisimh a mbíonn laghdú, aisíoc nó tarscaoileadh dleachtanna custaim mar thoradh orthu;

(v) na critéir a úsáidtear chun luach custaim an earra a chinneadh;

(vi) más infheidhme, ceanglais mharcála na tíre tionscnaimh, lena n- áirítear suíomh na marcála agus an modh marcála;

(vii) faisnéis is gá le haghaidh nósanna imeachta allmhairiúcháin; agus

(viii) faisnéis a bhaineann le bearta neamhtharaife.

3. Déanfaidh gach Stát Sínithe MERCOSUR a dhícheall chun a áirithiú, tráth nach déanaí ná 3 (trí) bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, go gcuirfear na suíomhanna gréasáin agus an bunachar sonraí dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 i bhfeidhm, ina mbeidh oiread faisnéise agus is féidir maidir le rochtain ar a mhargaí.

4. Déanfaidh gach Páirtí an fhaisnéis agus na naisc dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 a thabhairt cothrom le dáta go tráthrialta, nó arna iarraidh sin don Pháirtí eile.

5. Áiritheoidh gach Páirtí go gcuirfear an fhaisnéis a leagtar amach san Airteagal seo i láthair ar bhealach atá éasca le húsáid ag FBManna. Más féidir, féachfaidh gach Páirtí leis an bhfaisnéis a chur ar fáil i mBéarla.

6. Ní ghearrfaidh Páirtí aon táille maidir le rochtain ar an bhfaisnéis a sholáthraítear d'aon duine de Pháirtí de bhun mhír 1 go mír 2.

## AIRTEAGAL 22.3

### Comhordaitheoirí FBManna

1. Trí na comhordaitheoirí FBManna, cuirfidh gach Páirtí a chomhordaitheoir FBM atá freagrach as comhlíonadh na bhfeidhmeanna a liostaítear san Airteagal seo in iúl don Pháirtí eile, chomh maith le haon athrú ar shonraí teagmhála a chomhordaitheora FBManna. Déanfaidh comhordaitheoirí FBManna an méid seo a leanas:

(a) plean oibre a fhorbairt chun na cúraimí dá dtagraítear san Airteagal seo a dhéanamh;

(b) a gcuid oibre a dhéanamh trí na bealaí cumarsáide arna gcomhaontú ag na comhordaitheoirí FBManna, lena n-áirítear ríomhphost, teacht le chéile go pearsanta, teacht le chéile nó cumarsáid a dhéanamh trí theileachomhdháil nó trí fhíschomhdháil nó cumarsáid a dhéanamh ar bhealaí eile; agus

(c) a ngníomhaíochtaí a thuairisciú go tréimhsiúil don Chomhchoiste i gcumraíocht trádála lena mbreithniú.

2. Is iad seo a leanas na cúraimí a bheidh ar na comhordaitheoirí FBManna:

(a) a áirithiú go gcuirfear riachtanais FBManna san áireamh agus an Chuid seo den Chomhaontú á cur chun feidhme;

(b) faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme Airteagal 22.2 d'fhonn a áirithiú go leanfaidh sé de bheith cothrom le dáta agus ábhartha maidir le FBManna;

(c) faisnéis bhreise a mholadh a fhéadfar a áireamh ar shuíomhanna gréasáin na bPáirtithe dá dtagraítear in Airteagal 22.2;

(d) dul i gcomhar le chéile agus faisnéis a mhalartú ionas go mbainfidh FBManna an Aontais Eorpaigh agus MERCOSUR leas as deiseanna nua faoin gCuid seo den Chomhaontú chun trádáil agus infheistíocht a mhéadú;

(e) aghaidh a thabhairt ar aon ábhar eile atá ábhartha maidir le FBManna i ndáil le cur chun feidhme na Coda seo den Chomhaontú;

(f) páirt a ghlacadh, más iomchuí, in obair na bhfochoistí a bhunaítear de bhun Airteagal 9.9, i gcás ina ndéanfaidh na fochoistí sin ábhair atá ábhartha maidir le FBManna a mheas;

(g) faisnéis a mhalartú chun cabhrú leis an gComhchoiste i gcumraíocht trádála faireachán a dhéanamh ar an gCuid seo den Chomhaontú agus é a chur chun feidhme a mhéid a bhaineann le FBManna; agus

(h) breithniú a dhéanamh ar aon ábhar eile a bhaineann le FBManna a thiocfaidh chun cinn faoin gCuid seo den Chomhaontú.

3. Féadfaidh comhordaitheoirí FBManna dul i gcomhar le saineolaithe agus eagraíochtaí seachtracha, de réir mar is iomchuí, agus a ngníomhaíochtaí á ndéanamh acu.

AIRTEAGAL 22.4

Gan réiteach díospóidí a chur i bhfeidhm

Ní rachaidh aon Pháirtí ar iontaoibh réiteach díospóidí faoi Chaibidil 29 maidir le haon ábhar a thagann chun cinn faoin gCaibidil seo.

CAIBIDIL 23

IOMAÍOCHT

AIRTEAGAL 23.1

Sainmhínithe

Chun críocha na Caibidle seo, tá feidhm ag na sainmhínithe a leanas:

(a) ciallaíonn 'cleachtais fhrithiomaíocha' aon iompar nó gníomhaíocht a shainmhínítear faoi dhlí iomaíochta Páirtí, ar iompar nó gníomhaíocht é atá faoi réir pionóis a fhorchur;

(b) ciallaíonn 'údarás iomaíochta':

(i) i gcás an Aontais Eorpaigh, an Coimisiún Eorpach; agus

(ii) i gcás MERCOSUR, údaráis inniúla gach ceann de Stáit Sínithe MERCOSUR;

(c) ciallaíonn ‘dlí na hiomaíochta’:

(i) i gcás an Aontais Eorpaigh, Airteagail 101, 102 agus 106 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle an 20 Eanáir 2004 maidir le comhchruinnithe idir gnóthais a rialú[1] agus rialacháin cur chun feidhme[2] a bhaineann leis na hAirteagail sin agus leis an Rialachán sin; agus

(ii) i gcás MERCOSUR, dlí iomaíochta gach ceann de Stáit Sínithe MERCOSUR agus na rialacháin cur chun feidhme atá ag gach ceann díobh;

(d) ciallaíonn ‘comhchruinnithe idir gnóthais’ aon idirbheart nó gníomhaíocht mar a shainítear faoi dhlí iomaíochta Páirtí; agus

(e) ciallaíonn ‘gníomhaíochtaí forfheidhmithe’ aon bhealach a gcuirtear dlí na hiomaíochta i bhfeidhm trí bhíthin imscrúdú nó imeacht arna dhéanamh ag údaráis iomaíochta Páirtí.

---

1 IO CE L 24, 29.1.2004, lch. 1.

2 Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, tá feidhm ag dlí na hiomaíochta san Aontas Eorpach maidir le hearnáil na talmhaíochta i gcomhréir le Rialachán (AE) 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagraíocht na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle (IO AE L 347, 20.12.2013, lch. 671).

AIRTEAGAL 23.2

Prionsabail

1. Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá iomaíocht shaor neamhshaofa ina gcaidreamh trádála. Aithníonn na Páirtithe, maidir le cleachtais fhrithiomaíocha agus comhchruinnithe idir gnóthais lena gcuirtear bac mór ar iomaíocht éifeachtach, go bhféadfaidh na cleachtais sin difear a dhéanamh d’fheidhmiú cuí margaí agus do na sochair a bhaineann le léirscaoileadh trádála.

2. Tá na nithe seo a leanas ar neamhréir leis an gCuid seo den Chomhaontú, a mhéid a d’fhéadfaidís difear a dhéanamh do thrádáil idir na Páirtithe:

(a) comhaontuithe idir gnóthais, cinntí arna ndéanamh ag comhlachais gnóthas agus cleachtais chomhbheartaithe idir gnóthais arb é is cuspóir nó is éifeacht dóibh iomaíocht a chosc, a shrianadh nó a shaobhadh[1] mar a shainítear faoi dhlí iomaíochta gach Páirtí;

(b) aon mhí-úsáid a dhéanann gnóthas amháin nó níos mó a bhfuil ceannasacht aige mar a shainmhínítear faoi dhlí iomaíochta gach Páirtí; agus

(c) comhchruinnithe idir gnóthais, lena gcuirtear bac mór ar iomaíocht éifeachtach, mar a shainmhínítear faoi dhlí iomaíochta gach Páirtí.

---

[1] Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ní fhorléireofar an pointe seo mar phointe lena dteorannaítear raon feidhme na hanailíse atá le déanamh i gcás comhaontuithe idir gnóthais, cinntí arna ndéanamh ag comhlachais gnóthas agus cleachtais chomhbheartaithe idir gnóthais faoi dhlí iomaíochta gach Páirtí.

3. Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá sé dlí na hiomaíochta a chur i bhfeidhm ar bhealach trédhearcach, tráthúil neamh-idirdhealaitheach, agus prionsabail na cothroime nós imeachta i leith na bpáirtithe leasmhara uile á n-urramú, lena n-áirítear cearta cosanta na bpáirtithe atá faoi imscrúdú.

## AIRTEAGAL 23.3

### Cur chun feidhme

1. Déanfaidh gach Páirtí dlí cuimsitheach iomaíochta a ghlacadh nó a choinneáil i bhfeidhm lena dtugtar aghaidh go héifeachtach ar na cleachtais fhrithiomaíocha agus ar na comhchruinnithe idir gnóthais dá dtagraítear in Airteagal 23.2(2) agus lena n-urramaítear na prionsabail a leagtar amach in Airteagal 23.2(3). Déanfaidh gach Páirtí údaráis iomaíochta a bhunú nó a choinneáil ar bun a bheidh ainmnithe agus ullmhaithe go hiomchuí chun dlí iomaíochta an Pháirtí sin a chur chun feidhme go trédhearcach agus go héifeachtach.

2. Ainmneoidh údaráis iomaíochta gach Páirtí pointe fócasach agus cuirfidh siad a chéile ar an eolas faoi sin. Féadfaidh na pointí fócasacha faisnéis a chur in iúl agus a mhalartú maidir le cur chun feidhme Airteagail 23.5, 23.6 agus 23.7.

## AIRTEAGAL 23.4

### Fiontair faoi úinéireacht stáit agus fiontair ar deonaíodh pribhléidí eisiacha nó speisialta dóibh

1. Ní choisceann aon ní sa Chaibidil seo ar Pháirtí fiontair faoi úinéireacht stáit, fiontair ar deonaíodh pribhléidí eisiacha nó speisialta dóibh nó monaplachtaí a ainmniú nó a choinneáil ar bun de réir a ndlí, faoi seach.

2. Beidh na heintitis dá dtagraítear i mír 1 faoi réir dhlí na hiomaíochta ar choinníoll nach gcuirfidh cur i bhfeidhm an dlí sin bac, le dlí nó gníomh, ar chomhlíonadh na gcúraimí áirithe leasa phoiblí a shannfaidh Páirtí dóibh.

AIRTEAGAL 23.5

Malartú faisnéise neamhrúnda agus comhar forfheidhmiúcháin

1. D'fhonn cur i bhfeidhm éifeachtach dhlí iomaíochta gach Páirtí a éascú, féadfaidh na húdaráis iomaíochta faisnéis neamhrúnda a mhalartú.

2. Féadfaidh údarás iomaíochta Páirtí amháin a iarraidh ar údarás iomaíochta an Pháirtí eile comhar a sholáthar maidir le gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin. Ní chuirfidh an comhar sin cosc ar na Páirtithe cinntí uathrialacha a dhéanamh.

3. Ní cheanglófar ar Pháirtí faisnéis a chur in iúl don Pháirtí eile de bhun an Airteagail seo. D'ainneoin na habairte roimhe seo, má sholáthraíonn Páirtí faisnéis don Pháirtí eile de bhun an Airteagail seo, féadfaidh sé a cheangal go n-úsáidfear an fhaisnéis sin faoi réir na dtéarmaí agus na gcoinníollacha a shonróidh sé.

AIRTEAGAL 23.6

Comhairliúcháin

1. Féadfaidh údarás iomaíochta Páirtí comhairliúcháin le húdarás iomaíochta an Pháirtí eile a iarraidh má mheasann sé go bhfuil difear mór diúltach á dhéanamh dá leasanna de dheasca na nithe seo a leanas:

(a) cleachtais fhrithiomaíocha a bhfuil nó a raibh gnóthas amháin nó níos mó atá suite i gcríoch an Pháirtí eile ag gabháil dóibh;

(b) comhchruinnithe idir gnóthais dá dtagraítear in Airteagal 23.2(2); nó

(c) gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin údarás iomaíochta an Pháirtí eile.

2. Dul i mbun na gcomhairliúchán dá dtagraítear i mír 1, tá sé gan dochar d’aon ghníomhaíocht a dhéanfaidh údarás iomaíochta Páirtí faoina dhlí iomaíochta nó dá neamhspleáchas cinnteoireachta.

3. Féadfaidh údarás iomaíochta a ndeachthas i gcomhairle leis de bhun mhír 1 cibé bearta ceartaitheacha a dhéanamh a mheasfaidh sé a bheith iomchuí, i gcomhréir lena dhlíthe agus lena rialacháin, agus gan dochar dá dhiscréid dlí na hiomaíochta a fhorfheidhmiú.

AIRTEAGAL 23.7

Gan réiteach díospóidí a chur i bhfeidhm

Ní rachaidh aon Pháirtí ar iontaoibh réiteach díospóidí faoi Chaibidil 29 maidir le haon ábhar a thagann chun cinn faoin gCaibidil seo.

CAIBIDIL 24

FÓIRDHEONTAIS

AIRTEAGAL 24.1

Prionsabail

Féadfaidh gach Páirtí fóirdheontais a dheonú má tá gá leo chun cuspóir beartais phoiblí a bhaint amach. Mar sin féin, admhaíonn na Páirtithe go bhféadfadh fóirdheontais áirithe saobhadh a dhéanamh ar fheidhmiú cuí margaí agus an bonn a bhaint de shochair an léirscaoilte trádála.

AIRTEAGAL 24.2

Comhar

1. Aithníonn na Páirtithe gur gá oibriú i gcomhar, ar an leibhéal iltaobhach agus réigiúnach araon, chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) bealaí éifeachtacha a lorg chun a seasaimh agus a dtograí maidir le fóirdheontais a chomhordú faoi chuimsiú EDT;

(b) bealaí a fhiosrú chun feabhas a chur ar thrédhearcacht maidir le fóirdheontais; agus

(c) faisnéis a mhalartú maidir le feidhmiú a gcóras rialaithe fóirdheontas.

2. Féadfaidh an Chomhairle Chomhpháirteach i gcumraíocht trádála breithniú a dhéanamh ar bhealaí chun tuiscint na bPáirtithe ar thionchar an fhóirdheonaithe ar thrádáil a fheabhsú a thuilleadh.

3. Déanfaidh na Páirtithe athbhreithniú ar fheidhmiú a gcomhair tráth nach déanaí ná 3 (trí) bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo agus go tráthrialta ina dhiaidh sin. Rachaidh na Páirtithe i gcomhairle le chéile maidir le bealaí chun feabhas a chur ar a gcomhar, i bhfianaise taithí a gheofar agus aon tionscnamh maidir le rialacha fóirdheontais a fhorbrófar i gcomhthéacs EDT.

4. Féadfar mionsonraí an chomhair sin a leagan amach i gcomhaontú riaracháin.

CAIBIDIL 25

FIONTAIR FAOI ÚINÉIREACHT STÁIT,
FIONTAIR AR DEONAÍODH PRIBHLÉIDÍ EISIACHA NÓ SPEISIALTA DÓIBH

AIRTEAGAL 25.1

Sainmhínithe

Chun críocha na Caibidle seo, tá feidhm ag na sainmhínithe a leanas:

(a) ciallaíonn 'gníomhaíochtaí tráchtála' gníomhaíochtaí a dhéanann fiontar d'fhonn brabús a dhéanamh, arb é an toradh deiridh orthu earra a tháirgeadh nó seirbhís a sholáthar a dhíolfar sa mhargadh ábhartha i gcainníochtaí agus ar phraghsanna a chinnfidh an fiontar[1];

(b) ciallaíonn 'breithnithe tráchtála' praghas, cáilíocht, infhaighteacht, indíoltacht, iompar agus téarmaí agus coinníollacha ceannaigh nó díola eile; nó tosca eile a chuirfí san áireamh de ghnáth i gcinntí tráchtála fiontair faoi úinéireacht phríobháideach a oibríonn de réir phrionsabail an gheilleagair margaidh sa ghnó nó sa tionscal ábhartha;

(c) ciallaíonn 'fiontar ar deonaíodh pribhléidí eisiacha nó speisialta dó' fiontar, bíodh sé poiblí nó príobháideach, lena n-áirítear fochuideachta, ar dheonaigh Páirtí pribhléidí eisiacha nó speisialta dó, go foirmiúil nó go héifeachtach;

---

1 Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, níl san áireamh leis sin gníomhaíochtaí arna ndéanamh ag fiontar a oibríonn: (a) ar bhonn neamhbhrabúis; nó (b) ar bhonn gnóthaithe costas.

(d) ciallaíonn 'pribhléidí eisiacha nó speisialta' cearta nó pribhléidí a dheonaíonn Páirtí d'fhiontar aonair nó do líon teoranta fiontar atá údaraithe chun earra nó seirbhís a sholáthar, nach ndeonaítear de réir critéir oibiachtúla, chomhréireacha agus neamh-idirdhealaitheacha, agus an rialachán earnála sonrach faoinar deonaíodh an ceart nó an phribhléid á chur san áireamh, rud a dhéanann difear substaintiúil do chumas aon fhiontair eile an t-earra nó an tseirbhís chéanna a sholáthar sa limistéar geografach céanna faoi choinníollacha atá coibhéiseach go substaintiúil[1];

(e) ciallaíonn 'seirbhís a sholáthraítear agus údarás rialtasach á fheidhmiú' seirbhís a sholáthraítear agus údarás rialtasach á fheidhmiú mar a shainmhínítear in Airteagal I:3(c) GATS agus, i gcás inarb infheidhme, Airteagail 1 (b), (c) agus (d) den Iarscríbhinn maidir le Seirbhísí Airgeadais a ghabhann le GATS; agus

(f) ciallaíonn 'fiontar faoi úinéireacht stáit' fiontar atá faoi úinéireacht nó faoi rialú ag Páirtí[2].

---

[1] Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ní pribhléid eisiach nó speisialta inti féin é ceadúnas a dheonú do líon teoranta fiontar agus acmhainn thearc á leithdháileadh i gcomhréir le critéir atá oibiachtúil, comhréireach agus neamh-idirdhealaitheach.

[2] Chun críocha an tsainmhínithe seo, tagraíonn an téarma 'faoi úinéireacht nó faoi rialú' do chásanna ina bhfuil níos mó ná 50 % den scairchaipiteal faoi úinéireacht Páirtí nó ina rialaíonn sé feidhmiú os cionn 50 % de na cearta vótála, nó ina bhfeidhmíonn sé leibhéal coibhéiseach rialaithe ar an bhfiontar ar bhealach eile de réir rialacha rialachais an fhiontair sin.

AIRTEAGAL 25.2

Raon feidhme

1. Tá feidhm ag an gCaibidil seo maidir le fiontair faoi úinéireacht stáit agus maidir le fiontair a ghabhann do ghníomhaíochtaí tráchtála ar dheonaigh Páirtí pribhléidí eisiacha nó speisialta dóibh, go foirmiúil nó go héifeachtach. Má chomhcheanglaíonn fiontar gníomhaíochtaí tráchtála agus neamhthráchtála, ní chumhdaítear leis an gCaibidil seo ach gníomhaíochtaí tráchtála an fhiontair sin.

2. Níl feidhm ag an gCaibidil seo maidir le soláthar earra nó seirbhíse arna dhéanamh ag Páirtí, ar earra é nó ar seirbhís í a cheannaítear chun críoch rialtais agus ní chun é nó í a athdhíol ar bhonn tráchtála ná a úsáid i ndáil le hearra nó seirbhís a thairgeadh nó a sholáthar le haghaidh díol ar bhonn tráchtála, is cuma cé acu is 'soláthar faoi chumhdach' é an soláthar sin nó nach ea de réir bhrí Airteagal 20.3.

3. Níl feidhm ag an gCaibidil seo maidir le seirbhís arna soláthar i bhfeidhmiú údaráis rialtais.

4. Níl feidhm ag an gCaibidil seo maidir le fiontair faoi úinéireacht stáit ná maidir le fiontair ar deonaíodh pribhléidí eisiacha nó speisialta dóibh, más rud é, in aon cheann de na 3 (trí) bliana fhioscacha as a chéile roimhe sin, gur lú ná 200 (dhá chéad) milliún ceart tarraingthe speisialta an t-ioncam bliantúil a díorthaíodh ó ghníomhaíochtaí tráchtála an fhiontair lena mbaineann, ar gníomhaíochtaí iad a chumhdaítear leis an gCaibidil seo.

5. Níl feidhm ag an gCaibidil seo maidir le gníomhaíochtaí tráchtála fiontar faoi úinéireacht stáit agus fiontar ar deonaíodh pribhléidí eisiacha nó speisialta dóibh i ndáil le hearnálacha nó fo-earnálacha nach ndéantar gealltanais shonracha ina leith de bhun Fhoscríbhinní 25-A-1 agus 25-A-2 ná i ndáil le hearnálacha nó fo-earnálacha a ndéantar gealltanais shonracha ina leith faoi réir teorainneacha de bhun Fhoscríbhinní 25-A-1 agus 25-A-2, go méid na dteorainneacha sin agus faoi réir na dtéarmaí agus na gcoinníollacha a leagtar amach iontu.

6. Níl feidhm ag an gCaibidil seo maidir le fiontair faoi úinéireacht stáit san earnáil cosanta.

7. Níl feidhm ag an gCaibidil seo maidir le fiontair faoi úinéireacht stáit nó fiontair ar deonaíodh pribhléidí eisiacha nó speisialta dóibh dá dtagraítear i bhFoscríbhinní 25-A-1 agus 25-A-2. Níl feidhm ag Airteagal 25.4 maidir le fiontair faoi úinéireacht stáit a liostaítear i bhFoscríbhinn 25-A-1.

## AIRTEAGAL 25.3

### Forálacha ginearálta

1. Dearbhaíonn gach Páirtí a chearta agus a oibleagáidí faoi Airteagal XVII de CGTT 1994, faoin Tuiscint ar Léirmhíniú Airteagal XVII de CGTT 1994 agus faoi Airteagal VIII de GATS chomh maith.

2. Ní choisceann aon ní sa Chaibidil seo ar Pháirtí fiontair faoi úinéireacht stáit a bhunú ná a choinneáil ar bun, monaplachtaí a ainmniú nó a choinneáil ar bun, ná pribhléidí eisiacha nó speisialta a dheonú d’fhiontair.

AIRTEAGAL 25.4

Cúinsí tráchtála

1. Áiritheoidh gach Páirtí go ngníomhóidh a fhiontair faoi úinéireacht stáit agus a fhiontair ar deonaíodh pribhléidí eisiacha nó speisialta dóibh, agus iad ag gabháil do ghníomhaíochtaí tráchtála i gcríoch Páirtí, i gcomhréir le breithnithe tráchtála agus earraí nó seirbhísí á gceannach nó á ndíol acu, seachas chun a sainordú poiblí nó a gcuspóir poiblí a chomhlíonadh[1] dá bhforáiltear i ndlí Páirtí.

2. Le mír 1, ní chuirtear cosc ar na fiontair sin an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) earraí nó seirbhísí a cheannach nó a sholáthar de réir téarmaí nó coinníollacha éagsúla, lena n-áirítear téarmaí nó coinníollacha a bhaineann le praghas, má dhéantar na téarmaí nó na coinníollacha éagsúla sin i gcomhréir le breithnithe tráchtála; nó

(b) diúltú earraí nó seirbhísí a cheannach nó a sholáthar, má dhéantar an diúltú sin i gcomhréir le breithnithe tráchtála.

---

[1] Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, áirítear leis an gcoincheap 'sainordú poiblí nó cuspóir poiblí', i measc nithe eile, gníomhaíochtaí na mbanc náisiúnta maidir le ceannach earraí agus seirbhísí faoi dhlíthe soláthair fheidearálaigh, agus beartais iasachta chun tacú le tithíocht inacmhainne, le honnmhairí nó allmhairí, le micrifhiontair agus fiontair bheaga agus mheánmhéide agus le feirmeoirí nó aon chúram a shannann Páirtí dá fhiontair faoi úinéireacht stáit agus dá fhiontair ar dheonaigh Páirtí pribhléidí eisiacha nó speisialta dóibh. Áirítear freisin leis an gcoincheap 'sainordú poiblí nó cuspóir poiblí' gníomhaíochtaí a dhéanann eintiteas poiblí nó iontaobhas a bhaineann le slándáil shóisialta nó pleananna scoir poiblí.

AIRTEAGAL 25.5

Trédhearcacht

1. Aon Pháirtí a bhfuil cúis aige lena chreidiúint go bhfuil dochar á dhéanamh dá leasanna ag gníomhaíochtaí tráchtála fiontair faoi úinéireacht stáit nó fiontair ar deonaíodh pribhléidí eisiacha nó speisialta dóibh, ar fiontar de chuid an Pháirtí eile é, féadfaidh sé a iarraidh ar an bPáirtí eile faisnéis i scríbhinn a sholáthar faoi ghníomhaíochtaí tráchtála na fiontair sin atá faoi réir fhorálacha na Caibidle seo. Tabharfaidh an Páirtí iarrtha freagra go tráthúil, a mhéid is féidir.

2. Le hiarrataí ar fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1, sonrófar an fiontar, na seirbhísí, na hearraí agus na margaí lena mbaineann agus sonrófar na leasanna faoin gCaibidil seo a gcreideann an Páirtí is iarrthóir go bhfuil dochar á dhéanamh dóibh.

AIRTEAGAL 25.6

Comhar

Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) féachaint an bhféadfaí gealltanais bhreise a dhéanamh maidir le fiontair faoi úinéireacht stáit agus fiontair ar deonaíodh pribhléidí eisiacha nó speisialta dóibh; agus

(b) taithí a mhalartú chun dea-chleachtas a fhorbairt maidir le rialachas corparáideach fiontair faoi úinéireacht stáit.

AIRTEAGAL 25.7

Leasú ar Iarscríbhinn 25-A

Beidh Iarscríbhinn 25-A faoi réir a athbhreithnithe ag an gComhairle Chomhpháirteach i gcumraíocht trádála 5 (cúig) bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo d'fhonn féachaint an bhféadfaí gealltanais bhreise a dhéanamh. Féadfaidh an Chomhairle Chomhpháirteach i gcumraíocht trádála cinneadh a ghlacadh chun Iarscríbhinn 25-A a leasú de réir mar is iomchuí.

CAIBIDIL 26

TRÁDÁIL AGUS FORBAIRT INBHUANAITHE

AIRTEAGAL 26.1

Cuspóirí agus raon feidhme

1. Is é is cuspóir don Chaibidil seo comhtháthú na forbartha inbhuanaithe i gcaidreamh trádála agus infheistíochta na bPáirtithe a fheabhsú, go háirithe trí phrionsabail agus gníomhaíochtaí a bhunú a bhaineann le gnéithe saothair[1] agus comhshaoil den fhorbairt inbhuanaithe, atá ábhartha go sonrach i gcomhthéacs trádála agus infheistíochta.

[1] Chun críocha na Caibidle seo, ciallaíonn an téarma 'saothar' cuspóirí straitéiseacha na hEagraíochta idirnáisiúnta Saothair faoin gClár Oibre um Obair Chuibhiúil, a léirítear i nDearbhú EIS maidir le Ceartas Sóisialta le haghaidh an Domhandaithe Chóir.

2. Tugann na Páirtithe chun cuimhne Clár 21 maidir le Comhshaol agus le Forbairt a glacadh ag Comhdháil na Náisiún Aontaithe ar Chomhshaol agus Forbairt, a tionóladh in Rio de Janeiro, an 3 go dtí an 14 Meitheamh 1992, agus Dearbhú Rio 1992 maidir leis an gComhshaol agus leis an bhForbairt, Dearbhú Johannesburg maidir leis an bhForbairt Inbhuanaithe agus Plean Cur Chun Feidhme Johannesburg de chuid Chruinniú Mullaigh Domhanda 2002 um Fhorbairt Inbhuanaithe, Dearbhú Aireachta Chomhairle Eacnamaíoch agus Shóisialta na Náisiún Aontaithe 2006 maidir le timpeallacht a chruthú ar an leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta a chuideodh le fostaíocht iomlán tháirgiúil agus obair chuibhiúil a ghiniúint do chách, agus a thionchar ar an bhforbairt inbhuanaithe, Dearbhú EIS maidir le Ceartas Sóisialta le haghaidh an Domhandaithe Chóir, an Doiciméad Toraidh ó Chomhdháil na Náisiún Aontaithe maidir le Forbairt Inbhuanaithe 2012 dar teideal 'The Future We Want' agus SFInna Chlár Oibre 2030.

3. Aithníonn na Páirtithe go bhfuil gnéithe eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil na forbartha inbhuanaithe idirspleách agus go dtreisíonn siad a chéile, agus dearbhaíonn siad a ngealltanas i dtaca le cur chun cinn fhorbairt na trádála idirnáisiúnta ar bhealach a rannchuideoidh le cuspóir na forbartha inbhuanaithe, ar mhaithe le leas na glúine atá anois ann agus na nglúnta atá le teacht.

4. I gcomhréir leis na hionstraimí dá dtagraítear i mír 2, cuirfidh na Páirtithe forbairt inbhuanaithe chun cinn:

(a) trí chaidreamh trádála agus eacnamaíoch a fhorbairt ar bhealach a rannchuidíonn leis an gcuspóir go mbainfear amach na SFInna agus a thacaíonn lena gcaighdeáin agus lena gcuspóirí saothair agus comhshaoil, faoi seach, i gcomhthéacs caidrimh thrádála atá saor, oscailte agus trédhearcach agus lena n-urramaítear comhaontuithe iltaobhacha a bhfuil siad ina bpáirtithe iontu;

(b) trína ngealltanais iltaobhacha i réimsí an tsaothair agus an chomhshaoil a urramú; agus

(c) trí chomhar feabhsaithe agus tuiscint níos fearr ar a mbeartais agus ar a mbearta saothair agus comhshaoil a bhaineann le trádáil, agus na réaltachtaí, na hacmhainneachtaí, na riachtanais agus na leibhéil forbartha náisiúnta éagsúla á gcur san áireamh, agus na beartais agus tosaíochtaí náisiúnta á n-urramú.

5. Agus na difríochtaí ina leibhéil forbartha á n-aithint acu, comhaontaíonn na Páirtithe go gcuimsítear sa Chaibidil seo cur chuige comhoibritheach bunaithe ar luachanna agus leasanna coiteanna.

AIRTEAGAL 26.2

An ceart chun rialáil agus leibhéil chosanta

1. Aithníonn na Páirtithe an ceart atá ag gach Páirtí a bheartais agus a thosaíochtaí forbartha inbhuanaithe a chinneadh, na leibhéil cosanta comhshaoil agus saothair intíre a mheasann sé a bheith iomchuí a bhunú agus a dhlíthe, a rialacháin agus a bheartais a ghlacadh nó a mhodhnú. Beidh na leibhéil, na dlíthe, na rialacháin agus na beartais sin i gcomhréir le gealltanas gach Páirtí maidir leis na comhaontuithe idirnáisiúnta agus na caighdeáin idirnáisiúnta saothair dá dtagraítear in Airteagail 26.4 agus 26.5.

2. Féachfaidh gach Páirtí le feabhas a chur ar a dhlíthe, a rialacháin agus a bheartais ábhartha chun leibhéil arda éifeachtacha cosanta comhshaoil agus saothair a áirithiú.

3. Níor cheart do Pháirtí na leibhéil chosanta a thugtar ina dhlíthe agus ina rialacháin chomhshaoil nó saothair a lagú agus é d’aidhm aige trádáil nó infheistíocht a spreagadh.

4. Ní dhéanfaidh Páirtí a dhlíthe agus rialacháin chomhshaoil ná saothair a tharscaoileadh ná maolú orthu, ná ní dhéanfaidh sé tairiscint na dlíthe agus na rialacháin sin a tharscaoileadh ná maolú orthu, chun trádáil nó infheistíocht a spreagadh.

5. Ní mhainneoidh Páirtí, trí ghníomhaíocht nó neamhghníomhaíocht leanúnach nó athfhillteach, a dhlíthe agus a rialacháin chomhshaoil ná saothair a fhorfheidhmiú go héifeachtach chun trádáil nó infheistíocht a spreagadh.

6. Ní chuirfidh Páirtí a dhlíthe agus a rialacháin chomhshaoil agus saothair i bhfeidhm ar bhealach arb é a bheadh ann srian faoi cheilt ar thrádáil nó idirdhealú dochosanta nó treallach.

AIRTEAGAL 26.3

Trédhearcacht

1. Áiritheoidh gach Páirtí, i gcomhréir le Caibidil 27, go ndéanfar na nithe seo a leanas a fhorbairt, a achtú agus a chur chun feidhme ar bhealach trédhearcach, lena n-áiritheofar feasacht an phobail agus lena spreagfar a rannpháirtíocht, i gcomhréir lena rialacha agus lena nósanna imeachta:

(a) bearta arb é is aidhm dóibh an comhshaol agus dálaí saothair a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do thrádáil nó d'infheistíocht a chosaint; agus

(b) bearta trádála nó infheistíochta a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do chosaint an chomhshaoil nó do chosaint dálaí saothair.

AIRTEAGAL 26.4

Caighdeáin agus comhaontuithe iltaobhacha saothair

1. Dearbhaíonn na Páirtithe an luach a bhaineann le comhtháthú beartais níos fearr ar mhaithe le hobair chuibhiúil, lena gcuimsítear bunchaighdeáin saothair, agus ardleibhéil cosanta saothair, mar aon lena bhforfheidhmiú éifeachtach, agus aithníonn siad an ról dearfach is féidir a bheith ag na réimsí sin maidir le héifeachtúlacht eacnamaíoch, nuálaíocht agus táirgiúlacht, lena n-áirítear feidhmíocht onnmhairiúcháin. Sa chomhthéacs sin, aithníonn siad freisin an tábhacht a bhaineann le hidirphlé sóisialta maidir le cúrsaí saothair i measc oibrithe agus fostóirí, agus a n-eagraíochtaí agus a rialtais, agus geallann siad idirphlé den sórt sin a chur chun cinn.

2. Athdhearbhaíonn na Páirtithe a ngealltanas chun forbairt na trádála idirnáisiúnta a chur chun cinn ar bhealach a chuideoidh le hobair chuibhiúil do chách, lena n-áirítear obair chuibhiúil do mhná agus do dhaoine óga. Sa chomhthéacs sin, athdhearbhaíonn gach Páirtí a ghealltanas chun Coinbhinsiúin agus Prótacail EIS a chur chun cinn agus a chur chun feidhme go héifeachtach, ar Coinbhinsiúin agus Prótacail iad arna ndaingniú ag Stáit Sínithe MERCOSUR agus ag Ballstáit an Aontais Eorpaigh agus a bhfuil aicmiú tugtha dóibh ag EIS go bhfuil siad cothrom le dáta.

3. I gcomhréir le Bunreacht EIS agus le Dearbhú na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair maidir le Prionsabail Bhunúsacha agus Cearta Bunúsacha san Obair agus leis an obair leantach a ghabhann leis, arna ghlacadh sa Ghinéiv an 18 Meitheamh 1998 (dá ngairtear 'Dearbhú EIS maidir le Prionsabail Bhunúsacha agus Cearta Bunúsacha san Obair' anseo feasta), déanfaidh gach Páirtí na croíchaighdeáin saothair a aithnítear go hidirnáisiúnta, mar a shainítear i gCoinbhinsiúin bhunúsacha EIS, a urramú, a chur chun cinn agus a chur chun feidhme go héifeachtach, mar atá, na croíchaighdeáin seo a leanas:

(a) saoirse comhlachais agus aitheantas éifeachtach don cheart chun margála comhchoitinne;

(b) gach cineál saothair éignithe nó éigeantaigh a dhíchur;

(c) saothar leanaí a dhíothú go héifeachtach; agus

(d) idirdhealú a dhíchur i leith fostaíochta agus gairm bheatha.

4. Leanfaidh gach Páirtí d'iarrachtaí leanúnacha a dhéanamh chun Coinbhinsiúin bhunúsacha EIS, Prótacail EIS agus Coinbhinsiúin ábhartha eile de chuid EIS nach bhfuil sé ina pháirtí iontu go fóill a dhaingniú, ar coinbhinsiúin iad a bhfuil aicmiú tugtha dóibh ag EIS go bhfuil siad cothrom le dáta. Malartóidh na Páirtithe faisnéis go tráthrialta maidir leis an dul chun cinn atá déanta acu ina leith sin.

5. Tugann na Páirtithe chun cuimhne go n-áirítear ar chuspóirí Chlár Oibre 2030 deireadh a chur le hobair éigeantais agus cuireann siad i dtreis a thábhachtaí atá daingniú agus cur chun feidhme éifeachtach Phrótacal 2014 a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le hObair Éigeantais.

6. Rachaidh na Páirtithe i gcomhairle agus i gcomhar le chéile, de réir mar is iomchuí, maidir le saincheisteanna saothair leasa choitinn a bhaineann le trádáil, lena n-áirítear saincheisteanna i gcomhthéacs EIS.

7. Agus Dearbhú na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) maidir le Prionsabail Bhunúsacha agus Cearta Bunúsacha san Obair agus Dearbhú EIS maidir le Ceartas Sóisialta le haghaidh an Domhandaithe Chóir á dtabhairt chun cuimhne, tugann na Páirtithe faoi deara nach féidir sárú ar chearta agus prionsabail bhunúsacha ag an obair a agairt ná a úsáid ar bhealach eile mar bhuntáiste inchomparáide dhlisteanach agus nár cheart caighdeáin saothair a úsáid chun críoch trádála cosantaíche.

8. Cuirfidh gach Páirtí obair chuibhiúil chun cinn mar a fhoráiltear i nDearbhú EIS maidir le Ceartas Sóisialta le haghaidh an Domhandaithe Chóir. Tabharfaidh gach Páirtí aird ar leith ar na nithe seo a leanas:

(a) bearta a fhorbairt agus a fheabhsú maidir le sábháilteacht agus sláinte cheirde, lena n- áirítear cúiteamh i gcás díobháil cheirde nó galar ceirde, mar a shainmhínítear i gCoinbhinsiún ábhartha EIS agus gealltanais idirnáisiúnta eile;

(b) dálaí cuibhiúla oibre do chách, i ndáil le pá agus tuilleamh, uaireanta oibre agus dálaí oibre eile, i measc nithe eile;

(c) cigireacht saothair, go háirithe trí chaighdeáin ábhartha EIS maidir le cigireachtaí saothair a chur chun feidhme go héifeachtach; agus

(d) neamh-idirdhealú i leith coinníollacha oibre, lena n-áirítear neamh-idirdhealú i gcás oibrithe imirceacha.

9. Áiritheoidh gach Páirtí go mbeidh imeachtaí riaracháin agus breithiúnacha ar fáil agus inrochtana chun go bhféadfar gníomhaíocht éifeachtach a dhéanamh in aghaidh sáruithe ar chearta saothair dá dtagraítear sa Chaibidil seo.

AIRTEAGAL 26.5

Comhaontuithe comhshaoil iltaobhacha

1. Aithníonn na Páirtithe go bhfuil an comhshaol ar cheann de na trí ghné den fhorbairt inbhuanaithe – an ghné eacnamaíoch, an ghné shóisialta agus an ghné chomhshaoil – agus gur cheart aghaidh a thabhairt ar na trí ghné sin ar bhealach cothrom comhtháite. Ina theannta sin, aithníonn na Páirtithe an rannchuidiú leis an bhforbairt inbhuanaithe a fhéadfar a bhaint amach tríd an trádáil.

2. Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá Comhthionól Comhshaoil na Náisiún Aontaithe maidir le Clár Comhshaoil na Náisiún Aontaithe (dá ngairtear 'UNEP' anseo feasta) agus a thábhachtaí atá comhaontuithe comhshaoil iltaobhacha mar fhreagairt ón gcomhphobal idirnáisiúnta ar dhúshláin chomhshaoil dhomhanda nó réigiúnacha, agus cuireann siad i dtábhacht gur gá an tacaíocht fhrithpháirteach idir beartais trádála agus beartais chomhshaoil a fheabhsú.

3. Dearbhaíonn gach Páirtí a ghealltanais chun comhaontuithe comhshaoil iltaobhacha a bhfuil sé ina pháirtí iontu, mar aon le prótacail agus leasuithe orthu, a chur chun cinn agus a chur chun feidhme go héifeachtach.

4. Malartóidh na Páirtithe faisnéis go tráthrialta maidir leis an dul chun cinn atá déanta acu a mhéid a bhaineann le comhaontuithe iltaobhacha comhshaoil a dhaingniú, lena n-áirítear a bprótacail agus leasuithe orthu.

5. Rachaidh na Páirtithe i gcomhairle agus i gcomhar le chéile, de réir mar is iomchuí, maidir le hábhair chomhshaoil leasa choitinn a bhaineann le trádáil i gcomhthéacs comhaontuithe comhshaoil iltaobhacha.

6. Admhaíonn na Páirtithe a gceart chun Airteagal 28.2 a agairt i ndáil le bearta comhshaoil.

7. Ní choiscfidh aon ní sa chomhaontú seo ar Pháirtí bearta a ghlacadh nó a choinneáil ar bun chun comhaontuithe comhshaoil iltaobhacha a bhfuil sé ina pháirtí iontu a chur chun feidhme má tá na bearta sin i gcomhréir le hAirteagal 26.2(6).

AIRTEAGAL 26.6

Trádáil agus athrú aeráide

1. Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá sé cuspóir deiridh UNFCCC a shaothrú chun aghaidh a thabhairt ar bhagairt phráinneach an athraithe aeráide agus ról na trádála chuige sin a aithint.

2. De bhun mhír 1, déanfaidh gach Páirtí:

(a) UNFCCC agus Comhaontú Pháras, a bhunaítear faoin gCoinbhinsiún sin, a chur chun feidhme go héifeachtach; agus

(b) i gcomhréir le hAirteagal 2 de Chomhaontú Pháras, rannchuidiú dearfach na trádála le conair i dtreo astaíochtaí ísle gás ceaptha teasa agus le forbairt atá athléimneach ó thaobh na haeráide de a chur chun cinn, chomh maith lena rannchuidiú le méadú a dhéanamh ar an gcumas oiriúnú do dhrochthionchair an athraithe aeráide ar bhealach nach gcuireann táirgeadh bia i mbaol.

3. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar le chéile, de réir mar is iomchuí, go déthaobhach, go réigiúnach agus i bhfóraim idirnáisiúnta, go háirithe in UNFCCC, maidir le saincheisteanna athraithe aeráide a bhaineann le trádáil.

AIRTEAGAL 26.7

Trádáil agus bithéagsúlacht

1. Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta i gcomhréir leis an gCoinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht arna dhéanamh in Rio de Janeiro an 5 Meitheamh 1992, leis an gCoinbhinsiún maidir le Trádáil Idirnáisiúnta i Speicis Fána agus Flóra Fiáine i mBaol arna shíniú in Washington D.C. an 3 Márta 1973 (dá ngairtear 'CITES' anseo feasta), leis an gConradh Idirnáisiúnta maidir le hAcmhainní Géiniteacha Plandaí do Bhia agus don Talmhaíocht, agus leis na cinntí arna nglacadh fúthu, agus an ról is féidir a bheith ag an trádáil chun rannchuidiú le cuspóirí na gCoinbhinsiún sin agus an Chonartha sin.

2. De bhun mhír 1, déanfaidh gach Páirtí:

(a) úsáid CITES a chur chun cinn mar ionstraim le haghaidh chaomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta, lena n-áirítear an méid sin a dhéanamh trí speicis ainmhithe agus plandaí sna Foscríbhinní a ghabhann le CITES a áireamh i gcás inarb é stádas caomhnaithe na speiceas sin go meastar iad a bheith i mbaol mar gheall ar thrádáil idirnáisiúnta;

(b) bearta éifeachtacha a chur chun feidhme as a dtiocfaidh laghdú ar thrádáil neamhdhleathach fiadhúlra, i gcomhréir le comhaontuithe idirnáisiúnta a bhfuil sé ina pháirtí iontu;

(c) trádáil i dtáirgí atá bunaithe ar acmhainní nádúrtha a spreagadh, ar táirgí iad a fhaightear trí úsáid inbhuanaithe a bhaint as acmhainní bitheolaíocha nó a rannchuidíonn le caomhnú na bithéagsúlachta, i gcomhréir lena dhlíthe agus lena rialacháin; agus

(d) comhroinnt chothrom agus chothromasach na dtairbhí a eascraíonn as úsáid acmhainní géiniteacha a chur chun cinn agus, más iomchuí, bearta maidir le rochtain ar acmhainní den sórt sin agus toiliú feasach roimh ré a chur chun cinn.

3. Malartóidh na Páirtithe faisnéis freisin maidir le tionscnaimh agus dea-chleachtais i ndáil le trádáil i dtáirgí atá bunaithe ar acmhainní nádúrtha chun an bhithéagsúlacht a chaomhnú agus oibreoidh siad i gcomhar le chéile, de réir mar is iomchuí, go déthaobhach, go réigiúnach agus i bhfóraim idirnáisiúnta maidir le saincheisteanna a chumhdaítear leis an Airteagal seo.

AIRTEAGAL 26.8

Trádáil agus bainistíocht inbhuanaithe foraoisí

1. Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá bainistiú inbhuanaithe ar fhoraoisí agus ról na trádála chun an cuspóir sin a shaothrú, agus a thábhachtaí atá athbhunú foraoisí ar mhaithe lena gcaomhnú agus chun úsáid inbhuanaithe a bhaint astu.

2. De bhun mhír 1, déanfaidh gach Páirtí:

(a) trádáil i dtáirgí ó fhoraoisí a bhainistítear ar bhealach inbhuanaithe a spreagadh, ar táirgí iad a lománaítear i gcomhréir le dlíthe agus rialacháin thír an lománaithe;

(b) cuimsiú pobal áitiúil foraoisbhunaithe agus pobal dúchasach i slabhraí soláthair inbhuanaithe táirgí foraoise adhmaid agus neamh-adhmaid a chur chun cinn, de réir mar is iomchuí agus lena dtoiliú feasach roimh ré, mar bhealach chun a slite beatha a fheabhsú agus chun caomhnú agus úsáid inbhuanaithe foraoisí a chur chun cinn;

(c) bearta a chur chun feidhme chun lománaíocht neamhdhleathach agus trádáil ghaolmhar a chomhrac;

(d) faisnéis a mhalartú maidir le tionscnaimh a bhaineann le trádáil i dtaca le bainistiú inbhuanaithe ar fhoraoisí, rialachas foraoise agus caomhnú ceannbhrait foraoise agus oibriú i gcomhar le chéile chun tionchar a mbeartas leasa choitinn, faoi seach, a uasmhéadú agus chun tacaíocht fhrithpháirteach na mbeartas sin a áirithiú; agus

(e) oibriú i gcomhar le chéile, de réir mar is iomchuí, go déthaobhach, go réigiúnach agus i bhfóraim idirnáisiúnta maidir le saincheisteanna a bhaineann le trádáil agus caomhnú ceannbhrait foraoise, chomh maith le bainistiú inbhuanaithe ar fhoraoisí, i gcomhréir le Clár Oibre 2030.

AIRTEAGAL 26.9

Trádáil agus bainistíocht inbhuanaithe iascaigh agus dobharshaothraithe

1. Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá sé acmhainní bitheolaíocha na mara agus éiceachórais mhuirí a chaomhnú agus a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe, chomh maith le dobharshaothrú freagrach agus inbhuanaithe a chur chun cinn, agus ról na trádála chun na cuspóirí sin a shaothrú agus a ngealltanas comhroinnte i dtaca le SFI 14 de Chlár Oibre 2030 a bhaint amach, go háirithe spriocanna 4 agus 6 de.

2. De bhun mhír 1 agus ar bhealach atá i gcomhréir lena ghealltanais idirnáisiúnta, déanfaidh gach Páirtí an méid seo a leanas:

(a) bearta fadtéarmacha caomhnaithe agus bainistithe agus saothrú inbhuanaithe acmhainní bitheolaíocha na mara a chur chun feidhme i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta mar a chumhdaítear in UNCLOS agus in ionstraimí ábhartha eile de chuid na Náisiún Aontaithe agus Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe (dá ngairtear ‘FAO’ anseo feasta) a bhfuil sé ina pháirtí iontu;

(b) gníomhú i gcomhréir le prionsabail Chód Iompair Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe le haghaidh Iascach Freagrach arna ghlacadh ag Rún 4/95 an 31 Deireadh Fómhair 1995 (dá ngairtear 'Cód Iompair FAO le haghaidh Iascach Freagrach' anseo feasta);

(c) rannpháirt ghníomhach a ghlacadh agus dul i gcomhar go gníomhach sna heagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh agus i bhfóraim idirnáisiúnta ábhartha eile a bhfuil sé ina chomhalta, ina bhreathnóir nó ina pháirtí neamhchonarthach comhoibríoch iontu, chun dea-rialachas iascaigh agus iascach inbhuanaithe a bhaint amach, lena n-áirítear an méid sin a dhéanamh trí rialú, faireachán agus forfheidhmiú éifeachtach a dhéanamh ar bhearta bainistíochta agus, más infheidhme, trí dhoiciméadacht um ghabháil nó scéimeanna deimhniúcháin a chur chun feidhme;

(d) bearta cuimsitheacha éifeachtacha trédhearcacha a chur chun feidhme, i gcomhréir lena ghealltanais idirnáisiúnta, chun iascaireacht neamhdhleathach neamhthuairiscithe neamhrialáilte a chomhrac, agus táirgí nach gcomhlíonann na bearta sin a eisiamh ó thrádáil idirnáisiúnta, agus oibriú i gcomhar chun na críche sin, lena n-áirítear trí mhalartú faisnéise a éascú;

(e) oibriú d'fhonn comhordú a dhéanamh ar na bearta is gá chun stoic éisc traslimistéir a chaomhnú agus a úsáid ar bhealach inbhuanaithe i réimsí leasa choitinn; agus

(f) forbairt dobharshaothraithe inbhuanaithe agus fhreagraigh a chur chun cinn, agus na gnéithe eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil de á gcur san áireamh, lena n- áirítear na gnéithe maidir le cur chun feidhme na gcuspóirí agus na bprionsabal atá i gCód Iompair FAO le haghaidh Iascach Freagrach.

## AIRTEAGAL 26.10

### Faisnéis eolaíoch agus theicniúil

1. Agus bearta á mbunú nó á gcur chun feidhme ag Páirtí arb é is aidhm dóibh cosaint a thabhairt do dhálaí comhshaoil nó saothair a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do thrádáil nó d'infheistíocht, áiritheoidh gach Páirtí gur ó chomhlachtaí teicniúla agus eolaíocha aitheanta a thiocfaidh an fhianaise eolaíoch agus theicniúil ar a mbeidh siad bunaithe agus go mbeidh na bearta bunaithe ar chaighdeáin, ar threoirlínte nó ar mholtaí idirnáisiúnta ábhartha i gcás ina bhfuil siad ann.

2. Má tá fianaise nó faisnéis eolaíoch neamh-leordhóthanach nó neamhchonclúideach ann agus go bhfuil riosca díghrádú comhshaoil thromchúisigh nó riosca do shláinte agus sábháilteacht ghairme ina chríoch, féadfaidh Páirtí bearta a ghlacadh bunaithe ar phrionsabal an réamhchúraim. Beidh na bearta sin bunaithe ar fhaisnéis ábhartha atá ar fáil agus beidh siad faoi réir athbhreithniú tréimhsiúil. Féachfaidh an Páirtí a ghlacfaidh na bearta sin le faisnéis eolaíoch nua nó bhreise a fháil a bhfuil gá léi chun measúnú níos críochnaithí a dhéanamh agus déanfaidh sé athbhreithniú ar na bearta sin de réir mar is iomchuí.

3. Má bhíonn tionchar ag beart a ghlacfar i gcomhréir le mír 2 ar thrádáil nó ar infheistíocht, féadfaidh Páirtí a iarraidh ar an bPáirtí a ghlacfaidh an beart faisnéis a sholáthar lena léirítear nach leor an fhianaise nó an fhaisnéis eolaíoch nó go bhfuil sí neamhchonclúideach i ndáil leis an ábhar atá i gceist agus go bhfuil an beart arna ghlacadh comhsheasmhach lena leibhéal cosanta féin, agus féadfaidh sé a iarraidh go ndéanfar plé ar an ábhar san Fhochoiste um thrádáil agus um fhorbairt inbhuanaithe dá dtagraítear in Airteagal 26.14.

4. Ní chuirfear na bearta dá dtagraítear san Airteagal seo i bhfeidhm go treallach ná go hidirdhealaitheach, ná ar bhealach eile a d'fhágfadh nach mbeadh iontu ach srian faoi cheilt ar an trádáil idirnáisiúnta.

AIRTEAGAL 26.11

Trádáil agus bainistíocht fhreagrach slabhraí soláthair

1. Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá sé slabhraí soláthair a bhainistiú go freagrach trí iompar gnó freagrach agus trí chleachtais freagrachta sóisialta corparáidí bunaithe ar threoraíocht a comhaontaíodh go hidirnáisiúnta.

2. De bhun mhír 1, déanfaidh gach Páirtí:

(a) tacú le scaipeadh agus úsáid ionstraimí idirnáisiúnta ábhartha a d'fhormhuinigh sé nó ar thacaigh sé leo, amhail an Dearbhú Trípháirteach Prionsabal EIS maidir le Fiontair Ilnáisiúnta agus Beartas Sóisialta arna ghlacadh sa Ghinéiv i mí na Samhna 1977, Comhshocrú Domhanda na Náisiún Aontaithe, Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine arna bhformhuiniú ag an gComhairle um Chearta an Duine ina Rún 17/4 an 16 Meitheamh 2011 agus Treoirlínte ECFE d'Fhiontair Ilnáisiúnta: Moltaí maidir le hIompar Freagrach Gnó i gComhthéacs Domhanda atá i gceangal le Dearbhú ECFE maidir le hInfheistíocht Idirnáisiúnta agus Fiontair Ilnáisiúnta arna dhéanamh i bPáras an 21 Meitheamh 1976.

(b) glacadh deonach freagrachta sóisialta corparáidí nó cleachtas gnó freagrach arna dhéanamh ag fiontair a chur chun cinn, i gcomhréir leis na treoirlínte agus na prionsabail dá dtagraítear i bpointe (a); agus

(c) creat beartais tacaíochta a sholáthar chun na prionsabail agus na treoirlínte dá dtagraítear i bpointe (a) a chur chun feidhme go héifeachtach.

3. Aithníonn na Páirtithe áisiúlacht treoirlínte idirnáisiúnta a bhaineann go sonrach le hearnáil faoi leith i réimse na freagrachta sóisialta corparáidí agus i réimse an iompair gnó fhreagraigh agus cuirfidh siad obair chomhpháirteach chun cinn ina leith sin. I ndáil le Treoir ECFE um Dhícheall Cuí i dtaca le Dícheall Cuí do Shlabhraí Soláthair Freagracha Mianraí ó Limistéir ina bhfuil Coinbhleacht agus ó Limistéir Ardriosca agus leis na forlíontaí a ghabhann léi, déanfaidh na Páirtithe a chloíonn nó a thacaíonn leis an Treoir sin glacadh na Treorach a chur chun cinn freisin.

4. Malartóidh na Páirtithe faisnéis agus dea-chleachtais agus, más iomchuí, oibreoidh siad i gcomhar le chéile maidir le saincheisteanna a chumhdaítear leis an Airteagal seo, lena n-áirítear comhar i bhfóraim ábhartha réigiúnacha agus idirnáisiúnta.

AIRTEAGAL 26.12

Tionscnaimh eile um thrádáil agus infheistíocht lena dtugtar tús áite d'fhorbairt inbhuanaithe

1. Deimhníonn na Páirtithe a ngealltanas chun feabhas a chur ar an méid a chuireann an trádáil agus an infheistíocht le cuspóir na forbartha inbhuanaithe a bhaint amach sna gnéithe eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil di.

2. De bhun mhír 1, déanfaidh gach Páirtí:

(a) cuspóirí an Chláir Oibre um Obair Chuibhiúil a chur chun cinn, i gcomhréir le Dearbhú EIS maidir le Ceartas Sóisialta le haghaidh an Domhandaithe Chóir, lena n-áirítear an t-íosphá maireachtála, cosaint shóisialta chuimsitheach, sláinte agus sábháilteacht ag an obair agus gnéithe eile a bhaineann le dálaí oibre;

(b) trádáil agus infheistíocht in earraí agus i seirbhísí a spreagadh, chomh maith le malartú deonach cleachtas agus teicneolaíochtaí a rannchuidíonn le dálaí feabhsaithe sóisialta agus comhshaoil, lena n-áirítear iad siúd atá ábhartha go háirithe maidir le maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú dó, ar bhealach atá i gcomhréir leis an gCuid seo den Chomhaontú; agus

(c) oibriú i gcomhar le chéile, de réir mar is iomchuí, go déthaobhach, go réigiúnach agus i bhfóraim idirnáisiúnta maidir le hábhair a chumhdaítear leis an Airteagal seo.

AIRTEAGAL 26.13

Oibriú le chéile ar thrádáil agus ar fhorbairt inbhuanaithe

1. Aithníonn na Páirtithe an tábhacht a bhaineann le hoibriú le chéile chun cuspóirí na Caibidle seo a bhaint amach. Féadfaidh siad oibriú le chéile ar na nithe seo a leanas, i measc nithe eile:

(a) gnéithe saothair agus comhshaoil den trádáil agus den fhorbairt inbhuanaithe i bhfóraim idirnáisiúnta, lena n-áirítear go háirithe EDT, EIS, UNEP, UNCTAD, Fóram Ardleibhéil Polaitíochta na Náisiún Aontaithe um Fhorbairt Inbhuanaithe agus comhaontuithe comhshaoil iltaobhacha;

(b) tionchar na ndlíthe saothair agus comhshaoil agus na gcaighdeán saothair agus comhshaoil ar thrádáil agus ar infheistíocht;

(c) tionchar an dlí maidir le trádáil agus infheistíocht ar chúrsaí saothair agus ar an gcomhshaol; agus

(d) scéimeanna dearbhaithe inbhuanaitheachta deonacha, amhail scéimeanna trádála córa agus eiticiúla agus éicilipéid, trí thaithí agus faisnéis maidir leis na scéimeanna sin a chomhroinnt.

2. Chun cuspóirí na Caibidle seo a bhaint amach, féadfaidh na Páirtithe oibriú le chéile freisin ar na gnéithe seo a leanas a bhaineann le trádáil:

(a) cur chun feidhme choinbhinsiúin bhunúsacha agus tosaíochta EIS, mar aon le Coinbhinsiúin EIS eile atá cothrom le dáta;

(b) Clár Oibre EIS um Obair Chuibhiúil, lena n- áirítear na hidirnaisc idir trádáil agus lánfhostaíocht tháirgiúil, coigeartú mhargadh an tsaothair, croíchaighdeáin saothair, obair chuibhiúil sna slabhraí soláthair domhanda, cosaint shóisialta agus cuimsiú sóisialta, idirphlé sóisialta, forbairt scileanna agus comhionannas inscne;

(c) cur chun feidhme comhaontuithe comhshaoil iltaobhacha agus tacaíocht do rannpháirtíocht a chéile sna comhaontuithe sin;

(d) an réimeas idirnáisiúnta dinimiciúil um athrú aeráide faoi UNFCCC, go háirithe cur chun feidhme Chomhaontú Pháras;

(e) Prótacal Montréal um Shubstaintí a Ídíonn an Ciseal Ózóin arna dhéanamh in Montréal an 16 Meán Fómhair 1987 agus aon leasú ar an bPrótacal sin a dhaingnigh na Páirtithe, go háirithe bearta chun rialú a dhéanamh ar tháirgeadh agus tomhaltas substaintí ídithe ózóin agus hidreafluaracarbón, agus ar thrádáil iontu, agus chun roghanna malartacha orthu atá neamhdhíobhálach don chomhshaol a chur chun cinn, mar aon le bearta chun aghaidh a thabhairt ar thrádáil neamhdhleathach substaintí a rialaítear leis an bPrótacal sin;

(f) freagracht shóisialta chorparáideach, iompar freagrach gnó, bainistiú freagrach slabhraí soláthair domhanda agus cuntasacht, lena n-áirítear an méid sin maidir le cur chun feidhme, obair leantach agus scaipeadh ionstraimí idirnáisiúnta ábhartha;

(g) bainistíocht fhónta ceimiceán agus dramhaíola;

(h) caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta, agus comhroinnt chothrom agus chothromasach na dtairbhí a eascraíonn as úsáid acmhainní géiniteacha, lena n-áirítear an méid sin a bhaint amach trí rochtain iomchuí ar na hacmhainní sin, dá dtagraítear in Airteagal 26.7;

(i) gáinneáil aindleathach ar fhiadhúlra a chomhrac, dá dtagraítear in Airteagal 26.7;

(j) caomhnú agus bainistiú inbhuanaithe ar fhoraoisí a chur chun cinn d'fhonn dífhoraoisiú agus lománaíocht neamhdhleathach a laghdú, dá dtagraítear in Airteagal 26.8;

(k) tionscnaimh phríobháideacha agus phoiblí a rannchuidíonn leis an gcuspóir go gcuirfear stop leis an dífhoraoisiú, lena n-áirítear na tionscnaimh sin a nascann táirgeadh agus tomhaltas trí shlabhraí soláthair, atá i gcomhréir le SFInna 12 agus 15 de Chlár Oibre 2030;

(l) cleachtais iascaireachta inbhuanaithe agus trádáil i dtáirgí éisc a bhainistítear go hinbhuanaithe a chur chun cinn, dá dtagraítear in Airteagal 26.9; agus

(m) tionscnaimh tomhaltais agus táirgthe inbhuanaithe atá i gcomhréir le SFI 12 de Chlár Oibre 2030, lena n-áirítear an geilleagar ciorclach agus samhlacha eacnamaíocha inbhuanaithe eile, ach gan bheith teoranta dóibh, arb é is aidhm dóibh éifeachtúlacht acmhainní a mhéadú agus giniúint dramhaíola a laghdú.

AIRTEAGAL 26.14

An Fochoiste um thrádáil agus um fhorbairt inbhuanaithe agus pointí teagmhála

1. Beidh na feidhmeanna seo a leanas ag an bhFochoiste um thrádáil agus um fhorbairt inbhuanaithe, a bhunaítear de bhun Airteagal 9.9(4), i dteannta na bhfeidhmeanna a liostaítear in Airteagail 2.4 agus 9.9:

(a) gníomhaíochtaí comhair a dhéantar faoin gCaibidil seo a éascú agus faireachán a dhéanamh orthu;

(b) na cúraimí dá dtagraítear in Airteagail 26.16 go 26.18 a chomhlíonadh; agus

(c) an obair ullmhúcháin inmheánach is gá a dhéanamh le haghaidh an Chomhchoiste i gcumraíocht trádála, lena n-áirítear maidir le hábhair atá le plé le Grúpaí Comhairleacha Baile dá dtagraítear in Airteagal 2.7.

2. Foilseoidh an Fochoiste tuarascáil tar éis gach ceann dá chruinnithe.

3. Ainmneoidh gach Páirtí pointe teagmhála laistigh dá riarachán chun cumarsáid agus comhordú idir na Páirtithe a éascú ar aon ábhar a bhaineann le cur chun feidhme na Caibidle seo.

AIRTEAGAL 26.15

Réiteach díospóidí

1. Déanfaidh na Páirtithe gach iarracht trí idirphlé, trí chomhairliúchán, trí mhalartú faisnéise agus trí chomhar chun aghaidh a thabhairt ar aon easaontas maidir le léiriú nó cur i bhfeidhm na Caibidle seo.

2. Féadfar síneadh a chur le haon tréimhse ama a luaitear in Airteagail 26.16 agus 26.17 trí chomhaontú frithpháirteach na bPáirtithe.

3. Déanfar na tréimhsí ama uile a bhunaítear faoin gCaibidil seo a chomhaireamh i laethanta féilire ón lá tar éis an ghnímh nó an fhíorais dá dtagraíonn siad.

4. Chun críocha na Caibidle seo, is mar a leagtar amach in Airteagal 29.3 a bheidh na Páirtithe i ndíospóid faoin gCaibidil seo.

5. Ní rachaidh aon Pháirtí ar iontaoibh réiteach díospóidí faoi Chaibidil 29 maidir le haon ábhar a thagann chun cinn faoin gCaibidil seo.

AIRTEAGAL 26.16

Comhairliúcháin

1. Féadfaidh Páirtí comhairliúcháin a iarraidh leis an bPáirtí eile maidir le léirmhíniú nó cur i bhfeidhm na Caibidle seo trí iarraidh i scríbhinn a sheachadadh chuig pointe teagmhála an Pháirtí eile, a ainmnítear de bhun Airteagal 26.14(3). Cuirfear an t-ábhar atá i gceist i láthair go soiléir san iarraidh agus soláthrófar inti achoimre ghairid ar na maímh faoin gCaibidil seo, lena n-áirítear léiriú ar na forálacha ábhartha di agus míniú ar an gcaoi a ndéanann sé difear do chuspóirí na Caibidle seo, chomh maith le haon fhaisnéis eile a mheasfaidh an Páirtí a bheith ábhartha. Cuirfear tús le comhairliúcháin go pras tar éis do Pháirtí iarraidh ar chomhairliúcháin a sheachadadh, agus in aon chás tráth nach déanaí ná 30 (tríocha) lá tar éis dháta fála na hiarrata.

2. Reáchtálfar comhairliúcháin go pearsanta nó, má chomhaontaíonn na Páirtithe amhlaidh, trí fhíschomhdháil nó trí mhodhanna leictreonacha eile. Má reáchtáiltear na comhairliúcháin go pearsanta, reáchtálfar iad i gcríoch an Pháirtí ar chuige a ndéantar an iarraidh, mura gcomhaontóidh na Páirtithe a mhalairt.

3. Rachaidh na Páirtithe i mbun comhairliúcháin arb é is aidhm dóibh teacht ar réiteach ar an ábhar atá sásúil don dá thaobh. In ábhair a bhaineann leis na comhaontuithe iltaobhacha dá dtagraítear sa Chaibidil seo, cuirfidh na Páirtithe san áireamh faisnéis ó EIS nó ó eagraíochtaí nó comhlachtaí ábhartha atá freagrach as comhaontuithe comhshaoil iltaobhacha arna ndaingniú ag an dá Pháirtí, chun comhleanúnachas idir obair na bPáirtithe agus obair na n-eagraíochtaí sin a chur chun cinn. Más ábhartha, féadfaidh na Páirtithe teacht ar chomhaontú comhairle a lorg ó na heagraíochtaí nó na comhlachtaí sin, nó ó aon saineolaí nó comhlacht eile a mheasfaidh siad a bheith iomchuí.

4. Má mheasann Páirtí gur gá tuilleadh plé a dhéanamh ar an ábhar, féadfaidh sé a iarraidh i scríbhinn go dtionólfaí an Fochoiste um thrádáil agus um fhorbairt inbhuanaithe agus tabharfaidh sé fógra faoin iarraidh sin don phointe teagmhála a ainmnítear de bhun Airteagal 26.14(3). Déanfar an iarraidh sin tráth nach luaithe ná 60 (seasca) lá ón dáta a gheofar an iarraidh faoi mhír 1. Tiocfaidh an Fochoiste um thrádáil agus um fhorbairt inbhuanaithe le chéile go pras agus féachfaidh sé le teacht ar réiteach ar an ábhar a bheidh sásúil don dá thaobh.

5. Cuirfidh an Fochoiste um thrádáil agus um fhorbairt inbhuanaithe aon tuairim ar an ábhar a thabharfaidh na Grúpaí Comhairleacha Baile dá dtagraítear in Airteagal 2.7 san áireamh chomh maith le haon chomhairle shaineolach.

6. Cuirfear aon réiteach a bhaineann na Páirtithe amach ar fáil go poiblí.

AIRTEAGAL 26.17

Painéal saineolaithe

1. Más rud é, laistigh de 120 lá (céad lá is fiche) tar éis iarraidh ar chomhairliúcháin faoi Airteagal 18.16, nach dtiocfar ar réiteach atá sásúil don dá thaobh, féadfaidh Páirtí a iarraidh go mbunófar painéal saineolaithe chun scrúdú a dhéanamh ar an ábhar. Déanfar aon iarraidh den sórt sin i scríbhinn chuig pointe teagmhála an Pháirtí eile a ainmnítear de bhun Airteagal 26.14(3) agus sainaithneofar inti na cúiseanna leis an iarraidh ar phainéal saineolaithe a bhunú, lena n-áirítear tuairisc ar na bearta atá i gceist agus forálacha ábhartha na Caibidle seo a mheasann sé is infheidhme.

2. Mura bhforáiltear a mhalairt san Airteagal seo, tá feidhm ag Airteagail 29.9, 29.11, 29.12, 29.26 agus 29.27, chomh maith leis na Rialacha Nós Imeachta in Iarscríbhinn 29-A agus an Cód Iompair in Iarscríbhinn 29-B.

3. Ag an gcéad chruinniú a bheidh ag an bhFochoiste um thrádáil agus um fhorbairt inbhuanaithe tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, bunóidh sé liosta de 15 dhuine aonair (cúig dhuine aonair dhéag) ar a laghad atá toilteanach agus atá in ann a bheith ar an bpainéal saineolaithe. Beidh 3 (trí) fholiosta sa liosta: Aon (1) fholiosta amháin arna mholadh ag an Aontas, 1 (aon) fholiosta amháin arna mholadh ag MERCOSUR agus 1 (aon) fholiosta amháin de dhaoine aonair nach náisiúnaigh de cheachtar Páirtí iad. Molfaidh gach Páirtí 5 dhuine aonair (cúig dhuine aonair) ar a laghad le haghaidh a fholiosta féin. Roghnóidh na Páirtithe 5 dhuine aonair (cúig dhuine aonair) ar a laghad freisin le haghaidh an liosta de dhaoine aonair nach náisiúnaigh de cheachtar Páirtí iad. Áiritheoidh an Fochoiste um thrádáil agus um fhorbairt inbhuanaithe go gcoimeádfar an liosta cothrom le dáta agus go mbeidh 15 shaineolaí (cúig shaineolaí déag) ar a laghad ar an liosta i gcónaí.

4. Beidh eolas speisialaithe nó saineolas ag na daoine aonair dá dtagraítear i mír 3 ar ábhair a dtugtar aghaidh orthu sa Chaibidil seo, lena n-áirítear dlí an tsaothair, an chomhshaoil nó na trádála, nó ar réiteach díospóidí a thagann chun cinn faoi chomhaontuithe idirnáisiúnta. Feidhmeoidh siad ina gcáil aonair, beidh siad neamhspleách agus ní ghlacfaidh siad treoracha ó aon eagraíocht ná rialtas maidir le saincheisteanna a bhaineann leis an easaontas, ná ní bheidh siad cleamhnaithe le rialtas aon Pháirtí. Comhlíonfaidh siad Iarscríbhinn 29-B freisin.

5. Beidh 3 (trí) chomhalta ar phainéal saineolaithe, mura gcomhaontóidh na Páirtithe a mhalairt. Is ón bhfoliosta de dhaoine aonair nach náisiúnaigh de cheachtar Páirtí iad a bheidh an cathaoirleach. Bunófar painéal saineolaithe de réir na nósanna imeachta a leagtar amach i míreanna 1 go 4 d’Airteagal 21.9. Roghnófar na saineolaithe ó na daoine ábhartha atá ar na foliostaí dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo, i gcomhréir leis na forálacha ábhartha de mhíreanna 2, 3 agus 4 d’Airteagal 29.9.

6. Mura gcomhaontóidh na Páirtithe a mhalairt, laistigh de 7 (seacht) lá tar éis dháta bunaithe an phainéil saineolaithe, mar a shainmhínítear in Airteagal 29.9(5), is iad seo a leanas na téarmaí tagartha:

‘scrúdú a dhéanamh, i bhfianaise fhorálacha ábhartha Chaibidil 26 den Chomhaontú Comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an Cómhargadh Theas, Poblacht na hAirgintíne, Poblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle, Poblacht Pharagua agus Poblacht Oirthearach Uragua, den pháirt eile, ar an ábhar dá dtagraítear san iarraidh ar phainéal saineolaithe a bhunú, agus tuarascáil a eisiúint, i gcomhréir le hAirteagal 26.17, ina ndéanfar moltaí maidir le réiteach an ábhair’.

7. Maidir le hábhair a bhaineann le comhaontuithe iltaobhacha dá dtagraítear sa Chaibidil seo a urramú, ba cheart a áireamh sna tuairimí ó shaineolaithe nó san fhaisnéis a iarrann an painéal saineolaithe i gcomhréir le hAirteagal 29.12 faisnéis agus comhairle ó chomhlachtaí ábhartha EIS nó comhlachtaí um chomhaontuithe comhshaoil iltaobhacha. Soláthrófar aon fhaisnéis a gheofar faoin mír sin don dá Pháirtí chun a mbarúlacha a fháil.

8. Déanfaidh an painéal saineolaithe forálacha na Caibidle seo a léirmhíniú i gcomhréir leis na rialacha gnácha maidir le léirmhíniú an dlí idirnáisiúnta phoiblí.

9. Eiseoidh an painéal saineolaithe tuarascáil eatramhach chuig na Páirtithe laistigh de 90 (nócha) lá tar éis dháta bunaithe an phainéil saineolaithe agus eiseoidh siad tuarascáil chríochnaitheach tráth nach déanaí ná 60 (seasca) lá tar éis dháta eisiúna na tuarascála eatramhaí. Leagfar amach sna tuarascálacha sin na torthaí fíorais, infheidhmeacht na bhforálacha ábhartha agus an bhunréasúnaíocht atá le haon toradh nó moladh. Féadfaidh ceachtar Páirtí lena mbaineann barúlacha i scríbhinn maidir leis an tuarascáil eatramhach a chur faoi bhráid an phainéil saineolaithe laistigh de 45 lá (cúig lá is daichead) tar éis dháta eisiúna na tuarascála eatramhaí. Tar éis dó aon bharúil i scríbhinn den sórt sin a bhreithniú, féadfaidh an painéal saineolaithe an tuarascáil a mhodhnú agus aon scrúdú breise a dhéanamh a mheasfaidh sé a bheith iomchuí. I gcás ina measfaidh sé nach féidir na sprioc-amanna a leagtar síos sa mhír seo a chomhlíonadh, tabharfaidh cathaoirleach an phainéil saineolaithe fógra i scríbhinn do na Páirtithe, agus luafaidh sé na cúiseanna leis an moill agus an dáta a bhfuil sé beartaithe ag an bpainéal a thuarascáil eatramhach nó chríochnaitheach a eisiúint.

10. Cuirfidh na Páirtithe an tuarascáil chríochnaitheach ar fáil go poiblí laistigh de 15 lá (cúig lá dhéag) ón uair a chuirfidh an painéal saineolaithe isteach í.

11. Pléifidh na Páirtithe bearta iomchuí a bheidh le cur chun feidhme agus tuarascáil agus moltaí an phainéil saineolaithe á gcur san áireamh. An Páirtí a bhfuil gearán á dhéanamh ina aghaidh, cuirfidh sé a Ghrúpa Comhairleach Baile dá dtagraítear in Airteagal 2.7 agus an Páirtí eile ar an eolas faoina chinntí maidir le haon ghníomhaíocht nó beart a bheidh le cur chun feidhme tráth nach déanaí ná 90 (nócha) lá tar éis chur ar fáil na tuarascála go poiblí. Déanfaidh an Fochoiste um thrádáil agus um fhorbairt inbhuanaithe faireachán ar na bearta leantacha i leith thuarascáil an phainéil saineolaithe agus a chuid moltaí. Féadfaidh an Grúpa Comhairleach Baile dá dtagraítear in Airteagal 2.7 barúlacha a chur faoi bhráid an Fhochoiste um thrádáil agus um fhorbairt inbhuanaithe ina leith sin.

AIRTEAGAL 26.18

Athbhreithniú

1. Chun gnóthú chuspóirí na Caibidle seo a éascú, pléifidh na Páirtithe, trí chruinnithe an Fhochoiste um thrádáil agus um fhorbairt inbhuanaithe, cur chun feidhme éifeachtach na Caibidle seo, lena n-áirítear athbhreithniú a d'fhéadfaí a dhéanamh ar a forálacha, agus an taithí a fuarthas, forbairtí beartais i ngach Páirtí, forbairtí i gcomhaontuithe idirnáisiúnta agus tuairimí arna gcur i láthair ag páirtithe leasmhara, i measc nithe eile, á gcur san áireamh.

2. Féadfaidh an Fochoiste um thrádáil agus um fhorbairt inbhuanaithe leasuithe ar fhorálacha ábhartha na Caibidle seo a mholadh do na Páirtithe lena léirítear toradh na bpléití dá dtagraítear i mír 1.

CAIBIDIL 27

TRÉDHEARCACHT

AIRTEAGAL 27.1

Sainmhínithe

Chun críocha na Caibidle seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) ciallaíonn 'cinneadh riaracháin' cinneadh lena ndéantar difear do chearta nó d'oibleagáidí duine i gcás aonair agus lena gcumhdaítear gníomhaíocht riaracháin nó mainneachtain gníomhaíocht nó cinneadh riaracháin a dhéanamh dá bhforáiltear i ndlíthe agus rialacháin Páirtí;

(b) ciallaíonn 'duine leasmhar' aon duine nádúrtha nó duine dlítheanach dá ndéantar difear nó dá bhféadfar difear a dhéanamh le beart ginearálta; agus

(c) ciallaíonn 'beart ginearálta' dlí, rialachán, cinneadh breithiúnach, nós imeachta nó rialú riarthach a bhfuil feidhm ghinearálta aige a bhféadfadh tionchar a bheith aige ar aon ábhar a chumhdaítear leis an gCuid seo den Chomhaontú.

AIRTEAGAL 27. 2

Cuspóirí

Agus an tionchar a d'fhéadfadh timpeallacht rialála gach Páirtí a imirt ar thrádáil agus ar infheistíocht idir na Páirtithe á aithint ag gach Páirtí, beidh sé d'aidhm acu timpeallacht rialála thrédhearcach intuartha agus nósanna imeachta éifeachtúla a chur chun cinn d'oibreoirí eacnamaíocha, go háirithe FBManna, i gcomhréir le forálacha na Caibidle seo.

AIRTEAGAL 27.3

Foilseachán

1. Áiritheoidh gach Páirtí gur fíor an méid seo a leanas maidir le beart ginearálta i ndáil le haon ábhar a chumhdaítear leis an gCuid seo den Chomhaontú:

(a) foilseofar go pras é trí mheán arna ainmniú go hoifigiúil agus, más féidir, trí mheán leictreonach, nó cuirfear ar fáil ar bhealach é sa chaoi go gcuirfear ar a chumas d'aon duine eolas a chur air;

(b) soláthraítear leis míniú ar a chuspóir agus ar a réasúnaíocht; agus

(c) beidh am leordhóthanach idir a fhoilsiú agus a theacht i bhfeidhm, ach amháin mura féidir sin a dhéanamh ar chúiseanna práinne.

2. A mhéid is féidir, agus mórdhlíthe nó mór-rialacháin a bhfuil feidhm ghinearálta acu á nglacadh nó á leasú maidir le haon ábhar a chumhdaítear leis an gCuid seo den Chomhaontú, déanfaidh gach Páirtí an méid seo a leanas, i gcomhréir lena rialacha agus lena nósanna imeachta féin:

(a) an dréachtdlí nó an dréacht-rialachán nó na doiciméid chomhairliúcháin lena soláthraítear mionsonraí maidir le cuspóir agus réasúnaíocht an dlí nó an rialacháin sin a fhoilsiú roimh ré;

(b) deis réasúnta a sholáthar do dhaoine leasmhara agus don Pháirtí eile barúil a thabhairt ar an dréachtdlí, an dréacht-rialachán nó na doiciméid chomhairliúcháin sin; agus

(c) féachfaidh sé leis na barúlacha a gheofar maidir leis an dréachtdlí nó an dréacht-rialachán nó na doiciméid chomhairliúcháin sin a chur san áireamh.

AIRTEAGAL 27.4

Fiosrúcháin

1. Tráth nach déanaí ná 3 (trí) bliana tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, déanfaidh gach Páirtí sásraí iomchuí a bhunú nó a choinneáil ar bun chun fiosrúcháin a fháil ó aon duine maidir le haon bheart ginearálta atá beartaithe nó atá i bhfeidhm agus maidir leis an gcaoi a gcuirfí i bhfeidhm é i ndáil le haon ábhar a chumhdaítear leis an gCuid seo den Chomhaontú, agus chun na fiosrúcháin sin a fhreagairt.

2. Arna iarraidh sin do Pháirtí, soláthróidh an Páirtí eile faisnéis go pras agus freagróidh sé fiosrúcháin maidir le haon bheart ginearálta nó aon togra le haghaidh aon bheart ginearálta a ghlacadh nó a leasú i ndáil le haon ábhar a chumhdaítear leis an gCuid seo den Chomhaontú arb é a mheasann an Páirtí is iarrthóir ina leith go bhféadfadh sé difear a dhéanamh d’oibriú na Coda seo den Chomhaontú.

AIRTEAGAL 27.5

Bearta ginearálta a riar

1. Riarfaidh gach Páirtí na bearta ginearálta uile ar bhealach oibiachtúil, neamhchlaonta agus réasúnta maidir le haon ábhar a chumhdaítear leis an gCuid seo den Chomhaontú.

2. Déanfaidh gach Páirtí an méid seo a leanas agus bearta ginearálta á gcur i bhfeidhm aige maidir le daoine, earraí nó seirbhísí de chuid an Pháirtí eile i gcásanna sonracha:

(a) féachfaidh sé le fógra réasúnta a thabhairt do dhaoine dá ndéantar difear go díreach le himeachtaí riaracháin[1], i gcomhréir lena dhlíthe agus lena rialacháin, nuair a thionscnaítear imeachtaí riaracháin, lena n-áirítear tuairisc ar chineál na n-imeachtaí, ráiteas maidir leis an údarás dlíthiúil faoina dtionscnaítear na himeachtaí agus, i gcás inarb iomchuí, tuairisc ghinearálta ar aon saincheist lena mbaineann; agus

(b) tabharfaidh sé deis réasúnta do na daoine leasmhara sin fíorais agus argóintí a chur i láthair chun tacú lena seasamh roimh aon chinneadh riaracháin críochnaitheach, a mhéid is féidir de réir an mhéid ama, chineál na n-imeachtaí agus an leasa phoiblí.

---

1 Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, i gcás ábhair a chumhdaítear le Caibidil 23, is iad na daoine sin a seolfaidh údarás iomaíochta Páirtí cinneadh chucu.

AIRTEAGAL 27.6

Athbhreithniú agus achomharc

1. Déanfaidh gach Páirtí binsí nó nósanna imeachta breithiúnacha, eadrána nó riaracháin a bhunú nó a choinneáil ar bun, chun críocha an athbhreithnithe nó an achomhairc phrais agus, i gcás ina bhfuil údar leis sin, chun cinneadh riaracháin a cheartú maidir le haon ábhar a chumhdaítear leis an gCuid seo den Chomhaontú. Áiritheoidh gach Páirtí go ndéanfaidh binsí, atá neamhspleách ar an údarás a bhfuil cúram an fhorfheidhmithe riaracháin air, a nósanna imeachta le haghaidh athbhreithniú nó achomhairc ar bhealach neamh- idirdhealaitheach agus neamhchlaonta, agus gur binsí iad ar a mbeidh daoine nach bhfuil aon leas substaintiúil acu i dtoradh an ábhair.

2. Áiritheoidh gach Páirtí go soláthrófar ceart do na páirtithe sna nósanna imeachta dá dtagraítear i mír 1 maidir leis an méid seo a leanas:

(a) deis réasúnta tacú lena seasaimh féin nó iad a chosaint; agus

(b) cinneadh atá bunaithe ar fhianaise agus ar aighneachtaí taifid nó, má cheanglaítear faoina dhlí é, ar an taifead arna thiomsú ag an údarás riaracháin.

3. Áiritheoidh gach Páirtí, maidir leis an gcinneadh dá dtagraítear i bpointe (b) de mhír 2, cinneadh atá faoi réir achomhairc nó athbhreithniú breise dá bhforáiltear i ndlí an Pháirtí, gurb é an t-údarás ar a bhfuil cúram an fhorfheidhmithe riaracháin i ndáil leis an gcinneadh riaracháin lena mbaineann, a chuirfidh chun feidhme é agus gurb é an cinneadh sin a rialóidh cleachtas an údaráis sin.

AIRTEAGAL 27.7

Cáilíocht agus feidhmíocht rialála agus dea-chleachtais rialála

1. Aithníonn na Páirtithe prionsabail na ndea-chleachtas rialála agus cuirfidh siad cáilíocht agus feidhmíocht rialála chun cinn. Go sonrach, féachfaidh na Páirtithe leis an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) úsáid measúnuithe tionchair rialála a spreagadh agus mórthionscnaimh á bhforbairt; agus

(b) nósanna imeachta a bhunú nó a choinneáil ar bun chun meastóireacht shiarghabhálach thráthrialta ar bhearta leasa ghinearálta a chur chun cinn.

2. Féachfaidh na Páirtithe le hoibriú i gcomhar le chéile i bhfóraim réigiúnacha agus iltaobhacha chun dea-chleachtais rialála agus trédhearcacht a chur chun cinn i leith trádáil agus infheistíocht idirnáisiúnta i réimsí a chumhdaítear leis an gCuid seo den Chomhaontú.

AIRTEAGAL 27.8

Gaol le Caibidlí eile

Tá feidhm ag an gCaibidil seo gan dochar d’aon riail shonrach i gCaibidlí eile den Chuid seo den Chomhaontú.

CAIBIDIL 28

EISCEACHTAÍ

AIRTEAGAL 28.1

Eisceachtaí Slándála

Ní fhorléireofar aon ní sa Chuid seo den Chomhaontú:

(a) mar ní lena gceanglófar ar Pháirtí aon fhaisnéis a thabhairt, nó rochtain ar aon fhaisnéis a cheadú, ar faisnéis í a mheasann sé go mbeadh a nochtadh in aghaidh a leasanna bunúsacha slándála; nó

(b) mar ní lena gcoiscfear ar Pháirtí gníomhaíocht a dhéanamh a measann sé a bhfuil gá lé chun a leasanna bunúsacha slándála a chosaint:

(i) atá nasctha le hairm, armlón agus ábhair chogaidh a tháirgeadh nó a gháinneáil agus leis an ngáinneáil agus na hidirbhearta sin in earraí agus ábhair, seirbhísí agus teicneolaíocht eile, agus le gníomhaíochtaí eacnamaíocha, arna ndéanamh go díreach nó go hindíreach chun bunaíocht mhíleata a sholáthar;

(ii) a bhaineann le hábhair ineamhnaithe agus in-chomhleáite nó na hábhair óna bhfaightear iad; nó

(iii) arna dhéanamh le linn cogaidh nó le linn éigeandáil eile sa chaidreamh idirnáisiúnta; nó

(c) mar ní lena gcoiscfear ar Pháirtí aon ghníomhaíocht a dhéanamh chun a oibleagáidí idirnáisiúnta a shaothrú faoi Chairt na Náisiún Aontaithe chun an tsíocháin agus an tslándáil idirnáisiúnta a choinneáil ar bun.

AIRTEAGAL 28.2

Eisceachtaí ginearálta

1. Faoi réir an cheanglais nach gcuirfear na bearta sin i bhfeidhm ar bhealach arb é a bheadh ann modh idirdhealaithe threallaigh nó gan údar idir tíortha ina bhfuil na dálaí céanna i réim, nó srian faoi cheilt ar thrádáil idirnáisiúnta, ní fhorléireofar aon ní i gCaibidlí 10, 12 agus 25 mar ní lena gcoiscfear ar Pháirtí bearta dá dtagraítear in Airteagal XX de CGTT 1994 a ghlacadh nó a fhorfheidhmiú. Chuige sin, déantar Airteagal XX de CGTT 1994, agus na Nótaí agus na Forálacha Forlíontacha a ghabhann leis, a ionchorprú sa Chuid seo den Chomhaontú, agus déantar cuid den Chuid seo den Chomhaontú díobh *mutatis mutandis*.

2. Faoi réir an cheanglais nach gcuirfear na bearta sin i bhfeidhm ar bhealach arb é a bheadh ann modh idirdhealaithe threallaigh nó gan údar idir na tíortha i gcás ina mbeidh forlámhas ag coinníollacha comhchosúla, nó srianadh faoi cheilt ar léirscaoileadh infheistíochta nó trádáil i seirbhísí, ní fhorléireofar aon ní i gCaibidlí 18 ná 25 mar ní lena gcoiscfear ar cheachtar Páirtí bearta a ghlacadh nó a fhorfheidhmiú:

(a) ar bearta iad a bhfuil gá leo chun slándáil an phobail nó moráltacht an phobail a chosaint nó an t-ord poiblí a choinneáil ar bun[1];

---

[1] Ní fhéadfar na heisceachtaí slándála poiblí agus oird phoiblí a agairt ach amháin i gcás ina mbeidh bagairt atá tromchúiseach go leor le ceann de leasanna bunúsacha na sochaí a chur i mbaol.

(b) ar bearta iad a bhfuil gá leo chun beatha nó sláinte an duine, ainmhithe nó plandaí a chosaint;

(c) ar bearta iad a bhaineann le caomhnú acmhainní nádúrtha neamh-inathnuaite má chuirtear na bearta sin i bhfeidhm in éineacht le srianta ar infheisteoirí intíre nó ar sholáthar nó tomhaltas intíre seirbhísí;

(d) ar bearta iad a bhfuil gá leo chun seoda náisiúnta atá luachmhar ó thaobh na healaíne, na staire nó na seandálaíochta de a chosaint;

(e) ar bearta iad a bhfuil gá leo chun a áirithiú go gcomhlíonfar dlíthe nó rialacháin nach bhfuil ar neamhréir le forálacha na Coda seo den Chomhaontú, lena n-áirítear na forálacha sin a bhaineann le:

 (i) cleachtais mhealltacha agus cleachtais chalaoiseacha[1] a chosc nó déileáil le héifeachtaí mainneachtana i gconarthaí;

 (ii) príobháideachas daoine aonair a chosaint i ndáil le próiseáil agus scaipeadh sonraí pearsanta agus rúndacht taifead agus cuntas aonair a chosaint; nó

 (iii) sábháilteacht bia.

---

1 Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, áirítear orthu sin rialacháin maidir leis an sciúradh airgid agus maoiniú na sceimhlitheoireachta a chomhrac.

3. Ní fhorléireofar aon ní i gCaibidil 18 mar ní a choiscfidh glacadh nó forfheidhmiú birt lena gcuirtear chun feidhme ceanglas arna fhorchur nó arna fhorfheidhmiú ag cúirt, binse riaracháin nó údarás iomaíochta chun sárú ar dhlíthe agus rialacháin iomaíochta a leigheas.

4. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, a mhéid atá na bearta sin ar neamhréir ar bhealach eile le forálacha Chaibidlí 10, 12 agus 25, tuigeann na Páirtithe an méid seo a leanas:

(a) go n- áirítear ar na bearta dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal XX de CGTT 1994 bearta comhshaoil a bhfuil gá leo chun beatha nó sláinte an duine, ainmhithe nó plandaí a chosaint;

(b) go bhfuil feidhm ag pointe (g) d'Airteagal XX de CGTT 1994 maidir le bearta chun acmhainní nádúrtha neamh-in-athnuaite, idir bheo agus neamhbheo, a chaomhnú; agus

(c) go bhféadfaidh bearta arna ndéanamh chun comhaontuithe comhshaoil iltaobhacha a chur chun feidhme teacht faoi phointí (b) nó (g) d'Airteagal XX de CGTT 1994.

5. Sula ndéanfaidh Páirtí aon bheart i gcomhréir le pointí (i) agus (j) d'Airteagal XX de CGTT 1994, soláthróidh an Páirtí sin an fhaisnéis ábhartha uile don Pháirtí eile, d'fhonn réiteach is inghlactha ag na Páirtithe a lorg. Mura dtiocfar ar chomhaontú laistigh de 30 (tríocha) lá ó fhaisnéis den sórt sin a sholáthar, féadfaidh an Páirtí na bearta lena mbaineann a chur i bhfeidhm. Nuair is gá gníomhú láithreach mar gheall ar imthosca eisceachtúla agus criticiúla, féadfaidh an Páirtí a bhfuil rún aige na bearta a dhéanamh an beart is gá a chur i bhfeidhm chun déileáil leis na himthosca gan fógra a thabhairt roimh ré agus cuirfidh sé an Páirtí eile ar an eolas faoi sin láithreach.

AIRTEAGAL 28.3

Cánachas

1. Ní dhéanfaidh aon ní sa Chuid seo den Chomhaontú difear do chearta ná d'oibleagáidí an Aontais Eorpaigh ná a Bhallstát ná do chearta ná d'oibleagáidí Stáit Sínithe MERCOSUR faoi aon choinbhinsiún cánach. I gcás aon neamhréireacht a bheith idir an Chuid seo den Chomhaontú agus aon choinbhinsiún cánach den sórt sin, is ag an gcoinbhinsiún cánach a bheidh tosaíocht a mhéid atá siad ar neamhréir le chéile.

2. Faoi réir an cheanglais nach gcuirtear bearta den sórt sin i bhfeidhm ar bhealach arb é a bheadh ann modh idirdhealaithe threallaigh nó gan údar idir tíortha i gcás ina mbeidh forlámhas ag coinníollacha comhchosúla, nó srianadh faoi cheilt ar thrádáil agus infheistíocht, ní fhorléireofar aon ní sa Chuid seo den Chomhaontú mar ní lena gcoiscfear ar Pháirtí aon bheart a ghlacadh, a choinneáil ar bun nó a fhorfheidhmiú, ar beart é arb é is aidhm dó forchur nó bailiú cothrom nó éifeachtach cánacha díreacha[1] a áirithiú:

(a) lena ndéantar idirdhealú idir cáiníocóirí nach bhfuil sa staid chéanna, go háirithe maidir lena n-áit chónaithe nó maidir leis an áit ina bhfuil a gcuid caipitil infheistithe; nó

---

1 Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, tuigeann na Páirtithe go n-áirítear ar na bearta sin bearta atá ar neamhréir le hAirteagal 18.4 arb é is aidhm dóibh a áirithiú go ndéanfar cánacha díreacha a fhorchur nó a bhailiú go cothrom nó go héifeachtach, arna ndéanamh ag Páirtí faoina chóras cánachais:
(i) a bhfuil feidhm acu maidir le hinfheisteoirí agus soláthróirí seirbhíse neamhchónaitheacha mar aitheantas go ndéantar oibleagáid chánach neamhchónaitheoirí a chinneadh i ndáil le hítimí inchánach atá foinsithe nó lonnaithe i gcríoch an Pháirtí;
(ii) a bhfuil feidhm acu maidir le neamhchónaitheoirí chun a áirithiú go ndéantar cánacha a fhorchur nó a bhailiú i gcríoch an Pháirtí;
(iii) a bhfuil feidhm acu maidir le neamhchónaitheoirí nó cónaitheoirí chun cosc a chur ar sheachaint nó ar imghabháil cánach, lena n-áirítear bearta comhlíontachta;
(iv) a bhfuil feidhm acu maidir le tomhaltóirí seirbhísí a sholáthraítear i gcríoch Páirtí eile nó ó chríoch Páirtí eile chun a áirithiú go ndíorthófar forchur nó bailiú cánacha is iníoctha ag tomhaltóirí mar sin ó fhoinsí i gcríoch an Pháirtí;
(v) lena ndéantar idirdhealú idir infheisteoirí agus soláthróirí seirbhíse atá faoi réir cánach ar ítimí inchánach domhanda agus infheisteoirí agus soláthróirí seirbhíse eile, chun an difríocht eatarthu maidir le cineál an bhoinn cánach a aithint; nó
(vi) lena ndéantar ioncam, brabús, gnóthachan, caillteanas, asbhaint nó creidmheas de chuid cónaitheoirí nó brainsí, nó idir daoine nó brainsí gaolmhara den duine céanna, a chinneadh, a leithdháileadh nó a chionroinnt chun bonn cánach an Pháirtí a chosaint.

Déantar téarmaí nó coincheapa cánach san fhonóta seo a chinneadh de réir sainmhínithe agus coincheapa cánach, nó sainmhínithe agus coincheapa coibhéiseacha nó comhchosúla, faoi dhlí intíre an Pháirtí a dhéanann an beart.

(b) arb é is aidhm dó cosc a chur ar seachaint nó imghabháil cánach de bhun na bhforálacha ó aon choinbhinsiún cánach nó reachtaíocht fhioscach náisiúnta.

3. Chun críoch an Airteagail seo:

(a) ciallaíonn 'áit chónaithe' áit chónaithe chun críoch cánach; agus

(b) ciallaíonn 'coinbhinsiún cánach' coinbhinsiún chun cánachas dúbailte a sheachaint nó aon chomhaontú nó socrú idirnáisiúnta eile a bhaineann go hiomlán nó go príomha le cánachas a bhfuil an tAontas Eorpach nó a Bhallstáit nó Stát Sínithe MERCOSUR ina pháirtí ann.

AIRTEAGAL 28.4

Nochtadh faisnéise

1. Ní fhorléireofar aon ní sa Chuid seo den Chomhaontú mar ní lena gceanglófar ar Pháirtí faisnéis rúnda a chur ar fáil, a bhfágfadh nochtadh na faisnéise sin go gcuirfí bac ar fhorfheidhmiú an dlí, nó a bheadh contrártha ar bhealach eile do leas an phobail, nó lena ndéanfaí dochar do leasanna tráchtála dlisteanacha fiontar ar leith, poiblí nó príobháideach, seachas i gcás ina gceanglóidh painéal an fhaisnéis rúnda sin i nósanna imeachta um réiteach díospóidí faoi Chaibidil 29. Sna cásanna sin, áiritheoidh an painéal go gcosnófar an rúndacht go hiomlán.

2. I gcás ina soláthróidh Páirtí faisnéis a mheastar a bheith rúnda faoina dhlíthe agus faoina rialacháin, déileálfaidh an Páirtí eile leis an bhfaisnéis sin mar fhaisnéis rúnda, mura gcomhaontóidh an Páirtí tíolactha a mhalairt.

AIRTEAGAL 28.5

Tarscaoiltí EDT

Má tá oibleagáid sa Chuid seo den Chomhaontú coibhéiseach go substaintiúil le hoibleagáid atá i gComhaontú EDT, aon bheart a dhéanfar i gcomhréir le tarscaoileadh arna ghlacadh de bhun mhíreanna 3 agus 4 d’Airteagal IX de Chomhaontú EDT, measfar go bhfuil sé i gcomhréir leis an bhforáil den Chuid seo den Chomhaontú atá coibhéiseach go substainteach.

# CAIBIDIL 29

# RÉITEACH DÍOSPÓIDÍ

## ROINN A

## CUSPÓIR, SAINMHÍNITHE AGUS RAON FEIDHME

### AIRTEAGAL 29.1

### Cuspóir

Is é is cuspóir don Chaibidil seo sásra éifeachtach éifeachtúil a bhunú chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) díospóidí idir na Páirtithe maidir le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm Chuid III den Chomhaontú seo a sheachaint agus a réiteach d'fhonn teacht, más féidir, ar réiteach a chomhaontófar go frithpháirteach; agus

(b) cothromaíocht na lamháltas a thugtar le Cuid III den Chomhaontú seo a chaomhnú, i gcás inarb infheidhme.

AIRTEAGAL 29.2

Sainmhínithe

Chun críocha na Caibidle seo agus Iarscríbhinní 29-A, 29-B agus 29-C:

(a) ciallaíonn ‘comhairleoir’ duine atá fostaithe ag páirtí chun comhairle nó cúnamh a thabhairt don pháirtí sin i dtaca leis na himeachtaí eadrána;

(b) ciallaíonn ‘painéal eadrána’ painéal a bhunaítear de bhun Airteagal 29.9;

(c) ciallaíonn ‘eadránaí’ duine aonair is comhalta de phainéal eadrána;

(d) ciallaíonn ‘cúntóir’ duine aonair a dhéanann, faoi théarmaí ceapacháin eadránaí, taighde le haghaidh an eadránaí sin nó a thugann cúnamh dó;

(e) ciallaíonn ‘iarrthóir’ duine aonair a bhfuil a ainm ar an liosta eadránaithe dá dtagraítear in Airteagal 29.8(3) agus atá faoi bhreithniú lena roghnú mar bhall den phainéal eadrána arna bhunú de bhun Airteagal 29.9;

(f) ciallaíonn ‘an páirtí is déantóir gearáin’ páirtí a iarrfaidh painéal eadrána a bhunú de bhun Airteagal 29.7;

(g) ciallaíonn ‘saineolaí’ duine aonair a bhfuil eolas agus taithí speisialaithe aitheanta aige i réimse áirithe a n-iarrann painéal eadrána nó idirghabhálaí air tuairim a thabhairt ina leith, nó a gcuirtear a thuairim sa réimse sin faoi bhráid aon cheann de na páirtithe nó a n-iarrann aon cheann de na páirtithe a thuairim air;

(h) ciallaíonn 'idirghabhálaí' duine aonair a dhéanann idirghabháil de bhun Airteagal 29.6;

(i) ciallaíonn 'ionadaí Páirtí' fostaí nó aon duine aonair arna cheapadh ag roinn rialtais, gníomhaireacht nó aon eintiteas poiblí eile de chuid Páirtí, fostaí nó duine a dhéanann ionadaíocht don Pháirtí sin chun críoch díospóide faoin gCaibidil seo; agus

(j) ciallaíonn 'foireann', i leith eadránaí, daoine aonair faoi stiúradh agus rialú eadránaí, seachas cúntóirí.

## AIRTEAGAL 29.3

### Páirtithe sa díospóid

1. Chun críocha na Caibidle seo, féadfaidh an tAontas Eorpach agus MERCOSUR nó ceann amháin nó níos mó de Stáit Sínithe MERCOSUR a bheith ina bpáirtithe i ndíospóid. Gairfear 'páirtí' nó 'páirtithe' anseo feasta de na páirtithe sa díospóid.

2. Féadfaidh an tAontas Eorpach imeachtaí um réiteach díospóidí a thionscnamh in aghaidh MERCOSUR maidir le beart a bhaineann leis an Aontas Eorpach nó le ceann amháin nó níos mó dá Bhallstáit, más beart de chuid MERCOSUR é an beart atá i gceist.

3. Féadfaidh an tAontas Eorpach imeachtaí um réiteach díospóidí a thionscnamh in aghaidh ceann amháin nó níos mó de Stáit Sínithe MERCOSUR maidir le beart a bhaineann leis an Aontas Eorpach nó le ceann amháin nó níos mó dá Bhallstáit, más beart de chuid na Stát Sínithe MERCOSUR sin é an beart atá i gceist.

4. Féadfaidh MERCOSUR imeachtaí um réiteach díospóidí a thionscnamh in aghaidh an Aontais Eorpaigh maidir le beart a bhaineann le MERCOSUR nó le gach Stát Sínithe MERCOSUR, más beart de chuid an Aontais Eorpaigh[1] nó de chuid ceann amháin nó níos mó de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh é an beart atá i gceist.

5. Féadfaidh ceann amháin nó níos mó de Stáit Sínithe MERCOSUR imeachtaí um réiteach díospóidí in aghaidh an Aontais Eorpaigh a thionscnamh ina n-aonar maidir le beart a bhaineann leis an Stát Sínithe MERCOSUR sin nó leis na Stáit Sínithe MERCOSUR sin, más beart de chuid an Aontais Eorpaigh nó de chuid ceann amháin nó níos mó de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh é an beart.

6. Má thionscnaíonn níos mó ná Stát Sínithe MERCOSUR amháin imeachtaí um réiteach díospóidí in aghaidh an Aontais Eorpaigh maidir leis an ábhar céanna, beidh feidhm *mutatis mutandis*[2] ag Airteagal 9 den Chomhaontú um Réiteach Díospóidí.

---

1 Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, le beart de chuid an Aontais Eorpaigh dá dtagraítear san Airteagal seo chumhdófaí freisin beart de chuid ceann amháin nó níos mó de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh.

2 Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ní chuirfidh mír 3 d’Airteagal 9 den Chomhaontú um Réiteach Díospóidí cosc ar Stát Sínithe MERCOSUR comhalta den phainéal eadrána a cheapadh ón bhfoliosta dá dtagraítear i bpointe (b) d’Airteagal 29.8(3) den Chaibidil seo, nach é an comhalta a d’fheidhmigh nó atá ag feidhmiú mar eadránaí i bpainéal arna bhunú chun scrúdú a dhéanamh ar ghearán ó Stát Sínithe MERCOSUR eile maidir leis an ábhar céanna.

## AIRTEAGAL 29.4

### Raon feidhme

Tá feidhm ag forálacha na Caibidle seo maidir le haon díospóid:

(a) a bhaineann le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm fhorálacha Chuid III den Chomhaontú seo (dá ngairtear 'forálacha faoi chumhdach' anseo feasta), ach amháin má fhoráiltear a mhalairt go sainráite; nó

(b) a bhaineann le líomhain arna déanamh ag páirtí go ndéanann beart arna chur i bhfeidhm ag an bpáirtí eile aon sochar a fhabhraíonn dó faoi na forálacha faoi chumhdach a neamhniú nó a lagú go substaintiúil ar bhealach a dhéanann dochar do thrádáil idir na páirtithe, cibé acu atá nó nach bhfuil na bearta sin ag teacht salach ar fhorálacha Chuid III den Chomhaontú seo, ach amháin má fhoráiltear a mhalairt go sainráite.

ROINN B

COMHAIRLIÚCHÁIN AGUS IDIRGHABHÁIL

AIRTEAGAL 29.5

Comhairliúcháin

1. Féachfaidh na páirtithe le teacht ar réiteach ar aon díospóid maidir le neamhchomhlíonadh líomhainte na bhforálacha faoi chumhdach dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 29.4 nó maidir leis an neamhniú nó an lagú substaintiúil líomhainte dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 29.4 trí dhul i mbun comhairliúchán de mheon macánta chun teacht ar réiteach a chomhaontófar go frithpháirteach. Sa chomhthéacs sin, tabharfar aird bhreise ar dhúshláin shonracha tíortha talamhiata atá i mbéal forbartha.

2. Lorgóidh páirtí comhairliúcháin trí iarraidh i scríbhinn a sheachadfar chuig an bpáirtí eile agus chuig an gComhchoiste i gcumraíocht trádála, ina dtabharfar an chúis leis an iarraidh, lena n-áirítear an beart atá i gceist a shainaithint agus, i gcás díospóid dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 29.4, na forálacha faoi chumhdach a mheasann sé is infheidhme, agus nár chomhlíon an páirtí eile iad, nó, i gcás díospóid dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 29.4, na sochair a mheasann sé a bheith neamhnithe nó lagaithe go substaintiúil de dheasca an bhirt atá i gceist, ar bhealach a dhéanann dochar do thrádáil idir na páirtithe.

3. Reáchtálfar comhairliúcháin tráth nach déanaí ná 15 lá (cúig lá dhéag) ón dáta a gheofar an iarraidh, agus reáchtálfar iad, mura gcomhaontóidh na páirtithe a mhalairt, i gcríoch an pháirtí a ndeachthas i gcomhairle leis. Measfar na comhairliúcháin a bheith tugtha i gcrích tráth nach déanaí ná 30 (tríocha) lá ón dáta a gheofar an iarraidh, ach amháin i gcás ina gcomhaontaíonn an dá pháirtí leanúint de na comhairliúcháin. Is faoi rún a bheidh na comhairliúcháin, agus go háirithe na seasaimh arna nglacadh ag na páirtithe lena linn, agus beidh siad gan dochar do chearta páirtí in aon imeacht eile.

4. Comhairliúcháin maidir le hábhair phráinne, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le hearraí meatacha nó le hearraí nó seirbhísí eile a dtéann a gcáilíocht, an riocht ina bhfuil siad faoi láthair nó a luach tráchtála in olcas laistigh de thréimhse ghearr ama, reáchtálfar iad tráth nach déanaí ná 15 lá (cúig lá dhéag) ón dáta a gheofar an iarraidh agus measfar iad a bheith tugtha chun críche laistigh de na 15 lá (cúig lá dhéag) sin, ach amháin i gcás ina gcomhaontaíonn an dá pháirtí leanúint de na comhairliúcháin.

5. Le linn na gcomhairliúchán, soláthróidh gach páirtí faisnéis fhíorasach, ionas go bhféadfar scrúdú iomlán a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfadh an beart atá i gceist, i gcás díospóid dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 29.4, difear a dhéanamh do chur i bhfeidhm Chuid III den Chomhaontú seo, nó, i gcás díospóid dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 29.4, na sochair a fhabhraíonn don pháirtí is iarrthóir faoi Chuid III den Chomhaontú seo a neamhniú nó a lagú go substaintiúil ar bhealach a dhéanfadh dochar do thrádáil idir na páirtithe.

6. Mura reáchtálfar comhairliúcháin laistigh den tréimhse ama a leagtar síos i míreanna 3 nó 4, de réir mar a bheidh, nó má thugtar comhairliúcháin i gcrích ach mura dtiocfar ar réiteach arna chomhaontú go frithpháirteach, féadfaidh an páirtí a d'iarr comhairliúcháin dul ar iontaoibh painéal eadrána a bhunú i gcomhréir le hAirteagal 29.7.

7. Iarraidh ar chomhairliúcháin maidir le díospóid dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 29.4, beidh sí gan dochar do cheart an pháirtí is iarrthóir a iarraidh, i gcomhthráth leis sin nó ina dhiaidh, go rachfar i mbun comhairliúchán maidir le díospóid dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 29.4 i leith an bhirt chéanna, agus *vice versa*.

## AIRTEAGAL 29.6

### Idirghabháil

Féadfaidh páirtí a iarraidh de bhun Iarscríbhinn 29-C go rachfar i mbun idirghabhála maidir le haon bheart arna dhéanamh ag páirtí, a dhéanann dochar do thrádáil idir na páirtithe. Ní fhéadfar idirghabháil a thionscnamh ach trí chomhthoil fhrithpháirteach na bpáirtithe.

ROINN C

EADRÁIN

AIRTEAGAL 29.7

Imeachtaí painéil eadrána a thionscnamh

1. Mura n-éiríonn leis na páirtithe an díospóid a réiteach trí chomhairliúcháin i gcomhréir le hAirteagal 29.5, nó má mheasann an páirtí is déantóir gearáin nár chomhlíon an cosantóir réiteach a comhaontaíodh go frithpháirteach le linn na gcomhairliúchán, féadfaidh an páirtí is déantóir gearáin a iarraidh go mbunófar painéal eadrána trí iarraidh i scríbhinn a sheachadadh chuig an gcosantóir agus chuig an gComhchoiste i gcumraíocht trádála.

2. Tabharfaidh an páirtí is déantóir gearáin cúiseanna leis an iarraidh, lena n-áirítear an beart atá i gceist a shainaithint, agus míneoidh sé, i gcás díospóid dá dtagraítear i bpointe (a) d’Airteagal 29.4, ar bhealach lena léirítear go soiléir an bunús dlí leis an ngearán, an chaoi a sáraíonn an beart sin na forálacha faoi chumhdach nó, i gcás díospóid dá dtagraítear i bpointe (b) d’Airteagal 29.4, an chaoi a ndéanann an beart na sochair a fhabhraíonn don pháirtí is déantóir gearáin faoi Chuid III den Chomhaontú seo a neamhniú nó a lagú go substaintiúil.

3. Iarraidh ar phainéal eadrána a bhunú a bhaineann le díospóid dá dtagraítear i bpointe (a) d’Airteagal 29.4, beidh sí gan dochar do cheart an pháirtí is déantóir gearáin a iarraidh, i gcomhthráth leis sin nó ina dhiaidh, go mbunófar painéal eadrána a bhaineann le díospóid dá dtagraítear i bpointe (b) d’Airteagal 29.4 i leith an bhirt chéanna, agus *vice versa*.

4. Má d'iarr an páirtí is déantóir gearáin go mbunófaí painéal eadrána a bhaineann le díospóid dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 29.4 agus le díospóid dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 29.4, an tráth céanna agus i leith an bhirt chéanna, bunófar painéal eadrána aonair lena ndéanfar eadráin aonair i ndáil leis an dá dhíospóid. I gcás eadrána ina dhiaidh sin maidir leis an mbeart céanna, déanfar an eadráin ina dhiaidh sin a tharchur chuig an bpainéal céanna leis an díospóid roimhe sin, i ngach cás inar féidir.

## AIRTEAGAL 29.8

### Eadránaithe a cheapadh

1. Ní mór eolas nó taithí speisialaithe ar an dlí agus ar thrádáil idirnáisiúnta a bheith ag eadránaithe. Eadránaithe nach náisiúnaigh de pháirtí iad, beidh siad ina ndlí-eolaithe.

2. Maidir le headránaithe:

(a) beidh siad neamhspleách;

(b) feidhmeoidh siad ina gcáil phearsanta;

(c) ní ghlacfaidh siad treoracha ó aon eagraíocht ná rialtas ná ní bheidh siad cleamhnaithe le haon rialtas ná le haon eagraíocht rialtais de chuid Páirtí sa Chomhaontú seo; agus

(d) comhlíonfaidh siad Iarscríbhinn 29-B.

3. Déanfaidh an Comhchoiste i gcumraíocht trádála, tráth nach déanaí ná 6 (sé) mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, liosta de 32 dhuine aonair (dhá dhuine is tríocha) ar a laghad a bhunú, ar daoine aonair iad atá toilteanach agus in ann feidhmiú mar eadránaithe. Sa liosta sin beidh na 3 (trí) fholiosta seo a leanas:

(a) foliosta amháin de 12 dhuine dhéag (dhá dhuine dhéag) arna moladh ag an Aontas Eorpach;

(b) foliosta amháin de 12 dhuine dhéag (dhá dhuine dhéag) arna moladh ag MERCOSUR; agus

(c) foliosta amháin de 8 (ocht) nduine aonair, arna moladh ag an dá Pháirtí, nach náisiúnaigh de cheachtar Páirtí iad agus a ghníomhóidh mar chathaoirleach ar an bpainéal eadrána.

4. Áiritheoidh an Comhchoiste i gcumraíocht trádála go mbeidh ar an liosta dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo an líon daoine is gá a bheith air. Féadfaidh an Comhchoiste i gcumraíocht trádála an liosta eadránaithe a leasú, i gcomhréir le Riail 25 de na Rialacha Nós Imeachta mar a leagtar amach in Iarscríbhinn 29-A.

5. Más rud é, tráth a bhunófar painéal eadrána ar leith de bhun Airteagal 29.9, nach bhfuil an liosta dá bhforáiltear i mír 3 den Airteagal seo bunaithe nó, nuair a bheidh sé bunaithe, nach mbeidh na daoine aonair a áirítear ar fholiosta ar leith in ann feidhmiú mar eadránaí i ndíospóid, déanfaidh an comhchathaoirleach ar an gComhchoiste i gcumraíocht trádála ón bpáirtí is déantóir gearáin na headránaithe a roghnú trí chrannchur i gcomhréir le Rialacha 10, 26 agus 28 go 31 de na Rialacha Nós Imeachta mar a leagtar amach in Iarscríbhinn 29-A.

AIRTEAGAL 29.9

Bunú an phainéil eadrána

1. Beidh 3 (trí) eadránaí ar phainéal eadrána.

2. Tráth nach déanaí ná 10 (deich) lá ón dáta a gheofar an iarraidh i scríbhinn ar phainéal eadrána a bhunú de bhun Airteagal 29.7(1), rachaidh na páirtithe i gcomhairle le chéile d'fhonn teacht ar chomhaontú maidir lena chomhdhéanamh[1]. Féadfaidh na páirtithe saineolas a bhaineann le hábhar na díospóide a chur san áireamh chun eadránaithe a roghnú. Beidh duine nach náisiúnach de cheachtar Páirtí é ina chathaoirleach ar an bpainéal eadrána i gcónaí.

3. Mura mbeidh aon chomhaontú ann maidir le comhdhéanamh an phainéil eadrána laistigh den tréimhse ama a leagtar amach i mír 2 den Airteagal seo, ceapfaidh gach páirtí comhalta amháin den phainéal eadrána ó fholiosta an pháirtí sin dá dtagraítear in Airteagal 29.8(3) tráth nach déanaí ná 10 (deich) lá tar éis dhul in éag na tréimhse ama dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo. Mura ndéanfaidh páirtí eadránaí a cheapadh laistigh den tréimhse ama sin, déanfaidh comhchathaoirleach Chomhchoiste i gcumraíocht trádála an pháirtí is déantóir gearáin nó a ainmní, tráth nach déanaí ná 5 (cúig) lá tar éis dhul in éag na tréimhse ama dá dtagraítear san abairt roimhe seo, an t-eadránaí a roghnú trí chrannchur ó fholiosta an pháirtí sin.

[1] Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, agus comhdhéanamh an phainéil eadrána á chomhaontú de bhun na míre seo, féadfaidh na páirtithe a chomhaontú go roghnófar mar eadránaithe daoine nach bhfuil san áireamh ar an liosta eadránaithe a bhunaítear de bhun Airteagal 29.8(3).

4. Le linn na tréimhse ama dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo, féachfaidh na páirtithe le teacht ar chomhaontú maidir le cathaoirleach an phainéil eadrána. Mura mbeidh siad in ann teacht ar chomhaontú, iarrfaidh ceachtar páirtí ar chomhchathaoirleach Chomhchoiste i gcumraíocht trádála an pháirtí is déantóir gearáin cathaoirleach an phainéil eadrána a roghnú trí chrannchur ón bhfoliosta dá dtagraítear in Airteagal 29.8(3) tráth nach déanaí ná 5 (cúig) lá tar éis na hiarrata sin.

5. Is é dáta bunaithe an phainéil eadrána an dáta a ghlacfaidh gach eadránaí roghnaithe leis an gceapachán i gcomhréir leis na Rialacha Nós Imeachta a leagtar amach in Iarscríbhinn 29-A.

6. Má mheasann páirtí nach gcomhlíonann eadránaí Iarscríbhinn 29-B, beidh feidhm ag na nósanna imeachta dá bhforáiltear in Iarscríbhinn 29-A.

7. Mura féidir le headránaí a bheith rannpháirteach sna himeachtaí, má tharraingíonn sé siar uathu nó más gá eadránaí eile a chur ina ionad, roghnófar eadránaí nua i gcomhréir leis na nósanna imeachta roghnúcháin a leagtar amach san Airteagal seo agus sna Rialacha Nós Imeachta a leagtar amach in Iarscríbhinn 29-A. Cuirfear na himeachtaí eadrána ar fionraí le linn na tréimhse sin ar feadh suas le 25 lá (cúig lá is fiche) ar a mhéad.

8. Glacfaidh na páirtithe le húdarás aon phainéil eadrána a bhunaítear i gcomhréir leis an gCaibidil seo mar údarás ceangailteach, *ipso facto*, agus gan aon ghá le comhaontú speisialta.

AIRTEAGAL 29.10

Cinneadh maidir le práinne

Má iarrann Páirtí amhlaidh, cinnfidh an painéal eadrána, laistigh de 10 (deich) lá tar éis a bhunaithe, cibé acu a bhaineann nó nach mbaineann an cás le hábhair phráinne.

AIRTEAGAL 29.11

Éisteachtaí

Beidh éisteachtaí an phainéil eadrána ar oscailt don phobal, mura gcinnfidh na páirtithe sa díospóid a mhalairt. Beidh éisteachtaí an phainéil eadrána dúnta go páirteach nó go hiomlán don phobal i gcás ina mbeidh faisnéis in aighneacht nó in argóintí páirtí, atá ainmnithe ag an bpáirtí sin mar fhaisnéis rúnda.

AIRTEAGAL 29.12

Faisnéis agus comhairle theicniúil

1. Féadfaidh an painéal eadrána, i gcomhréir le hIarscríbhinn 29-A, tuairim saineolaithe a iarraidh nó faisnéis a fháil ó aon fhoinse a mheastar a bheith ábhartha.

2. Beidh tuairimí saineolaithe, chomh maith le faisnéis a gheofar ó aon fhoinse ábhartha, neamhcheangailteach.

3. Ní mór do shaineolaithe a bheith ina ndaoine a bhfuil seasamh gairmiúil agus taithí acu sa réimse ábhartha. Rachaidh an painéal eadrána i gcomhairle leis na páirtithe sula roghnóidh sé na saineolaithe sin.

4. Socróidh an painéal eadrána tréimhse réasúnta ama chun faisnéis nó tuarascáil na saineolaithe a chur isteach.

5. Údarófar daoine de chuid na bPáirtithe le mionteagaisc *amicus curiae* a chur faoi bhráid na bpainéal eadrána i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn 29-A. Áiritheofar leis na coinníollacha sin nach mbeidh na mionteagaisc *amicus curiae* sin ina n-ualach míchuí ar na páirtithe sa díospóid ná nach gcuirfidh siad moill mhíchuí ar imeachtaí an phainéil eadrána ná nach mbeidh na himeachtaí sin níos casta mar gheall orthu.

6. Déanfar aon fhaisnéis a gheofar faoin Airteagal seo a nochtadh do gach ceann de na páirtithe agus a chur isteach chun a mbarúlacha a fháil.

AIRTEAGAL 29.13

An dlí is infheidhme agus rialacha maidir le léirmhíniú

1. I gcás díospóid dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 29.4, réiteoidh an painéal eadrána an díospóid i gcomhréir leis na forálacha faoi chumhdach.

2. I ngach díospóid dá dtagraítear in Airteagal 29.4, déanfaidh an painéal eadrána léirmhíniú ar na forálacha faoi chumhdach i gcomhréir leis na rialacha gnácha maidir leis an dlí idirnáisiúnta poiblí a léirmhíniú. Agus oibleagáid faoin gComhaontú seo á léirmhíniú ag an bpainéal eadrána, ar oibleagáid í atá comhionann le hoibleagáid faoi Chomhaontú EDT, cuirfidh sé san áireamh aon léirmhíniú ábhartha a bhunaítear i rialuithe Chomhlacht um Réiteach Díospóidí EDT.

AIRTEAGAL 29.14

Dámhachtain eadrána

1. Déanfaidh an painéal eadrána tuarascáil eatramhach eadrána a sheachadadh chuig na páirtithe tráth nach déanaí ná 90 (nócha) lá ón dáta a bhunófar an painéal eadrána. Leagfar amach sa tuarascáil eatramhach eadrána na cinntí fíorais, infheidhmeacht na bhforálacha faoi chumhdach i gcás inarb ábhartha, agus an bhunréasúnaíocht atá le haon chinneadh agus moladh a dhéanfaidh an painéal eadrána.

2. I gcás ina measfaidh an painéal eadrána nach féidir an sprioc-am dá dtagraítear i mír 1 a chomhlíonadh, tabharfaidh cathaoirleach an phainéil eadrána fógra i scríbhinn do na páirtithe agus don Chomhchoiste i gcumraíocht trádála, ina luafaidh sé na cúiseanna leis an moill agus an dáta a bhfuil sé beartaithe ag an bpainéal eadrána a thuarascáil eatramhach eadrána a sheachadadh. Ní dhéanfar, i gcás ar bith, an tuarascáil eatramhach eadrána a sheachadadh tráth is déanaí ná 120 lá (céad lá is fiche) ón dáta a bhunófar an painéal eadrána.

3. I gcásanna práinne, lena n-áirítear cásanna a bhaineann le hearraí meatacha nó le hearraí nó seirbhísí eile a dtéann a gcáilíocht, an riocht ina bhfuil siad faoi láthair nó a luach tráchtála in olcas i dtréimhse ghearr ama, déanfaidh an painéal eadrána gach iarracht a thuarascáil eatramhach eadrána a sheachadadh laistigh de 45 lá (cúig lá is daichead) agus, in aon chás, tráth nach déanaí ná 60 (seasca) lá ón dáta a bhunófar an painéal eadrána.

4. Féadfaidh páirtí iarraidh i scríbhinn a sheachadadh chuig an bpainéal eadrána chun athbhreithniú a dhéanamh ar ghnéithe beachta den tuarascáil eatramhach eadrána tráth nach déanaí ná 14 lá (ceithre lá dhéag) ón uair a gheofar í nó, i gcásanna práinne, lena n-áirítear cásanna a bhaineann le hearraí meatacha nó le hearraí nó seirbhísí séasúracha, tráth nach déanaí ná 7 (seacht) lá ón uair a gheofar í. Tar éis dó aon iarraidh agus aon bharúil i scríbhinn ó na páirtithe maidir leis an tuarascáil eadrána eatramhach a bhreithniú, féadfaidh an painéal í a mhodhnú agus aon scrúdú eile a mheasann sé a bheith iomchuí a dhéanamh.

5. Mura ndéanfar aon iarraidh i scríbhinn chun athbhreithniú a dhéanamh ar ghnéithe beachta den tuarascáil eatramhach eadrána a sheachadadh laistigh den tréimhse ama dá dtagraítear i mír 4, déanfar dámhachtain eadrána den tuarascáil eatramhach eadrána.

6. Déanfaidh an painéal eadrána a dhámhachtain eadrána a sheachadadh chuig na páirtithe agus chuig an gComhchoiste i gcumraíocht trádála tráth nach déanaí ná 120 lá (céad lá is fiche) ón dáta a bhunófar an painéal eadrána. Má mheasann an painéal eadrána nach féidir an sprioc-am sin a chomhlíonadh, tabharfaidh cathaoirleach an phainéil eadrána fógra i scríbhinn do na páirtithe agus don Chomhchoiste i gcumraíocht trádála ina luafaidh sé na cúiseanna leis an moill. Ní dhéanfar, i gcás ar bith, an dámhachtain eadrána a sheachadadh tráth is déanaí ná 150 lá (céad lá is caoga) ón dáta a bhunófar an painéal eadrána.

7. I gcásanna práinne, lena n-áirítear cásanna maidir le hearraí meatacha nó le hearraí nó seirbhísí eile a dtéann a gcáilíocht, an riocht ina bhfuil siad faoi láthair nó a luach tráchtála in olcas i dtréimhse ghearr ama, déanfaidh an painéal eadrána gach iarracht a dhámhachtain eadrána a sheachadadh tráth nach déanaí ná 60 (seasca) lá ó dháta a bhunaithe. Ní dhéanfar, i gcás ar bith, an dámhachtain eadrána a sheachadadh tráth is déanaí ná 75 lá (cúig lá is seachtó) ón dáta sin.

8. Leagfar amach sa dámhachtain eadrána na cinntí fíorais, infheidhmeacht na bhforálacha faoi chumhdach i gcás inarb iomchuí, agus an bhunréasúnaíocht atá leis na cinntí agus na moltaí. Áireofar sa dámhachtain eadrána anailís leormhaith ar na hargóintí a rinne na páirtithe, agus tabharfar freagra soiléir inti ar cheisteanna agus barúlacha an dá pháirtí, lena n-áirítear na ceisteanna agus barúlacha i ndáil leis an tuarascáil eatramhach eadrána.

9. Déanfaidh an painéal eadrána measúnú oibiachtúil ar an ábhar os a chomhair, lena n-áirítear measúnú oibiachtúil ar fhíorais an cháis agus ar na hargóintí agus ar an bhfianaise a chuir an dá pháirtí ina láthair agus ar na nithe seo a leanas:

(a) i gcás díospóid dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 29.4, infheidhmeacht na bhforálacha faoi chumhdach agus comhréireacht leo; nó

(b) i gcás díospóid dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 29.4, neamhniú nó lagú substaintiúil a bheith á dhéanamh ar aon sochar a fhabhraíonn don pháirtí is déantóir gearáin faoi na forálacha faoi chumhdach ar bhealach a dhéanann dochar do thrádáil idir na páirtithe.

10. I gcás díospóid dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 29.4, ach amháin má chomhaontaíonn na páirtithe a mhalairt, déanfaidh an painéal eadrána an méid seo a leanas:

(a) a chinneadh cé acu a dhéanann nó nach ndéanann an beart atá i gceist aon sochar a fhabhraíonn don pháirtí is déantóir gearáin faoi na forálacha faoi chumhdach a neamhniú nó a lagú go substaintiúil, ar bhealach a dhéanann dochar do thrádáil idir na páirtithe;

(b) más infheidhme, an leibhéal sochar a fhabhraíonn don pháirtí is déantóir gearáin faoi na forálacha faoi chumhdach a chinneadh, ar sochair iad atá neamhnithe nó lagaithe go substaintiúil ar bhealach a dhéanann dochar do thrádáil idir na páirtithe;

(c) má chinneann sé go ndéanann an beart atá i gceist aon sochar a fhabhraíonn don pháirtí is déantóir gearáin faoi na forálacha faoi chumhdach a neamhniú nó a lagú go substaintiúil, ar bhealach a dhéanann dochar do thrádáil idir na páirtithe, a mholadh don chosantóir coigeartú a dhéanamh atá sásúil don dá thaobh; níl sé d'oibleagáid ar an gcosantóir an beart atá i gceist a tharraingt siar; agus

(d) más infheidhme, agus arna iarraidh sin don dá pháirtí, bealaí agus modhanna a mholadh chun teacht ar choigeartú atá sásúil don dá thaobh, lena n-áirítear trí bhíthin cúitimh; ní bheidh na moltaí sin ina gceangal ar na páirtithe.

11. Déanfaidh an painéal eadrána gach iarracht aon chinneadh a dhéanamh de chomhthoil. Mura féidir teacht ar chinneadh de chomhthoil, áfach, déanfar an t-ábhar atá i gceist a chinneadh trí vóta tromlaigh. Ní eiseoidh na headránaithe tuairimí easaontacha ná tuairimí ar leithligh agus coimeádfaidh siad rúndacht a mhéid a bhaineann leis an vótáil.

12. Cuirfidh an Comhchoiste i gcumraíocht trádála dámhachtain eadrána an phainéil eadrána ar fáil go poiblí ina hiomláine, ach amháin má chinneann na páirtithe, trí chomhaontú frithpháirteach, gan codanna di ina bhfuil faisnéis rúnda a phoibliú.

13. Beidh an dámhachtain eadrána ina ceangal ar na páirtithe ón dáta a sheachadfar í agus ní bheidh sí faoi réir achomhairc.

14. Ní féidir leis an dámhachtain eadrána cur leis na cearta agus na hoibleagáidí dá bhforáiltear sna forálacha faoi chumhdach ná baint díobh. Ní fhorléireofar an dámhachtain eadrána mar ní a thugann cearta do dhaoine ná mar ní a fhorchuireann oibleagáidí ar dhaoine.

15. Beidh míreanna 2, 4, 6, 8 agus 11 infheidhme maidir le rialuithe an phainéil eadrána dá dtagraítear in Airteagail 29.18, 29.19, 29.20 agus 29.21.

AIRTEAGAL 29.15

Tarraingt siar, réiteach arna chomhaontú go frithpháirteach nó cur ar fionraí díospóide

1. Féadfaidh an páirtí is déantóir gearáin, faoi réir thoiliú an chosantóra, a ghearán a tharraingt siar sula n-eiseofar an dámhachtain eadrána.

2. Má thagann na páirtithe ar réiteach arna chomhaontú go frithpháirteach tráth ar bith roimh eisiúint na dámhachtana eadrána nó ina dhiaidh, tabharfaidh an dá pháirtí fógra i scríbhinn don Chomhchoiste i gcumraíocht trádála.

3. Déanfaidh an painéal eadrána, arna iarraidh sin don dá pháirtí, a chuid oibre a chur ar fionraí tráth ar bith, sula n-eiseofar an dámhachtain eadrána, ar feadh tréimhse arna comhaontú ag na páirtithe nach faide ná 12 mhí (dhá mhí dhéag) as a chéile. Laistigh den tréimhse sin, ní chuirfidh an painéal eadrána tús lena chuid oibre arís ach amháin ar iarraidh i scríbhinn a fháil ón dá pháirtí. Tabharfar fógra faoin iarraidh don Chomhchoiste i gcumraíocht trádála. Atosófar na himeachtaí, 20 (fiche) lá ón dáta a gheofar an iarraidh, ón gcéim ar cuireadh ar fionraí iad. Má cuireadh obair an phainéil eadrána ar fionraí ar feadh tréimhse is faide ná 12 mhí (dhá mhí dhéag), rachaidh údarás an phainéil eadrána i léig, gan dochar do cheart an pháirtí is déantóir gearáin a iarraidh níos déanaí go mbunófaí painéal eadrána maidir leis an ábhar céanna.

## AIRTEAGAL 29.16

### Iarraidh ar shoiléiriú

Tráth nach déanaí ná 10 (deich) lá ón dámhachtain eadrána a fháil, féadfaidh páirtí iarraidh i scríbhinn ar shoiléiriú a chur faoi bhráid an phainéil eadrána, agus cóip di a sheoladh chuig an bpáirtí eile agus chuig an gComhchoiste i gcumraíocht trádála, maidir le gnéithe sonracha d'aon chinneadh nó d'aon mholadh sa dámhachtain eadrána a mheasann an páirtí is iarrthóir a bheith débhríoch. Féadfaidh an páirtí eile sa díospóid barúlacha maidir leis an iarraidh sin a chur faoi bhráid an phainéil eadrána tráth nach déanaí ná 5 (cúig) lá ón uair a gheofar í. Tabharfaidh an painéal eadrána freagra ar an iarraidh ar shoiléiriú maidir leis an dámhachtain eadrána tráth nach déanaí ná 15 lá (cúig lá dhéag) ón uair a gheofar í. Ní úsáidfear iarrataí ar shoiléiriú mar mhodh chun athbhreithniú a dhéanamh ar an dámhachtain eadrána.

## AIRTEAGAL 29.17

### Comhlíonadh na dámhachtana eadrána

1. Déanfaidh an cosantóir aon bheart is gá chun an dámhachtain eadrána a chomhlíonadh go pras agus de mheon macánta.

2. I gcás ina gcinnfidh an painéal eadrána go ndéanann an beart atá i gceist aon sochar a fhabhraíonn don pháirtí is déantóir gearáin faoi na forálacha faoi chumhdach a neamhniú nó a lagú go substaintiúil, ar bhealach a dhéanann dochar do thrádáil idir na páirtithe, rachaidh na páirtithe i mbun comhairliúchán chun teacht ar réiteach a chomhaontófar go frithpháirteach. Féachfaidh na páirtithe le tosaíocht a thabhairt do réiteach a leathnaíonn rochtain ar an margadh go héifeachtach trí bhíthin beart lena n-áirítear laghdú taraifí nó díothú bacainní neamhtharaife.

AIRTEAGAL 29.18

Tréimhse réasúnta ama i leith comhlíontachta

1. Más dodhéanta an dámhachtain eadrána a chomhlíonadh láithreach, beidh tréimhse réasúnta ama ag an gcosantóir chun déanamh amhlaidh. Sa chás sin, tabharfaidh an cosantóir, tráth nach déanaí ná 30 (tríocha) lá ón dáta a gheofar an dámhachtain eadrána, fógra don pháirtí is déantóir gearáin agus don Chomhchoiste i gcumraíocht trádála faoi fhad na tréimhse réasúnta ama a bheidh ag teastáil uaidh chun comhlíontacht a bhaint amach.

2. Mura mbeidh sé comhaontaithe ag na páirtithe cá fhad a bheidh an tréimhse réasúnta ama chun an dámhachtain eadrána a chomhlíonadh, iarrfaidh an páirtí is déantóir gearáin i scríbhinn ar an bpainéal eadrána bunaidh, tráth nach déanaí ná 20 (fiche) lá ón dáta a gheobhaidh an cosantóir an fógra arna thabhairt faoi mhír 1, fad na tréimhse réasúnta ama a chinneadh. Tabharfar fógra faoin iarraidh sin don pháirtí eile agus don Chomhchoiste i gcumraíocht trádála. Tabharfaidh an painéal eadrána a rialú do na páirtithe agus don Chomhchoiste i gcumraíocht trádála tráth nach déanaí ná 20 (fiche) lá ón dáta a chuirfear an iarraidh isteach.

3. Cuirfidh an cosantóir an páirtí is déantóir gearáin ar an eolas i scríbhinn faoin dul chun cinn atá déanta aige maidir leis an dámhachtain eadrána a chomhlíonadh 1 (aon) mhí amháin ar a laghad sula rachaidh an tréimhse réasúnta ama in éag.

4. Féadfar síneadh a chur leis an tréimhse réasúnta ama trí chomhaontú frithpháirteach idir na páirtithe.

AIRTEAGAL 29.19

Athbhreithniú ar aon bheart a dhéantar chun an dámhachtain eadrána a chomhlíonadh

1. Sula rachaidh an tréimhse réasúnta ama dá dtagraítear in Airteagal 29.18 in éag, tabharfaidh an cosantóir fógra don pháirtí eile agus don Chomhchoiste i gcumraíocht trádála faoi aon bheart a rinne sé chun an dámhachtain eadrána a chomhlíonadh.

2. Mura bhfuil na páirtithe ar aon fhocal faoin mbeart ar thug an cosantóir fógra faoi de bhun mhír 1 a bheith ann nó faoi chomhréireacht an bhirt sin leis an dámhachtain eadrána nó leis na forálacha faoi chumhdach, féadfaidh an páirtí is déantóir gearáin iarraidh a sheachadadh chuig an bpainéal eadrána bunaidh chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an ábhar. Leis an iarraidh sin, sainaithneofar an beart sonrach atá i gceist agus tabharfar míniú, ar bhealach lena gcuirtear i láthair go soiléir bunús dlí an ghearáin, ar an gcaoi nach gcomhlíonann an beart sin an dámhachtain eadrána nó ar an gcaoi a bhfuil sé ar neamhréir leis na forálacha faoi chumhdach. Tabharfaidh an painéal eadrána a rialú do na páirtithe tráth nach déanaí ná 45 (cúig lá is daichead) lá ón dáta a sheachadfar an iarraidh.

AIRTEAGAL 29.20

Leigheasanna sealadacha i gcás neamhchomhlíonta

1. Mura mbeidh fógra tugtha ag an gcosantóir faoin mbeart a rinne sé chun an dámhachtain eadrána nó na forálacha faoi chumhdach a chomhlíonadh laistigh den tréimhse réasúnta ama a chinnfear de réir Airteagal 29.18, nó má thugann an painéal eadrána rialú de bhun Airteagal 29.19(2) lena gcinntear nach ndearnadh aon bheart maidir le comhlíonadh nó go bhfuil an beart ar tugadh fógra faoi de bhun Airteagal 29.19(1) ar neamhréir leis an dámhachtain eadrána nó le hoibleagáidí an chosantóra faoi na forálacha faoi chumhdach, déanfaidh an cosantóir tairiscint ar chúiteamh sealadach, má iarrann an páirtí is déantóir gearáin amhlaidh.

2. Féadfaidh an páirtí is déantóir gearáin, ar fhógra a thabhairt don chosantóir agus don Chomhchoiste i gcumraíocht trádála, lamháltais nó oibleagáidí eile faoi na forálacha faoi chumhdach a chur ar fionraí más rud é:

(a) go gcinneann an páirtí is déantóir gearáin gan tairiscint ar chúiteamh sealadach a iarraidh faoi mhír 1; nó

(b) go ndéantar an iarraidh sin agus nach dtagtar ar chomhaontú maidir le cúiteamh laistigh de 30 (tríocha) lá:

(i) ó dheireadh na tréimhse réasúnta ama arna cinneadh de bhun Airteagal 29.18; nó

(ii) ón uair a seachadtar dámhachtain eadrána de bhun Airteagal 29.19(2) lena gcinntear nach ndearnadh aon bheart chun comhlíonadh a bhaint amach nó go bhfuil an beart ar tugadh fógra faoi de bhun Airteagal 29.19(1) ar neamhréir leis an dámhachtain eadrána nó leis na forálacha faoi chumhdach.

3. Ní rachaidh fionraíocht lamháltas nó oibleagáidí eile thar an leibhéal a bheidh coibhéiseach leis an neamhniú nó leis an lagú a rabhthas thíos leis toisc nár chomhlíon an cosantóir an dámhachtain eadrána. Tabharfaidh an páirtí is déantóir gearáin fógra don pháirtí eile faoi na lamháltais nó na hoibleagáidí eile a bhfuil sé beartaithe aige a chur ar fionraí 30 (tríocha) lá roimh an dáta a bheidh an fhionraí le teacht i bhfeidhm.

4. Agus breithniú á dhéanamh ag páirtí is déantóir gearáin cé na lamháltais nó oibleagáidí eile a chuirfidh sé ar fionraí, ba cheart dó féachaint lena chur ar fionraí ar dtús lamháltais nó oibleagáidí eile laistigh den earnáil chéanna nó laistigh de na hearnálacha céanna leis an earnáil nó na hearnálacha dá ndéanann an beart difear, is é sin, an beart a bhfuarthas nach raibh sé i gcomhréir leis na forálacha faoi chumhdach nó go ndearna sé sochair a fhabhraíonn don pháirtí is déantóir gearáin a neamhniú nó a lagú go substaintiúil faoi Chuid III den Chomhaontú seo ar bhealach a dhéanann dochar do thrádáil idir na páirtithe.

5. I gcás díospóid dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 29.4, féadfar fionraíocht lamháltas a chur i bhfeidhm maidir le hearnálacha seachas an earnáil nó na hearnálacha ar chinn an painéal eadrána neamhniú nó lagú ina leith, go háirithe más é tuairim an pháirtí is déantóir gearáin go mbeidh an fhionraíocht sin éifeachtach chun comhlíonadh a spreagadh.

6. I gcás díospóid dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 29.4, maidir le fionraíocht lamháltas laistigh den earnáil chéanna nó de na hearnálacha céanna leis an earnáil nó na hearnálacha dá ndéanann an beart atá i gceist dochar, má mheasann an páirtí is déantóir gearáin nach bhfuil an fhionraíocht lamháltas sin indéanta nó éifeachtach, féadfaidh sé féachaint lena cur i bhfeidhm maidir le hearnálacha eile. Sa chás sin, cuirfidh an páirtí is déantóir gearáin na nithe seo a leanas san áireamh:

(a) an trádáil san earnáil a ndearna an beart atá i gceist dochar di agus tábhacht na trádála sin don pháirtí sin;

(b) na heilimintí eacnamaíocha ar bhonn níos leithne a bhaineann leis an neamhniú nó leis an lagú substaintiúil; agus

(c) na hiarmhairtí eacnamaíocha ar bhonn níos leithne a bhaineann le fionraíocht lamháltas a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear glacadh leigheasanna sealadacha a scaipeadh ar fud earnálacha iomadúla chun méid eacnamaíoch éagsúil na n-earnálacha lena mbaineann a chur san áireamh.

7. I gcás díospóid dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 29.4, leanfaidh an páirtí is déantóir gearáin de chóir a thabhairt don chosantóir, san earnáil atá faoi réir na leigheasanna atá i gceist, ar cóir í atá níos fabhraí go fóinteach ná an chóir a thug sé don pháirtí sin roimh theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

Go sonrach, i gcás ina nglacfar leigheas sealadach trí lamháltais taraife a chur ar fionraí, tabharfaidh an páirtí is déantóir gearáin tosaíocht d'earraí atá faoi réir léirscaoileadh iomlán taraife.

I gcás earraí atá faoi réir taraif-chuótaí, cuirfear aon leigheas sealadach i bhfeidhm ar bhealach nach ndéanfar difear leis do 50 (caoga) faoin gcéad ar a laghad de mhéid an chuóta a shonraítear in Iarscríbhinn 10-A, a bhaineann leis an gcosantóir, agus go leanfaidh sé de bheith inrochtana go hiomlán faoi théarmaí Chuid III den Chomhaontú seo.

I gcás earraí atá faoi réir léirscaoileadh céimnithe agus a bhfuil a dtréimhse chéimnithe roimh léirscaoileadh iomlán níos faide ná 11 bhliain (aon bhliain déag), ní bheidh aon leigheas sealadach i bhfoirm lamháltais taraife a chur ar fionraí níos mó ná 50 (caoga) faoin gcéad den difríocht idir an ráta a leagtar amach in Iarscríbhinn 10-A is infheidhme ag an am ábhartha, ar thaobh amháin, agus an taraif-chuóta neamhfhabhrach a chuireann an páirtí fionraíochta i bhfeidhm, ar an taobh eile, go dtí go ndéanfar an trádáil sna hearraí lena mbaineann a léirscaoileadh go hiomlán.

8. I gcás díospóid dá dtagraítear i bpointe (b) d’Airteagal 29.4 a bhaineann le tír thalamhiata atá i mbéal forbartha, breithneoidh an páirtí is déantóir gearáin cén ghníomhaíocht bhreise a d’fhéadfadh sé a dhéanamh a bheadh iomchuí d’imthosca na tíre talamhiata sin atá i mbéal forbartha, agus cumhdach trádála na mbeart a ndéantar gearán fúthu á chur san áireamh, ach ina theannta sin, tionchar aon leighis shealadaigh ar dhúshláin shonracha eacnamaíocha na tíre talamhiata sin atá i mbéal forbartha.

9. Má mheasann an cosantóir go bhfuil an leibhéal fionraíochta lamháltas nó oibleagáidí eile ar tugadh fógra faoi níos mó ná an leibhéal atá coibhéiseach leis an neamhniú nó leis an lagú a rinneadh toisc gur theip ar an gcosantóir an dámhachtain eadrána a chomhlíonadh, féadfaidh sé iarraidh i scríbhinn a sheachadadh chuig an bpainéal eadrána bunaidh chun rialú a fháil ar an ábhar. Tabharfar fógra faoin iarraidh sin don pháirtí is déantóir gearáin agus don Chomhchoiste i gcumraíocht trádála tráth nach déanaí ná 30 (tríocha) lá ón dáta a gheofar an fógra dá dtagraítear i mír 2. Laistigh de 10 (deich) lá ón dáta a gheofar an iarraidh ar phainéal eadrána a bhunú, cuirfidh an páirtí is déantóir gearáin doiciméad i láthair ina léireofar an mhodheolaíocht a úsáideadh chun an leibhéal fionraíochta lamháltas nó oibleagáidí eile a ríomh. Tabharfaidh an painéal eadrána a rialú tráth nach déanaí ná 30 (tríocha) lá ón dáta a gheofar an iarraidh. Le linn na tréimhse sin, ní chuirfidh an páirtí is déantóir gearáin aon lamháltas ná oibleagáid eile ar fionraí.

10. Is ar bhonn sealadach a chuirfear lamháltais nó oibleagáidí eile ar fionraí, agus ní ghabhfaidh an fhionraí sin in ionad an chuspóra go gcomhlíonfar an dámhachtain eadrána agus na forálacha faoi chumhdach go hiomlán. Ní chuirfear lamháltais nó oibleagáidí eile ar fionraí ach go dtí go dtarlóidh na nithe seo a leanas:

(a) i gcás díospóid dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 29.4, go dtí go ndéanfar aon bheart a gcinneann an painéal eadrána go bhfuil sé ar neamhréir leis na forálacha faoi chumhdach a tharraingt siar nó a leasú chun an cosantóir a thabhairt i gcomhréir leis na forálacha sin;

(b) i gcás díospóid dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 29.4, maidir le haon bheart a gcinneann an painéal eadrána go ndéanann sé sochar a fhabhraíonn don pháirtí is déantóir gearáin faoi na forálacha faoi chumhdach a neamhniú nó a lagú go substaintiúil, ar bhealach a dhéanann dochar do thrádáil idir na Páirtithe, go dtí go ndéanfar an beart sin a tharraingt siar nó a leasú chun deireadh a chur leis an neamhniú nó an lagú substaintiúil sin;

(c) go dtí go gcomhaontóidh na páirtithe go dtugann an beart ar tugadh fógra faoi de bhun Airteagal 29.19(1) an cosantóir i gcomhréir leis an dámhachtain eadrána nó leis na forálacha faoi chumhdach; nó

(d) go dtí go dtiocfaidh na Páirtithe ar réiteach a chomhaontófar go frithpháirteach de bhun Airteagal 29.24.

11. D'ainneoin mhír 1, i gcás díospóid dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 29.4, féadfaidh cúiteamh a bheith ina chuid de choigeartú a bheidh sásúil don dá thaobh mar réiteach deiridh ar an díospóid.

## AIRTEAGAL 29.21

### Athbhreithniú ar aon bheart a dhéanfar chun comhlíonadh a bhaint amach tar éis leigheasanna sealadacha maidir le neamh-chomhlíonadh a ghlacadh

1. Tabharfaidh an cosantóir fógra don pháirtí is déantóir gearáin agus don Chomhchoiste i gcumraíocht trádála faoi aon bheart a rinne sé chun an dámhachtain eadrána a chomhlíonadh tar éis lamháltais nó oibleagáidí eile a bheith curtha ar fionraí nó tar éis cúiteamh sealadach a bheith curtha i bhfeidhm, de réir mar a bheidh. Cé is moite de chásanna faoi mhír 2, déanfaidh an páirtí is déantóir gearáin an fhionraíocht lamháltas nó oibleagáidí eile a fhoirceannadh tráth nach déanaí ná 30 (tríocha) lá ón dáta a sheachadfar an fógra. Má cuireadh cúiteamh i bhfeidhm, agus cé is moite de chásanna faoi mhír 2, féadfaidh an cosantóir cur i bhfeidhm an chúitimh sin a fhoirceannadh tráth nach déanaí ná 30 (tríocha) lá ón uair a thugann sé fógra go bhfuil an dámhachtain eadrána comhlíonta aige.

2. Mura bhfuil na páirtithe ar aon fhocal faoi cé acu atá nó nach bhfuil an dámhachtain eadrána nó na forálacha faoi chumhdach á gcomhlíonadh ag an gcosantóir mar thoradh ar an mbeart ar tugadh fógra faoi, féadfaidh aon cheann de na páirtithe, tráth nach déanaí ná 30 (tríocha) lá tar éis sheachadadh an fhógra faoin mbeart, a iarraidh ar an bpainéal eadrána i scríbhinn rialú a thabhairt maidir leis an ábhar. Tabharfar fógra faoin iarraidh sin don pháirtí eile agus don Chomhchoiste i gcumraíocht trádála. Tabharfaidh an painéal eadrána fógra faoina rialú do na páirtithe agus don Chomhchoiste i gcumraíocht trádála tráth nach déanaí ná 45 lá (cúig lá is daichead) ón dáta a gheofar an iarraidh. Má rialaíonn an painéal eadrána go bhfuil an beart chun comhlíonadh a bhaint amach i gcomhréir leis an dámhachtain eadrána agus leis na forálacha faoi chumhdach, déanfar an fhionraíocht lamháltas nó oibleagáidí eile nó an cúiteamh a fhoirceannadh, de réir mar a bheidh. Más ábhartha, déanfaidh an páirtí is déantóir gearáin an leibhéal fionraíochta lamháltas nó oibleagáidí eile a choigeartú go dtí an leibhéal arna chinneadh ag an bpainéal eadrána.

3. Déanfar an fhionraíocht lamháltas nó oibleagáidí eile nó an cúiteamh, de réir mar a bheidh, a fhoirceannadh freisin mura ndéantar aon iarraidh ar an bpainéal eadrána i gcomhréir le mír 2.

## AIRTEAGAL 29.22

### Iarscríbhinní

1. Beidh Iarscríbhinní 29-A, 29-B agus 29-C ina gcuid dhílis den Chaibidil seo.

2. Déanfar díospóidí faoin gCaibidil seo i gcomhréir le hIarscríbhinní 29-A agus 29-B.

3. Féadfaidh an Comhchoiste i gcumraíocht trádála Iarscríbhinní 29-A agus 29-B a leasú.

ROINN D

FORÁLACHA GINEARÁLTA

AIRTEAGAL 29.23

Rogha fóraim

1. Díospóidí a bhaineann leis an ábhar céanna a thagann chun cinn faoi na forálacha faoi chumhdach agus faoi Chomhaontú EDT nó faoi aon chomhaontú eile a bhfuil na páirtithe ábhartha ina bpáirtithe ann, féadfar iad a réiteach faoin gCaibidil seo, faoin gComhaontú um Réiteach Díospóidí nó faoi nósanna imeachta an chomhaontaithe eile sin um réiteach díospóidí, faoi rogha an pháirtí is déantóir gearáin.

2. Chun críocha an Airteagail seo:

(a) meastar go ndéanfar nósanna imeachta um réiteach díospóidí faoi Chomhaontú EDT a thionscnamh le hiarraidh ó pháirtí ar phainéal eadrána a bhunú faoi Airteagal 6 den Chomhaontú um Réiteach Díospóidí;

(b) i gcás nósanna imeachta um réiteach díospóidí faoi aon chomhaontú eile, meastar go ndéanfar iad a thionscnamh le hiarraidh ó pháirtí ar phainéal nó binse um réiteach díospóidí a bhunú i gcomhréir le forálacha an chomhaontaithe sin; agus

(c) i gcás imeachtaí um réiteach díospóidí faoin gCaibidil seo, meastar go ndéanfar iad a thionscnamh le hiarraidh ó pháirtí ar phainéal eadrána a bhunú faoi Airteagal 29.7.

3. D’ainneoin mhír 1 agus faoi réir mhír 4, i gcás ina n-iarrann an tAontas Eorpach nó MERCOSUR nó ceann amháin nó níos mó de Stáit Sínithe MERCOSUR go mbunófaí painéal faoi Airteagal 6 den Chomhaontú um Réiteach Díospóidí nó faoi fhorálacha ábhartha de chomhaontú eile a bhfuil na páirtithe ábhartha ina bpáirtithe ann, nó go mbunófaí painéal eadrána de bhun Airteagal 29.7, ní fhéadfaidh an páirtí sin sraith eile imeachtaí a thionscnamh maidir leis an ábhar céanna in aon cheann de na fóraim eile, ach amháin i gcásanna nach bhfuil cinneadh maidir le substaint an ábhair déanta ag an gcomhlacht inniúil san fhóram roghnaithe i ngeall ar chúiseanna dlínse nó nós imeachta, seachas foirceannadh na n-imeachtaí tar éis iarraidh ar tharraingt siar nó ar na himeachtaí a chur ar fionraí.

4. A luaithe a iarrfaidh MERCOSUR go mbunófar painéal eadrána faoi Airteagal 29.7, ní thionscnóidh Stát Sínithe MERCOSUR imeacht eile maidir leis an ábhar céanna in aon fhóram eile. A luaithe a iarrfaidh an tAontas Eorpach go mbunófar painéal eadrána faoi Airteagal 29.7 in aghaidh MERCOSUR, ní thionscnóidh an tAontas Eorpach imeacht eile in aghaidh ceann amháin nó níos mó de Stáit Sínithe MERCOSUR in aon fhóram eile, más amhlaidh, maidir leis an mbeart sin de chuid an Stáit Sínithe MERCOSUR sin nó na Stát Sínithe MERCOSUR sin atá á chonspóid, atá sé ina bheart lena gcuirtear chun feidhme an beart sin de chuid MERCOSUR atá á chonspóid, agus más amhlaidh a líomhnaíonn an tAontas Eorpach go ndearnadh sárú ar oibleagáid atá coibhéiseach go substaintiúil.

5. Baineann dhá dhíospóid nó níos mó leis an ábhar céanna i gcás ina mbaineann siad leis na páirtithe céanna sa díospóid, i gcás ina dtagraíonn siad don bheart céanna agus i gcás ina ndéileálann siad le sárú líomhainte ar oibleagáid atá coibhéiseach go substaintiúil[1].

[1] Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, maidir le dhá dhíospóid nó níos mó a bhaineann leis na páirtithe céanna sa díospóid agus a thagraíonn don bheart céanna, ach nach mbaineann le sárú líomhainte ar na forálacha faoi chumhdach nó ar Chomhaontú EDT nó ar aon chomhaontú eile a bhfuil na páirtithe ábhartha ina bpáirtithe ann, ní mheasfar go mbaineann siad leis an ábhar céanna chun críoch an Airteagail seo.

6.	Gan dochar do mhír 3, ní chuirfidh aon ní sa Chomhaontú seo bac ar Pháirtí oibleagáidí a chur ar fionraí, ar oibleagáidí iad atá údaraithe ag Comhlacht um Réiteach Díospóidí EDT nó atá údaraithe faoi na nósanna imeachta um réiteach díospóidí a bhaineann le comhaontú idirnáisiúnta eile a bhfuil na páirtithe díospóideacha ina bpáirtithe ann. Ní dhéanfar Comhaontú EDT ná an comhaontú idirnáisiúnta eile idir na páirtithe a agairt chun bac a chur ar Pháirtí oibleagáidí faoin gCaibidil seo a chur ar fionraí.

AIRTEAGAL 29.24

Réiteach a chomhaontófar go frithpháirteach

1.	Féadfaidh na páirtithe teacht ar réiteach a chomhaontófar go frithpháirteach, tráth ar bith, i ndáil le haon díospóid dá dtagraítear in Airteagal 29.4. Tiocfaidh na páirtithe ar chomhaontú maidir le tréimhse ama chun an réiteach sin a chur chun feidhme.

2.	Má thagtar ar réiteach arna chomhaontú go frithpháirteach le linn imeachtaí an phainéil eadrána, tabharfaidh na páirtithe fógra comhpháirteach faoin réiteach sin do chathaoirleach an phainéil eadrána. Ar fhógra den sórt sin a fháil, déanfar imeachtaí an phainéil eadrána a fhoirceannadh.

3.	Glacfaidh gach páirtí na bearta is gá chun an réiteach arna chomhaontú go frithpháirteach a chur chun feidhme laistigh den tréimhse ama a comhaontaíodh.

4.	Féadfar an réiteach a ghlacadh trí bhíthin cinneadh ón gComhairle Chomhpháirteach i gcumraíocht trádála. D’fhéadfadh tabhairt i gcrích an réitigh arna chomhaontú go frithpháirteach idir na páirtithe a bheith faoi réir aon nós imeachta inmheánach is gá a chur i gcrích. Réitigh arna gcomhaontú go frithpháirteach, cuirfear ar fáil go poiblí iad gan aon fhaisnéis a bheith iontu ar faisnéis í a d’ainmnigh páirtí mar fhaisnéis rúnda.

5. Cuirfidh an páirtí cur chun feidhme, laistigh den tréimhse ama chomhaontaithe, an páirtí eile ar an eolas, i scríbhinn, faoi aon bheart atá déanta aige chun an réiteach arna chomhaontú go frithpháirteach a chur chun feidhme.

## AIRTEAGAL 29.25

### Tréimhsí ama

1. Féadfaidh an painéal eadrána nó an t-idirghabhálaí, tráth ar bith, a mholadh do na páirtithe aon tréimhse ama dá dtagraítear sa Chaibidil seo a mhodhnú, agus na cúiseanna leis an moladh á lua.

2. Aon tréimhse ama a luaitear sa Chaibidil seo, féadfar síneadh a chur léi le comhaontú frithpháirteach na bpáirtithe.

## AIRTEAGAL 29.26

### Rúndacht

Beidh pléití an phainéil eadrána faoi rún. Aon fhaisnéis a chuirfidh páirtí faoi bhráid an phainéil eadrána, a d'ainmnigh an páirtí sin mar fhaisnéis rúnda, is mar fhaisnéis rúnda a dhéileálfaidh an painéal eadrána agus na páirtithe léi. I gcás ina gcuirfidh an páirtí sin leagan rúnda dá aighneachtaí i scríbhinn faoi bhráid an phainéil eadrána, soláthróidh sé freisin, arna iarraidh sin don pháirtí eile, achoimre neamhrúnda ar an bhfaisnéis atá ina aighneachtaí a fhéadfar í a nochtadh don phobal.

## AIRTEAGAL 29.27

### Costais

1. Íocfaidh gach páirtí a chostais féin i ndáil leis an rannpháirtíocht i bpainéal eadrána nó in imeachtaí idirghabhála.

2. Comhroinnfidh na páirtithe[1] go comhpháirteach agus go cothrom na costais i ndáil le hábhair eagraíochtúla, lena n-áirítear luach saothair agus costais na n-eadránaithe agus an idirghabhálaí i gcomhréir le hIarscríbhinn 29-A.

[1] Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, tá na costais sin le comhroinnt go comhpháirteach agus go cothrom idir an tAontas Eorpach, ar thaobh amháin agus, ar an taobh eile, na Stáit Sínithe MERCOSUR atá ina bpáirtithe sa díospóid agus MERCOSUR, más páirtí sa díospóid é freisin.

CUID IV

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

# CAIBIDIL 30

# FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

## AIRTEAGAL 30.1

## Teacht i bhfeidhm

1. Tiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm idir an Páirtí AE agus an Páirtí MERCOSUR ar an gcéad lá den mhí tar éis an dáta a thabharfaidh siad fógra i scríbhinn dá chéile faoi chur i gcrích a nósanna imeachta inmheánacha, faoi seach, a bhfuil gá leo chun na críche sin.

2. Seolfar fógraí chuig Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus Rialtas Phoblacht Pharagua, nó chuig a chomharbaí, arb iad Taiscithe an Chomhaontaithe seo iad.

AIRTEAGAL 30.2

Cur i bhfeidhm roimh theacht i bhfeidhm

1. Féadfar an Comhaontú seo a chur i bhfeidhm go sealadach. Féadfaidh an tAontas Eorpach, de pháirt, agus MERCOSUR agus/nó ceann amháin nó níos mó de Stáit Sínithe MERCOSUR, den pháirt eile, an cur i bhfeidhm sealadach sin a dhéanamh i gcomhréir lena nósanna imeachta inmheánacha, faoi seach.

2 Tosóidh cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe seo nó codanna de an chéad lá den dara mí tar éis na ndátaí seo a leanas:

(a) an dáta ar a mbeidh fógra tugtha ag an Aontas Eorpach faoi chur i gcrích a nósanna imeachta inmheánacha, lena léirítear na codanna den Chomhaontú seo a chuirfear i bhfeidhm go sealadach; agus

(b) tar éis fógra a fháil ón Aontas Eorpach, an dáta a bheidh fógra tugtha ag MERCOSUR agus/nó ag na Stáit Sínithe MERCOSUR ábhartha nó an Stát Sínithe MERCOSUR ábhartha, de réir mar is infheidhme, faoi chur i gcrích a nósanna imeachta inmheánacha nó faoi dhaingniú an Chomhaontaithe seo agus an dáta a bheidh a gcomhaontú dearbhaithe acu maidir leis na codanna den Chomhaontú seo atá beartaithe ag an Aontas Eorpach a chur i bhfeidhm go sealadach.

3. Seolfar fógraí chuig Taiscithe an Chomhaontaithe seo.

4. Féadfaidh an Chomhairle Chomhpháirteach agus comhlachtaí eile arna mbunú faoin gComhaontú seo a bhfeidhmeanna a fheidhmiú le linn na tréimhse ina gcuirfear an Comhaontú seo nó codanna de i bhfeidhm go sealadach. Aon chinneadh a ghlacfar le linn na tréimhse sin i bhfeidhmiú a bhfeidhmeanna, beidh feidhm aige go heisiach idir na Páirtithe a bhfuil an Comhaontú seo á chur i bhfeidhm go sealadach acu agus ní bheidh éifeacht aige a thuilleadh idir an Páirtí nó na Páirtithe a scoirfidh den Chomhaontú seo a chur i bhfeidhm go sealadach agus an Páirtí nó na Páirtithe eile.

5. I gcás ina gcuirfear an Comhaontú seo nó forálacha áirithe den Chomhaontú seo i bhfeidhm go sealadach, i gcomhréir leis an Airteagal seo, tuigfear go dtagraíonn aon tagairt don dáta theacht i bhfeidhm don dáta óna ndéanfar an cur i bhfeidhm sin.

6. I gcás, i gcomhréir leis an Airteagal seo, ina gcuirfidh an tAontas Eorpach agus ceann amháin nó níos mó de Stáit Sínithe MERCOSUR an Comhaontú seo nó forálacha áirithe den Chomhaontú seo i bhfeidhm go sealadach, tuigfear go dtagraíonn aon tagairt do MERCOSUR don Stát Sínithe MERCOSUR sin nó do na Stáit Sínithe MERCOSUR sin a chomhaontaigh an Comhaontú seo a chur i bhfeidhm go sealadach.

7. Féadfaidh feidhm shealadach a bheith ag leasuithe ar an gComhaontú seo nó ar chodanna de freisin i gcomhréir leis an Airteagal seo. Má ghlactar na leasuithe sin le linn chur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe seo, beidh feidhm acu maidir le MERCOSUR agus/nó aon Stát Sínithe MERCOSUR nuair a chomhaontóidh siad an Comhaontú seo nó codanna de a chur i bhfeidhm go sealadach i gcomhréir le mír 2 agus beidh na leasuithe sin fós bailí tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

## AIRTEAGAL 30.3

### Tagairtí do dhlíthe agus do Chomhaontuithe eile

1. Mura sonraítear a mhalairt, i gcás ina ndéantar tagairt do dhlíthe agus do rialacháin Páirtí, tuigfear go mbeidh leasuithe ar na dlíthe agus na rialacháin sin san áireamh leo.

2. Mura sonraítear a mhalairt, déanfar aon tagairt, nó ionchorprú trí bhíthin tagartha, sa Chomhaontú seo do chomhaontuithe nó d’ionstraimí dlí eile go hiomlán nó go páirteach, a fhorléiriú mar thagairt a bhfuil iarscríbhinní, prótacail, fonótaí, nótaí léiritheacha agus nótaí míniúcháin gaolmhara san áireamh léi.

3. Mura sonraítear a mhalairt, i gcás ina ndéantar tagairt do chomhaontuithe idirnáisiúnta sa Chomhaontú seo, nó ina ndéantar iad a ionchorprú sa Chomhaontú seo, go hiomlán nó i bpáirt, tuigfear go mbeidh san áireamh leo leasuithe orthu nó ar a gcomhaontuithe comharba a thiocfaidh i bhfeidhm don dá Pháirtí ar dháta sínithe an Chomhaontaithe seo nó dá éis. Má thagann aon ábhar chun cinn maidir le cur chun feidhme nó cur i bhfeidhm fhorálacha an Chomhaontaithe seo mar thoradh ar na leasuithe nó na comhaontuithe comharba sin, féadfaidh na Páirtithe, arna iarraidh sin do cheachtar Páirtí, dul i gcomhairle le chéile tríd an gComhairle Chomhpháirteach d'fhonn teacht ar réiteach ar an ábhar sin a bheith sásúil don dá thaobh de réir mar is gá. Mar thoradh ar an gcomhairliúchán sin, féadfaidh na Páirtithe, trí chinneadh ón gComhairle Chomhpháirteach, an Comhaontú seo a leasú dá réir.

4. Tá feidhm *mutatis mutandis* ag mír 3 más rud é go bhfuil an leasú nó an comhaontú comharba a bhaineann le comhaontú idirnáisiúnta dá dtagraítear sa Chomhaontú seo nó a ionchorpraítear ann go hiomlán nó go páirteach, tar éis teacht i bhfeidhm le haghaidh an Aontais Eorpaigh agus ceann amháin nó níos mó de Stáit Sínithe MERCOSUR.

AIRTEAGAL 30.4

Oibleagáidí a chomhlíonadh

1. Ar bhonn phrionsabail na hurraime frithpháirtí, na comhpháirtíochta comhionainne agus na hurraime don dlí idirnáisiúnta, déanfaidh gach Páirtí aon bheart ginearálta nó sonrach is gá chun a n-oibleagáidí faoin gComhaontú seo a chomhlíonadh.

2. Má mheasann ceachtar Páirtí go bhfuil aon cheann de na hoibleagáidí faoi Chuid III den Chomhaontú seo gan comhlíonadh ag an bPáirtí eile, beidh feidhm ag na sásraí sonracha dá ndéantar foráil sa Chuid sin den Chomhaontú.

3. Má mheasann ceachtar Páirtí, bunaithe ar an staid fhíorasach, go ndearna an Páirtí eile sárú ar na hoibleagáidí a shonraítear mar eilimintí sár-riachtanacha in Airteagal 1.2(1), Airteagal 5.2(2) agus Airteagal 7.7(3), féadfaidh sé bearta iomchuí a dhéanamh.

Tabharfaidh sé fógra láithreach don Pháirtí eile faoin méid sin agus faoi na bearta a rinneadh. Féadfaidh Páirtí a iarraidh go dtionólfaí comhairliúcháin phráinneacha maidir leis an ábhar d'fhonn teacht ar réiteach a chomhaontófar go frithpháirteach. Féachfaidh na Páirtithe lena mbaineann le comhairliúcháin a reáchtáil sula ndéanfar na bearta iomchuí. An Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige agus a bhfuil na bearta á nglacadh aige, cuirfidh sé an fhaisnéis ábhartha uile is gá isteach chun gur féidir scrúdú críochnúil a dhéanamh ar an staid.

Chun críoch na míre seo, le 'bearta iomchuí' féadfar cur ar fionraí an Chomhaontaithe seo, go páirteach nó go hiomlán, a chur san áireamh. Is rogha dheireanach é an Comhaontú seo a chur ar fionraí agus ní féidir í a fhorchur ach amháin i gcás sáruithe thar a bheith tromchúiseach agus substaintiúil ar na heilimintí sár-riachtanacha a leagtar amach in Airteagal 1.2(1), Airteagal 5.2(2) agus Airteagal 7.7(3). I gcás den sórt sin, scaoilfear na Páirtithe ón oibleagáid an Comhaontú seo a chomhlíonadh, go hiomlán nó go páirteach, ina gcaidreamh frithpháirteach le linn thréimhse na fionraíochta. Beidh feidhm ag an bhfionraíocht sin ar feadh na híostréimhse is gá chun an tsaincheist a réiteach ar bhealach a bheidh inghlactha ag na Páirtithe.

4. Má mheasann ceachtar Páirtí, bunaithe ar an staid fhíorasach, go bhfuil aon cheann de na hoibleagáidí sa Chomhaontú seo gan comhlíonadh ag an bPáirtí eile, seachas iad sin a thagann faoi raon feidhme mhíreanna 2 agus 3, tabharfaidh sé fógra don Pháirtí eile faoi sin. Cuirfidh na Páirtithe dlús lena n-iarrachtaí dul i gcomhairle agus oibriú i gcomhar le chéile chun na saincheisteanna a réiteach ar bhealach tráthúil cairdiúil agus reáchtálfaidh siad comhairliúcháin faoi choimirce na Comhairle Comhpháirtí d'fhonn teacht ar réiteach a bheadh inghlactha go frithpháirteach. Féadfaidh an Chomhairle Chomhpháirteach a iarraidh ar an gComhchoiste teacht le chéile laistigh de 15 lá chun comhairliúcháin phráinneacha a reáchtáil. Soláthróidh gach Páirtí an fhaisnéis ábhartha is gá chun scrúdú críochnúil a dhéanamh. I gcás nach n-éiríonn leis an gComhairle Chomhpháirteach teacht ar réiteach atá inghlactha go frithpháirteach laistigh de 90 lá ó dháta an fhógra, féadfaidh an Páirtí a bhfuil fógra á thabhairt aige bearta iomchuí a dhéanamh. Chun críoch na míre seo, le 'bearta iomchuí' féadfar cur ar fionraí Chodanna I, II, agus IV den Chomhaontú seo a áireamh, agus na codanna sin amháin. I gcás den sórt sin, scaoilfear an Páirtí a bhfuil an fógra á thabhairt aige agus an Páirtí dá dtugtar fógra ón oibleagáid na codanna arna gcur ar fionraí den Chomhaontú seo a chomhlíonadh ina gcaidreamh frithpháirteach le linn thréimhse na fionraí.

5. Déanfar 'bearta iomchuí' dá dtagraítear i míreanna 3 agus 4 agus lánurraim á tabhairt don dlí idirnáisiúnta agus beidh siad comhréireach leis an mainneachtain na hoibleagáidí faoin gComhaontú seo a chomhlíonadh. Ní mór tosaíocht a thabhairt do na bearta iomchuí sin is lú a chuirfidh isteach ar fheidhmiú an Chomhaontaithe seo.

6. Ní bheidh i gceist le hoibriú aon chuid den Chomhaontú seo a chur ar fionraí i ndáil le Stát Sínithe MERCOSUR oibriú an Chomhaontaithe seo a chur ar fionraí i ndáil leis na Stáit Sínithe MERCOSUR eile, ach amháin i gcás inarb iomchuí cur ar fionraí iomlán an Chomhaontaithe seo de bhun mhír 3 chun sárú ar na heilimintí sár-riachtanacha a leagtar amach in Airteagal 1.2(1) agus Airteagal 5.2(2) a shásamh. Agus cinneadh á dhéanamh aige cé acu a chuirfear nó nach gcuirfear an Comhaontú seo ar fionraí ina iomláine, cuirfidh an Páirtí AE san áireamh aon bheart a rinne MERCOSUR in aghaidh an Stáit Sínithe MERCOSUR a rinne an sárú.

7. An Comhaontú seo a chur ar fionraí i gcás sárú ar an eilimint shár-riachtanach a leagtar amach in Airteagal 7.7(3) arna dhéanamh ag Stát Sínithe MERCOSUR, ní bheidh i gceist leis oibriú an Chomhaontaithe seo a chur ar fionraí i ndáil leis na Stáit Sínithe MERCOSUR eile.

## AIRTEAGAL 30.5

### Leasuithe

1. Féadfaidh na Páirtithe a chomhaontú, i scríbhinn, an Comhaontú seo a leasú. Tiocfaidh leasú i bhfeidhm tar éis do na Páirtithe fógraí i scríbhinn a thabhairt dá chéile lena ndeimhnítear go bhfuil a gceanglais agus a nósanna imeachta inmheánacha féin is infheidhme agus is gá le haghaidh theacht i bhfeidhm an leasaithe curtha i gcrích acu, nó ar cibé dáta eile a chomhaontóidh siad.

2. D’ainneoin mhír 1, féadfaidh an Chomhairle Chomhpháirteach i gcumraíocht trádála nó an Comhchoiste i gcumraíocht trádála, de réir mar is iomchuí, cinneadh a dhéanamh na hIarscríbhinní a ghabhann le Cuid III den Chomhaontú seo nó codanna eile de Chuid III den Chomhaontú seo a leasú má dhéantar foráil ann maidir leis sin. Féadfar a fhoráil leis an gcinneadh sin go mbeidh feidhm ag na leasuithe sin ón dáta a chomhaontóidh na Páirtithe nó ar fhógra a thabhairt go bhfuil ceanglais dhlíthiúla Páirtí nó Páirtithe curtha i gcrích, más infheidhme.

## AIRTEAGAL 30.6

### Aontachas Ballstát nua don Aontas Eorpach

1. Tabharfaidh an tAontas Eorpach fógra don Pháirtí MERCOSUR faoi aon iarraidh ar aontachas tríú tír don Aontas Eorpach.

2. Le linn na caibidlíochta idir an tAontas Eorpach agus an tír is iarrthóir atá ag lorg aontachais, déanfaidh an tAontas Eorpach an méid seo a leanas:

(a) aon fhaisnéis maidir le haon ábhar a chumhdaítear leis an gComhaontú seo a sholáthar, a mhéid is féidir, arna iarraidh sin don Pháirtí MERCOSUR; agus

(b) aon ábhar imní a chuireann an Páirtí MERCOSUR in iúl a chur san áireamh.

3. Déanfaidh an Comhchoiste scrúdú ar aon éifeacht a bheidh ag aontachas tríú tír leis an Aontas Eorpach ar an gComhaontú seo luath go leor roimh dháta an aontachais sin.

4. A mhéid is gá, déanfaidh na Páirtithe, roimh theacht i bhfeidhm an chomhaontaithe maidir le haontachas tríú tír don Aontas Eorpach, na coigeartuithe nó na socruithe idirthréimhseacha is gá maidir leis an gComhaontú seo a chur i bhfeidhm le cinneadh ón gComhairle Chomhpháirteach.

5. Gan dochar do mhír 4, beidh feidhm ag Cuid III den Chomhaontú seo idir an Ballstát nua den Aontas agus an Páirtí MERCOSUR, ó dháta aontachais an Bhallstáit nua sin don Aontas.

AIRTEAGAL 30.7

Aontachas Stát is Páirtithe do MERCOSUR

1. Tabharfaidh MERCOSUR fógra don Pháirtí AE faoi aon iarraidh ar aontachas tríú tír do MERCOSUR.

2. Le linn na caibidlíochta idir MERCOSUR agus an tír is iarrthóir aontachais, déanfaidh MERCOSUR an méid seo a leanas:

(a) aon fhaisnéis maidir le haon ábhar a chumhdaítear leis an gComhaontú seo a sholáthar, a mhéid is féidir, arna iarraidh sin don Pháirtí AE; agus

(b) aon ábhar imní a chuireann an tAontas Eorpach in iúl a chur san áireamh.

3. Aon Stát is Páirtí in MERCOSUR nach Páirtí sa Chomhaontú seo é ar dháta a shínithe ('Stát is Páirtí iarrthach in MERCOSUR'), féadfaidh sé aontú don Chomhaontú seo trí bhíthin prótacal aontachais arna thabhairt i gcrích ag an bPáirtí AE agus an Stát is Páirtí iarrthach in MERCOSUR. Ionchorprófar sa phrótacal aontachais torthaí na caibidlíochta aontachais agus, más gá, aon choigeartú a mholfaidh an Comhchoiste de bhun mhír 4. Leasófar an Comhaontú seo de bhun Airteagal 30.5(1) chun na téarmaí aontachais a chur san áireamh mar a comhaontaíodh sa phrótacal aontachais idir an Páirtí AE agus an Stát is Páirtí iarrthach in MERCOSUR.

4. Le linn chaibidlíocht an phrótacail aontachais dá dtagraítear i mír 3, féadfaidh MERCOSUR toscaireacht an Stáit is Páirtí iarrthach in MERCOSUR a thionlacan agus, sula gcuirfear an chaibidlíocht i gcrích, féadfaidh ceachtar Páirtí cruinniú den Chomhchoiste a iarraidh chun scrúdú a dhéanamh ar na tionchair fhéideartha ar an gComhaontú seo mar gheall ar aontachas an Stáit is Páirtí iarrthach in MERCOSUR, agus más gá, coigeartuithe féideartha a mholadh.

AIRTEAGAL 30.8

Iarscríbhinní, Foscríbhinní agus Prótacail

Beidh na hIarscríbhinní, na Foscríbhinní agus na Prótacail a ghabhann leis an gComhaontú seo ina gcuid dhílis den Chomhaontú seo.

AIRTEAGAL 30.9

Cearta príobháideacha

1. Ní fhorléireofar aon ní sa Chomhaontú seo mar ní lena dtabharfar cearta do dhaoine ná lena bhforchuirtear oibleagáidí orthu, seachas na cinn a chruthaítear idir na Páirtithe faoin dlí poiblí idirnáisiúnta.

2. Ní fhorléireofar aon ní sa Chomhaontú seo mar ní lena gceadófar an Comhaontú seo a agairt go díreach i gcórais dlí intíre na bPáirtithe. Féadfaidh Stát is Páirtí in MERCOSUR a shíníonn an Comhaontú seo a mhalairt a fhoráil faoina dhlí intíre.

AIRTEAGAL 30.10

Fad na bailíochta

Beidh an Comhaontú seo bailí ar feadh tréimhse éiginnte.

## AIRTEAGAL 30.11

### Séanadh

1. Féadfaidh an Páirtí AE nó an Páirtí MERCOSUR fógra i scríbhinn a thabhairt don Pháirtí eile go bhfuil sé beartaithe aige an Comhaontú seo a shéanadh.

2. Tiocfaidh séanadh i bhfeidhm 9 mí tar éis an fhógra dá dtagraítear i mír 1.

## AIRTEAGAL 30.12

### Teangacha barántúla

Déanfar an Comhaontú seo a dhréachtú sa Bhéarla, sa Bhulgáiris, sa Chróitis, sa Danmhairgis, san Eastóinis, san Fhionlainnis, sa Fhraincis, sa Ghaeilge, sa Ghearmáinis, sa Ghréigis, san Iodáilis, sa Laitvis, sa Liotuáinis, sa Mháltais, san Ollainnis, sa Pholainnis, sa Phortaingéilis, sa Rómáinis, sa tSeicis, sa tSlóivéinis, sa tSlóvaicis, sa Spáinnis, sa tSualainnis agus san Ungáiris, agus comhúdarás ag gach téacs acu sin.